CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Cás-staidéir ar logainmneachaibh agus ar threabhainmneachaibh dar tús 'L' ó fhoinsíbh Gaoluinne agus Laidine idir c.400-c.1800 A.D.
Authors	Ó Cionnfhaolaidh, Cian
Publication date	2022
Original Citation	Ó Cionnfhaolaidh, C. 2022. Cás-staidéir ar logainmneachaibh agus ar threabhainmneachaibh dar tús 'L' ó fhoinsíbh Gaoluinne agus Laidine idir c.400-c.1800 A.D.. PhD Thesis, University College Cork.
Type of publication	Doctoral thesis
Rights	© 2022, Cian Ó Cionnfhaolaidh. - https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/
Download date	2026-11-16 09:23:17
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/16003



UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

National University of Ireland, Cork



Cás-Staidéir ar Logainmneachaibh agus ar Threabhainmneachaibh dar Tús ‘L’ ó Fhoinsíbh Gaoluinne agus Laidine idir *c*.400-*c*.1800 A.D.

Thesis presented by

Cian Ó Cionnfhaolaidh M.A.

for the degree of

Doctor of Philosophy

University College Cork

Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge

Head of Department: An tOll. John Carey

Supervisor(s): An Dr Kevin Murray, An Dr Emma Nic Cárthaigh

Nollaig 2022

Clár

Dearbhú iv
Coimriú v
Baochas vii
Gnáthnoda (Béarla) ix
Gnáthnóda (Gaoluinn) x
Contaetha (Béarla) xi
Noda na bhFoinsí xii

Réamhrá

Cúlra an Tráchtais agus Aidhm an Tionscadail *Locus* 1

Ortnamnsarkivet: Modheolaíocht an Bhrainse Logainmneacha 1

Modheolaíocht Thionscnaimh *Locus* 5

Na ceann-iontrálacha 8

Tagairtí a bhaint as na foinsíbh agus leagan amach na bhfoinsí in *HDGP* 11

Suíomh na n-ainmneacha a mheas 20

Mar a roghnaíog na hainmneacha athá fé chaibideal 28

Struchtúr an tráchtais 30

Cuid a hAon: na Logainmneacha 31

Cuid a Dó: na Treabhainmneacha 33

Iontrálacha an fhoclóra a fhí leis an dtráchtas 34

Córas tagartha 35

Caibideal a hAon

Gnéithe Lonnaíochta dar tús 'L' ins na *Hardiman Legal Deeds* 36

Leathbhaile 40

Leathcheathramha 57

Lios 85

Longphort 112

Caibideal a Dó

Gnéithe Topagrafaíocha **115**

Labhrann 118

Lachtmhagh 125

Ladhrann 127

Lagán, an 131

Lag an Choire / Lag (Bhun) na Sionna 170

Lathach 172

Lá(i)thr(e)ach 174

Leac 178

Leaca(in) na Sionnach 180

Leithead 181

Leithead Lachtmhaighe 206

Leithead Luisc 210

Leithghleann 215

Leitir Luighne 226

Liathghort 228

Liathmhagh 229

Caibideal a Trí
Cás-Staidéar ar Mhórthreabhchas: Laoighis **230**

Laoighis 239

Laoighis Chúile Buichle 244

Laoighis mhic Fhinn 246

Laoighis Raimhne 247

Laoighis Réada 256

Laoighis Shíl Aduair 263

Laoighis Tulcha Breag(h)mhain 263

Laoighis Ua gCuiliúin 266

Laoighis Ua nEanach(gh)lais 269

Caibideal a Ceathair

Cás-staidéir ar Mhiontreabhchasaibh: Ladhg(h)mainn, Ladraighe, Liobha(r)traighe, Lu(i)dhr(a)ighe, Lu(i)sr(a)ighe **271**

Ladhg(h)main 279

Ladraighe (brí) 282

Comhthéacs na bhfoinsí 290

Tairired na nDéssi 291

Tráchtaireachtaí / Liostaí na nAitheachthuath 293

An coibhneas idir *Tairired na nDéssi* $_{7}$ Liostaí treabhchais 297

Comparáid idir a bhfuil in Rawl. B 502 agus BB 298

Ladraighe (suíomh) 299

Liobha(r)traighe agus Lu(i)sr(a)ige 315

Lu(i)d(h)r(a)ighe / Luthr(a)ighe / Lu(i)ghr(a)ighe 321

Conclúid **331**

Leabharliosta **336**

Dearbhú Údarachta

Dearbhaím gurb é mo chuid oibre féinig é an tráchtas dochtúireachta seo agus nár chuireag fé bhráid céime ar bith eile riamh é i gColáiste na hOllscoile Corcaigh nú in aon institiúid eile.

This is to certify that the work I am submitting is my own and has not been submitted for another degree, either at University College Cork or elsewhere. All external references and sources are clearly acknowledged and identified within the contents. I have read and understood the regulations of University College Cork concerning plagiarism and intellectual property

Coimriú

Deintear iarracht sa tráchtas so iniúchadh deimhin a dhéanamh ar réimse ainmneacha stairiúla dar tús ‘L’, idir logainmneacha is treabhainmneacha, a thagann ó achainníbh Gaoluinne agus Laidin na hÉireann a bhaineann leis an dtréimhse 400-1800. Do bhailíos na hainmneacha so agus dheineas anailís ortha le linn mo thréimhse oibre leis an dTionscnamh *Locus*. Is é cuspóir an tionscnaimh so foclóir áitainmnaíoch is treabhainmníoch a chur ar fáil ar a dtugtar, *Historical Dictionary of Gaelic Placenames* [*HDGP*]. Cuirfear an foclóir so in áit an *Onomasticon Goedelicum* (*OnomG*) le hEdmund Hogan: .i. an seana-fhoclóir. Roghnaíog na hainmneacha a chuireag san áireamh sa tráchtas de réir ord aibítre na n-ainmneacha mar atháid leagaithe amach ins an *OnomG* féinig go ginearálta; agus de réir sean-achainní a bhfuil innéacsanna acu agus flúirse sean-ainmneacha ionta, mar athá, *inter alia*, na hannála, e.g. *Annála Uladh*; na geinealaigh, e.g. *Corpus Genealogiarum Hiberniae*; *Lebor Gabála Érenn* agus *Lebor na Cert*. Ina theannta san, bhailíog agus dheineag anailís ar roinnt ainmneacha eile sa tráchtas so nár iniaigh Hogan, mar athá ag teacht le polasaí Thionscaimh *Locus* féinig, m.sh. na *Hardiman Legal Deeds*.

I gcorp an tráchtais mar san, tugtar ceann-iontrálacha na n-ainmneacha féinig ar dtúis mar a fhoilseofar amach anso mar chuid de *HDGP*. Díreach i ndiaidh gach ceann-iontrála, tugtar tráchtaireacht ina ndeintear plé ar bhrí agus ar mholtaíbh mar gheall ar shuíomh na hainme athá fé chaibideal. I gcás na n-iontrálacha, tháid scrite i mBéarla toisc gurb é sin teanga an fhoclóra *HDGP* agus léirítear brí agus suíomh na n-ainmneacha ar dtúis. Soláthraítear tagairtí na n-ainmneacha féinig ansan agus iad curtha leis an iontráil go croineolaíoch agus iad roinnte le fo-theidealaibh ar bhonn théamaí comhchoitinne a gheibhtear i measc na dtagairtí féinig: ‘Traditional derivation’, ‘Early references’, ‘Genealogical references’, ‘Short form’ srl. Ag deireadh na hiontrála ansan, tugtar na hachainní tánaisteacha ina bpléitear ainm na hiontrála, mar aon le cros-tagairtíbh do leaganachaibh éagsúla na hainme san agus ainmneacha gaolmhara eile.

I dtaobh na tráchtaireachta ansan, deintear gach iarracht aoinní a thabharfadh brí, suíomh nú foirmeacha éagsúla na n-ainmneacha le fios a phlé. Mar aon le haird a thabhairt ar fhoinsíbh tánaisteacha, baintear feidhm as roinnt modhanna go háirithe

le haghaidh suímh na n-ainmneacha dh'fhuascailt. Mar shampla, is minic a chuirtear na tagairtí féinig i gcomparáid lena chéile, mar aon le comhthéacs téacsúil na hachainne a thuiscint, e.g. an chuid den dtéacs ina luaitear an ainm féineach a ghéirléamh do leideannaibh mar gheall ar shuíomh na hainme sin. Má luaitear ainmneacha eile sa téacs i dteannta na hainme athá fé chaibideal, deintear iarracht iadsan dh'aimsiú chón maith d'fhonn suímh na hainme féinig a chúngú nú a thriantánú. Baintear leas as léarscáileannaibh nua-aimseartha na Suirbhéireachta Ordanáis mar aon le ceannaibh stairiúla eile cosúil le léarscáileannaibh Grand Jury le Pelham agus léarscáileanna de chuid Petty sa chúram so chón maith. In ainneoin mo sheacht ndícheall suíomh ainmneacha a mheas, is minic nach féidir ach moltaí a thabhairt agus ráiníonn sé ar uairibh eile ná bím inniúil ar mholadh a thabhairt fiú.

Tháid na hiontrálacha sa tráchtas roinnte i gceithre caibideal. Caibideal a hAon a dhíríonn ar na hainmneachaibh dar tús 'L' mar a gheibhtear iad sna *Hardiman Legal Deeds* amháin, mar athá *Leathbhaile, Leathcheathramha, Lios* agus *Longphort*.

I gCaibideal a Dó, tugtar aghaidh ar *onomata* ó réimse leathan foinsí gur gnéithe topagrafaíocha iad. Mar athá: *Labhrann, Lachtmhagh, Ladhrann, Lagán, Lag an Choire, Lathach, Leac, Leaca(in), Leithead, Leithghleann, Leitir Luighne, Liathghort* agus *Liathmhagh*.

I gCaibideal a Trí, tugtar fé dhéin na Laoigheas agus na fodhreamanna a bhain leo.

I gCaibdeal a Ceathair ansan, tugtar iontrálacha do roinnt aitheachthuatha dar tús 'L': .i.. *Ladraighe, Liobha(r)traighe, Lu(i)dhr(a)ighe, Lu(i)sr(a)ighe*, a thagann ó Leagan a hAon de *Tairired na nDéssi* agus na liostaí / tráchtaireachtaí treabhchais; agus an ainm *Ladhg(h)mainn* a gheibhtear in *Annála Ríoghachta Éireann, Annála Inis Faithlinn, Leabhar Muimhneach* agus *Leabhar Mór na nGeinealach*.

Mar a chítear anso, thá an tráchtas scartha i ndá rann ina ndírítear ar logainmneachaibh sa chéad chuid de, .i. Caidbideal a hAon is a Dó, agus ar threabhainmneachaibh sa tara cuid, .i. Caibideal a Trí is a Ceathair.

Baochas

Tháim go mór fé chomaoin ag Brian Mac Cárthaigh, Bord Stiúrthóirí FEXCO agus St Finnian's Trust a chuir scoláireacht dochtúireachta ar fáil dom ar feadh trí bliana. Ní bheadh a leithéid de thráchtas sodhéanta im chás-sa gan a gcuidne urraíochta. Ina theannta san, tháim go mór fé chomaoin ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh as an síneadh ama saor in aisce a thugag dom de bharr na paindéime agus an íocaíocht sa bhreis a chuireag ar fáil dom as an HEA Covid Research Fund: Cost Extensions for Research Disrupted by COVID-19. Mo bhaochas chón maith le Coláiste CACSSS agus an Emergency Strategic Funding Call a chuir roinnt maoiniú eile ar fáil dom leis. Chuir na dianghlasálacha isteach go mór ar chúrsaí oibre an fhad is a bhí an Leabharlann dúnta gan amhras.

Ba dhiocair lucht na sainbhailiúchán a shárú, mar sin fhéinig, nuair a bhí deis agam freastal ar an Leabharlainn. Gabhaim mo mhórbhaochas le Charlotte Crowley, Elaine Harrington, Emer Twomey, Emma Horgan, Garret Cahill, John Rooney agus Mary Lombard. B'iomdha uair gur thángadar i gcabhair orm chun leabhair dh'aimsiú agus mo bhord féinig a chur i leataoibh dom. Ach b'fhearr liom fós an chluas éisteachta a thugadar dom agus na scéalta a roinneadar liom.

Mar aon lem chairdibh sa Leabharlainn, gabhaim mo bhaochas ó chroí chón maith lem dhluthchairdibh go léir, .i. Adrian Seward, Aiden Daly, Alan Coughlan, Brendan Finn, Chris O'Brien, Colin Hayes, Criostóir Ó Loingsigh, Des O'Halloran, Donncha O'Riordan, Éamon Power, Gavin O'Brien, John Whyte, Katie Landy, an Dr Ksenia Kudenko, Marianne McCarthy, Mick Healy, Mick Murray, an Dr Mícheál Ó Gealabháin, an Dr Pádraig Ó Céilleachair, Paul Cunningham, Paul Hickey, Sammy Revins, Seán Brosnan, Seán O'Neill, Sorcha Ní Riain, Stephen Kenny, Tom Sheehan, agus Valerie agus Wayne Fitzgerald. Cé ná raibh tuiscint ag formhór acu ar a raibh ar siúl agam—agus ba iomdha uair leis go rabhadar ám priocadh ina thaobh—ba mhór an t-ardú meanman a thugadar dom le linn mo thráchtais.

B'fhiú dom anois mo bhaochas a ghóilt lem mhuintir: lem cholceathrachaibh, Clara agus Cillian Power, a thug síobanna go Corcaigh dom gach aon lá geall leis le linn bliain dheiridh mo thráchtais-se. Gabhaim baochas chón maith lem dheartháir, Fionn, agus lem dheirfiúr, Orna, agus le mac mo dhriféar, Charlie. Ach is mó an

baochas athá ag dul dom athair, Kieran, agus dom mháthair, Maeve, as a bheith foighneach liom choíchint; tagaid i gcabhair orm go ró-mhinic.

I gcás saol na hOllscoile féinig, ba mhaith liom mo bhaochas a ghóilt ar dtúis le Lucht an tSeomra Chaidrimh as a gcomhluadar agus as a gcuidne cuileachtan, .i. Ann Geary, Bernard Laverty, Claire Ní Mhuirthile, Deirdre O'Leary, Gobnait Ní Loingsigh, Janice Walsh, Máiréad Ní Loingsigh, Nuala de Búrca, agus Roibeárd Mac Cathmhaoil. D'fhéadfadh obair na scoláireachta a bheith rud beag uaigneach ar uairibh, ach ba bheag baol é sin agus mé ina dteannta. Ní raibh aoinne im chuileachtain ní ba mhó, mar sin fhéinig, ná Seán Ó Laoi. Is mór agam gur léigh sé dréachtanna dem thráchtas agus mhol sé roinnt mhaith leasuithe chón maith.

Is mithid dom anois mo bhaochas a ghóilt lem chomhghleacaithe i Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge. Gabhaim mo bhaochas ar dtúis leobhthasan a bhíodh ag tabhairt fé dhochtúireacht in aoinfheacht liom: .i. Iordanis Notaridis, Nina Cnockaert, Philip Healy agus Emmet Taylor. Go raibh maith agaibh as ucht úr dtacaíochta agus úr gcomhairle. Ina theannta san, is mór agam an dea-chomhairle a chuir an Dr Riona Doolan orm. Do threoraíodh sí ar bhóthar mo leasa i gcónaí mé. Ní mór dom baochas fé leith a ghóilt le hAndrea Lane mar sin fhéinig; is mór agam an dlúthchairdeas eadrainn. Ina theannta san, ba mhór dom mo sheacht mbaochas a ghóilt le croílár na Roinne agus Scoil Léinn na Gaeilge araon, .i. Ciara Ní Churnáin agus Siobhán Ní Dhonghaile. Thá fhios ag an saol Fódlach go mbeadh cúrsaí ina gcíor thuathail ina n-éagmhais.

Ba mhaith liom mo bhaochas a ghóilt chón maith le lucht léinn na Roinne, .i. leis an Ollamh John Carey agus leis an Dr Caitríona Ó Dochartaigh; do chuireadar beirt dea-chomhairle orm riamh agus choíchint. Dob' é John m'iarstiúrthóir máistreachta agus is mó an oiliúint a chuir sé orm i leith léinn na Seana-Ghaoluinne.

Ach caithfeadsa baochas ar leith a ghóilt ó chroí lem stiúrthóiríbh, an Dr Caoimhín Ó Muirigh agus an Dr Emma Nic Cárthaigh. Ba dh'é Caoimhín a thug an misneach agus an spreagadh dom aghaidh a thabhairt ar dhochtúireacht an chéad lá. Do roinneadar dís a gcuidne eolais agus a gcuid feasa go fial is go fairseag liom. Bíonn an t-ádh le macaibh léinn stiúrthóir amháin a bheith acu athá chomh leathan-eolach, díograiseach, diongbháilte, lách agus spreagthach mar iad, ach do bhí beirt agamsa. Ba mhinic a chuadar thar teorainn chun cabhrú liom.

Gnáthnoda (Béarla)

acc. according.
adj. adjective / adjectival.
adjac. adjacent.
alt. alternative.
a.m. anno mundi.
anc. ancestor(s) / ancestral.
app. apparently.
approx. approximate(ly).
assoc. associated / association(s).

b. / bb. barony / baronies.
betw. between.
bibl. biblical.
bp(s) bishop(s).

c. circa.
C. of I. Church of Ireland.
cas. castle.
cat. catalogue.
ch. church.
co. / cos county / counties.
col. column.
compr. comprising.
conn. connected / connection.
CONN. Connacht
corresp. corresponding

d. / dioc. diocese.
dd. dioceses.
dean. deanery.
def. art. definite article.
deriv. derivation / derived / deriving.
desc. descendant(s) / descended.
diff. different.
dim. diminutive.
distr. district.
dry deanery.

E. East(ern).
E. East(ern).
eccl. ecclesiastical.
ed. edited / editor(s).
eps. epscop / episcopus.
equiv. equivalent.
esp. especially.
et al. et alii.
ex. example.
ext. extends / extended.
ex(x). example/s.

facs. facsimile.
fd field.
fl. flows / flowing.
fo. / ff. folio / folios.
foll. following.
form. former(ly).
fr. from.
Franc. Franciscan.

gen. genitive.
geneal. genealogy / genealogical
gl. gloss(ed) / glossing.

h. height / high.
hist. history / historical.

ident. identified.
imag. imaginary.
inaug. inauguration.
incl. including.
inhab(s) inhabitant(s).
irreg. irregular.
isl(s) island(s).

l. / ll. line / lines.
L. Lough.
Lat. Latin. / Latinised.
LEIN. Leinster
libr. library.
lr lower.

marg. margin.
mid. middle.
MidW Middle Welsh.
misc. miscellaneous.
ml(s) mile(s).
mod. modern.
mon. monastery / monastic.
MS(S) manuscript(s).
Mt(s) mountain(s).
MUNS. Munster

N. North(ern).
N.E. North East(ern).
nr near.
N.W. North West(ern).

obs. obsolete.
O.N. Old Norse.
opp. opposite.
orig. original(ly).

p / pp. pages/s.
p / pp. parish / parishes.
pal. palace.
pen(s) peninsula(s).
perh. perhaps.
pl. place.
pln. place-name.
plu. plural.
pn. personal name.
poss. possession/s.
prep. preposition.
prob. probably.
prom(s) promontory / promontories.
prov(s) province(s).

q. / qq. quatrain/s.

r. / rr. river/s.
Rawl. Rawlinson.
R.C. Roman Catholic.
rd road.
ref(s) reference(s).
res. residence.

S. South(ern).
s.a. sub anno.
SCO. Scotland
S.E. South East(ern).
SG Scottish Gaelic.
sing. singular / singulative.
s.n. sub nomine.
SS Saints.
St Saint.
St. Street.
stz(s) stanza(s)
s.v. / s.vv. sub verbo / sub verbis.
S.W. South West(ern).

terr. territory / territorial.
tl(s) townland(s).
t.l. tilled land.
tn town.
tr. treated.
trad. traditional(ly).
trans. translation / translated.
trib. tributary.

ULST. Ulster
unident. unidentified.
upr upper.

v. very.
vil. village.
v.l. varia lectio.

W. West(ern).

Gnáthnóda (Gaoluinn)

bar. barúntacht
b.f. baile fearainn
blte f. blte fearainn
par. paróiste

L. Leathcheathramha / Leathcheathrú
Lna Leathcheathramhna / Leathcheathrúna

Contaetha (Béarla)

AH Armagh
AM Antrim
CE Clare
CK Cork
CN Cavan
CW Carlow
DB Dublin
DL Donegal
DN Down
DY Derry
FH Fermanagh
GY Galway
KE Kildare
KK Kilkenny
KY Kerry
LD Longford
LH Louth
LK Limerick
LM Leitrim
LS Laois
MH Meath
MN Monaghan
MO Mayo
OY Offaly
RN Roscommon
SO Sligo
TE Tyrone
TY Tipperary
WD Waterford
WH Westmeath
WW Wicklow
WX Wexford

Noda na bhFoinsí

ABH 'Annales Breves Hiberniae', in R. Butler, ed., *The Annals of Ireland by Friar John Clyn and Thady Dowling, together with the Annals of Ross* (Dublin, 1849).

AClon. *Annals of Clonmacnoise being the Annals of Ireland from the Earliest Period to A.D. 1408*, ed. D. Murphy (Dublin, 1896).

ACon. *Annála Connacht: The Annals of Connacht (A.D. 1224-1544)*, ed. A. M. Freeman (Dublin, 1944).

AcS 'Acallamh na Senórach', ed. W. Stokes, *IT* 4.1, 14-438.

AFM *Annála Ríoghachta Éireann*: *Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters*, 7 vols, ed. J. O'Donovan (Dublin, 1848-51; 2nd ed. 1856; facs. repr. with Introduction and Appendix by K.W. Nicholls, Dublin, 1990).

AgS *Agallamh na Seanórach*, 3 vols, ed. N. Ní Shéaghdha (LóL 7, 10, 15, Dublin, 1942-5).

AH *Archivium Hibernicum* 1 (1912) –.

AI *The Annals of Inisfallen (MS Rawlinson B.503)*, ed. S. Mac Airt (Dublin, 1951).

Ainm *Ainm* 1 (1986) –.

ALC *Annals of Loch Cé. A Chronicle of Irish Affairs from A.D. 1014 to A.D. 1590*, 2 vols, ed. W. M. Hennessy (Rolls Series, London, 1871; repr. Caisleán an Bhúrcaigh, 2000).

ALI *Ancient Laws of Ireland*, 6 vols, ed. W. N. Hancock, T. O'Mahony, A. G. Richey, W. M. Hennessy, R. Atkinson (Dublin, 1865-1901).

ALS *Alt-celtischer Sprachschatz*, 3 vols, ed. A. Holder (Leipzig, 1896–1913)

AnH *Analecta Hibernica* 1 (1930) –.

AS *Acta Sanctorum quotquot toto orbe coluntur*, ed. J. Bolland et al. (Antwerp / Brussels, 1643 -).

ATig. 'The Annals of Tigernach', ed. W. Stokes, in *RC* 16 (1895), 374-419, 17 (1896), 6-33, 119-263, 337-420, 18 (1897), 9-59, 150-97, 267-303; repr. 2 vols (Felinfach, 1993).

ATigIndex *The Annals of Tigernach: Index of Names*, D. Ó Murchadha, ITS SS 6 (London, 1997).

AU[1] *Annála Uladh: Annals of Ulster*, 4 vols, ed. W. M. Hennessy and B. Mac Carthy (Dublin, 1887-1901; facs. repr. with new Introduction by N. Ó Muraíle, Dublin, 1998).

AU[2] *The Annals of Ulster (to A.D. 1131)*, ed. S. Mac Airt and G. Mac Niocaill (Dublin, 1983).

BÁC Baile Átha Cliath.

BAd. *Betha Adamnáin*, ed. M. Herbert and P. Ó Riain (ITS 54, London, 1988).

Bald's Map *A Map of the Maritime County of Mayo*, W. Bald (surveyed 1809-1827), 25 sheets (1830).

BB *The Book of Ballymote*, Photo-lithogr. facs., with Introduction by R. Atkinson (Dublin, 1887).

BCC *Betha Colaim Chille Life of Columcille Compiled by Manus O'Donnell in 1532*, ed. A. O'Kelleher and G. Schoepperle (Illinois, 1918; repr. 1994).

BFen. *The Book of Fenagh*, ed. W. M. Hennessy and D. H. Kelly (Dublin, 1875; repr. Dublin, 1939)

BLec. *The Book of Lecan: Leabhar Mór Mhic Fhir Bhisigh Leacain*, collotype facs., with Introduction by K. Mulchrone (Dublin, 1937).

BLis. *The Book of Mac Carthaigh Riabhach otherwise the Book of Lismore*, collotype facs., with Introduction by R. A. S. Macalister (Dublin, 1950).

Bod. Cat. *Catalogue of Irish Language Manuscripts in the Bodleian Library at Oxford and Oxford College Libraries*, 2 vols, B. Ó Cuív (Dublin, 2001-3).

BP *Bethu Phátraic. The Tripartite Life of Patrick*, ed. K. Mulchrone (Dublin and London, 1939).

BPIP *Bibliography of Publications on Irish Placenames*, D. Thornton and K. Murray, ITS SS 22 (London, 2011).

BS *Buile Shuibhne*, ed. J. G. O'Keeffe (MMIS 1, Dublin, 1952); *Buile Suibhne (The Frenzy of Suibhne*), ed. J. G. O'Keeffe (ITS 12, London, 1913).

BSD *Book of Survey and Distribution.*

BUPNS *Bulletin of the Ulster Place-Name Society*, 1st ser. 1 (1952) – 5 (1957); 2nd ser. 1 (1978) – 4 (1981-2).

CAn.^{2} *Cóir Anmann: A Late Middle Irish Treatise on Personal Names*, 2 vols, ed. S. Arbuthnot, ITS 59-60 (London, 2005-7).

CBC *The Compossicion Booke of Conought*, ed. A. M. Freeman (IMC, Dublin, 1936).

CF^{1} *Cath Finntrága*, ed. K. Meyer (Anecdota Oxoniensia, MMS, I.4, Oxford, 1885).

CF^{2} *Cath Finntrágha*, ed. C. O'Rahilly (MMIS 20, Dublin, 1962).

CG *Críth Gablach*, ed. D.A. Binchy (Dublin, 1941).

CGG *Cogadh Gaedhel re Gallaibh: The War of the Gaedhil with the Gaill*, ed. J. H. Todd (London, 1867).

CGH *Corpus Genealogiarum Hiberniae*, I, ed. M. A. O'Brien (Dublin, 1962).

CGSH *Corpus Genealogiarum Sanctorum Hiberniae*, ed. P. Ó Riain (Dublin, 1985).

CIH *Corpus Iuris Hibernici*, 6 vols, ed. D. A. Binchy (Dublin, 1978).

ClLTÁ *Logainmneacha na hÉireann III: Cluain i Logainmneacha Co. Thiobraid Árann*, P. Ó Cearbhaill (BÁC, 2010).

CLTÁ *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i Logainmneacha Co. Tiobraid Árann*, P. Ó Cearbhaill (BÁC, 2007).

CínCC *Cín Chille Cúile: Texts, Saints and Places—Essays in Honour of Pádraig Ó Riain*, ed. J. Carey, M. Herbert and K. Murray (Aberystwyth, 2004).

CMR *The Banquet of Dun na nGedh and the Battle of Magh Rath, an Ancient Historical Tale*, ed. J. O'Donovan (IAS, Dublin, 1842; repr. Felinfach, 1995).

CoC *Conntae an Chláir: a Triocha agus a Tuatha*, S. Ó hÓgáin (Dublin, 1938).

COI *The Chronicle of Ireland*, T.M. Charles-Edwards (Liverpool, 2005).

CompM *Compert Mongáin and Three Other Early Mongán Tales: a Critical Edition with Introduction, Translation, Textual Notes, Bibliography and Vocabulary*, ed. N. White (MMIT 5, Maynooth, 2006).

CPS *Chronicles of the Picts, Chronicles of the Scots, and Other Early Memorials of Scottish History*, ed. W. F. Skene (Edinburgh, 1867).

CS *Chronicum Scotorum. A Chronicle of Irish Affairs from the Earliest Times to A.D. 1135*, ed. W. M. Hennessy (Rolls Series, London, 1866).

DIL *Dictionary of the Irish Language based mainly on Old and Middle Irish Materials* (compact ed., Dublin, 1983).

Dinn. *Dinnseanchas*, 1 (1964) – 6 (1975).

DIS *A Dictionary of Irish Saints*, P. Ó Riain (Dublin, 2011).

DNSurvey *The Down Survey*, available online at http://downsurvey.tcd.ie

DUPN *A Dictionary of Ulster Place-Names*, P. McKay (Belfast, 1999).

EA *Ecclesiastical Antiquities of Down, Connor and Dromore, consisting of a Taxation of those Dioceses, compiled in the Year MCCCVI*, ed. W. Reeves (Dublin, 1847).

EarlyMI *Early Medieval Ireland 400-1200*, D. Ó Cróinín (London and New York, 1995).
ECI *Early Christian Ireland*, T. M. Charles-Edwards (Cambridge, 2000).
EdD 'The Edinburgh Dindshenchas', ed. W. Stokes, *Folk-Lore* 4 (1893) 471-97.
EH *Expugnatio Hibernica: The Conquest of Ireland by Giraldus Cambrensis*, ed. and trans. A. B. Scott and F. X. Martin (Dublin, 1978).
EID *English-Irish Dictionary*, T. de Bhaldraithe (Dublin, 1959).
EIF *Early Irish Farming*, F. Kelly (Louth, 1997).
Éigse *Éigse: a Journal of Irish Studies* 1 (1939) –.
EIHM *Early Irish History and Mythology*, T. F. O'Rahilly (Dublin, 1946).
EIL *Early Irish Lyrics*: *Eighth to Twelfth Century*, ed. G. Murphy (Oxford, 1956).
EIWK *Early Irish and Welsh Kinship*, T. Charles-Edwards (Oxford, 1993).
Ériu *Ériu* 1 (1904) –.
ÉtC *Études Celtiques* 1 (1936) –.
FAI *Fragmentary Annals of Ireland*, ed. J. N. Radner (Dublin, 1978).
FCSEI *From Chiefdom to State in Early Ireland*, D.B. Gibson (Cambridge, 2012).
FFÉ *Foras Feasa ar Éirinn: The History of Ireland by Geoffrey Keating D. D.*, 4 vols, ed. P. S. Dinneen and D. Comyn (ITS 4, 8, 9, 15; London, 1902-14).
FGB *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: an Irish-English Dictionary*, comp. and ed. P. S. Dinneen (Dublin, 1904; 2nd. ed., 1927).
FGBD *Foclóir Gaeilge-Béarla*, N. Ó Dónaill (Dublin, 1977).
Folklore *Folklore* 1 (1890) -.
FTorna *Féilscríbhinn Torna: Essays and Studies presented to Professor Tadhg Ua Donnchadha (Torna)*, ed. S. Pender (Cork, 1947).
Gadelica *Gadelica* 1.1 (1912) – 1.4 (1913).
GCL 'Geinealach Chorca Laidhe', ed. J. O' Donovan, in *Miscellany of the Celtic Society* (Dublin, 1849).
GEIL *A Guide to Early Irish Law*, F. Kelly (Dublin, 1988).
GT *Genealogical Tracts*, I, ed. T. Ó Raithbheartaigh (IMC, Dublin, 1932).
HAPU *A Historical Account of the plantation in Ulster at the commencement of the seventeenth century, 1608-1620*, G. Hill (Belfast, 1877).
Herm. *Hermathena* 1 (1873) –.
HibDel. *Hiberniae Delineatio, An Atlas of Ireland by Sir William Petty 1685* (Facs. of 1685 ed., Newcastle Upon Tyne, 1968).
HTCE *The History and Topography of County Clare from the Earliest of Times to the Beginning of the 18th Century*, J. Frost (Dublin, 1893).
IB[1] *The Voyage of Bran Son of Febal to the Land of the Living*, ed. K. Meyer (London 1895; repr. Felinfach, 1994).
IB[2] *Immram Brain: Bran's Journey to the Land of the Women*, ed. S. Mac Mathúna (Tübingen, 1985).
IDPP *Irish Dialects Past and Present*, T.F. O'Rahilly (Dublin, 1932).
IinMW *Ireland in the Medieval World AD 400-1000*, E. Bhreatnach (Dublin, 2014).
IKHK *Irish Kings and High-Kings*, F. J. Byrne (London, 1973; repr. with add. notes and corrigenda, Dublin, 2001).
IrT *Irish Texts*, 5 vols, ed. J. Fraser, P. Grosjean and J. G. O'Keeffe (London, 1931-4).
IT *Irische Texte mit Übersetzungen und Wörterbuch*, 1-3, ed. W. Stokes and E. Windisch (Leipzig / Berlin, 1880-1909).
ITS Irish Texts Society.
ITS SS Irish Texts Society Subsidiary Series.

IVN *Leabhar Breathnach annso sis: the Irish Version of the Historia Britonum of Nennius*, ed. J. H. Todd (IAS, Dublin 1848).

JAA *Journal of Anthropological Archaeology* (1981) -.

JCHAS *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society*, 1A-3A (1892-94), 1 (1895) –.

JRSAI *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 1 (1849-51) –. This incorporates all versions of the journal which are listed in sequential order in the foreword to the 1997 reprint to volume 1.

JWAS *Journal of the Waterford and South-East of Ireland Archæological Society* 1 (1894) – 19 (1920).

LB *Leabhar Breac, the Speckled Book, otherwise styled Leabhar Mór Dúna Doighre* ..., lithogr. reprod. with Preface by S. Ferguson (Dublin, 1872-76).

LC[1] *Leabhar na gCeart or The Book of Rights*, ed. J. O'Donovan (Celt. Soc., Dublin, 1847).

LC[2] *Lebor na Cert: the Book of Rights*, ed. M. Dillon (ITS 46, London, 1962).

LCAB *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, ed. Tadhg Ó Donnchadha (IMC, Dublin, 1931).

LCM *Le Cycle Mytholgique et la Mythologie Celtique*, H. d'Arbois de Jubainville (Paris, 1884).

LG *Lebor Gabála Érenn: The Book of the Taking of Ireland*, 5 vols, ed. R. A. S. Macalister (ITS 34-5, 39, 41, 44; Dublin and London 1938-56).

LGen. *Leabhar Mór na nGenealach: The Great Book of Irish Genealogies, compiled by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh*, 5 vols, ed. N. Ó Muraíle (Dublin, 2003).

LHS *Laois History and Society*, ed. P. G. Lane and W. Nolan (Dublin, 2000).

LL *The Book of Leinster formerly Lebar na Núachongbála*, 6 vols, ed. R. I. Best, O. Bergin, M. A. O'Brien, A. O'Sullivan (Dublin, 1954-83).

LL facs. *The Book of Leinster, sometime called the Book of Glendalough*, Autotype facsimile with introduction, analysis of contents, and index by R. Atkinson (Dublin, 1880).

LM *An Leabhar Muimhneach maraon le Suim Aguisíní*, ed. T. Ó Donnchadha (IMC, Dublin, [1940]).

LME *Logainmneacha Mhaigh Eo*, 10 vols, F. Mac Gabhann (BÁC, 2014).

LnaÉ *Logainmneacha na hÉireann* 1 (*Contae Luimnigh*), ed. A. Ó Maolfabhail (Dublin, 1990).

LU *Lebor na hUidre: Book of the Dun Cow*, ed. R. I. Best and O. Bergin (Dublin, 1929).

LUM *The Book of Uí Maine otherwise called 'the Book of the O'Kellys'*, ed. R. A. S. Macalister (Facs. in Collotype 4, Dublin, 1942).

MartD *The Martyrology of Donegal: A Calendar of the Saints of Ireland*, ed. J. H. Todd and W. Reeves (IACS, Dublin, 1864).

MartG *Félire hÚi Gormáin: The Martyrology of Gorman*, ed. W. Stokes (HBS 9, London, 1895).

MartO *Féilire Oengusso Céli Dé: The Martyrology of Oengus the Culdee*, ed. W. Stokes (HBS 29, London, 1905; repr. Dublin, 1984).

MartT *The Martyrology of Tallaght*, ed. R. I. Best and H. J. Lawlor (HBS 68, London, 1931).

MD *The Metrical Dindshenchas*, 5 vols, ed. E. J. Gwynn (TLS 7-12, 1906-35; repr. Dublin 1991).

MedI *Medieval Ireland: Territorial, Political and Economic Divisions*, ed. P. MacCotter (Dublin, 2008).

MIA *Miscellaneous Irish Annals (A.D. 1114-1437)*, ed. S. Ó hInnse (Dublin, 1947).

MFMgC *Mairfidh na Filí má Mhaireann ár gCuimhne*, ed. A. Ní Dhomhnaill (Galway, 1999).

MKM *Miscellany Presented to Kuno Meyer ... on the Occasion of his Appointment to the Chair of Celtic Philology in the University of Berlin*, ed. O. Bergin and C. Marstrander (Halle, 1912).

MM *Lectures on the Manuscript Materials of Ancient Irish History*, E. O'Curry (Dublin, 1861; repr. Dublin, 1995).

MMS Medieval and Modern Series.

MP *Mayo Places: Their Names and Origins*, N. Ó Muraíle (Dublin, 1985).

Ogygia *Ogygia: seu, Rerum Hibernicarum Chronologia: ex Pervetustis Monumentis fideliter inter se Collatis*, R. O'Flaherty (London, 1685).

ODNB *Oxford Dictionary of National Biography*, (1885-).

OnomG *Onomasticon Goedelicum Locorum et Tribuum Hiberniae et Scotiae: an Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes*, ed. E. Hogan (Dublin / London, 1910).

OSL Ordnance Survey Letters.

OSNB Ordnance Survey Name Books.

PGI *Parliamentary Gazetteer of Ireland ... Compiled with a Special Reference to the Lines of Railroad and Canal Communication, as Existing in 1844-45*, 3 vols (Dublin, London, and Edinburgh, 1846).

PH *The Passions and the Homilies from the Leabhar Breac*, ed. R. Atkinson (TLS 2, Dublin, 1887).

PNCW *The Place-Names of County Wicklow*, 7 vols, L. Price (Dublin, 1945-67).

PNNI The Place-Names of Northern Ireland Series.

PRIA *Proceedings of the Royal Irish Academy* 1 (1836) –.

PTI *Pococke's Tour in Ireland in 1752*, G. T. Stokes (Dublin, 1891).

Rawl. Rawlinson Manuscripts, Oxford.

RC *Revue Celtique* 1 (1870) – 51 (1934).

RIA Royal Irish Academy.

RM *Ríocht na Midhe* 1 (1955) –.

RMtS *Rotha Mór an tSaoil*, ed. P. Ó Conluain (Dublin, 1959; .repr. 1997).

SDE *The Song of Dermot and the Earl: An Old French Poem*, ed. G. H. Orpen (Oxford, 1892).

Seanchas *Seanchas: Studies in Early and Medieval Irish Archaeology, History and Literature in Honour of Francis J. Byrne*, ed. A. P. Smyth (Dublin, 2000).

SG *Silva Gadelica (I-XXXI)*, 2 vols, ed. S. H. O'Grady (London, 1892).

SnaR *Saltair na Rann*, ed. W. Stokes (Anecdota Oxoniensia, MMS 1.3, Oxford, 1883).

SSS *Sages, Saints and Storytellers: Celtic Studies in Honour of Professor James Carney*, ed. D. Ó Corráin, L. Breatnach, K. McCone (Maynooth Monographs 2, Maynooth, 1989).

StC *Studia Celtica* 1 (1966) –.

TBC[1] *Táin Bó Cúailnge, Recension 1*, ed. C. O'Rahilly (Dublin, 1976).

TBCL *Táin Bó Cúalnge from the Book of Leinster*, ed. C. O'Rahilly (Dublin, 1967). See also *Die altirische Heldensage Táin Bó Cúalnge nach dem Buch von Leinster*, ed. E. Windisch (Leipzig, 1905).

TBCY *The Táin Bó Cúailnge from the Yellow Book of Lecan. With Variant Readings from the Lebor na Huidre*, ed. J. Strachan and J. G. O'Keeffe (Dublin, 1912), and as supplement to *Ériu* 1-3 and *Ériu* 6.

TCCD *Triocha-chéad Chorca Dhuibhne*, ed. P. Ó Siochfhradha (BÁC, 1939).

TCHyF *The Genealogies, Tribes and Customs of Hy-Fiachrach, commonly called O'Dowda's Country*, ed. J. O'Donovan (IAS, Dublin, 1844).

TCHyM *Tribes and Customs of Hy-Many, commonly called O'Kelly's Country*, ed. J. O'Donovan (IAS, Dublin, 1943; repr. Cork, 1976).

TDI *A Topographical Dictionary of Ireland*, ed. S. Lewis (1837; repr. New York, 1970).

The Past *The Past: Journal of the Uí Cinsealaigh Historical Society* 1 (1920) –.

TLS Todd Lecture Series.

TNWX *Townland Names of Co. Wexford / Ainmneacha na mBailte Fearainn, Co. Loch Garman*, Logainmneacha na hÉireann iv, 2 vols, C. Ó Crualaoich and A. Mac Giolla Chomhghaill (Dublin, 2016).

TP[1] *The Topographical Poems of John O'Dubhagain and Giolla na Naomh O'Huidhrin,* ed. J. O'Donovan (Dublin, 1862).

TP[2] *Topographical Poems*, ed. J. Carney (Dublin, 1943).

TRIA Transactions of the Royal Irish Academy 1 (1787) – 33 (1907).

Triads *The Triads of Ireland*, ed. K. Meyer (TLS 13, Dublin, 1906).

TT *Triadis Thaumaturgae seu Divorum Patricii, Columbae et Brigidae, Trium Veteris et Maioris Scotiae seu Hiberniae, Sanctorum Insulae, Communium Patronorum Acta*, ed. J. Colgan (Louvain 1647; repr. Dublin 1997).

VSHH *Vitae Sanctorum Hiberniae e Codice olim Salmanticensi*, ed. W. W. Heist (Subs. Hag. 28, Brussels, 1965).

VT *The Tripartite Life of St. Patrick with Other Documents Relating to that Saint*, 2 vols, ed. W. Stokes (Rolls Ser. 89; London, 1887).

YBL *The Yellow Book of Lecan, a Collection of Pieces (Prose and Verse) in the Irish Language ... Published from the Original Manuscript in the Royal Irish Academy*, photo-lithogr. plates with Introduction by R. Atkinson (Dublin, 1896).

ZCP *Zeitschrift für celtische Philologie* 1 (1899) –.

ZRP *Zeitschrift für romanische Philologie* 1 (1877) –.

Réamhrá

Cúlra an Tráchtais agus Aidhm an Tionscadail *Locus*

Bhronnag an *Brian McCarthy Doctoral Scholarship* orm sa mbliain 2018 le taighde a dhéanamh fé stiúir an Dr Caoimhín Uí Mhuirigh agus an Dr Emma Nic Cárthaigh ar son an Tionscnaimh *Locus* le Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaoluinne i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Is é cuspóir an tionscnaimh so ná foclóir stairiúil áitainmníoch agus treabhainmníoch a chur ar fáil ar a dtugtar *Historical Dictionary of Gaelic Placenames* (Ó Riain et al., 2003- [*HDGP*]) agus é a chur in ionad an tseana-fhoclóra, an *Onomasticon Goedelicum Locorum et Tribuum Hiberniae et Scotiae: an Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes* (Hogan, 1910 [*OnomG*]). Foilsítear an *HDGP* de réir fascúil agus de réir ord aibítre na n-ainmneacha; thá ocht bhfascúl foilsithe fén dtráth so a chuimsíonn ainmneacha dar tús ‘A’ go hainmneacha dar tús ‘D’ a fhad le ‘Druach-Duthaire’. Bhíos ceapaithe le linn mo thréimhse dochtúireachta chun aghaidh a thabhairt ar na hainmneachaibh dar tús ‘L’ agus iniúchadh a dhéanamh maidir le suíomh agus brí na n-ainmneacha sin.

Ortnamnsarkivet: Modheolaíocht an Bhrainse Logainmneacha

Obair ar leithligh is ea obair Thionscnaimh *Locus*. I gcás staidéar logainmneacha eile, bíonn ceantar fé leith ar leibhéal na barúntachta nú an pharóiste nú an chontae ainmnithe mar láthair staidéir. Tosnaíonn an scoláire ansin le hainmneachaibh na mb.f. agus mionainmneacha eile an cheantair sin mar a thuigtear inniuimh iad; deintear iarracht fuaimniú na n-ainmneacha a thaifead / a bhailiú ó phobal na háite (obair allamuigh) agus an fuaimniú seo a chur i gcomparáid le foirmeachaibh na n-ainmneacha ó fhoinsíbh stairiúla ar mhaithe le foirmeachaibh caighdeánacha a mholadh (Mac Giolla Easpaig, 2011, 36).

Modheolaíocht ar a dtugtar *Ortnamnsarkivet* is ea an cur chuige seo a chuir institiúid taighde logainmneacha na Sualainne chun cinn ar dtúis go córasach (Mac Giolla Easpaig, 2009, 82). Thug scoláirí logainmneacha na hÉireann an cur chuige so leo nach mór go háirithe ónar ghlac an Brainse Logaimneacha leis an

modheolaíocht ó aimsir a bhunaithe insa mbliain 1956 (ibid.).[1] Thá roinnt mhaith mórshaothar foilsithe ar áitainmneachaibh na hÉireann, ó thuaidh agus ó dheas, a bhaineann leas as an modheolaíocht so, mar athá: sraith imleabhar *Place-Names of Northern Ireland* / *Tionscadal Loaginmneacha Thuaisceart Éireann* (*PNNI*); sraith imleabhar *Logainmneacha na hÉireann* (Ó Maolfabhail, 1990 [*LnaÉ*]; Ó Cearbhaill, 2007 [*CLTÁ*] is 2010 [*CILTÁ*]; Ó Crualaoich et al, 2016 [*TNWX*]); sraith imleabhar *Logainmneacha Mhaigh Eo* le Fiachra Mac Gabhann (2014 [*LME*]); agus tráchtais dochtúireachta, *inter alia*, Aengus Finnegan, *Logainmneacha Chill Chainnigh Thiar agus Chluain Lonáin: Ainmneacha na mBailte Fearainn* (2012); Liam Ó hAisibéil, *Logainmneacha Mhagh Loirg agus Uachtar Thíre, Contae Ros Comáin* (2013); Úna Lawlor, *Logainmneacha na mBailte Fearainn i nDamh Liag Íochtarach* (2014); Brian Devlin, *Mid-Ulster Placenames: Townland Names in Selected Parishes in South Derry and North Tyrone* (2021); agus Justin Ó Gliasáin, *Mionlogainmneacha i mBarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar*, Contae Chill Dara (2022). Téann fréamhacha an mhodha *Ortnamnsarkivet* siar in Éirinn sarar chuir Brainnse na Logainmneacha é i bhfeidhm gan amhras. Mhol Price an cur chuige céanna ní ba luaithe ina shraith leabhar, *The Place-Names of County Wicklow* (1945-67, [*PNCW*]) (Mac Giolla Easpaig, 2011, 33-34):

> All the known forms of the names have been extracted from any Irish, Latin, or English documents that I could find that contain material relating to County Wicklow. This is a line of investigation that has not been fully followed up in any standard works on Irish place-names. In this we are behind the times … this work of collection has been carried out very fully in other parts of Europe—for instance in the Scandinavian countries … it has been so far worked out in Norway, for example, that it is possible to assign a date to a settlement merely from its name; and scientific examination of the results obtained yields valuable and interesting information about the early history of the country (Price, 1938, [*PRIA* 44] 139).

Ach ba dh'é an cur chuige nach mór mar an gcéanna a bhí sa cheann ag an Suirbhéireacht Ordanáis agus aige Seán Ó Donnabháin ní ba luaithe fós agus é ag obair ar son na Suirbhéireachta Ordanáis idir 1830 agus 1842 (Swift, 1994, 94). Mar

[1]Léigh Mac Giolla Easpaig (2008, 164-177; 2011, 22-46) le haghaidh chur síos níosa iomláine agus níosa chuimsithí de stair na hainmeolaíochta in Éirinn.

a dúirt an captaen Thomas Larcom, leathcheannasaí na Suirbhéireachta Ordanáis féinig (Mac Giolla Easpaig, 2008, 167):

> In order to ascertain the correct names of places for the engravings, that they might become a standard of orthography as well as topography, numerous maps, records, and ancient documents were examined, and copious extracts made from them. In this manner a certain amount of antiquarian information has been collected relating to every place, parish, and townland in Ireland – more than 60,000; and various modes of spelling them at different times has [*sic*] been recorded. When these investigations were complete, it was usual to send a person thoroughly versed in the Irish language to ascertain from the old people who still speak the language, what was the original vernacular name, and we then adopted that one most consistent with the ancient orthography, not venturing to restore the original and often obsolete name, but approaching as near to correctness as was practicable.

Cé go raibh an cur chuige seo i gceist ag an nDonnabhánach agus ag an Suirbhéireacht Ordanáis, agus thá ómós agus baochas ag dul dóibh as ucht a gcuid oibre, níor chuireag an mhodheolaíocht so i bhfeidhm go córasach—bhí scóp an tionsnaimh ró-mhór i ndáiríribh. Mar sin, dh'fhágag roinnt tagairtí ar lár, rud a chruthaigh bearnaí móra agus míthuiscintí (Swift, 1994, 98-101). Le fírinne, bhí diocrachtaí ag an mBrainse Logainmneacha an cur chuige *Ortnamnsarkivet* a chur i bhfeidhm i gceart ag an dtosach chón maith agus iad dh'iarraidh ainmneacha Gaelacha a mholadh dos na Bailte Poist (Mac Giolla Easpaig, 2011, 36).[2] Bhí an Brainse fé bhrú ama ainmneacha Gaelacha oifigiúla na mBailte Poist a sholáthar agus mar sin ní raibh an Brainse in ann an *OnomG* a chíoradh agus a iniúchadh go mion do thagairtíbh stairiúla na logainmneacha. Chuir laigí agus lochtanna an *OnomG* féinig (a phléimíd níos deireanaí; Nic Cárthaigh, 2011, Murray, 1998-2000) go mór le diocrachtaí maidir le bailiú na dtagairtí stairiúla chón maith. Ina theannta san, do bhí ainmneacha na mBailte Poist scaipthe ar fuaid Phoblacht na hÉireann uile agus mar sin níor oir anailís chórasach ar bhonn réigiúin fé leith mar chur chuige (ibid.); .i. eilimint croí-lárnach don mhodheolaíocht *Ortnamnsarkivet* is ea anailís a dhéanamh ar bhonn réigiúin dar ndóigh:

[2] Athbhreithniú ar *Eoluidhe an Phuist* (*Post Office Guide*) ab ea an obair seo i ndáiríribh a bhí bunaithe féin nach mór ar an saothar lochtach, *Post-Sheanchas i n-a bhfuil Cúigí, Dúithchí, Conntaetha, agus Bailte Puist na hÉireann*, le Seosamh Laoide (Mac Giolla Easpaig, 2011, 36).

> As the researchers were dealing with individual names scattered throughout each of the thirty-two counties, it was not practical to research the names in the systematic manner that would be followed later (Ó Giolla Easpaig, 2011, 36).

Mar sin fhéinig, i ndiaidh an Bhrainse Logainmneacha anailís ar bhonn réigiúin fé leith a chur i bhfeidhm, bhí scoláirí an Bhrainse in ann téacsanna áirithe stairiúla a chíoradh ar bhonn réigiúin chón maith:

> The shift from the examination of geographically isolated individual placenames to the study of the full corpus of names of a territorial unit allowed for a change to much more efficient research methods in the Placenames Branch. Rather than trying to find an earlier form of one name among hundreds of other names in a particular source, each source is now examined systematically, all names are abstracted, identified and linked to the appropriate modern forms. This is true of all sources, starting with the Ordnance Survey namebooks, and working backwards to English sources of the sixteenth and seventeenth centuries ... and to the ecclesiastical sources dating from the 12th to the fifteenth centuries (Mac Giolla Easpaig, 2011, 41).

Ach mar a chítear anso, baineann na foinsí le téacsannaibh déanacha Gaoluinne agus téacsanna Béarla agus Laidne (cuíosach déanach) amháin.[3] Ní oireann an modh so do théacsannaibh Gaelacha stairiúla áfaigh, ach amháin dóibh súid athá dírithe go mion ar cheantar fé leith, mar athá na gníomhais mar shampla, cosúil leis na *Hardiman Legal Deeds* (a phléifear thíos). Mar a deir Dónall Mac Giolla Easpaig (ibid.):

[3] Léiríonn Kenneth Nicholls na diocrachtaí a bhaineann le hainmneachaibh Gaelacha a tharrac as foirmeachaibh Gallda sa mhéid is go ndeir sé: 'One could lay down as a rule that placenames, in their metamorphoses, obey no rules, phonetic or otherwise. In Ireland this is especially true, since the majority of Irish placenames have undergone at least one transformation from Gaelic to Anglicised forms, and in many cases a double transformation from English or Anglo-French names … into Gaelic, and then back to English again. Such changes render futile the attempt of well-meaning amateur scholars, as P. W. Joyce, to deduce the meaning of modern Irish placenames from the modern written forms, without the hard task of pursuing the forms of individual names back through a range of … documentary sources. The great English vowel-shift … has obscured the exactness of the phonetic transcriptions of Gaelic names by bilingual Anglo-Irish scribes, as has indeed the lack of studies in the local pronunciation of Irish in regions from which it has since disappeared' (Nicholls, 2004, 225). Cé go mb'fhéidir go bhfuil an tuairim so ró-réaduchtach, léiríonn na samplaí a luann Nicholls go gcaithfear a bheith cáiréiseach fós nuair athá ainmneacha Gallda amháin san áireamh.

> This methodology [the study of the full corpus of names of a territorial unit] can be applied to the Irish sources only to a limited extent as the placenames occuring in these are not generally confined to one geographical area. For these names, the starting point is always *Onomasticon Goedelicum*, from which references to names are first abstracted, usually on a county basis, and each reference checked back to its source.

Lena chois sin, cé go bhfuil flúirse tagairtí ann do logainmneachaibh i gcorpas luath liteartha na Gaoluinne, ní oireann cur chuige bunaithe ar mhodh réigiúnach do logainmneacha Gaelacha stairiúla. Ar an gcéad dul síos, níl go leor díobh ann ina bhféadfaí gach mionainm agus ainm bhailte fearainn an lae inniuimh i gceantar fé leith a chur san áireamh. Ach, ar an tara dul síos, thá roinnt mhaith dos na seana-logainmneacha athá againn as feidhm:

> There seems to be a very general idea that if our ancient Irish documents are thoroughly searched, most of our place-names will be found in their Irish forms ... the fact would appear to be that only a small number of existing Irish place-names occur in early Irish books and manuscripts. The placenames that are recorded in Old Irish documents, numerous as they are, are mostly, or certainly very frequently, obsolete; and their locality can only be determined by most careful historical investigation: indeed often it cannot be determined at all (Price, 1938, [*PRIA* 44] 143-44)

Thá corpas stairiúil na Gaoluinne chón fairsing san ná fuil an t-uafás de foilsithe go fóill gan trácht ar é a bheith cíortha go mion do logainmneachaibh stairiúla. Tháimid i bhfad mar sin ón gceann sprice ina mbeidh gach logainm a luaitear i gcorpas stairiúil na Gaoluinne aimsithe agus suíomh molta dóibh (fiú más féidir suíomh a mholadh). Thá tuiscint bhreac againn mar sin dá bhfuil againn do logainmneachaibh stairiúla.

Modheolaíocht Thionscnaimh *Locus*

Mar a léiríonn an plé thuas, níl cur chuige *Ortnamnsarkivet* oiriúnach do Thionscnamh *Locus* óir tháimíd ag ple le hainmneachaibh Gaelacha stairiúla a

luaitear go fánach, agus go minic gan chomhthéacs, in achainníbh Gaelacha. I dtaobh Thionscnaimh *Locus* mar sin,[4] ní bhíonn réigiún teoranta ainmnithe mar láthair staidéir ach Éire uile agus cuirtear aon tagairt do thíorthaibh nú do réigiúnachaibh eile a thagann anuas in achainníbh na Gaoluinne agus Laidin na hÉireann ó *c*. 400-*c*.1800AD san áireamh chón maith. Ina theannta sin, cuirtear treabhainmneacha san áireamh, fiú dóibh súid nár tháinig chun cinn mar logainmneacha aige deireadh, m.sh. Cian(n)achta. Tosnaítear mar sin leis an logainm agus leis an dtreabhainm mar athá sé insa bhfoinse stairiúil, a mhalairt ar fad den gcur chuige mar a leantar sa Bhrainse Logainmneacha ina dtosnaítear leis an réigiún teoranta féinig. In ionad réigiúin teoranta fé leith a bheith i gceist, bíonn Tionscnamh *Locus* teoranta ó thaobh na bhfoinsí agus ó thaobh achar ama na bhfoinsí. Mar a luag níba luaithe, ní chuirtear ach foinsí Gaelacha agus Laidin na hÉireann a shíolraíonn ó fhoinsíbh idir 400-1800 san áireamh (Ó Riain et al., 2003, [*HDGP* A] vii):

> It was decided that no material from later than 1800, a date generally regarded as marking the 'end of the Irish tradition', would be included, exceptions being made only where deemed to be esential by the editors. Apart altogether from the fact that post-1800 material is often 'tainted' by the increase in the use of anglicised forms, its very magnitude precluded its inclusion in a work supported by very modest resources. Similarly, among important placename sources omitted from consideration here are State Papers and Fiants, again on the basis that forms of names in these are usually anglicised. Within the designated period the aim has been to provide as complete a record as posible.

Tugann an Brainse Logainmneacha na foinsí Béarla agus na foinse déanacha (obair allamuigh an Donnabhánaigh) san áireamh gan amhras. Mar sin, bíonn ar scoláiríbh Thionscnamh *Locus* agus an Bhrainse Logainmneacha obair as láimh a chéile go minic chun tuiscint níos uileghabhálaí dh'fháilt ar ainmneachaibh. Mar a luaitear, bíonn ar an mBrainse brath cuid mhaith ar *HDGP* agus an *OnomG* le tagairtíbh stairiúla Gaelacha a chur san áireamh, mar a luaigh Mac Giolla Easpaig thuas; agus cé ná cuireann foireann *Locus* na tagairtí Béarla is déanaí leis an bhfoclóir, téann

[4] Léigh Nic Cárthaigh (2011, 81-102) do léiriú níosa chuimsithí do chur chuige Thionscnamh *Locus* agus na diocrachtaí a bhaineann leis an *OnomG* a dh'atheagrú.

scoláirí *Locus* i muinín shaothar an Bhrainse Logainmneacha go minic go háirithe le suíomh logainme a chinntiú (Nic Cárthaigh, 2011, 98).

Leanann scoláirí an Tionscnaimh *Locus* an leagan amach mar athá ann cheana féinig ag an *OnomG* nach mór, .i. bíd na ceann-iontrálacha leagaithe amach de réir ord na haibítre, ach cuirtear tagairtí sa bhreis agus ceann-iontrálacha logainme is treabhainme sa bhreis, nár aimsigh Hogan nú a chomhghleacaithibh, leis an bhfoclóir de réir mar a thagtar ortha agus scoláirí *Locus* i mbun oibre. Ceann dos na laigí ba mhó a bhí ag an *OnomG* de réir scoláirí comhaimsire ná fhágag roinnt tagairtí ar lár, go háirithe ó lámhscríbhinníbh a bhí á gcoimhéad sa Bhreatain (Murray, 1998-2000, 66). Lena leithéid a réiteach, do bhí iarchéimithe fostaithe thimpeall na bliana 1995 i dteannta fhoireann bhuan an tionscnaimh, go háirithe fé stiúir Dhiarmuid Uí Mhurchadha (beannacht Dé leis), le heagránaibh téacsanna agus irisí an Léinn Cheiltigh a chíoradh go mion do logainmneachaibh agus do threabhainmneachaibh nár aimsigh foireann *OnomG* an chéad lá agus iad a bhailiú le chéile (Nic Cárthaigh, 2011, 82, 95-97). Do bhí an obair seo dírithe go háirithe ar théacsannaibh dh'fhoilsíog i ndiaidh fhoilsiú an *OnomG* in 1910. Chuireag na tagairtí ina luaitear na hainmneacha so agus tagairtí na bpríomhfhoinsí as ar tháinig na tagairtí ainme ar bhlúiríbh páir ar a dtugtar 'slipeanna'. Bíd na 'slipeanna' san curtha in ord na haibítre bunaithe ar an logainm féinig. Thá an cíoradh fé lán tseoil ag Tionscnamh *Locus* arís i láthair na huaire. I dteannta logainmneacha a bhailiú de réir ord aibítre na ceann-iontrála, baintear tagairtí de réir na foinse chón maith. Cuir i gcás go bhfuil 'D' fé chaibideal aige scoláiríbh Tionscnamh *Locus*, is minic a bhaintear na hainmneacha go léir dar tús na litreach athá fé chaibideal den bhfoinse chéanna in aon turas amháin, go háirithe má thá innéacs ann.

I gcás na ceann-iontrála féin a mheas, tugtar aghaidh ar na tagairtíbh mar atháid leagaithe amach fén gceann-iontráil sin ag an *OnomG* agus ag an leagan digiteach den *OnomG* a dhein foireann *Locus*. Bhaineas féin feidhm as an leagan digiteach a chruthaigh Donnchadh Ó Corráin chón maith, athá ar fáil ar shuíomh Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/onomasticon-goedelicum/). I dteannta a bhfuil fén gceann-iotráil san *OnomG*, cuirtear aoinní sa bhreis ós na slipeannaibh san áireamh leis.

Na ceann-iontrálacha

Bhí sé de nós aige Hogan an cheann-iontráil a litriú de réir na foinse as ar tháinig sé. Chruthaigh an cur chuige seo roinnt iontrálacha sa bhreis ná raibh ionta ach leaganacha malartacha / litriú malartach den logainm / dtreabhainm chéanna. Mar shampla, i gcás 'Laoighis', thá cúig cheann-iontrálacha ann dóibhsan (gan trácht ar na fodhreammannaibh)— 'Laeighis', Laichis', 'Laiges', 'Laigis', 'Laoiges'—agus i gcás na logainme 'Lagán', thá trí leaganacha ann—'Lacán', Laccán', 'Lagán'. Is minic nár chuireag an cur chuige seo i bhfeidhm tríd síos mar sin fhéinig; cuir i gcás, 'Ladraighe', thá an dream seo curtha leis an *OnomG* mar 'Lathraige', cé go dtugann Hogan an leagan malartach 'Latrige' fén gceann-iontráil ach níl ceann-iontráil aige don bhfoirm 'Latrige' féinig. Ar an gcéad dul síos, mar sin, caithfidh scoláire Thionsnaimh *Locus* deimhin a dhéanamh de go bhfuil an *OnomG* cíortha go mion le gach foirm mhalartach a dh'aimsiú agus na tagairtí féna bun a chur san áireamh. Bíonn cros-tagairtí dos na leaganachaibh malartacha ann chun an ceart a thabhairt do Hogan agus a chomhghleacaithe, ach is minic a dheintear dearúd ortha nú tugtar cros-tagairt i dtreo amháin. Mar sin, thá sé ana-fhuirist neamhaird a thabhairt ar thagairtíbh tré thimpist agus iad dh'fhágaint ar lár dá bharr. Féach leagan amach na n-iontrálacha, mar athá ag an *OnomG* thíos le fadhb na n-iontrálacha sa bhreis a léiriú; is amhlaidh na Lagáin a bhfuil na dathanna céanna, buí is gorm, ortha thíos:

> **lacan** in Uib Amalgaigh, Mayo, Lec. 126 [**cros-tagairt ar lár**].
> **laccán** a district comprising the p. of Taughboyne, Ryemoghy, and All Saints, in b. Raphoe, c. Don., Fm. v. 1552; an Lacan, the Lagan Valley, Au. iii. 496 **[cros-tagairt ar lár]**.
> …
> **lagán** An Lagán, gs. an Lagáin, in N. of b. Tirawley, Mayo, Fy., Fir. 247, 273, Lec. 168; an L. comprised pp. Kilbride and Doonfeeny and E. to Lacken strand, Fm. iii. 403, Ci., Mi.
> **l[agán]** the Lagan valley nr Letterkenny, St. B. 518; v. Laccán **[thá cros-tagairt ann ach i dtreo amháin**].
> **l.** gs. Lagáin, on the E. of the Barrow, Queen's Co., Tp.; ds. Lagan, Laigen, the Lagan of Lein., where was Mac Eochaid's house, Sil. 283.

Bíonn sé de nós aige Tionscnamh *Locus* litriú na ceann-iontrála a chaighdeánú le fadhb na gceann-iontrálacha sa bhreis a leasú agus na foirmeacha malartacha a tharrac fén gceann-iontráil amháin. Cuirtear litriú na Gaoluinne Clasaicí i bhfeidhm mar leagan caighdeánaithe na ceann-iontrála. Roghnaíog an Ghaoluinn Chlasaiceach ionas go bhféadfadh daoine ná fuil an tSean-Ghaoluinn acu feidhm a bhaint as an

bhfoclóir chón maith (Nic Cárthaigh, 2011, 83; Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP* 'A'] x).[5] Athraíonn mar a bhfuil an cheann-iontráil insan ord aibítre go minic gan amhras nuair a chuirtear leagan caighdeánach an Tionscnaimh *Locus* i bhfeidhm (Nic Cárthaigh, 2011, 83-85): m.sh. 'Laigis' > 'Laoighis', 'Laccán' > 'Lagán'. Úsáidtear uimhreacha idir lúibíní le hidirdhealú a dhéanamh idir logainmneachaibh difriúla a bhfuil na hainmneacha céanna ortha agus cuirtear aon ainm nár aimsigh foireann *OnomG* mar cheann-iontráil sa bhfoclóir chón maith, mar athá:

> **Lagán, an (1)** (*A depression between elevated ground*) In RN; perh. tl. Legan, p. Kilglass, b. Ballintober N. *Crech an Lacain la Tadc Mag Ragnaill ar tarraing Diarmata meic Lochlainn Oicc h Anligi*, ACon. 1464.23. Cf. Ainm 6, 19; CBC 156; TP[1] 62, xli n. 304. See Uí Áinlighe. **[Logainm eile a bhfuil 'an Lagán' air nár aimsigh foireann *OnomG*]**
>
> **Lagán, an (2)** Terr. of *Uí Mhuireadhaigh, in N.E. of b. Tirawley, MO; encompassing the low-lying expance about Bunatrahir Bay in N.E. p. Doonfeeny and the N.W. p. Kilbride. *Cineul nAonghusa la hUíbh Amhalgaidh .i. Uí Mhuireadhoigh, taoisigh an Lagáin*, LGen. 247.4 (= 1078.5; TCHyF 6; cf. LGen. 273.10 [= TCHyF 164], 282.7 / 282.8 [= TCHyF 222], 282.8 [= TCHyF 222]; IrT iii, 7: *Lacáin* [= BLec. 52va, 35]). **Annal refs.**: *In guibhearnoir do dul go Baile Assa Caorach, ocus forlongport do dhenamh do and, ocus dul assin do don Lagan*, ALC 1590 (ii, 508). *Aodh Ua Muireadhaigh taoiseach an Lagáin do mharbhadh i cCill Alaidh la hUa Maoilfhoghmair comarba na cille dia domhnaig iar neisteacht Oifrind*, AFM 1267 (iii, 402). Cf. Bald's Map 3; LME viii, 708-9; MP 51-2; TCHyF 222-4, n. y and a / 477. See Muintear Mhuireadhaigh, Síol Mhuireadhaigh, Tír Amhalghaidh, Trá(igh) Cheall, Uí Amhalghaidh.
>
> **Lagán, an (3)** Terr. in S.E. DL, orig. low-lying territoty in p. Allsaints. Later perh. encompassing the entirety of b. Raphoe N., excl. p. Leck, but incl. pp. Convoy, Stranorlar and Donaghmore, b. Raphoe S., and possibly S. part p. Burt, Inishowen W., incl. the low-lying terr. of Derry, and along the river Foyle in b. Strabane Lr, TE. **Annal refs.:** *Sluaighedh lais O Néll … Art mac Aódha, a Tír Conaill, d'ár'loisc Glend Finne ⁊ Tír Énna ⁊ an Lacan*, AU[1] 1511 (iii, 496). *Dála Sheain í Néill cona shloccaibh ro tairmcheimnighsiot … on cCarraicc Léth go rangattar tar Finn lá*

[5] Eisceacht is ea ainmneacha doiléire a thagann anuas uair amháin sa chorpas. Baintear feidhm as an litriú mar athá sa téacs féinig insa chás so: 'Exceptions, normally from early texts, are uncertain names that occur once only, in which case the preferred form is usually that of the text (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP* 'A'] x).

taobh Ratha Both trés an Laccán go gabsat sosadh … lá taobh Baile Aighidh Chaoin a ccomhfhoccus don tsruith sileas as an topar … Cabharthach, AFM 1557 (v, 1552). **Other ref.:** *Creach an Lagáin … le mac Briain*, LCAB 161. *De tertiariis ordinis sancti patris nostri francisci ... a dtir Chonaill ... Baile Fhidhetain san Laggán*, AnH 6, 103. Cf. DA 48, 123-40; HAPU 102; JRSAI 7, 79-81; MFMgC 53; OSL 77, 142; OSL 80, 149-50; OSL 84, 154; PTI, 67; RMtS 37; Rutherford's Map of the Laggan; TDI i, 25; TP[1] xviii n. 87. See Baile Aghaidh Chaoin, Baile Fidheatáin, Carraig Liath, Ceinéal Éanna, Fir Mhaighe Ítha, Maigh Íotha, Ráth Bhoth, Tír Éanna.

Lagán, an (4) In S.E. LEIN.; perh. corresp. to tls Loggan Upr and Lr in p. Crosspatrick, b. Gorey, WX. *O Dunlaing, laoch an Lagain*, LGen. 950.6 (= TP[1] 92). **Ext. form:** *Do bhíos aréir i Lagan Laigen i dtig Mhic Eochaid*, SG i, 282. Cf. JRSAI 86, 78-80; The Past 32, 52, 67; TNWX 1244; TP[1] lvii-iii n. 478-81.

I gcás ainmneacha a bhfuil níosa mhó ná eilimint amháin ionta, roghnaítear an leagan is údarásaí de ghnáth bunaithe ar an bhfoirm is coitianta sna tagairtíbh is seanda (Nic Cárthaigh, 2011, 86). Mar shampla, i dtaobh 'Laoighis Chúile Buichle', tugtar tagairt amháin ina bhfuil 'Buichle' ar lár, .i. 'Loíchse Cúile'. Ach léiríonn tromlach na bhfoinsí gurb é 'Laoighis Chúile Buichle' an leagan is coitianta ins na seana-thagairtíbh agus roghnaítear a leithéid mar cheann-iontráil mar sin. Ach dírítear aird ar an bhfoirm ghiorraithe fén bhfo-theideal '**Short form**:'. Bíonn a mhalairt i gceist le 'Leithghleann Irc' (féach thíos). Léiríonn na foinsí gurb é 'Leithghleann' an leagan is údarásaí, ach tugtar '**Ext. [extended] form**' le haird a dhíriú ar an bhfoirm fhada. Is diocair déanamh amach ar uairibh arbh fhíor-fhoirm mhalartach í logainm fé leith nuair a chuireag aidiachtaí / ainmfhocail sa bhreis léithi. Bíonn an fhadhb so chun tosaigh le téacsannaibh filíochta gan amhras ina mbaintear leas as aidiachtaí agus ainmfhocail sa bhreis ar mhaithe le comhardadh / meadaracht nú le huaim a chruthú. Baintear feidhm as an bhfo-theideal '**Honorific usage:**' nuair nach bhfuil sé soiléir gur fíor-fhoirm mhalartach í, e.g. Leathead (1): '**Honorific usage:** Baetan a Letheat na Lear'. Is minic ná bíonn sé soiléir ach an oiread cioca foirm is ea an fhoirm is údarásaí, m.sh. Leithead [1] (Lachtmhaighe), Leithead [2] (Midhinn). Roghnaíonn scoláirí *Locus* an fhoirm Ghaelach a thagann le dul na hainme Gallda Oifigiúla, más ann dó, mar cheann-iontráil an fhoclóra insa chás so, .i. 'Layd' (Leithead [1]) is 'Leode' (Leithead [2]). Luaitear an tagairt leis an

bhfoirm fhada fé **‘Ext. form:’**, mar is gnáth dúinn, agus cuirtear cros-tagairt leis an leagan fada chón maith, .i. ‘Leithead Lachtmhaighe: See Leithead (1)’. Ina theannta san, ráiníonn sé go minic go mbíonn méid tagairtí céanna do fhoirm ghiorraithe is fhada, go háirithe i gcás ‘Baile X’; agus ar uairibh eile, ní bhíonn sé cinnte an aonad tomhais talún an eilimint chun tosaigh i ndáiríribh, go háirithe leis na logainmneacha dar tús ‘Leathbhaile’ is ‘Leathcheathramha’ (féach thíos). Bíonn an cheann-iontráil bunaithe ar ainm Bhéarla na logainme sna cásanna so chón maith: e.g. beidh ar fhoireann *Locus* ‘Leathbhaile Creige Uí Chorradáin’ (féach thíos) a chur fé ‘Creag Uí Chorradáin’ toisc gurb iad Craggycorradan E. / W. léiriú Bhéarla na hainme sin inniuimh. Ciallaíonn a leithéid go mbeidh ar fhoireann *Locus* roinnt mhaith dá bhfuil agam fé ‘Leathbhaile’ agus ‘Leathcheathramha’ a chur le fascúlaibh dar tús litreacha eile níos déanaí agus le fascúlaibh nuashonraithe / eagránaibh nua na bhfascúl athá foilsithe cheana féinig (A-D).

Tagairtí a bhaint as na foinsíbh agus leagan amach na bhfoinsí in *HDGP*

Ar an gcéad dul síos, caithfear dá bhfuil do thagairtíbh fén gceann-iontráil agus na ceann-iontrálacha eile don ainm chéanna ar fuaid an *OnomG* a chur i gcomparáid lena bhfuil sa leagan digiteach leasaithe den *OnomG* ag Donnchadh Ó Corráin agus lena bhfuil sna slipeannaibh a luag thuas:

OnomG	**Leagan digiteach Leasaithe *OnomG* Uí Chorráin**
	18646
lacan in Uib Amalgaigh, Mayo, Lec. 126.	**lacan** in Ui Amalgaid, c. Mayo, Lec 126.
…	…
	18664
lagán An Lagán, gs. an Lagáin, in N. of b. Tirawley, Mayo, Fy., Fir. 247, 273, Lec. 168; an L. comprised pp. Kilbride and Doonfeeny and E. to Lacken strand, Fm. iii. 403, Ci., Mi.	**Lagan {1}** An Lagan, *gs*. an Lagain, in N of b. Tirawley, c. Mayo, Hy Fiachrach. MacFirbis, Genealogies, 247, 273, Lec 168; an Lagan comprised p. Kilbride and p.

Doonfeeny, b. Tirawley, c. Mayo, and E to Lacken strand, AFM iii 403, ALC-ndx, AFM-ndx.

Mar a chítear anso, baineann Hogan leas as noda leis na príomhfhoinsíbh a chur in úil; bíonn na noda so ag tagairt do cheann dona ceithre láimhscríbhinní ceathrachad gur bhain Hogan leas asta agus eagráin a bhí foilsithe ag an am (Nic Cárthaigh, 2011, 81).[6] Laige ollmhór a bhí ag an *OnomG* ná níor thugag an leagan scaoilte do gach nod a chuireag i bhfeidhm. Thá roinnt mhaith díobh súid aimsithe ag foireann *Locus* agus scoláirí eile ó shoin, go háirithe Séamus Pender agus Paul Walsh (Murray, 1998-2000, 69), ach thá roinnt nod eile ann ná fuil scaoilte go fóill (Nic Cárthaigh, 2011, 100-101).[7] Ní a chuireann leis an ndiocracht maidir leis na nodaibh a scaoileadh is ea níor leanag córas leanúnach nuair a chumag na noda an chéad lá. Mar aon leis na noda a bheith bunaithe ar theideal téacs nú ar lámhscríbhinn, mar a bheifí ag súil leis, m.sh. thá 'Ube' ag tagairt do *Uath Beinne Étair*, chuirfeadh cuid eile mearbhall ar dhaoinibh, e.g. is ionann 'Mi' agus innéacs 'Fm', ..i. *Annála Ríoghachta Éireann*; bheitheá ag súil le 'Fmi' mar sin. Thá dul amú ann ar uairibh leis, e.g. thá 'Ube Ui.' ag tagairt do *Index of Annals of Ulster*; ní ba chóir go mbeadh 'Ube' leis an dtagairt so in aon chor agus bheadh duine den dtuairim go mbaineann sé le *Uath Beinne Étair*, .i. Ube, mar a luag thuas.

Is minic go mbaineann Hogan leas as ainm eagarthóra le nod a chruthú leis; m.sh. is amhlaidh 'C.' agus *Acta Sanctorum Veteris et Majoris Scotiae seu Hiberniae*, toisc gur chuir John Colgan iad in eagar. Ráiníonn sé go bhfuil níosa mhó ná nod amháin den bhfoinse / den dtéacs chéanna ar uairibh, e.g. tagraíonn 'Cg.' is 'Cgg.' do *Cogadh Gaedhel re Gallaibh* agus 'Sr.' is 'Snr' do *Saltair na Rann* ach níl cros-tagairtí dos na nodaibh so ach i dtreo amháin; .e.g. thá an fhoirm 'Snr' luaite le 'Sr' agus thá 'Cg' luaite le 'Cgg', ach ní thugtar an leagan 'Snr' nú 'Cg' go neamhspleách.

[6] Baineann Hogan feidhm as trí lámhscríbhinn ar a laghad ná luann sé mar fhoinsí, mar athá 'Oxford, Bodleian Library MS Laud 615; Oxford, Bodleian Library MS Rawlinson B 502; agus Royal Irish Academy MS 23 K 37' (Nic Cárthaigh, 2011, 102).
[7] Thá liosta na nod athá scaoilte agus athá fós le scaoileadh ag Emma Nic Cárthaigh (2011, 100-102) agus Kevin Murray (1998-2000, 69).

Ina theannta san, chuaigh Hogan agus foireann *OnomG* amú ar uairibh ar nós aon tionscnamh eile athá ar aon dul leis an *OnomG*: tugtar an leathanach lámhscríbhinne cam do thagairtíbh nú níos achrannaí fós ná tugtar an nod mícheart ar uairibh, e.g. bíonn 'An.' ann siochas an ghnáthnoda 'Au.' do *Annála Uladh* agus 'Lec ii' in ionad an ghnáthnoda 'Lc. ii' do *Annála Locha Cé* go minic (Nic Cárthaigh, 2011, 101), go háirithe nuair a bhaintear leas as 'Lec.' cheana féinig le *Leabhar Mór Leacáin* (RIA MS 23 P 2) a chur in úil. Ar uairibh eile, thá ainmneacha ann ná fuil aon bhunús leo in aon chor ar a dtugtar 'Ghost Names'. Is é is 'Ghost Name' ann ná ainm a chuireag leis an bhfoclóir de bharr míthuiscint nú míléamh téacs, e.g. cheap duine d'fhoireann *OnomG* gurb í an eilimint logainmníoch 'baile' é *baile* ins na tagairtíbh 'Baile an Scáil' agus 'Scál-bhaile' ach is é a bhí ann i ndáiríribh ná foirm Sheana-Ghaoluinne den bhfocal 'buile', .i. 'buile an scáil' is 'scálbhuile' (Hogan, 1910, [*OnomG*] 76; Nic Cárthaigh, 2011, 93-94).

Mar a luag, do bhain foireann *OnomG* na tagairtí as na lámhscríbhinníbh fhéinig de ghnáth, ach polasaí Thionscnaimh *Locus* is ea tagairtí d'eagránaibh a chur in ionad tagairtí do lámhscríbhinníbh, má thá eagrán den téacs ann. Tugtar na foirmeacha malartacha eile ós na lámhscríbhinní in *apparatus criticus* an eagráin de ghnáth agus tugtar na foirmeacha so in *HDGP* chón maith (féach thíos). A luaithe is athá nod an *OnomG* scaoilte mar sin, caithfear cuardach a dhéanamh d'aon eagrán den téacs. Baineann scoláirí *Locus* leas as an g*Catalóg Lámhscríbhinní, Eagrán agus Foinsí Tánaisteacha* de chuid an Tionscnaimh féinig athá bunaithe ar na foinsíbh gur bhain Hogan feidhm asta leis an dtéacs mar athá sa lámhscríbhinn a aithint agus le teacht ar aon eagrán den téacs sin (Nic Cárthaigh, 2011, 87-93).

Catalóg Lámhscríbhinní, Eagrán agus Foinsí Tánaisteacha

(B) *BB*: The Book of Ballymote (RIA 23 P 12)

f. 1a (p. 1)Blank.

f. 1b (p. 2)Drawing of Noah's Ark.

ff. 2a-5b (pp. 3-10b) Sex Aetates Mundi. Cf. SexAM[1] and SexAM[2]. Includes the poem:

f. 4a (p. 7b.13) *Reidhigh damh, a De do nimh*, 94qq. Ed. (from various mss) SexAM[1] and SexAM[2] and ÉtC 6, 255-80; 7, 18-45; 8, 98-119, 284-97.

f. 6a (p. 11a) Leabhar Comhaimsireachda Flainn Mainistreach. Cf. JCLAS 5, 149-53.

f. 7a (p. 13b) *Nin mac Bel roga na rig*, 21qq.

f. 7b (p. 14a) Series of relative measurements of time and space. Ed. *Ériu* 21, 130-4.

f. 7b (p. 14a.i) Account of the tower of Babel.

f. 7b (p. 14b.6) Description of Christ and his apostles. See *RC* 8, 362; *Ériu* 21, 135-6.

f. 7b (p. 14b.i) Account of the development of the ceremonies of the mass.

f. 8a (p. 15a) Lebor Gabála. See LG.

f. 34a (p. 51b) The Christian kings of the Ulaid.

f. 34b (p. 52b.m) *Cland ollaman uaisli Emhna*, 80qq. See *StH* 4, 54-94.

f. 35b (p.54a.m) The Christian kings of the Laigin.

f. 36a (p. 55d.m) *Coicedh Laigen na lecht rígh*, 70qq.

f. 37a (p. 57a.i) The Christian kings of Connacht. Cf. LL 5719-78.

f. 37b (p. 58a.m) *Cruacha Condacht raith co raith*, 74qq.

f. 38a (p. 59b) The Christian kings of Mumu. See LM 399-408.

Baintear leas as gnáth-chatalógaibh na Lámhscríbhinní; Suíomh CODECS: *Collaborative Online Database and e-Resources for Celtic Studies*, foilsithe ag an *A. G. van Hamel Foundation for Celtic Studies* (https://codecs.vanhamel.nl/Home); *Celtic Digital Initiative* (https://www.ucc.ie/en/smg/cdi/); Innéacsanna Indirlín an *Bibliography of Irish Linguistics and Literature* le hInstitiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (https://bill.celt.dias.ie/) agus suíomh eile an Institiúid *Irish Script On Screen* (https://www.isos.dias.ie/ga/index.html) sa chúram so maidir le teacht ar na téacsanna athá foilsithe ó fhoilsiú an *OnomG* chón maith. Ina theannta san, caithfear súil a chaitheamh ar an lámhscríbhinn mar sin fhéinig le deimhin a dhéanamh de go bhfuil an tagairt ann i ndáiríribh agus nár dhein foireann *OnomG* botún.

Ag téarnamh dúinn mar sin ar an gceann-iontráil don ‘Lacan’ thuas, is ionann ‘Lec. 126’—insa tagairt, ‘**lacan** in Uib Amalgaigh, Mayo, Lec. 126’— agus *Leabhar Mór Leacáin*, bileog 52va35 mar a dhéantar tagairt dó inniuimh,[8] mar a bhfuil an téacs *Ceathra meic Eogain meic Murchada* (‘Four saints: Cormac, Beccan [Emin], Culan, Diarmaid’):

[8] Ráiníonn sé go minic go mbíonn córas eile uimhriú leathanaigh i bhfeidhm ag foireann *OnomG* ná mar a leantar inniuimh. Caithfear dul i muinín na Catalóige *Lámhscríbhinní, Eagrán agus Foinsí Tánaisteacha* de chuid an Tionscnaimh *Locus* agus an lámhscríbhinn fhéinig sa chás so le teacht ar an dtéacs gceart.

> Is he Cormac roleasaich galar Aengusa meic Conaill meic Fhinain meic Conaill otait muinter Muiredaich .i. taisich in Lacain la Huib Amalgaid.

Thá *Ceathra meic Eogain meic Murchada* foilsithe cheana ag J. G. O'Keefe mar chuid de *Irish Texts: Fasciculus III* (1931, [*IrT* iii] 7) agus mar sin tugtar tús áite don tagairt so in ionad na tagartha sa lámhscríbhinn. I gcás na bhfoinsí fén gceann-iontráil 'Lagán', mar athá: **'Lagán** … Fy., Fir. 247, 273, Lec. 168 … Fm. iii. 403, Ci., Mi', is ionann 'Fy' agus *The Genealogies, Tribes and Customs of Hy-Fiachrach, commonly called O'Dowda's Country* (*TCHyF*), a chuir Seán Ó Donnabháin in eagar; agus is amhlaidh 'Fir.' agus cnuasach geinealaigh a bhailbh Dubhaltach Mac Fhirbhisigh, cuid mhaith dóibh ó *Leabhar Mór Leacáin*. Eagrán do chnuasach Gheinealaigh Dhubhaltaigh is na geinealaigh as *Leabhar Mór Leacáin* is ea *TCHyF* i ndáiríribh. Thá an cnuasach geinealaigh le Dubhaltach is na geinealaigh eile in *Leabhar Mór Leacáin* foilsithe aige Nollaig Ó Muraíle chón maith ar a dtugtar *Leabhar Mór na nGenealach* (nú *LGen*.).

Ní bhíonn sé de nós ag Tionscamh *Locus* macasamhla den dtagairt gcéanna a scrí amach. Mar sin, nuair athá níosa mhó ná eagrán amháin den dtéacs gcéanna ann, mar athá anso i gcás *LGen*. is *TCHyF*, tugann scoláirí Thionscnaimh *Locus* tús áite don eagrán is déanaí. Deintear a leithéid toisc gur laige eile de chuid an *OnomG* is ea go dtugtar roinnt mhaith tagairtí den dtagairt gcéanna ó chóipeannaibh difriúla den dtéacs gcéanna ar uairibh, rud a thugann le fios go bhfuil níosa mhó de thagairtíbh leis an ainm sin sa chorpas stairiúil ná mar athá ann i ndáiríribh (Nic Cárthaigh, 2011, 89; Mac Giolla Easpaig, 2011, 41-45; Muhr, 2011, 47-48; Murray, 1998-2000, 65). Ráiníonn a leithéid le tagairtíbh as *Lebor Gabála Érenn* (*LG*) go minic (Nic Cárthaigh, 2009; i, 41-43; ibid., 2011, 90).[9] Lena leithéid a réiteach, mar sin, léirítear na comh-thagairtí idir lúibíní i dteannta an tsiombail 'comthrom le', a chítear thíos, .i. 'LGen. 247.4 (= 1078.5; TCHyF 6 ...):

[9] E.g. **Labrand …** Bb. 20a [**LG**], 209 a [**MD**], Ll. 17 [**LG**], 212 [**MD**], Sb. 4 a [**LG**], Lg. 91 [**LG**] = **Labhrann** … *Can as suidi? arsiat ... a Lúachair, a Labraind, a Loch Léin, Ériu* 4, 148. *Gabais Fiacha Labrainne ... ríge hÉrenn. Is na amsir tomaidm Fleisce ⁊ Mane ⁊ Labrainne*, LG v, 216 (= LG v, 217; iv, 276 §lxv.62; LL 2209; cf. AFM 3728 [i, 46]; MD iii, 460).

> *Cineul nAonghusa la hUíbh Amhalgaidh .i. Uí Mhuireadhoigh, taoisigh an Lagáin*, **LGen. 247.4** (= 1078.5; TCHyF 6; **cf.** LGen. 273.10 [= TCHyF 164], 282.7 / 282.8 [= TCHyF 222]; **cf.** IrT iii, 7: ***Lacáin*** [= BLec. 52va35]).

Mar aon leis an siombal ‘comthrom le’ idir na lúibíní, thá an nod ‘cf.’, .i. ‘déan comparáid le’. Ciallaíonn an ‘cf.’ nach amhlaidh é an tagairt amach is amach a thagann i ndiaidh an noda so agus athá roimhe (.i. *LGen*. 247.4), ach léiríd an t-eolas céanna insa bhfriotal gcéanna nach mór. Mar sin, ní dheineann scoláirí *Locus* tras-scríbhinn den dtéacs féinig ach tugtar na foirmeacha malartacha le deabhramh mar sin fhéinig i ndiaidh na tagartha: ‘IrT iii, 7: *Lacáin*’ nú leis an nod ‘v.l.’, e.g. ‘ **Laoighis Réada** ... Augran m. Cennetigh, ri Laichse, AU[2] 917.3 (= CGG 34, v.l. Mugróin; AFM 915 [ii, 590], v.l. Mughron … tighearna na tTrí cComann [7] Laighisi)’. Féach anso thíos do thras-scríbhinn dos na tagairtíbh a leanann an phríomhthagairt in *LGen*. 247.4 thuas lena bhfuil á rá agam a léiriú:

> **LGen. 247.4 / LGen. 1078.5 / TCHyF 6:** *Cineul nAonghusa la hUíbh Amhalgaidh .i. Uí Mhuireadhoigh, taoisigh an Lagáin.*
>
> **cf.**
>
> **LGen. 273.10 / TCHyF 164**: *Taoisioch an Lagáin .i. Ó Muireadhaigh.*
>
> **cf.**
>
> **LGen. 282.7 / 282.8 / TCHyF 222:** *Uí Muireadhaigh mháordha … fuineadhoigh laomdha an Lagáin … Mecc Fhionnáin … d’Íbh Muireadhoigh … ag sin an Lagán labhraim.*
>
> **cf.**
>
> **IrT iii, 7:**[10] *Aengusa meic Conaill ... otait muinter Muiredaich .i. taisich in Lacain la Huib Amalgaid*.

Tugtar tús áite don bpríomhachainn is seanda agus is údarásaí de ghnáth go háirithe i dtaobh na ngeinealach agus na n-annála ina luaitear ainm le linn eolas nach mór mar an gcéanna a thabhairt ar eachtra a thuit amach nú ar threabhchas fé leith; m.sh.:

[10] Mar adúrt, tagann an tagairt so ón dtéacs *Ceathra meic Eogain meic Murchada* (‘Four saints: Cormac, Beccan [Emin], Culan, Diarmaid’) curtha in eagar aige J. G. O’Keefe (1931, [*IrT* iii] 7).

> **Laoighis** ... Ic Cathair … fodlaiter sáerchlanna 7 it fortuatha cóicid Cathair cach óen ná berar genelach cu Cathair amal atát Laísi, CGH 126b41 (= LGen. 556.8; Ogygia, 293).

Cuirtear an tagairt mar a gheibhtear é in *Corpus Genealogiarum Hiberniae* (O'Brien, 1962, [*CGH*]) chun tosaigh óir tagann na tagairtí so go díreach as na foinsíbh meánaoiseacha geinealaigh is seanda, .i. ó Rawl. B 502, LL, Lec. agus BB. Saothair thiomsaitheacha is ea *Leabhar Mór na nGenealach* (Ó Muraíle, 2003 [*LGen*.]), agus *Ogygia: seu, Rerum Hibernicarum Chronologia: ex Pervetustis Monumentis fideliter inter se Collatis*, le Ruaidhrí Ó Flaithbheartaigh (1685 [*Ogygia*]), atháid araon bunaithe ar na foinsíbh seanda céanna is athá in *CGH* thuas. Mar sin, de réir chur chuige an fhoclóra, ní chuirtear na tagairtí so leis an bhfoclóir mar thagairtí aonracha ach léirítear, leis an siombal 'cothram le' (.i. =), gurb ionann iad na tagairtí so i ndáiríribh agus an ceann a gheibhtear insa chorpas geinealaigh in *CGH*.

Is amhlaidh cás na n-annála chón maith ina dtugtar tús áite d'*Annála Uladh*, .i. *AU*[1] (Hennessy agus Mac Carthy, 1887-1901) agus *AU*[2] (Mac Airt agus Mac Niocaill, 1983) ar an gcuma gcéanna nuair is í an eachtra chéanna athá fé chaibideal. Seo an t-ord ina leagtar amach na hannála in *HDGP*: *Annála Uladh* (*AU*), *Annála Tighearnach* (*ATig*.); *Annála Inis Faithlinn* (*AI*), *Annála Locha Cé* (*ALC*); *Chronicum Scotorum* (*CS*); *Annála Connacht* (*ACon*.); *Annála Ríoghachta Éireann* (*AFM*). Bíonn *AFM* (Ó Donnabháin, 1841-51) chun deiridh toisc gur saothar déanach tiomsaitheach é a tharraing ar annálaibh seanda eile (Cunningham, 2010), m.sh.:

> Cath Cinn Ḟuait … condid ann do-cer … Augran m. Cennetigh, ri Laichse, AU[2] 917.3 (= CGG 34, v.l. Mugróin; AFM 915 [ii, 590], v.l. Mughron … tighearna na tTrí cComann 7 Laighisi).

Ach tarlaíonn sé go minic go luaitear eachtra in annála fé leith, e.g. *AFM*, ná luaitear ins na hannálaibh eile, ach thá tagairtí **eile** ann do heachtraibh **eile** a thuit amach roinnt blianta i ndiaidh na heachtra athá luaite in *AFM*. Cuirtear na tagairtí de réir na mblianta gur thuit na heachtraí amach insa chás so ag tosnú leis an mbliain is luaithe. Mar shampla, i gcás rite Ua Mórdha, fodhream Laoigheas Réada, athá pléite i gcaibideal a trí thíos, thá tagairt de *AU* ar dtúis, ansan *ATig*. agus *AU* aríst:

> ***Uí Mhórdha kings:**[11] *Lachtnán mc. Cernaigh, rí Duin Nair Laoighsi,* FAI §454 (913). *Aimhirgin H. Mordha, ri Loigsi, interfectus est,* **AU**[2] **1026.6** (= ATig.; AFM ii, 810). *Faelan Hua Morda, rí Laigsi, do dallad la Murchad mac nDunlaing / Cu Críche Hua Dunlaing, ri Laighsi … do marbad,* **ATig. 1041 / 1041** … *Domhnall hUa Gilla Patraic … 7 Concobur hUa Broigthe … 7 Paitin hUa hAedha … do mharbadh do Mac Craith hUa Mordhai 7 do Laichis / Ruaidhri hUa Mordha, rí Laigheis, do marbadh d'a braithribh fein 7 d'a lucht tighi,* **AU**[1] **1165.2 [ii, 147]** (= ATig. / **1354** [ii, 497] (= ACon. 1354.3; ALC ii, 11).

I ndiaidh scoláire *Locus* na tagairtí go léir d'ainm a bhailiú, ní mór don scoláire na tagairtí so a chatagórú agus a leagan amach de réir téarmaí athá bunaithe ar a bhfuil d'eolas sna tagairtíbh féinig. Léirítear na téamaí seo le fo-theidealaibh: m.sh. 'Traditional derivation, Early references, Genealogical references, Alternative form, Short form, Latin form, Corrupt form, Castle of, Annal references, Kings of, Mistaken derivation and so on' (Nic Cárthaigh, 2011, 97-98). Liostáiltear na tagairtí is seanda ar dtúis fén bhfo-theideal ionas go léirítear mar dh'athraigh foirm na hainme le himeacht aimsire (má dhein). Bíonn na fo-theidil so léirithe le líne buailte féna mbun in *HDGP*, m.sh. Ext. form: ach bíd scrite i gcló throm agamsa chón maith, .i. **Ext. form:** ar mhaithe le soiléireacht. Braitheann méid na bhfo-theideal ar mhéid na dtagairtí de ghnáth, m.sh. thá deich gcinn do thagairtíbh fén gceann-iontráil 'Laoighis' thíos.

Ceann dos na buannaibh móra athá ag an *OnomG* is ea go bhfaightear léargas iontach, ní hamháin ar thraidisiún na hainme féinig ach maidir le cúrsaí staire i gcoitinne, nuair a leantar na tagairtí. Mar a mhínigh Eoin Mac Néill (1930, 193):

> *OnomG* has and will long continue to have a value far beyond a topographical dictionary … I have found by experience that, by following its references to the manuscripts or printed sources, one may often expect to discover or link up information so as to gain insight into matters of history which would often otherwise be altogether obscure.

[11] Cuirtear réiltín le hainm athá (nú a bheidh) le fáil mar iontráil in *HDGP*.

Cabhraíonn an leagan amach athá ag an *HDGP* go mór leis an bpróiseas so. Ní hamháin go scríobhtar an tagairt féineach amach anois, ach léirítear tagairtí gaolmhara le hiad a thabhairt idir lúibíní leis an siombail 'cothrom le' más comhthagairt díreach í, nú leis an nod 'cf.' más tagairt athá ar aon dul léithi. Tugann an modh so léargas ar an idirthéacsúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir théacsannaibh difriúla; féach ar an iontráil don 'Leac Dhearg' thíos. Ina theannta san, léiríonn na fo-theidil téamaí staire na dtagairtí, mar aon le léiriú ar ar fhorbair agus ar ar athraigh an ainm le himeacht na haimsire. Dheineas iarracht ins an réamhrá i gcaibideal a trí ina ndírítear ar na Laoighsibh, achoimre ar thraidisiún na Laoighse a thabhairt bunaithe ar an soiléiriú gonta ach iomlánach den traidisiún mar a gheibhtear ins na fo-theidealaibh fén gceann-iontráil san. Ní eile a chabhraíonn le scoláiríbh is ea an liosta d'fhoinsíbh tánaisteacha agus do phríomhfhoinsíbh ar uairibh a thugtar fé 'Cf.' agus cros-tagairt d'aon ainm eile athá baint ag an gceann-iontráil leithi ('See') ag bun na ceann-iontrála ainme féinig, mar athá:

> **Lagán, an (2)** … Cf. Bald's Map 3; LME viii, 708-9; MP 51-2; TCHyF 222-4, n. y and a / 477. See Muintear Mhuireadhaigh, Síol Mhuireadhaigh, Tír Amhalghaidh, Trá(igh) Cheall, Uí Amhalghaidh.

Léarscáil is ea Bald's Map do chonntae Mhaigh Eo gan amhras, luas *LME* is *TCHyF* ní ba luaithe, agus is amhlaidh *MP* agus *Mayo Places: Their Names and Origins* le Nollaig Ó Muraíle. Gheobhadh duine, go bhfuil níosa mhó suime aige ins an ainm, triall a thabhairt ar na foinsíbh so le heolas sa bhreis a léamh. Ní bhíonn sé soiléir go minic má thá aon scoláireacht ann a bhaineann leis an ainm athá idir lámhaibh agus is mór an chabhair an ghné seo den bhfoclóir mar sin.[12] Ba léir gur le Muintir Mhuirdheaigh / Síol Mhuireadhaigh taoisigh an Lagáin, a bhí lonnaithe i dTír / in Uíbh Amhalghaidh, bunaithe ar an eolas sna tagairtíbh féinig gan amhras ach gheobhadh aoinne na logainmneacha so a chuardadh insa bhfoclóir nuair athá 'M', 'S', 'T' agus 'U' curtha i gcrích aige Tionscnamh *Locus* má thá sé dh'iarraidh comthéacs sa bhreis dh'fháilt leis.

[12] Ní mór súil a chaitheamh ar *Bibliography of Publications on Irish Placenames* le Donna Thornton is Kevin Murray (2011) d'fhoinsíbh tánaisteacha Logainmneacha, mar a luaitear thíos. Is féidir an leabhar so a chíoradh de réir logainme san innéacs.

Suíomh na n-ainmneacha a mheas

Is fiú téarnamh ar a ndúirt Price (1938, [*PRIA* 44] 144) maidir le suíomh na n-ainmneacha Gaelacha stairiúla a mheas:

> The placenames that are recorded in Old Irish documents, numerous as they are, are mostly, or certainly very frequently, obsolete; and their locality can only be determined by most careful historical investigation: indeed often it cannot be determined at all.

Is mór an fhírinne sa ráiteachas so. Ach ní hionann diocracht maidir le gach aon ainm a lonnú gan amhras (Nic Cárthaigh, 2011, 98-99). Is fuiriste teacht ar shuíomh láithrigh, e.g. caisleán nú mainistir, toisc go bhfágtar rianta foirgnimh de ghnáth, m.sh. féach ar an iontráil do 'Leithghleann' thíos. Ach bíonn nasc ann cinnte idir a dhiocra is athá suíomh a mheas agus méid na dtagairtí den ainm sin sa chorpas agus má luaitear aon chomhthéacs sa bhreis i dteannta na hainme sin sa téacs. I gcás na hiontrála ar an 'Leac Dhearg', mar shampla, ní hann do thagairt dise ach tagairt fhánach i liosta laochra ó *TBC*: 'Trí Lóegairi Leici Dergi ... ferc[h]uidred Fer nÉreand inso, cach tríar cenmot[h]á an robi Cú Chualaind díib rian'; ní féidir suíomh don 'Leac Dhearg' a mholadh i ndáiríribh mar sin. Ach is diocra ar fad suíomh treabhchais a lonnú go beacht, is tearc iad na foinsí iontaobhtha ar an gcéad dul síos, go háirithe i gcás treabhchais bhig, ach ba mhinic a bhí ar dhream dul ar deoraíocht go ceantar eile i ndiaidh dísheilbhiú talún dóibh le dream níba chumhachtaí (Ó Corráin, 2018, 28-30; féach ar 'Laoighis Ua nEanach(gh)lais' thíos). Rud eile a chuireann go mór leis an ndiocracht maidir le suíomh logainme is treabhainme a mholadh is ea go n-athraíonn tuiscintí maidir le fairsinge limistéir go minic, ní hamháin le himeacht aimsire ach ó áit go háit, agus ó dhuine go duine ar uairibh. Thá an fhadhb dhiacrónach agus shioncrónach so léirithe go mion sa tráchtaireacht ins an iontráil ar an 'Lagán (3)' thíos. I dtaobh shuímh a mholadh do threabhchas, is mór an chabhair, mar sin fhéinig, na léarscáileanna is na tráchtaireachtaí athá ag Francis J. Byrne ina leabhar, *Early Irish Kings and High-Kings*, agus athá ag Paul MacCotter ina leabharsan, *Medieval Ireland: Territorial, Politcal and Economic Divisions*.

Tugann scoláirí *Locus* aghaidh ar dtúis ar *Bibliography of Publications on Irish Placenames* mar a bhfuil tagairt d'ocht míle ainmneacha i dtrí mhíle foinse

thánaisteach (Thornton agus Murray, 2011, v) le teacht ar aon fhoinse thánaisteach a léireodh suíomh ainme. Mar aon lena leithéid, moltar suíomhanna ainmneacha, nú tugtar buille fé thuairim ar a laghad, in eagránaibh téacsanna go minic leis, e.g. *TCHyF* agus *AFM* ag an nDonnabhánach, is in innéacsannaibh na ngeinealach—e.g. *CGH, CGSH, LGen.*—is in innéacsannaibh na n-annála eile, *AU*[1] agus *AU*[2], *ACon.* srl. Ba mór an chabhair é an suíomh Irish Townlands (www.townlands.ie) agus na foilseacháin de chuid an Bhrainse Logainmneacha is de chuid an Tionscadail Logainmneacha Thuaisceart Éireann chón maith chun suíomhanna ainmneacha stairiúla a mheas, mar a luag ní ba luaithe; mar aon le hachainníbh digiteacha na dtionscadal so, mar athá www.logainm.ie agus www.placenamesni.org. Ba mhór an chabhair léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis leis, na cinn stairiúla agus nua-aimseartha araon, athá ar fáil ar shuíomh Scoilnet Maps (https://maps.scoilnet.ie/), léarscáileanna stairiúla eile cosúil le léarscáileannaibh Grand Jury le Pelham agus léarscáileanna de chuid Petty is Léarscáil Bald. Bhaineas ana-fheidhm chón maith as an léarscáil topografaíoch athá ar fáil ar shuíomh https://en-ie.topographic-map.com/map-rgp/Ireland/, a chabhraigh go mór le logainmneachaibh gur gnéithe tírdhreacha iad a mheas.

Ina theannta san, moltar suíomhanna dos na logainmneachaibh ins an *OnomG* fhéinig. Síolraíonn formhór na moltaí so ó Sheán Ó Donnabháin, de réir deabhraimh, cé ná luaitear a ainm leis na moltaíbh go rialta. Mar adeir Catherine Swift (1994, 100-101):

> At first sight, the debt to O'Donovan and his work is not evident to the casual user of Hogan's *OnomG* for Hogan does not differentiate … between the occurrence of a placename in an early medieval text and the identifications made by later editors. If one follows up his references in detail, however, one finds that even where he cites editions by other scholars, they, in their turn, frequently refer to O'Donovan's work as the basis for their conclusions … the interpretations of the sources which the *OnomG* puts forward, are, in consequence and with minor emendations, almost entirely O'Donovan's work.

Tagann an anailís a dhein Kevin Murray (1998-2000, 72) le conclúid Swift chón maith. Dh'aimsigh an Muiríoch 74 tagairt don Donnabhánach i litreacha ó A go B den *OnomG*. Lena leithéid a thuiscint i gceart, thá William Hennessy ar an tara duine

is mó a dtagraítear dó agus ní luaitear Hennessy ach fé shé uaire dhéag. Cé gur mór an t-ómós agus an baochas athá ag dul don nDonnbhánach as ucht a chuid oibre, baineann sé le saol acadúil na naoú haoise dhéag agus ní mór mar sin súil eile a chaitheamh ar a mholtaíbh (Murray, 1998-2000, 66). Mar a deir Catherine Swift (1994, 101):

> For the contemporary early medievalist, who wishes to identify the geographical context of his source, John O'Donovan remains, therefore, of primary importance but as a much earlier researcher, belonging to a different era, each identification should be assessed before being accepted.

Dheineas iarracht mar sin súil eile a chaitheamh ar an bhfianaise maidir le suíomh na n-ainmneacha a mheas. Is é a bhí i gceist leis an súil eile seo ná na foinsí tánaisteacha a chur san áireamh, ar an gcéad dul síos, agus ar an tara dul síos, réasúnaíocht ionduchtach nú *a posteriori* a chur i bhfeidhm mar mhodh oibre: .i. dianstaidéar a dhéanamh ar chomhthéacs na dtagairtí féinig, .i. an téacs mórthimpeall na tagartha a léamh agus a thuiscint, filleadh ar an lámhscríbhinn aríst agus na tagairtí go léir fé bhun na ceann-iontrála a chur i gcomparáid lena chéile féachaint an bhfuighinn aon léiriú ó thaobh suímh de a tharrac amach (Nic Cárthaigh, 2009, iml. i, 3, 7-8). Sa chás go raibh ainmneacha eile luaite i dteannta na logainme fé chaibideal, dheineas iarracht iad san dh'aimsiú chón maith agus iad a chur ar léarscáil féachaint an raibh aon phátrún ann maidir leis an dtreoir ina raibh an scríobhaí / scéalaí ag góilt an tírdhreacha ina cheann.

Thá an cur chuige so le feiscint go soiléir san iontráil ar 'an Lagán (4)'. Luaitear an Lagán so ins na dántaibh topagrafaíocha (*LGen*. 950.6 [= *TP*[1] 92]). Tugann an file aghaidh ar na logainmneachaibh Uí Dhróna, Fotharta agus Maigh dhá Chonn i Síol Éalaigh ins an ord san sara dtugann sé fé dhéin an Lagáin féinig insa tsliocht céanna. Cé go léimeann an file soir is anoir siar is aniar thairis an mBearú rud beag, ba léir ó leagan amach na n-ainmneacha go raibh an file ag dul soir de réir a chéile thar Chúige Laighean ina aigne, rud a chiallaigh go raibh an Lagán féinig áit éigint idir Síol Éalaigh agus cósta thoir na Laighean: mar a bhfaightear an Logán Íochtarach is Uachtarach i bpar. Chros Phádraig i mbar. Ghuaire.

I sampla eile, ‘Leithghleann (1)’ thíos, tagann an logainm so anuas in *Leabhar Fidhnacha* (Hennessy agus Kelly, 1875, [*BFen*.] 342) ina luaitear cuid Thiobhraidh mhic Tnúthaigh de Thír Éanna i nDún na nGall: ‘o tha Dail co Finn formir, o Lec Tamlacha …, co Cruachan is co Lethglenn’. Is iad an ‘Dail’ agus an ‘Fhinn’ abha na Daoile is abha na Finne gan amhras. Adeir Hogan gurb ionann Leac Thamhlacha agus par. na Leice i Ráth Bhóth Thuaidh (1910, [*OnomG*.] s.n. Lecc Tamlacha), .i. par. ar an dtaobh theas de Leitir Ceanainn, mar a bheadh ciall leis. Ní mholtar suíomh do ‘Chruachán’ in *HDGP*, mar sin fhéinig (Ó Riain et al., 2003, s.v. Cruachán [2]). Ach nuair a leagtar Cruachán agus Leac ar an léarscáil leis an dtuiscint go raibh an file dh’iarraidh réimse Thiobhraidh mhic Tnúthaigh a léiriú, tugann sé le fios gurb amhlaidh ‘Cruachán’ agus Cruachán i Ráth Bhoth thuaidh; agus tagann sé le céill chón maith gur amhlaidh ‘an Leithghleann’ agus bf. Legland i bpar. Chonmhaí i mbar. Rátha Both Theas (*fíor* 127 thíos). Is ar an mbonn seo a mholas gurb amhlaidh Leithghleann (1) agus Legland i bpar. Chonmhaí.

Cuirimse an Lagán (2) i gcás anois mar léiriú ar shúil ghéar eile a chaitheamh ar na foinsíbh, tuairimí an Donnabhánaigh dh’athbhreithniú agus feidhm a bhaint as léarscáil topografaíoch ó www.topographic-map.com. Is í tuairim an Donnabhánaigh maidir le suíomh an Lagáin so ná:[13]

> The Lagan.—The name of this territory is written across sheet 3 of Balds’ Map of County Mayo, in such a position … **that he considered it to be coextensive with the parish of Kilbride** … **but nothing is more certain that the Lagan comprises the parish of Dunfeeny also** … according to the … natives, the district is … bounded on the east by the hills of Kilbride, on the south by Athleague hill, in the parish of Lackan, and thence by a range of hills as far as Ballinglen, and from Ballinglen it is bounded by the mountains of Dunfeeny, as far as the sea, which bounds it on the north. **But it will appear from this poem that** ... the Lagan originally eastward to the strand of Lacken, **where it met the territory of Caeille Conaill** (Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 222-3, n. y) … It is quite clear … that **the poet has been here treating the tribes … of the Lagan since he left Irrus** up to

[13] An t-aon tráchtaireacht athá aige Fiachra Mac Gabhann (2014, [*LME* viii] 708-9) don Lagán so ná na sleachta lom díreacha mar athá ag an nDonnabhánach thuas, mar athá ag Nollaig Ó Muraíle in *Mayo Places: their names and Origins* (1985, [*MP*]. 51-52) agus mar athá san *OSNB* (MO, s.n. par. Chrios Mhaoilíona). Bunaíonn Nollaig Ó Muraíle a thuiscint ar mhíthuiscint an Donnabhánaigh mar sin fhéinig, mar a léireofar thíos.

> this line. After this [line] he goes into Caeille Conaill, the nearest territory to the south, which was separated from the Lagan by the strand of Traigh Ceall, now generally called Lacken strand (ibid., 223-4, n. a).

Bhunaigh an Donnabhánach an tuairim so cuid mhaith ar a léirítear insa dán *Imdha Gabhlán do chloinn Chuinn, Mac Firbhisigh Leacain Cecint* le Giolla Íosa Mac Fhirbhising (Ó Muraíle, 2003, *LGen*. 277.1-295.10 [281.11-282.9] = Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 176-298 [218-224]):

> Fágam Iorrus … triallam gus an tír dhúthoidh / … foillseochad na fearonna ó Dhún Fhíne go Múaidh / … ó Dhún Fhíne[:] … Ó Duibh-learga / … Ó Cuinn … agus Ó Comhgáin is Még Odhrain fan fhearonn / … Ó Radubhán … ó Bhaile an Ghleanna / O a mbaile fén[:] … Mac Con Letreach … / O Chill Ardubh[:] … Í Chathusaigh … / Taoisidheacht as duthaidh dhóibh[:] **… Uí Mhuireadhoigh … fuineadhoigh … an Lagáin / … Mecc Fhionnáin [LGen. 1078.5, Uí Fhionnagain na Fionnchailmhe; 273.11 Ó Fionnagáin ó Fhionnchalaimh] … d'Íbh Muireadhoigh … ag sin an Lagán labhraim** / Ó Ráith Branduibh … go Tráigh Ceall[:] … críoch an Chaoílle (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 282.7-8 = Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 218-224).
>
> Let us leave Iorrus … let us journey to the ancestral territory / … I will reveal the lands from Dún Fíne to the slow-moving Moy / … from Dún Fíne[:] … the Ó Duibh Learga / … Ó Cuinn … and the Ó Comhgáin and Mág Odhráin are throughout the territory / … Ó Radúbhán … from Baile an Ghleanna / From their own townland: … Mac Con Leitreach … / From Ceall Ardubh: … Uí Chathasaigh … / Leadership is natural to them: … **Uí Mhuireadhaigh … westerners of an Lagán / Méig Fhionnáin [of an Fhionnchalamh] … are of Uí Mhuireadhaigh … that is an Lagán of which I speak** / From Ráth Bhrannaibh … to Trá(igh) Cheall: … the territory of an Chaoille.

Do bhí tuairim an Donnabhánaigh bunaithe ar an dtuiscint go raibh Giolla Íosa Mac Fhirbhisigh 'treating the tribes ... of the Lagan since he left Irrus' agus gur léirigh an dán so gur leathnaigh an Lagán a fhaid le 'strand of Lacken, where it met the territory of Caeille Conaill'. Ach ní fíor san. Níor bhain cuid mhaith dos na

treabhchasaibh leis an Lagán in aon chor mar a cheap an Donnabhánach. Luann Giolla Íosa go mbíodh a ndúthaí féinig aiges na treabhchasaibh so gan amhras:[14]

> **Ó Dhún Fhíne[:]** Ó Duibh-learga, Ó Cuinn, Ó Comhgáin is Még Odhrain; **ó Bhaile an Ghleanna[:]** Ó Radubhán; O a mbaile fén[, .i. **Baile Mhic Con Leitreach:**] Mac Con Letreach; ó **Chill Ardubh[:]** Í Chathusaigh.

Shocraíos mar sin ar na hainmneachaibh eile a luann Giolla Íosa dh'aimsiú le suíomh an Lagáin féinig a chúngú. I ndiaidh Giolla Íosa na hainmneacha thuas a luagh, bogann sé ar aghaidh go Caoille Conaill athá 'ó Ráith Branduibh … go Tráigh Ceall' (*fíor* 69, lch 139). Aimsíonn *HDGP* an Caoille Conaill (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Caoille Conaill) so: 'Dist. at N.E. corner of b. Tirawley, MO, betw. Rathfran Bay [.i. Ráith Branduibh .i. Ráth Bhrannaibh] and Lacken Bay' [.i. Tráigh Cheall]: réigiún ar chomhréim le par. Chill Chuimín [íochtarach] inniuimh. Mar sin, caithfidh an Lagán a bheith soir ó Dhún Fhíne, ó Bhaile an Ghleanna, ó Bhaile Mhic Con Leitreach, ó Chill Ardubh ach siar ó Chaoille Conaill, .i. par. Chill Chuimín [íochtarach].

Má chuirtear dán Ghiolla Íosa i gcomparáid leis na foinsíbh nach mór mar an gcéanna eile, áfaigh, is léir go bhfágann Giolla Íosa an dúthaigh 'Fionnchalamh' le Macaibh / le Uíbh bhFionnagáin ar lár ina dhán i ndiaidh dhó Mecc Fhionnáin, .i. Uí Fhionnagain / Ó Fionnagáin, a luagh—.i. 'Uí Fhionnagain na Fionnchailmhe' / 'Ó Fionnagáin ó Fhionnchalaimh' (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 1078.5 / 273.11). Éagmais is ea é seo a chuir go mór le míthuiscint an Donnabhánaigh gur chuimsigh an Lagán 'the parish of Dunfeeny ... and the poet has been here treating the tribes … of the Lagan since he left Irrus'. Lonnaíonn Hogan (1910, [*OnomG*] s.n. Finnchalamh) an 'Fhionnchalamh' so, fé thionchar an Dhonnabhánaigh is dócha (1844, [*TCHyF*] 164 n. a; 223 n. z): 'S.E. of Lagán and nr. Ui Echach Muaide, le Uí Echach Muaide ext[ending] ó Ross Eirc co Findchaluim' (*OnomG*, s.n. Uí Echach Muaide); nú de réir an dáin in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003, 283.3): 'o Ros Serc [Eirc] ... / go Fearsaid Tresi'.

[14] Léiríonn an cuntas nach mór an gcéanna in *Críochaireacht Ua nAmhalgaidh agus Ua fFiachrach andso cona ndúdhchusachaibh* go mbíodh a dúchaí céanna aiges na dreamannaibh so chón maith (Ó Muraíle, 2003, [LGen.] 273.2).

Do gheobhaimíst a rá mar sin gurb ionann Fearsad Treise agus teora theas na Fionnchailmhe *fíor* 71, lch 140); nó murab ionann iad, is léir go bhfuilid ana-ghar dá chéile. Deirtear ins an *OnomG* (Hogan, 1910, s.n. Fersat Tresi) go bhfuil ainm eile ar Fhearsaid Treise: ‘al. as Fersaid Rátha Brain’, athá lonnaithe ‘under Rafran abbey’, .i. Ráth Bhrannaibh. Is léir mar sin go bhfuil an Fhionnchalamh ó thuaidh de Ráth Bhrannaibh agus gurb amhlaidh an Fhionnchalamh agus deisceart phar. an Leacáin agus codanna de par. Chill Chuimín [uachtarach]. Caithfidh an Lagán fhéinig a bheith ar thaobh thoir den Fhionnchalaimh mar sin.

Do théarnas, ag an bpointe seo, ar bhrí an fhocail ‘Lagán’ nú ‘Logán’ féinig le suíomh a mholadh, .i. tírghné is ea é gan amhras. Is í an bhrí a thugtar do ‘lagán’ in *FGBD* (Ó Dónaill, 1977, s.n. Logán) ná ‘1. Little hollow; pit, depression ... 2. Lowlying place; lowlying country’; nú mar a mhol an Donnabhánach féinig (1844, [*TCHyF*] 222-3, n. y): ‘The name Lagan signifies a hollow, or hollow district between two hills or mountains’. Chabhraigh an léarscáil topografaíoch ó www.topographical-map.com go mór anso mar léiríonn sé go slachtmhar (*fíor* 73, lch 141) ná baineann an Lagán ach leis an gcuid de phar. Chill Bhríde is Dhúna Fíne a chuimsíonn an limistéar mín torthúil um Chuan Bhun an Trathair a fhaid ó dheas le Baile an Chaisil, mar a n-éiríonn an talamh go hard arís, siar a fhaid le cnocaibh Dhúna Fína agus soir feadh chósta tuaisceart Chill Chuimín.

Cé go bhfuigheadh tuiscintí maidir le críochaibh an Lagáin a mhéadú le himeacht aimsire, níl aon bhonn, ó thaobh tírdhreacha dhe, gur chuimsigh an Lagán par. Dhúna Fína ina iomláine agus gur chuaigh sé a fhaid le Caoille Conaill fhéinig, mar a luaigh an Donnabhánach in *TCHyF* (218-224), agus gur chuimsigh an Lagán ina theannta san, codanna de phar. Cill Aodháin agus par. Mhaigh Ghamhnach, mar a luaigh sé san *OSNB* (MO, s.n. par. Chrois Mhaoilíona).[15] Mar a adúrt, bhí tuairim an Donnabhánaigh anso bunaithe ar an dtuiscint go raibh Giolla Íosa mac Fhirbhisigh, an file, ‘treating the tribes … of the Lagan since he left Irrus’; ach mar a chonaiceamair, fágann Giolla Íosa an Fhionnchalamh ar lár.

[15] ‘The Lagan comprehends Doonfiny, and part of Moygawnagh and Kilfian, from tobar Brigid … on the road from Ballycastle to the sea; and ‘from the boundary of Erris to Castle Lackan’.

Fé dheireadh, léirítear, i gcás Laoigheas Raimhne, an tábhacht a bhaineann le filleadh ar an lámhscríbhinn agus tuiscint níos deimhne dh'fháilt ar chomhthéacs agus abhár an téacs ins an iontráil so. I leagan Leabhar na Nuachongbhála do gheinealaibh na Laoighse, tugtar an ghluais '.i. Laiges Fer na Cenél' ar imeall leathanaigh 318 (*fíoracha* 133-136, lgh 247-249). Ceantar a bhí ar aon dul le bar. Shíl Mhaoluír Thoir i Loch Garman inniuimh ab ea Fear(ann) na gCeinéal (Ó Donnabháin, 1862, [*TP*[1]] lvi-lvii, n. 471; Orpen, 1892 [*SDE*] 304; Ó Crualaoich agus Mac Giolla Chomhghaill, 2016, [*TNWX* 2] 1552; MacCotter, 2008, 261). Ach níl sé soiléir bunaithe ar an lámhscríbhinn fhéinig ar bhain an ghluais seo le Laoighsibh Raimhne nú le Síol Sheanaigh Bhig, .i. Dubh-Laoighis agus Laoighis Tulcha Breag(h)mhain, toisc go dtugtar iodhóin idirlíneacha, '.i.', os cionn na n-ainmneacha so sa lámhscríbhinn (*fíoracha* 133-136, lgh 247-249). Mar sin, do chuir O'Brien (1962, 126b51) an ghluais seo le Laoighsibh Raimhne in *CGH*: 'Laíches Raimne (v.l. Laíges Fer na Cenél, LL)'; ach do bhí eagarthóirí leagan foilsithe na lámhscríbhinne féinig den dtuairim go raibh an ghluais chéanna ag tagairt do Dhubh-Laoighsibh agus do Laoighsibh Tulcha Breag(h)mhain: 'Sil Senaig Bic .i. Laiges Fer na Cenel dano Dublaiches 7 Laiges Bregmon nomen collis' (Best et al., 1954-83, [*LL*] 40925). Ach thá sé le tuiscint gur bhain an ghluais le Laoighsibh Raimhne i ndiaidh súil eile a chaitheamh ar chomhthéacs agus ábhar na lámhscríbhinne. I measc gheinealaigh Laoighse Raimhne féinig, tugtar dhá ainm thábhachtach le linn oidhreachtaí dúthaí fodhreamanna dóibh a thabhairt:

> [LL 318b15] gen*elach* laigsi ra*m*ne ... [318b16] Tri m*ac* duib-thiprat .i. sneds*us*a 7 oeng*us* a quo c*lann* **l*an*nacai*n* i mbairrchiu**. **Fo*r*annan** a quo **cl*ann* Elge**.

Mholfainn gur rian de 'i mBairrchiu' é Uí Bhairrche, athá ina bhar. i Loch Garman inniuimh (ní comhréimeacha iad gan amhras); agus gur rianta den eilimint Clann Éilghe (Éilí) iad Baile Uí Éilí Thuaidh is Theas i bpar. Tí Mhoshagard agus Caisleán Bhaile Uí Éilí i bpar. Chill Toirc, .i. trí bh.f. in oirdheisceart Ua mBairrche féinig (fíoracha 139, 140; lch 255). Laghdaíog consan *g*-séimhithe roimhe chonsan leachtach idirghuteach go *-í-* gan amhras, e.g. *éirge* > *éirí, ipso facto*, Éilghe > Éilí.

Ach mar a léiríonn an tráchtaireacht thuas agus mar a léirítear sa tráchtas tríd síos, ní féidir ach buille fé thuairim a thabhairt do shuíomh logainme is treabhainme go rialta fiú i ndiaidh an iniúchta go léir a dhéanamh, is baolach. Is minic mar sin nárbh fhéidir ach suíomh a chúngú ar leibhéal na barúntachta, nú fágtar an suíomh bán mar *unident*[*ified*].

Mar a roghnaíog na hainmneacha athá fé chaibideal

Nuair a chromas ar an dtráchtas an chéad lá, do bhí na logainmneacha agus na treabhainmneacha go léir dar tús 'L' a gheibhtear in achainníbh na Gaoluinne agus Laidin na hÉireann ó 400-1800 AD—bunaithe nach mór ar an liosta mar athá leagaithe amach san *OnomG*—fém chúram. Mar sin, do bhíodh gnáthmhodheolaíocht Thionscnaimh *Locus* curtha i bhfeidhm agam maidir le hainmneachaibh a bhailiú. Do bhínn á mbailiú, ar an gcéad dul síos, de réir mar athá na ceann-iontrálacha leagaithe amach ins an *OnomG* féinig go ginearálta, agus ar an tara dul sios, de réir na mbunachainní féinig. Mar shampla, nuair a bhí an logainm 'Labhrann' idir lámhaibh agam (an chéad ainm dar tús 'L' a thugtar san *OnomG* féineach), is é *Lebor Gabála Érenn* (Macalister, 1938-56 [*LG*]) ceann des na téacsannaibh ina luaitear an ainm so. Do chuardaíos innéacs *LG* le Pádraig Ó Riain (2009) le teacht ar aon ainm eile dar tús 'L' in *LG* ansan agus chuireas na tagairtí so leis na ceann-iontrálachaibh oiriúnacha.

Mar a luag ní ba luaithe, is gnách le scoláiríbh *Locus*, ainmneacha a bhailiú de réir na hachainne go háirithe na hainmneacha a luaitear i dtéacsannaibh a bhfuil innéacsanna ionta, mar athá na hannála, na geinealaigh m.sh. *Corpus Genealogiarum Hiberniae* (O'Brien, 1962 [*CGH*]), *LG* agus *Lebor na Cert* (Ó Donnabháin, 1847, [LC^1] agus Dillon, 1962, [LC^2]). Bailítear na hainmneacha mar a leithéid toisc go mbíonn muintir *Locus* inniúil ar ainmneachaibh na litreach athá idir lámhaibh as achainn fé leith a bhailiú in aon turas amháin; rud a chiallaíonn nach gá dóibh filleadh ar an achainn san aríst. Cur chuige is ea é seo a shábhálann roinnt mhaith ama.

Ach de réir mar a shleamhain an aimsir, do ruith sé liom ná beadh sa tráchtas agam sa deireadh, laistigh de thréimhse maoinithe na Dochtúireachta, ach liosta mór ceann-iontrálacha le tagairtíbh féna mbun dá leanainn an cur chuige seo. Shocraíos

mar sin an plé is an *rationale* maidir le suíomh na n-ainmneacha a dh'aimsiú a bheith mar chroí-lár an tráchtais; agus go mb'fhearra, mar sin, méid áirithe *onomata* a chur dhím go mbeadh anailís déanta agam ortha go smior is go smúsach ó thaobh suímh na n-ainmneacha de a dh'fhuascailt in ionad liosta mór ceann-iontrálacha agus tagairtí. Thá an cur chuige seo níosa mhoille gan amhras ach nuair a thugtar fén iontráil amhlaidh, bíonn ceann an scoláire sáite i gcomhthéacs na hainme agus mar sin bíonn sé níosa fhusa suíomh na hainme a mholadh agus na fadhbanna a bhaineann leis an ainm a réiteach. Níl sa tráchtas mar sin ach na ceann-iontrálacha go bhfuil na tagairtí go léir athá ar m'eolas cruinnithe le chéile agus iarracht déanta agam suíomhanna na n-ainmneacha san dh'aimsiú. Ciallaíonn a leithéid gur bhailíos roinnt mhaith tagairtí do cheann-iontrálachaibh ná fuil curtha san áireamh sa tráchtas, 'Laighin' is an 'Laoi' mar shampla.

Bhaineas feidhm ina dhiaidh san as na tagairtíbh a bhailiú de réir mar athá na ceann-iontrálacha leagaithe amach ins an *OnomG* amháin mar chur chuige lena leithéid d'aidhm a bhaint amach. Thá cuma fhánach ar na hiontrálachaibh a chuireag san áireamh mar sin, ach cuireann an difríocht idir leagan amach na n-ainmneacha mar athá aige Hogan agus mar athá ag an *HDGP* go mór leis an gcuma fhánach so. Mar a luag ní ba luaithe, baineann Hogan feidhm as litriú na n-ainmneacha mar a gheibhtear iad ins na hachainníbh féinig; dá bhrí sin: is é '**La**ethet', .i. Leithead (2), an chéad iontráil don eilimint logainmníoch 'Leithead', is é '**Lai**chis', an chéad cheann-iontráil a thugtar don eilimint ainmníoch 'Laoighis', agus is é '**Lac**an' (*sic.*) is '**Lac**cán' athá tugtha ar dtúis don eilimint 'Lagán / Logán', .i. Lagán (2) is (3). Nuair a chuirtear litriú na Gaoluinne Clasaicí i bhfeidhm, litriú caighdeánaithe an Tionscnaimh *Locus* dos na ceann-iontrálachaibh mar a luag ní ba luaithe, athraíonn mar a bhfuil an ainm san ins an ord aibítre gan amhras agus mar sin níl sé soiléir don léitheoir go bhfuilim ag leanúint ord na n-iontrálacha mar athá san *OnomG* in aon chor. Ina theannta san, tugann Hogan roinnt ceann-iontrálacha don tsuíomh chéanna go minic bunaithe ar leaganacha litrithe difriúla na hainme, e.g. thá chúig cheann-iontráil aige do 'laoighis' amháin, gan trácht ar na fodhreamannaibh a bhain leo. Caithfear, mar athá luaite agam cheana féinig, gach aon cheann-iontráil dóibh súid agus na tagairtí athá féna mbun a chur fén gceann-iontráil amháin in *HDGP*, .i. 'Laoighis'.

Tarlaíonn a mhalairt de fhadhb ar uairibh sa mhéid is go mbíonn roinnt ainmneacha éagsúla tugtha fé bhun na ceann-iontrála céanna. Cur chuige ná raibh ceart fiú de réir mhodheolaíocht an *OnomG* féinig. Cuir i gcás:

> **Lachtmag**, Lg. 20, Sd. 6 a, Ll. 245; the Dál Caiss Lethet Lachtmaige in Mun., Ll. 322, Fir. 637, X. 136, Stowe 992, fo. 50 a; but the Dagda resided in Síthleithet Lacht Maige, Ll. 245; and fr. Fen. 346 Lachtmag seems in Tirconnell, and even in b. Kilmacrenan.

Ar an gcéad dul síos, trí ainm éagsúil ar a laghad is ea trí cinn acu, ceann amháin a bhaineann le hUltaibh (.i. Lg. 20 agus Sd 6), ceann eile le Dál gCais agus ceann eile le Tír Chonaill; agus ar an tara dul síos, ní 'Lachtmhagh' an eilimint chun tosaigh a luaitear i gcás trí cinn dos na hainmneachaibh in aon chor, ach 'Leithead'. I dtaobh *HDGP*, mar sin, is é 'Lachtmhagh' i dTír Chonaill an t-aon 'Lachtmhagh' athá curtha san áireamh agam fén ainm san; thá 'Leithead Lachtmhaighe' i nDál gCais luaite fé bhun 'Leithead Lachtmhaighe (1)'; agus thá an 'Leithead Lachtmhaighe' in Ultaibh tugtha mar **Ext. form:** fé 'Leithead (1)' toisc gur 'Leithead' gan 'Lachtmhagh' an leagan is coitianta den ainm so ins na foinsíbh stairiúla fhéinig, mar athá ag teacht le polasaí an Tionscnaimh *Locus*. I gcás 'Síthleithead Lachtmhaighe', ansan, ní fios suíomh na hainme so bunaithe ar an dtagairt féinig. Is é polasaí *Locus* an logainm so a chur fé bhun 'Síodh' in *HDGP* mar sin.

Chítear anso mar dh'athraigh ceann sprice an tráchtais agus mar dh'athraigh an próiseas inar bhailíos na tagairtí le himeacht haimsire. Cé gurb iad na príomh-bhunachainní an bhunchloch ar ar thógálag iontrálacha na gcaibideal i ndáiríribh, chuireag go mór leis na hiontrálachaibh so le réimse leathan príomhachainní agus le foinsíbh tánaisteacha eile de réir diongbhála na n-iontrálacha aonracha féinig insa mhéid is go mbeidíst déanta go críochnúil agus go huileghabhálach. Tháid na foinsí so luaite ag bun na n-iontrálacha.

Struchtúr an tráchtas

Nuair ba mhithid an tráchtas a chur i riocht caibideal, ní raibh ach carn mór ceann-iontrálacha agam agus *commentarium*, nú tráchtaireacht, ar argóintibh maidir le

suíomhannibh na n-ainmneacha san a mheas. Shocraíos, sa deireadh, ar an dtráchtas a scarúint i ndá chuid nú rann le dhá chaibideal i ngach cuid acusan. Tugtar aird ar logainmneachaibh insa chéad rann den dtráchtas agus dírítear ar threabhainmneachaibh insa tara rann. Deintear cur síos níos deimhne i réamhrá beag ag tosach gach caibidil ar ábhar is ar bhunfhoinsíbh is ar an gcur chuige a chuireag i bhfeidhm le linn iontrálacha an chaibidil san a mheas.

Cuid a hAon: na Logainmneacha

Baineann Caibideal a hAon: **Gnéithe Lonnaíochta dar tús 'L' ins na *Hardiman Legal Deeds***, leis na hainmneachaibh dar tús 'L' mar a gheibhtear iad ins an cnuasach gníomhais agus cáipéisí dlithiúla ón Meánaois Déanach as Tuadhmhumhain ar a dtugtar na *Hardiman Legal Deeds* (Hardiman et al., 1828, [*TRIA* 15] 3-96). Ráinigh an caibideal so amhlaidh, toisc gur chuir comhghleacaí Thionsnaimh *Locus* iontráil chugham ós na *Hardiman Legal Deeds* le cur leis na ceann-iontrálachaibh dar tús 'L' a bhí agamsa. Nuair dh'fhilleas ar an mbuncháipéis leis an dtagairt so a dheimhniú, ruith sé liom go raibh roinnt mhaith logainmneacha dar tús 'L' luaite agus do shocraíos ar na hainmneachaibh so a bhailiú in aon turas amháin. Ansan, nuair a bhí sé in am a raibh agam d'iontrálachaibh a chur i bhfoirm caibideal, thuigeas go raibh roinnt mhaith logainmneacha tiomsaithe ins an eagrán céanna, ar an gcéad dul síos, agus ar an tara dul síos, gnéithe is rangú **Lonnaíochta** is ea iad agus mar sin do bhí ciall le hiad a bhailiú agus caibideal amháin a dhéanamh asta. Tagann cheithre heilimint logainmníoch fé réim an chaibidil so: .i. *Leathbhaile, Leathcheathramha, Lios* agus sampla amháin do *Longphort*.

Maireann formhór na n-ainmneacha so inniuimh, go háirithe na hainmneacha a luaitear leis na Leathbhailtibh agus na Leathchreathramhnaibh. Ach baintear feidhm as 'Leathbhaile' agus 'Leathcheathramha' mar aonad tomhais talún amháin i gcás na *Hardiman Legal Deeds*, agus mar sin, is é an tara heilimint den ainm a mhaireann má mhaireann sí. Ní chuirfear na hainmneacha so fé 'L' insa bhfoclóir de réir polasaí an Tionscnaimh *Locus*, ach fé tara heilimint na hainme. Mar shampla, léiriú is ea Craggycorradan E. / W. i bpar. Chill Aidhleach i mbar. Chorca Mrua inniuimh do Leathbhaile Creige Uí Chorradáin thíos. Cuirfear an ainm so fé 'C' , .i. Creag Uí Chorradáin, insa bhfoclóir amach anso dá bharr. Thá roinnt Leathbhailte agus

Leathcheathramhna mar logainmneacha i dTuadhmhumhain mar sin fhéinig; mar sin, bhí orm na Leathbhailte is na Leathcheathramhna go léir sna *Hardiman Legal Deeds* dh'iniúchadh ar eagla gur ceann dos na hainmneachaibh so iad.

Ní chuireann Hogan na *Hardiman Legal Deeds* san áireamh mar bhunfhoinse ach thá cuid dos na hainmneachaibh, dar tús 'L', a luaitear sna *Hardiman Legal Deeds* curtha leis an *OnomG* cheana féinig mar iontrálacha má dheintear tagairt dóibh i bpríomhfhoinsíbh eile: e.g. thá Ros Ruadh luaite san *OnomG* (Hogan, 1910, s.n. Ros Ruadh), cf. Leathbhaile Rosa Ruaidh thíos, toisc go luaitear an logainm so in *Annála Ríoghachta Éireann* (Ó Donnabháin, 1856, [*AFM* v, 1564] 1600). Do bhí orm na logainmneacha sna *Hardiman Legal Deeds* a mheas pé scéal é lena chinntiú gurb ionann iadsan agus na cinn san *OnomG*. Tháid na logainmneacha so curtha leis an dtráchtas agam thíos dá bharr, ach ní chuirtear na tagairtí fés na ceann-iontrálachaibh mar atháid sa *OnomG* féinig san áireamh toisc go mbainid san le litir eile sa bhfoclóir. Mar aon le roinnt dos na hainmneachaibh óna *Hardiman Legal Deeds* a bheith luaite san *OnomG*, tugtar roinnt mhaith ainmneacha eile in *HDGP* cheana féinig; nílid san curtha san áireamh sa tráchtas mar sin fhéinig óir tugtar aird ortha ins an *HDGP* cheana féinig agus cuireann scoláirí *Locus* na *Hardiman Legal Deeds* san áireamh mar bhunachainn pé scéal é.

Is é athá i gCaibideal a Dó, **Gnéithe Topagrafaíocha**, ná a raibh agam do logainmneachaibh dar tús 'L' gur tírghnéithe iad nuair a bhí sé in am dom an tráchtas a chur le chéile. Thá roinnt logainmneacha i gceist anso: .i. *Lag* nú *Log*, *Lathach*, *Leac*, *Leaca*, *L(e)itir*, *Leithead*. Comhfhocail is ea cuid eile acu, mar athá: .i. *Lachtmhagh*, *Leithghleann*, *Liathghort*, *Liathmhagh*. Ainmneacha a bhaineann le réimsí uisce is ea na logainmneacha eile, .i. *Labhrann* agus *Ladhrann*.

Do bhailíog na tagairtí ó réimse leathan achainní i gcomparáid le Caibideal a hAon ná fuil ach na *Hardiman Legal Deeds* i gceist. Mar a dúrt ní ba luaithe, do chuireas dhá chur chuige i bhfeidhm agus mé ag bailiú na dtagairtí nú ag tabhairt fés na ceann-iontrálachaibh athá curtha fén gcaibideal so. Ar an gcéad dul síos, do thugas aghaidh ar innéacsannaibh mórshaothar na Meánaoise ina bhfaightear logainmneacha agus treabhainmneacha araon. Mar sin, thá *Lebor Gabála Érenn* (Macalister, 1938-56 [*LG*]), *Lebor na Cert* (Ó Donnabháin, 1847, [LC^1] agus Dillon, 1962, [LC^2]), na hannála is na geinealaigh cíortha go maith agam. Agus ar an tara dul

síos, bhíos ag iarraidh sraith ina leagtar amach na logainmneacha in *OnomG* féinig a leanúint.

Cuid a dó: na Treabhainmneacha

I gcuid a dó den dtráchtas so, tugtar fé dhéin na dtreabhainmneacha. Thá na treabhainmneacha so roinnte i ndá rannaibh eile: .i. mórthreabhchas agus treabhchais bheaga. Mar ábhar do Chaibideal a Trí, roghnaíog **Cás-Staidéar ar Mhórthreabhchas: Laoighis** óir bhí na hiontrálacha ar na Laoighsibh curtha i gcrích agam nuair ba mhithid dom an tráchtas a chur le chéile. Cuirtear réimse leathan bunfhoinsí san áireamh sa chaibideal seo, e.g. na geinealaigh, na hannála, téacsanna naomhsheanchais is téacsanna litríochta eile. Dhíríos i réamhrá Chaibidil a Trí ar chur síos ar stair na Laoigheas bunaithe ar an léargas a gheibhimíd ós na bunfhoinsíbh is ós na tagairtíbh athá buailte fén geann-iontráil 'Laoighis' féinig. Leanann an chuid eile den gcaibideal an modh céanna insa tslí gur dheineag iarracht Laoighis agus na fodhreamanna gur bhain leis dh'aimsiú sa tírdhreach mar a thuigtear inniuimh é.

I gcás caibidil a ceathar, **Cás-staidéir ar Mhiontreabhchasaibh: Ladhg(h)mainn, Ladraighe, Liobha(r)traighe, Lu(i)dhr(a)ighe, Lu(i)sr(a)ighe**, do ráinig sé aríst go raibh roinnt ceann-iontrálacha do mhiontreabhchasaibh curtha i gcrích agam. Shocraíos mar sin ar roinnt **miontreabhchas** nú **aitheachthuath beag** nú **treabhchas beag** a scrúdú do chaibideal a ceathar, an caibideal deiridh. I measc na n-aitheachthuath so, thá Ladraighe, Lu(i)dhr(a)ighe, Liobhar(t)raighe, agus Lu(i)sr(a)ighe a thagann as cóipeannaibh éagsúla de Leagan a hAon de *Tairired na nDéssi* agus as na liostaí eile d'aitheachthuathaibh Éireann / d'Fhorshluinte Dhál bhFiachach Suidhghe. Roghnaíog na hainmneacha so óir, ar an gcéad dul síos, is é 'Ladraige' ar an ochtú ceann-iontráil a thugtar sa leagan digiteach den *OnomG* leis an gCorránach;[16] agus ar an tara dul síos, ruith sé liom go raibh roinnt logainmneacha eile dar tús 'L' luaite nuair a scrúdaíos na bunfhoinsí thuasluaite don logainm so—bhailíos na logainmneacha eile so in aon turas amháin mar sin. Thá an ainm Ladhg(h)mainn curtha leis an dtráchtas ar an gcuma gcéanna óir is é an seachtú

[16] Tugtar an ainm so fé bhun 'Lathraigi' san *OnomG* fhéinig.

ceann-iontráil ins an *OnomG* agus sa leagan digitech de araon. Léiríonn caibidil a trí is a ceathar roinnt mhaith fadhbanna i gcás treabhchas a mheas.

Ar an gcéad dul síos, thá an fhianaise ina luaitear na treabhainmneacha corraitheach, frith-ráiteach agus thá an iomarca lúbanna ar lár agus cur i gcéill inti. Cé go bhfuil an t-uafás tagairtí ann dos na Laoighsibh, mar shampla, is diocair dul i ngleic leis an bhfianaise seo. Caithfear na fodhreamanna a bhaineann leo a scarúint óna chéile agus rian na fírinne a bhaint den scéalaíocht is den gcur i gcéill. I dtaobh na bhfoinsí fhéinig, do bhí orm na hachainní a rangú agus a chur in iomaíocht lena chéile ionas go bhfuighinn tuiscint ar a ndeaghaigh scríobhaithe amú agus na hainmneacha á gcóipeáil acu. I gcás na dtreabhainmneacha beaga ansan, thá a mhalairt d'fhadhb leobhthasan toisc go bhfuil uireasa tagairtí ann dóibh. Ach thá na treabhainmneacha chomh doiléir lena chéile mar sin fhéinig, is cuma más treabhainm beag nú mór é.

Iontrálacha an fhoclóra a fhí leis an dtráchtas

Do bhí orm dhá chúram a chomhlíonadh le linn an tráchtais. Is é sin na ceann-iontrálacha a chruthú mar a bheid sa bhfoclóir féinig a fhoilseofar amach anso mar chuid de *HDGP*, ar a dtugtar an *front end*. Ina theannta san, bhí orm díríú ar an bplé féineach maidir le brí agus an *rationale* do shuíomh na n-iontrálacha athá molta, ar a dtugtar an tráchtaireacht nú an *back end* toisc ná bíonn an chuid so le feiscint ag léitheoiríbh an fhoclóra de ghnáth. Is é an *back end* an chuid den dtráchtas ina bhfuil an chuid is mó den scoláireacht.

Tháid na ceann-iontrálacha féinig scrite i mBéarla toisc gurb é sin teanga an fhoclóra. Is é athá ins an *front end* go beacht, mar a bhíonn i gceist leis an bhfoclóir de ghnáth, ná iontrálacha logainmneacha agus treabhainmneacha go bhfuil cnuasach tagairtí féna mbun atháid féinig leagaithe amach go croineolaíoch de réir téarmaí mar aon le brí na hainme i mBéarla agus tuairim mar a bhfuil an ainm san sa tírdhreach inniuimh. Thá an próiseas ina dtugtar fén obair so mínithe go mion agam thuas. Is bunchloch an tráchtais é an *front end* óir bunaítear na tuairimí maidir le suíomhannaibh na n-ainmneacha ar an gcnuasach targairtí a thagann fés na ceann-iontrálachaibh.

Córas tagartha

Do bhí orm dhá thráigh dh'fhreastal le linn an tráchtais so i dtaobh an chórais tagartha. Chuireag na gnáthnoda a bhíonn in *HDGP* i bhfeidhm i gcás an *front end*, ach ansan, do shocraíos ar chóras Harvard sa *back end*. Do chuireag córas Harvard agus noda *Locus* i dteannta a chéile sa *back end* i gcás na **bpríomhfhoinsí** ionas go mbeadh an léitheoir inniúil ar dhul i ngleic leis an *back end* agus an *front end* in aoinfheacht. Mar shampla, nuair a léann an léitheoir a leithéid do thagairt, (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 157), beidh sé in ann an téacs cuí dh'aimsiú i liosta na leabhar agus beidh sé in ann na tagairtí cuí dh'aimsiú sa *front end*.

Caibideal a hAon

Gnéithe Lonnaíochta dar tús ‘L’ ins na *Hardiman Legal Deeds*

Mar a dúrt, cíoradh agus iniúchadh is ea an caibideal so ar na logainmneachaibh dar tús ‘L’ ins an corpas cáipéisí ar a dtugtar na *Hardiman Legal Deeds*, .i. *Hardiman* [*TRIA* 15] as so amach (Hardiman et al., 1828, [*TRIA* 15] 3-96).[17] Do dhíríos ar an achainn so i ndiaidh do chomhghleacaí liom ceann-iontráil a chur chugham inar luag gníomhas as an gcorpas so; mar sin nuair a théarnas ar an mbunfhoinse aríst leis an dtagairt a chinntiú, ruith sé liom go raibh roinnt logainmeacha eile ann dar tús ‘L’, agus shocraíos iadsan a bhailiú in aon turas amháin. Ní chuireann Hogan bailiúchán *Hardiman* san áireamh mar fhoinse, agus mar sin, ní bhfaightear na hainmneacha san *OnomG* ach amháin má thugtar an ainm i bhfoinse eile, e.g. Leathbhaile Rosa Ruaidh, athá luaite fé Ros Ruadh san *OnomG* ((Hogan, 1910, s.n. Ros Ruadh) toisc go bhfaightear é in *AFM* (Ó Donnabháin, 1856, [v, 1564] 1600).

Mar a chítear anso, bíonn na hainmneacha athá aige Hogan curtha fé litreachaibh eile nach tús ‘L’ iad sa bhfoclóir, .i. tara heilimint na hainme de ghnáth, e.g. Ros Ruadh. Tháid na hainmneacha athá luaite ag Hogan curtha san áireamh agam thíos, mar sin fhéinig, óir bhí orm iad dh’iniúchadh pé scéal é lena chinntiú gurb amhlaidh iad agus mar athá aige Hogan. Thá roinnt logainmneacha eile ó bhailiúchán *Hardiman* iniata leis an bhfoclóir *HDGP* cheana féinig chón maith, ach níl na cinn so curtha san áireamh agamsa thíos, óir cuireann Tionscnamh *Locus* bailiúchán *Hardiman* san áireamh.

Chuimsíos an caibideal so amhlaidh óir nuair ba mhithid na hainmneacha a chur i riocht caibideal, thugas fé ndeara gur bhain roinnt logainmneacha le bailiúchán *Hardiman*, ar an gcéad dul síos, agus ar an tara dul síos, gnéithe Lonnaíochta nú rangú saorga an tírdhreacha is ea iad: **Gnéithe Lonnaíochta dar tús ‘L’ ins na**

[17] Thá Pádraig Ó Macháin ag déanamh eagarthóireachta ar an mbailiúchán gníomhais so i láthair na huaire: Late Medieval Legal Deeds in Irish | University College Cork (ucc.ie).

Hardiman Legal Deeds is ea teideal an chaibidil so dá réir sin. Is iad *Leathbhaile*, *Leathcheathramha*, *Lios* agus *Longphort* na hainmneacha a gheibhtear in *Hardiman* gur gnéithe lonnaíoachta agus rangú talún iad.

Is é athá insa corpas so ar a dtugtar na Hardiman Legal Deeds ná bailiúchán cáipéisí dlí—m.sh. deontais / gníomhais talún, éiricí, breithiúnais—ó Thuamhumhain a chuimsíonn contae an Chláir agus contae Luimní agus codanna d'oirthear Thiobraid Árann. Baineann na cáipéisí le haimsir cuíosach leathan (ibid. 5-6, 14): an ceann is aosta ina dtugtar dáta ná 1419 go dtí an ceann deireannach go bhfuil an dáta 1619 curtha leis, .i. sarar tháinig *An Act takeing away the Court of Wards and Liveries and Tenures in Capite and by Knights Service and Purveyance, and for setling a Revenue upon His Majesty in Lieu thereof* i bhfeidhm (ibid. 3):

> The abolition of the ancient tenures of Ireland, and the consequent deduction of title from the crown of England, during the sixteenth and seventeenth centuries, rendered deeds and writings in the Irish language, particularly those relating to landed property, in a great degree useless.

Ach is é adeir Hardiman féin (ibid., 5-6) ná gur bhain na cáipéisí nár chuireag dáta agus sínithe leo le tréimhse ní ba luaithe sara raibh sé de nós a léithéid a chur le cáipéisíbh:

> The most ancient are without dates or signatures, having been entered into before it became customary in these islands to affix either to written contracts. These belong to the 12th, 13th and 14th centuries.

Toisc na saghasanna cáipéisí athá ionta, .i. gníomhais srl., luaitear a lán logainmneacha, agus mar sin, foinse thábhachtach is ea an bailiúchán seo do logainmneachaibh an Chláir go háirithe le linn na Meánaoise Déanaí. Ina theannta san, de bharr go luaitear a lán logainmneacha eile, ana-chuid díobh a mhaireann fós mar logainmneacha inniuimh, i dteannta na logainmneacha athá fé chaibideal sa tráchtas so (.i. dar tús 'L'), tugtar comhthéacs saibhir dúinn chun na logainmneacha dar tús 'L' a mheas agus dh'aimsiú sa tírdhreach mar a thuigtear inniuimh é—go háirithe i gcás na samplaí ná tuigtear a thuilleadh, an Longphort thíos mar shampla . Mar sin, oireann réasúnaíocht ionduchtach nú *a posteriori* mar mhodh oibre. Is é sin

go ndeintear iarracht an comhthéacs téacs ina luaitear an ainm athá idir lámhaibh a mheas agus na logainmneacha eile a luaitear ina teannta dh'aimsiú nú a leagan amach ar léarscáil an lae inniuimh. Tuigfear ansan mar a shamhlaíonn an scríobhaí an tírdhreach agus an treo ina bhfuil sé ag góilt an tírdhreacha sin ina cheann.[18] Bunaithe ar an gcur chuige seo, is féidir suíomh oiriúnach teoiriciúil a thriantánú. Thá a leithéid de chur chuige le feiscint go soiléir mar shampla i gcás 'Leathcheathramha Chloinne Síoda', 'an Leathcheathramha Íochtarach' is 'Leathcheathramha Lisín na Buinne'.

Mar aon leis an gcur chuige ionduchtach seo, thugag aird ar roinnt príomhfhoinsí agus foinsí tánaisteacha eile de réir mar a ruith sé liom go raibh a leithéid d'fhoinsíbh ann. Do chuir suíomh idirlín iontach Leabharlann Chontae an Chláir ar an eolas mé mar gheall ar an gcuid is mó díobh. I measc na bpríomhfhoinsí, thá léarscáileanna *Petty 1685* (*HibDel***.**) a dheineag mar chuid den *Down's Survey* (*DNSurvey*) i ndiaidh theacht Chromail go hÉirinn;[19] *The Book of Forfeitures and Distributions* (Simington, 1967 [*BSD*], 595-602; Frost, 1893 [*HTCE*], 399-523);[20] agus *The Book of Survey and Distribution* (*BSD*) .i. liosta cuimsitheach de thiarnaíbh talún in Éirinn agus a raibh de thalúin acu do chuireag le chéile i dtreo dheireadh na seachtú haoise dhéag ar mhaithe leis an gcáin *Quit* a chur i bhfeidhm (Simington, 1967, v-vi). Chuireag léarscáileanna *Petty* agus na suirbhéanna eile a dheineag roimhe sin in aoinfheacht leis an *BSD* (ibid.). I dteannta na léarscáileanna le Petty, bhaineas feidhm as na *Grand Jury Maps 1787* le Pelham ar uairibh.[21]

Bhaineas feidhm leis as scoláireacht a bhaineann le contae an Chláir ina ndeintear anailís ar roinnt mhaith logainmneacha athá fé chaibideal anso agus ina dtugtar

[18] Bhaineas feidhm as roinnt mhaith léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis—tháid le fáil ar www.logainm.ie is https://maps.scoilnet.ie/ is agus roinnt léarscáileanna eile: *Discovery* is *Discovery Relief Shade* is na léarscáileanna *Cassini 6-inch* agus *Historic 6-inch* athá le fáil ar https://osi.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=bc56a1cf08844a2aa2609aa92e89497e

[19] Thá teacht ar na léarscáileannaibh so ar shuíomh Choláiste na Tríonóide: http://downsurvey.tcd.ie/down-survey-maps.php. Is é a bhí i gceist leis an suirbhé agus na léarscáileanna so ná iarracht aiges na Sasanaigh an talamh a léarscáiliú go críochnúil agus tuiscint dh'fháilt ar a raibh i seilbh ar thalúin in Éirinn ionas go bhfuighfidíst an talamh a ghóilt chuca féin agus é a dháileadh de réir a ndiongbhála, .i. i measc dóibh san do bhí dílis do Shasana le linn na n-éirithe amach sa tseachtú haois déag (Simington, 1967 [*BSD*], v).

[20] Thá cóip dhigiteach de le fáil ar shuíomh *Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann*: https://www.irishmanuscripts.ie/digital/surveydistributionv4/Books%20of%20Survey%20and%20Distribution%201636-1703%20Vol%20IV%20Co%20Clare.pdf.

[21] Thá léarscáil *Grand Jury Maps* le Pelham le fáil ar shuíomh *Leabharlann Chontae an Chláir*: https://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/maps/index.htm.

moltaí ina dtaobh chomh maith. Eagráin is ea cuid acu ar agus / nú aistriúcháin de roinnt príomhfhoinsí, .i. 'Medieval Irish Deeds of Thomand (1379-1600), from the Twigge Collection in the British Library' (McInerney, 2018 [*AH* 71], 175-243); *Conntae an Chláir: a Tríocha agus a Tuatha* (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*]); agus *The History and Topography of County Clare from the Earliest of Times to the Beginning of the 18th Century* (Frost, 1893 [*HTCE*]),[22] mar aon leis an bhfoinse thánaisteach amháin *From Chiefdom to State in Early Ireland* (Gibson, 2012, [*FCSEI*]). Thá a leithéid de chur chuige, .i. réasúnaíocht ionduchtach agus aird tugtha ar na príomhfhoinsíbh agus ar na foinsíbh tánaisteacha in aoinfheacht, le feiscint go soiléir i gcás, *inter alia*, 'Leathbhaile an Choim', 'Leathcheathramha an Ghuirt Fhinn' is 'Lios (m)Bearcháin'.

I dtaobh roinnt mhaith logainmneacha, do ráinigh sé go raibh argóint teoiriciúil curtha chun cinn cheana féin ar bhonn réasúnaíochta ionduchtaí, .i. an téacs a scrúdú do leideannaibh mar gheall ar shuíomh na hainme sin, sarar thánag ar na foinsíbh eile, léarscáileanna Petty *1685* is *The Book of Survey and Distribution* srl. Ach i ndiaidh dom dul i muinín na bhfoinsí seo ansan, dheimhníodar na conclúidí a bhí agam ar bhonn *a posteriori*, cuir i gcás 'Lios na hAbha' agus 'Longphort', rud a thug misneach dom i gcás na logainmneacha eile sa tráchtas ná fuil ach argóint ionduchtach agam dóibh.

Tugaimid aghaidh anois ar an bplé ar na hainmneacha fhéinig—.i. *Leathbhaile*, *Leathcheathramha*, *Lios* agus *Longphort*—ins an ord san thíos.

[22] Dhíríog ar na tras-scríbhinníbh a bhí ag Frost siochas ar argóintíbh Frost féinig maidir le logainmeachaibh an Chláir, athá lochtach go leor (Ó Cearbhaill, 2005, 59).

Leathbhaile

Brí

Ní féidir *leathbhaile* a thuiscint gan trácht ar an bhfocal *baile* féinig. Athraíonn míniú an fhocail súid le himeacht na haimsire gan amhras. Ba dh'é 'áit' an tuiscint a bhí aige *baile* le linn ré na Seana-Ghaoluinne agus níorbh eilimint logainmníoch é ach an oiread (*eDIL*, sn. baile). Ach ansan ó c. 1150 ar aghaidh d'úsáidtí *baile* le críoch dhreama a chur in úil i ndeontais talún mainistreacha (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Baile), ach níor úsáideag *baile* go forleathan mar eilimint logainmníoch in aon chor go dtí gur tháinig na Normannaigh. D'úsáidtí *baile* le linn na tréimhse seo le cur síos a dhéanamh ar chríochaibh a bhí fé smacht tiarnaí Normannacha ar dtúis, gnás a thug na Gaeil leo ansan de réir a chéile le dúthaigh a chur in úil. Agus ní ba dhéanaí fós, d'úsáidtí *baile* mar aistriúchán ar an bhfocal Seana-Bhéarla, *tún* / *towne*, .i. 'lonnaíocht uirbeach' (ibid.; Ó Donnabháin 1844 [*TCHyF*], 210). Mar sin, cuimsíonn an focal *baile* (agus *sensu lato leathbhaile*) réimse leathan tuisceana. Mar a mhínigh Toner (2004, 43) go slachtmhar:

> The various applications of the term *baile* appear bewildering, even contradictory, at times. It is a homestead and a farm; a village and a city; a house cluster and a ballybetagh. However, these apparently disparate entities share common features that are expressed in this single term. The defining characteristic of the *baile* is occupied space, whether by a habitation (farmstead, village, town, etc.) or by agricultural land (farm, townland, ballybetagh).

Rud a chuireann leis an gcastacht so ná go bhfaightear tuiscintí réigiúnacha ar *bhaile* agus ar *leathbhaile* chón maith. Cuir i gcás, is iomdha gurbh ionann *baile* agus *baile biataigh* in iarthar na tíre: m.sh. Baile Eille, Baile na Brághad, Baile na Cobhraidhe (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*], s.nn.). Ba iomdha leis a d'úsáidtí *baile* mar aonad tomhais talún i gConnachtaibh agus in áiteannaibh eile a chuimsigh ní ba mhó ná b.f. amháin; ach ní fios, ar an gcéad dul síos, arbh é gur mhéid áirithe talún a bhí i gceist? Nú an raibh *baile* ag tagairt do mhéid áirithe táirge as a bhféadfadh píosa talún fé leith a chur ar fáil? (Duffy, 2004, 29; McErlean, 1983). Nú ar phíosa talún fé leith é lena bhféadfaí méid áirithe beithíoch a chothú? (ibid; Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*]

s.nn. Baile, Baile Biataigh; Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 210).[23] Ní fios ach an oiread arbh ionann *baile* mar chóras céanna tomhais i ngach aon cheantar (ibid.). Ina theannta san, thá fadhb dhiacrónach agus shioncrónach ann maidir lenár measúnú den bhfianaise athá againn nú maidir le hiarrachtaíbh teorannacha logainmneacha a mheas, .i. athraíonn tuiscintí maidir le brí agus le teorannachaibh an fhocail *baile* le himeacht aimsire agus ó cheantar go ceantar. Mar sin, fiú dá mba rud é go maireann an logainm chéanna sa ló athá inniuimh ann is a gheibhtear i dtéacs meánaoiseach, ní hionann é sin is a rá gurb amhlaidh tuiscintí maidir le teorannachaibh na logainme sin inniuimh agus mar a bhíodh de thuiscintíbh insa tseanaimsir. Caithfear a bheith cáiréiseach i dtaobh na bhfadhbanna so i gcás bailiúchán *Hardiman* (1828, [*TRIA* 15]) féinig, toisc nach téacs amháin athá ann ach bailiúchán de cháipéisíbh dlí a bhaineann le réimse leathan aimsire ar fuaid Tuamhumhan.

Más aonad tomhais talún athá i gceist leis an bhfocal *leathbhaile* mar a luaitear é ins na tagairtíbh fhéinig, ní ceart an logainm i dteannta *leathbhaile* a chur fén gceannteideal sin insa bhfoclóir: m.sh. más ‘Leathbhaile Baile Cinn Mharga’ a scríobhtar ach aonad tomhais is ea *leathbhaile*, is cóir an logainm so a luagh fé *Baile* sa bhfoclóir sa chás so. Gan amhras, i dtaobh an fhocail *leathbhaile*, caithfidh gur aonad tomhais é de réir fhoirm an fhocail fhéinig, .i. ‘leath baile’. Ach ráinigh sé ó am go chéile gur chuaigh *leathbhaile* i bhfeidhm ar an logainm féin insa tslí gurb é *leathbhaile* príomheilimint na hainme mar a thuigtear inniuimh é, go háirithe in iarthar na tíre. Mar shampla, an ainm Ghallda ar Leathbhaile an Lagbhuaileadh ná ‘Levally’ i mbar. Tír Amhlaidh i gcontae Mhaigh Eo (Mac Gabhann, 2014, [*LME* viii] 825). Insa chás so, bíonn sé de ghnás ag an *HDGP* an tagairt a chur fé bhun an cheannteidil mar a thuigtear an logainm sa ló athá inniuimh ann. Mar sin, beidh an tagairt do Leathbhaile an Lagbhuaileadh, .i. Leathbhaile ‘Levally’, fé bhun *Leathbhaile* insa bhfoclóir.

I gcás na *leathbhailte* athá fé chaibideal anso ó *Hardiman* (Hardiman, 1828 [*TRIA* 15]), is léir gur aonad tomhais talún iad le leathchrích theaghlaigh—m.sh. L. Mhic Dhomhnaill Bháin is L. Creige Uí Chorradáin—nú le leathchrích eaglasta a chur in úil, m.sh. L. an Chlochair Íochtaraigh is L. an Chlochair Uachtaraigh. Rud a chuireann leis an argóint gur aonad tomhais é siochas eilimint logainmníoch is ea ná

[23] Cf. an cur síos ar bhrí *leathcheathramha* sa tráchtas so.

gheibhtear an eilimint *leath* in ainm Bhéarla nú Ghaoluinne na logainmneacha sa ló athá inniuimh ann. Ina theannta san, is suntasach an rud é gurb iomdha a bhíonn dhá bhaile fearainn ann ina bhfaightear príomheilimint na logainme athá cloíte le *leathbhaile* féinig go minic, .i. ar aon dul leis an mbaile fearainn féin a bheith roinnte ina dhá leath: m.sh. 'L. na Glaise', gheibhtear na blte f. an Ghlaise Mhór agus an Ghlaise Bheag; L. Creige Uí Chorradáin, gheibhtear Craggycorradan East agus West;[24] agus i gcás Leathbhaile Oirthearach Tamhnuighe, caithfidh go raibh cuid 'iartharach' de leis ar bhonn *a priori* agus nuair a fhéachtar ar léarscáil Petty de phar. Chluaine mar a bhfuil Tamhnach, tugtar Tamhnach Mhór (comhainm Tamhnach Oirthearach) agus Tamhnach Bheag (comhainm Tamhnach Iartharach). Ní eile a léiríonn gur aonad tomhais é *leathbhaile* i gcás *Hardiman* ná go dtugtar *baile* i dteannta *leathbhaile* ar uairibh: Leathbhaile Baile Cinn Mharga(idh), .i. Baile Cinn Mhargaidh 'Ballykinvarga'; Leathbhaile Baile na Leacan, .i. Baile na Leacan 'Ballynalackin', Leathbhaile Baile na hUamha, .i. Baile na hUamha(n) 'Ballynahown', agus mar a chífear anso gheibhtear *baile* féin siocaithe in ainmneachaibh Gallda chón maith. Mar sin, thá roinnt mhaith logainmneacha ó *Hardiman* (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15]) go bhfuil leathbhaile mar eilimint ionta cuimsithe ag an *HDGP* cheana féin, m.sh. na cinn go léir fé *B, Baile, Béal* srl. Níl na hainmneacha so curtha sa tráchtas thíos mar a dúrag óir tháid curtha san áireamh in *HDGP* cheana féinig.

Cé gur léir gur aonad tomhais é *leathbhaile* sna tagairtíbh in *Hardiman*, baineann an corpas deontais talún so le contae an Chláir don chuid is mó, mar a bhfaightear ar a laghad ceithre heiseamláir den eilimint *leathbhaile* siocaithe in ainmneachaibh blte f. an chontae sin sa ló athá inniuimh ann: .i. ceann i bpar. Chill Mhic Chreiche, ceann i bpar. Cill Chríost, agus dhá cheann i bpar. Chluain dá Ghad., .i. L. Thuaidh agus L. Theas. Mar sin, bhí orm na *leathbhailte* go léir in *Hardiman* a chíoradh agus dh'aimsiú lena chinntiú nár bhain na *leathbhailte* so leis na logainmneachaibh go bhfuil *leathbhaile* féin siocaithe ionta. Mar sin, cé ná beidh an chuid is mó dos na logainmneachaibh gur *leathbhaile* an chéad eilimint ionta sa tráchtas so fén gceannteideal sin insa bhfoclóir fhéinig, cuirimse leis an dtráchtas iad fós, m.sh. Leathbhaile Oirthearach Tamhnuighe, a bheidh fé *Tamhnach*; Leathbhaile Uachtar

[24] Níl an ainm Ghaoluinne deimhnithe ag www.logainm.ie go fóill ach is léir gurb é Creag Uí Chorradáin athá mar bhunús de.

Rois, a bheidh fé *Uachtar Rois*, Leathbhaile Leasa Coileáin, a bheidh fé Lios Coileáin srl.

Leathbhaile

Leathbhaile an Choim

Leathbhaile an Choim (*Half-ville. of the combe*) Unident. pln. in *Tuath an Ghleanna, nr *Droighneach Beag (tl. Aharinaghbeg) and *Cluain Uí Chonaire (tl. Cloonyconry), p. Killokennedy, b. Tulla Lr, CE. *Tiarnas Meic na Mara a tTuath an Gleana ... ar cheathrumha Droighnicc bhicc ... 14 huinge a Leathbhaile an Cuim ... ceathrumha Cluana ui Chonaire*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 26). Cf. AH 71, 207; BSD CE 55; CoC 26, 221.

Brí

'Com': .i. tírghné 'coomb, cirque, mountain recess' (*FGBD*. s.n. com / coim [2]); agus a shíolraíonn ón bhfocal Béarla *coomb*.

Suíomh

Gheibhtear Leathbhaile an Choim agus *Leathbhaile an Iarla Ruaidh i measc logainmneacha a bhaineann le Tuath an Ghleanna, .i. réigiún ar chomhréim le par. Chill Ó gCinnéide agus le cuid oirthearach phar. Chill tSíle inniuimh (McInerney, 2018, [*AH* 71] 206). Ní raibh Ó hÓgáin nú McInerney in ann suíomh na n-áiteanna so a dheimhniú (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC* 26] 221; McInerney, 2018, [*AH* 71] 206-7). Féachaimíst ar chomhthéacs na tagartha féachaint an bhfuil aon fhuascailt ann:

> Tiarnas Meic na Mara a tTuath an Gleana ... a Leathbhaile an Iarla Ruadh ... a mBaile Cuinn ... a mBaile Ui Maoldomhnaigh ... ar cheathrumha Droighnicc bhicc ... a Leathbhaile an Cuim ... a cceathrumha Cluana ui Chonaire ... a cceathramha Formaoile ... a cceathrumha Cluana Treagha ... a nArdsgiath ... a cceathrumha Cluana Gaoithinn (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 44-5 §15).

Is ait an tsraith ina gcuireann an t-údar síos ar na logainmneachaibh i dTuath an Ghleanna óir is cosúil go dtosnaíonn sé i ndeisceart an cheantair, ansan druideann sé ó thuaidh is tagann sé aduaidh go hobann sara gcasann sé ó thuaidh aríst. Mar adúrt, ní fios suíomh Leathbhaile an Iarla Ruaidh ach mar adeir Luke McInerney (2018, [*AH* 71] 206), gheibhtear b.f. Chnoic an Iarla mar logainm i ndeisceart phar. Dhroichead Uí Bhriain (iarphar. Chill Dalua) athá ar an dteorainn le par. Chill Ó gCinnéide agus láimh le b.f. Achaidh Roighnigh Bhig is Mhóir (féach ar *Ceathrumha Droighnicc Bhicc* thíos). De réir an *BSD CE* (Simington, 1967, 68), ba dh' é Iarla Tuadhmhumhan a bhí i seilbh ar an dtalúin mórthimpeall Achaidh Roighnigh Bhig leis. Ana-sheans mar sin go bhfuil Leathbhaile an Iarla lonnaithe gar de Chnoc an Iarla.



Fíor 1 Cnoc an Iarla, Achadh Roighneach Beag is Achadh Roighneach Mór: https://www.logainm.ie/ga/7429

Más ea, is léir go ndruideann an t-údar ó thuaidh ansin i ndiaidh dhó *Baile Cuinn* a laugh,.i. Baile Choinn (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Baile Cuinn). Féach ar léarscáil Petty thíos agus an t-ord ina luann an t-údar na hainmneacha:

1. Baile Cuinn, .i. Ballyquin
2. Baile Uí Mhaol Domhnaigh. .i. Bemulloune (ibid., s.n. Baile Uí Mhaol Domhnaigh; www.logainm.ie, sn. Baile Uí Mhaolomhnaigh).



Fíor 2 Léarscáil Petty ar leibhéal an chontae, par. Chill tSíle is par. Chill Ó gCinnéide: http://downsurvey.tcd.ie/down-survey-maps.php#c=Clare

Ansin tagann sé aduaidh aríst i dtreo:

3. Droighneach Beag, .i. Arrinaghbeg, .i. Achadh an Roighnigh Bhig (ibid, s.n. Droighneach Beag)
4. Leathbhaile an Choim, athá idir lámhaibh againne.

Ansin bogann sé ó thuaidh aríst:

5. Cluain Uí Chonaire Mhóir, .i. Cloneconremore (ibid., s.n. Cluain Uí Chonaire)

Agus aduaidh go

6. Formaoil, .i. Formoyle, athá láimh le Baile Choinn is Baile Uí Mhaol Domhnaigh.

Ansin imíonn sé ó phar. Chill Ó gCinnéide agus bogann sé aduaidh aríst isteach i bpar. Chill tSíle:


7. Cluan Treagh, .i. Cloontra, (ibid., s.n. Cluain Treagh);

Sara dtugann sé aghaidh ó thuaidh isteach i bpar. Chill tSíle fé dhein:

8. Ardsciath, .i. Arskeagh, (ibid., s.n. Airdsciath), .i. Ard Sceach, agus
9. Cluain Gaoithín, .i. Clongehin, (ibid., s.n. Cluain Gaoithín)

Thá an cur i láthair so go ró-fhánach chun pátrún deimhin a tharraingt as agus gheibhtear an eilimint ‘com’ mar logainm i gCom Breac athá ar an dtaobh ó thuaidh de Shliabh Ghleann na gCailleach ar an dteorainn idir phar. Chill Ó gCinnéide agus

phar. Dhroichid Uí Bhriain; ach mar sin fhéinig, is léir ón léarscáil thuas is thíos go bhfuil folús ainmneacha tugtha don limistéar idir *Ceathramha Droighnicc Bhicc*, .i.



Fíor 3 Léarscáil OSi Discovery, par. Chill tSíle agus par. Chill Ó gCinnéide: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Achadh Roighneach Beag, agus *Ceathramha Cluana Uí Chonaire* / *Baile Cuinn*, agus tagann an folús so leis an ord ina luaitear na logainmneacha féinig sa tagairt. Má fhillimíd ar bhrí *com* arís..i. 'Coomb, cirque, mountain recess', tugtar le fios go mbaineann an logainm so le sleibhte nú talamh ard laistigh den gcearnóig thuas.

Leathbhaile Creige Uí Chorradáin

Leathbhaile Creige Uí Chorradáin [Creag Uí Chorradáin] (*Hv. of Uí Chorr(adh)áin's rock / outcrop*) Tls Craggycorradan E. / W. in *Glao, p. Killilagh, b. Corcomroe, CE. *Ag so suim Ciosa I Briain a nGlae ... .x. .p. acus da marg .x. ... ar Letbaile Craicci I Corrain ... a Craicc I Corradain*, TRIA 15, 38 §14 (= CoC 94). Cf. CoC 94, 190.

Brí

Creag: .i. ‘rock, crag’ (*eDil*, s.n. crec); ‘1. Crag; rocky eminence, rock. 2. Stony, barren, ground. 3. Rocky shore’ (*FGBD*, s.n. creag / creig).

Suíomh

Maireann an logainm so mar ainm bh.f. i bpar. Chill Aidhleach i mbar. Chorca Mrua sa ló athá inniuimh ann (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 94, 190). Bheinnse ar aon tuairim le Seán Ó hÓgáin (1938, [*CoC*] 190) gur comhainmneacha iad *Letbaile Craicci I Corrain* is *Craicc I Corradain*.

Leathbhaile an Iarla Ruaidh

Leathbhaile an Iarla Ruaidh (*Hv. of the red-haired earl*) Unident. pln. in *Tuath an Ghleanna, in. p. Killokenny, b. Tulla Lr, CE; perh. in or nr tl. Earlhill, p. O’Briensbridge. *Tiarnas Meic na Mara a tTuath an Gleana .i. 14 huinge a Leathbhaile an Iarla Ruadh,* TRIA 15, 44 §15 (= CoC 26: *Ruaidh*). Cf. AH 71, 206.

Brí

Iarla: .i. ‘earl ... somet. in a general sense, a ruler, a lord’ (*eDIL*, sn. iarla), ‘earl’ (*FGBD,* sn. iarla). Ruadh: .i. ‘(a) lit. red, of a brownish or dark red ... Freq. as sobriquet = red-haired ... (b) fig. in poetry and rhetorical style, strong, mighty, formidable’ (eDIL, sn. ruad), ‘1. Red-haired person. 2. Reddish-brown, russet, colour’ (*FGBD*, sn. Rua 1 / 2), ‘3. Wild, fierce; rough, strong’ (FGBD, sn. Rua 2).

Suíomh

Féach ar a bhfuil fé *Leathbaile an Choim.

Leathbhaile na gCuil(l)eannach

Leathbhaile na gCuil(l)eannach (*Hv. of the places abounding in holly*) In *Corca Mrua; tl. Cullenagh, p. Clooney, b. Corcomroe, CE. *Ag so suim cissa I Briain a Corcambruadh ... .vi. marg .xx. acus ein .p. .x. ... ar letbhaile na Cuillinnach*, TRIA 15, 37-8 §14 (= CoC 94). Cf. CoC 93-4, 221.

Brí

Cuil(l)eannach: ó ‘cuileann’, .i. holly (*eDIL*, s.n. cuilenn; *FGBD*, s.n. cuileann) nú ‘cuilleann’: mar adeirtear in HDGP (Ó Riain et al, 2003-. sn. Cuil(l)eann): ‘attested both as a masculine (cuileann) and feminine (cuilleann) noun, and in origin the feminine form may derive from cuileann + -en (with syncope). The first would translate as ‘holly’ and the second as ‘place abounding in holly’. These forms are now completely intertwined’. Féach mar athá ag Toner (1996) 94-101.

Suíomh

Soiléir. Féach ar a bhfuil fé *Longphort, an.

Leathbhaile na Glaise

Leathbhaile na Glaise (*Hv. of the stream*) Tls Glasha More / Beg, p. Killilagh, b. Corcomroe, CE. *Ag so suim Ciosa I Briain a nGlae ... .x. .p. acus da marg .x. ... ar Letbaile na Glaise*, TRIA 15, 38 §14 (= CoC 94). Cf. CoC 93-4, 221.

Brí

Gla(i)s(e): .i. ‘stream(let)’, rivulet’ (*eDIL*, sn. glais / glaise / glas; FGBD, sn. glas / glaise).

Suíomh

Baineann Leathbhaile na Glaise leis an gceantar ‘Glao’, .i. par. Chill Aidhleach i mbar. Chorca Mrua (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 215). Agus gheibhtear an Ghlaise Mhór is Bheag mar logainmneacha ann (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 96, 221).

Leathbhaile (Oirthearach) Tamhnaighe / Tamhnach Bheag


Tamhnach (*Arable land*) Tl. Toonagh, p. Clooney, b. Bunratty Upr, CE. **E. part / Terr. of:** *Ag so do shuim Tiagharnais Meic na Mara ... ar a Tuath Mor ... Ceithre huinge deag a leathbhaile oirthearach Tamhnuighe do chíos baintiarnain(,) a n[-]eaghmais*, TRIA 15, 43-44 §15 (= CoC 43). **W. part / Terr. of:** *Acus ta fos biadh aige a bFearainn saora na Tuaithe sin: 14 huinge ag Mac Conmara a cCeathrumha Tamhnuighe bige*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 44). Cf. AH 71, 203; CoC 250; Petty's 1685 Down Survey Map.

Brí

Tamhnach: .i. 'a green place, clearing' (*eDIL*, sn. tamnach), 'grassy upland; arable place in mountain' (*FGBD*, sn. tamhnach).

Suíomh

Soiléir. Luaitear *ceatrumha an Dura* [*Dara*] agus *Baile Uí Reubhacain* i dteannta na logainme so (Hardiman, 1828 [*TRIA* 15], 44). Is ionann Baile Uí Reabhacháin agus blte f. ‘Ballyroughan N./S. , p. Quin, b. Bunratty Upr, CE’ (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Baile Uí Reabhacháin [2]) athá ar an dtaobh ó dheas de Loch Coileáin Uí Shíoda. Caithfidh mar sin gurb é b.f. Darú—par. na Tulaí i mbar na Tulaí Uachtaraí—léiriú an lae inniuimh ar c*eathrumha an Dura* athá ar an dtaobh ó thuaidh den loich gcéanna. Thá an Darú so lonnaithe ana-ghar do bh.f. ar a dtugtar Tamhnach athá i bpar. Chluaine i mbar. Bhun Raite Uachtarach. Caithfidh gur léiriú é an Tamhnach so ar Leathbhaile Oirthearach Tamhnaighe. Anois agus suíomh oiriúnach againn, .i. par. Chluaine i mbar. Bhun Raite Uachtarach, tugaimíst aghaidh ar léarscáil Petty ar leibhéal na barúntachta mar a bhfuil par. Chluaine, áit ina bhfaightear ‘Tawnaghmore’ agus ‘Tawnaghbegg’ (*fíor* 4). Insa tsliocht chéanna de *Hardiman* (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 44), luaitear an Tamhnach Bheag, .i. an chuid eile den limistéar so: ‘14 huinge ag Mac Conmara a cCeathrumha Tamhnuighe bige’. Is féidir a bheith deimhin de mar sin gurb ionann Leathbhaile Oirthearach Tamhnaighe agus an Tamhnach Mhór, agus is amhlaidh Ceathramha Tamhnaighe Bige agus an Tamhnach Bheag, .i. an chuid iartharach den



Fíor 4 Léarscáil Petty ar leibhéal na Barúntachta, Tawnaghmore agus Tawnaghbegg: http://downsurvey.tcd.ie/down-survey-maps.php#bm=Bunratty&c=Clare



Fíor 5 Léarscáil OSi: Tamhnach agus Loch Uí Shíoda: https://www.logainm.ie/ga/7818

limistéar, agus is í an logainm Tamhnach i bpar. Chluaine, léiriú an lae inniuimh ar na hainmneachaibh in *Hardiman* (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15]).

Leathbhaile an Rosa Ruaidh

Leathbhaile an Rosa Ruaidh

> **Ros Ruadh, an** (*The red wooded-promontory*) Tl. Rosroe, p. Kilmurry, b. Bunratty Lr, CE. **Genealogies of:** *Gionalach Mic Conmhara Riabhaigh …[Fear an Ro]sa Ruadh [7 na le]athcheathramhan,* CoC 140. **Terr. of:** *Ag so do shuim Tiagharnais Meic na Mara ... ar a Tuath Mor ... 14 huinge a Leathbhaile an Rosa Ruadh*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 44). Cf. AH 71, 204; BSD CE 87; CoC 245.

Brí

Ros: .i. ‘(a) a wood , freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river; common in place-names, either alone or folld. by a gen. ... (b) by extension, wood, timber’ (*eDIL*, sn. ros); ‘(a) Wood. (b) Wooded headland. 2. Headland, promontory’ (*FGBD*, sn. ros). Ardaíonn an talamh rud beag mar a bhfuil Ros Rua athá os comhair Locha.

Suíomh

Soiléir. Luaitear L. an Rosa Ruaidh i measc logainmneacha a bhaineann leis an *Tuath Mhór*, agus is léir ós na logainmneachaibh eile i dteannta na logainme cuí gur chuimsigh an *Tuath Mhór* par. na Tulaí i mbar. na Tulaí Uachtaraí; par. Chill Mhuire i mbar. Bhun Raite Íochtarach; agus cuid d’oirthear phar. Inse Chrónáin, is cuid mhaith d’oirthear phar. Chluaine is cuid mhaith d’oirthear phar. Chuinche i mbar. Bhun Raite Uachtarach (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 258). Gheibhtear b.f. i bpar. Chill Mhuire ar a dtugtar Ros Rua(dh). Gheobhamíst a bheith sách cinnte gurb í seo an

ainm chéanna mar a mholann Luke McInerney (2018, [*AH* 71] 204) agus Seán Ó hÓgáin (1938, [*CoC*] 245).

Leathbhaile Sleachta Donnchaidh Mic Íosóg

Leathbhaile Sleachta Donnchaidh Mhic Íosóg (*Hv. of the progeny of Donnchadh Mac Íosóg*) In p. Kilseily, b. Tulla Lr, CE; perh. located S. of Doon Lough, in or nr *Leathcheathramha Chloinne Íosóg. *Ag so tiarnas Meic na Mara san bhliaghain ar Tuath O bhFloinn ... 14 huinge a leathbhaile Sleachta Donncha Meic Iosoig*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 23: *Iosóg*). Cf. AH 71, 206; CoC 221.

Brí

Sliocht: .i. ‘progeny’ (*eDIL*, sn. slicht (d); *FGBD*, sn. sliocht 2).

Suíomh

Ní fios go beacht, ach luaitear L. Sleachta Donnchaidh Mic Íosóg i dteannta Leathcheathramhna Clainne Síoda agus Leathcheathramhna Madhma Talún, .i. b.f. díreach ó thuaidh de Loch an Dúin, agus tugtar Leathcheathramhna Clainne Íosóg, .i. dúthaigh a chuimsigh na blte f.: an Chuailleach is Baile na gCliach, agus Droma Saileach Parker is Droma Saileach Merritt féinig níba dhéanaí insa tsliocht chéanna in *Hardiman* (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 44). Luíonn sé le céill mar sin go raibh Leathbhaile Sleachta Donnchaidh Mic Íosóg gar dos na duthaíbh iarluaite san go léir, .i. láimh le nú laistigh de Leathcheathramhna Clainne Íosóg féinig agus ar an dtaobh ó dheas de Loch an Dúin.

Leathbhaile Tíre Ua nAodha

Leathbhaile Tíre Ua nAodha

Tír Ua / Ó nAodha(*Terr. of Uí hAodha*) Tl. Teeronea, p. Clonlea, b. Tulla Lr, CE. *Ag so tiarnas Meic na Mara san bhliaghain ar Tuath O bhFloinn ... 14 huinge a Leathbhaile Tíre Ó nAodha, a n[-]eaghmais amantuir Tiarna arda uile*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 24). Cf. AH 71, 206; CoC 252.

Brí

Tír: .i. 'territory' (*eDIL*, sn. tír; *FGBD*, sn. tír).

Suíomh

Maireann an logainm seo inniuimh insa mb.f. ar a dtugtar Tír Ó nAodha i bpar. Chluana Lao i mbar. na Tulaí Íochtaraí, díreach ar an dtaobh ó dheas de Loch Coileáin Uí Shíoda (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 24, 252; McInerney, 2018, [*AH* 71] 206).

Leathbhaile Uachtar Rois

Leathbhaile Uachtar Rois

Uachtar Rois (*Upper wood*) Tl. Iragh (alias Oughterrush S.) and tl. Silvergrove (alias Derryarigid / Oughterrush N.), p. Killuran, b. Tulla Lr, CE. *Tiarnas Meic na Mara a tTuath Ó Rongaile ... 14 huinge a Leathbhaile Uachtair Rois*, TRIA 15, 45 §15 (= CoC 25). Cf. BSD CE 71-2; CoC 221; www.logainm.ie: 'Iragh', 'Silvergrove'.

Brí

Uachtar: ‘upper’ (*eDIL*, sn. uachtar; *FGBD*, sn. uachtar). Ros (*supra*).

Suíomh

Ní mhaireann an logainm Uachtar Rois inniuimh ach léirítear insan *BSD CE* (Simington, 1967, 71-72) go raibh dhá dhúthaigh i bpar. Chill Iúráin i mbar. na Tulaí Íochtaraí leis an ainm sin: .i. ‘Oughterush’ (ibid., 71), féna luaitear an ainm ‘Derryargelt’, agus ‘Oughterush als Knockoughterush’ (ibid., 72), féna luaitear an ainm ‘Iragh’ fé dhó. Galldú is ea na foirmeacha ‘Derryargelt’—‘Silvergrove’ mar a thugtar inniuimh air—agus ‘Iragh’ de Doire Airgid agus Oighreach, dhá bh.f. láimh lena chéile idir Bridget Lough (Loch B[h]ríde?) agus Loch an Dúin i bpar. Chill Iúráin. Gheobhaimíst a bheith lándeimhin de mar sin gurb amhlaidh L. Bhaile Uachtar Rois féinig agus ceann des na blte f. so, mar a mhol Ó hÓgáin (1967, [*CoC*] 25, 221).

Leathbhaile Rosa Carrthaighe

Leathbhaile Rosa Car(r)thaighe

> **Ros Car(r)thaighe** (*Car(r)thach’s woodland*) Tl. Cragaunkeel (alias Roskary / Roscarthy) and part tl. Cragroe in p. / b. Tulla, CE. *Ag so do shuim Tiagharnais Meic na Mara ... ar a Tuath Mor ... 14 huinge ’san bhliaghain d’fhiacha Tiarna a Leathbhaile Rosa Carthuighe*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 44). Cf. AH 71, 204; CoC 244. See Leathcheathramha Uí Bhloid(h).

Brí

Is dócha gurb í an ainm Car(r)thach athá mar bhunús don logainm so. Ach bheinn ag tnúth le ‘Car(r)thaigh’ mar fhoirm ghinidigh. B’fhéidir gur dheineag an foirceann *-aigh* a dhíghlórú mar *-í*, .i. /i:/.

Suíomh

Molann Luke McInerney (2018, [*AH* 71] 204) gurb ionann an logainm so agus Creagán Coill i bpar. na Tulaí i mbar. na Tulaí Uachtaraí. Thá an paróiste so oiriúnach bunaithe ar an gcomhthéacs ina luaitear an logainm so in *Hardiman* (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15]) gan amhras agus adeir McInerney 'Now Craggaunkeel in Tulla, "alias Roscarhy" in a deed of 1770'; ach ní luann sé an gníomhas go beacht. I gcás an *BSD CE* (Simington, 1967, 27), tugtar an dúthaigh 'Roscary' i bpar. na Tulaí. Is léir gurb ionann an logainm so agus Ros Car(r)thaighe fhéinig; gheobhaimíst talamh slán a dhéanamh de mar sin go bhfuil sé sa phar. seo. Ach má leagaimíd na logainmneacha eile a luaitear i dteannta 'Roscary' ón *BSD CE* ar léarscáil, is féidir linn críocha an limistéir a mheas níosa chruinne fós (*Fíor* 6): 'Cragroe [an Chraig Rua] 1/3 q^{r} of Roskara ... Drumsarlagh [?] 1/3 q^{r} of Roskara ... Thome [.i. Tuaim] ... Roskary ... Roslaragh [.i. Ros Láithrigh] ... Fartanmoore [.i. Fearán Mór]' (ibid., 26-7). Bunaithe ar an léarscáil so, gheobhaimíst a bheith sách cinnte go bhfuil an ceart ar fad aige McInerney, .i. bhí Ros Cárthaighe mar a bhfuil Creagán Coill inniuimh, ach b'fhéidir gur chuimsigh Ros Cárthaighe féin codanna de bh. f. na Craige Rua agus 'Drumsarlagh' (logainm ná maireann inniuimh).[25] Sin más ionann 'Roskara' agus 'Roscary': 'Cragroe 1/3 q^{r} of Roskara ... Drumsarlagh [?] 1/3 q^{r} of Roskara'. Agus adéarfainn féin gurb amhlaidh iad toisc ná luaitear 'Roskara' mar dhúthaigh go neamhspleách i measc na ndúthaí eile do phar. na Tulaí san *BSD CE*.



Fíor 6: logainmneacha céanna an lae inniuimh is a gheibhtear i liosta dúthaí an BSD CE do Thullaigh, contae an Chláir: https://www.logainm.ie/en/8022

[25] Gheibhtear na hainmneacha 'Rosscaree' (cf. Roskary / Roscara thuas) agus 'Dinnsarlagh' (cf. Drumsarlagh) i bpar. na Tullaí de réir *Tithe Applotment Books* (1826) (The Tithe Applotment Books, 1823-37 (nationalarchives.ie).

Leathcheathramha

Brí

Comhfhocal is ea ‘leath’, .i. *half* (*eDIL*, sn. leth; *FGBD*, sn. leath), agus ‘Ceathramha’, .i. *quarter* (*eDIL*, sn. cethrama; *FGBD*, sn. ceathrú). Do bhraith fairsinge na *Ceathramhan* ar thorthúlacht na talún agus ar mhéid a táirgthe siochas ar méid talún fé leith (Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.n. Ceathramha; Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 204). Ach i gcás na dtagairtí in *TRIA* 15 (Hardiman, 1828, 44 §15), thá sé suimiúil go dtagann méid na *leathceathramhan* a luaitear le méid na mblte f. ina bhfaightear cuid d’eilimintí logainme na *Leathcheathramhan* siocaithe ionta. Mar shampla, is ionann na ‘**ttri** Leathceatrumhnaibh Inis Snáite’ agus na **trí** blte f. Inis Snáite (Wilson / Massy / Cooper). Agus thá an *leathcheathramha* aonrach ‘Leatcearama Gorta Congalaigh’ ag teacht leis an mb.f. amháin ina bhfaightear an eilimint Congálach, .i. Gort na gConaíolach. I gcás na ‘**ttr[i]** Leath Ceathrumhnaibh Cloinne Iosóg’, tugtar ainmneacha na d**trí** Leathcheathrúna fiú, .i. blte f. ‘Cuaillech acus Baile na nGlias acus Druimsoithle’. Má fhéachtar ar na blte f. so ar léarscáil (*fíor* 27), tuigim nach amhlaidh an scála ionta, ach mar sin fhéinig chífear go bhfuil Druim Soithleach (dhá bh. f. anso inniuimh) agus Baile na nGlias ar aon réimse nach mór, ach thá an Chuailleach beag a dhaothaint. Tagann a leithéid leis an dtuiscint gur bhraith réimse na ceathrún ar thorthúlacht na talún féinig. Thá an Chuailleach, mar a chífear, suite ar an dtalúin mhín mar a bhfuil Áth Leathan, ach níl ins na blte f. eile ach talamh cnocúil seasc.

Leathcheathramha

Leathcheathramha an Chnoic (1)


Leathcheathramha an Chnoic (1) (*Halfquarter. of the hill*) In or nr *Baile Uí Shlatra (tl. Ballyslattery, or Newgrove), p. Tulla, b. Tulla Upr, CE. *Ag so cairt ... ata idir Domhnall Mac Seadhain Mac Mec Con agus Domhnall Mac Lochlainn I Slatrad agus Domhnall O Slatra, ar tabhairt gill do Domhnall Meic Seadain agus da dhearbhraithreachaibh air chuid Domhnaill Meic Seadain de Baile I Slatra; acus isi a cuid .i. Trí cuid de ledhceadhramhain an Riasga mhoir eidir dha chuid de Leadcedhramhain a Cnoic*, TRIA 15, 53 §19 (= TRIA 15, 18 §3: **Alt. form:** *ceatramuin an Cnoc*).

Brí

Cnoc: .i. 'hill' (*eDIL*, sn. cnoc; *FGBD*, sn. hill).

Suíomh

Ní fios an áit ina bhfuil L. an Chnoic nú *Leathcheathramha an Riasca Mhóir go beacht ach is léir go bhfuilid lonnaithe gar do nú mar chuid de Bhaile Uí Shlatra i bpar. na Tulaí i mbar. na Tulaí Uachtaraí i gcontae an Chláir (Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.n. Baile Uí Shlatra), óir ní hamháin go luaitear muintir Uí Shlatra sa



Fíor 7: Suíomh Bhaile Uí Shlatara i mbar. na Tulaí Uachtaraí: https://www.logainm.ie/ga/7956

tagairt ach luaitear go bhfuil na leathcheathrúna so mar chuid de *bhaile*, .i. díméin, Uí Shlatra féin (ibid. s.nn. Baile Uí / Ua): ‘ar tabhairt gill do Domhnall Meic Seadain ... air chuid Domhnaill Meic Seadain de Baile I Slatra; acus isi a cuid .i. Trí cuid de ledhceadhramhain an Riasga mhoir eidir dha chuid de Leadcedhramhain a Cnoic’ (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 53 §19).

Leathcheathramha an Chnoic (2)

Leathcheathramha an Chnoic (2) (*Hq. of the hill*) Site in or nr tl. Carnmallow, p. Quin, b. Bunratty Upr, CE. *Ag so suim acus méid an gill do chuir Murcha Mac Doncha Mic Gluin ar letcetramuin an Lesa do Carnmela do Donncha Mic Concubair I Briain ... do cuir Mathghamuin Mac Lochlainn, acus Tadhg Mac Lochlain in letcetramuin an lesa agus an Cnuic ina ferainn eile sin a dubramar romuinn an gell*, TRIA 15, 56 §21. See Leathcheathramha an Leasa.

Brí

Cnoc (*Supra*).

Suíomh

Soiléir. Féach ar a bhfuil fé *Leathcheathramha an Leasa.

Leathcheathramha an Gharráin

Leathcheathramha an Gharráin (*Hq. of the grove*) Tl. Garraun, p. Kilfearagh, b. Moyarta, CE. *Ag so suim cissa I Briain o thraig siar a Corca*


.B[haiscinn] Iartaruig ... marg ... a ledcedramuin in Garrain, TRIA 15, 37 §14. Cf. CoC 75, 149. See Corca Bhaiscinn, Trá Thiar.

Brí

Garrán: .i. ‘grove’ (*eDIL*, sn. garrán; *FGBD*, sn. garrán).

Suíomh

Léirítear sa tagairt fhéinig go bhfuil L. an Gharráin i dTríocha Céad Baiscinn Oirthearaí (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 75, 149-50; Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.n. Corca Baiscinn; MacCotter, 2008, 196), .i. limistéar ar chomhéid nach mór le bar. Mhaigh Fhearta i gcontae an Chláir. Agus gheibhtear ‘Garrán’ mar logainm ar bh. f. ar an dteorainn idir an bhar. so agus bar. Uí Bhreacáin. Gheobhaimíst mar sin a bheith sách cinnte gurb ionann an Garrán so agus L. an Gharráin.




Fíor 8: an Garrán i mbar. Mhaigh Fhearta: https://www.logainm.ie/ga/7103

Leathcheathramha an Ghoirt Fhinn

Leathcheathramha an Ghoirt Fhinn (*Hq. of the bright field*) Obs. pln. ‘Gurtfin(e)’, subdivision of tls Rahlaheen S./N. in *Tuaim Fhionnloch(a) [p. Tomfinlough], b. Bunratty Lr, CE. *Biodh a fhis ag gach en duine eisdfeas an sgribhinse go dugasa, Concobar O Briain, .i. Iarla Tuadmhumhan, leatceatrama an Guirt Finn a Tuaimfionnloch do Macnamara .i. Seaan Meic na Mara*, TRIA 15, 69 §27. Cf. HTCE 193, 419.

Brí

Gort: .i. (a) a field [of arable or pasture land] (*eDIL*, sn. gort); ‘1. Field. (a) (Of cultivated field)’ (*FGBD*, sn. gort).



Fíor 9: Ráth Fhlaithín Thuaidh agus Theas i bpar. Thuaim Fhionnlacha: https://www.logainm.ie/ga/6515

Suíomh

Deirtear sa tagairt féineach go bhfuil L. an Ghoirt Fhinn lonnaithe i ‘Tuaimfionnloch’, .i. par. Thuaim Fhionnlocha i mbar. Bhun Raite Íochtarach i gcontae an Chláir. Ní mhaireann L. an Ghoirt Fhinn inniuimh ach tugtar ‘Gurtine’ mar logainm in *The Book of Forfeitures and Distributions* a bhí mar chuid de Ráth Fhlaithín (Frost, 1893, [*HTCE*] 419), .i. b.f. Rátha Flaithín Thuaidh is Theas i bpar. Thuaim Fhionnlocha. Is é adúirt James Frost ina thaobh ná ’the following deed … relates to lands belonging to this parish [.i. ‘Tomfinlough’]. They form a subdenomination of the townland of Rahlahen … the halfquarter of Gurtfinn’ (Frost, 1893, [*HTCE*] 193). Mar sin, gheobhaimíst a bheith sách cinnte gurb ionann an ‘Gurtine’ so agus L. an Ghoirt Fhinn athá idir lámhaibh againne. Gheibhtear ‘Gort Fin’ eile ar an Grand Jury Map de Chontae an Chláir ach ní dóigh liom gurb ionann iad óir thá an ‘Gort Fin’ so lonnaithe níosa shia ó dheas i bpar. Chill Fhiontanáin—athá láimh le par. Thuaim Fhionnlocha—idir blte f. Bhaile an tSléibhe Theas is Thuaidh agus b.f. Bhaile Mhuiris. Galldaítear an ‘Gort Fin’ mar ‘Gurtfinne’ in *The Book of Forfeitures and Distributions* (Frost, 1893, [*HTCE*] 409).




Fíor 10: Léarscáil Petty ar leibhéal an chontae, Gort Fin: https://downsurvey.tchpc.tcd.ie/down-survey-maps.php#c=Clare

Leathcheathramha an Leasa

Leathcheathramha an Leasa (*Hq. of the enclosed settlement*) Site in or nr tl. Carnmallow, p. Quin, b. Bunratty Upr, CE. *Ag so suim acus méid an gill do chuir Murcha Mac Doncha Mic Gluin ar letcetramuin an Lesa do Carnmela do Donncha Mic Concubair I Briain ... do cuir Mathghamuin Mac Lochlainn, acus Tadhg Mac Lochlain in letcetramuin an lesa agus an Cnuic ina ferainn eile sin a dubramar romuinn an gell*, TRIA 15, 56 §21. See Leathcheathramha an Chnoic (2).

Brí

Lios (féach ar an bplé thíos ar lios mar logainm).



Fíor 11: Léarscáil OSi Discovery, b.f. Charn Meala i bpar. Chuinche: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Suíomh

Níl an suíomh beacht soiléir ach deirtear go bhfuil L. an Leasa agus an Chnoic so i gCarn Meala, .i. b.f. Charn Meala i bpar. Chuinche i mbar. Bhun Raite Uachtarach i gcontae an Chláir (Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.n. Carn Meala).

Leathcheathramha an Riasca Mhóir

Leathcheathramha an Riasca Mhóir (*Hq. of the large marsh*) In or nr *Baile Uí Shlatra (Ballyslattery, or Newgrove), p. Tulla, b. Tulla Upr, CE. *Ag so cairt ... ata idir Domhnall Mac Seadhain Mac Mec Con agus Domhnall Mac Lochlainn I Slatrad agus Domhnall O Slatra, ar tabhairt gill do*

Domhnall Meic Seadain agus da dhearbhraithreachaibh air chuid Domhnaill Meic Seadain de Baile I Slatra; acus isi a cuid .i. Trí cuid de ledhceadhramhain an Riasga mhoir eidir dha chuid de Leadcedhramhain a Cnoic, TRIA 15, 53 §19 (= TRIA 15, 18 §3: **corrupt form:** *Leadceatramuin an Reigatmoir*).

Brí

Riasc: .i. 'A fen or piece of marshy ground'(*eDIL*, ríasc); 'marsh; bogland, moor' (*FGBD,* sn. riasc).

Suíomh

Féach ar a bhfuil fé *Leathcheathramha an Chnoic (1).

Leathcheathramha Chlainne Síoda

Leathcheathramha Chlainne Síoda (*Hq. of Clann Síoda*) In b. Tulla Lr, CE; prob. on the border of pp. Clonlea and Kilseily. *Ag so tiarnas Meic na Mara san bhliaghain ar Tuath O bhFloinn ... 14 huinge a ttri Leathceatrumhnaibh Cloinne Sioda,* TRIA 15, 44 §15 (= CoC 23). Cf. AH 71, 206; CoC 181.

Brí

Clann: .i. 'progeny, offspring' (*eDIL*, clann; *FGBD*, sn. clann).

Suíomh

Luaitear L. Chlainne Síoda mar chuid de *Tuath O bhFloinn* agus chuimsigh an tuath so par. Chill tSíle is par. Chluana Lao agus b.f. an Triúch i bpar. Dhroichead Uí Bhriain; agus iad araon i mbar. na Tulaí Íochtaraí (McInerney, 2018, [*AH* 71] 205; Ó

Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Aonach Mhurcaidh Bhric). Ach thá sé diocair L. Chlainne Síoda féin dh'aimsiú go beacht óir níl rian den logainm fágtha inniuimh siochas Loch Coiléain Uí Shíoda. Molann Seán Ó hÓgáin go raibh L. Chlainne Síoda i bpar. Chluana Lao ach is í tuairim Luke McInerney (McInerney, 2018, [*AH* 71] 206) ná go raibh sé i gCill tSíle: 'The lands of Clan Sioda and Donnchadh Mac Iosóg were probably in Kilseily, judging from the names of owners in that parish in 1641'. Tugaimíst sracfhéachaint ar na logainmneachaibh eile mórthimpeall L. Chlainne Síoda féachaint an bhfuighmíst críoch L. Chlainne Síoda féin a chúngú (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 44 §15):

> Tiarnas Meic na Mara san bhliaghain ar Tuath O bhFloinn[:] … Leath ceathrumhnaibh Cloinne Icsóg (*recte* Iosóg) … Leathceat[h]rumhnaibh Inis Snáite … Aonac[h] Murcha Bhric … Leathceat[h]rumhnaibh Cloinne Sioda … Leathbhaile Slechta Donncha Meic Iosoig … Leathcheathramhnaibh Madhma Talmhu(i)n … Leathbhaile Tíre Ó nAodha … Leatceatruma Gorta Congalaigh … Baile Ui Muireagain.


Thá cuma sách *ad hoc* ar an liosta so, ach thá pátrún le feiscint mar sin fhéinig. Baineann na logainmneacha go léir leis an dtaobh díreach ó thuaidh de bhaile Chill Chisín agus baile Átha Leathan agus chomh fada ó dheas le b.f. Bhaile Uí Mhuireagáin Bhig agus le b.f. Dhroma Saileach (Merritt) [Féach Lna Clainne Íosóg]. Mar aon le Lna Clainne Íosóg, thá cuid des na logainmneachaibh thuas pléite anso fé *Leathcheathramha*, cuir i gcás L. Inis Snáite, Lna. Madhma Talmhan agus L. Ghorta Congálaigh.

I gcás na logainmneacha ná fuil pléite anso, is ionann nach mór Aonach Murchaidh Bhric agus na blte f.: Aonach Thuaidh is A. Thoir is A. Theas i bpar. Chluana Lao (Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.n. Aonach Murchaidh Bhric; Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 154);[26] agus is léir gurb amhlaidh Leathbhaile Tíre Ó nAodha agus b.f. Tíre Ó nAodha, i bpar. Chluana Lao agus is léir gurb amhlaidh Baile Uí Mhuireagáin agus na blte f. Baile Uí Mhuireagáin Thuaidh, Theas agus Beag i bpar. Chluana Lao (Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.n. Baile Uí Mhuireagáin). Ní fios mar

[26] Dar le Luke McInerney (2018, [*AH* 71] 206): 'The market of Murchadh breac is now Killaneen [.i. Cill an Aonaigh] in Clonlea parish'. Ach thá míthuiscint shoiléir anso. Ní bhfaightear Killaneena i gCluan Lao; an t-aon Killaneen athá ann ná Cill an Aonaigh i bpar. na Fiacaile i mbar. na Tualaí Uachtaraí, .i. ceantar ná fuil mar chuid de Thuaith Ua bhFloinn.

sin fhéinig mar a raibh Leathbhaile Sleachta Donnchaidh Mhic Íosóg. Molann Seán Ó hÓgáin (1938, [*CoC*] 221) gur ceantar láimh le L. Madhma Talmhan a bhí ann, óir tagann L. Madhma Talmhan díreach i ndiaidh L. Sleachta Donnchaidh Mhic Íosóg insan tagairt féin.

B'fhéidir ná beidh fuascailt ar an gceist seo in aon chor, ach luíonn sé le céill go mbeadh Leathbhaile Sleachta Donnchaidh Mhic Íosóg gar do Lna na Clainne Íosóg. Bunaithe ar a bhfuil againn anso agus ar an méid athá pléite agam fés na Leathcheathrúnaibh eile is féidir na logainmneacha thuasluaite a leagadh amach ar léarscáil mar seo a leanas: léiríonn leagadh amach na logainmneacha ar an léarscáil go gcaithfidh go raibh L. Chlainne Síoda lonnaithe áit éigint idir Bhaile Uí Mhuireagáin / Aonach Murchaidh Bhric / Tír nAodha agus L. Madhma Talmhan / L. Inis Snáite / Lna Clainne Íosóg, .i. ar an dteorainn idir par. Chill tSíle agus par. Chluana Lao.




Fíor 12: Suíomh Lna Clainne Íosóg is L. Chlainne Síoda: https://www.logainm.ie/ga/

Leathcheathramha Ghorta Congálaigh

Leathcheathramha Ghorta Congálaigh (*Hq. of the terr. / field of Congálach*) In or nr tl. Gortnagonnella, p. Kilseily, b. Tulla Lr, CE. *Ag so tiarnas Meic na Mara san bhliaghain ar Tuath O bhFloinn ... uinge d[']or d'fiacha Baintiarnain a Leatceatruma Gorta Congalaigh*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 24). Cf. AH 71, 206; CoC 221.

Brí

Más ‘gort’ (*supra*) athá ann is ait an fhoirm ghinideach de, .i. ‘gorta’. B’fhéidir mar sin gur ‘Gort an Chongálaigh’ athá i gceist ach consan srónach an ailt a bheith báite; cf. ‘Leadcedhramhain **a** Cnoic’ fé L. an Chnoic (1) thuas.



Fíor 13: Gort na gConaíolach i mbar. na Tulaí Íochtaraí: https://www.logainm.ie/ga/7475

Suíomh

Maireann tara heilimint na hainme so sa ló athá inniuimh ann, .i. b.f. Ghort na gConaíolach i bpar. Chill tSíle i mbar. na Tulaí Íochtaraí, mar a mhol McInerney (2018, [*AH* 71] 206; Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 221).

Leathcheathramha Ghoirtín Uí Bheoláin

Leathcheathramha Ghoirtín Uí Bheoláin (*Hq. of Uí Bheolán’s* [*small*] *field*) Tl. Gorteen, p. Doora, b. Bunratty Upr, CE. *A se so gell Donchad I Imuir ar Lethceatramuin Guirtín I Beollain do Baile I Comhruidhe*, TRIA 15, 48 §16. See Leathcheathramha na Creige.

Brí

Goirtín: Gort (*supra*) is *-ín*, .i. an díspeagadh *-ín*.

Suíomh

Soiléir. Féach ar a bhfuil fé *Leathcheathramha na Creige.

Leathcheathramha Íochtarach, an (*The lower hq.*) Subdivision of *Aill Bheag in upr part of p. Bunratty, b. Bunratty Lr, CE; prob. betw. vil. The Wells and tl. Clonmoney N. *Is se seo cunradh Uilliam Meic Seaain hI Fearghala acus Mac Con Meic Seaain Meic Domhnaill Meic Coinmeadha on Aill bhic re cheile, fa ceand Leadceathraman don nAillbhic .i. an lethcheadhramha iochtarach … .i. a Poraisde Bunraiti … is an so taobh siar budh thuaidh de Bunraiti a ta sé; agus ag so teoranntacht an fearaind sin .i. o bhothar Claisi Cuilín co bother na Cluana Muinighi acus o Tobar an Caca go bother an Baile bhain*, TRIA 15, 71 §28. CF HTCE 399.

Brí


Íochtarach: .i. ‘1. Lower, low(-lying)’ (*FGBD*, sn íochtarach).

Suíomh

Níl teacht ar an L. Íochtarach inniuimh ach is féidir suíomh na logainme a chúngú go cruinn bunaithe ar na háitainmeachaibh eile a luaitear sa tagairt:

> Lethcheadhramha iochtarach … .i. a Poraisde Bunraiti … is an so taobh siar budh thuaidh de Bunraiti a ta sé; agus ag so teoranntacht an fearaind sin .i. o bhothar Claisi Cuilín co bothar na Cluana Muinighi acus o Tobar an Caca go bothar an Baile bhain.

I dtosach báire, deirtear linn gur i bpar. Bhun Raite a bhí an logainm so agus bhí sé ar an dtaobh ó thuaidh de Bhunraite féin. Caithfidh mar sin go raibh L. Íochtarach i dTuaisceart Bhun Raite Thiar. Ach teorannaítear réimse na leathcheathrún níosa mhó nuair a luaitear ‘Bóthar na Cluana Muinighe’ agus Tobar an Chaca. Ana-sheans go mbaineann an Bóthar Cluana Muiní so le b.f. na Cluana Muiní Thuaidh i bpar. Bhun Raite—ní Cluain Mhuineach i bpar. Chill Mhuire mar a mholtar in *HDGP* (Ó Riain, 2003-, et al., s.n. Cluain Mhuineach)—agus baineann Tobar an Chaca leis na Tobair i bpar. Bhun Raite. Más ea is féidir a rá go muiníneach go bhfuil an L. Íochtarach áit éigint laistigh den mbosca dearg ar an léarscáil.



Fíor 14: Sráidbhaile na dTobar agus b.f.na Cluana Muiní Thuaidh i bpar. Bhunraite: https://www.logainm.ie/ga/1414217

Leathcheathramha Lisín na Buinne

Leathcheathramha Lisín na Buinne (*Hq. of the enclosed settlement of the stream*) Site betw. *Baile Uí Mharcacháin (tl. Ballymarkahan) and *Bealach Earbaill (tl. Ballagh), p. Quin, b. Bunratty Upr, CE. *Ag so suim acus méid an gill do chuir Murcha Mac Doncha Mic Gluin … is do tucad an gell so do Matgamain Mac Lochlainn Mecnamara o baile I Marcacain … Leathcetramain Lisin na Buinni, acus ar Lethchramain mir do cethru mir Bela an Earbuill*, TRIA 15, 56 §21.


Brí

Lisín: .i. lios (féach ar an bplé thíos ar lios mar logainm) agus an díspeagadh *-ín*. Buinne: (a) torrent, flood; stream, current, wave ... (b) sprig, sprout, stalk; sapling ... (d) Of building structure, wattle, wickerwork’ (*eDIL*, sn. buinne); 1. (Of plant) Shoot ... sprout. 2. (a)(Of water, etc.) Torrent, spout (*FGBD*, sn. buinne 1), ‘1. Basketry:

Course of interwoven rods, wale' (*FGBD*, buinne 2). Is diocair an focal 'buinne' a scaoileadh sa chás so, ach roghnaíos 'stream' toisc go bhfuil abha láimh leis an lios athá molta thíos.

Suíomh

Tugtar le fios ins an tagairt go bhfuil an lios so idir Bhaile Uí Mharcacháin (Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.n.)—i bpar. Chuinche i mbar. Bhun Raite Uachtarach i gcontae an Chláir—agus 'Bela Earbaill'. I gcás na logainme deireannaí, tugtar Béal Earbaill air i *HDGP* (ibid., s.n.) ach bheinnse den dtuairim gur Bealach Earbaill athá ann leis an bhfoirceann ginideach bhuatha *–aigh* báite go háirithe nuair a gheibhtear 'Bealach' mar logainm láimh le Baile Uí Mharacháin féin. B'fhéidir mar sin gurb é an lios athá idir bh.f. Bhaile Uí Mhearacháin agus b.f. Bhealaigh athá i gceist ag údar an ghníomhais.



Fíor 15: Léarscáil OSi Discovery, L. Lisín na Buinne, Beallach agus Baile Uí Mharcacháin i bpar. Chuinche: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Leathcheathramha na Creige

Leathcheathramha na Creige (*Hq. of the outcrop / rock*) Prob. tl. Creggaun, p. Doora, b. Bunratty Upr, CE. *A se so cundra Donncha I Imhair re Cloinn Mathghamhna Mac Seain duibh ... mar gheall ar Ledhceatramain na Craige do Baile I Comruide ... Lethceatramuin Guirtin I Beollain*, TRIA 15, 48 §16.

Brí

Creag (*supra*). Chuireag ‘creige’ i bhfeidhm don bhfoirm ghinideach toisc gurbh iad na foirmeacha le *-e(i)-* na foirmeacha níba choitianta sa tSean-Ghaoluinn is Gaoluinn an lae inniuimh araon; cf. *eDil* (s.n. crec) is *FGBD* (s.n. creag / creig).

Suíomh

Léirítear sa tagairt seo geallta agus conarthaí Dhonncha Uí Íomhair le tiarnaíbh na bhfearann mórthimpeall Bhaile Uí Chomhraí. Is léir suíomh L. na Creige (agus *Leathcheathramha Ghoirtín Uí Bheoláin) bunaithe ar na háitainmneachaibh eile a luaitear sa tagairt so: ‘Leadhceathramain na Craige do Baile I Comruide ... Lethceatramuin Guirtin I Beollain’. De réir *HDGP* (Ó Riain, 2003-, et al., s.n. Baile Uí Chomhraidhe), is amhlaidh ‘Baile I Chomruide’ agus b.f. Bhaile Uí Chomhraí i bpar. Theampall Uí Mháille i mbar. Bhun Raite Uachtarach. I dtaobh na



Fíor 16: blte f. Baile Uí Chomhraí, an Creagán agus an Goirtín i bpar. Dhúire: https://www.logainm.ie/ga/6256

Leathcheathrúna féin, gheibhtear an logainm ‘an Creagán’ ar bh.f. i bpar. Dhúire athá achairín gearr soir ó Bhaile Uí Chomhraí agus gheibhtear b.f. a dtugtar an Goirtín air cois an Chreagáin féin (féach ar a bhfuil ar na léarscáileannaibh thíos). Do mholfainnse mar sin gurb ionann na logainmneacha thuasluaite so agus ‘L. na Craige’ agus ‘L. Guirtin I Beollain’ fé seach; agus iad araon i bpar. Dhúire i mbar. Bhun Raite Uachtarach i gcontae an Chláir.

Leathcheathramha na gCuil(l)eannach

Leathcheathramha na gCuil(l)eanach (*Hq. of the places abounding in holly*) Tl. Cullenagh, p. Quin, b. Bunratty Upr, CE. *Isi foirm acus eifecht na sgriobhnoireachta so gur ab amhlaidh so roinneas O Briain .i. Donchadh, agus Conchobhar Mac Donchadh Mac Gluin, duthe idir Mathghamuin Mac Murchadh Mac Gluin agus Donchadh mac Murchad Mic Gluin .i. in ceathramadh mír den leathcheathramhain is goiri don lios de leathcheathramhuin na Cuileannach a mBaile Mic Gluin do Donchad Mac Murchad Mic Gluin*, TRIA 15, 55 §20. See Baile Mic Glúin.

Brí

Féach fé *Leathbhaile na gCuil(l)eanach thuas.



Fíor 17: blte f. Cuileannach agus Baile Mhic Giúin Thuaidh is Thoir i bpar. Chuinche: https://www.logainm.ie/ga/7971

Suíomh

Soiléir, .i. b.f. Chuileannaí
i bpar. Chuinche i mbar. Bhun Raite Uachtarach. Deirtear sa tagairt féin go bhfuil an logainm so gar do Bhaile Mic Glúin (ibid. s.n. Baile Mic Glúin).

Leathcheathramha na Lige Mic Bhriain Geanc


Leathcheathramha na Lige Mic Bhriain Geanc (*Hq. of the stone of Mac Briain (son of Brian?) the snub-nosed*) In p. Kilchreest, b. Clonderalaw, CE; prob. tl. Lack. *Ag so suim chiosa ui Briain o Cillrois go Cluain Dagad ... a Crapoig ... acus uinge d[']or a Ledcedramuin na Lice Mec Briainn Gengc*, TRIA 15, 36-7 §14. See Ceall Rois, Cluain Dá Ghad, Crapóg.

Brí

Is dócha gurb é ‘genc’ *snub-nose*, *snub-nosed animal*, *dog* athá i gceist le ‘gengc’, (*eDIL*, s.n. *genc*; *FGB*, s.n. geannc, gionc; *FGBD*, s.n. geanc). Ach thá ‘Mec Briain’ rud beag achrannach ó thaobh tuisceana dhe, óir ní fios an Leac mhic Bhriain Geanc athá ann, .i. mac d’fhear darbh ainm Brian Geanc, nú an ainm chlainne é Mac Briain Geanc, .i. duine de mhuintir Uí Bhriain Dháil Chais nú de shíol Chorca Baiscinn (baineann an ceantar ina bhfaightear an logainm so le Tríocha Céad Chorca Baiscinn Oirthearaí). Is dócha gurb é an tara léamh an ceann is coitianta. Más ainm chlainne é, ní bhfaightear é in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003) nú an ainm fhéinig, .i. Brian Genc, in *CGH* (O’Brien, 1962), ach tugtar ainm mar é, .i. Donnchadh Geancach Ó Briain, in Fiant Inse Uí Chuinn (1577, 3042): ‘Pardon ... of Inchequin ... Donaughe gankeagh O Bryane’.[27]

Suíomh

Is léir ós na logainmneachaibh eile a luaitear insa tagairt so go mbaineann L. na Lige Mic Bhriain Geanc le par. Chill Chríost i mbar. Chluana idir Dhá Lá, .i. le hoirthear Thríocha Céad Chorca Baiscinn Oirthearaí (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC* 74] 149-50; Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.n. Corca Bhaisicinn; MacCotter, 2008, 196):



Fíor 18: blte f. an Leac is Baile na Cailí i bpar. Chill Chríost: https://www.logainm.ie/ga/6917

> a nInis Moir … a Ros Cre … a mBaile na Caillighe … a Lis Cealla O Cadhla ... a lis Cealla ua Nuins … a Crapoig ... Ledcetramnaibh Insi Tireadh ... a Ledcedramuin na Lice Mec Briainn Gengc (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 37 §14).[28]

Baineann na logainmneacha arbh fhéidir a bheith cinnte fútha, .i. Crapóg is Baile na Caillighe (Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.nn.), le hoirthuaisceart Chluana idir Dhá

[27] Mo bhaochas le Liam Ó hAisibéil as an moladh so.
[28] Féach ar *Lios Cealla Ua gCadhla is *Lios Conalláin is Leathcheathramha Inse Tíre do chur síos níosa chuimsithí ar na logainmneachaibh so.


Lá. Gheibhtear ‘Leac’ mar logainm i lár an pharóiste sin agus dá bhrí sin ana-sheans gurb amhlaidh an Leac so agus Leathcheathramha na Lige Mic Bhriain Geanc.

Leathcheathramha Uí Bhloid(h)


Leathcheathramha Uí Bhloid(h) (*Hq. of Ó Bloid*) In E. p. Tulla, b. Tulla Upr, CE; poss. in or nr obs. pln. ‘Lecarrowbeg’ (tl. Lecarrow S.) and tl. Ballyblood (Baile Uí Bhloid). *Ag so do shuim Tiagharnais Meic na Mara ... ar a Tuath Mor ... 14 huinge a ccuig leathcheathrumhnaibh ui Bloidh*, TRIA 15, 43-4 §15 (= CoC 44: *Uí Bhloid*). Cf. AH 71, 204; BSD CE 31.

Suíomh

Luaitear L. Uí Bhloid(h) i measc logainmneacha a bhaineann leis an ‘Tuath Mhór’, agus is léir ós na logainmneachaibh so gur chuimsigh an ‘Tuath Mhór’ par. na Tulaí i mbar. na Tulaí Uachtaraí; par. Chill Mhuire i mbar. Bhun Raite Íochtarach; agus cuid d’oirthear phar. Inse Chrónáin, is cuid mhaith d’oirthear phar. Chluaine is cuid mhaith d’oirthear phar. Chuinche i mbar. Bhun Raite Uachtarach (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 258). Réimse talún a bhí ar choimhéid beag nú mór le ‘Tríocha Céad gClann gCaisín / gClann gCuiléin’ (McInerney, 2018, [*AH* 71] 203; Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] léarscáil Garbhferand Lugdach; Ó Riain, 2003-, et al., [*HDGP*] s.n. Clann Chuiléin). Ach i gcás L. Uí Bhloid(h) féin, thá liosta na logainmneacha ró-fhánach chun pátrún deimhin a tharraingt as an dtagairt. Dar le Luke McInerney (2018, [*AH* 71] 206), mar sin fhéinig, is ionann L. Uí Bhloid(h) agus na ‘townlands of Ballyblood and Lecarrow in Tulla’.




Fíor 19: b.f. Bhaile Uí Bhloid(h) I bpar. na Tulaí: https://www.logainm.ie/ga/7779



Fíor 20: blte f. Baile Uí Bhloid(h) is an L. Theas i bpar. na Tulaí: https://www.logainm.ie/ga/7941


Thá ciall gan amhras le tuairim McInerney óir tháid na blte f. Baile Uí Bhloid(h) agus an Leathcheathrú Theas ana-ghar dá chéile. Ach thá Leathcheathrú eile i bpar. na Tulaí Uachtaraí leis, .i. an Leathcheathrú Thuaidh athá lonnaithe i bhfad ón Leathcheathrúin Theas.



Fíor 21: an Leathcheathrú Thuaidh is Theas i bpar na Tullaí: https://www.logainm.ie/ga/7795

Gheobhaimíst mar sin dhá léamh a bhaint as an méid seo: .i. (1) bhí ceangal idir an Leathcheathrúin Thuaidh is Theas in ainneoin iad a bheith scartha óna chéile, nú (2) ba Leathcheathrúna difriúla iad. Is é an t-iar-léamh (1) athá i gceist de réir www.logainm.ie: ‘an dá bh.f. seo scartha ó chéile’, ach ní chuirtear aon chúis leis an moladh seo mar sin fhéinig.

I gcás na tagartha féin, deirtear linn go bhfuil cúig cheantar mar chuid de L. Uí Bhloid(h) mar réigiún cánach: ‘a ccuig leathcheathrumhnaibh Ui Bloidh’. Más fíor an tabhairt fé ndeara a phléas thuas, .i. gurb ionann *leathcheathrú* agus b.f. sna gníomhais dlithiúla Hardiman ([*TRIA* 15] 1828), thá dhá rogha ann. I gcás rogha (a), do chuimsigh mar sin L. Uí Bhloid(h) an talamh idir an Leathcheathrúin Theas agus Baile Uí Bhloid(h) murarbh aon cheantar amháin iad Leathcheathrú Theas is Thuaidh; nú dá mba cheantar amháin iad an Leathcheathrú Thuaidh is Theas, chuimsigh L. Uí Bhloid(h) an talamh idir na Leathcheathrúnaibh so:




Fíor 22: L. Uí Bhloid(h), .i. rogha (A) an talamh idir B. Uí Bhloid is an Leathcheathrú Theas ***nú*** *rogha (B) an talamh idir an Leathcheathrú Theas is Thuaidh: https://www.logainm.ie/ga/7795*

Más ionann na Leathcheathrúna Theas is Thuaidh, .i. rogha (b) mar a mholtar ar www.logainm.ie, is féidir na blte f. a chuimsigh cúig leathcheathrúna Uí Bhloid(h) a chúngú bunaithe ar na logainmneachaibh eile a luaitear sa tagairt agus bunaithe ar an bprionsabal go raibh an chúig Leathcheathrúna a chuimsigh Leathcheathrú Uí Bhloid(h) ceangailte le chéile. Mar chuid des na logainmneachaibh a luaitear sa tagairt, thá an ‘Feartán Beag’ is ‘Ceathramha Liosa Miodhcháin is Leathbhaile Leasa Coileáin’. Má thaispeánaimíd na logainmneacha so ar léarscáil, seans go dtugaid teora thoir Leathcheathrún Uí Bhloid(h) le fios:



Fíor 23:
Teora thoir L. Uí Bhloid(h) a mheas bunaithe ar na logainmneacha eile a luaitear sa ghníomhas chéanna: https://www.logainm.ie/ga/8027









Fíor 24: na blte f. a chuimsigh L. Uí Bhloid(h) i gcás rogha (B): https://www.logainm.ie/ga/7795

Má ghlacaimid leis gur chuimsigh Lios Coileáin is an Feartán Beag is Lios Mhiacháin teora thoir dhúthaigh Leathcheathrún Uí Bhloid(h), gheobhaimíst a rá mar sin gur chuimisigh Leathcheathrú Uí Bhloid(h) féin na blte f. nú an talamh / cuid den talamh ar a bhfuil na blte f. so a leanas anois: Leathcheathrú Theas is an Lios Dubh is an Gharbhrach is an Chraig Rua is an Leathcheathrú Thuaidh i mbar. na Tulaí Uachtaraí i gcontae an Chláir.



Fíor 25: Leathardán i bpar. na Tulaí: https://www.logainm.ie/ga/7940

Ach in ainneoin na hargóna so agus in ainneoin na tuairime a chuirtear chun cinn in www.logainm.ie, .i. gur codanna den cheantar chéanna iad Leathcheathrú Theas is Thuaidh, do bheinnse ar aon tuairim le McInerney thuas (2018, [*AH* 71] 206): .i. go raibh L. Uí Bhloid(h) lonnaithe idir na blte. f. Baile Uí Bhloid(h) agus Leathcheathrú Theas nú gar dóibh. Chítear dom gur Leathcheathrúna difriúla iad an Leathcheathrú Theas is Thuaidh de réir an *BSD CE* (Simington, 1967) féin. Is léir ón *BSD CE* (Simington, 1967, 31) gurbh í an Leathcheathramha Bheag 'Lecarrowbeg' a bhí mar iar-ainm ar an Leathcheathrúin Theas óir tugtar 'Lecarrowbeg' mar fho-bhaile i 'Lehardane', .i. b.f. Leathardáin athá díreach in aice le Baile Uí Bhloid(h) agus leis an Leathcheathrúin Theas, agus a thagann díreach roimhe Bhaile Uí Bhloid(h) san *BSD CE* féin (Simington, 1967, 31-2).



Fíor 26: b.f. Chreagáin Choill i bpar. na Tulaí: https://www.logainm.ie/ga/7791

Is léir gur sheanainm í Leathcheathramha na Fuinseoige ar an Leathcheathrúin Thuaidh óir gheibhtear 'Lecarownefinchoge' ins an *BSD CE* (Simington, 1967, 27) mar fho-cheantar in 'Roskary', .i. Ros Car(r)thaighe (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 244; féach Leathbhaile Rosa Car(r)thaighe), ainm eile do bh.f. Chreagáin Choill (McInerney, 2018, [*AH* 71] 204), athá láimh leis an Leathcheathrúin Thuaidh.

Leathcheathramhna Clainne Íosóg


Leathcheathramhna Clainne Íosóg (*Hq. of Clann Íosóg*) Terr. compr. *Cuailleach (tl. Coolagh), *Baile na nGlias (tl. Hurdleston) and *Druim Soighle(ach) (tls Drumsillagh), p. Kilseily, b. Tulla Lr, CE. *Ag so tiarnas Meic na Mara san bhliaghain ar Tuath O bhFloinn .i. 14 huinge a ttr[i] Leath Ceathrumhnaibh Cloinne Icsóg [recte Iosóg] .i. an Cuaillech acus Baile na nGlias acus Druimsoithle*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 23: *Iosóg*). Cf. AH 71, 205-6; CoC 180.

Brí

Clann (féach ar *Leathcheathramha Clainne Síoda thuas).

Suíomh

Is léir ón dtagairt féin gur chuimsigh Lna Clainne Íosóg na blte f. seo a leanas: an Chuailleach agus Baile na gCliach agus Drom Saileach Parker is Drom Saileach Merritt ar an dtaobh ó dheas d'Áth Leathan i bpar. Chill tSíle i mbar. na Tulaí Íochtaraí i gcontae an Chláir (cf. McInerney, 2018, [*AH* 71] 205-6). Ach gheaobhadh go raibh réimse na Leathcheathrún Clainne Íosóg níosa mhó nú níosa lú ná na blte f. thuasluaite óir cé gur ainmníog na blte f. as



Fíor 27: Lna Clainne Íosóg: Baile na gCliach, Droim Saileach Parker is Merritt agus an Chuailleach: https://www.logainm.ie/ga/

logainmneachaibh seana-bhunaithe, ní hionann é sin agus a rá nár athraigh réimse na logainmneacha so le himeacht aimsire (Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 204).

Leathcheathramhna Inis Snáite


Leathcheathramhna Inis Snáite (*Hqs of the isle of the needle?*) Terr. compr. tls Snaty (Wilson), Snaty (Cooper) and Snaty (Massy), in p. Kilseily, b. Tulla Lr, CE. *Ag so tiarnas Meic na Mara san bhliaghain ar Tuath O bhFloinn ... 14 [huinge] a ttri Leathceatrumhnaibh Inis Snáite*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 23). Cf. AH 71, 205; CoC 219.

Brí

Ní léir dom brí ‘Snáite’. Ní fheadar an é an ainm bhriathartha *snádhadh* athá i gceist, .i. ‘act of protecting, giving safe conduct to; protection, safe conduct’ (*eDIL* s.v. *snádud*)—cf. leis na foirmeachaibh: ‘a tabairt do snadud as tualaing a turtaigthi mad cen airis snaite’ *to take it from a protection in which it could be protected* agus ‘log n-enech in snaite’ (ibid.)—nú an truailliú é de *snáthadh* / *snáth* ‘needle’ (*eDIL* s.v. *snáthat*); cf. ‘techta fuillema gill snaite [leg. snáthaite?]’ (ibid.). Molann Luke McInerney (2018, [*AH* 71] 205) gur ‘Inis Snaighte’ athá ann i ndáiríribh: ‘more correctly Inis Snaighte’, ach ní thugann sé fianaise chun tacú leis an dtuairim so.

Suíomh

Maireann an logainm so inniuimh ins na blte f. Inis Snáite (Wilson) is Inis Snáite (Massy) is Inis Snáite (Cooper), i bpar. Chill tSíle, i mbar. na Tulaí Íochtaraí i gcontae an Chláir (McInerney, 2018, [*AH* 71] 205; Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 219).



Fíor 28: Inis Snáite Wilson, Massy is Cooper i mbar. na Tulaí Íochtaraí: https://www.logainm.ie/ga/7373

Leathcheathramhna Inse Tíre

Leathcheathramhna Inse Tíre (*Hqs of the terr. of the islands*) Terr. nr *Crapóg (tl. Knappoge, p. Kilchreest, b. Clonderalaw), prob. ext. into p. Clondagad, b. Islands, CE; perh. a general pln. used to refer to the three tls of Crinnish and Inishdea (p. Kilchrest), and tl. Inishaellaun (p. Clondagad). *Ag so suim chiosa ui Briain o Cillrois go Cluain Dagad ... a Crapoig, acus ocht n[-]uingi .x. a tri Ledcetramnaibh Insi Tiread*, TRIA 15, 37 §14.

Brí

Inis: .i. ‘island’ (*eDIL*, sn. inis; *FGBD*, sn. inis); Tír (Féach *Leathbhaile Tíre Ua nAodha).

Suíomh

Éiginnte. Luaitear an logainm so fé cheantar a lean ‘o Cillrois go Cluain Dagad’. Thá sé curtha chun cinn go láidir agam fé Lios Conalláin agus fé Lios Cealla Ua gCadhla

gurbh ionann an limistéar talún so agus Tríocha Céad Baiscinn Oirthearaí. De réir *CoC* (Ó hÓgáin, 1938, 74, 149), chuimsigh an tríocha céad so na paróistí Cill Íomaí, Cill Mhuire, Cill Mhichíl, Cill Lua Finn, Cill Feadáin, Cill an Dísirt, Cill Chríost, Cluain dá Ghad, Cill Eoin agus Mainistir (/ Paróiste) an Chláir. Ach fén séú haois déag, tháinig na trí pharóiste deireannach iarluaite, .i. Cluain dá Ghad, Cill Eoin agus Mainistir an Chláir, fé réim Thríocha Chéad na nOileán (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 74, 150). Luaitear L. Inse Tíre ag deireadh an chur síos ar an limistéar 'o Cillrois go Cluain Dagad' i measc logainmneacha eile arbh fhéidir a bheith cinnte fútha, agus bainid na logainmneacha so le hoirthuaisceart Chill Chríost agus leis an dteorainn le Cluain dá Ghad (.i. le teora Thríocha Céad na nOileán):

> a nInis Moir … a Ros Cre … a mBaile na Caillighe … .xx. sgilling a Lis Cealla O Cadhla, acus .xx. a lis Cealla ua Nuins … a Crapoig, acus ocht n[-]uingic .x. a tri Ledcetramnaibh Insi Tireadh, acus uinge d[']or a Ledcedramuin na Lice Mec Briainn Gengc (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 37 §14).[29]



Fíor 29: na blte f. Cnapóg [.i. Crapóg], Baile na Caillí, Ros Cléibh [.i. Ros Cre] is Inis Mór i bpar. Chill Chríost: https://www.logainm.ie/ga/

Is dócha mar sin gur shíolraigh an gníomhas ina bhfaightear an logainm so ó aimsir ina raibh Cluain dá Ghad, Cill Eoin agus Mainistir an Chláir scartha ó Thríocha Céad Baiscinn Oirthearaí agus toisc go mbaineann na logainmneacha arbh fhéidir a bheith cinnte fútha le hoirthuaisceart Chill Chríost, is féidir a bheith deimhin de mar sin go bhfuil L. Inse Tíre lonnaithe ar an dteorainn idir phar. Chill Chríost agus par. Chluana dá Ghad.

[29] Féach ar Lios Cealla Ua gCadhla do chur síos níosa chuimsithí dos na logainmneachaibh so.

I gcás úsáid an fhocail *Leathcheathramhan* in *TRIA* 15 (Hardiman, 1828), is minic gurb ionann líon na leathcheathrún agus líon na mblte f. ina bhfaightear eilimintí na logainme a luaitear leis an leathcheathrúin féin (féach ar an gcur síos ginearálta ar bhrí *Leathcheathramhan* thuas); cuir i gcás na d**trí** bh. f. ‘Cuaillech acus Baile na nGlias acus Druimsoithle’ a thugtar insa téacs féin do ‘**ttr[i]** Leath Ceathrumhnaibh Cloinne Iosóg’ (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 44 §15; *fíor* 27). Más fíor an tuiscint gurb amhlaidh an b.f. agus an leathcheathrú féin in *TRIA* (Hardiman, 1828), agus dá dtógthaí an eilimint ‘Inse Tíre’ mar ainm ghinearálta dos na logainmneachaibh ina bhfaightear an eilimint ‘Inis’ sa cheantar, b’fhéidir mar sin gurb ionann na trí Leathcheathramha Inse Tíre agus na trí bh.f. Chruinninis is Inis Dia i mbar. Chill Chríost, agus b.f. Inis Fhaoláin i mbar. Chluana dá Ghad.



Fíor 30: blte f. Inis Dia is Cruinninis i mbar. Chill Chríost, agus Inis Fhaoláin i mbar. Cluana Dá Ghad: https://www.logainm.ie/ga/6883

Leathcheathramhna Madhma Talmhan

Leathcheathramhna Madhma Talmhan (*Hqs of the landslip*) In or nr tl. Mountallon, p. Clonlea, b. Tulla Lr. *Ag so tiarnas Meic na Mara san bhliaghain ar Tuath O bhFloinn ... 14 huinge a ttri Leathcheathramhnaibh Madhma Talmhu(i)n,* TRIA 15, 44 §15 (= CoC 23). Cf. AH 71, 206; CoC 230.

Brí

Talamh: .i. ‘land’(*eDIL*, sn. talam; *FGBD*, sn. talamh). Thá réimse tuiscintí i gceist i gcás ‘maidhm’ agus ‘maidhm talún’ araon, mar athá:


eDIL: ‘(b) breaking, bursting, giving way in physical sense ... *maidhm talmhan* ‘an earthquake’ ... In concrete sense, a fracture, fissure: *in m[aidm] talman bis aice ina faiche* `chasm' ... i *mmadmandaib a sliabh* ‘clefts’ (*eDIL*, sn. maidm [Later decl. varies: maidhm (maighm v.l.) m., g s. n p. madhma]); *masa maidm talman na cumangar do lesugad trena muired no trena linadh* `by levelling it [it = *maidm talman*]’. ‘

FGBD: 1. Break, burst, eruption ... ~ thalún, landslide. ~ shléibhe, shneachta, avalanche ... 5 = MÁM2. (Var: m): mám 2, m. (gs. ~a, pl. ~anna). Mountain pass.’ (sn. maidhm, mám 2).

EID: ‘landslip’ Maidhm talún (s.n. landslip).


Má fhéachtar ar thírdhreach an cheantair athá roghnaithe mar shuíomh, limistéar réidh cothrom is ea é agus is féidir linn ‘chasm’ nú ‘cleft’ a chur as an áireamh toisc ná fuil aon fhianaise, de réir mar a thuigim, do ‘chasm’ ann. Gheobhaimíd ‘landslide’ a chur as an áireamh chón maith ar an gcuma gcéanna, .i. bheadh talamh le fánaidh réasúnta géir chun pléasc nú sciorradh talún a bheith ann. Níl fágtha mar sin ach ‘landslip’ agus ‘mountain pass’.

I gás na tuisceana gur ‘mountain pass’ é, thá tírghné go bhfuightheá ‘mám’ a thabhairt air mar a bhfuil Áth Leathan; ach thá b.f. Maidhm Talún féineach ar an dtaobh eile de Loch an Dúin. Dá bhrí sin, ní dóigh liom gur ‘mám’ athá i gceist.



Fíor 31: léarscáil a léiríonn airde talún um Áth Leathan is Maidhm Talún: https://en-gb.topographic-map.com/map-69mltf/Mountallon/?center=52.81373%2C-8.65994


I dtaobh na tuisceana ‘landslip’ ansan, thá droimeanna nú iomairí beaga le feiscint sa tírdhreach ar an ngrianghraf de réir deabhraimh, rud a thugann le fios gur ‘landslip athá i gceist.



Fíor 32: Griangraf Google Earth, Iomairí agus gága talún sa mb.f. ar a dtugtar Maidhm Talún Mountallon: https://earth.google.com/web/search/maidhm+tal%c3%ban/@52.81771677,-8.68828275,24.53546803a,224.6785723d,35y,167.21612949h,59.99999247t,359.99999961r/data=CngaThJICiUweDQ4NWI2NWQ0MTc1MDVhNzc6MHgzOGRjMjc1MGRkYzgwYTdiGQghexi1aEpAIQcGED6UYCHAKg1tYWlkaG0gdGFsw7puGAEgASImCiQJ8kEJHZRoSkARZNqN4mhoSkAZCBbdxwRfIcAh16J4DIphIcA

Suíomh

Is dócha gurb ionann nach mór L. Madhma Talmhan agus an b.f. Maidhm Talún, agus b’fhéidir an ceantar mórthimpeall air, i bpar. Chluana Lao i mbar. na Tulaí Íochtaraí i gcontae an Chláir (McInerney, 2018, [*AH* 71] 206; Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 230).



Fíor 33: b.f. Madhma Talún i bpar. Chluana Lao: https://www.logainm.ie/ga/7938

Lios

Brí

Do gheobhfaí 'lios' a mhíniú go fánach mar láthair chónaithe bheag nú mhór athá ceapaithe le fál / sonnach adhmaid *palisade* nú 'rampar / iomaire cré [banrach / imfhálú]' (Flanagan, 1980-81, 16), agus ba shuíomh daingean, nú 'dún' é—.i. chun daoine nú ainmhithe allta a choimeád lasmuigh—nú ba threabh nú feirm bheag é chun beithíg nú eallaigh a choimeád laistigh. Gan amhras, gheobhadh an dá fheidhm a bheith i gceist leis (Charles-Edwards, 2000, 149; Toner, 1998, 22). Ina theannta san, is minic dh'úsáidtí an focal 'lios' ag tagairt do chlós laistigh do shonnach, cuma má ba 'ráth / ráith', 'caiseal' nú 'cathair' a bhí mar ainm ar an suíomh, nú don tsonnach cosanta féin (*eDIL* s.v. les 2; Toner, 1998, 3, 19-2; Charles-Edwards, 2000, 107; Kelly, 1997, 364). Is fiú a luadh leis gur thugag an logainm 'lios' ar *civitates*, .i. suíomhanna eaglasta tábhachtacha, cosúil le Lios Mór, i gco. Phort Láirge (*eDIL*, s.n. les; Toner, 1998, 3, 18); dob'fhéidir mar gheall ar na fallaíbh do bhí á dtimpeallú nú go raibh lios ann roimh an suíomh eaglasta agus mhair an ainm i ndiaidh an tsuímh a bhunú.

Thá focail ghaolmhara do 'lios' sa Bhreatnais *llys* 'halla, cúirt, clós, banrach (*enclosed space*)', agus sa Bhriotáinis *lez* 'cúirt, halla',[30] rud a léiríonn gur fhocal a bhí sna teangachaibh Ceilteacha é. Agus óir thá an bhrí chéanna do 'bhanrach' sa Bhreatnais agus sa Ghaoluinn is é adeir Toner (Toner, 1998, 17) ná gurbh é 'banrach' le sonnach an bhunbhrí do bhí aige 'lios' ar dtúis ach gur tharraingíog bríonna eile chuige de réir mar dh'athraigh modhanna áitreibhe le himeacht aimsire. Dar le Toner (Toner, 1998, 21) mar sin go raibh bríonna éagsúla aige 'lios' le linn aimsir na Seana- is na Meán-Ghaoluinne:

> (a) an enclosed space about a dwelling …, (b) a (large) settlement, probably within an enclosure, and by extension a city, (c) part of a (monastic) complex, (d) a palisade or stockade, (e) a ringfort, circular earthwork, or cashel.

[30] Tháid araon gaolmhar leis an mBreatnais *lled*, leis an gCóirnis *les*, leis an mBriotáinis *led* / *let* 'leithead', agus leis an Seana-Ghaoluinn *leth* 'leith / taobh' agus *lethan* 'leathan' (Toner, 1998, 17).

Chítear dom go bhfuil an iontráil nua do ‘lios’ in *eDIL* (s.v. les 2) bunaithe ar liosta Toner, ach amháin nach luaitear ‘caiseal’ mar mhíniú:[31]

> (a) the space about a dwelling-house or houses enclosed by a bank or rampart, farmyard, courtyard … (b) a (large) settlement, probably within an enclosure, and by extension a city, part of a (monastic) complex … (c) a palisade or stockade; by extension rampart … (d) a ringfort, circular earthwork.

Thá dhá fhocal ann a léiríonn suíomh banrach fálach adhmadúil / créúil le linn ré na Seana-Ghaoluinne, .i. ‘lios’ nú ‘ráth’ *ringfort*, i gcomparáid le ‘cathair’ nú ‘caiseal’ a léiríonn suíomh a bhfuil fallaí cloiche á cheapadh (ibid.). Ina theannta san, do chuir Flanagan (1980-81, 21-2) an argóint chun cinn go raibh idirdhealú ann idir ‘ráth’ agus ‘lios’ féin, .i. go n-úsáidtí ‘ráth’ do láthair mhóir dhaingin, .i. ‘ráth’ *ringfort*, agus ‘lios’ do threibh bhig amháin.[32] Do bhunaigh Flanagan a hargóint ar ghann-úsáid an fhocail ‘lios’ chun láthair ríogach a chur in úil insan litríocht luaith i gcomparáid le ‘dún’ agus ‘ráth’. Ach léiríonn na tochaltáin seandálaíochta ar shuíomhannaibh a bhfuil ainmneacha mar ‘lios’ agus ‘rá(i)th’ ortha ná fuil a leithéid de idirdhealú ann go beacht, óir gheibhtear suíomhanna móra ina raibh níosa mhó ná treabh amháin ann agus go bhfuil ‘lios’ mar ainm ortha (Toner, 1998, 2-3, 22). Dh’admhaigh Flanagan féin é seo fiú (1980-81, 20). Ach seans mar sin fhéinig gur chuireag ‘lios’ ar shuíomhannaibh a raibh ainm ‘dún’ nú ‘ráth’ ortha cheana féin de bharr ghinearálú na bhfocal do ‘dhún’, agus seans gur tharlaigh a mhalairt leis (Toner, 1998, 30-31). Mar fhianaise chun tacú leis an dtuairim seo, léiríonn Toner nár úsáideag ‘lios’ go rialta don áitreibh ar a dtugtar *ringfort*, nú ‘ráth’ go haimsir sách déanach, .i. thimpeall an aonú céad déag nú an tara céad déag, .i. céad bliain ar a laghad i ndiaidh dheireadh ré na ráth mar láthair chónaithe.

Is amhlaidh mar sin gurbh fhearra le Toner ráth agus ‘lios’ dh’idirdhealú bunaithe ar na gnéithibh cosanta a bhí acu; .i. ‘lios’ do bhí ann dá mbíodh sonnach adhmaid á thimpeallú, ach *ráth* dá mbíodh rampar cré ann leis: ‘a *les*, then, is defined by the presence of a palisade in contradistinction to a ráth which is characterised by the presence of a rampart’ (1998, 22). Réitíonn an tuairim so argóint Flanagan insa

[31] Cf. liosta na míniúchán i seana-fhoilsiúchán an fhoclóra: *(a) the space about a dwelling-house or houses enclosed by a bank or rampart … (b) Somet. the bank or rampart itself* (*DIL*, s.v. *les* 2).
[32] Thá an tuairim chéanna ag Charles-Edwards (2000, 149).

mhéid is go míníonn sé an chúis go bhfuil suíomhanna móra iltreabhacha ann agus ‘lios’ mar ainm ortha, ach ná faightear ‘lios’ mar ainm ar dhún ríoga insan litríocht luaith mar is minic a bhíonn rampair aiges na dúnaibh so mar mhodh cosanta sa bhreis. Tagann a leithéid de thuairim leis an bhféineachas chón maith (Toner, 1998, 21), de réir *Críth Gablach*, is é an ‘rí túaithe’ an t-aon duine a luaitear a bhfuil créfort nú rampar aige (Binchy, 1941, [*CG*] §45, 566-568):[33]

> Cate córus dúne ríg bís hi forus do gréss ar chi[u]nn a thúaithe? .vii. fichit traiged di thraigthib innraicib métt a dúne cach leith; .vii. traigid t(e)iget a thalmatha; dá thraig .x. dano a domnae.
>
> What is the due of a king who is always in residence at the head of his *túath*? Seven score feet of perfect feet are the measurement of his stockade on every side. Seven feet are the thickness of its earthwork, and twelve feet its depth (Mac Néill, 1921-24, [*PRIA* 36C] 305).

Insa tsliocht céanna, deirtear go raibh iallach ar aithíbh (giallnaibh) an rí an dún a thógaint (Binchy, 1941, [*CG*] §45, 570-3):

> Is and is rí[g] in tan dodnimmchellat dréchta[i] gíalna[i]. Cati in drécht gíalnai? Dá thraigid .x. lethet a bél ⁊ a domnae ⁊ a fot fri dún; trícho traiged a fot anechtair
>
> It is then that he is a king, when ‘ramparts of vassalage surround him [*nú*] when the labour-dues of base clients surround him (Charles-Edwards, 2000, 150)]. What is ‘rampart of vassalage’? Twelve feet are the breadth of its opening and its depth and its measure towards the stockade. Thirty feet are its measure outwardly (Mac Néill, 1921-24, [*PRIA* 36C] 305).

[33] Luaitear an focal *les* ‘lios’ in *Críth Gablach* ach is ag tagairt don tsonnach nú struchtúr féin athá sé, deirtear go mbíodh cúig sheoid dá dtéighthí ‘thar lios’ (Binchy, 1941, [*CG*] §16, 8-10); Toner, 1998, 21; Charles-Edwards, 2000, 107): ‘Is s[í] a [.i. mruigḟer] ógeneclann; acht it n. ṡéoit i ndul tara les díchmairc; díles a osolggud di maich. Cóic ṡéoit i n-osolggud a thige díchmairc; bó i ndéicsin [n-]ind … Cóic ṡéoit i ndul tria thech tria lías, di brisiud a chomlad’ (Binchy, 1941, [*CG*] §16, 209-14) *This is his [i.e. mruigḟer] honourprice, but there are five chattels for going over his enclosure without leave. There is no penalty for opening it from without. Five chattels for opening his house without leave, a cow for gazing into it … Five chattels for passing through his house or through his fold, for breaking his door* (Mac Néill, 1921-24, [*PRIA* 36C] 292).

Mar sin, go teoiriciúil pé scéal é, dá mhéid gialla a bhí ag an rí nú uasal is amhlaidh agus méid a dhúin agus sofaisticúilacht is forásacht na struchtúr cosanta uime (Charles-Edwards, 2000, 150, 163; Kelly, 1997, 364-65).

I gcás brí an fhocail 'lios' dúinne insa tsaothar so, caithimíd a bheith aireach gur athraigh nósanna cónaithe agus cultúrtha de réir na haimsire, .i. ón meánaois luaith gusan naoú haois déag, agus is dócha mar sin gur athraigh brí an fhocail 'lios' chón maith chun teacht leis na hathruithibh so, mar athá le feiscint i bhfoclóir an Duinnínigh ina ndeintear tagairt don lucht sí 'fairyfort' (Ó Duinnín, 1927, [*FGB*] s.v. lios):

> A garth, enclosure or courtyard; a small circumvallation or ringfort; a fairy-fort, rath or liss; a court; an ancient Irish standing (dún) might consist of a walled enclosure (urlann) followed by a circular palisaded earthwork (ráth), the last of which enclosed the lios in which stood the buildings.

Agus de réir *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill*, is í *fairyfort* an bhrí is coitianta do 'lios' le tamall de bhliantaibh anuas (Ó Dónaill, 1977, [*FGBD*] s.n. lios).

Ina theannta san, caithimíd a bheith aireach ar na foinsíbh ina n-úsáidtear 'lios' mar chomhainm do 'ráth', nú *ringfort*, mar síolraíonn an chuid is mó des na foinsíbh seo ón aonú is ón tara céad déag, .i. céad bliain i ndiaidh dheireadh ré an rátha mar láthair chónaithe (Toner, 1998, 30-31). Seans leis go raibh nósanna canúna nú réigiúnacha i gceist maidir le hainmniú na láithreacha cónaithe so, go háirithe nuair a thit 'ráth' agus 'lios' go fite fuaite lena chéile mar ainm do shuíomh cosanta, .i. 'ringfort / fort'—nú b'fhéidir go raibh an comhainmneachas so ann i gcónaí (Flanagan, 1980-81, 16; Toner, 1998, 17).[34]

[34] Is í tuairim Flanagan (Flanagan, 1980-81, 16) ná nach bhfaightear ráth de ghnáth ó thuaidh, .i. go n-úsáidtí ráth in oirthear (Cúige Laighean) agus in oirdheisceart na tíre amháin, agus go n-úsáidtí lios go forleathan ach amháin i gCuige Laighean. Thá anailís Flanagan bunaithe ar logainmneachaibh Gallda dar tosach 'rath' nú 'rah', siochas na logainmneacha Gaelacha féin. Cruthaíonn an cur chuige so roinnt mhaith fadhbanna, mar a thug Toner (1998, 1-2) fé ndeara. Mar shampla, nuair a dheintear galldú ar fhoclaibh Gaelacha is minic a chuirtear eilimintí Gaelacha fé cheilt, mar shampla, deintear díghlórú ar *-th* a bhfuil guta fada roimhe i gcanúint an Tuaiscirt (Ó Rathile, 1932, 207), mar sin ba ghnáth go ngalldaítear ráith / ráth mar 'ra-', siochas 'rath' nú 'rah' i logainmneachaibh gallda ó thuaidh, gné nár ruith le Flanagan. Ar an mbonn sin, níor aimsigh sí ach tríocha logainmneacha dar tús 'rath' nú 'rah' ins na contaethaibh: Muineachán, Fear Manach, Tír Eoghain, an Dún agus Ard Mhacha; ach thá Toner (ibid., 2) tar éis teacht ar deich logainm ar cheithre fichid ar a laghad dar tús 'ra' (.i. dhá thrian níosa mhó) ins na contaethaibh sin. Mar sin fhéinig, ba dhiocair do Toner teacht ar

Is amhlaidh go bhfuil réimse leathan séimeantach ag an bhfocal ‘lios’, mar sin is dócha gurb é an cur chuige is fearr ná cloí le haistriuchán ginearálta a chuimseodh gach uile mhíniú; molann Toner ‘enclosure’ insa chás so (Toner, 1998, 21):

> The common feature running through from Common Celtic right through to Modern Irish is the notion of enclosure, and this is probably the best translation.

Mar sin, cloím le Toner agus aistrím ‘lios’ mar *enclosed settlement* tríd síos insa bhfoclóir so ach amháin i gcás logainmneacha áirithe nuair is léir go bhfuil bunús eile i gceist.

logainmneachaibh dar tús ‘ra’, ‘rah’, nú ‘rath’ i dtuaisceart an Tuaiscirt, .i. i nDún na nGall, i nDoire, in Aontroim, i dTír Eoghain nú i dtuaisceart an Dúin—is cosúil mar sin go mb’fhéidir go bhfuil dríodar den bhfírinne i dtuairim Flanagan. Ós a choinne sin, adeir Toner (ibid., 30-1) go raibh ráth coitianta ins na contaethaibh sin leis ach gur cailleag na logainmneacha san de réir a chéile nuair stadag á n-úsáid thart ar an naoú nú an deichiú haois mar láthair chónaithe agus dh’úsáidtí lios mar ainm ghinearálta dos na suíomhannaibh ina dhiaidh sin.

Lios

Lios (m)Bearcháin

Lios (m)Bearcháin (*Bearchán's enclosed settlement*) In CE; perh. tl. Lismorahaun, p. Kilmoon, b. Burren. *Tighirnais I Briain fa maerseacht Clanna Camluas a leith[bhoirinn] ... cerama Baile I Conraoi, acus ledhseised Lessa mBerchain, acus .S[eiseadh]. Cathrac Lapain*, TRIA 15, 38 §14 (= CoC 89). Cf. BSD CE 472; CoC 222; HTCE 31; www.logainm.ie (s.n. Lios Mhoracháin).

Brí

Is cosúil go bhfuil urú na logainme so rud beag achrannach. Ainm choitianta is ea Bearchán, go háirithe i measc na naomh, agus mar sin ní dóigh liom gur truailliú é 'mBearcháin' do 'Mearcháin' mar athá le feiscint i litriú 'Corca Mruadh': 'Suim Cissa I Briain a Corcambruad' (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 37 §14). Ní bheifí ag súil leis an urú ar 'Bearcháin' i ndiaidh ginidigh bhuatha mar sin fhéinig agus ní bhfaightear a leithéid ins na samplaíbh eile sa téacs ina bhfuil an fhoirmle 'ainmfhocal + lios + ainmfhocal eile' ann, m.sh. 'Seiseadh Lessa Guagain' (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 39 §14). Ba fhocal gas-o a dh'iompaigh ina fhocal gas-u ní ba dhéanaí le linn ré na Meán-Ghaoluinne dob ea 'lios' leis (*eDIL* s.v. les 2), agus b'fhéidir mar sin gur ginideach iolra é 'Lessa' sa chás so. Ach ní dóigh liom gur moladh sásúil é sin ach an oiread. B'fhéidir mar sin gur urú siocaithe athá ann, .i. rian den chuspóir uatha: '*co / go Lis mBearcháin', cf. 'ar an cethramhuin **n**Gorr' (Hardiman, 1828, [TRIA 15] 38 §14; féach *fíor* 51) agus Lios gCúl (athá réitithe ag www.logainm.ie mar 'Lios Cúil' mar sin fhéinig). Is minic a bhíonn an logainm fé réim réamhfhocail nuair a úsáidtear í sa chaint, óir bíonn daoine dh'iarraidh a suíomh a chur in úil bunaithe ar an logainm sin: m.sh. 'ag dul go ...', 'i ...', 'gar do' srl. Is léir gurbh é sin a tharlaigh i gcás 'Cionn (.i. Ceann) tSáile' i gcontae Chorcaí leis.

Suíomh

Thá éiginnteacht mhór i dtaobh shuímh na logainmne so. Is beag an treoir a thugann na logainmneacha eile athá luaite i measc ‘Lessa (m)Bearcháin’ óir tháid ró-fhada óna chéile chun pátrún deimhnitheach dh’aimsiú. Ach do mhol Seán Ó hÓgáin (1938, [*CoC*] 90) gurbh áit i bpar. Chill Mhúine dob ea é agus do mhol sé níba dhéanaí (ibid., 222) gurbh ionann é agus an logainm ‘Lismoroghan’ mar a gheibhtear insan *BSD* (Simington, 1967 [*CE*] 472): ‘Lismoroghan 1/3 qr. single being pt. of ye pish. of Ragh’; nú ‘Lissmeroghan’ mar a litrítear é sna Grand Jury Maps le Pelham:



Fíor 34: Léarscáil Grand Jury, Lismoroghan / Lissmeroghan i bpar. Chill Mhúine: https://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/maps/grand_jury_maps_guide.htm

Tugtar ‘Lismorahaun’ (Lios Mhoracháin, ainm neamh-dheimhnithe de réir www.logainm.ie) ar an gceantar so inniuimh. Ach is ionann ‘Lismorahaun’ agus Lios Mor(ach)áin (nú *Liosmor(ach)áin), logainm a luaitear níos túisce sa tsliocht chéana in *TRIA*, dar le scoláiríbh eile (féach fe *Lios Moracháin). Má ghlacaimíd leis an dtuairim go bhfuil urú siocaithe ar ‘mBearacháin’ agus más rud é gur foirm níos dílse d’fhoghraíocht na Gaoluinne é ‘Lissmeroghan’ mar a gheibhtear sna Grand Jury Maps, ní haon ionadh é dá mba rud é gurbh é ‘Lismeroghan’ foirm ghallda de Lios mBearcháin. Mar sin glacaim le tuairim Uí Ógáin thuas ach le héiginnteacht.

Lios Cealla Ua gCadhla

Lios Cealla Ua gCadhla %(*Enclosed settlement of the church of Uí Chadhla*)

%In or near tl. Fortfergus [Lios Ceallóg], p. Kilchreest, b. Clonderalaw, CE.

%*Ag so suim chiosa ui Briain o Cillrois go Cluain Dagad ... a mBaile na Caillighe .xx. sgilling a Lis Cealla O Cadhla ... a Crapoig*, TRIA 15, 37 §14.

%See Lios Cealla Ua nUins[eann].

Brí


Ceall: .i. ‘(a) Usually transl. church, but in a number of exx. clearly ref. to monastic settlement or foundation, collection of ecclesiastical buildings’ (*eDIL*. sn. ceall); ‘1. Hist: Church ... 2. Churchyard’ (FGBD, sn. cill).

Suíomh

Ní mhaireann an logainm so (nú *Lios Cealla Ua nUins[ean(n)]) sa ló athá inniuimh ann. Ach is léir ó logainmneachaibh eile na tagartha go bhfuil na ceantracha so in oirthear phar. Chill Chríost i mbar. Cluana idir Dhá Lá i gcontae an Chláir:

> a mBaile na Cearda … a Inis Moir … a Ros Cre … a mBaile na Caillighe … .xx. sgilling a Lis Cealla O Cadhla, acus .xx. [sgilling] a lis Cealla ua Nuins … a Crapoig (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 37 §14).

Is amhlaidh ‘Baile na Cearda’ agus b.f. Bhaile na gCeard (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Baile na Ceardcha), ‘Inis Mór’ agus b.f. Inis Mór, ‘Ros Cre’ agus b.f. Ros Cléibh (?), ‘Baile na Caillighe’ agus b.f. Bhaile na Caillí (ibid., s.n. Baile na Caillighe), Crapóg agus b.f. Chnapóige (ibid., s.n. Cnapóg); agus iad araon in oirthear phar. Chill Chríost. Ní fios go díreach an áit a bhfuil Lios Cealla Ua gCadhla nú Lios Cealla Ua nUins[ean(n)] ach tugtar le fios go bhfuilid lonnaithe idir b.f. Bhaile na Caillí agus b.f. Chnapóige bunaithe ar an dtagairt féinig, .i. áit éigint laistigh don limistéar dearg ar an léarscáil ar dheis. B’fhéidir gurb ionann ceann acu, .i. Lios Cealla Ua nUinseann / Lios Cealla Ua gCadhla, agus an b.f. ar a dtugtar Lios Ceallóg. Is trua ná tugtar ainm mar iad ins an *BSD*.



Fíor 35: na blte f. Inis Mór, Baile na Caillí, Cnapóg, Ros Cléibh, Lios Ceallóg i bpar. Chill Chríost: https://www.logainm.ie/ga/6881

Lios Cealla Ua nUins[ean(n)](?)

Lios Cealla Ua nUins[ean(n)?] (*Enclosed settlement of the church of Uí Uins[sean(n)]*?) In or near tl. Fortfergus [Lios Ceallóg], p. Kilchreest, b. Clonderalaw, CE. *Ag so suim chiosa ui Briain o Cillrois go Cluain Dagad ... a mBaile na Caillighe ... .xx. [sgilling] a lis Cealla ua Nuins... a Crapoig*, TRIA 15, 37 §14. See Lios Cealla Ua gCadhla.

Brí

Níl sa tagairt féinig ach ‘Lios Cealla Ua Nuins’ agus mar sin thá sé diocair a bheith cinnte maidir le bunús ‘Nuins’ ach b’fhéidir gurb é Uinsean(n) athá i gceist.

Suíomh

Féach ar *L. Cealla Ua gCadhla.

Lios Coileáin

Lios Coileáin (*Coileán's enclosed settlement*) Tl. Liscullaun, p. / b. Tulla Upr, CE. *Ag so do shuim Tiagharnais Meic na Mara ... ar a Tuath Mor ... 14 huinge a leath-bhaile Leasa Coillein*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 44). Cf. AH 71, 204; CoC 222.

Brí

Is diocair a bheith cinnte an ainm dhuine é nú ainm chlainne é nú ghnáth-ainmfhocal é 'Coileán' anso toisc ná fuil an t-alt nú Ó (/ Ua) i dteannta 'Coileán' féinig: .i. an bhfuil Ó Coileáin i gceist; nú an t-ainmfhocal é a chiallaíonn 'pup / whelp / cub / kitten' (*eDIl*, sn. cuilén; *FGBD*, sn. coileán), nú 'youth' nú'trickster' (*FGBD*. sn. coileán). Roghnaíos ainm dhuine sa deireadh, mar bheadh ainm chlainne gan 'o / ua' ait go maith agus is amhlaidh cás an ghnáth-ainmfhocail gan an t-alt: 'a pup's enclosed settlement / a tricker's enclosed settlement'.

Suíomh

Féach mar athá fé *Leathcheathramha Uí Bhloid(h).

Lios Conalláin

Lios Conalláin (*Conallán's enclosed settlement*) Area in E. p. Killadysert, nr tl. *Leacain na Sionnach [Lackannashinnagh], b. Clonderalaw, CE; prob. corresp. to modern tls Inishcorker and Ballynacragga. *Ag so suim chiosa ui Briain o Cillrois go Cluain Dagad, ar an ttaobh amuich do Lis Conallain …*

> *ocht p. dec comhadh a Lios Conallain*, TRIA 15, 36-7 §14. Cf. BSD CE 337; HTCE 4-5, 452.

Brí

Féach ar an mbrí athá tugtha do *Lios Coileáin thuas.

Suíomh

Is diocair suíomh na logainme so a lonnú go beacht óir níl rian de fágtha sa ló athá inniuimh ann go bhfios dom. Léirítear i dtosach na tagartha féin teorannacha an réigiúin ina bhfaightear L. Conalláin mar sin fhéinig: 'ó Cillrois go Cluain Dagad'. Is léir an áit ina bhfuil Cill Rois gan amhras, .i. par. Chill Rois i mbar. Mhaigh Fhearta i gCo. an Chláir, agus is ionann 'Cluain Dagad' agus par. Chluana Dá Ghad, .i. réigiún athá ar aon dul le Tríocha Céad Chorca Baiscinn Oirtheara.[35] Dá bhrí sin caithfidh Lios Conalláin a bheith idir an dá cheantar so,[36] .i. insa cheantar a dtugtar bar. Chluana idir Dhá Lá air inniuimh. Féachaimíst anois ar chuid dos na logainmneachaibh eile sa tagairt féachaint an dtabharfaid treoir dhúinn?

> Agus is iad so na fearainn ina fuil an eric sin .i. … a cCillfhinne … a dTullaigh Crainn … a mBind Morain … a cCedhramuin na Ligi Iartaruighi … a Cluainareis … a mBaile I Gadhra .. Baile Anadha [b'fhéidir Baile an Adha / Átha(?)] (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 36 §14) ... san Erball ... Seancae … a Cluain Snechta ... a Cluain Ceitt ... a mBoith Luachra … a Cucced Insi Meic Uaithni ... a Leacuin na Sinnach … ocht p. dec comhadh a Lios Conallain … a Curbrecain … a mBaile I Leathain … a mBaile na Cearda (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 36-37 §14).


Moltar in *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Ceall Fhinne) gurb ionann Cill Fhinne thuas agus b.f. 'Killinny' (Cill Eithne) i bpar / mbar. Mhaigh Fhearta. Cé go n-

[35] Deirtear in *CoC* (hÓgáin, 1938, 74, 149-50; cf. Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Corca Bhaiscinn; MacCotter, 1938, 196) gur chuimsigh Corca Bhaiscinn Oirtheara na paróistí seo a leanas le linn na trígiú haoise déag: .i. Cill Íomaí, Cill Mhuire, Cill Mhichíl, Cill Lua Finn, Cill Feadáin, Cill an Dísirt, Cill Chríost, Cluain dá Ghad, Cill Eoin agus Mainistir (/ Paróiste) an Chláir. Ach fén séú haois déag, tháinig Cluain dá Ghad, Cill Eoin agus Paróiste an Chláir fé réim Thríocha Céad na nOileán.

[36] Is léir go gciallaíonn 'ar an ttaobh amuich do Lis Conallain' sa tagairt féin 'ach amháin / siochas' Lios Conalláin', ní 'lasmuigh de'.


oireann ‘Killfinny’ mar ghalldú den logainm Ghaelach Chill Fhinne, thá an ‘Kilinny’ so ar an dtaobh thiar de Chill Rois agus mar a léiríonn tosach na tagartha féin, baineann na logainmneacha sa chuid seo den dtagairt leis an dtaobh thoir de Chill Rois a fhad le par. Chluana dá Ghad, .i. le bar. Chluana idir Dhá Lá (mar athá le feiscint thíos). Anuas air sin, thá ‘Kilfinny’ i bpar. / mbar. Mhaigh Fhearta, .i. áit a bhfuil i dTríocha Céad Chorca Baiscinn Iartharaí (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 74-79, 148-9) agus dírítear go díreach ar fhreagrachtaíbh chíosa Tríocha Céad Chorca Baiscinn Iartharaí féin níosa déanaí sa téacs: ‘ag so suim eissa I Briain o thraig siar a Corca .B. Iartharuig’ (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 37 §14). Mar sin ní dóigh liom gurb amhlaidh Cill Fhinne anso agus par. ‘Killinny’ mar a mholtar in *HDGP*.

I dtaobh na logainmneacha eile, is léir gurb ionann nach mór ‘Tullach Chrainn’ thuas agus na blte f. Thulaigh Chrainn Uachtarach is Íochtarach i bpar. Chill Mhuire i mbar. Chluana idir Dhá Lá. Ansin leanann na logainmneacha eile pátrún cinnte, druidtear soir ón bpointe seo: thá ‘Beann Mhóráin’, .i. b.f. Bhinne Móráin láimh le Tulaigh Chrainn Uachtarach is Íochtarach (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Beann Mhóráin). Thá ‘Cluainareis’, .i. b.f. Chluana ar Ais, ‘Baile I Gadhra’, .i. b.f. Bhaile Uí Ghadhra Uachtarach is Íochtarach (ibid., s.n. Baile Uí Ghadhra), agus ‘Baile Anadha’, .i. b.f. Bhaile an Átha, i bpar. Chill Lua Finn (ibid., s.n. Baile Anadha). Thá ‘Erball’, .i. b.f. Earball, agus ‘Sencae’, .i. blte f. Seanachae Mór is Beag, i bpar. Chill Fhéadáin. Agus baineann ‘Cluain Ceitt’, .i. b.f. Chluana Cit; ‘Cluain Snechta’, .i. b.f. Chluana Sneachta agus ‘Both Luachra’, .i. b.f. Bhoithe Luachra (ibid., s.n. Both Luachra) le hoirthear phar. Chill an Dísirt.




Fíor 36: blte f. Binn Mhóráin, Tulaigh Chrainn Uachtarach is Íochtarach i bpar. Chill Mhuire: https://www.logainm.ie/ga/6996

De réir a chéile ansin, luaitear na logainmneacha i dteannta Leasa Conalláin ins an ord so a leanas: ‘Cucced Insi Meic Uaithni’, .i. b.f. Inis Mhic Uaithne; ‘Cucced na nGrat’, .i. b.f. an Chúige (?); ‘Leacuin na Sinnach’, .i. b.f. Leacain na Sionnach; ‘Lios Conallain’; ‘Curbrecain’, .i. b.f. Chrodh



Fíor 37: blte f. Leacain na Sionnach, Baile na Craige is Inis Corcair i bpar. Chill an Dísirt: https://www.logainm.ie/ga/6968

Bhreacháin; ‘Baile I Leathain’, .i. b.f. Bhaile Uí Leáin (ibid., s.n. Baile Uí Leadhain); ‘Baile na Cearda’, .i. b.f. Bhaile na gCeard (ibid., s.n. Baile na Ceardcha). Tháid na blte f. so lonnaithe araon fad teorann oirthear phar. Chill an Dísirt. Gheobhaimíst a bheith lándeimhin de mar sin go bhfuil Lios Conalláin in oirthear an pharóiste sin. Mar a tharlaíonn sé, gheibhtear logainm ina bhfaightear an eilimint ‘lios’ in oirthear Chill an Dísirt insan *BSD* (Simington, 1967, [*CE*] 337), .i. ‘Lisconalon’, a litrítear mar ‘Lisconncllā’ ar an léarscáil féin a ghabhann leis, athá bhfuil láimh le Leacain na Sionnach agus ar an dtaobh ó dheas de bh.f. Chill an Dísirt fhéinig; .i. thart ar an áit a bhfuil na blte f. Inse Corcair agus Bhaile na Craige inniuimh. Is léir mar sin gurb ionann nach mór Lios Connalláin agus na blte f. Inse Corcair agus Bhaile na Craige inniuimh.



Fíor 38: Léarscáil Petty ar leibhéal an chontae, Lios Conalláin: http://downsurvey.tchpc.tcd.ie/down-survey-maps.php#c=Clare

Lios Dubh


Lios Dubh (*The black enclosed settlement*) Site in *Craoibheach, tls Creevagh Beg / More, p. Quin, b. Bunratty Upr, CE. *Isi foirm acus eifecht na scriobhnoireachta so gur ab amhlaidh so roinneas O Briain .i. Donchadh, agus Conchobhar Mac Donchadh Mac Gluin, duthe idir Mathghamuin Mac Murchadh Mac Gluin agus Donchadh mac Murchad Mic Gluin .i. … Leatceatrama mir do macaire an leasa dubh ann sa Croibigh*, TRIA 15, 55 §20.

Brí

Dubh: .i. ‘black, swarthy; dark’ (*eDIL*, sn. dub; *FGBD*, sn. dubh).

Suíomh

Ba dhiocair suíomh beacht Leasa Dhuibh dh’aimsiú ach léirítear sa tagairt féinig gur i gCraoibhigh, .i. blte f. na Craoibhí Móire is Bige i bpar. Chuinche i mbar. Bhun Raite Uachtarach athá sé.



Fíor 39: Léarscáil OSi Discovery, na blte an Chraobhach Mhór is Bheag: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Lios Duibhinn


Lios Duibhinn (*Duibheann’s enclosed settlement*) Tl. Lisdeen, p. Kilfearagh, b. Moyarta, CE. *Ag so suim cissa I Briain o thraig siar a Corca B[haiscinn] Iartaruig … da sgilling … a Liss Duibhin*, TRIA 15, 37 §14. See Corca Bhaiscinn, Trá Thiar.

Brí

Féach ar *rationale* brí *Lios Coileáin thuas.

Suíomh

Deirtear sa tagairt go bhfuil an logainm so i dTríocha Cead Chorca Baiscinn Iartharaí, .i. bar. Mhaigh Fhearta (Ó hÓgáin, [*CoC*] 75, 149-50; Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Corca Bhaiscinn; MacCotter, 2008, 196). Mar a ráiníonn sé, gheibhtear Lios Duibhinn mar ainm ar bh.f. i mbar. Mhaigh Fhearta .i. i bpar. Chill Fhiarach, agus b'ait an scéal é mar sin murab ionann iad.



Fíor 40: b.f. Lios Duibhinn i bpar. Chill Fhiarach: https://www.logainm.ie/ga/7137/

Lios Flaithrí

Lios Flaithrí (*Flaithrí's enclosed settlement*) Located between *Doirní (tls Dereen E. / W. / S.), *Baile Uí Mhaoil Chéir and *Formaoil; prob. obs. tl. Lislorhee, now tls Lislarheenmore and Lislarheenbeg, p. Rathborney, b. Burren, CE. *Tighirnais I Briain fa maerseacht Clanna Camluas a leith[bhoirinn] … seisidh a Formail … tri hS[eiseadh] is na Doirnibh, agus tri hS. a Liss Flaithri, acus cis da .S. a mBaile I Maeil-Ceir*, TRIA 15, 38-9 §14 (= CoC 89). Cf. BSD CE 472 CoC 222; FCSEI 257.

Brí


Féach ar *rationale* brí *Lios Coileáin thuas.

Suíomh

Ní mhaireann ‘Lios Flaithrí’ mar logainm inniuimh go bhfios dom ach tugann na logainmneacha eile sa téacs treoir dhúinn i dtaobh a shuímh:


> Seisidh a Formail .. tri hS[eiseadh] is na Doirnib, agus tri hS. a Liss Flaithri, acus cis da .S. a mBaile I Maeil-Ceir, (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 38-9 §14).

Mar athá pléite agam fé *Lios na hAbha, is ionann ‘seisidh a Formail’ agus na blte f. Fhormaoil Thoir is Thiar i bpar. Chill Onchon. I gcás ‘Seiseadh isna Doirnib’ is dócha gurb iad na blte f. an Doirín Thiar, Thoir agus Theas i bpar. Chill Onchan i mbar. na Boirne athá i gceist. Agus deirtear insan *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Baile Uí Mhaoil Chéir) go bhfuil Baile Uí Mhaoil Chéir lonnaithe in ‘N. part of tl. Faunarooska, p. Rathborney, b. Burren’. Is léir mar sin go bhfuil Lios Flaithrí ceapaithe idir na réigiúnaibh so.



Fíor 41: Léarscáil OSi Discovery, paróistí. Chill Onchan, Cill Mhúíine agus Ráth Boirne: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Tugtar logainm a bheadh oiriúnach ó thaobh a foirme dhe insan *BSD* (Simington, 1967, [*CE*] 472), .i. ‘Lislorhee’ (f-séimhithe gan fhuaim), athá lonnaithe rud beag taobh amuigh den limistéar chéanna thuasluaite ar léarscail an *BSD*, ar an dtaobh ó dheas de ‘Caherbologh’ (cf. Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 222). Tugtar na blte f. ‘Lislarheenmore’ is ‘Lislarheenbeg’ ar an gceantar so inniuimh.



Fíor 42: Léarscáil Petty ar leibhéal an chontae, Caherbologh i bpar. Chill Mhúine is Lislorhee i bpar.Rátha Boirne: http://downsurvey.tchpc.tcd.ie/down-survey-maps.php#c=Clare

Lios Gabhagáin

Lios Gabhagáin (*Enclosed settlement of the fissured-rock*) Tl. Lisgoogan, p. Rathborney, b. Burren, CE. *Tighirnais I Briain fa maerseacht Clanna Camluas a leith[bhoirinn] ... .S[eiseadh]. a mBaile I Maeil-Ceir, acus .S. Lessa Guagain, acus Baile I Comultain*, TRIA 15, 38-9 §14 (= CoC 89). Cf. BSD CE 474; CoC 222; FCSEI 257; HTCE 7, 447.

Brí

Síolraíonn ‘guagán’ ón bhfocal ‘gabhagán’ (Ó Duinnín, 1927, [*FGB*] sn. gabhag; cf. *eDIL* sn. gág). Nós coitianta i nGaoluinn na Mumhan (agus na canúintí eile i gcoitinne) is ea díghlórú a dhéanamh ar chonsan séimhithe meánach agus is léir gurb é seo athá ag tuitim amach i gcás an *b* séimhithe meánach anso. De thoradh an díghlóraithe ar an *b* séimhithe, dheineag défhoghar as na gutaíbh taobh leis; cf. Guagán Barra (< Gabhagán Barra) agus ‘góil(t)’ (< gabháil) i nGaoluinn Iarthar na Mumhan agus i gcontae an Chláir (Ua Súilleabháin, 1994, 531 §8.73).

Suíomh

Gheibhtear ‘Lisgoogan’ (níl an ainm Ghaelach deimhnithe ag an mBrainse Logainmneacha go fóill) mar logainm Ghallda i bpar. Rátha Boirne, áit ina mbeithfí ag súil leis mar thá na logainmneacha eile a luaitear láimh le *Lios Guagáin* sa téacs féin lonnaithe i bpar. Rátha Boirne (cf. Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Baile Uí Chomhaltáin, Baile Uí Mhaoil Chéir; féach ar a bhfuil pléite agam fé Bhaile Uí Mhaoil Chéir chón maith i *Lios Flaithrí). Tugtar ‘Lisgoogan’ mar shuíomh na logainme so leis in *CoC* (Ó hÓgáin, 1938, 222) agus Gibson (2012, 257). Gheobhaimíst a bheith sách cinnte mar sin gurb é ‘Lisgoogan’ suíomh Leasa Guagáin féineach.



Fíor 43: b.f. Lisgoogan i bpar. Rátha Boirne: https://www.logainm.ie/ga/5872

Lios Loinneacháin

Lios Loinneacháin (*Loinneachán’s enclosed settlement*) Tl. Lisluinaghan, p. Kilfearagh, b. Moyarta, CE. *Ag so suim cissa I Briain o thraig siar a Corca B[haiscinn] Iartaruig …da sgilling a Liss Loinnechain*, TRIA 15, 37 §14. See Corca Baiscinn, Trá Thiar.

Brí

Féach ar *rationale* brí *Lios Coileáin thuas.

Suíomh

Tugtar le fios sa tagairt féin go bhfuil L. Loinneacháin lonnaithe i dTríocha Céad Chorca Baiscinn Iartharaí, .i. limistéar ar chomhéid nach mór le bar. Mhaigh Fhearta i gcontae an Chláir (hÓgáin, 1938, [*CoC*] 75, 149-50; Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*]

s.n. Corca Bhaiscinn; MacCotter, 2008, 196). Agus is léir mar sin gurb amhlaidh b.f. Leasa Loinneacháin i bpar. Chill Fhiarach i mbar. Mhaigh Fhearta agus Lios Loinneacháin athá idir lámhaibh againne (féach ar an léarscáil a ghabhann le *Lios Duibhinn).

Lios Miadhcháin

Lios Miadhcháin (*Miadhchán's enclosed settlement*) A larger territory which gave its name to tl. Lismeehan (alias Maryfort), p. Tulla, b. Tulla Upr, CE. **Genealogies of:** *Do Gheinealach Ua gCaisín annso … Corcrán ó [dtáit] … Uí Cheallaigh comarba Tulcha; Uí Mhíodhcháin Leasa Miodhcháin*, LM 312 (= CoC 39; cf. CoC 39: v.l. *ui Chellaich .i. comarbada Tulcha 7 Ui Miadhachain Leasa Miadhchain*). **Terr. of:** *Ag so do shuim Tiagharnais Meic na Mara ... ar a Tuath Mor ... 14 huinge a cCeathrumha Liosa Miodhchain*, TRIA 15, 44 §15 (= CoC 44). Cf. CoC 222; AH 71, 204.

Brí

Féach ar *rationale* brí *Lios Coileáin thuas.

Suíomh

Soiléir. Féach ar a bhfuil fé *Leathcheathramha Uí Bhloid(h).

Lios Mor(ach)áin

Lios Mór(ach)áin (*Morachán's enclosed settlement*) Perh. tl. Lismorahaun, p. Kilmmoon, b. Burren, CE. *Ac so suim Tigernais I Briain fa Maersecht Mec Con; Cargi a Ledboiren ... Ceithre .S[eiseadh]. Baile Danar, acus .S. Catrach Polla .i. Seiseadh Leasa Morain, acus da .S. Lis na Liathanach*, TRIA 15, 38

§14 (= CoC 88). Cf. BSD CE 459; CoC 222; FCSEI 257; JAA 27, 53-4. See Baile Dhanair, Cathair Pholla, Lios na Liathánach.

Brí

Thá éiginnteacht ann maidir le litriú agus le suíomh na hainme so. Is é Moráin / Móráin an fhoirm cheart de réir litriú na tagartha féin, .i. '*Seiseadh Leasa Morain*'. Ach tugtar le fios in *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Cathair Pholla) agus Westropp (1900-02, 423) gurb ionann an logainm so agus an b.f. ar a dtugtar 'Lismorahaun'. Ach is é 'Lios Mhoracháin' a mholtar mar ainm Ghaelach de 'Lismorahaun' bunaithe ar fhaisnéiseoiríbh an Donnabhánaigh (ainm neamh-dheimhnithe). In ainneoin na heiliminte *-ahaun-*, a thabharfadh le fios go bhfuil consan séimhithe agus guta sínte ann, gheobhadh gurb amhlaidh Lios Moráin agus Lios Morahaun óir is iomaí a thugtar leaganacha litrithe difriúla den logainm chéanna i ngíomhais *Hardiman* (1828, [*TRIA* 15]), cf. 'Letbaile Craicci I Corrain ... a Craicc I Corradain' (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 38 §14); agus i gcás na logainme sin, is é 'Craggycorradan' an fhoirm ghallda dhe de réir www.logainm.ie. Ach mar sin fhéinig ní bheinnse ar son an mholta gurb amhlaidh Lios Moráin insa tagairt agus 'Lismorahaun' mar a chuirimse chun cinn thíos.

Suíomh

Baineann an logainm so le ceantar na Boirne mar a léirítear insan tagairt féin. Ach thá easaontas ann maidir lena shuíomh. Mhol Seán Ó hÓgáin (1938, [*CoC*] 222) gur lios i mb.f. / bpar. Nuachabhála i mbar. na Boirne a bhí ann. Ach mhol Blair Gibson (2012, 257) gur bh.f. Leasa Moracháin i bpar. Chill Mhúine i mbar. na Boirne a bhí i gceist. I gcás Leasa Moracháin ('Liosmorahaun') féin, shíl an tÓgánach (1938, [*CoC*] 222) gurbh é *Lios mBearcháin (féach ar a bhfuil thuas) a bhí mar bhunús 'Lismoroghan' siochas Lios Moráin (cf. Ní Ghabhláin, 1996, 44).



Fíor 44: Lismorahaun i bpar. na Nuachabhála: https://www.logainm.ie/ga/5809


Triailimíst ar an dtagairt féin in *TRIA* aríst féachaint an dtabharfaidh sé fuascailt na faidhbe dhúinn:

> Ceithre .S[eiseadh]. Baile Danar, acus S[eiseadh]. Catrach Polla .i. Seiseadh Leasa Morain ...

Chítear dom, bunaithe ar an eadhóin, go raibh údar an ghníomhais ag rá gurb ionann Cathair Pholla agus Lios Moráin féin. Más ea, moltar in *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Cathair Pholla) go bhfuil Cathair Pholla ‘prob. at or nr Lismorahaun, p. Kilmoon’, tuairim athá ar aon dul le Westropp (1900-02, 423): ‘Caherpolla at Lismoran, 1545 grant. Caherpally. Inquisition 1624, “in Kilmoone” Act of Settlement, grant 1666.’ Perhaps Lismorahaun Caher, a well-built rectangular fort’—in ainneoin go dtugann Westropp (1900-02, 426) moladh eile níos déanaí (féach thíos). Ach níl a leithéid ag teacht go hiomlán le comhaontú na scoláireachta eile maidir le suíomh Cathrach Polla, .i. áit i Nuachabháil ab ea ‘Caherpolla’ dar leis an scoláireacht so:

> Caherpolla, alias Fahaffane, adjoined Lismoher in 1655. Inquisition, 1642 (Westropp, 1900-02, 426). In Noughaval, p. Noughaval, b. Burren … Karpolla als. Fahaffane (hÓgáin, 1938, [*CoC*] 167-8; Frost, 1893, 444 = *BSD* (Simington, 1967, [*CE*] 459). Cathrach Polla, Caherpolla, p. Noughaval (Gibson, 2012, 257).

Ina theannta san, is léir ón dtagairt go bhfuil ‘Baile Danar’—.i. blte f. Baile Uí Dhanair Theas is Tuaidh—i bpar. Nuachabhála agus thá b.f. ‘Lismoher’ teoranta le b.f. Nuachabhála leis (féach ar an léarscáil thíos).



Fíor 45: Léarscáil OSi Discovery, Lismoher, Noughaval (Nuachabháil) is Ballyganner (Baile Uí Dhanair) i bpar. Nuachabhála: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Mar sin fhéinig, do bheinnse den dtuairim gur ‘Lismorahaun’ i bpar. Chill Mhúine atha i gceist siochas ‘Lismoher’ i bpar. Nuachabhála óir críochnaíonn ‘Lios Moráin’ leis an gconsan srónach *-n* (ní chríochnaíonn sé ar an gconsan leachtach *-r*), ar an gcéad dul síos, agus ar an tara dul síos, léiríonn na foirmeacha stairiúla Béarla go raibh an *-ch-* lárnach báite le fada (www.logainm.ie, sn. Lios Mhoracháin):[37]

1626	Lismoran *Morrogh O'Cashea; Car. I*	Inq.(Cl) *Leathanach: II, 116*
1626	Lismoran *Morrogh O'Cashie; Car. I*	Inq.(Cl) *Leathanach: II, 152*
1659	Lismorane *p. Dromcreehy*	Cen. *Leathanach: 186*
1660c	Lismoroghan	BSD (Cl) *Leathanach: 486*
1787	Lissmeroghan *Pt. of Ragh Ph.*	Pelham (Cl)
1839	Lissmorahaun	BS:AL *Leathanach: Cl092,39*
1839	Lissmorohane	Co. Bk.:AL *Leathanach: Cl092,39*
1839	Lissmorohane	Bar. Cons.:AL *Leathanach: Cl092,39*
1839	Lissmorane	Inq. J I:AL *Leathanach: Cl092,39*
1839	Lios Mhóracháin, 'Morachan's fort'	OD:AL *Leathanach: Cl092,39*
1839	Lismo/răhaun	OD:AL *Leathanach: Cl092,39*
1839	Lios Mhóracháin	pl:AL *Leathanach: Cl092,39*
1839	[Lismorahaun] *"North of the townland there is a fort called Lissmorahan" [Desc. Rem.];*	Desc. Rem.:AL Leathanach: Cl092,39 Descriptive Remarks; as Ainmleabhar Paróiste na Suirbhéireachta Ordanáis/from the Ordnance Survey Parish Namebook Bliain: 1830-40

[37] Mar a ráiníog le *-ch-* i nGaoluinn Tuaisceart an Chláir go minic sa bhfichiú haois luaith agus mar athá le haireachtaint cuir i gcás i nGaoluinn Stiofáin Uí Ealaoire, e.g. *teach* > *te’* (Ó Duilearga, 1981, 35).

Lios na hAbha

Lios na hAbha (*Enclosed settlement of the river*) Obs. tl. ‘Lissnahow’, prob. on or nr Caher r., on the border between pp. Killonaghan and Gleninagh, b. Burren, CE. *Tighirnais I Briain fa maerseacht Clanna Camluas a Leith[bhoirinn] … seisidh a Formail, acus seisi Cathra, acus Liss na hAba, acus seisi Muireda*, TRIA 15 38 §14 (= CoC 89). Cf. BSD CE 484; CoC 222; FCSEI 257. See Cathair (3)

Brí

Abha: ‘river’ (eDIl, sn. aba; FGBD, sn. abha / abhainn).

Suíomh

Ní bhfaightear an logainm so sa ló athá inniuimh ann. Do léigh Blair Gibson (2012, 257) an tagairt go cam agus mar sin do bhreac sé é mar ‘Liss na hAlba’. Mhol Seán Ó hÓgáin (1938, [*CoC*] 222) gur cheantar darbh ainm ‘Lissnahow’ a bhí ann—logainm athá tar éis dul i léig—agus gur chuimsigh an fearann so dar leis ‘Southern pt. of each of the townlands of Murrooghkilly, Murrooghtoohy North and Murrooghtoohy South, p. Gleninagh, b. Burren’. Ach ní chuireann an tÓgánach argóint chun cinn maidir leis an dtuairim so. Casaimíst anois ar an dtagairt féin féachaint an bhfuighmíst an moladh so a scrúdú:

> Seisidh a Formail, acus seisi Cathra, acus Liss na hAba, acus seisi Muireda.

Is ionann ‘Formail’, a bheag nú a mhór, agus na blte f. Fhormaoil Thoir is Thiar i bpar. Chill Onchon. Is amhlaidh ‘Seisi Cathra’ agus na fo-bhlte f. ‘Caher Upper agus Lower’ i bpar. Chill Onchon. Agus b’fhéidir gurb ionann ‘Seisi Muireda’ agus an ceantar áitiúil ar a dtugtar an Muiriúch a chuimsíonn na blte f. Muiriúch Cille is Muiriúch Tuaithe Theas is Thuaidh i bpar. Ghleann Eidhneach.



Fíor 46: Léarscáil OSi, limistéar ina mbeithí ag súil le suíomh Leasa na hAbha: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Caithfidh mar sin go raibh Lios na hAbha lonnaithe áit éigint anso ar an dteorainn idir phar. Chill Onchon agus par. Ghleanna Eidhnigh. Ach is léir ón ainm féin gur lios ar bhruach abhann athá ann agus an t-aon abha athá sa cheantar so ná Abha na Cathrach. Mar sin féidearthacht ana-láidir is ea é gur ceann dos na liosannaibh ar Abhainn na Cathrach athá i Lios na hAbha.



Fíor 47: Léarscáil Petty ar leibhéal an chontae, Lisnahow: http://downsurvey.tchpc.tcd.ie/down-survey-maps.php#c=Clare

Tugtar 'Lisnahow' mar logainm insan *BSD* (Simington, 1967 [*CE*], 485) a lonnaítear ó thuaidh de 'Formoyle' agus 'Fanor', rud a oireann don dteoiric a chuirtear chun cinn thuas maidir le suíomh Leasa na hAbha.

Lios na Liathánach

Lios na Liathánach (*Enclosed Settlement of the Liathánaigh*) Unident.; nr *Lios Mor(ach)áin in b. Burren, CE. *Ac so suim Tigernais I Briain fa Maersecht*

Mec Con; Cargi a Ledboiren … .vi. mart, .vi. muca, acus ban galloglachaib … .S[eiseadh]. Catrach Polla .i. Seiseadh Leasa Morain, acus da .S. Lis na Liathanach, TRIA 15, 38 §14. (= CoC 89). Cf. CoC 222; FCSEI 257; JAA 27, 53-4. See Baile Danair, Cathair Pholla.


Brí

Is dócha gur sloinne athá i gceist anso, .i. na Liathánaigh, .i. muintir Uí Liatháin.

Suíomh


Ba léir ón dtagairt féinig gur cheantar insa mBoirinn a bhí ann, ach is diocair a bheith cinnte maidir leis an suíomh beacht. Braitheann sé chón maith ar an áit ina raibh *Lios Mor(ach)áin, an logainm a thagann roimhe Lios na Liathánach insa tagairt féin.

Dar le Seán Ó hÓgáin (1938, [*CoC*] 222) gur lios 'about ½ mile to the west of the Church of Noughaval, b. Burren' a bhí i Lios na Liathánach:




Fíor 48: Léarscáil OSi Discovery, suíomh Leasa na Liathánach i bpar. na Nuachabhála de réir an Ógánaigh: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Molann Blair Gibson (2012, 257) gurbh ionann é agus b.f. 'Lisheeneagh' (adéarfainn go bhfuil an moladh so bunaithe ar a thuairim gurbh amhlaidh 'Liosmorahaun' agus *Lios Mor(ach)áin [féach thuas] óir thá na blte f. so láimh lena chéile).



Fíor 49: Léarscáil OSi, Lisheeneagh agus Lismorahaun i bpar. Chill Mhúine: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Ach ba dhiocair glacadh le ‘Lisheeneagh’ mar ghalldú ar Lios na Liathánach óir adéarfainn go bhfuil an focal ‘lisín’ mar bhunús na heilimte ‘Lisheen’. Is beag an chabhair iad na logainmneacha a thagann i ndiaidh Leasa na Liathánach insa tagairt fhéinig leis óir bainid le ceantar níosa shia thoir, .i. le hoirthuaisceart phar. an Chairn i mbar. na Boirne: ‘S. Lis na Liathanach, acus da .S. na Raithneach, acus .s. is na Ceapacaibh’ (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 38 §14). Is ionann ‘S. na Raithneach’ agus na blte-f. na Raithneacha Thiar is Thoir agus is ionann na ‘Ceapacha’ agus b.f. ‘Cappagh’ (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Ceapacha, na). Is diocair mar sin Lios na Liathánach dh’aimsiú.



Fíor 50: Cappagh, Rannagh East & West i bpar. an Chairn: https://www.logainm.ie/ga/5694

Lios na Luacharnaidhe

Lios na Luacharnaidhe (*The enclosed settlement of the rushes*) Obs. tl. ‘Lisnalogherne’ in or nr *Coill Bhreac [alias tl. *Cathair Mhic Neachtain (Cahermacnaghten)], in p. Rathbourney, b. Burren, CE. *Tighirnais I Briain fa maerseacht Clanna Camluas a leith[bhoirinn] ... .S[eiseadh]. a Coill Breac, acus a Liss na Luacharnaidi*, TRIA 15, 38-9 §14 (= CoC 89). Cf. BSD CE 473; CoC 222; HTCE 447; FCSEI 257.

Brí

Luacharnaidhe: ó ‘Luachair’, measaim, ‘rushes / rushy place’ (*eDIL*, sn. lúachair; *FGBD*, sn. luachair).

Suíomh

Ní bhfaigtear an logainm so sa ló athá inniuimh ann ach tugtar an logainm ‘Lisnalogherne’ ins an *BSD* (Simington, 1967, [*CE*] 473), áit a bhí i bpar. Rátha Boirne. Agus de réir na tagartha céanna san *BSD* dob é Hugh O’Davoren (.i. Aodh Ó Dubhdábhoireann, duine den mhuintir cháiliúil scoláireachta áitiúil) tiarna talún an fhearainn sin; .i. an fear céanna is a bhí ina thiarna talún ar ‘Cahermacnaghton’, .i. Cathair Mhic Neachtain, áit ina raibh Scoil Uí Dhubhdábhoireann (Frost, 1893, 17, 446). Ba léir ón dtagairt ins an *BSD* agus *The Book of Forfeitures and Distributions* [*BFD*] (Frost, 1893, 446) chón maith gur chomhainm an Choill Bhreac do Chathair Mhic Neachtain (hÓgáin, 1938, [*CoC*] 222, 184; Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Coill Bhreac, an), .i. an logainm a gheibhtear díreach roimhe L. na Luacharnaidhe ins an tagairt in *TRIA* athá idir lámhaibh againne anso. Is dócha gurbh é ar an mbonn sin gur mhol Seán Ó hÓgáin (1938, [*CoC*] 222) gurbh áit gar do Chathair Mhic Neachtain i bpar. Rátha Boirne dob ea Lios na Luacharnaidhe (cf. Gibson, 2012, 257).

Deirtear san *BSD* (Simington, 1967, [*CE*] 473) agus san *BFD* (Frost, 1893, 446) gur chomhainm ‘Lisduane’ do ‘Lisnalogherne’ ach ní mhaireann ‘Lisduane’ mar logainm i bpar. Rátha Boirne go bhfios dom. Gheibhtear mar sin fhéinig ‘Lisdooney E. / W.’, athá cosúil leis an bhfoirm Ghallda ‘Lisduane’, i bpar. Chill Fhionnúraigh i mbar. Chorca Mrua, athá gar do phar. Rátha Boirne. Ach tugtar ‘Lisdoony / ‘Lisdooney’ san *BSD* (Simington, 1967, [*CE*] 196) agus san *BFD* (Frost, 1893, 462) i gCill Fhionnúraigh chenna féin agus mar sin is beag seans gurb ionann an ‘Lisdoon(e)y’ so agus ‘Lisduane’ (.i. comhainm do ‘Lisnalogherne’). Mar sin, glacaim le tuairim Uí Ógáin (1938, [*CoC*] 222) agus Blair Gibson (2012, 257) thuas, .i. gurb amhlaidh ‘Lisnalogherne’ agus L. na Luacharnaidhe agus go raibh suíomh na logainme so gar do Chathair Mhic Neachtain (.i. an Choill Bhreac).

Longphort

Longphort, an (*The stronghold*) Obs. pln. Longart (alias tl. Calluragh S.), p. Kilmanaheen, b. Corcomroe, CE. *Ag so suim cissa I Briain a Corcambruadh ... .vi. marg .xx. acus ein .p. .x. ... ar an cethramhuin nGorr ... ar cetramuin in Longfuirt ... Letbhaile na Cuillinnach*, TRIA 15, 37-8 §14 (= CoC 94). Cf. BSD CE 225; CoC 169. See Ceathramha Ghearr, an; Corco Mrua; Leathbhaile na gCuil(l)eannach.

Brí


Comhfhocal is ea é, .i. ‘long’ agus ‘port’, a chiallaíonn ‘stronghold, encampment’ (*eDIL*, sn. longphort; *FGBD*, sn. Longphort / Longfort).

Suíomh

Ní mhaireann rian den logainm so inniuimh go bhfios dom ach is léir ón dtagairt féinig go mbaineann sé le bar. Chorca Mrua i gcontae an Chláir: ‘suim cissa I Briain a Corcambruadh’ (*recte* ‘Corca Mruadh’). An fhadhb athá ann ná tagann an logainm anuas le linn don scríobhaí a bheith ag druidiúint ó réigiún amháin go réigiún eile, .i. tugann sé aird ar logainmneachaibh athá i bpar. Chill Mhainchín inniuimh ar dtúis sara dtugann sé aghaidh ar logainmneachaibh i bpar. Chluaine go hobann. Agus mar sin níl sé ró-shoiléir cioca dos na paróistí so lena mbaineann an Longphort go beacht:

> Ar cetramuin an tSeidéin … ar an cethramhuin nGirr … ar cethramuin in Longfuirt … ar trí cethramnaibh Glenna Meic Concubar na Caille … ar Letbhaile na Cuillinnach … ar Cedramuin in Doire moir … Ceatramuin Maidhi na nEnach … ar cetramhuin Tri Leithin (*recte* Tír Léithín) … ar cetramuin Cathrach Seircin … ar cetramuin Baile I Coilinna (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 38 §14)

Thá Ceathramha an tSéidéin, .i. bf. ‘Carrowntedaun’, agus an Cheathramha Ghearr, .i. b.f. ‘Carrowgar’, i bpar. Chill Mhainchín (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.nn. Ceathramha an tSéidéin agus Ceathramha Ghearr, an [2]).



Fíor 51: Carrowgar is Carrowntedaun i bpar. Chill Mhainchín: https://www.logainm.ie/ga/6839

Ach baineann na logainmneacha eile arbh fhéidir a bheith cinnte féna suíomh leis an dtaobh thoir d’Inis Díomáin (Ennistimon) agus le par. Chluaine: *Leathbhaile na gCuil(l)eannach, .i. b.f. na Cuileannaí (an Chuileannach); Ceathramha an Doire Mhóir, .i. b.f. ‘Derrymore’; Ceathramha Maighe na nEanach, .i. b.f. Mhaigh na nEanach (‘Moananagh’); Ceathramha Thíre Léithín, .i. b.f. Thír Léithín; Ceathramha Cathrach Seircín, .i. b.f. Chathair Sheircín (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Cathair Sheircín); Ceathramha Bhaile Uí Choilíona, .i. b.f. ‘Ballyculleeny’ (ibid., s.n. Baile Uí Choilíona); agus seans gurb ionann Ceathramha Ghleanna Mic Chonchobair na Coille agus na blte f. ‘Glen N./S.’ agus b’fhéidir cuid de bh. f. Ard na Coille.




Fíor 52: na blte f. eile a luaitear sa tagairt athá ar an dtaobh thoir d’Inis Díomáin i bpar. Chluaine: https://www.townlands.ie/clare/clooney3/


:

Adéarfainn mar sin go bhfuil an Longphort lonnaithe áit éigint ar an dteorainn idir phar. Chill Mhainchín agus par. Chluaine.


Mar a ráiníonn sé, gheibhtear ‘Longart’ ar an dteorainn so a thugtar mar chomhainm ar ‘Callowra’ (.i. Ceallbharach / Ceallúrach) insan *BSD* (Simington, 1967, [*CE*] 225), .i. b.f. na Ceallúraí Theas inniuimh. Do gheobhaimíst a bheith sách cinnte mar sin gurb ionann an ‘Longart’ so agus an Longphort athá idir lámhaibh againne.



Fíor 53: Áit ina mbithí ag súíl le suíomh an Longphoirt: https://www.logainm.ie/ga/6839



Fíor 54: Léarscáil Petty ar leibhéal an chontae, Carrowgar agus Longart i bpar. Chill Mhainchín: http://downsurvey.tchpc.tcd.ie/down-survey-maps.php#c=Clare



Fíor 55: : Léarscáil Petty ar leibhéal na barúntachta, Carrowgar agus Longart i bpar. Chill Mhainchín http://downsurvey.tchpc.tcd.ie/down-survey-maps.php#bm=Corcumroe&c=Clare

Caibideal a Dó

Gnéithe Topagrafaíocha

Tugtar aird i gCaibideal a Dó ar roinnt logainmneacha dar tús ‘L’ a bhaineann le rangú an tírdhreacha nádúrtha féinig. Thá réimse leathan tírghnéithe curtha san áireamh, .i. *log* nú *lag*— agus a fhoirm dhíspeagadh, *lagán* nú *logán*—a chiallaíonn limistéar mín um a bhfuil talamh níos airde; *leithead*, .i. fairsinge méith; *leac*, .i. cloch mhór mhín; *leaca* agus *litir*, .i. taobh cnoic; *lathach*, .i. slaba, riasc, portach nú limistéar lábach.

Comhfhocail is ea cuid eile des na tírghnéithibh seo ina bhfeidhmíonn an chéad eilimint dar tús ‘L’ mar aidiacht fad is a chuireann an phríomheilimint tírghné in úil: m.sh. *leithghleann*, .i. taobh / leath gleanna (?); *liathghort* is *liathmhagh*, .i. gort liath agus má liath; *lachtmhagh*, .i. má athá thar maoil le bainne toisc go bhfuil an má san go maith chuige na buaibh a chothú.

I dtaobh roinnt ainmneacha eile a phléitear anso, síolraíonn na logainmneacha ó thírghnéithibh ach suíomhanna daonna is ea iad anois, cuir i gcás mainistir cháiliúil is ea Leithghleann (2) i gCeatharlach gan amhras agus suíomh uirbeach ina raibh droichead is ea Leithghleann an Droichid athá insa dúthaigh chéanna le Leithghleann Cheatharlaigh. Cé gur suíomhanna daonna iad, thá a leithéid d’ainmneachaibh curtha leis an gcaibideal so pé scéal é toisc gur shíolraigh ainmneacha na gceantracha ó ghnéithibh topagrafaíocha ar dtúis.

Ainmneacha do réimse nádúrtha uisce is ea na hiontrálacha eile: .i. Labhrann, ainm ársa de réir deabhraimh do chuan Loch na dTrí gCaol i gCorca Dhuibhne i gcontae Chiarraí; agus Ladhrann, reimse uisce a bhí gar d’Ard Ladhrann sa Bhaile Láir i bpar. Bhaile Huscaird i mbar. an Bhealaigh Chaoin Theas i gcontae Loch Garman, nú b’fhéidir gur comhainm eile d’Ard Ladhrann féinig é. Seod é a leanas na logainmneacha (san uatha) go ndeintear trácht ortha insa chaibideal so:


(i) Labhrann
(ii) Lachtmhagh
(iii) Ladhrann
(iv) Lagán
(v) Lag an Choire
(vi) Lathach
(vii) Leac
(viii) Leaca
(ix) Leithead
(x) Leithghleann
(xi) Leitir Luighne
(xii) Liathghort
(xiii) Liathmhagh

Roghnaíog na hainmneacha so amhlaidh óir bhíos dh'iarraidh a raibh agam d'iontrálachaibh a chur i bhfoirm chaibideal agus bhí roinnt mhaith ainmneacha ann gur bhain leis an dtírdhreach féinig. Shocraíos caibideal a dhéanamh asta san dá bhrí sin. Roghnaíog formhór na n-ainmneacha anso de réir ord aibítreach na n-ainmneacha ins an *OnomG*, cé ná deabhraíonn sé mar sin. Mar adúrt sa réamhrá, baineann Hogan feidhm as litriú na n-ainmneacha mar a gheibhtear iad ins na hachainníbh féinig; dá bhrí sin: is é '**La**ethet', .i. Leithead (2), an chéad iontráil don eilimint logainmníoch 'Leithead', is é '**Lai**chis', an chéad cheann-iontráil a thugtar don eilimint ainmníoch 'Laoighis', agus is é '**Lac**an' (*sic.*) is '**Lac**cán' athá tugtha ar dtúis don eilimint 'Lagán / Logán', .i. Lagán (2) is (3). Cruthaíonn an modh seo roinnt iontrálach sa bhreis don ainm gcéanna, mar sin caithfear na ceann-iontrálacha so a thabhairt le chéile mar ceann-iontráil amháin, ar an gcéad dul síos, agus, ar an tara dul síos, baintear feidhm as litriú na Gaoluinne Clasaicí mar leagan caighdeánach na ceann-iontrála in *HDGP*. Athraíonn mar a bhfuil an cheann-iontráil san ord aibítre nuair a chuirtear cur chuige Thionscnaimh *Locus* i bhfeidhm mar sin.

I dteannta na hiontráileacha a bhailiú de réir mar atháid leagaithe amach aige Hogan, do bhí sé de nós agam innéacsanna na ngeinealach, na n-annála, *Lebor Gabála Érenn* (Macalister, 1938-56 [*LG*]) agus *Lebor na Cert* (Ó Donnabháin, 1847, [LC^1] agus Dillon, 1962, [LC^2]) a chíoradh d'ainmneachaibh dar tús 'L' agus mé i mbun tagairt ainme eile dh'aimsiú. Go háirithe nuair a thugas fén PhD ar dtúis mar a mhíníos sa réamhrá. Mar shampla, chnuasaíos roinnt tagairtí do 'Leithghleann (2)' mar a leithéid. Thá buntáistí agus míbhuntaistí ag baint leis an dá chur chuige so. Nuair a bhailítear tagairtí logainmníocha go léir as saothar fé leith in aon turas amháin, e.g. *CGH*, sábhálann a leithéid roinnt mhaith ama toisc ná gá téarnadh ar an saothar sin arís. Ach nuair a bhailítear na tagairtí de réir na hiontrála féinig, .i. iontráil amháin sa turas, bíonn t'aird dírithe ar na tagairtíbh go léir fén gceann-iontráil sin, rud a chabhraíonn go mór le suíomh na hainme san a mheas.

Le suíomh agus le brí na hainme dh'fhuascailt ansan, chuireag réasúnaíocht iondachtach i bhfeidhm, .i. na tagairtí go léir don logainm a bhailiú is mionanailís a dhéanamh ar an gcomhthéacs ina luaitear na tagairtí so. Mar shampla, i gcás 'Lagán (4)', do mholas suíomh oiriúnach don ainm so i ndiaidh na logainmneacha a leagadh ar léarscáil de réir na sraithe ina luann an file iad sa dán topagrafaíoch, gnás a thug léiriú dom mar gheall ar an slí ina raibh an t-údar ag samhlú an tírdhreacha ina c(h)eann. Thá an cur chuige céanna le feiscint i gcomhthéacs níosa theibí i gcás na n-iontrálacha ina dtagraítear do gheinealach nú cath idir dreamannaibh éagsúla. Cuir i gcás Leithead (2) ina luaitear cath ins na hannálaibh inar ghlac dronganna móra oirthear Chúige Uladh páirt. Dheineag iarracht ins an cás so na tagairtí as na hannálaibh éagsúla a chur in iomaíocht lena chéile agus suíomh oiriúnach don gcath a thriantánú bunaithe orthasan a ghlac páirt ann. Threisíos na hargóintí iondachtacha ansan le fuíollach príomhfhoinsí is foinsí tánaisteacha eile a chur san áireamh.

Mar aon leis an gcur chuige ionduchtach agus na léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis, *Grand Jury Maps* le Henry Pelham agus léarscáileanna an *Down Survey* le William Petty, bhaineas feidhm as léarscáileannaibh áitiúla eile chón maith chun suíomhanna oiriúnacha a mholadh. Mar shampla, léarscáil William Bald do Lagán (2) is léarscáil J. H. Rutherford do Lagán (3). Ach toisc gur gnéithe topagrafaíocha iad na logainmneacha so, bhí suíomh idirlín https://en-ie.topographic-map.com/ ana-áisiúil ar fad. Suíomh is ea é ina gcuirtear léarscáil dhomhanda le 'rochtain oscailte' ar fáil ach le cúlra ildaite a léiríonn na difríochtaí idir airde na talún i gceantar amháin i gcomparáid le ceantar eile go soiléir. De réir eochair an scála, dá ghoirme an dath is ea is cothroime an airde talún, agus ansan léirítear an talamh ag dul in airde ar bhonn athrú datha ó ghorm éatrom go huaine trom, agus ó uaine éatrom go buí trom, agus ó bhuí éatrom go flannbhuí trom, agus ó fhlannbhuí éatrom go dearg trom, agus ó dhearg éatrom go bán trom.



Toisc go bhfuil gnéithe topagrafaíochta mar bhunús na logainmneacha insa chaibideal so, feidhmíonn na léarscáileanna mar chroílár na hargóna dá suíomhannaibh go minic, go háirithe na léarscáileanna díreach luaite a léiríonn codarsnachtaí idir airde talún.

Labhrann


Labhrann, an (*?*) App. the ancient name for Castlemaine Harbour which later gave name to a river which no longer preserves this appellation. Labhrann may orig. have incorporated the entirety of Dingle Bay, bb. Corkaguiny, Trughanac+my and Iveragh, KY. Acc. to legend, the bay and / or harbour may have orig. been known as *Liathmhagh, from which the Labhrann sprang forth with *Uisce Labhrainne used as a synonym for the river and *Inbhear Labhrainne as a synonym when it refers to Castlemaine Harbour (and perh. Dingle Bay). Whereas, *Inis Labhrainne prob. corresp. to the former eccl. p. of Inch, and the tambolo of Inch Strand in tl. Inch, p. Ballinvoher, b. Corkaguiny, KY. **Early ref. (with alt. inflection?):** *Asae fer dothét indossa diar cobair, adhaim a chossa hi Labrinni … hi Máin … hi Lemuin, hi Loch Léin*, CompM 73 §§7-8 (= IB[1] 47). **Other early refs:** *Can as suidi? arsiat ... a Lúachair, a Labraind, a Loch Léin*, *Ériu* 4, 148. *Gabais Fiacha Labrainne ... ríge hÉrenn. Is na amsir tomaidm Fleisce ⁊ Mane ⁊ Labrainne*, LG v, 216 (= LG v, 217; iv, 276 §lxv.62; LL 2209; cf. AFM 3728 [i, 46]; cf. MD iii, 460). *A torthaigi asa descert andeas ... Lúachair, a Labraind, a Loch Léin, a Loch Lugdach, a Loch Daimdeirg, a Cathair Chonrái* (v.l. *Labraindi*), Ériu 4, 148. *Tomaidhm Labhrandi a l-Líathmaig*, MD iii, 462. **River of:** *Tar Re in Chind i Luachair ... ⁊ a ceand tSlebhe Mis lamh re Cathair na Claonratha ⁊ d'Uisci Labrainde ⁊ Traigh Fhir Grinne mic Dheaghaidh ⁊ do Loch Daimhdheircc ⁊ do Dumha Mhaissine i nGlend na nDiadh ⁊ amach a Comhair Chind tSheind-tShleibhe*, AgS ii, 7 (= BLis. 195ra15). **Alt. names / estuary of:** *Tángadar [Fían] tar Sruth attúaidh agus a n-Aoibh Chonuill Gábhra agus a gcríochaibh Chíarruídhe Lúachra agus do Thragha leabhair bháin [Lí] láimh chlí le Cathair na Claonrátha síar. Agus bhádar an fhian an oídhche sin ag Innbhir Labhroinne, .i. Labhroinn inghín Mhíledh hEaspáine do báthadh ... is annsin oilleán sin do hadhnacadh í*, CF[2] p. 50 (v.l. *go hAoibh Labhrainne re a ráidhtear Innse aniogh*, p. 88; cf. *go hIobhlabhraíne re ráidhtear Mis aniu*, CF[1] 62; cf. AcS 6048-50). *Do ghabh Fiachaidh Labhruinne ... ríoghacht Éireann ... is 'n-a ré do lingeadar*

... Innbhear Fleisce [,] Inbhear Mainge agus Innbhear Labhruinne, FFÉ ii, 124-6. **Isl. of / eccl. centre of:** *Mochealloc mac Oiblein ... Insi Labrainne ... acc Corc Duibne mac Cairpre*, CGSH §662.127. *Tangadar Goill i gCamas ó Fothaid Tíre … ocus ro loiscedh leó Inis Labraind, ocus Dairinis*, CGG 4 (= LL 39334; FFÉ ii, 156: *Inis Labhrainne*; cf. LGen. 768.2; cf. Herm. 23, 214). **Honorific usage:** *Tomaidm ... Labrainne on ainmnigter Fíachu Labrainne* LG v, 217 (= LG iv, 276 §lxv.62; FFÉ ii, 126; AFM 3728 [i, 46]). *Genelach Osrithe ... Fiachach Labrinni m. Smirguill m. Smretha m. Senbotha m. Tigernmais*, CGH 117g23-27 (= CGH 137b20-5: *Fiacho Labraind*; LG v, 214 [= LL 2175]; 216 [= LL 2209]). Also cf. CGH 116b3: *Fiachu Labrainn*, 136b48, 147a20; LG v, 444-6; LL 2204: *Fiacha Labraind*; AFM 3727 [i, 44], 3728 [i, 46], 3751 [i, 46], 3773 [i, 48]; FFÉ ii, 124-6; Éigse 10, 310; Celtica 1, 253. **Folk etymology:** *Inber Labarthuinde ré h-Eirinn aníar .i. Labur ingen Míled Espaine ro báidid ann, nó ro labair tonn re tír ann*, AcS 6048-50 (= SG i, 213 [= BLis. 235va36-7]; cf. CF^{2} p.50: *Innbhir Labhroinne .i. Labhroinn inghín Mhíledh*). Cf. AFM i, p. 47; ALS ii, 113-14; CF^{2} p. 88; CGSH 326; CínCC 261-5; CompM 133-4, 174; Dinn. 1, 25-6; Herm. 23, 214-15; IB^{1} 50; LCM 339; TCCD 312-13. See Liathmhagh.

Brí


Is diocair brí an fhocail so a scaoileadh. Molann an Rathileach (1933, 213 n. 53; 1946, 4) **Labh(a)rnā* mar sheana-fhoirm don Labhrainn féin agus nascann sé sanasaíocht na hainmne leis an méid athá curtha chun cinn aige Holder don *Labarā*, craobh-abha adeirtear gur shnig leis an Danóib (1896-1913, [*ALS* ii] 113-14). Do bhí Holder (1896-1913, [*ALS* ii] 113) den dtuairim gurbh í *schwatzende*—'crónán, clabaireacht, nó sioscadh' ('labhairt')—an bhrí a hhí ag an bhfhocal *Labarā*, .i. ag tagairt d'fhuaim na habhann agus í á sreabhadh is dócha. Cé go nglacann an Rathileach (1933, 213 n. 53) go díograiseach leis an sanasaíocht fhoceolaíoch so: 'a likely name for a noisy river', is beag an tacaíocht athá ann i ndáiríribh, siochas an chosúlacht idir na foclaibh féin. B'fhéidir go bhfuil rian den bhfírinne ann mar sin fhéinig, ach níl scoláire eile i ndiaidh moladh eile a chur chun cinn. Mar sin, is dócha go mb'fhearra cloí leis an éiginnteacht agus brí an fhocail a choimeád bán.

Suíomh



Fíor 56: Léarscáil OSi Discovery, an Casán, an Baile Dubh i bpar. Rátha Tuaidh is Baile an Bhuinneánaigh i bpar. Chill Eithne: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Cé ná maireann an Labhrann mar logainm a thuilleadh sa ló athá inniuimh ann, is léir gur limistéar uisce í ós na foinsíbh. Thá roinnt mhaith scoláirí tar éis iarrachtaí a dhéanamh suíomh na Labhrainne a lonnú agus cé ná fuil comhaontú ann ó thaobh an tsuímh de, thá an chomhthuiscint ann go bhfuil an Labhrann i gCiarraí. Shíl an Donnabhánach (1848-51, [*AFM* i] 47) gurb amhlaidh an abha so agus an Casán; abha i dTuaisceart Chiarraí is ea í, láimh leis an mBaile Dubh i bpar. Rátha Tuaidh i mbar. Chlainne Mhuiris.




Fíor 57: Léarscáil OSi Discovery, Tráigh Inse, Bá an Daingin, Abha Charthaí is Loch na dTrí Caol i mbar. Chorca Dhuibhne: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Do bhí Meyer (1895, [*IB*[1]] 50) ar aon tuairim le de Jubainville (1884, 339) gurbh ionann an Labhrann (nó mar a cheap Meyer 'an Labhrainne') agus abha Charthaí a shreabhann le Bá an Daingin bunaithe ar an gcomparáid idir an tagairt den Labhrainn i *CompM* (White, 2006, 73, §7) *Scéla as a mBerar co mbad é Find ... Mongán* agus tagairt den abhainn in *LG* ina luaitear an Labhrann le dhá abhainn eile a thuil le linn ré Fhiachrach Labhrainne: .i. 'tomaidm Fleisce ₇ Mane ₇ Labrainne' (Macalister, 1938-56, [*LG* v] 216). Thá na haibhneacha so lonnaithe ana-ghar dá chéile. De réir deabhraimh, is ionann an Mhánd agus an

Mhaing, abha eile a shníonn le hInbhear Locha na dTrí Caol / Bá an Daingin, agus is ionann an Fhlesc, agus abha na Fleisce a shreabhann le Loch Léin (Ó Rathile, 1933, 213), nú an Fhleasc Rua mar a mhol Rev. O'Connell (1964-5, 25-6), craobh-abha na Mainge féin.


Cé go raibh cur amach ag an Rathileach ar na foinsíbh liteartha céanna, fós do shocraigh sé ar chonclúidibh éagsúla maidir le suíomh na Labhrainne agus na Máinde. Shíl sé gurbh í abha Charthaí an Mhánd (Ó Rathile, 1933, 213), in ainneoin dhó na tagairtí d'Inbhear Mhainge a cheangal leis an Maing níba luaithe san alt (ibid.)—is léir nár ruith sé leis go mb'fhéidir gurbh ionann an Mhaing agus an Mhánd (Ó Rathile, 1933, 213 no. 53)—agus shíl sé gurbh iad an Ribhéar (Bá Neidíneach) agus an Ruachtach, i mbar. Ghleann Ó Ruachta, an Labhrann. Do bhí na tuairimí so bunaithe ar an dtagairt chéanna in *CompM* (White, 2006, 73, §7) arís ina raibh Caoilte i ndeisceart na tíre sarar thosnaigh sé ag léimt ó abhainn go habhainn ag dul soir ó thuaidh gur shrois sé Mongán sa Tuaisceart. Ach mar a thug an Corránach fé ndeara (Ó Corráin, 2004, 261-2), do bhí Ó Rathile (1933, 213; cf. Meyer, 1919, 540-1) den dtuiscint go raibh Caoilte ag teacht ó Thigh Doinn / an Tarbh, i bpar. Chill na Manach, i mbar. Bhéarra, .i. gur tháinig Caoilte níba shia aneas ná mar a cheap Meyer agus de Jubainville thuas. Agus mar sin, dhein sé iarracht an Labhrann dh'aimsiú chón cóngarach do Thigh Doinn agus a gheobhadh sé. Is ar an mbonn seo a lonnaigh Ó Rathile an Ribhéar agus an Ruachtach mar shuíomh na Labhrainne óir i dtagairt a bhfuil an cruth céanna air is a gheibhtear in *CGSH* (Ó Riain, 1985, §662.127), deintear ceangal idir naomh Mo / To Cheallóg agus Inbhear Labhrainne—agus is é b.f. Chill Mocheallóg, gar den Ribhéar agus den Ruachtach, i mbar. Ghleann Ó



Fíor 58: Léarscáil OSi Discovery, Loch na dTrí Caol, an Leamhain is an Mhaing i mbar. Chorca Dhuibhne: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Ruachta, an suíomh is sia ó dheas a bhfuil tagairt do Mhocheallóg ann agus a bhí ar eolas ag Ó Rathile.[38]

Ach ní luaitear Tigh Doinn sa téacs *Scéla as a mBerar co mbad é Find ... Mongán* in aon chor, agus mar sin, thá tuairim an Rathiligh maidir le treoir Chaoilte gan bhunús. Ina theannta san, mar a luaigh Rev. O'Connell, do bheadh comhleanúnachas ciallmhar ann dá mba rud é go raibh an tréidhe aibhneacha, .i. an Fhleasc, an Mhaing agus an Labhrann—de réir thradisiúin *LG* (agus na tagairtí



Fíor 59: Léarscáil OSi Discovery, Suíomh na Labhrainne / Inse Labhrainne (?), Bá an Daingin, Loch na dTrí Caol, an Leamhain, an Mhaing is an Fhleisc Rua i mbar. Chorca Dhuibhne: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

déanacha a shíolraíonn ón seanchas chéanna)—agus an Labhrann, an Mhaing agus an Leamhan—i gcás *Scél as a mberar co mbad é Find ... Mongán*—lonnaithe gar dá chéile: 'so the three rivers grouped together in the old myth [i. an Fhleasc, an Mhaing agus an Labhrann] could be taken to mean the source, the middle stretch and the mouth of one and the same river' (O'Connell, 1964-5, 25-6).

Mar a tharlaíonn sé leis, luann O'Connell (1964-5, 25-6) go raibh suíomh eaglasta tiomnaithe do Mho Cheallóg ní ba shia ó thuaidh in Inse, i mbar. Chorca Dhuibhne,[39] .i. áit athá i bhfad níosa chóngaraí don Mhaing agus d'abhainn na Fleisce Rua. Thá argóint O'Connell bunaithe ar an dtagairt in *CF*[1] (Meyer, 1885, lch 62; cf. O'Rahilly, 1962, [*CF*[2]] lch 88), ina luaitear gur comhainm Sliabh Mis (recte

[38] Thá Roibeárd Ó hUrdail tar éis an argoint a chur chun cinn go raibh suíomh eaglasta tiomnaithe do Mho Cheallóg niosa shia ó dheas i mBeanntraí (2004, 302-8).
[39] Treisíonn Ó Corráin (2004, 264) an nasc idir Mho Cheallóg agus Inse i gCorca Dhuibhne: 'the sub-kingdom of Aes Irruis Tuaiscirt, the land of the lineage of To Chellóc. Thus To Chellóc's other certain site lies within Corca Duibne, but at its border' (cf. MacCotter [2008, 169, 260] do réim *thrícha cét* Aosa Iorruis Thuaiscirt).

Inse; cf. O'Rahilly, 1962, [*CF*^{2}] lgh 50, 88 [thíos]) do Iobh Labhruíne [Aoibh] (*recte*: Inis Labhrainne; cf. Ó Corráin, 2004, 262-3, no. 18):

> The author of the Fenian tale *Cath Finntrágha* seems to have no doubt that Inbhear Labhrainne was adjacent to Sliabh Mis and to be none other than Castlemaine Harbour, stretching east from Inch (near Anascaul) to the mouth of the river Main … St. Mochellóg, after he had preached for some time in Tuosist, sailed north and established another foundation in the south-east of the Dingle peninsula near the headland marked Inch on the map. If we take it then that the sea ebbing over Inch strand forms part of Inbhear Labhrainne, as the author of *Cath Finntrágha* implies, there is no difficulty in accepting the suggestion that Inis Labhrainne, and the modern Inch are one and the same place (O'Connell, 1964-5, 25-6).

Do chuir Cecile O'Rahilly (1962, [*CF*^{2}] lch 88) an argóint chéanna chun cinn i 1962—.i. gurbh ionann Inse Labhrainne agus Inse i gCorca Dhuibhne—dhá bhliain ní ba luaithe ná O'Connell:

> *Do ghluaiseodar rompu … do chathair na Claonrátha le ráidhtir Cathair Conraoi ₇ do shliabh mongruadh Mis ₇ as sin go hAoibh Labhruinne*[40] *re a ráidhtear Innse aniogh*. The place meant is Inch (An Ínse in local speech) … in some other late MSS. the place is called Inis Labhraine while in some Innse (or Inis) has been misread as Mis … Inis Labhrainne … may well have been the older name. Cp. a passage in [*Acallam na Senórach*]: *a ceand tSléibhe Mis lámh re Cathair na Claonrátha ₇ d'Uisci Labhrainne* ... in this passage *Uisce Labhrainne* is definitely in Corca Dhuibhne.

Do chuir Ó Siochfhradha (1939, [*TCCD*] 312) an tuairim chéanna chun cinn ní ba luaithe fós in 1939 bunaithe ar an dtagairt chéanna in *CF* ach do bhraith sé go héiginnte mar gheall air (Ó Siochfhradha, 1939, [*TCCD*] 313). Do ghlac Ó Riain le hInse i gCorca Dhuibhne mar shuíomh Inis Labhrainne insan *CGSH* (Ó Riain, 1985, 326) chón maith. Agus i gcás an Chorránaigh—an scoláire is deireannaí a dhein iarracht Inis Labhrainne a lonnú— is amhlaidh an chonclúid a bhí aige tar éis dhó tuairim T.F. Uí Rathile (thuas) a dhiúltú: 'Inis Labhrainne ... is the tambolo of Inch' (Ó Corráin, 2004, 263). Thá conclúidí an Chorránaigh bunaithe ar na hargóintíbh

[40] Is léir ós na foinsíbh eile ina luaitear an Labhrann gur truailliú é Aoibh Labhrainne d'Inis Labhrainne; sin an tuairim a bhí ag an gCorránach (2004, 263) chón maith: 'Aoibh Labhrainne is obviously corrupt; other MSS [of CF] have Inis Labhrainne'.

céanna is athá ag Cecile O'Rahilly agus ag O'Connell (thuas)—ach ní luann an Corránach alt O'Connell nú argóintí an tSeabhaic, mar sin fhéinig.

Cé go bhfuil an chuma ar Inse / Tráigh Inse gur gob gainimhe athá inti inniuimh, is léir gur tambaló a bhí inti i ndáiríbh, mar is é adeir an Corránach (Ó Corráin, 2004, 263) ná go bhfuil an t-oileán fós le feiscint ar léarscáileannaibh Eibhlíseacha don cheantar; ach ina theannta san, thá an t-eolas so caomhnaithe in ainm an b.f. fhéinig .i. Oileán Inse.



Fíor 60: Léarscáil OSi agus grianghraf satailíte d'Oileán Inse: https://www.logainm.ie/ga/22664 / https://earth.google.com/web/search/Inch+Kerry/@52.14727716,-9.96251946,70.14014364a,8926.25719266d,35y,3.50868537h,35.96381483t,0r/data=CnUaSxJFCiUweDQ4NDU1MGZmMm

Ar deireadh, is léir gur comhainmneacha iad Inbhear Labhrainnne agus Uisce Labhrainne den Labhrainn féin (an chéad cheann don mbá agus an tara ceann don abhainn) óir síolraíonn an tagairt de mhaidhm Inbhir Labhrainne in *FFÉ* (Ó Duinnín et al., 1902-14, ii, 156) ón dtraidisiún chéanna de mhaidhm Labhrainne in *LG* (Macalister, 1938-56, [v] 216); agus is ionann an comhthéacs ina luaitear Uisce Labhrainne in *AgS* (Ní Shéaghdha, 1942-5, [ii] 7) agus Inbhear Labhroinne in *CF*[2] (O'Rahilly, 1962, 50) agus an fhoirm bhréag-shanasaíochtúil Inbhear Labharthuinne in *AcS* (Stokes, 1900, 6048-50). Agus más fíor an cás láidir thuas gurb ionann Inis Labhrainne agus Inse / Oileán Labhrainne i gCorca Dhuibhne, argóint láidir *a priori* is ea é gurb ionann an Labhrann féin (agus Inbhear Labhrainne / Uisce Labhrainne) agus an t-inbhear ar a dtugtar Loch na dTrí Caol (féach ar an léarscáil thuas) ar a laghad agus b'fhéidir Bá an Daingin leis. Mar adeir an Corránach (2004, 264):

> Inbher Labhrainne must be the ancient name for Castlemain Harbour, and perhaps for the whole of Dingle Bay. The Modern-Irish name for Castlemaine Harbour, Loch na dTrí gCaol, which I understand to be be the narrows created by Rosbehy, Inch and Cromane, cannot thus be as early as the late sixteenth century.

Lachtmhagh

Lachtmhagh (*Plain of milk*) In N. DL; prob. a plain in the terr. of *Ceinéal Lughdach in b. Kilmacrenan. *Gid cia ro shíredh Lebar Chilli mic nEnan, ro geabhtha … fis gacha dala i Conoll. Is ann do fhuarusa senchas dremi … otha Lugaid do Lachtmuigh, co Dalach mac Muirchertaig*, BFen. 346. Cf. BFen. 346-7; Ériu 58, 46; MedI 222, 258-9.

Brí

Is comhfhocal é ‘Lachtmhagh’, .i. ‘lacht’, a chiallaíonnn ‘milk, partic. cow's milk’, go háirithe bainne bó (*eDIL* s.v. lacht), agus ‘magh’, .i. ‘a plain, an open stretch of land’ (*eDIL* s.v. mag). Is logainm fháthchiallach í athá dh’iarraidh talún sách torthúil agus mín a chur in iúl. Gheibhtear ‘Lachtmhagh’ mar eilimint de chuid logainme défhoclaí go rialtha, .msh. *Leithead (1) is *Leithead Lachtmhaighe thíos.

Suíomh

Ní raibh teacht ach ar thagairt amháin don logainm so ón dán, ‘A eolcha Conaill ceoluig’ in *BFen*. (Hennessy et al., 1875, 344-54):

> Gid cia ro shíredh Lebar Chilli mic nEnan, ro geabhtha … fis gacha dala i Conoll. Is ann do fhuarusa senchas dremi … otha Lugaid do Lachtmuigh, co Dalach mac Muirchertaig (ibid., 346).

Is léir gur tagairt do Thír Chonaill í ‘Conall’ agus is athair clainne é Lughaidh—an fear a luaitear leis an logainm fhéineach—don gCeinéal Lughdhach, dál a chuireadh fútha i dTuaisceart Thír Chonaill i mbar. Cheall Mhac nÉanáin (Ó Riain et al., 2003, [*HDGP*] s.n. Ceinéal Lughdhach; Byrne, 1973, 120-1; MacCotter, 2008, 222, 258-9). Síolraíonn Dálach mac Muircheartaigh ón Lughdhaidh so, ocht nglún bhuaidh, agus is duine de mhuintir Uí Dhomhnaill é Dálach leis (Hennessy et al., 1875, [*BFen*.] 347). Mar adeir Katherine Simms athá tar éis anailíse a dhéanamh ar na dántaibh in *BFen*. (2008, 46):

> The third poem, *A eolcha Conaill ceoluig*, date is quite early, either late-eleventh or very-early twelfth century. It is written to justify the kingship of Clann Dálaig, the direct ancestors of the Uí Domnaill, not over the whole of Tír Conaill but over the Síl Luigdech themselves, against the competition of four other kindred branches, descended from Dálach's four elder brothers … This poem is clearly linked to the church at Kilmacrenan, and it begins the long tradition of Columban prophecies in support of the Ó Domnaill dynasty. What is interesting is that it almost certainly dates from a time before they were generally acknowledged as entitled to be kings of Tír Conaill.

Is amhlaidh mar sin gur má i gcrích Cheinéal Lughdhach i dTuaisceart Dhún na nGall í an ‘Lachtmhagh’ so, .i. críoch talún ar aon dul le bar. Chill Mhac nÉanáin inniuimh.

Ladhra(nn)

Ladhra(nn) (*?*) In or nr *Ard Ladhrann, tl. Middletown, p. Ardamine, b. Ballaghkeen, WX. *Fiacha … luam Ladrann go luchtmaire*, LC[2] 166 (= LC[1] 200-2: *Fiacha ... luam Ladhrand co Luthmhairi*). *Can assa desciurt tictis a ndréchta togai, a metrida áille, a congrimma? Ní hansa. A Temair ... a Libriu, a Lúachair, a Ladraind*, Ériu 4, 163 §27. *Tri mortuile Erenn … .i. tuile Clidna ⁊ tuile Ladrand ⁊ tuile m[B]aile; acht ni i n-aenuair conuarcaíbsed. Robe in tuile medonach tuile Ladrand*, RC 15, 437 (= SG ii, 481). **Battle of:** *Gabais Cairpre Liphechair íar sin fhlaith Temra ... ⁊ ro bris .uii. catha for Mumain .i. ... Cath Ladrann*, Celtica 11, 171 §5. Cf. LC[1] 202-3, n. u; ZCP 24, 150-51. See Ard Ladhrann, Leacht Ladhrann, Lochlinn Ladhrann.

Leacht Ladhra(nn) (*Burial place of Ladhra[nn]*) In or nr *Ard Ladhrann, tl. Middletown, p. Ardamine, b. Ballaghkeen, WX. *Lecht Ladraind, lecht Parthaloin*, ZCP 24, 140. See Ard Ladhrann, Ladhrann, Lochlinn Ladhrann.

Lochlinn Ladhrann (*Lake of Ladhra[nn]*) In or nr *Ard Ladhrann, tl. Middletown, p. Ardamine, b. Ballaghkeen, WX. *Ladra mac uighin a quo ard ladhrann … tinnabhras ladra na land os lochlinn anmhnas ladrann*, LL facs 378b25-6. See Ard Ladhrann, Ladhrann, Leacht Ladhrann.

Brí

Más rud é go mbrúchtann nó tuileann an Ladhrann, do bheithfí ag súil le réimse uisce de shaghas éigint: .i. ‘loch’ nó ‘abha’.

De réir mar a thuigimse, thá dhá thraidisiún ann ina mínítear ainmniú ‘Ard Ladhrann / Ladhrann / Leacht Ladhrann / Loch Ladhrann’. De réir an traidisúin is coitianta, a shíolraíonn ó *LG*, d’ainmníog an dúthaigh as fear darbh ainm Ladhra a

mhair le linn na Díleann agus a tháinig slán (féach thíos fé ‘suíomh’). Ach thá traidisiún fánach eile ann a gheibhtear in LL, .i. an chuid den LL nach an fíor LL é, inar shíolraíog ainm na háite ó Ladhra mac Aughaine (Úghaine) Mhóir mhic Eachach mhic Bhuadhaigh: ‘ladra mac uighin a quo ard ladhrann’ (LL facs 378b21). Rí Uladh agus Ard-Rí Éireann agus rí na hEorpa in aoinfheacht ab ea Aughaine Mór de réir *LG* (Macalister, 1938-56, [v] 266-274). I gcás traidisiúin Aughaine / Úghaine Mhóir féinig in *LG*, ní liostáiltear mac darbh ainm Ladhra i measc na gcúigear fichead do chlainn a rugag dó in aon chor (Macalister, 1938-56, [*LG* v] 266, 272).

Suíomh

Dh’aimsíog Ard Ladhrann cheana féin insan *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Ard Ladhrann): ‘Perh. “moat of Ardamine”, in tl. Middletown, p. Ardamine, b. Ballaghkeen, WX’. Bhunaíog an tuiscint seo don chuid is mó ar nóta athá ag an Donnabhánch in *LC*[1] (1847, 202-3, n. u):

> Ladhrann, i.e. Ard Ladhrann: this was another fort of the kings of Leinster, situate[d] on the east coast, in the territory of the Uí Ceinseallaigh. See Colgan, *Acta Sanctorum, Vita S. Maidoci, p. 210*: “Et intravit portum in regione Hua-Kinselach in oppido quod dicitur Ardlathrann”. This place was known in the time of Colgan, who describes it as a place in the dioceses of Ferns, and county Wexford, called after Ladhrann, a soldier (and companion of the antediluvian “Ceasair,”), who was there interred. Acta SS, p. 217, note 22. The editor could not find any place in the county of Wexford according with the *noticea* of this place in the Life of St. Maidoc, except “Ardamine” … in the barony of Ballaghkeen”, where there is a remarkable moat level at the top and measuring about eighty links in diameter.

Molann Dobbs ([*ZCP* 24] 150-51, n. 52) an suíomh céanna do Leacht Ladhrann ar bhonn tuisceana an Donnabhánaigh chón maith is dócha (féach Leacht Ladhrann).

I dtaobh na chéad tagartha ó *Lebor na Cert* (*LC*), a shíolraíonn ón dtéacs casta *Timna Chathaír Máir*, is diocair an tuiscint de a scaoileadh. Aistríonn Dillon ‘Ladrann’ anso mar ainm dhuine: ‘Ladru the steerman with plenteous cargo’ (Dillon, 1962, [*LC*[2]] 167); agus más fíor san, níorbh fhiú é a chur san áireamh mar chuid den bhfoclóir. Ach tuigeann an Donnabhánach é mar ‘Fiacha ... the active pilot of

Ladhrann' (Ó Donnabháin, 1847, [*LC*[1]] 201-3), .i. comhlogainm 'Ard Ladhrann' féinig.

Tagann an buafhocal *luam*, .i. 'luamh(aire)', anuas go minic i leith Ladhrann (.i. Ladru) gan amhras. Pearsa choitianta is ea é i gcúrsaí seanchais a bhaineann leis an nDílinn agus le Ceasair dh'aithrisíonn Fintan mac Bóchra go minic. Cuir i gcás i ndán curtha i mbéal Fhintain in *Suidigud Tellaig Temra*, luaitear Ladhrann (Ladhra) Luamh i dteannta Bheatha mhic Naoi (Best, 1910, [*Ériu* 4] 160):

> Is Bith mac Náe seach cech fear / cétna ránic a haitreb / ocus Ladru lúam iar sin / cétna adhnacht fo thalmain.

Tugtar eolas sa bhreis i dtaobh thraidisiúin Ladhrann go forleathan in *LG* (Macalister, 1938-56, [ii] 176-8; 182 (*7*rl.):[41]

> Cia … rogab Erinn iar tusmid talman? Is ed isbert Lebor Droma Snechta … Ladra in tres fer, is é ced marb Erenn insin: is uad ainmnigter Ard Ladrann … Ladru lúam diata Ard Ladrann—is é cétna marb dochóid fo úir hérenn.

De réir an traidisiúin seo, dob iad Bith mac Naoi, Ladhrann (Luamh) agus Fintan mac Bóchra triúr nár liogag ar bord na hAirce toisc gur ghadaithe a bhí ionta agus mar sin thógadar triúr soitheach dóibh féin ina rabhadar agus caoga ban le linn tuitim amach na Díleann. Roinneag na fuílligh bhan eaturtha i ndiaidh dóibh dul i dtír in Éirinn. Fuair Ladhra Luamh féin bás don 'ró-bhanachas': 'don ro-bhanach adbath Ladru i nArd Ladrand' (Macalister, 1938-56, [*LG* v] 486), dh'ainmníog Ard Ladhrann as i ndiaidh a bháis agus dob'eiseann an chéad duine do chuireag fé thalúin na hÉireann (m.sh. Macalister, 1938-56, [*LG* ii] 188-93, 200-207). Ach de réir traidisiúin eile a bhaineann le bás Ladhrann ón *EdD* (Stokes, 1893), in ionad an ró-bhanachais, deirtear gur rug an Díle ortha ar deireadh agus bhág iad insna suíomhannaibh dh'ainmníog asta:[42]

---

[41] Féach ar *LG* (Ó Riain, 2009, [vi] s.nn. Ladhra agus Ard Ladhrann), *BFen.* (Hennessy et al., 1875, 15 agus 18), *Folklore* 43 (Hull, 1932, 394) agus *HDGP* (Ó Riain et al., 2003, s.n. Ard Ladhrann) do thagairtíbh sa bhreis do Ladhra(nn) Luamh. Tugtar an ainm Ladhra ar fhile Phartalóin leis (Macalister, 1938-56, [*LG* iii] 26).

[42] I gcuntas eile in *LG* (Macalister, 1938-56, [ii] 188, §177), deirtear go bhfuair Ladhra bás toisc gur shág maide rámha trína thóin.

> Doladar a ceathair ar imgabhail na dilend sin go torachtadar Erinn $_7$ ros-baidh in dili amail dos-tarraidh in gach aird .i. Bith i Slíabh Betha, Ladru i nArd Ladrann, Cessair i Cuil Cessra, Finntan i Fert Findtain os Tul Tuinde (Stokes, 1893, [*EdD* 4] 477).

Is dócha go mbaineann an tagairt do 'tuile Ladhrann', a luaitear mar cheann des na 'tri mortuile Erenn', leis an dtraidisiún so. Níorbh aon ionadh mar sin gur thuig Dillon 'luam Ladrann' mar ainm dhuine. Ach má fhéachaimíd ar chomhthéacs na tagartha in *LC*, níl cúrsaí chón soiléir san:

> Sruith in sósar soineamail / Fiacha fer in n-ilchétaib / buidhghein Berbha bruthmaire / fogéna a bráithirse / Ailinn aíbind airdgéba / Carman clothach comghéba / biaidh ós Almain armitnigh / Nás go niamdha nertaighfidh / luam Ladrann go luchtmaire ... Maisten na rígh roghéba / Feimen fo chirt certaighfe ... (Dillon, 1962, [LC^2] 166)
> Honoured is the unique youngest son / Fiacha, a man in many hundreds / lucky offspring of ardent Berba! / His brethern will serve him / He will sieze pleasant Aillenn / He will hold famous Carman / He will rule venerable Almain / He will strengthen Naas with splendour / Ladru the steerman with plenteous cargo (?) ... He will sieze Maistiu of the kings / He will settle Feimen under justice ... (ibid., 167).

Ar an gcéad dul síos, thá comhréir na líne ina bhfaightear an tagairt do 'luam Ladrann' rud beag ait toisc go bhfuil an briathar in easnamh. Ach mar a chítear, tagraítear dá bhfuil i ndán d'Fhiacha mac Cathaoir díreach roimh agus i ndiaidh na tagartha de 'luam Ladrann' féin insan trígiú pearsain tríd síos insa chuid seo den dán: m.sh. 'airdgéba, comghéba'. Mar sin, ní fheadar-sa an frása neamh-choplach é 'luam Ladrann go luchtmaire' i ndáiríribh? Agus an é Fiacha féin ainmní na habairte insa mhéid is go bhfuil ciall mheafarach i gceist, .i. 'beidh Fiacha ina cheannaire / is é Fiacha ceannaire Ladhrann'? B'imeartas focal ciallmhar é seo a chuirfeadh Ladhra Luamh, fear gur ainmníog Ard Ladhrann as de réir dinnsheanchais de—.i. suíomh tábhachtach Ua gCinnseallaigh—[43]i gcuimhne don lucht léitheoireachta / éisteachta. Mar sin, glacaim le haistriúchán Uí Dhonnabháin anso, .i. logainm is ea 'luam Ladrann', .i. *steerman of Ladhra*, sa chás so; ní tagairt do Ladhra Luamh féin é.

[43] Ceinéal Chobhthaigh go beacht: 'GENELACH HÚA CENDSELAIGH ... Cenél Cobthaig i nArd Ladrand' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 316b47-316c60).

An Lagán

Brí

Tírghné is ea ‘lagán’ nó ‘logán’ a chuireann réimse talún cuíosach réidh um a bhfuil talamh níos airde á timpeallú in úil. Síolraíonn an focal féin ó ‘loc / log’—.i. *hollow, pit, little hole, ditch*—táite leis an díspeagadh *–án* (*eDIL*, s.v. loc II; cf. Ó Dónaill, 1977, [*FGBD*] s.n. logán: *little hollow, depression, lowlying land / country*). Mar a mhol an Donnabhánach (1844, [*TCHyF*] 222-3, n. y): ‘The name Lagan signifies a hollow, or hollow district between two hills or mountains’. D’fhéadfadh lagánacha a bheith beag nú mór sa mhéid is go bhfuil sé diocair iad dh’idirdhealú ó mhá, ‘plain, an open stretch of land’ (*eDIL*, sn. mag) nú ó shrath, ‘(b) valley, bottom, meadow or grassy place near a river’ (*eDIL*, sn. srath). Féidearthacht eile is ea ‘lag’ nó ‘log’ a chiallaíonn, ‘place, habitation’ (*eDIL* sn. loc 2), ach ‘dwelling-place, monastic site’, nuair athá sé táite leis an ndíspeagadh *–án* (*eDIL* sn. locán). Ach mar a chífear thíos, achracha talún cuíosach réidh um a bhfuil talamh níos airde is ea na Lagáin dh’aimsítear anso, mar shampla an Lagán (bar. Bhaile an Tobair, RN).




Fíor 61: Léarscáil OSi Discovery, sampla de ‘Lagán’ i bpar. Cill Ghlais: .i. achar talún idir dhá chnoc: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html


Lagán, an (1) (*A depression between elevated ground*) In RN; perh. tl. Legan and low-lying terr. encompassing Kilglass Lough (obs. pln. Loch an Lagáin), p. Kilglass, b. Ballintober N. *Crech an Lacain la Tadc Mag Ragnaill ar tarraing Diarmata meic Lochlainn Oicc h Anligi*, ACon. 1464.23. Cf. Ainm 6, 19; CBC 156; Éigse 7, 271; TP[1] 62, xli n. 304. See Uí Áinlighe.


Suíomh

Thá an iontráil so bunaithe ar an dtagairt in *ACon.* (Freeman, 1944, 1464.23). Lonnaíonn Freeman (1944, [*ACon.*] 833) an Lagán so i bpar. Eachroim, bar. Ros Comáin. Cé go bhfuil Lackan le fáilt anso mar b.f., adeir an Murchadhach (1994-5, 19) nach raibh Eachroim mar chuid do dhúthaigh Uí hÁinlighe,[44] agus mar sin molann sé b.f. Lagan (recte Legan),[45] i bpar. Chill Ghlais, i mbar. Bhaile an Tobair Thuaidh, RN mar shuíomh na logainmne so.



Fíor 62: Léarscáil OSi Discovery, Lackan i bpar. Eachroim: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html





Fíor 63: Léarscáil OSi is OSi Discovery, Legan i bpar. Chill Ghlais: https://www.logainm.ie/ga/44124 / https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Níl an fhoirm Ghaelach den logainm so deimhnithe ag www.logainm.ie go fóill, ach is é Liagán an ghnáth-fhoirm Ghaelach don bhfoirm ghallda ‘Legan’ (cf. www.logainm.ie s.nn. Legan / Liagán i bpar. Bhaile Uí Loingsigh, Cill Choinnigh;

[44] Cf. ‘A people in pp. on W. bank of r. Shannon, from Kilmore (b. Ballintober N.) to Kilgefin (b. Ballintober S.), RN’ (Ó Riain et al. , 2003-, [*HDGP*] s.n. Ceinéal Dobhtha); and ‘Duthaigh don feadhain airmghéir [O Ainlighe] / Cenel Dobhtha’ *Hereditary to the keen-armed tribe of O hAinlighe* / Is Cinel-Dobhtha; Cinel-Dobhtha … It comprises the parishes of Kilglass, Termonbarry, Cloontuskert, and the eastern half of the parish of Lissonuffy’ (Ó Donnabháin, 1862, [*TP*[1]] 62, xli n. 304). Féach chón maith ar chaibideal Uí Mhuraíle (2012, 807–862).

[45] Cf. ‘Leagganianly’ béarlú Lagán Uí Áinlighe (?), i mbar. Baile an Tobair: ‘The indenture of Maghery Connaught … the said countries and territories be devided into three Barronies viz the Barrony of Boyle … Ballintober and … Roscommon … First in the Barrony of Ballintober … Leagganianly consisting of 35 qrs, whereof belongeth to the queenes Ma[tie] as in right of St. Peter’s abby of Athlone 2 qrs and to the Bishoprick of Elphin 4qrs’ (Freeman, 1936, [*CBC*] 155-6; féach Ó Murchadha, 1994-5, 19).

agus Legan / Liagán i bpar. Cill Ghaobhair, Maigh Eo). In ainneoin a leithéid agus in ainneoin an bhéarlú le ‘Le-’, tugann foinsí Gaoluinne na logainmne, de réir www.logainm.ie, Lagán ar an gceantar. Foinsí déanacha a bhreac an Donnabhánach, a bhaineann le 1837 ar a luaithe, athá iontasan mar sin fhéinig:

1837	Lagan	· OD:AL, *RC040,33*	
1837	Lagan	· pl:AL, *RC040,33*	"The lake called from this" [pl];
1837	Laggan	· BS:AL, *RC040,33*	
1837	Lagan	· Pop. Rep.:AL, *RC040,33*	
1837	Lagán, 'a dell, a hollow'	· OD:AL, *RC040,33*	
1837	Leggan	· Inq. J I:AL, *RC040,33*	
1837	Legane	· Inq. J I:AL, *RC040,33*	
1837	Legan	· S&V:AL, *RC040,33*	
1837	Laggan	· CM:AL, *RC040,33*	

I dteannta an bh.f. ‘Legan’, is mó an seans gur chuimsigh an Lagán so an talamh mín um Loch Chill Ghlais [Kilglass Lough] (*fíor* 63) chón maith óir sean-ainm don loich so ab ea Loch an Logáin, dar le Connellan (1953-1955, 271). Mar sin fhéinig, do bheinnse ar aon tuairim leis an Murchadhach gurb é seo an ceantar is oiriúnaí dhe.

Lagán, an (2) Terr. of *Uí Mhuireadhaigh, in N.E. of b. Tirawley, MO; encompassing the low-lying expance about Bunatrahir Bay in N.E. p. Doonfeeny and the N.W. p. Kilbride. *Cineul nAonghusa la hUíbh Amhalgaidh .i. Uí Mhuireadhoigh, taoisigh an Lagáin*, LGen. 247.4 (= 1078.5; TCHyF 6; cf. LGen. 273.10 [= TCHyF 164], 282.7 / 282.8 [= TCHyF 222], 282.8 [= TCHyF 222]; IrT iii, 7: *Lacáin* [= BLec. 52va, 35]). **Annal refs.:** *In guibhearnoir do dul go Baile Assa Caorach, ocus for longport do dhenamh do and, ocus dul assin do don Lagan*, ALC 1590 (ii, 508). *Aodh Ua Muiredhaigh taoiseach an Lagáin do mharbhadh i cCill Alaidh la hUa Maoillfhoghmair comarba na cille Dia Domhnaig iar neisteacht oifrind*, AFM 1267 (iii, 402). Cf. Bald’s Map 3; LME viii, 708-9, 760; MP 51-2; TCHyF 222-4, n. y and a / 477. See Muintear Mhuireadhaigh, Síol Mhuireadhaigh, Tír Amhalghaidh, Trá(igh) Cheall, Uí Amhalghaidh.

Suíomh

Is léir ós na foinsíbh thíosluaite go bhfuil an Lagán so lonnaithe i dtuaisceart bhar. Thír Amhalaidh, MO; ach is diocair an áit dh'aimsiú go beacht. Tugtar an cur síos is cuimsithí de réim an Lagáin agus na ceantracha mórthimpeall air i mblúiríbh difriúla in *LGen*.: *Críochaireacht Ua nAmhalgaidh agus Ua fFiachrach* (Ó Muraíle, 2003, 273.6-11), *Imdha Gabhlán do chloinn Chuinn, Mac Firbhisigh Leacain Cecinit* (282.7-8), agus *(Síol) Fiachra(ch) maic Eathach Muighmeadhóin* (1078.5; cf. 247.4-6):

> Aongus mac Amhalgaidh, día tta Cinéul nAongusa la hUibh Amhalghaid .i. Uí Mhuireadhoigh, taoisigh an Lagáin i tTír Amhalghaidh, agus lucht Dhúna Fíne .i. Uí Chuinn agus Meg Odhráin, Uí Chomdhain, Uí Duibh Learga, Uí Blighe, Uí Dhuanma, Uí Radubhan Gleanna an Chairn, Mac Conletrach o Lios Letrech. As d'Íbh Muireadhaigh Uí Fhionnagain na Fionnchailmhe (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 1078.5 = 247.4-6; cf. O'Keefe, 1931, [*IrT* iii] 7).


> Aonghas mac Amhalghaidh, from whom the Cineál nAongusa of Uíbh Amhalghaidh derive, i.e. Uí Mhuireadhaigh, rulers of the Lagán in Tír Amhalghaidh, and the people of Dún Fhíne, i.e. Uí Chuinn and Méigh Odhráin, Uí Chomhdháin (Chomhgáin), Uí Dhuibh Learga, Uí Bhlighe, Uí Dhuanma, Uí Radubhán of Gleann an Chairn (Cf. *LGen*. 282.4, Baile an Ghleanna), Mac Conletrach, from Lios Letrach (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 282.5, O a mbaile fén … Mac-Con-Letrach). Uí Fhionnagáin of an Fhionnchalamh belong to Uí Mhuireadhaigh.

Deintear tráchtaireacht ar shleachtaibh Aonghasa mhic Amhalghaidh, .i. Ceinéal nAonghasa le hUíbh Amhalghaidh thuas, agus deirtear go bhfuil na Muireadhaigh i measc an cheinéil so agus iad ina dtaoisigh ar an Lagán, i dTír Amhalaidh. Is é athá i gceist le Tír Amhalaidh ná *trícha cét* fé leith i dTuaisceart Mhaigh Eo, .i. 'Tyraulyf' (MacCotter, 2008, 149). Maireann an logainm mar ainm bharúntachta go dtí an lá athá inniuimh ann, .i. bar. Thír Amhlaidh; ach thá an bar. inniuimh i bhfad níos mó ná an *trícha cét* do bhíodh ann, óir do tháinig an *trícha cét* Bac agus Gleann, ar an dtaobh ó dheas de, féna réim (MacCotter, 2008, 149, 258). Do chuimsigh na paróistí Dún Fhína, Cill Bhríde, Cill Chuimín, Leacán, Teampall Mhuire, Cill Aodháin, Cill Ala, Baile Easa Caoire, Maigh Ghamhnach agus an Ráth Riabhach an *trícha cét* 'Tyraulyf' ar dtúis de réir Paul Mac Cotter (2008; cf. Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*]

455-61). Insítear teorannacha ‘Tyraulyf’ insa dán in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003, 281.11-12) féin: ‘fágam Iorrus ... / triallam gus an tír dhúthoidh ... foillseóchad na fearonna ó Dhún Fhíne go Múaidh moill’, *Let us leave Iorras*[46] *... / let us journey to the ancestral territory ... I will reveal the lands from Dún Fhíne to the slow-moving [river] Moy*. Ag deireadh an chuntais ar Thír Dúthoidh, deineann an file cur síos ar dhrongannaibh na Bréadcha (.i. an Bhréadach) sara dtugann sé aghaidh ar an d*trícha cét* Bac agus Gleann (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 283.9-284.3):

> Triallam annsa mBréudaigh ... o Muigh Gamhnach[:] ... / Uí Derig ... / is Uí Gadan [nó Ganan] ... Fágam Bréudach ... déunam suas isin mBac ... Taoisigheacht Uí Lachtna ... An Da Bhac agus an Gleann.
>
> Let us proceed into an Bhréadach ... from Maigh Gamhnach[:] ... / Uí Dheirig ... / and Uí Ghadáin (Ghanáin) ... Let us leave an Bhréadach ... let us go up [= south] into an Bac ... The chieftancy of Ó Lachtna ... an Dá Bhac and an Gleann.

Mar sin, tugtar le tuiscint gur shíneag an teora theas de *trícha cét* ‘Tyraulyf’ ó inbhear na Muaidhe—ar an dteorainn idir par. Bhaile Easa Caoire agus par. Chill Mhór Mhuaidhe—siar fad theorann íochtarach na Bréadcha, .i. par. Mhaigh Ghamhnach (cf. Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Bréadach [an]):



Fíor 64: Teorannacha na dtríochaidí céad ‘Tyraulyf’, .i. Tír Amhlaidh, is Bac agus Gleann; agus comparáid idir thríochaid céad ‘Tír Amhlaidh agus barúntacht na hainme céanna inniuimh: https://www.logainm.ie/ga/168

[46] .i. bar. Iorrais

Is léir mar sin go bhfuil an Lagán lonnaithe i ‘Tyraulyf’, agus is ionann ‘Tyraulyf’ agus tuaisceart bhar. Thír Amhalaidh inniuimh. Tugann léarscáil Bald, uimh. 3, eolas sa bhreis dhúinn maidir le teorannachaibh an Lagáin fhéinig.



Fíor 65: Léarscáil Bald uimh. 3, The laggan i bpar. Dhúna Fíne agus par. Chill Bhríde féinig: https://www.logainm.ie/download/logainm.ie-map-william-bald-1809-17-grand-jury-maritime-mayo-sheet-03.jpg

De réir léarscáile Bald, cuimsíonn an Lagán par. Chille Bríde ina iomláine agus an chuid oirthearthach de Dhún Fíne, mórthimpeall Leasa Brain, Bhaile an Chaisil, agus b’fhéidir cuid de Bhaile an Ghleanna.



Fíor 66: Léarscáil Bald uimh. 3, Lisbrinn is Ballycashill is Ballanleana i bpar. Dhúna Fíne: https://www.logainm.ie/download/logainm.ie-map-william-bald-1809-17-grand-jury-maritime-mayo-sheet-03.jpg

Ach, do cheap an Donnabhánach gur chuimsigh an Lagán par. Leacáin, par. Chille Bríde agus par. Dhúna Fína ina iomláine leis:[47]

> The Lagan.—The name of this territory is written across sheet 3 of Balds' Map of County Mayo, in such a position … that he considered it to be coextensive with the parish of Kilbride … but nothing is more certain that the Lagan comprises the parish of Dunfeeny also … according to the … natives, the district is … bounded on the east by the hills of Kilbride, on the south by Athleague hill, in the parish of Lackan, and thence by a range of hills as far as Ballinglen, and from Ballinglen it is bounded by the mountains of Dunfeeny, as far as the sea, which bounds it on the north. **But it will appear from this poem that** ... the Lagan originally eastward to the strand of Lacken, **where it met the territory of Caeille Conaill** (Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 222-3, n. y) … It is quite clear … that the poet has been here treating the tribes … of the Lagan since he left Irrus up to this line. After this [line] he goes into Caeille Conaill, the nearest territory to the south, which was separated from the Lagan by the strand of Traigh Ceall, now generally called Lacken strand (ibid., 223-4, n. a).


Thá argóint an Donnabhánaigh gur chuimsigh an Lagán par. Dhúna Fíne ina iomláine agus par. an Leacáin bunaithe ar na rannaibh as an ndán in *LGen.* thíosluaite, .i. *Imdha Gabhlán do chloinn Chuinn, Mac Firbhisigh Leacain Cecinit* le Giolla Íosa Mac Fhirbhisigh (Ó Muraíle, 2003, 281.11-282.9 = Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 218-224):

> Fágam Iorrus … triallam gus an tír dhúthoidh / … foillseochad na fearonna ó Dhún Fhíne go Múaidh / … ó Dhún Fhíne[:] … Ó Duibh-learga / … Ó Cuinn … agus Ó Comhgáin is Még Odhrain fan fhearonn / … Ó Radubhán … ó Bhaile an Ghleanna / O a mbaile fén[:] … Mac Con Letreach … / O Chill Ardubh[:] … Í Chathusaigh … / Taoisidheacht as duthaidh dhóibh[:] … Uí Mhuireadhoigh … fuineadhoigh … an Lagáin / … Mecc Fhionnáin [LGen. 1078.5, Uí Fhionnagain na Fionnchailmhe; 273.11 Ó Fionnagáin ó Fhionnchalaimh] … d'Íbh Muireadhoigh … ag sin an Lagán labhraim / Ó Ráith Branduibh … go Tráigh Ceall[:] … críoch an Chaoílle (Ó Muraíle, 2003, [*LGen.*] 282.7-8 = Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 218-224).

[47] An t-aon tráchtaireacht athá aige Fiachra Mac Gabhann (2014, [*LME* viii] 708-9) don Lagán so ná an sliochtanna lomdhíreacha mar athá ag an nDonnabhánach thuas, mar athá ag Nollaig Ó Muraíle in *Mayo Places: their names and Origins* (1985, [*MP*]. 51-52) agus mar athá san *OSNB* (MO, s.n. par. Chrios Mhaoilíona). Bunann Nollaig Ó Muraíle a thuiscint ar mhíthuiscint an Donnabhánaigh mar sin fhéinig, mar a léireofar thíos.


> Let us leave Iorrus … let us journey to the ancestral territory / … I will reveal the lands from Dún Fíne to the slow-moving Moy / … from Dún Fíne[:] … the Ó Duibh Learga / … Ó Cuinn … and the Ó Comhgáin and Mág Odhráin are throughout the territory / … Ó Radúbhán … from Baile an Ghleanna / From their own townland: … Mac Con Leitreach … / From Ceall Ardubh: … Uí Chathasaigh … / Leadership is natural to them: … Uí Mhuireadhaigh … westerners of an Lagán / Méig Fhionnáin [of an Fhionnchalamh] … are of Uí Mhuireadhaigh … that is an Lagán of which I speak / From Ráth Bhrannaibh … to Trá(igh) Cheall: … the territory of an Chaoille.

Chun críocha an Lagáin dh'aimsiú níosa chruinne agus tuairim Uí Dhonnabháin a mheas, ní mór na logainmneacha eile a luaitear insa dán dh'aimsiú. De réir na rann, fágann an file, .i. Giolla Íosa Mac Fhirbhisigh (Ó Muraíle, 2003, [*LGen.*] 276.14), Iorras, .i. bar. Iorrais inniuimh, agus triallann sé soir don 'Tír Dhúthoidh', .i. ó Dhún Fhíne go dtí inbhear na Muaidhe: 'go Muaidh maill'. Laistigh do thuaisceart 'Tíre Dúthoidhe'—an ceantar ina bhfuil an Lagán—luann an file Dún Fhíne, Cill Ardubh, Baile an Ghleanna, Baile Meic Con Leitreach, an Lagán fhéinig, an Fhionnchalamh, agus an Chaoille [Conaill]. Is fuirist Baile an Ghleanna, Baile Mhic Con Leitreach agus Cill Ardubh dh'aimsiú.



Fíor 67: na blte f. Baile an Ghleanna is Cill Ardubh, i bpar. Dhúna Fíne, is Baile Mhic Con Leitreach, i bpar. Chill Aodháin: https://www.logainm.ie/ga/34221

Ach, cad a bhí i gceist ag an bhfile le Dún Fhíne? An é an par. fhéinig, nó an talamh mórthimpeall sheana-shéipéil Dhúna Fíne thart ar b.f. Dhúna Fíne Uachtarach?



Fíor 68: Dún Fíne (Uachtarach), .i. an baile fearainn féinig: https://www.logainm.ie/ga/34216


Cé go bhfuil b.f. Dhúna Fine Uachtarach lonnaithe ana-chóngarach dos na háiteannaibh eile thuas—.i. Cill Ardubh, Baile an Ghleanna, Baile Mhic Con Leitreach—caithfidh go bhfuil réigiún níos mó ná an b.f. fhéinig i gceist leis an dtagairt Dún Fhíne seo mar luann an file ana-chuid foshleachta laistigh de, .i. 'ó Dhún Fhíne[:] … Ó Duibh-learga / … Ó Cuinn … agus Ó Comhgáin is Még Odhrain fan fhearonn'. Mar sin, do bheadh sé ait go leor, dar liom, go ndéanfadh sé cur síos go mion ar shleachtaibh an b.f. so agus gan puinn a rá in aon chor mar gheall ar aon cheann dos na muintreachaibh do bhí ag cur fútha in iarthar nó i lár an réigiúin ar a dtugtar par. Dhúna Fíne inniuimh. Mar sin, bheinnse den dtuairim go mbaineann muintir Uí Dhuibh-Learga, Uí Chuinn, Uí Chomhgáin agus Mhág Odhráin le ceantrachaibh eile i bpar. Dhúna Fíne.

I ndiaidh do Ghiolla Íosa tagairt a dhéanamh dos na drongannaibh so, druideann sé soir agus luann sé Uí Mhuireadhaigh mar thaoisigh an Lagáin, agus na Méig Fhionnáin sara dtéann sé go Caoille Conaill, .i. 'Ó Ráith Branduibh … go Tráigh Ceall'. Aimsíonn *HDGP* an Caoille Conaill (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Caoille Conaill) so: 'Dist. at N.E. corner of b. Tirawley, MO, betw. Rathfran Bay [.i. Ráith Branduibh] and Lacken Bay' [.i. Tráigh Cheall]: réigiún ar chomhréim le par. Chill Chuimín [íochtarach] inniuimh. Mar sin, caithfidh an Lagán a bheith soir ó Dhún Fhíne ach siar ó Chaoille Conaill, .i. par. Chill Chuimín [íochtarach].




Fíor 69:Léarscáil OSi, Tráigh Ceall, Caoille Conaill is Bá Rátha Brannaibh: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

I dtaobh Mhéig Fhionnáin, tugann *Críochaireacht Ua nAmhalgaidh agus Ua fFiachrach* (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 273.11) agus *(Síol) Fiachra(ch) maic Eathach Muighmeadhóin* (*LGen*. 1078.5) Uí Fhionnagáin mar ainm eile ar an ndroing so, agus deirid chón maith go mbídíst ag cur fútha ins an Fhionnchalaimh. Lonnaíonn Hogan (1910, [*OnomG*] s.n. Finnchalamh) é, fé thionchar an Donnabhánaigh is dócha (1844, [*TCHyF*] 164 n. a; 223 n. z): 'S.E. of Lagán and nr. Ui Echach Muaide, le Ui Echach Muaide ext[ending] ó Ross Eirc co Findchaluim' (*OnomG*, s.n. Uí Echach Muaide); nú de réir an dáin in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003, 283.3): 'o Ros Serc [Eirc] ... / Go Fearsaid Tresi'.




Fíor 70: Léarscáil OSi Discovery, Teorannacha Ua nEachach Muaidhe: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Do gheobhaimíst mar sin a rá gurb ionann Fearsad Treise agus teora theas na Fionnchailmhe; nó murab ionann iad, is léir go bhfuilid ana-ghar dá chéile. Deirtear ins an *OnomG* (Hogan, 1910, s.n. Fersat Tresi) chón maith go bhfuil ainm eile ar Fhearsad Threise: 'al. as Fersaid Rátha Brain', athá lonnaithe 'under Rafran abbey'. Is léir mar sin go bhfuil an Fhionnchalamh ó thuaidh de Fhearsaid Threise, agus mar sin, gheobhaimíst a rá gur chuimsigh an Fhionnchalamh deisceart phar. an Leacáin agus b'fhéidir par. Chill Chuimín [uachtarach]. Agus caithfidh an Lagán fhéinig a bheith ar an dtaobh thoir den Fhionnchalaimh. Is léir mar sin go bhfuil an Lagán mar athá leagaithe amach i Léarscáil Bald thuas cruinn go maith.




Fíor 71: Léarscáil OSi Discovery, An Lagán, An Fhionnchalamh, Uí Eachach Muaidhe is Caoille Conaill in oirthuaisceart Mhaigh Eo: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Dá nglacaimíst leis an dtuairim go gciallaíonn 'Lagán' log de thalúin réidh idir cnocaibh, do gheobhaimíst imscrúdú a dhéanamh ar thírdhreach an réigiúin féachaint an bhfuighfimíst teorannacha an Lagáin a chúngú níosa mhó.



Fíor 72: Léarscáil OSi, iarracht críocha an Lagáin a thomhais bunaithe ar thírdhreach an cheantair: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html



Fíor 73: Léarscáil a léiríonn airde talún an cheantair: https://en-ie.topographic-map.com/map-rgp/Ireland/?center=54.29168%2C-9.38404&zoom=12&base=3


De réir thírdhreacha dhe, do gheobhfaí argóint a chur chun cinn gur tháinig an b.f. Dúna Fíne agus an par. Thuaiscirt Chill Chuimín (uachtarach) go Tráigh Cheall fé réim an Lagáin (línte dubha ar an léarscáil *OSi* ó scoilnet thuas). Ach ní mholfainnse a leithéid de thuairim, mar dá mba rud é go raibh Cill Chuimín [uachtarach] mar chuid den Lagán, mar a cheap Ó Donnabháin, ní bheadh insan bhFionnchalaimh agus ag muintir Uí Fhionnagáin ach dhá chnoc mar dhúthaigh. Agus is léir leis ná fuil aon bhonn cirt le tuairim an Donnabhánaigh gur chuimsigh an Lagán par. Dhúna Fíne go léir ach an oiread agus gur chuaigh sé a fhaid le Caoille Conaill. Chítear dom gur mhíthuiscint ar rannaibh an dáin gur cheap an Donnabhánach a leithéid óir is léir gur fhág Giolla Íosa an Fhionnchalamh ar lár insa dán agus mar sin shíl an Donnabhánach gur scáth-logainm ollmhór é an Lagán ina raibh gach logainm ónar fhág an file Iorras gur thug sé aghaidh ar Chaoile Conaill laistigh dá chríochaibh: ‘But it will appear from this poem that ... the Lagan originally eastward to the strand

of Lacken, where it met the territory of Caeille Conaill' (Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 223-4, n. a). Is cosúil ón imscrúdú ar an ndán fhéinig agus ar thírdhreach an cheantair go raibh na ranna thuas ag cur síos ar chríochaibh difriúla na 'Tíre Dúthoidhe', agus ní scáth-logainm ollmhór é an Lagán, ach ceantar fé leith ina raibh cnoic á gceapadh.

Thá cur síos eile in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003, 273.2) fé theideal *Críochaireacht Ua nAmhalgaidh agus Ua fFiachrach andso cona ndúdhchusachaibh* ('The boundary delimination of Uí Amhalghaidh and Uí Fhiachrach here, together with their hereditary proprietors') ina léirítear níos soiléire nach scáth-logainm mór é an Lagán:

> Dúdhchusaigh Dhúna Fíne .i. Uí Chuinn agus Még-Odhráin agus Uí Chomháin agus Uí Duibh-Learga … O Radubhain ó Bhaile an Ghleanda. Mec-Con-Lectrach o Bhaile Mec-Con-Letreach. O Conghaile agus O Cathusaigh airchinnigh Chille Ardubh. Taoisioch an Lagain .i.. Ó Muireadhaigh. Ó Fionnagain ón Fhionnchalaimh (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 273.6-11).
>
> The hereditary proprietors of Dún Fíne: Uí Chuinn and Méig Odhráin and Uí Chomhdháin and Uí Duibh Learga … Ó Radubháin from Baile an Ghleanna. Meic Con Leitreach from Baile Meic Con Leitreach. Ó Conghaile and Ó Cathasaigh, the eranaghs of Ceall Ardubh. The chieftain of an Lagán: Ó Muireadhaigh. Ó Fionnagáin from an Fhionnchalamh.

Is amhlaidh ón dtagairt so gur ceantracha fé leith iad Dún Fhíne, an Lagán agus an Fhionnchalamh óir deintear idirdhealú idir na foshleachtaibh agus a ndúthacha tríd síos sa chuntas so.



Fíor 74: Fíor 10: Léarscáil Bald uimh. 3, The lagan: https://www.logainm.ie/download/logainm.ie-map-william-bald-1809-17-grand-jury-maritime-mayo-sheet-03.jpg

Fé dheireadh, is diocair críocha cruinne Lagáin Thíre Amhalaidh dh'aimsiú. Do mholfainnse mar athá leagaithe amach ag Bald ina léarscáil (thíos is thuas) agus mar athá leagaithe amach agamsa ar an léarscáil reilífeach (thuas) a leanúint—.i. nach ins an Lagán ach an chuid oirthearach de phar. Dhúna Fíne, mórthimpeall Leasa Brain, Bhaile an Chaisil,

agus an chuid tuaisceartach de Bhaile an Ghleanna (Mac Gabhann, 2014, 760), agus an chuid d'iarthar par. Chill Bhríde, .i. an limistéar mín um Chuan Bhun an Trathair—óir tarraingíonn an tuairim so le tírdhreach an cheantair fhéinig.

Lagán, an (3) Terr. in S.E. DL, orig. low-lying territoty in p. Allsaints. Later perh. encompassing the entirety of b. Raphoe N., excl. p. Leck, but incl. pp. Convoy, Stranorlar and Donaghmore, b. Raphoe S., and possibly S. part p. Burt, Inishowen W., incl. the low-lying terr. of Derry, and along the river Foyle in b. Strabane Lr, TE. **Annal refs.:** *Sluaighedh lais O Néll … Art mac Aódha, a Tír Conaill, d'ár'loisc Glend Finne 7 Tír Énna 7 an Lacan*, AU[1] 1511 (iii, 496). *Dála Sheain í Néill cona shloccaibh ro tairmcheimnighsiot … on cCarraicc Léth go rangattar tar Finn lá taobh Ratha Both trés an Laccán go ro gabsat sosadh … lá taobh Baile Aighidh Chaoin a ccomhfhoccus don tsruith siles as an topar … Cabharthach*, AFM 1557 (v, 1552). **Other ref.:** *Creach an Lagáin … le mac Briain*, LCAB 161. *De tertiariis ordinis sancti patris nostri francisci ... a dtir Chonaill ... Baile Fhidhetain san Laggán*, AnH 6, 103. Cf. DA 48, 123-40; HAPU 102; JRSAI 7, 79-81; MFMgC 53; OSL 77, 142; OSL 80, 149-50; OSL 84, 154; PTI, 67; RMtS 37; Rutherford's Map of the Laggan; TDI i, 25; TP[1] xviii n. 87. See Baile Aghaidh Chaoin, Baile Fidheatáin, Carraig Liath, Ceinéal Éanna, Fir Mhaighe Ítha, Maigh Íotha, Ráth Bhoth, Tír Éanna.


Lagán cáiliúil is ea an Lagán in oirthear chontae Dhún na nGall. Tagann na tagairtí is luaithe de anuas chughainn ón séú haois déag ina luaitear tréimhsí difriúla inar thug muintir Ua Néill fén gceantar chun é a chreachadh in *Annála Uladh* agus in *Annála Ríoghachta Éireann*. Dhein roinnt mhaith scoláirí iarrachtaí críocha an Lagáin so a chuimsiú, ach ba léir, ní hamháin, gur at is gur chrap a chríocha le himeacht aimsire ach ba léir ná raibh gach aoinne ar aon tuairim mar gheall ar réim an cheantair le linn na dtréimhsí fé leith so ach an oiread. Deintear iarracht san aiste seo a bhfuil againn de phríomhthagairtíbh is de thuairimíbh áitiúla is de scoláireacht a thabhairt le chéile féachaint an bhféadfaí réim an limistéir ar a dtugtar an Lagán a mheas?

Is léir ós na foinsíbh féin go bhfuil an Lagán suite in oirdheisceart Dhún na nGall don chuid is mó.[48] Tugtar an cur síos is cuimsithí mar gheall air agus ar na logainmneachaibh mórthimpeall air in iontráil na bliana 1557 de chuid *Annála Ríoghachta Éireann*, ina luaitear mórshiúl Sheáin Uí Néill agus a shlua. De réir na foinse seo, deirtear gur thrasnaigh slua Ua Néill abhainn na Finne, láimh le Ráth Bhoth ag Carraig Liath gur ghoibh siad tríd an Lagán gur ghlacadar sos láimh le Baile Aghaidh Chaoin (Ó Donnabháin, 1848-51 [*AFM* ii], 1552):

> Dála Sheáin í Néill cona shloccaibh ro tairmcheimnighsiot … on cCarraicc Léth go rangattar tar Finn lá taobh Ratha Both trés an Laccán go ro gabsat sosadh … lá taobh Baile Aighidh Chaoin a ccomhfhoccus don tsruith siles as an topar … Cabharthach.

[48] Mar aon lena bpléifear san aiste seo thíos tá: ‘Creach an Lagáin … le mac Briain’ ó *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* in eagar ag T. Ó Donnchadha (Baile Átha Cliath, 1931, 161); ‘De tertiariis ordinis sancti patris nostri francisci ... a dtir Chonaill ... Baile Fhidhetain san Laggán’ ó Brussels MS. 3947: ‘Donatus Moneyus, De Provincia Hiberniae S. Francisci’, in eagar ag B. Jennings (1934, [*AnH* 6] 103).


Is amhlaidh mar sin nach mór na logainmneacha eile dh'aimsiú agus slí an tslua a leanúint chun suíomh cruinn an Lagáin a chúngú.



Fíor 75: b.f. na Carraige Léithe i bpar. na hUrnaí, abha na Finne agus bar. an Rátha Both Thuaidh: https://www.logainm.ie/ga/65207


Is ionann *Carraicc Liath*, ónar bhuail slua Ua Néill chun siúil, agus Carraig Liath i bparóiste na hUrnaí i mbarúntacht an tSratha Bháin Íochtaraigh i gcontae Thír Eoghain (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Carraig Liath 2). Sreabhann abha na Finne fad iarthuaisceart an cheantair so, agus thá barúntacht Rátha Both (Thuaidh) ar an dtaobh eile den abhainn.

Tar éis don tslua abha na Finne a thrasnú, chománadar leo gur shroiseadar Baile Aghaidh Chaoin athá i bparóiste 'Raymoghy' i mbarúntacht Rátha Both Thuaidh, gar do Loch Súilí (Ó Riain et al, 2003-, [*HDGP*] s.n. . Baile Aghaidh Chaoin). Is léir mar sin go bhfuil an Lagán, nú cuid de ar a laghad, idir Carraig Liath agus Baile Aghaidh Chaoin. Anois, leanaimist slí an tslua.




Fíor 76: Baile Aghaidh Chaoin is an Srath Bán: https://www.logainm.ie/ga/15636

I ndiaidh dóibh abha na Finne a thrasnú ag an gCarraig Liath, do bhí an Cruachán, cnoc mór, os a gcomhair amach. Má ghlacaimíd leis an mbuntuiscint go leanfadh an slua talamh cuíosach réidh agus iad ag taisteal leo go Baile Aghaidh Chaoin, is dócha mar sin gur ghabhadar um an gCruachán agus i dtreo Leifir.



Fíor 77: Léarscáil a léiríonn airde talún um abhainn na Finne: https://en-ie.topographic-map.com/map-rgp/Ireland/?center=54.8182%2C-7.46813&zoom=13&base=3


Chun an Cruachán a sheachaint, bheadh dhá rogha acu ansan. I gcás rogha (a), b'fhéidir gur ghabhadar díreach ó thuaidh ag leanúint tuilemhá an Fheabhail, um oirthear shliabh na Dubhaise agus idir an nGrianán, áit a bhfuil fairsinge talún an-mhín ann. Dh'fhéadfadh an réimse mín seo a bheith sa Lagán againne, nó cuid de pé scéal é. Tagann an suíomh seo le ceann des na sainmhínithibh athá aige Seán Ó Donnabháin ar 'lagán', .i. 'hollow district between two hills' (1844, [*TCHyF*] 222-3, n. y), .i. is iad an Dubhais agus an Grianán an dá shliabh sa chás so. Is ionann an ceantar mín so agus paróiste 'Allsaints' nach mór. Tagann a leithéid de shuíomh le tuairim Éamoinn Uí Thuathail (1937, 81):



Fíor 78: léarscáil a léiríonn airde talún an cheantair, slí shiúil an airm (a) agus suíomh an Lagáin: https://en-ie.topographic-map.com/map-rgp/Ireland/?center=54.97998%2C-7.41096&zoom=11&base=3


> The historic Lagan lay south-east of Lough Swilly ... and in the extreme north-east of the barony of Raphoe ... in the last two centuries or so the denotation of the name was extended in popular usage to include the Foyle valley and the lands adjacent to the lower waters of the Finn.

Nú i gcás rogha (b), chun an Chruacháin a sheachaint, dh'fhéadfadh an slua siúl siar ó thuaidh i dtreo Bhaile Aghaidh Chaoin ag leanúint na talún cuíosach réidh céanna ar a bhfuil an N14 inniuimh gur bhaineadar an cnoc ag Mainéar Uí Chuinneagáin agus sliabh na Dubhaise amach. Bheadh dhá rogha acu ansan: (i) dul soir ó thuaidh roimhe an chnoic idir an Mainéar agus sliabh na Dubhaise, nó (ii) taisteal thimpeall an Mhainéir agus os comhair Loch Súilí, .i. ag leanúint na talún céanna ar a bhfuil an N13 inniuimh.




Fíor 79: Slí shiúil an airm (b): https://www.logainm.ie/ga/15636

I dtaobh rogha (b), chítear ós na léarscáileannaibh go raibh ar an slua góilt tré cheantar arbh fhéidir 'lagán' a thabhairt air: .i. talamh sách réidh um a bhfuil talamh níos airde. Tosnaíonn an talamh ag éirí cuíosach ard ag baile Rátha Both agus thá Cnoc Mhóin Ghofraidh, 'Mullafinn' agus 'Slievebuck' díreach ó thuaidh den bhaile



Fíor 80: Suíomh an Lagáin de réir shlí siúil an airm (b): https://www.logainm.ie/ga/15636

so. Idir an talamh sléibhtiúil ag baile Rátha Both agus ‘Mullasawny’ is Binnín,[49] tá mám ina bhfuil talamh sách réidh ann. Tá an mám seo cuíosach cúng ach leathnaíonn an talamh sách réidh i ndiaidh ‘Drumatoland’, ach é a bheith breacaithe anso is ansúid le dromannaibh beaga. Thá limistéar thuaidh na talún so ceapaithe ag an Mainéar agus sliabh na Dubhaise; thá críocha thiar de ceapaithe ag ‘Ardganny’ is Leitir Ceanainn; agus an chríoch thoir de ag an Dubhais, ‘Mullasawney’ is ‘Drumtoland’.




Fíor 81: Suíomh an Lagáin de réir shlí siúil an airm (b), léarscáil airde talún:https://en-ie.topographic-map.com/map-rgp/Ireland/?center=54.96756%2C-7.64408&zoom=12&base=3

[49] Níl leaganacha Gaelacha na n-ainmneacha Gallda deimhnithe ag www.logainm.ie go fóill, ach is léir go mbaineann na foirmeacha Gallda seo le talamh ard mar sin féin: m.sh. ‘Mullasawny’ / ‘Mullafinn’, is léir gurb é ‘mullach’ an phríomheilimint anseo, ach le díghlórú ar an bhfoirceann *-ch* atá ag teacht le gnáthfhuaimniú mhuintir Chúige Uladh. Is léir gur ‘droim’ atá i gceist leis an gcéad eilimt i ‘Drumatoland’. ‘Sliabh’ i gcás ‘Slievebuck’; agus ‘Beann / Binn’ i dtaobh ‘Binnín’.

Cuimsíonn an talamh mín seo paróiste Theach Baoithín, paróiste ‘Raymoghy’, agus tuaisceart pharóiste Rátha Both i mbarúntacht Rátha Both Thuaidh. Tagann a leithéid seo lena ndeir W.T. Latimer (1899, 408):

> The Laggan from which this Presbytery took its name is not a river, but a beautiful valley that stretches from Raphoe to Manorcunningham, on the southern shores of Lough Swilly; but the congregations that were under the ecclesiastical supervision of this Presbytery extended far beyond the district from which it took its name.



Fíor 82: Paróistí Dhun na nGall: https://family.devinetime.co.nz/irish_influence.aspx

Aontaíonn an bheirt thráchtaire, .i. an Tuathalach thuas agus Latimer, gur ghoibh teora theas an Lagáin níosa shia ó dheas de réir thuiscint an phobail áitiúil, ach cé go labhraid dís go húdarásach i dtaobh bhunsuíomh an Lagáin féinig, lonnaítear an bunsuíomh so in áiteannaibh difriúla: in oirthuaisceart bharúntacht Rátha Both Thuaidh de réir an Tuathalaigh agus in iarthuaisceart na barúntachta i gcás Latimer; .i. ar leitreachaibh difriúla shliabh na Dubhaise.

Cé gurbh í tuiscint Latimer gur chuaigh réimse an phreispitéir áitiúil ar a dtugtar an Lagán i bhfeidhm ar thuiscintí áitiúla mar gheall ar fhairsinge an Lagáin féinig—.i. i gcásanna nuair a leathnaítear an Lagán chomh fada le tuilemhá agus gleann na Finne i bparóiste Dhomhnach Mór agus paróiste Shrath an Urláir—[50] ní thagann réimse an phreispitéir agus réimse an Lagáin go hiomlán le tuairimíbh daoine áitiúla eile mar sin féinig, go háirithe dóibhsan a theorannaíonn an Lagán leis an Leifear agus níosa shia ó thuaidh mar a chímíd. Thá cúrsaí i bhfad níos achrannaí

[50] Agus Rev. A.G. Lecky (1905, 73-84) ag caint ar phreispitéir an Lagáin, thá caibidil ar leith aige ar na Protastúnaibh i nDomhnach Mór agus i gConmhaigh a léiríonn go raibh na ceantair seo fé réimse phreispitéir an Lagáin dar leisean.

ná fairsinge an phreispitéir ag teacht salach ar thuiscintíbh ar réim an Lagáin féinig dá bhrí sin.

Dh'fhéadfadh mar sin ceachtar rogha (a) no (b), nú iad araon a bheith sa Lagán mar a luaitear in *Annála Ríoghachta Éireann* thuas. Tagann an tara tuiscint (.i. iad araon) le tuairim daoine áitiúla áirithe a thugtar i litreachaibh Shuirbhéireacht Ordanáis Uí Dhonnabháin (1836, [*OSL Donegal*] 77, §§142-3):


> The Lagan … is a territory of considerable extent, comprising according to the Rev. Caireallain, the Parishes of Ryemoghy, Teboyne and Allsaints.

Ach le linn a thráchtaireachta ar pharóiste 'Allsaints', leathnaíonn Lewis réimse an Lagáin beagáinín ró-bheag ó dheas chun paróiste Chill Fhéich atá ar an taobh thoir de shliabh na Dubhaise láimh le cathair Dhoire a chuimsiú (1837, [*TDI* i] 25):

> This parish [.i. Allsaints] is the head of a union or district, called the union of the Lagan, and comprising also the parishes of Taughboyne, Killea, and Raymochy.

Seo tuairim a thagann le léarscáil Campbell den Lagán as a shaothar *The Laggan and its People* (ní fios, 2).

Dh'fhéadfaí a shamhlú, mar sin fhéinig, go mbeadh paróiste Chluain Lao, thart ar bhaile Leifir, agus an talamh mín in iarthar pharóiste Rátha Both mar chuid den Lagán leis bunaithe ar an dtagairt don Lagán ó *Annála Ríoghachta Éireann*. Dh'fhéadfadh a bhfuil de thalamh ónar thrasnaigh slua Ua Néill abha na Finne gur shroiseadar Baile Aghaidh Chaoin a bheith cuimsithe fén gcur síos 'trés an Laccán'.



Fíor 83; Léarscáil Campbell den Lagán.

Tugann faisnéiseoirí eile de chuid Uí Dhonnabháin, a luaitear ina chuid litreacha Shuirbhéireacht Ordanáis, tacaíocht don tuairim súid chón maith (1836, [*OSL Donegal*] 80, §§149-50):

> They say that the extent of the territory called the Lagan is not at all defined. Some confine it to one parish, others making it extend from Lifford to Letterkenny, and a third party insisting that you are in the Lagan as soon as you pass the Gap.

Pléifimid cás an 'Gap' níos déanaí. Ach tá an chuma air go nglacann an Donnabhánach leis an dara tusicint óir adeir sé níos déanaí isna litreachaibh Shuirbhéireacht Ordanáis (1836, [*OSL Donegal*] 84, §154):


> The Lagan (anciently Moy-Itha) which lies between the arms of Lough Foyle and Lough Swilly, i.e. between Lifford and Letterkenny, and which was bounded on the northeast by the Peninsula of Inishowen.

Cé go dtugtar le fios ar léarscáil Campbell gur lean teora theas an Lagáin mar a bhfuil na blte f. Binnín agus Baile Uí Leannáin, nuair a dheineann Campbell (ní fios,

5) cur síos ar chríocha an cheantair féin, cuireann sé an Leifear agus a limistéar máguaird ins an áireamh chón maith; tuairim a thagann leis an nDonnabhánach féin:


> Aileach borders the area to the north, to the west is Lough Swilly, to the east Lough Foyle, and the southern boundary stretches from Convoy to Lifford.

De réir na tuisceana seo mar sin, .i. an bharúil gur lean críoch theas an Lagáin chón fada leis an Leifear agus le Conmhaigh, is í abha na Daoile, a shreabhann soir idir an dá bhaile, líniú teorann críoch theas an Lagáin i ndáiríribh de réir Campbell is an Donnabhánaigh agus roinnt dá fhaisnéiseoiríbh.



Fíor 84: Léarscáil OSi Discovery, abha na Daoile, Cpnmhaigh is an Leifear: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Ach de réir eolais áitiúil eile a gheibhtear ar Léarscáil Rutherford,[51] is cosúil gur shíl daoine eile go raibh an Lagán níos mó ná seo fós.[52] Tagann léarscáil Rutherford leis an méid thuasluaite sa tslí is go gcuireann an Grianán críoch thuaidh leis; aibhneacha na Finne is an Fheabhail, siochas cathair Dhoire agus a ceantar máguaird, an chríoch thoir leis; agus Leitir Ceanainn an chríoch thiar leis; ach imíonn sé ón a bhfuil sé thuas sa tslí is go leathnaítear críoch theas an Lagáin níosa shia ó dheas go Gleann na Finne a chuimsíonn tuilemhá na Finne ó Shrath an Urláir ins an iarthar go Caisleán na Finne ins an oirthear, .i. ar an dtaobh ó thuaidh den Bhearnas Mór.[53]



Fíor 85: Léarscáil III Rutherford den Lagán agus léarscáil airde talún den talamh mín um abhainn na Finne is abhainn na Daoile: https://en-ie.topographic-map.com/map-rgp/Ireland/?center=54.83669%2C-7.59636&zoom=11&base=3

[51] Tagann an léarscáil seo ó thráchtas B.A. J.H. Rutherford, *The Laggan: a study of its settlement and economy from the Plantation until the establishment of the tenant ownership of the land at the beginning of the twentieth century*, tráchtas BA neamhfhoil. (Ollscoil na Banríona Béal Feirste, 1958), léarscáil III. Seo mar a chuimsíonn Rutherford féinig (lch 2) an Lagán bunaithe ar chur i láthair a chuala sé i 1941 ó Dhr. S.P. Kerrigan do *Chonradh na Gaeilge*: 'The term Laggan is applied generally to the ancient territory of Magh-Ith [féach thíos] ... Magh-Ith was the name given to the roughly quadrilateral area whose base-line is the Finn Valey, the eastern boundary the River Floyle, on the north the Sheriff's Mountain complex, and on the west Lough Swilly and somewhat vaguely defined line running approximately from Letterkenny to Raphoe and Stranorlar along the transition zone between the Laggan lowland and the mountainous west'.

[52] Ach mar phléag ní ba luaithe, b'fhéidir go bhfuil réim phreispitéir an Lagáin ag teacht salach ar fhairsinge an Lagáin féinig anso.

[53] Bhí a leithéid de thuairim ag Rev. A.G. Lecky agus é ag scríobh in 1905 chón maith (1905, 1): 'It is a fertile and comparatively flat country, lying between the river Foyle and the upper reaches of Lough Swilly, and extending in one direction from the city of Derry to Stranorlar, and in another from Lifford to Letterkenny. This ... district … was … known under the name of the Laggan … Never having been at any time a county or fiscal division of any kind, its boundaries were never accurately defined, but, roughly speaking, it might be said to correspond to the north Barony of Raphoe, running for a short distance at its southern end into the south Barony'.

Bhí an taistealaí Richard Pococke ar aon intinn leis an dtuiscint gur lean críoch theas an Lagáin a fhad le Gleann agus le tuilemhá na Finne ina leabhar *Pococke's Tour in Ireland in 1752* (Stokes, 1891, 67):

> All that country on the Finn and the Swilly is called the Lagan.

Is é tráchtaireacht Pococke an cur síos tánaisteach is luaithe athá againn den Lagán go bhfios dom. Tagann tuairim Pococke agus a bhfuil ar Léarscáil Rutherford le tuiscint Chonaill Uí Dhomhnaill chón maith; cainteoir dúchais as Gaeltacht Rann na Feirste ab ea é. Seo adeir sé agus é ag tráchtaireacht mar gheall ar bhuachaillíbh agus ar ghearrchaillíbh aimsire agus iad ag triall ar an Lagán (Ní Dhomhnaill, 1999, 53):

> Tugtar an Lagán ar na háiteacha atá ag críochantacht le Leitir Ceanainn, agus a fhad le Doire agus Tír Eoghain.[54]

Cé go dteorannaíonn an Donnabhánach críoch theas an Lagáin ag Leifear agus ag abhainn na Daoile mar a phléag ní ba luaithe, téann sé in adharcaibh a thuairime i litir eile a scríg sé chuig an tSuirbhéireacht Ordanáis nuair a mhol sé gurbh ionann an ceantar ar a dtugtar an Lagán inniuimh agus Maigh Íotha, le Tír Éanna mar ainm inmheánach eile air. Atann Ó Donnabháin (1836, [*OSL Donegal*] 80, §§149-50) fairsinge an limistéir seo a fhad le Caisleán na Finne agus b.f. Dhomhnach Mór Gléibe, .i. tuiscint a thagann lena bhfuil ar Léarscáil Rutherford, le Pococke agus le Conall Ó Domhnaill:

> It seems to me that what the peasantry now call the Lagan is the very territory anciently called Moy Itha, and afterwards Tir Enna, and I think that the Parish of Raymoghy is Rath Muighe Itha (arx campi Ithi).

Molann an Donnabhánach (1862, [*TP*[1]] xviii, n. 87) a leithéid de thuairim aríst i nóta a ghabhann le tagairt do Mhaigh Íotha i gceann dos na dántaibh ina eagrán,

[54] Thá an éiginnteacht i dtaobh shuíomh an Lagáin le feiscint chón maith in *Rotha Mór an tSaoil* ag Micí Mac Gabhann, fear Gaeltachta eile do bhí in aimsir ar an Lagán agus é ina bhuachaill óg. Dar leis-sean 'gur ghnás ag muintir Chloch Cheannfhaola san am sin an Lagán a thabhairt ar áit ar bith soir ón Mhucais go hAontroim' (Ó Conluain, 1959, 37). Ach ní dóigh liom go leanfadh fairsinge an Lagáin go hAontroim; tá Lagán cáiliúil eile i gcontae Aontroma gan amhras.

Topographical Poems of John O'Dubhagain and Giolla na Naomh O'Huidhrin: 'Magh Iotha, i.e. the plain of Ith, now the Lagan, a beautiful tract in the barony of Raphoe, containing the church of Donaghmore'; agus i nóta mar gheall ar Mhaigh Íotha a luaitear sa dán *Ceart Ríg Ailig* ina eagrán de *Leabhar na gCeart* (Ó Donnabháin, 1847, [*LC*[1]] 124-5, n. q):

> It is [Maigh Íotha] an extensive plain in the barony of Raphoe, Donegal. The church of Donaghmore, near the little town of Castlefinn, is mentioned in the Tripartite Life of St. Patrick ... as [being] in this plain.


Tá tuairim an Donnabhánaigh anso go raibh an Lagán ar chomhréim Mhaigh Íotha bunaithe ar thagairtí de Mhaigh Íotha sa *Triadis Thaumaturgae seu Divorum Patricii, Columbae et Brigidae*,[55] sa dán *Ceart Ríg Ailig* in *Leabhar na gCeart*,[56] agus i m*Bethu Phátraic* (Mulchrone, 1939, [*BP*] 92 §§1751-3):[57]

> Is ed dochoid [Pátraic] iar sin hi tír Éoguin maicc Néill for Bernais Tíri Aeda hi Mag nItha do Domnach Mór Maigi Itha.

I gcás *BP*, adeirtear go dtriallann Pádraig i dTír Eoghain Mhic Néill tré Bhearnas Thíre Aodha i Maigh Íotha go Domhnach Mór Maighe Íotha. I dtaobh sprice Phádraig féin, .i. Domhnach Mór Maighe Íotha, is í ainm an tsuímh eaglasta so bunús ainm an bhaile fhearainn, .i. Domhnach Mór Gléibe, athá cois Choisleán na

[55] 'Per regionem Magh-ithe … Est regiuncula campestris Tir-Conalliae ad ripam fluminis Finnei'(Colgan, 1647, [*TT*] 144, 181, n. 168).
[56] 'Céd mart ó fhearaibh Muighi [Ítha] … do rígh Ailigh ... ní dligheand a Tulaing Og / cáin do righ Febhail … cís do rígh Ailigh … / ní dleaghtar a Maigh Itha' [*A hundred beeves from the men of Magh [Íotha] ... to the king of Aileach ... There is not due from Tulach Óg / tribute to the king of Feabhal ... A tribute to the king of Aileach ... there is not due from Magh Iotha*] (Ó Donnabháin, 1847, [*LC*[1]] 124-5; agus n. q.); Tá eagrán nua den téacs seo ag M. Dillon (1962, [*LC*[2]] 64-65, §§930-40).
[57] *Cf*. W. Stokes (1887, [*VT* i] 150, §§19-21).

Finne, agus ainm an pharóiste, .i. Domhnach Mór féinig, i mbarúntacht Rátha Both Theas de réir *HDGP* (Ó Riain et al, 2003-, s.n. Domhnach Mór Maighe Íotha). Is ionann Tír Aodha agus *Trícha Esa Ruaid* dar le Paul MacCotter (2008, 223, 258) agus dh'ainmníog an bharúntacht Tír Aodha i gcontae Dhún na nGall as dar leis-sean chón maith. Ach ní raibh an limistéar féin, .i. Tír Aodha, .i. Tríocha Easa Ruaidh, ar chomh-mhéid leis an mbarúntacht ar a dtugtar Tír Aodh inniuimh áfach; thá an bharúntacht féinig i bhfad níosa mhó anois (ibid.). Ina theannta san, thá *HDGP* tar éis Bearnas Tíre Aodha dh'aimsiú cheana: .i. an Bearnas Mór, mám ina bhfuil an N15 inniuimh a théann: 'from the Barony of Tirhugh to barony Raphoe South' (Ó Riain et al, 2003-, [*HDGP*] s.n. Bearnas Mór). Is amhlaidh mar sin gurb ionann an Bearnas so agus an Bearnas, .i. 'Gap', a luaitear i litir Shuirbhéireacht Ordanáis de chuid an Donnabhánaigh thuas (1836, [*OSL Donegal*] 80, §§149-50):




Fíor 86: Léarscáil OSi, Donaghmore Glebe is Castlefinn i bpar. Dhomhnach Mór agus léarscáil airde talún den talamh mín um abhainn na Finne is abhainn na Daoile https://www.logainm.ie/ga/16133 / https://en-ie.topographic-map.com/map-rgp/Ireland/?center=54.82462%2C-7.55825&zoom=12&base=3

> They say that the extent of the territory called the Lagan is not at all defined. Some confine it to one parish, others making it extend from Lifford to Letterkenny, and a third party insisting that you are in the Lagan as soon as you pass the Gap.[58]

[58] Agus is é an Bearnas céanna é a luaitear i scéal de chuid *Bhailiúchán na Scol* le Brian Ó hÉigeartaigh: *Bailiúchán na Scol*, iml. 1043, 43. Ba fheirmeoir ón mBogach i bparóiste Chill Chárthaigh i mbarúntacht Bháineach in iarthar Dhún na nGall é Brian go raibh ocht mbliain déag ar thrí fichid le linn a aithrise. Sa scéal so, do bhí scológ darbh ainm Proinsias Dubh Mac Aodha i lúb an angair agus chuaigh i muinín na gadaíochta dá bharr. Thóg Proinsias bothán gar do Bhearnas agus chreach sé gach gur tháinig tríd an mám. Ar oíche Gheimhridh amháin, tháinig cailín an treo agus dhein seisean iarracht a raibh aici a ghoid uaithi sarar rith sé leis gurbh í a iníon í. De réir na haithrise so, bhí an cailín ag teacht ón Lagán: 'tháinig cailín beag fríd Bhearnas. Bhí sí ag teacht ó'n Lagán an áit a bhí sí in aimsear'.

Dh'fhéadfaimis a bheith cuíosach cinnte mar sin, ón gcur síos in *BP* féinig, gur ghoibh Pádraig ó thuaidh tríd an mBearnas Mór i dTír Aodha gur bhain sé Gleann na Finne amach gar do Shrath an Urláir, áit gur chuaigh sé thar abhainn na Finne, gur shrois sé domhnach nó séipéal fé leith um a bhfuil paróiste Dhomhnach Mór nó b'fhéidir b.f. Dhomhnach Mór Gléibe féinig.



Fíor 87: b. Thír Aodha agis bar. Rátha Both Theas agus Gleann na Finne: https://www.logainm.ie/ga/52

Ní hí argóint an Donnabhánaigh i dtaobh shuíomh Mhaighe Íotha athá fé chaibideal againne anso,[59] is é an rud is tábhachtaí ná gur chreid sé gur chomhainmneacha nó gur shean-ainmneacha iad Maigh Íotha agus Tír Éanna don Lagán agus mar sin leathnaíonn sé teora theas an limistéir so a fhad le Domhnach Mór Gléibe agus le Gleann na Finne. Tagann a leithéid de thuairim lena bhfuil ar léarscáil Rutherford, le Pococke, le Conall Ó Domhnaill agus le pé faisnéiseoir(í) a mhol dó go bhfuilir insa Lagán 'as soon as you pass the Gap'. Ach tagann súid salach ar thuairim fhrithráiteach an Donnabhánaigh thuasluaite gur stad taobh theas an Lagáin ag Leifear. Mar sin, is léir ná raibh an Donnabhánach féinig ar aon tuairim maidir le réim an Lagáin ach an oiread.

Mar sin féin, mar a chonaiceamar ní ba luaithe, diúltaíonn Éamonn Ó Tuathail an tuiscint gur chuimsigh an Lagán Gleann na Finne agus paróiste Dhomhnach Mór, agus tugann sé fé thuiscint an Donnabhánaigh go díreach (Ó Tuathail, 1937, 80-1):

> It seems clear that the Lagan of history was not "the beautiful tract in the barony of Raphoe containing the church of Donaghmore" [Ba ag tagairt don Donnabhánach a bhí an Tuathalach anso] ... the historic Lagan lay south-east of Lough Swilly ... and

[59] Tá tuairimí difriúla ann maidir le suíomh Mhaighe Íotha gan amhras: m.sh. G. Hill (1877, 102); E. Hogan (1910, [*OnomG*] s.n. Mag nItho); E. Ó Tuathail (1937, 79); P. MacCotter (2008, 227-8, 258).

> in the extreme north-east of the barony of Raphoe. In the last two centuries or so the denotation of the name was extended in popular usage to include the Foyle valley and the lands adjacent to the lower waters of the Finn.

Ní chuireann an Tuathalach, agus é ag scríobh sa bhliain 1937, aon fhianaise chun cinn i ndáiríribh a léireodh nár ghoibh teora theas an Lagáin go Gleann na Finne agus srath na Finne ach le dhá chéad bliain anuas, .i. *c*. 1730. Cuimhnigh go ndúirt Pococke gur chuimsigh an Lagán srath na Finne in 1752. Chítear dom go bhfuil tuairim an Tuathalaigh anso bunaithe ar an dtuiscint go mbaineann na príomhthagairtí don Lagán a thugann logainmneacha sa bhreis i dteannta an Lagáin féin—rud a chabhraíonn chun suíomh an limistéir a chúngú—le Tuaisceart Rátha Both agus ní leis an taobh ó dheas. Cé go bhfuigheadh an ceart a bheith ag an hTuathalach, measaim go bhfuil an tuiscint so rómhuiníneach agus réaduchtach agus í bunaithe ar an bhfianaise athá againn. Ar an gcéad dul síos, níl ach líon beag tagairtí luatha ann don Lagán, ceithre cinn go bhfios dom. Mar sin, b'fhéidir go bhfuil claontachas ann ó thaobh fianaise dhe. Agus ar an tara dul síos, ní thugann ach dhá cheann de na tagairtí so eolas sa bhreis dúinn, .i. iontráil ar shlua Sheáin Uí Néill a luaitear in *Annála Ríoghachta Éireann*, a phléag ní ba luaithe, agus iontráil in *Annála Uladh* nuair a loisc muintir Ua Néill oirthear Dhún na nGall ní ba luaithe arís sa bhliain 1511 (Hennessy et al., 1887-1901, [*AU*[1] iii] 496):

> Sluaighedh lais O Néll … Art mac Aódha, a Tír Conaill, d'ár loisc Glend Finne ₇ Tír Énna ₇ an Lacan.

De réir na tagartha so, adeirtear gur chreach Uí Néill, fé cheannaireacht Airt mhic Aodha, Gleann na Finne, Tír Éanna agus an Lagán. Ach mar sin féinig, ní léir go bhfuil údar na hiontrála so dh'iarraidh idirdhealú cruinn beacht a dhéanamh idir na trí logainm so. Tuigtear de réir na scoláireachta nua-aimsearthaí de go raibh codanna de Ghleann na Finne, Tír Éanna agus an Lagán fite fuaite ina chéile, mar a ghéill an Tuathalach féin (1937, 80):

> The former territory [.i. Tír Éanna] was roughly coextensive with the modern barony of Raphoe and must have included the Lagan.

Tuigtear do Paul MacCotter (2008, 222) gur chuimsigh Tír Éanna féinig:

> Lying from the head of Lough Swilly in the north to Barnesmore Gap and Sruell in the south, this cantred is the ancestor to the later baronies of Raphoe, but did not, of course, contain the parishes of Donaghmore, Clonleigh, and Urney.

Chuirfeadh MacCotter na paróistí seo, .i. Domhnach Mór, Cluain Lao (um a bhfuil baile Leifir) agus an Urnaí, faoi réim Thríocha Céad 'Mahya', .i. Maigh Íotha, agus níos tábhachtaí fós, chuirfeadh sé an Lagán féna réim leis (2008, 227):

> By 1397 there was just one deanery here [i.e. Tyrone], called Mahya, which included the Lagan in Donegal and the western half of Tyrone … the plain in question being that in the parishes of Donaghmore, Clonleigh and Urney in the western-most part of Mahya deanery.[60]



Fíor 88: Léarscáil na dTríochaidí Céad ó leabhar MhacCotter, Tricha Esa Ruaid, Tir Enna, Mahya, suíomh Dhomhnach Mór agus Cluain Lao .

Léiríonn an fhite-fhuaiteacht so an fhadhb maidir lena ndeir Ó Tuathail, .i. cé go mbaineann na logainmneacha sa bhreis a luaitear i dteannta na dtagairtí don Lagán le barúntacht Rátha Both Thuaidh agus ní le barúntacht Rátha Both Theas, ní hionann é sin is a rá go loighciúil ná fuil an ceantar theas fé réim an Lagáin leis óir bhí teorainneacha an Lagáin, Thír Éanna agus Ghleann na Finne fite fuaite ina chéile.

[60] Tagann an léarscáil ar dheis ó leabhar MacCotter, *Medieval Ireland: Territorial, Political and Economic Divisions* (2008, 258).

Ciallaíonn na tuiscintí frithráiteacha achrannacha mar gheall ar chríochaibh an Lagáin go bhfuilimíd mar a rabhamair ag tosach na haiste. B'fhéidir gurbh fhiú anois achoimre a thabhairt ar na féidearthachtaíbh go nuige seo:

(a) Is ionann an Lagán an chéad lá, dar leis an dTuathalach, agus paróiste 'Allsaints' i dtuaisceart Rátha Both Thuaidh, .i. an leithead ana-mhín athá ceapaithe ag Sliabh na Dubhaise, ag an nGrianán, ag Loch Súilí agus ag abhainn an Fheabhail.

Nú (b) de réir Latimer, is é a bhí sa Lagán ar dtúis ná an ceantar cuíosach réidh athá ceapaithe ag an nDubhais, Mainéar Uí Chuinneagáin agus an talamh ard ar an dtaobh ó thuaidh de Ráth Bhoth in oirthuaisceart bharúntacht Rátha Both Thuaidh a chuimsíonn paróiste 'Raymoghy', Teach Baoithín agus Ráth Bhoth.

Nú (c), is amhlaidh an Lagán agus na limistéir so araon dar le Rev. Ó Cairealláin, .i. faisnéiseoir de chuid Uí Dhonnabháin; ach dhruid an Lagán rud beag soir chun paróiste Chill Fhéich a cheapadh de réir Lewis agus léarscáil Campbell.

Nú (d), mar a cheap an Donnabhánach ar dtúis agus Campbell féin, .i. chuimsigh an Lagán na paróistí thuasluaite ach shín an teora theas a fhad le paróiste Chluain Lao, mar a bhfuil an Leifear, agus iarthar pharóiste Rátha Both gar do bh.f. Conmhaí i mbarúntacht Rátha Both Theas—rud a chiallaíonn gur theorannaigh abha na Daoile críoch theas an Lagáin de réir na tuisceana so.

Nú (e), tagann an Lagán lena bhfuil ar léarscáil Rutherford, le tuiscint Pococke is an Donnabhánaigh (le linn dóigh Maigh Íotha a phlé), is le faisnéiseoirí eile dá chuid: .i. chuimsigh an Lagán na paróistí uile thuas ach ghoibh an chríoch theas de níosa shia ó dheas go Gleann na Finne a chuimsíonn tuilemhá abhann na Finne ina bhfuil paróiste Shrath an Urláir ins an iarthar go Caisleán na Finne i bparóiste Dhomhnach Mór ins an oirthear chomh fada leis an mBearnas Mór.


I gcás tuisceana (e), b'fhéidir go bhfuil an ceart ag Latimer gur chuaigh réimse an phreispitéir i bhfeidhm ar thuiscintíbh ar mhéid an Lagáin. Ach is diocair conclúid mar sin a chinntiú in éagmais argóintí ina leith agus in uireasa fianaise luaithe den Lagán. Níl fhios againn i ndáiríribh ar chuaigh réimse an phreispitéir i bhfeidhm ar réimse an Lagáin nú ar chuaigh réimse an Lagáin i bhfeidhm ar réimse an phreispitéir? Nuair a dheintear anailís ar an dtírdhreach féinig, mar a dhéanfaimíd thíos, is léir go ngabhann an talamh mín gan srianadh ó pharóiste 'Allsaints' fad

shrath an Fheabhail, a chuimsíonn ceantar máguaird Leifir, go Gleann agus srath na Finne go mbaintear an talamh ard ag an mBearnas Mór amach.

D'ainneoin go bhfuil easaontas mór ann ó thaobh chríoch theas an Lagáin, tagann na tráchtaireachtaí leis an dtuiscint go dteorannaítear críoch thuaidh an limistéir leis an nGrianán agus go gcuireann an Feabhal agus an Fhinn, .i. an teora le Tuaisceart Éireann, an chríoch thoir leis. Ach b'fhéidir go bhfuil fadhb lena leithéid de thuiscint má chuirtear na teorainneacha seo in iomaíocht le sainmhíniú 'lagán' nú 'logán' féinig. Tuigtear don Donnabhánach gurb é athá i 'lagán' ná 'the low country (1836, [*OSL Donegal*] 80, §§149-150); nú gur 'hollow, or hollow district between two hills' é (Ó Donnabháin, 1844, [*TCHyF*] 222-3, n. y). Luíonn sé le céill mar sin gur tírghné is ea 'lagán' a choincheapaítear de réir chodarsnacht airde talún nó rilífe.

Más ea, tagann teora thuaidh an Lagáin mar dhea leis an teorainn idir pharóiste 'Allsaints' agus paróiste na Birte, ach má scrúdaimíd tírdhreach an cheantair sa léarscáil topagrafaíochta thíos, chífimíd go ngabhann an talamh cuíosach mín, .i. an imlíne dhearg, fad iarthar bhun an Ghrianáin go dtí abha Skegge roimhe bhaile Bhun na hAbhann i mbarúntacht Inis Eoghain Thiar, áit ina n-ardaíonn an talamh go millteanach. Dh'fhéadfadh mar sin, bunaithe ar shainmhíniú 'lagán' féin, an talamh cuíosach mín so a bheith mar chuid den Lagán chón maith.

Níos achrannaí fós is ea ná cuirtear an talamh mín ar an dtaobh ó dheas den Ghrianán, um a bhfuil baile fearainn 'Mullenan', a dh'imlítear le líne dhearg aríst, ach athá laistigh de theorainn chontae Dhoire; thá an teora idir Thuaisceart is Deisceart Éireann féinig curtha in úil leis an líne ina bhfuil líne bhriste inmheánach inti. De bharr ná cuirtear na ceantracha míne um an nGrianán san áireamh, thá deabhramh leis go mb'fhéidir gur chuaigh teorainneacha polaitíochta saorgacha i bhfeidhm ar thuiscintíbh na ndaoine áitiúla—ní i gcás Tuaisceart agus Phoblacht Éireann, toisc go síolraíonn roinnt des na tuairimíbh ón aimsir sarar bhunaíog Saorstát Éireann—ach ó thaobh teorann Dhún na nGall le Doire agus le Tír Eoghain.




Fíor 89: léarscáil airde talún den talúin mhín ná fuil mar chuid den Lagán de réir léarscáile Rutherford (líne dhearg): https://en-ie.topographic-map.com/map-rgp/Ireland/?center=54.99849%2C-7.40925&zoom=12&base=3

Chítear níosa shoiléire dom gur chuaigh teorannacha polaitíochta i bhfeidhm ar thuiscintíbh in ionad coincheapú airde talún amháin má chuirimíd na tráchtaireachtaí i gcomparáid le sracfhéachaint leathanradharcach ar thírdhreach chríoch thoir an Lagáin. Thá imlíne an Lagáin mar athá ar Léarscáil Rutherford leagaithe amach agam le líne dhuibh agus thá an talamh mín ná bhfuil féna réim de réir na dtuiscintí áitiúla agus na dtráchtaireachtaí eile curtha in iúl agam le himlíne dheirg (*fíor* 90). Bunaithe ar léarscáil Rutherford agus ar na tuairimíbh áitiúla is scoláireachta, stadann teora thoir an Lagáin le habhainn na Finne agus le habhainn an Fheabhail; thá cumar an dá abhann in aice leis an Srath Bán agus an Leifear. Cé gur teorainneacha dúthacha maithe iad aibhneacha—.i. léiríonn an Feabhal féinig an chríoch idir Dún na nGall agus Tír Eoghain—ní cheaptar teorannacha lagáin nó má le haibhneachaibh mar sin féinig. Cuimhnigh, is é athá i lagán is ea talamh cuíosach mín a bhfuil talamh sách ard uimpi.

Cuir i gcás léarscáil Rutherford féinig: de réir na léarscáile seo, ní stadann críoch theas an Lagáin le habhainn na Finne, áit ina bhfuil Caisleán na Finne agus Srath an Urláir, ach gabhann teora theas an cheantair trasna na habhann go gcuimsíonn sé srath nó tuilemhá theas na Finne go mbuaileann sé leis an talamh ard seasc in aice leis an mBearnas Mór. Mar sin, má fhéachaimíd ar thopagrafaíocht an réigiúin mhín

a thugtar sa léarscáil thíos—a léiríonn codarsnacht rilífe talún—is léir go ngabhann an talamh mín so go leanúnach ó oirthuaisceart Dhún na nGall soir thar abhainn an Fheabhail insa tslí is go ngobann an talamh so isteach i gcontae Dhoire agus Thíre Eoghain. Ceapann bruach Loch Súilí agus Gleann na Finne réimse thiar na talún míne so; gabhann an réimse ó dheas chomh fada leis an gcuid uachtarach de shrath na Moirne; cuimsíonn an réimse thoir srath an Fheabhail in iarthar bharúntacht an tSratha Bháin Íochtaraigh; agus gabhann an réimse thuaidh béal is inbhear iomlán an Fheabhail, um chathair Dhoire agus a ceantar máguaird. Mar sin, nuair a dheintear anailís ar an gceantar de réir a thírdhreacha, dh'fhéadfadh an ceantar mín ar an dtaobh eile den Fheabhal a bheith mar chuid den Lagán tráth go teoiriciúil.



Fíor 90: Léarscáil airde talún, comparáid idir Léarscáil Rutherford den Lagán agus an talamh mín um abhainn na Finne agus abhainn an Fheabhail ná fuil mar chuid den Lagán de réir na léarscáile sin: https://en-ie.topographic-map.com/map-rgp/Ireland/?center=54.97604%2C-7.48718&zoom=10&base=4

Thá an chuma ar an scéal nach teoiriciúlacht amháin athá sa mholadh so. Is é adeir an Tuathalach (1937, 81) agus é ag scrí i 1937 ná:

> At the present day, the valley of the Foyle, and I think, the valley of the Mourne are often called the Lagan (an Lagán) by Irish speakers in West Donegal.

Cé nach bhfuil teacht agamsa ar aon bhunfhoinse a chuirfeadh leis an dtuairim so ag an dTuathalach, thá dhá iontráil de chuid *Bhailiúchán na Scol* a thabharfadh le fios go mb'fhéidir gur chuimsigh an Lagán béal agus tuilemhá an Fheabhail, mar a

bhfuil Doire agus an Srath Bán, de réir thuiscintí áitiúla áirithe. Sa chéad iontráil, cheap faisnéiseoir anaithnid, a bhí ina c(h)ónaí um Scoil Náisiúnta St. Davadog i dTamhnaigh i bparóiste Chluain Dabhaodóg, an Lagán mar (Anaithnid, *Bailiúchán na Scol*, iml. 1090, 427):

> An area approximating to the triangle formed by Letterkenny, Derry, and Strabane.

Is suimiúil go luann an duine so an Srath Bán siochas an Leifear chun teora theas is thoir a mhíniú. Agus i gcás na tara hiontrála dar teideal, *An Buachaill Aimsire*, le Dominic Mac Suibhne as Tor i bparóiste Thulacha Beigile, dh'fostaíog buachaill ag aonach híreála sa tSrath Bán sarar chuireag ag obair ar an Lagán é, a thugann le fios ar shlí níos doiléire go mb'fhéidir gur phaiste talún ar an dtaobh thoir den Fheabhal a bhí i gceist ag an scéalaí so (Doimnic Mac Suibhne, *Bailiúchán na Scol*, iml. 1068, 403):

> Bhí gasúr as ceanntar an Toir ar fastódh ar an Lagan ... Rinne sé fastódh ar aonach an tSraith Bháin.

Is fearr glacadh le tuiscint áitiúil i gcás logainmneacha de ghnáth, óir is diocair eolas áitiúil a shárú, ach is beag fiúntas athá sa chur chuige so nuair athá na tuairimí áitiúla ag teacht go hiomlán salach ar a chéile. Ina theannta san, ní féidir tuiscint an Tuathalaigh ná raibh sa Lagán ar dtúis ach oirthuaisceart bharúntacht Rátha Both agus nár ghoibh an teora theas de ó dheas go dtí *c.* 1730 ar aghaidh a dheimhniú bunaithe ar an bhfianaise athá againn ós na hannálaibh nú ós na tráchtaireachtaíbh tánaisteacha. De réir deabhraimh, síolraíonn tuiscint Uí Thuathail ón dtagairt inar chreach muintir Ua Néill Gleann na Finne, Tír Éanna agus an Lagán. Ach mar a chonaiceamar, ní féidir le scoláiríbh an lae inniuimh réimsí na logainmneacha so a idirdhealú go beacht agus is mór an seans go raibh teorainneacha na réigiún seo fite fuaite ina chéile ar aon nós. B'fhéidir mar sin féinig go bhfuil dríodar den bhfírinne i gcás pheirspeictíocht Latimer gur chuaigh preispitéir an Lagáin, .i. an limistéar creidimh, i bhfeidhm ar fhairsinge an Lagáin féinig, ach mar a phléamar, ní hionann réim an Lagáin agus réim phreispitéir an Lagáin de réir tuiscintí daoine áitiúla áirithe, rud a léiríonn go bhfuil tuairimí i gcás réimse an Lagáin níos achrannaí ná dallamullóg nó mearbhall amháin. Ina theannta san, thá sé sochreidte go raibh

críocha theas an Lagáin ní ba shia ó dheas go ceantar Leifir ar a laghad de réir na tagartha den Lagán in *Annála Ríoghachta Éireann* agus ó thaobh thírdhreach an cheantair féin fiú.

Níl le brath againn air anso dá bhrí sin ach míniú ‘lagán’ nó ‘logán’ féinig. Bunaithe ar imscrúdú thírdreach an cheantair agus ar shlí shlua Ua Néill a leanúint, dh’fhéadfadh an Lagán:

(a) an limistéar mín idir Ráth Bhoth, Loch Súilí, Mainéar Uí Chuinneagáin agus an Dubhais a chuimsiú, mar a mhol Latimer.

nú (b), is ionann é agus an leithead fíormhéith idir an Dubhais agus an Grianán, .i. paróiste ‘Allsaints’ nach mór, mar a thuig an Tuathalach.

nú (c), más rud é gur shín an Lagán go dtí an Leifear de réir mar a thuig an Donnabhánach, roinnt mhaith dá fhaisnéiseoiríbh agus tráchtaireachtaí eile—mar athá sothuigthe ó thaobh na tagartha ‘trés an Laccán’ in *Annála Ríoghachta Éireann* féinig—níl aon chúis thíreolaíoch nár ghoibh an Lagán thar an Leifear agus Gleann na Finne go dtí an Bearnas Mór chón maith.

Más fíor (c), mholfainn gur chuimsigh an Lagán, sa chás so, barúntacht Rátha Both Thuaidh ina iomláine (seachas paróiste na Leice); paróistí Conmhaí, Srath an Urláir agus Domhnach Mór i mbarúntacht Rátha Both Theas; an talamh mín i dtuaisceart pharóiste na Birte i mbarúntacht Inis Eoghain Thoir; an talamh mín um chathair Dhoire agus béal an Fheabhail i gcontae Dhoire; agus srath an Fheabhail ina iomláine go srath na Moirne i mbarúntacht an tSratha Bháin Íochtaraigh i gcontae Thír Eoghain. Mholfainnse a leithéid toisc go ngabhann an talamh mín seo go leanúnach thar abhainn an Fheabhail agus na Finne agus isteach i nDoire agus i dTír Eoghain chón maith,


Lagán, an (4) In S.E. LEIN.; perh. corresp. to tls Loggan Upr and Lr in p. Crosspatrick, b. Gorey, WX. *O Dunlaing, laoch an Lagain*, LGen. 950.6 (= TP[1] 92). **Ext. form:** *Do bíos aréir i Lagan Laigen i dtig Mhic Eochaid*, SG i, 282. Cf. JRSAI 86, 78-80; The Past 32, 52, 67; TNWX 1244; TP[1] lvii-iii n. 478-81.


Is léir ós na foinsíbh go mbaineann an Lagán so le Cúige Laighean: ‘Ó Dúnlaing, laoch an Lagáin’ (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*] 950.6), ‘Lagan Laigen’ (O’Grady, 1892, [*SG* i] 282). Ach b’fhiú stracfhéachaint cheart a thabhairt ar an dtagairt in *LGen*. chun suíomh an Lagáin a chúngú:

> Luaidheam fa sech ’sa tir toir gach neach díbh ar a dhúthaigh ... Airdrigh Náis ... triath Laighean, Mac Murchada ... Druideam re Laighsi Laigean ... fá Dhún Máscc ... ós Magh Druchtain ... O Ceallaigh .... triall tar Bearba ... o Dind Riogh go Maisdin ... O Bearba co Slaine .... Beantraige .... Fothairt an Chairn ... O Lorcain ... Crích na Cenel ... O hArtgaile .... Dual d’O Rigain … / trícha céd[:] … / I Dhrona …. Ó Nuallain … / airdrigh … Fotharta / O Néill a Muigh (caoin) Da Chond … Síol Elaigh … O Gaithin da coimeatt / flaith don úrdroing ... O Dunlaing, laoch an Lagain / Triall tar Bearba … go sluagh Osraighe (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 948.10-950.7) = Ó Donnabháin, 1862, [*TP*[1]] 82-92).

Thá sé diocair suíomh na sleachta a luaitear anso a leanúint, ó thaobh na tíreolaíochta dhe, de insa mhéid is go mbíonn an t-údar ag léimt siar is aniar thar an mBearú. Ach mar sin fhéinig, thá pátrún le feiscint i mbloc na logainmneacha ina luaitear an Lagán: ‘Dual d’O Rigain ... / trícha céd ... / I Dhrona … Ó Nualláin … / airdrigh … Fotharta / O Néill a Muigh Da Chond … Síol Elaigh … / O Dunlaing, laoch an Lagain’. Dá gcuirimíst na logainmneacha so ar léarscáil do chífí go bhfuil an file ag druidiúint soir i líne dhírigh.


Tosnaíonn an file le hUíbh Dróna, dúthaigh Uí Riagáin. Ní fheadar an bhfuil an Uí Dhróna so ar aon dul le bar. Ua nDróna Thoir, athá ar an dtaobh thoir den mBearú, nú Uí Dhróna Thiar, athá ar an dtaobh eile den abhainn, i gcontae Cheatharlaigh, nó iad araon.






Fíor 91: na barúntachtaí Uí Dhrona Thiar is Thoir Is Fotharta i gcontae Cheatharlaigh: https://www.logainm.ie/ga/7


Ansan luann an file ceantar Ua Nualláin, .i. ‘airdrígh … Fotharta’. Is dócha gurb ionann an Fotharta so agus bar. Fhothart i gcontae Cheatharlaigh.



Fíor 92: bar. Fotharta i gcontae Cheatharlaigh: https://www.logainm.ie/ga/4

Ina dhiaidh sin, triallann an file soir arís go ceantar Ua Néill, .i. Maigh dhá Chonn i Síol Éalaigh, i gcontae Chill Mhantáin.






Fíor 93: bar. Shíol Éalaigh ina bhfuil par. Mhaigh Dhá Chonn: https://www.logainm.ie/ga/278 / https://www.logainm.ie/ga/2707

Dá nglacaimíst leis an dtuairim go bhfuil an file ag góilt soir i líne dhírigh, caithfidh mar sin go bhfuil an Lagán suite áit éigint idir Síol Éalaigh agus an cósta thoir, láimh leis an Inbhear Mór agus Guaire, .i. áit éigint i mbar. Ghuaire, an Inbhir Mhóir, nó Bhaile na Corra Theas.

Mar a tharlaíonn sé, gheibhtear an logainm Lagán mar bh.f. i mbar. Ghuaire, .i. an Logán Íochtarach agus an Logán Uachtarach, i bpar. Chros Phádraig. Agus mar adeir Ó Crualaoich et al. (2016, [*TNWX*] 1244):

> The evidence for this anglicised placename supports derivation from 'Lagán' ... Logán, a diminutive of log 'hollow' probably refers in this instance to the depression in Loggan Lower.

Chífear go deimhin ós na léarscáileannaibh thíos go bhfuil log / lag soiléir, um a bhfuil talamh ard á cheapadh, le feiscint go háirithe mórthimpeall an Logáin Íochtaraigh.



Fíor 94: Léarscáil OSi agus Léarscáil airde talún, b.f. an Logáin Íochtaraigh i bpar. Chros Phádraig: https://www.logainm.ie/ga/53297 / https://en-ie.topographic-map.com/map-kk7qt6/Loggan-Lower/?zoom=12&center=52.77805%2C-6.40606&base=6

Mar sin, ón imscrúdú ar an ndán thuasluaite, is dócha go bhfuighmíst a bheith sách cinnte gurb ionann Logán Íochtarach is Uachtarach agus an Lagán in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003, 950); ach thá níosa mhó éiginnteachta ann i dtaobh na tagartha don Lagán in *SG* (O'Grady, 1892, [i] 282) mar sin fhéinig, .i. 'Lagan Laigen i dtig Mhic Eochaid', óir is tagairt fhíor-ghinearálta é agus níl teacht agam ar cheantar an tí so. Gan amhras, thá lagánacha / logánacha eile i gCúige Laighean, cuir i gcás an Lagán, b.f. i bpar. Chluana Caoin i gcontae Lú; agus Logán an Hálaigh, b.f. eile i bpar. Theampall na Móna, i mbar. Dhamhliag Uachtaraigh i gcontae na Mí. Do gheobhadh mar sin, suíomh dóibhsan a bheith i gceist, nú Lagán eile fiú. Ach mar sin fhéinig, cé ná fuil teacht agam ar T(h)igh Mhic Eochaidh, thá Conchubhar Ó Crualaoich (2016, 52, 67) i ndiaidh Leac Mhic Eochaidh dh'aimsiú insa mb.f. chéanna, .i. Logán Íochtarach:

> The current writer stumbled onto a letter referring to 'the Hill of lacke m'Keghoe', formerly an inauguration site [Uí Chinnseallaigh] located in the townland of Loggan Lower in County Wexford directly adjacent to the Wicklow border (52) ... In regard to the location of Leac Mhic Eochaidh, the townland in which it is found, Loggan Lower, was evidently within the bounds of the territory of macVadock (67).

Do gheobhthaí a rá go leath-mhuiníneach mar sin gurb ionann an Lagán in *SG* agus *LGen*., agus go bhfuilid araon lonnaithe i mb.f. an Logáin Íochtaraigh, bar. Ghuaire i gcontae Loch Garman.

Lag an Choire / Lag (Bhun) Sionna

Lag an Choire (*The depression of the corrie / pot*) Shannon Pot, tl. Derrylahan, p. Templeport, b. Tullyhaw, CN (the source of the river Shannon) **Location:** *I dtír … Uí Ruairc, rí … Bréifne … shléibhte Dubhbaile na sruthán tá Lag a' Choire i bhfoirm locháin … Goireadh Lag a' Choire ar dtús do locháin phríomh-bhuin Sionna*, Éigse 6, 194. **Alt. names**: *Tá dhá ainm ... eile ar locháin … Laig a' Choire: Fuarán Uí Ruairc is Lag Bhuin Sionna, mar is é an Lag céadna tús a tuile*, Éigse 6, 194. **Poetic name:** *As Loch a' Lagáin fhíor-fhuair dhomhain na dtéarmaidhe d'áirigh, sruthuighidh abhainn*, Éigse 6, 194. See Fúarán Uí Ruairc.

Lag (Bhun) Sionna See Lag an Choire.

Brí

Thá roinnt comhainmneacha ag an logainm so: .i. Lag an Choire, Fuarán Uí Ruairc, agus Lag (Bhun) na Sionna.

I gcás 'coire', is é 'cauldron, pot' (*eDIL*, sn. coire; *FGBD*, sn. coire) an ghnáth-thuiscint athá air, tuiscint athá le feiscint in ainm Bhéarla na logainme fhéinig, .i. 'Shannon Pot'; nó i dtéarmaí tíreolaíochta, 'whirlpool (*eDIL* / *FGBD*, sn. coire) nú '3. Geog: Corrie, cirque; amphitheatre, deep mountain hollow. ~ bolcáin, volcanic crater. (Loch) ~, tarn' is ea é (*FGBD*, sn. coire). Síolraíonn an focal Béarla féineach ón nGaoluinn gan amhras. Oireann an dá thuiscint sa chás so.


I dtaobh Fúarán Uí Ruairc, 'a spring, `a well spring or fountain', is ea 'fuarán' gan amhras (*eDIL*, sn. úarán; *FGBD*, sn. fuarán); agus dh'ainmníog an tara heilimint as muintir Uí Ruairc, .i. an treabhchas áitiúil a bhí i gceannas ar Bhréifne Thiar, .i. an dúthaigh áitiúil, i ndiaidh na trígiú haoise déag.

Lag (Bhun) na Sionna, .i. 'log (Bhun) na Sionainne'; coinnítear seana-fhoirm an ghinidigh, mar a choinnítear inniuimh leis, .i. Log na Sionna (féach thíos), agus mar

a léiríonn an focal ‘bun’, tuigtear gurb é an coire seo foinse abhann na Sionainne féinig.

Suíomh

Is léir ón dtagairt féin go bhfuil an ‘lag’ so i dTír Ua Ruairc, .i. i mBréifne Thiar. Maireann an logainm go fóill insa dúthaigh so, .i. Log na Sionna i mb.f. Dhoire Leathan i bpar. Theampaill an Phoirt i mbar. Theallach Eathach i gcontae an Chabháin.



Fíor 95: Léarscáil OSi agus Léarscáil OSi Discovery, Log na Sionna i mb.f. Dhoire Leathan i bpar. Theampaill an Phoirt: https://www.logainm.ie/ga/105065 / https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Lathach Margaighe

Lathach Margaighe (*Slob of ?*) Prob. in p. Killard, b. Ibrickan, CE; perh. tl. Mountriver, nr Doonbeg. *Bith a fhios ag gach aon leaghfas … an sgribhinn so, go bfuilimsi Emann ruadh Mac an Gilla duibh Mac Suibne o Cillcaoidhe a gcuntae an Cláir …a ngoill ar suim … o Iarla Tuadmumhan … ar dtabairt mo cheirt acus mo tidail air an rraith .i. ledcedramha dferann an Duna big nocha torannaigheas re bun an Gaotha buidhe don taob teas, acus re Lathach-margaige don taobh thuaidh, re bun na Caee Duibe ag dul asteach an oilen Mac Ulga don taobh toir, acus re Caman na Feamnuighe don taobh tiar, don Iarla cedna sin*, TRIA 15, 59 §22. See Caoi Dhubh, an; Camán na Feamnaighe; Ceall Chaoidhe (1).


Brí

I gcás an fhocail 'Lathach', thá Hardiman (1828, [*TRIA* 15] 59) den dtuairim gur 'Loch' a bhí i gceist ach chítear dom gur 'lathach' athá ann, .i. 'portach', 'riasc', 'talamh lábach', 'nú quagmire, morass' (*eDIL*, sn. lathach). Ach is diocair dom an tara heilimint *Margaighe* (< Margach?) a thuiscint: ní dóigh liom gur 'marcach', .i. 'ridire', athá ann; ní fheadar an ainm dhuine é.

Suíomh

Deirtear in *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.nn.) go bhfuil Camán na Feamnaighe agus an Chaoi Dhubh—.i. na logainmneacha eile a luaitear mar theorannaibh fhearainn an Dúin Bhig—i bpar. Chill Ard i mbar. Uí Bhreacáin i gcontae an Chláir. Más fíor sin agus

Fíor 96: Léarscáil OSi Discovery, suíomh Lathach Margaighe (?): https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html



más ionann Dún Beag na tagartha agus b. / b.f. Dhúin Bhig i bpar. Chill Ard, ana-sheans gurb í an tír lábach gar don Dún Beag ar a dtugtar b.f. ‘Mountriver’ inniuimh athá insan Lathach Margaighe so.


Lá(i)thr(e)ach Caoineach

Lá(i)thr(e)ach Caoineach (*Caoineach's (eccl.) site*) Tls Laragh E./W., p. Derrylossary, b. Ballinacor N., WW. *Atconnairc [Berach] Caineach … ag adhradh diabail … doroine Berach … ernaighthe 7 ro raidh fri Cáinech … 'As ced dáibh dol fon talmain'. Sluiccis an talamh go hopand Caineoch … conadh aire sin ainmnighter Laithrech Caineoch a nGlind da lach*, BNÉ i, 31 §38.

Brí

Is diocair a rá an é an focal 'láithreach', .i. 'láthrach', nú 'laithreach', .i. 'lathrach', athá mar bhunús na logainme Laithreach Caoineach? Síolraíonn 'láthrach / láithreach' ón bhfocal 'látha(i)r' gan amhras agus is é is brí leis ná *place, site, battlefield* ar uairibh (*eDIL*, s.v. láthrach); nó *holy site* de réir an Chorránaigh (*Onom. Goed. Dig.*, s.n. láthrach). Ciallaíonn 'lathrach', nú 'laithrech', *puddle, muddy pool* (*eDIL*, s.v. lathrach); nú *quagmire, mire, swamp* (*Onom. Goed. Dig.*, s.n. lathrach). Aistríonn Plummer (1922, [*BNÉ* ii] 29 §38) an tagairt so mar 'Cainech's Swamp', rud a léirionn gur thuig sé gur 'lathrach / laithreach' a bhí mar bhunús de. Dh'oirfeadh 'láthrach / láithreach', *site* / *holy site*, go maith leis toisc go mbaineann an logainm le Gleann Dá Locha. Tugtar 'láithreach' mar ainm ar bhaile agus ar dhá bhaile fearann, .i. an Láithreach Thoir is Thiar, láimh le Gleann Dá Locha féin. Is é

‘láthrach’ an fhoirm a thugtar air insna *OSNB* (WW ii, 31) agus mínítear gur ‘site of a building; any site’ é.[61]




Fíor 97: Gleann Dá Loch agus b.f. an Láithrigh i bpar. Dhoire Lasrach: https://www.logainm.ie/ga/113206

Ach nuair a fhéachtar ar na tagartaíbh gallda a liostáiltear ar www.logainm.ie des na ‘Láithreacha’ so, go háirithe ar na ceannaibh is luaithe den Láithreach Thoir, is diocair a bheith deimhin de gur ‘láthrach / láithreach’ athá mar bhunus dóibh i ndáiríribh. Ba dh’é *Lar(r)agh* an ghnáthfhoirm ghallda den logainm so idir na bliantaibh 1600-1700 (www.logainm.ie), agus gheibhtear samplaí fánacha eile gur litríog é mar *Layroch*, *Lyrach*, *Larighe*, the *Larha* agus the *Learagha* (uimhir iolra, .i. an dá bh.f. in aoinfheacht is dócha, .i. Thoir is Thiar). Mar sin, ní fios an guta fada nó gairid, .i. á /a, athá iontasan i ndáiríribh. Litrítear ‘lathrach’ le guta gairid insa tagairt ghaelach amháin a liostáiltear ar www.logainm.ie, .i. ‘sliabh na lathrach duibhe’ (nóta a bhreac Tadhg Ó Neachtain *c.* 1728: https://www.logainm.ie/ga/1165016).

Léiríonn an aidiacht ‘duibhe’ sa ghnideach bhuatha i nóta Uí Neachtain gurbh ainmfhocal baininscneach gutach é ‘láthrach / lathrach’ dar leis-sean. B’ainmfhocal o-ghas firinscneach é ‘lathrach’ agus o-ghas neodrach é ‘láthrach’ le linn ré na Mean-Ghaoluinne (*eDIL*, s.vv. lathrach, láthrach). Cé go ndúirt an Corránach (*Onom. Goed. Dig.*) gurb(h) ainmfhocal o-ghas é ‘lathrach (Laithrech)’ agus gur iompaigh ‘láthrach (láithrech)’ ina ainmfhocal á-ghas, rud a léireodh gurbh é ‘láthrach’ an focal cuí, deirtear in *eDIL* (s.v. lathrach) mar sin fhéineach go bhféadfadh ‘lathrach’ a bheith ina ainmfhocal á-ghas leis. Mar sin, is beag an chabhair a thugann tuiscint ar inscne na logainme so ar bhrí an fhocail a scaoileadh.


[61] Is féidir moladh Price (1945-67, [*PNCW* i] 36) gurb é *ladharach* bunús na hainme seo a chur i leathtaoibh toisc go dtugtar Láithreach air in *BNÉ* (Plummer, 1922, [ii] 29 §38).

Más ‘lathrach / laithreach’ athá i gceist, do bheithfí ag súil le tírdhreach riascach lábach fliuch. I gcás tírdhreach an cheantair féinig, thá foraois bhuaircíneach saorga ann sa ló athá inniuimh ann. Mar sin, ba dhiocair tuiscint d’fháilt ar dhul an cheantair so le linn na haimsire inar chruthaíog an scéal.



Fíor 98: Léarscáil OSi Discovery, An Láithreach agus an talamh foraoiseach: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Ach is léir ón dtírdhreach go bhfuil Láithreach lonnaithe i gcuas / log um a bhfuil sléibhte Chill Mhantáin á thimpeallú, rud a chiallaíonn go mbeadh fearthainn ósna sléibhtibh ag tuitim le fánaidh ann; agus ina theannta san, thá an Láithreach lonnaithe i srath agus i gcumar dhá abhann, .i. an Abhainn Mhór agus Abhainn Ghleann Dasáin. Mar sin, do bheithfí ag súil le corcach nó bogach. Is léir ós na tuairiscíbh measúnú riosca tuile gur ceantar é ina mbíonn tuilte ann go minic: ‘The “Laragh Glendalough Tourism Corridor” includes land that is at a high and moderate risk of flooding (67)’.[62] Agus seod é léarscáil don cheantar foilsithe aige *Oifigeacha na hOibreacha Poiblí* ar *www.floodinfo.ie*:



Fíor 99: tuile aonrach agus tuilte timriallach i mb.f. an Láithrigh i bpar. Dhoire Lasrach: www.floodinfo.ie

[62] *Strategic Flood Risk Assessment: Wicklow County Development Plan 2016-2022* (Comhairle Contae Chill Mhantáin, 2015)

Tugtar ‘Móinteach’ ar cheantar eile insa pharóiste chéanna ach thá an b.f. so ar leitrigh eile do shléibhtibh Chill Mhantáin.

D’ainneoin go bhfuighfí áiteamh cuíosach réasúnta a chur chun cinn gur ‘lathrach’ athá mar bhunús den logainm ‘Laithreach Caoineach’—toisc go dtuileann an ceantar go minic agus toisc go bhfuil tagairt Uí Neachtain de ‘sliabh na lathrach duibhe’ gan síneadh fada—is logainm coitianta go maith é ‘lá(i)thr(e)ach’ ar fuaid na hÉireann agus is é *site,* nó *building site,* nó *ecclesiastical site* an t-aistriúchán is coitianta dhe. Dá bhrí sin, agus toisc go bhfuil an suíomh so díreach láimh le mainistrigh Ghleanna Dá Locha, .i. áit ina mbeitheá ag súil le ‘lá(i)thr(e)acha’, adéarfainn gur ‘láithreach’ athá ann.

Suíomh

Is léir gurb ionann an logainm so agus logainm na mblte f. Láithreach Thiar is Thoir i bpar. Dhoire Lasrach i mbar. Baile na Cora Thuaidh i gcontae Chill Mhantáin. Ní léir mar sin féinig má thá réim an cheantair ar a dtugtar Láithreach inniuimh ar chomhréim Láithreach / Laithreach Caoineach féineach.

Leac

Brí

Leac: ‘flat slab of rock or stone (freq. quailfied by lomm), flagstone, paving-stone’ (*eDIL*, sn. lec(c); *FGBD*, sn. leac). Dearg: ‘red’ (eDIL, derg; FGBD, sn. dearg).

Leac Dhearg (*Red flagstone*) Unident. pln. *Trí Lóegairi Leici Dergi ... ferc[h]uidred Fer nÉreand inso, cach tríar cenmot[h]á an robi Cú Chualaind díib riam,* TBC[1] 3950-83 (= TBCL 4697; TBCY 3486; YBL 50b51). **Compound form**: *do cuiredar teachta uatha ar Tuathaibh Dé Danann ... ocus is iad fa rígha 7 fa ro[fh]laithi dóib an tráth sin .i. … na trí Laegairi Licdherga,* CF[2] 347-60.

Suíomh

Is diocair suíomh na logainme so a mheas óir ní bhfaightear ach liosta laoch agus na ceantracha a bhaineann leo sna tagairtíbh. Is léir mar sin fhéinig go bhfuil an tagairt in *CF*[2] (O’Rahilly, 1962, 357-60) ag tarraingt go díreach ar a bhfuil in *TBC*[1] (O’Rahilly, 1976, 3950-83) nú baineann sé leis an dtraidisiún chéanna ar a laghad mar thá liosta na n-ainmneacha agus na n-áitainmneacha nach mór mar an gcéanna ionta.

Leac Iartharach (*E. flagstone*) Tl. Lack W., p. Kilmihil, b. Clonderalaw, CE. *Ag so suim chiosa ui Briain o Cillrois go Cluain Dagad ... a dTullaig Crainn ... a mBind Morain ... uinge d[']or a cCedhramhuin na Ligi Iartaruighi*, TRIA 15, 36 §14.

Brí

Leac (*supra*). Iartharach: 'back, western, further, furthermost' (*eDIL* / *FGBD*, sn. iartharach

Suíomh

Mar a thugaimse le fios fé *Lios Conalláin, baineann na tagairtí ina bhfaightear an logainm so le Tríocha Céad Chorca Baiscinn Oirthearaí (Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 74; MacCotter, 2008, 196; Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Corca Bhaiscinn). Is féidir na logainmneacha a luaitear roimhe an Lic Iartharaigh dh'aithint go soiléir (Hardiman, 1828, [*TRIA* 15] 36):

> Ag so suim chiosa ui Briain o Cillrois go Cluain Dagad ... a dTullaigh Crainn … a mBind Morain … uinge d[']or a cCedhramhuin na Ligi Iartaruighi.

Is ionann 'Tullaigh Crainn' is blte f. Tullaigh Crainn Íochtarach is Uachtarach, agus is amhlaidh 'Beann Móráin' is Binn Mhóráin agus iad araon i bpar. Chill Mhuire. Thá an Leac Iartharach, .i. an 'Leac Thiar i bpar. Chill Mhichíl, díreach in aice leis na blte f. thuasluaite .

Leaca(in) na Sionnach

Leaca(in) na Sionnach (*Hillside of the foxes*) Tl. Lackannashinnagh, p. Killadysert, b. Clonderalaw, CE. *Ag so suim chiosa ui Briain o Cillrois go Cluain Dagad ... sgilling acus nae n[-]uingi a Leacuin na Sinnach*, TRIA 15, 37 §14.

Brí

Leaca(in): ‘cheek, jaw ... (b) by extension applied to other more or less vertical surfaces: side or slope of a hill’ (eDIL, sn. lecca). Sionnach: ‘fox’ (eDIL, sn. sinnach).

Suíomh

Féach fé *Lios Conalláin thuas.

Leithead

Brí

Leithead: ‘(b) expanse’, fairsinge talún (*eDIL*, sn. leithet).

Leithead (1) (*Breadth / expanse*) Terr. in N.E. AM which gave its name to tl. / p. Layd, b. Glenarm Lr, AM. **Early refs:** *Is mór do mílib fichet ó Dún Báetáin i lLethet ... is Imlech Ibair*, CGH 330b2 (= ZCP 8, 327; 13, 322; LGen. 491.28). **Honorific useage:** *Baetan a Letheat na Lear*, ZCP 13, 324 (= LGen. 492.4, 1172.4). **Well of:** *Tipra Leithit láin*, EIL 136 (= BS §40). **Ext. form:** *Cath Murbuilc ... torchair Starnn mac Nemid la Conand mac Faebuir hi Lethet Lachtmuige i m-Murbolgc Dál Riata*, LG iii, 134 (= FFÉ i, 178; cf. LG iii, 162). **Lat. form:** *Ecclesia de Lede*, EA 82. Cf. EA 83; EIL 137; LGen. iv, 461; IKHK 109; www.placenamesni.org: ‘Leithead (Lachtmhaighe)’. See Dún Baodáin, Leithead Lachtmhaighe.

Suíomh


Is léir gur b.f. / par. Leitheid i gContae Aontroma athá ann i gcás na tagartha in *EA* (Reeves, 1847, 82). Is é adeir Reeves (1847, [*EA*] 83) ina thaobh ná:

> Now the parish of Layd. The name seems to be the Irish word Leithead, which is sometimes written Lead, and signifies ‘breadth’.

Ach thá éiginnteacht ann maidir le suíomh na logainmneacha eile fén iontráil so. I gcás na tagartha den dán in *BS* (O’Keefe, 1952, §40; Ó Murchú, 1956, [*EIL*] 136), aistríonn Ó Murchú (1956, [*EIL*] 137) ‘Tipra Leithit láin’ mar *the well of populous Layd*, is é sin le a rá go gceapann sé gurb é b.f. / par. Leitheid i mbar. Ghleanna Arma Íochtaraigh i gContae Aontroma athá ann; ach ní chuireann Ó Murchú aon fhianaise leis an dtuairim so. Cé go mbaineann Suibhne Geilt le Dál nAraidhe (Byrne, 1973, 113), agus thá Leithead Chontae Aontroma ar an dteorainn idir chrích

Dhál nAraidhe agus Dhál Riada, níl aon ní sa téacs féin a thabharfadh le fios go bhfuil an ‘Leithead’ so ins an taobh san tíre; bíonn Suibhne ag góilt ó áit go háit ar fuaid na hÉireann go fánach sa dán féineach agus insa chuid den dán ina bhfaightear an tagairt so, níl Suibhne ach ag léiriú seanchais: .i. ‘tiprait is ḟerr ḟúarussa’. Do gheobhadh na tiobhracha so a bheith in aon cheantar in Éirinn gan amhras. Ach mar sin fhéinig, is fiú glacadh le tuairim Uí Mhurchú óir ní féidir aon Leithead eile a mholadh a bheadh níba oiriúnaí bunaithe ar an dtagairt féin; thá an t-eolas ró-ghann inti.

I gcás na tagartha in *LG* (Macalister, 1938-56, [iii] 162) agus *FFÉ* (Ó Duinnín et al., 1902-14, [i] 178) ‘cath Murbuilc ... torchair Starnn mac Nemid la Conand mac Faebuir hi Lethet Lachtmuige i m-Murbolgc Dál Riata’, is léir go bhfuil na logainmneacha so i gcrích Dhál Riada. Ach gheobhadh dhá léamh dhifriúla a tharraingt as an dtagairt so ó thaobh céille dhe. Gheobhadh gurb amhlaidh Leithead Lachtmhaighe agus Murbholg a bheag ná a mhór; nó gur thugag fén gcath i Murbholg ach gur mharaíog Starn mac Neimhid i gceantar eile. Thá Murbolg agus Leithead Lachtmhaighe fite fuaite ina chéile de réir tagartha eile in *LG* (Macalister, 1938-56, [iii] 162), óir úsáidtear Leithead Lachtmhaighe mar chomhainm / comhshuíomh an chatha: ‘cath Leithed Lachtmaigi i nDáil Riada, hi torchair Starn mac Nemid la Conand mac Faebuir’.




Fíor 100: Bá Mhurlaigh i mb.f. Goodland i bpar. Chúil Eachtrann: https://www.logainm.ie/ga/118061





Fíor 101: b.f. is par. Leithid: https://www.logainm.ie/ga/61313/

Ach seans gur cumasc bréagach é seo: do bhí Diarmuid Ó Murchadha (1997, [*ATigIndex*] 144; mar aon lena bhfuil in *AU*[1] (Hennessy et al., 1887-1901, iv, 283; McKay, 1999, [*DUPN*] 115; Murray, 2005, 102 agus in *FFÉ* (Ó Duinnín et al., 1902-14, [i] 179) den dtuairim gurb ionann Murbholg athá fé chaibideal againne agus Murlach i mb.f. 'Goodland' i bpar. Chúil Eachtrann i mbar. Chathraí i gcontae Aontroma. Más fíor tuairimí na scoláirí, is léir ós na léarscáileannaibh thíos agus ar chlé ná fuigheadh Murlach agus Leithead a bheith mar chomhainmneacha ar an gceantar chéanna mar tháid i bhfad óna chéile. Is beag an chabhair í leis dá bhféachaimíst ar thírdhreach agus ar bhrí na logainme 'Leitheid Lachtmhaighe', óir gheobhadh ceachtar acu, .i. Murlach nó Leithead, a bheith i gceist i ndáiríribh mar thá an dá logainm lonnaithe i gceantrachaibh míne torthúla. Léiríonn ainm an bh. f. féinig 'Goodland', ina bhfaightear Murlach, gur talamh maith é, agus thá Leithead féin lonnaithe ar shrath abhann na Duinne, áit a mbeadh a lán gláir ann chun an talamh a chothú.



Fíor 102: Bá Mhurlaigh agus b.f. Leitheid i gcontae Aontroma: https://www.logainm.ie/ga/62449/






Fíor 103: Léarscáil airde talún, b.f. Leitheid i bpar. Leitheid agus bá Mhurlaigh i bpar. Chúil Eachtrann: https://en-ie.topographic-map.com/map-44mggp/Layd/?zoom=13&popup=55.10826%2C-6.14313&center=55.11029%2C-6.05344

Is diocair mar sin suíomh Leitheid Lachtmhaighe dh'aimsiú. Ach dá dtugaimíst sracfhéachaint ar chur síos chatha Murbhuilg sna hannálachaibh, is léir gur chath idir Dhál Riada agus Chruithin / Dhál nAraidhe a bhí ann:

> Bellum inter Cruithne ₇ Dal Riati in Murbuilgg ubi Cruithni deuicti (Mac Airt et al., 1983, [*AU*[2]] 731.5). Cath ider Cruithniu ₇ Dal Riada i m-Murbulg ubí Cruithne deuictí fuerunt (Stokes, 1993, [*ATig*.] 731). Bellum inter Cruitne et Dalriata in Muirbuilgg ubi Cruitne devicti fuerunt (Skene, 1867, [*CPS*] 356 [731 AD]).

Mar a chonaiceamair, thá Murlach in iarthuaisceart chríoch Dhál Riada agus thá Leithead i mbar. Ghleanna Arma Íochtaraigh gar dó. Féidearthacht eile don gcath so agus Cath Murbhoilg / Cath Mhurlaigh. inar chailleag Starn mac Neimhid. is ea an talamh mín ar an dtaobh ó thuaidh de Choc Leithid, mar a bhfuil b.f. Bhaile an Chaistill inniuinh i bpar. Rátha Muáin i gcontae Aontroma. Tagann an logainm 'leithead' féinig slán in ainm an chnoic, ar an gcéad dul síos, agus ar an tara dul síos, is góilín é an talamh mín um Bhaile an Chaistil agus is é is brí le 'murbholg / murlach' ná 'a sea bag, inlet of the sea' (eDIL. sn. muir, compnds A).



Fíor 104: Léarscáil aired talún, Cnoc Leithid, góilín Bhaile an Chaistil i bpar. Rátha Muáin, i mbar.Chathraí: https://en-ie.topographic-map.com/map-ql2qtj/Knocklayd/?center=55.1824%2C-6.22718&zoom=12

Roghnaíos, mar sin fhéinig, Leithead, .i. b.f. is par.'Layd', i mbar. Ghleanna Arma Íochtarach mar shuíomh Leithead Lachtmhaighe óir tagann an suíomh so is mó leis an scoláireacht (Ó Murchadha, 1997, [*ATigIndex*] 144); Hennessy et al., 1887-1901,

[*AU*] iv] 283; McKay (1999, [*DUPN*] 115); Murray (2005, 102) agus Ó Duinnín (et al., 1902-14, [*FFÉ* i] 179). Ach ní dóigh liom go bhfuil freagra sásúil ar an gceist seo.

I dtaobh 'Dún Báetáin i lLethet'—an tagairt in *CGH, LGen*. agus *ZCP*—is é Baodán mac Cairill athá i gceist, mar adeirtear níosa luaithe sa tagairt: 'Ba rí hÉrenn 7 Alban Báetán mac Cairill. Giallais Áedán mac Gabráin dó i rRoss na Ríg i Semniu' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 330ab55). Baineann Baodán mac Cairill le Dál bhFiadach / Ulaidh, agus is ar an mbonn seo gur mhol Dobbs (1921, [*ZCP* 13] 324) gurbh áit i gcontae an Dúin a bhí ann, .i. i gcrích Dhál bhFiadach (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Dál bhFiadach). Ní thugtar aon tsuíomh beacht do Dhún Bhaodáin san *OnomG* (s.n. Dún Baetán), ach deirtear san *OnomG* go bhfuil an dún so in Albain de réir tagartha amháin, .i. leagan *Leabhar Mór Leacáin* (BLec. 115rb30-31) don dtagairt in *CGH* (O'Brien, 1962) thuas. Ach i ndiaidh dom féachaint ar an lámhscríbhinn féin, níl trácht ar Albain mar shuíomh Dhúin Bhaodáin inti in aon chor. Is é athá in BLec. go beacht ná: 'Is mor do milib fiched / co dun mbaedain ind ḟilead' (cf. O'Brien, 1962, [*CGH*] 330b1-2), agus chífear go bhfuil 'Leithead' fágtha ar lár sa leagan so, mar athá in *BB* leis.

Dar le Francis John Byrne (1973, 109) mar sin fhéinig gurbh ionann 'leithead' i dtagairt *CGH* agus b.f. Chnoc Leithid i bpar. Oirthear Maí / Rátha Muáin:

> The Ulster genealogists may ... be accused of bias when they call him [Baodán mac Cairill] king of Ireland and Scotland and quote from a poem purporting to describe him receiving tribute from Munster, Connacht, Skye and Man at his fortress near Knocklayd in Antrim: such fantasies merely reflect later ideas of high-kingship.

Níor luaigh Byrne an tagairt bheacht don dán faraor ach is léir gurb ionann an dán athá i gceist aige agus an tagairt thuasluaite ón *CGH* (O'Brien, 1962) óir adeirtear sa tagairt sin gur:

> Rí hÉrenn 7 Alban Báetán mac Cairill … is dó ro cét ic brith chísa Muman dó fothuaid (ibid., 330ab55): … ó Dún Báetáin i lLethet (ibid., 330b1) ... et is leis glanta Manand 7 issin dara bliadain iarna éc do-lléicset Gáedil Manaind (ibid., 330b5).

In *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Dún Baodáin) agus ar shuíomh www.placenamesni.org, lonnaítear an tagairt do Dhún Bhaodáin ó *CGH* i Leithead, Contae Aontroma, ach le comhartha ceiste (www.placenamesni.org, s.n. Leithead [Lachtmhaighe]). Thá Nollaig Ó Muraíle (2003, [*LGen*.] iv, 461) den dtuairim chéanna. Is diocair mar sin suíomh beacht na logainme so a chinntiú, ach do chloíos le www.placenamesni.org is *HDGP* is leis an Muraíleach sa chás so: cé go bhfuil seans go mbaineann an Leithead athá fé lámhaibh againne anso le háit éigin i dTuaisceart chontae an Dúin, .i. i gcrích Dhál bhFiadach toisc an ceangal le Baodán mac Cairill féin, .i. iar-rí Dhál bhFiadach.

Leithead (2) In East Ulster; perh. tl. Leode, p. Clonduff, b. Upr Iveagh, DN.

Battle of: *Cath Laethit quo interfectus est Fiachna mac Baedain .i. ri Dalaraidhe. Fiachna mac Demain, .i. Ri Dal Fiachach, uictor erat*, CS 626 (= LGen. 595.18: *Fiacha mac Baodain mc Cairill ... a mharbhadh la Fiachna mac Deamhain i ccath Lethit*). **Ext. form:** *Bellum Leithet Midind in quo cecidit Fiachna Lurgan. Fiachna m. Demmain uictor erat*, AU^{2} 626.1 (= ATig. 625: *Cath Leithid Mídhínd in Druíng*; LGen. 595.18; AFM 622 [i, 246]; LL 5792-3: Fiachna mac Baetáin .i. Fiachra Lurgan, a marbad i cath Druing). **Anglicised form:** *The battle of Lehed Mynd*, AClon. 627. Cf. AFM i, 246; Ainm 7, 18; ATigIndex 159; LL 5792; www.placenamesni.org: 'Leode'. See Clann Lurgan, Leithead Midhinn.

Suíomh

Thá éiginnteacht arbh ionann an Leithead so agus Leithead (1); nó Cnoc Leithid i bpar. Oirthear Maí / Rátha Muáin i mbar. Chathraí i gcontae Aontroma mar a thuig an Donnabhánach (1848-51, [*AFM* i] 246); nó arbh ionann é agus b.f. 'Leode' i bpar. Chluana Daimh i mbar. Uíbh Eachaigh Uachtaraigh / an Leath Íochtair i gcontae an Dúin mar a mhol Diarmuid Ó Murchadha (1996, 18; 1997, [*ATigIndex*] 159) ar bhonn tuisceana Mhichíl Uí Mhainnín gur shíolraigh 'Leode' ón bhfocal 'leithead' (1993, [*PNNI* 3] 92); nó arbh 'Leithead' eile é i nDál bhFiadach nó i nDál nAraidhe ná maireann mar ainm a thuilleadh.

Is léir ón dtagairt fhéinig gur chath idir Dhál nAraidhe (.i. Fiachna mac Baodáin / Fiachna Lurgan / Fiachna Finn) agus Dhál bhFiadach (.i. Fiachna mac Deamháin / Deamáin) a bhí ann (O'Brien, 1962, [*CGH*] 161bb58-9; 330c40-45). Ach is beag an léiriú thairis an méid sin a thugann tagairtí eile na hiontrála so, cé go luaitear 'Drong' agus 'Midend' mar ainmneacha sa bhreis. Chítear dom gurbh ainm dhuine é 'Mid(h)enn / Midiu': cf. 'mol Midend midlaige ... Midend druth Eochath maic Muireda' (*eDIL* s.v. midlach; Meyer, 1912, [*ZCP* 8], 307-8; de Vries, 2012, [*ITS* 65] 94-6). B'fhéidir go síolraíonn an ainm féin ón aidiacht *midṡeng, mideng* ('slender, epithet of a spear-shaft (?)'), .i. ainm oiriúnach do dhuine ard caol is dócha más fíor sin (*eDIL* s.v. mideng / midṡeng); nú 'mí' agus 'denn', .i. *evil-hued* nó *evil-aspect*, mar a mhol Ranke de Vries ar bhonn mholadh Liam Breatnach (de Vries, 2012, [*ITS* 65] 113). Ní rabhas inniúil ar ainm mar sin dh'aimsiú in aon gheinealach

Dhál bhFiadach nú Dhál nAraidhe nú Ua nEachach Cobha. Chuireas Uí Eachach Cobha san áireamh óir ba mhinic a ríomhtaí Uí Eachach Cobha i measc mhuintir Dhál nAraidhe (Mac Néill, 1911 / 1912, 97), fiú ins na geinealaibh fhéinig:

> GENELACH DÁL ARAIDE ... m. Cruind m. Echach [Coba] (O'Brien, 1962, [*CGH*] 161bb39-40) ... Oc Baetán mac Echdach condrecat ríg Dál Araidi ⁊ o[c] Cruind ba druí condrecat Húi Echach ⁊ Dál nAraide (ibid., 162a52) ... GENELACH HÚA nECHACH COBA ⁊ is iat-side let[h]-chenél Dál nAraidi (ibid., 162b13)

Ba chumasc bréag-stairiúil é seo dar le Francis John Byrne (1973, 109):

> The genealogical connections between the Uí Echach Cobo and the Dál nAraidi are very artificial, and the Middle Irish regnal lists of Dál nAraidi present a false perspective. In the sixth and seventh centuries the Cruithin formed a loose confederation of petty states … Dynastic consolidation was a feature of Irish political history in the eighth century, and it was now that the Dál nAraidi emerged as the single dynasty ruling the remnants of the Cruithin east of the lower Bann.

Ach mar sin fhéinig, ciallaíonn an cumasc sin, cuma más cumasc fíor nó bréagach é, go bhféadfadh an 'Leithead' athá idir lámhaibh againne a bheith i gcrích Dhál nAraidhe (m.sh. 'Leithead (1)' nó 'Cnoc Leithid'), i gcrích Ua nEachach Cobha (m.sh. 'Leode'), nú i gcrích Dhál bhFiadach (logainm ná maireann).

Ag casadh aríst ar an ainm Mídend (Mídenn), agus ar an dtagairt 'Mídend drúth Eochath [*recte* Eochach][63] maic Muireda', tagann an tagairt so ón dtéacs, *De Causis Torchi Corco Ché*, curtha in eagar aige Kuno Meyer mar chuid dá alt, 'The Laud Genealogies and Tribal Histories', in *ZCP* 8 (1912); agus curtha in eagar níos déanaí aige Ranke de Vries, *De causis torchi Corc' Óche* in *ITS* 65 (2012, 94 §3). De réir an téacs so, deirtear gurbh as Loch nEachach Corca Ché ar dtúis: 'Corco Ché ... ó Loch Echach a mbunadh' (Meyer, 1912, [*ZCP* 8] 307) / 'Corc' Óche ... ó Loch Echach a mbunadus' (de Vries, 2012, [*ITS* 65] 94 §1), ach scaipeadar óna ndúthaig

[63] Níl míniú aige de Vries do mhalartú an *t* séimh agus *c* séimh i gcás na hainme 'Eochu' (de Vries, 2012, [*ITS* 65] 114). Ach is léir gur nós coitianta ab ea é. Tugann de Vries féin roinnt samplaí de (ibid.). Agus cé gur Loch nEchach athá tríd síos insan téacs féin, .i. *De causis torchi Corc' Óche* (*vel. sim*), ba iomdha a gheibhtear samplaí de Loch nEathach chón maith, .i. le consan déadach meánach séimh, go háirithe níos déanaí: *S. E. Ulster verse supplies many examples of the loss of -h-* [.i. th]. *Thus Loch Neách for Loch Neathach* (Ó Rathile, 1932, 208-9).

dhúchais i ndiaidh na talún athá fé Loch nEachach a thomhaidhm agus dh'ainmníog an Loch so as Eochach mac Muireda / Mairetho féin (de Vries, 2012, [*ITS* 65] 94; *placenamesni.org*, s.n. Dree; Meyer, 1912, [*ZCP* 8] 307). Léiríonn an bhaint le Loch nEachach agus oirthear Uladh go mb'fhéidir gurb ionann Eochu mac Muireda (Echu mac Mairetho) ón scéal so agus Eochu / Eochaid mac Muireda(ig) Muindeirg,[64] .i. iar-rí Dhál bhFiadach ab ea Muireadeach (Byrne, 1962, [*CGH*] 161b51): 'GENELOGIE RÍ nULAD IN SO SÍS ... m. Fiachnai [Duib-tuile] (m. Duib-thuinne) m. Demmáin mac Cairill m. Muiredaich Muindeirg'. Bhí mac darbh ainm 'Eochu' / 'Eochaid' ag an Muireadhach so: 'Cóic meic Muridaig Mundeirg .i. Cairell, Eochu (Eochaid)' (ibid., 330c1). Ghlac Fiachna mac Demmáin, .i. mac (mic) m(h)ic Mhuireadaig Mhuindeirg, páirt i gcath Leithid Mhídheann gan amhras. Caolseans mar sin gurb amhlaidh Mídend (Mídenn), .i. 'druth Eochath', anso agus Mídheann a gheibhtear in 'Leithead Mídheann' féin. Mar a thuig Muhr chón maith (2011, 68).

I gcás na heiliminte 'Drong', a luaitear mar logainm sa bhreis in aice 'Leithead Mídheann' in *ATig.* (Stokes, 1993, 625 AD), is minic a bhí scoláirí den dtuairim gurbh ionann suíomh an 'Drong' so agus suíomh catha eile ar a dtugtar 'bellum Druing', do thuit amach idir drongannaibh Dhál nAraidhe in 776AD de réir *AU*, breis is trí chaogad blian i ndiaidh 'cath Leithid Mhídheann' féin.[65] Bhí dhá bhruín idir Dhál nAraidhe insa mbliain so, .i. 776 AD, ceann aca i Sliabh Mis is an ceann eile i nDrong:

> Bellum inter Dal nAraide ... i Sleib Miss in quo cecidit Nia m. Con Alta. Bellum Druing iterum in eodem anno iter Dal nAraide in quo ceciderunt Cinaedh Cairgge m. Cathasaigh ₇ Dungal h. Fergusa Forcraidh. Tomaltach m. Indrechtaigh ₇ Echaidh m. Fiachne uictores erant (Mac Airt et al., 1983, [*AU*^{2}] 776.7).

Ach mar sin féin, toisc go raibh scoláirí den dtuiscint gurbh ionann suíomh an dá chatha, ba iomdha dh'úsaidtí tuairimí i dtaobh shuímh 'Leithid Mhídheann' chun 'Drong' dh'aimsiú is a mhalairt. Mar shampla, thá an *PNNI* is *placenamesni.org* den dtuairim gurbh é b.f. Dree—i bpar. Dhroim Bearach i mbar. Uíbh Eachach

[64] Féach alt Osbern Bergin (1932, 140-46) d'fhite-fhuaiteacht an dá ainm Eochu agus Eochaidh.
[65] Do bhí an Murchadhach den dtuairim fiú gurbh ionann 'cath Leithid Mhídheann' agus 'bellum Druing' toisc tagairt i liosta dos na riteabh Uladh in *LL* a mbeidh fé chaibideal againn thíos. Is cosúil ná raibh cur amach ag an Murchadhach ar an dtagairt de 'bellum Druing' in *AU*.

Uachtarach, An Leath Íochtair—suíomh ‘Drong’ féin. Ach toisc go liostáiltear ‘cath Leithid Mídhind in Druing’ mar cheann dos na príomhthagairtíbh, tugann sé le fios gurb ionann suíomh ‘Leithid Mhídheann’ agus suíomh ‘Druing’, nó caithfidh go bhfuilid ana-ghar dá chéile ar a laghad:

> [Dree] may have been the site of two battles of Drong recorded in east Ulster in the 7th and 8th century. The first of these was *c.* AD 625 (Ó Donnabháin, 1848-51, [*AFM* i] 623; ATig. 625[:] *Cath Leithid Midhind in Druing*).

Ach mar sin fhéinig, dh’úsáid eagarthóirí *HDGP* an tagairt do ‘Leithead Mídheann’ lena rá go raibh Drong ‘in Dál nAraidhe; perh. in or nr tl. Leode, p. Clonduff, b. Upr Iveagh, DN’ (Ó Riain et al., 2003, s.n. Drong [2]). Do bhunaíog an chonclúid so ar thuairim an Mhurchadhaigh gurbh é ‘Leode’ suíomh catha Leithid Mhídheann mar a mholann sé in *Ainm* 7 (1996, 18) agus in *ATigIndex* (Ó Murchadha, 1997, 159) toisc go raibh Mícheál Ó Mainnín den dtuairim gur ghalldú é ‘Leode’ den bhfocal ‘leithead’ (1993, [*PNNI* 3] 92).


Cé go bhfuigheadh go bhfuil an ceart ar fad aige scoláiríbh gurbh ionann suíomh an dá chatha, .i. ‘bellum Druing’ is ‘cath Leithid Mhídheann’ de bharr na tagartha de ‘Drong’ in *ATig*. ó Rawl. B 488, níl aoinne tar éis an cheist seo a scrúdú go mion. Gheobhadh gur tagairt bhréagach í an tagairt do ‘Drong’ in *ATig.*; an t-aon fhoinse annálach amháin ina luaitear ‘Drong’ mar ainm sa bhreis i dteannta ‘cath Leithid Mhídheann’ féin. Ar an gcéad dul síos, thá na dátaí 766-972 AD in easnamh ar *ATig.*, ráinig ‘bellum Druing’, de réir *AU*, in 776 AD, agus mar sin ní fheadar an raibh mearbhall ar scríobhaí (/ eiseamláir) *ATig.*? .i. shíl sé gurbh ionann ‘cath Leithid (Mhídheann)’ agus ‘bellum Druing’, agus mar sin do chuir sé ‘Drong’ leis an dtagairt do ‘cath Leithid (Mhídheann)’ go cam. Agus ar an tara dul síos, ní fheadar ach an oiread an bhfuil rian den fhírinne i leagan LL do *Ríg Ulad* gur chailleag Fiachna mac Baodáin in ‘cath Druing’? .i. insa tslí gur chomhainm í ‘Drong’ do Leithead (Mídheann), nó an míthuiscint é bunaithe ar ‘bellum Druing’ agus ‘cath Leithid Mhídheann’ a chumasc:

> Fiachna mac Baetáin .i. Fiachra Lurgan, a marbad i cath Druing (LL 5792-3).

Dá mba rud é gur ráinig ‘cath Leithid Mhídheann’ gar do ‘Drong’ i ndáiríribh, ba chomhainm oiriúnach í ‘cath Druing’ den gcath so gan amhras (féach thíos). Ach is í an tagairt so in LL an t-aon fhoinse den traidisiún ina dtugtar ‘cath Druing’ ar an gcath inar chailleag Fiachna mac Baodáin: tugann na foinsí annálacha ‘cath Leithid’ nú ‘cath Leithid Mhídheann’ air. Tuigtear dom go mb’fhéidir gur chumasc í an tagairt do ‘Drong’ in LL de ‘bellum Druing’ féin a thuit amach céad go leith blian i ndiaidh ‘cath Leithid Mhídheann’ de réir *AU* nó chuaigh traidisiún bháis Fhiachna Lurgan mar athá in LL, cuma más fíor nó bréagach é, i bhfeidhm ar scríobhaí éigin le linn sheachadadh *ATig.* agus do chuir sé ‘Drong’ leis an dtagairt chun an dá thraidisiún a shásamh.

Ach an bhfuil aon fhianaise inmheánach ann go mb’fhéidir gur idirshliocht é an tagairt do ‘Drong’ in *ATig*. i ndáiríribh?

Féachaimíst ar an dtagairt in *ATig*. ó Rawl. B. 488 (fo. 9vb22-23) aríst: ‘cath Leithid Mídhínd in Druíng’. Thá cuma chiotach ar an abairt pé scéal é ach dh’fhéadfaimíst dhá léamh difriúla a bhaint as ‘in druing’ anso: .i. an é an t-alt ginideach athá ann, .i. ‘cath Leitheid Mhídheann an Druing’; nó an é an réamhfhocal *i* leis an urú athá i gceist, .i. ‘cath Leitheid Mhídheann i nDruing’? De réir na chéad tuisceana, gas-o firinscneach is ea *drong*, ach gas-á is ea *drong* de réir na tara tuisceana. Dob’fhearra liom é a léamh mar ‘i nDruing’, agus *drong* ina ainmfhocal gas-á, toisc gurb é sin an léamh is fearr ó thaobh comhréire dhe—fabhtach go maith, tuigim. Ceist lárnach is ea í mar sin féin óir thá iarmhairtí tábhachtacha ag brath ar cioca tuiscint a thugtar air. Gas-o firinscneach ab ea *drong* le linn aimsir na Seana-Ghaoluinne agus don chuid is mó le linn aimsir na Meán-Ghaoluinne (*eDIL* s.n. Drong) sarar iompaigh sé ina ghas-á.



Fíor 105: ATig., Rawl. B 488 (fo. 9vb22-23): https://digital.bodleian.ox.ac.uk/objects/2bebcdbb-ef7a-4985-bd16-4e9a8d897919/surfaces/5bce3d9f-cf0f-421d-8456-b05c7196659a/

Ní fios go díreach an uair a chóipeálag *ATig*., nó na hannála ar a dtugtar *ATig*, go beacht mar sin fhéinig (Walsh, 1940, 157; Mc Carthy, 2008, 196; *ODNB* s.n. Tigernach Ua Braín). Maireann codanna *ATig*. i ndá phríomh-lámhscríbhinn: gheibhtear na hiontrálacha réamhstairiúla in Rawl. B 502, lámhscríbhinn a scríobhag *c.* 1131 (Ó Riain, 2008, 87), agus iontrálacha na mblianta 489–766 is 973–1003 is

1018–1178 in Rawl. B 488, lámhscríbhinn ilchodach a bhaineann le dátaí difriúla (Ó Cuív, 2001-3, [*Bod. Cat.* 1] 141). Síolraíonn na leaganacha lámhscribhinne eile de *ATig*. (.i. na hiontrálacha stairiúla) ó Rawl. B 488. Bheadh drogall orm glacadh le 1131 AD, .i. dáta Rawl. B 502, mar *terminus ante quem ATig*. toisc nach bhfuil ach na hiontrálacha réamhstairiúla inti agus tháid *acephalous* leis (Cuív, 2001-3, [*Bod. Cat.* 1] 181). Mar sin, níl cur amach againn ar riocht ceart na n-annála nó ar a dteideal le linn a gcoipeála in Rawl. B 502.

Cé ná fios cathain a scríobhag / chóipeálag an bhunchóip ónar shíolraigh *ATig*. ó Rawl. B488 go beacht, deirtear gurb ionann, dar le Best (1949-50, 191) agus glacann O'Sullivan leis (1981, 180), scríobhaí *ATig*. ó Rawl. B 488 agus scríobhaí *cols* 370-400 de YBL, .i. an chuid den YBL ar a dtugtar an 'fíor-YBL'. Lámhscríbhinn ilchodach eile ab ea YBL dar ndóigh (Oskamp, 1975, 102-19; O'Sullivan, 1981, 178).[66] Tugtar gluais imeallach le *cols* 370-400 YBL féin ina ndeirtear:

> Ar buidhe Leacain ainm an leabhairse meise cirruaidh mac taidg ruaidh [Mac Firbhisigh] (*col*. 380).


Sin-sin-seanathair Chiorruadh anso ab ea Giolla Íosa Mac Firbhisigh (Best, 1949-50, 190). Fuair Giolla Íosa bás in 1418 a léiríonn go gcaithfidh go raibh Ciorruadh ina bheathaidh insa tseú haois déag luaith (ibid.). Agus más fíor é gurb é scríobhaí céanna *cols* 370-400 YBL agus leagan *ATig*. ó Rawl. B 488, tugann *floruit* Chiorruaidh mhic Thaidhg Ruaidh *terminus ante quem* dúinn de leagan *ATig*. ó Rawl. B 488 féin óir caithfidh gur scríobhag *ATig.* ó Rawl. B 488 sarar chuir Ciorruadh a ghluais leis an bhfíor-YBL. Ach mar sin fhéinig, thá gluais Chiorruaidh i bhfad níos déanaí ná *cols* 370-400 YBL; tugann Best (1949-50, 191) buille fé thuairim mar sin gur dhuine de mhuintir Mhic Fhirbhisigh do mhair idir 1362-1379 a bhreac *cols* 370-400 de YBL agus *ATig.* ó Rawl. B 488. Do bheadh ciall leis an dtuiscint gur dhuine de mhuintir Mhic Fhirbhisigh a scríg iad. Bhí YBL i seilbh mhuintir Mhic Fhirbhisigh gan amhras agus bhí Rawl. B 488, ina bhfaightear *ATig.*, i

[66] Cé go nglacann O'Sullivan (1981, 179) le tuairim Best gurb ionann scríobhaí *ATig.* ó Rawl. B. 488 agus *cols* 370-400 de YBL, .i. an fíor-YBL, níl sé ar aon tuairim le Best go raibh *ATig.* ó Rawl. B 488 mar chuid den 'bhfíor-YBL' tráth (1981, 180).

seilbh an ársaitheóra, James Ware, .i. pátrún do chuid Dubhaltaigh Mhic Fhirbhisigh fhéinig ab ea é (Walsh, 1940, 154).

De réir O'Sullivan (1981, 179), bhí *cols* 573-958 de YBL mar chuid den bhfíor-YBL leis, .i. *cols* 370-400, toisc go bhfuil rian den tseana-chumhdach chéanna air is athá ar *cols* 370-400. Scríg Giolla Íosa Mac Firbhisigh féin *cols* 573-958 (1981, 179). Más fíor é go rabhadar in aon chumhdach, tuigtear dom go mb'fhéidir go raibh scríobhaí YBL *cols* 370-400 is *ATig*. ó Rawl. B 488 gníomhach le linn nó roimh aimsir Ghiolla Íosa féin, rud a thabharfadh *terminus ante quem* nua dúinn, .i. 1418, .i. an bhliain a fuair Giolla Íosa bás (Best, 1949-50, 190). Tagann a leithéid do thuairim leis na bliantaibh a mholann Best thuas. Ach caithfimíd a bheith aireach mar sin fhéinig, fiú dá mba rud é go bhfuil an ceart ag O'Sullivan, ní hionann é sin is a rá gur chuireag cumhdach an fíor-YBL le chéile le linn aimsir Ghiolla Íosa fhéinig óir do bhí sé de nós aige scríobhaithibh téacsanna a bhaint as lámhscríbhinníbh agus iad a chur le lámhscríbhinníbh eile (O'Sullivan, 1981, 177-8).

B'fhéidir gurb í iontráil na bliana 1088 i Rawl. B 488 (fo. 19rb13) an fhianaise inmheánach is suntasaí de *terminus ante quem ATig*.; deirtear: 'huc usque Tigernach scribsit antequam quieu' (*Tigernach wrote thus far before he died*)' (Walsh, 1940, 156).[67] Tuigtear gur Tighearnach Ua Braoin de Shíol Mhuireadhaigh, .i. muintir ríoga Chonnacht, ab ea an Tighearnach so (Hennessy, 1866, [*CS*] 1084). Ba chomharba Chiaráin is Chomáin Chluain Mic Nóis (ibid., [*CS*] 1084; Ó Donnabháin, 1848-51, [*AFM* ii] 1088) nú airchinneach Chluain Mic Nóis (Mac Airt et al., 1983, [AU^2] 1088) é a fuair bás in 1084 (Hennessy, 1866, [*CS*]) nó in 1088 (Mac Airt et al., 1983, [AU^2]; Ó Donnabháin, 1848-51, [*AFM*]). Thá scoláirí ar aon tuairim mar sin fhéin ná raibh an



Fíor 106: ATig., Rawl. B 488 (fo. 19rb13): https://digital.bodleian.ox.ac.uk/objects/2bebcdbb-ef7a-4985-bd16-4e9a8d897919/surfaces/2f360306-873c-4825-95ee-582acf48c87e/

[67] Má fhéachtar ar an dtagairt féin, chífear gur dheineag nod de *antequam*. Do dhein an nod so tinneas do Whitley Stokes (1993, [*ATig*.] s.n. 1088) agus do roinnt scoláirí eile (m.sh. Mc Carthy, 2008, 195) agus cheapag gur giorriúchán de '88' a bhí ann, .i. ag tagairt do bhliain na hiontrála fhéinig. Ach ruith sé le Paul Walsh é (1940, 156), le cabhair ó Mhacalister, gur nod do *antequam* ab ea é i ndáiríribh.

tagairt so do Thighearnach mar chuid de *ATig*. ar dtúis, ach gluais ab ea é dh'fhidheag isteach leis na hiontrálachaibh eile le linn *ATig*. a sheachadadh (Mac Néill, 1914, 36-8; Walsh, 1940, 155-6; *ODNB* s.n. Tigernach Ua Braín; Mc Carthy, 2008,194-6). Is léir gur idirshliocht é an tagairt so do Thighearnach in *ATig*. ó thús bunaithe ar iontráil na bliana 1088 fhéinig. Thá an cur síos a gheibhtear in *CS*, *AU*[2] is *AFM* ar ghairm agus ar bhás Thighearnaigh féin fágtha ar lár amach is amach in *ATig.*, rud a léiríonn gur chuir scríobhaí an ghluais so leis an mbliain 1088 bunaithe ar thuiscint neamhspleách nú ar fhoinsíbh eile. Ruitheann sé le Mc Carthy go bhfuil scéala báis chomharbaí Chluain Mic Nóis fágtha ar lár in *ATig*. tríd síos fiú (Mc Carthy, 2008, 194). Pé scéal é, gheobhaimíst dhá léamh a bhaint as an idirshliocht so, más fíor é, .i. ar an gcéad dul síos, ba dh'é Tighearnach tiomsaitheoir gach a bhfuil de *ATig*. ó bhonn go bliain a bháis mar a mhol na hársaitheóirí, James Ware is Charles O'Conor (Ó Donnabháin, 1848-51, [*AFM* ii], 1088, nóta 'o'; Mac Néill, 1914, 37); nú ar an tara dul síos, bhí baint aige Tighearnach le hiontrálachaibh a chur le hannálaibh ar a dtugtar *ATig*. anois le linn dó a bheith ina chomharba ar Chluain Mhic Nóis mar a ghlacann Mac Néill (1914, 37) agus Thomas Charles-Edwards (*ODNB* s.n. Tigernach Ua Braín) leis go haireach; ach mar a ghlacann Mc Carthy (2008, 196) go fonnmhar leis: 'the title of the Annals of Tigernach can be applied accurately only to the Annals over 1071-88 ... it does seem to me fitting to retain an association between Tigernach's name and the MSS Rawl. B. 502 and 488'.[68]

Má ghlactar leis an dtuiscint go raibh baint aige Tighearnach féin leis na hannálaibh ar a dtugtar *ATig*., thá *terminus ante quem* nua againn anois, .i. an bhliain bháis Thighearnaigh, *c.* 1088; óir thá ana-sheans go raibh an tagairt do 'cath Leithid (Mhídheann)'—a thuit amach *c.* 625 AD—mar chuid des na hannálaibh so sara raibh baint aige Tighearnach leobhtha.

Casaimíst ar an bhfocal *drong* aríst toisc go bhfuil *terminus ante quem* sách réasúnta againn do dháta ina raibh an tagairt do 'cath Leithid Mhídheann' ann. Mar a luag

[68] Dá mba rud é go síolraíonn na hAnnála *ATig*. ó eiseamláir Chluain Mhic Nóis / grúpa Chluain Mhic Nóis, seo an creatlach tuisceana féna bhfeidhmíonn Thomas Charles-Edwards (2006, [*COI* 1] 16-18) agus Mc Carthy (2008, 194-6) pé scéal é, agus go raibh baint aige Tighearnach féin leobhtha, .i. iar-chomharba Chluain Mhic Nóis, b'ait liom gur thugag neamhaird ar scéala báis chomharbaí Cluain Mhic Nóis in *ATig*. tríd síos mar sin féin (Mc Carthy, 2008, 194). Do bhí Paul Walsh (1940, 156-7) in amhras go raibh aon bhaint aige Tighearnach leis na hAnnálaibh so: 'the words [.i. an tagairt do Thighearnach] … represent the opinion of some person that Tigernach Ua Braein, known from independent authority to have died in the year 1088, wrote up to that point … the Annals of Tigernach is a misnomer … we might perhaps [instead] speak of the Bodleian (Irish) Annals'.

thuas, ba ainmfhocal gas-o firinsceach é *drong* le linn aimsir na Seana-Ghaoluinne agus don chuid is mó le linn aimsir na Meán-Ghaoluinne (*eDIL* s.v. Drong). De réir *eDIL*, is é tagairt in *SnaR* (Stokes, 1883, 4519) an tagairt is luaithe de *dhrong* agus é ina ghas-á. Gheibhtear *SnaR* i Rawl. B 502, lámhscríbhinn a chuireag le chéile *c.* 1131 (Ó Riain, 2008, 87), mar a luag thuas, dáta a thugann *terminus ante quem* beacht dúinn. Ghlac Gearóid Mac Eoin gur scríobhag *SnaR* fhéinig *c.* 988 agus ba dh'é Airbertach mac Coisse nó mac Coisse Dobráin an t-údar bunaithe ar an dán *A Dé dúlig, atat-teoch* ina luaitear go raibh baint ag an bhfile seo le *SnaR* (Mac Eoin, 1966, [*Ériu* 20] 112-39; Mac Eoin, 1960-61, 51-61): 'Airbertach ró-ráith ... / A Latin i nGoideilgc ngrinn / is Mac Cosse ro-chaemchind' (Ó Neill, 1977, [*Éigse* 17] 38 §44).[69] Glacann Liam Breatnach leis an dáta so ina staidéar ar an Meán-Ghaoluinn in *Stair na Gaeilge* (1994, 223-4, §1.6). Ach dá gcuirimíst an tagairt fhéinig do *drong* in *SnaR* fé scrúdú, chífimíd go bhfuil diocracht ag baint leis an dtusicint gur ainmfhocal baininscneach é sa chás so: 'lór duis fiadcachdruing dein', .i. 'leor duais i bhfianaise gach droinge mire' (m'aistriúchán féin). Baineann an diocracht so leis an bhfocal *fiad*. Deirtear in *eDIL* gur:

> **prep. with dat.** (*fiad firu*, *LU* 9773 is in a Mid. Ir. text), usually lenites. **Orig. a subst.**, *cf.* W. *gwydd* 'presence', and **perhaps folld. by gen.**, *cf.* ***fia cach druing dein***, *SnaR* 4519 (**Strachan, M. Ir. Decl., takes *druing* here as d s f.** The word is f. in later lang.) *cf. dothaitni grian fhiad cach druṅg*, *SnaR* 249 . *cf.* also *fiad meic dé athar*, *ZCP* viii 561 < *Lec***.** 183va 40 but: *fiad genemain*, 2808.

Gheibhtear an focal *drong* go forleathan in *SnaR* agus is focal gas-o firinscneach é tríd síos mar sin fhéinig, ach amháin i gcás na tagartha éiginntí thuas agus dhá shampla ina leanann urú ina dhiaidh (*eDIL* s.v. Drong):

> g s. *druing*, SnaR 1227, 1434, 2619, 3911 etc. d s. *drung*, 249, 633, 855, etc. a s. *drong*, 1289.

Cé go bhfuil *drong* féin sa tuiseal ainmneach, .i. nós an neodair, (*eDIL* s.v. Drong): 'note also n s. drong n-ingen, drong ngilla cert' (Stokes, 1883, [*SnaR*] 6279).

[69] Ach do chreid James Carney (1983, 185-7) gur scríg manach darbh ainm Aonghas i gcontae Laoise é níba luaithe *c.* 870.

Léiríonn an mearbhall so go raibh an neodar ag dul i léig, ní hé go raibh *drong* fhéinig ag iompó ina fhocal neodrach (Breatnach, 1994, 241). Gheobhaimíst a bheith sách cinnte, mar sin, gur sampla é ‘fiad cach druing déin’ den nginideach i ndiaidh *fiad*, ní den tuiseal tabharthach toisc a mhinice ina luaitear *drong* in *SnaR* agus é ina ainmfhocal firinscneach.

An dá shampla is luaithe eile a liostáiltear in *eDIL* de *drong* agus é ina fhocal baininscneach, gas-á, ná tagairt ó *Imchlód Aingel*: ‘dom dín ar cech ndruing’ (O’Nowlan, 1912, [*MKM*] 255 §14); agus tagairtí ó *PH* (Atkinson, 1887): ‘Atrachtsat tra dronga écraibdecha ... i n-agaid Pilip (2547) / roráid fria droing do doinib’ (3359). Chítear dom go mbainid na foinsí seo le lár ré na Meán-Ghaoluinne i gcás *Imchlód Aingel* agus le deireadh ré na Meán-Ghaoluinne i gcás *PH* (Atkinson, 1887). Mar sin, cé ná fuil sé doshéanta amach is amach lena rá ná raibh *drong* ina ainmfhocal gas-á le linn lár ré na Meán-Ghaoluinne moiche, .i. roimh 1088, .i. an bhliain ina bhfuair Tighearnach bás, do bheitheá ag súil go mbeadh *drong* ina ainmfhocal firinscneach dá mba rud é go raibh sé mar chuid de thagairt ‘cath Leithid Mhídheann’ ó thús mar sin féin. Sílim gur idirshliocht é an tagairt do ‘Drong’ in *ATig*. de bharr na tuisceana so agus an tuiscint gurb é *ATig*. an t-aon fhoinse annálach (i dteannta na tagartha in *Ríg Ulad* ó *LL*) a luann ‘Drong’ mar logainm sa bhreis i dteannta ‘catha Leithid’. Thá an t-idirshliocht so bunaithe ar ‘bellum Druing’ féin ag teacht salach ar ‘chath Leithid Mhídheann’ nó chuaigh an tuiscint mar athá in *LL*—.i. is ainm eile é ‘cath Druing’ ar an gcath inar chailleag Fiachna mac Baodáin—i bhfeidhm ar sheachadaí *ATig.* agus do chuir sé an tagairt do ‘Drong’ le h*ATig.* chun an dá thraidisiún a shásamh. Dh’fhéadfadh ‘cath Druing’ féin a bheith ina fhíor-ainm eile ar ‘cath Leithid Mhídheann’ nú a bheith ina chumasc de ‘bellum Druing’ féin mar athá pléite againn thuas agus pléifimíd níosa mhó thíos.

Anois go bhfuighmíst idirdhealú a dhéanamh idir ‘Drong’ agus ‘Leithead Mídheann’ rud beag, fiosraímíst suíomhanna oiriúnacha don dá logainm. Tosnaímíst le ‘Drong’, ón dtagairt ‘bellum Druing’ mar a thugtar thuas. D’ainneoin an chur síos gur ‘bellum inter Dal nAraide’ a bhí ann, níorbh iad muintir Dhál nAraidhe an t-aon dream a ghlac páirt insa chath. Ba de shíol Airghialla agus Dál bhFiadach iad na hainmneacha eile a luaitear mar a chífimíd. Cé gurbh ainm uileghabhálach é Dál nAraidhe, go háirithe i dtreo dheireadh ré na meánaoise luaithe (Byrne, 1973, 109), níor thugag Dál nAraidhe mar ainm ar mhuintreachaibh Dhál bhFiadach nú

Airghialla; mar sin glacaim gur thug na hAirghialla agus Dál bhFiadach tacaíocht mhíleata dá gcomhghleacaibh Dhál nAraidhe a bhí in adharcaibh a chéile. Thá seans go bhfuighmíst suíomh an chatha a chúngú dá n-aimsímíst na daoine athá luaite insa tagairt so do 'bellum Druing' (aistrithe go Gaoluinn an lae inniuimh). B'iad:

> Cinaedh *Cairgge* m. Cathasaigh agus Dungal h. Fergusa Forcraidh, a fuair bás, agus Tomaltach m. Indreachtaigh agus Echaidh m. Fiachne, a fuair an lámh in uachtar (Mac Airt et al., 1983, [*AU*^{2}] 776.7).

Ba rí de phríomhshliocht Dhál nAraidhe ab ea Tomaltach mac Indreachtaigh a shíolraigh ó Fhiachna Lurgan / Finn mac Baodáin fhéinig (O'Brien, 1962, [*CGH*] 161bb54-5):

> GENELACH DÁL ARAIDE ... Domnall m. Tomaltaich m. Indreachtaich ... m. Fiachnae m. Báetáin m. Echdach (v.l. Echach, LL, La, Lec.).

Dob amhlaidh, dar le Dobbs (1923, [*ZCP* 14] 113), Cinaedh Cairgge mac Cathasaigh agus Cinaeth mac Cathasaigh a luaitear in *Síol Ír*:

> Genel cloindi Baetáin so: seacht meicc Baedain m. Eachach … m. Fiachrach Caich a quo Sil Scandail in tuaiscirt … Cathasach m. Cinaetha m. Cathusaigh …[70] [fo-nóta:] Cinaedh Cairgge, killed in civil war at Drung in 775 [*recte* 776].

[70] Tugtar *Cinaed mac Cathain* i liosta ríoga Dhál nAraidhe in *LL* (Best et al., 1954-83, 5881), ainm ná fuil ceart de réir eagarthóirí *AU*^{2} (Mac Airt et al., 1983, 776).

Cérbh é an Baodán mac Eachach so? I gcás eagráin an Mhuraíligh de *Shíol Ír* in *LGen*., buailtear idirshliocht os cionn an gheinealaigh so ina luaitear gur dhream de ‘Dal Araidhe’ ab ea sliocht Chionnaotha (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 530.1). Ina theannta san, tugtar le fios in *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.n. *Carraig Fheargusa*) gur bhain ‘Carraig’ insa bhuafhocal Cinaeth Cairrge le Carraig Fhearghais i gContae Aontroma, .i. i gcrích Dhál nAraidhe. Is dócha gurbh ionann Baodán mac Eachach ón dtagairt so agus Baodán mac Eachach Dhál nAraidhe mar sin, a luaitear i ngeinealach Thomaltaigh mhic Indreachtaigh thuas (O’Brien, 1962, [*CGH*] 161bb54-5); athair Fhiachna mhic Bhaodáin ónár dtagairtne de ‘Leithead’ ab ea Baodán mac Eachach chón maith dar ndóigh. Má thá an ceart aige Dobbs gurbh amhlaidh Cinaeth *Cairrge* mac Cathasaigh agus Cinaeth mac Cathusaigh ó *Shíol Ír*, léiríonn an tagairt do ‘Fiachra Caich a quo Sil Scandail in tuaiscirt’ gur de shíol Dhál nAraidhe an Tuaiscirt é Cinaeth Cairrge leis. Síolraíonn Dál nAraidhe an Tuaiscirt ón bhFiachra Caoch so; ba dheartháir do Fhiachna Lurgan / Finn agus mac le Baodán mac Eachach é Fiachra Caoch leis (MacCotter, 2008, 231). Chítear dom mar sin gur chath cathartha idir Dhál nAraidhe an Tuaiscirt / Eilne, .i. Cinaeth *Cairrge*, agus Dál nAraidhe Mhaighe Line, .i. Tomaltach mac Indreachtaigh, a bhí i ‘bellum Druing’ go bunúsach. Is dócha mar sin gurbh é ‘bellum Druing’ a bhí i gceist aige Francis John Byrne nuair adúirt sé (1973, 109):



Fíor 107: Dál nAraidhe an Tuaiscirt / Eilne is Dál nAraidhe Mhaighe Line: https://sites.rootsweb.com/~irlkik/ihm/ulster.htm


> A northern branch [of Dál nAraidhe] was settled in Eilne between the rivers Bann and Bush … but were defeated decisively by their cousins of Mag Line in 776 and disappear after the ninth century.

I dtaobh Dhúngail uí Fhearghusa Forcraidh, níl teacht ar an ainm áirithe sin in aon gheinealach dá bhfuil foilsithe. Ach tugtar an ainm Fearghus Forcraidh, .i. ainm a athar chríonna, i ndá gheinealach: .i. i measc Laighean, .i. ‘Fergus Forcraid m. Tuathail Tigig m. Maine Máil’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 125a1, 15; 318a9, 14), a bhfuighmíst neamhaird a thabhairt air, agus i measc cheinéil ríoga Airghialla, .i. Uí

Thuirtre, .i. ‘GENELACH HÚA TUIRTRI [.i. Airghialla] ... Fergus Forcraid m. Máel-Fothardaich m. Suibne’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 141a38 = Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 335.11). In ainneoin ná luaitear Dúngal le ceachtar aca, mhol Seán Mac Airt agus Gearóid Mac Niocaill in *AU*[2] (Mac Airt et al., 1983, 776.7) gur bhain an Dúngal ua Fergusa Forcraid so le hAirghiallaibh.

I gcás Eochaidh mhic Fhiachna, an t-aon duine a bhfuil an ainm sin air ná duine de bhunadh Uladh / Dhál bhFiadach: ‘GENELOGIE RÍ nULAD IN SO SÍS … Echdach (Eochaidh) m. Fiachna m. Áeda Róin’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 161b32).

Is cosúil mar sin gur thug Dúngal ua Fearghasa Forcraidh agus Uí Thuirtrí tacaíocht do Dhál nAraidhe an Tuaiscirt, fé cheannas Chinaotha Cairrge, in aghaidh Dhál nAraidhe Mhaighe Line, fé cheannaireacht Thomaltaigh mhic Indreachtaigh, agus muintir Dhál bhFiadach fé cheannas Eochaidh mhic Fhiachna. Luíonn sé le céill mar sin gur thuit ‘bellum Druing’ amach i suíomh éigint i ngiorracht dos na ceithre tuatha so. Ach b’fhéidir go mbeadh ceantar i ndeisceart Dhál nAraidhe ní ba oiriúnaí óir ba dhíoltas do ‘cath Shléibhe Mis’, athá i dTuaisceart Dhál nAraidhe, é ‘bellum Druing’ de réir deabhraimh. Do thuit ‘cath Shléibhe Mis’ amach insa mbliain chéanna ach roimh ‘bellum Druing’ agus mharaíog fear Dhál nAraidhe an Tuaiscirt ann, .i. Nia mac Con Alta (www.placenames.ni, s.n. Dree):



Fíor 108: Mar a mbíodh Dál nAraidhe an Tuaiscirt / Eilne is Dál nAraidhe Mhaighe Line, Ui Thuitrí, Dál bhFiadach: https://sites.rootsweb.com/~irlkik/ihm/ulster.htm

> Bellum inter Dal nAraide ... i Sleib Miss in quo cecidit Nia m. Con Alta. Bellum Druing iterum in eodem anno iter Dal nAraide (Mac Airt et al., 1983, [*AU*[2]] 776.7).

Cé go mb'fhearra liom suíomh i ndeisceart Dhál nAraidhe do 'bellum Druing', ba shuíomhanna oiriúnacha iad na blte f. Dree is Drin ar an dtaobh thuaidh de Shliabh Crúibe i dTuaisceart Ua nEachach Cobha, mar a mholtar ar www.placenames.ni (s.n. Dree) agus in *PNNI* toisc go mbeadh gach tuath inniúil ar aghaidh a thabhairt ar an gceantar. Ar an gcéad stracfhéachaint, chítear dúinn ná galldú oiriúnach é Dree do 'Drong', ach dheineag díghlórú do *-ng-* idirghutach, cuma má's leathan nú caol é, i nGaoluinn Oirthuaisceart Uladh insa tslí gur dheineag na gutaí a fhadú nú gur dheineag défhoghair asaibh (Ó Baoill, 2001, 2; Muhr, 2011, 101). Cuir i gcás na logainme Gallda, 'Drumee', i bpar. Mhacaire Rátha i gcontae an Dúin. Moltar Droim Moinge mar ainm Ghaelach dó bunaithe ar an bhfoirm Gallda, 'Drumange', a fuarthas i gcáipéis ó *c.* 1600 (Muhr, 2011, 66). Tugtar 'Dree' mar ghalldú don logainm 'Drong' in áiteachaibh eile in Ultaibh de reir deabhraimh, mar shampla: 'the first syllable of Dreemorevin east Tyrone [which] seems to be from (Baile na) Druinge with vocalisation of the -ng' (www.placenames.ni, s.n. Dree); agus i gcás 'Dree' fhéinig, tugtar 'Ballindreyn', 'Ballydrey' agus 'Drange' air mar fhoirmeacha Gallda luatha de chuid na seachtú haoise dhéag (www.placenames.ni, s.n. Dree).



Fíor 109: B.f. Dree i bpar. Dhroim Bearach is Slaibh Crúibe: https://www.logainm.ie/ga/66501


Ag filleadh aríst ar an dtagairt do 'Leithead (Mídheann)' ós na hannálaibh. Deintear, mar is eol dúinn, trácht ar bhás Fhiachna Lurgan / Fhinn mhic Bhaodáin Dhál nAraidhe le Fiachna mac Deamáin Dhál bhFiadach ann. D'fhéadfadh an buafhocal, 'lurga', .i. 'lorga(in)', in ainm Fhiachna Lurgan a bheith ag tagairt do shaintréith nú gné fhisiciúil gan amhras—.i. leasainm oiriúnach do dhuine ard, cuir i gcás 'Edward Longshanks Shasana'—ach seans go bhfuil ciall thíreolaíoch ag baint leis, .i. chun suíomh breithe nú dúchas duine a chur in úil nú mar a raibh duine i ndaltachas. Logainm oiriúnach is ea baile is b.f. na Lorgan (.i. an Lorgain) i bpar. na Seancille i mbar. Uí Nialláin Thoir i gcontae Ard Mhacha, athá ar bruach theas Loch nEachach. Cé go



Fíor 110: Baile is b.f. na Lorgan i bpar. Shankill: https://www.logainm.ie/ga/1411854/

mbuaileann an ceantar le teorainn Dhál nAraidhe rud beag, thá an Lorgain so i gcrích Ua nEachach Cobha go traidisiúnta; agus mar sin ní dóigh go n-ainmneodh rí Dhál nAraidhe ina diaidh. Ach mar a chonaiceamair, ba mhinic a bhí Uí Eachach Cobha fite fuaite le Dál nAraidhe agus ba iomdha leis a bhí críocha na dtuath so á n-at is á gcrapadh de réir mar théidíst in uachtar is in íochtar. Thá Lorgain eile níosa shia ó dheas de bhaile na Lorgan ar a dtugtar b.f. Lurgancahone i bpar. Dhroim Ga i mbar. Uíbh Eachach Uachtarach, An Leath Uachtair i gcontae an Dúin, mar a mhol Muhr chón maith (2011, 68).. Níl an logainm so i bhfad ó bh.f. 'Leode' athá curtha chun cinn mar cheann dos na suíomhannaibh do 'Leithead Mídheann' féin.

Molann Toner Lorgain Chú Chonnacht mar logainm Ghaelach de Lorgancahone dh'ainmníog, de réir na cosúlachta, as 'Coconaght O'Ronowe' nú 'O'Rony of Dycomed' a bhí ina thiarna talún d'ollréim talún i gcontae an Dúin le linn na seachtú haoise dhéag luaithe (Toner et al., 1992, [*PNNI* 1] 124); agus mar sin baineann an tara heilimint, .i. 'cahone', leis an aimsir san.



Fíor 111: B.f. Lurgancahone i bpar. Dhroim Ga is b.f. Leode i bpar. Chluain Daimh: https://experience.arcgis.com/experience/9b31e0501b744154b4584b1dce1f859b/page/Place-Name-Info/?data_id=dataSource_1-PlaceNames_Gazeteer_No_Global_IDs_3734%3A16593

Chun na fírinne a rá, gheobhadh suíomh cath Leithid Mhídheann a bheith in aon áit fad teorann Dhál bhFiadach le Dál nAraidhe nú le hUíbh Eachach Cobha. Ba dh'é Dún Lethghlaise / Dún dá Leathghlas an croí-lár cumhachta doba luaithe ag Dál bhFiadach; agus is ionann an dún so agus Dún Pádraig i bpar. an Dúin i mbar. Leath Chathail Uachtarach i gcontae an Dúin nach mór (Byrne, 1973, 119; Charles-Edwards, 2000, 66). B'fhéidir mar sin go mbeadh suíomh a chuimsíonn oirdeisceart Dhál bhFiadach ní ba oiriúnaí. Ina theannta san, is é b.f. 'Leode' an t-aon logainm a mhaireann athá gar do




Fíor 113: B.f. Leode i bpar. Chluain Daimh is Dún Pádraig i bpar. an Dúin: https://www.logainm.ie/ga/66495



Fíor 112: Teora Dhál bhFiadach le Uíbh Eachach Cobha: https://sites.rootsweb.com/~irlkik/ihm/ulster.htm

theorainn Dhál bhFiadach le hUíbh Eachach Cobha is le Dál nAraidhe agus a bhfuigheadh an focal ‘leithead’ a bheith mar bhunús de.



Leode, County Down, Northern Ireland, United Kingdom (54.19408 -6.18767)

Fíor 114: Léarscáil airde talún, b.f. leode i bpar. Chluain Daimh is Dree i bpar. Droim Bearach: https://en-ie.topographic-map.com/map-8qf89m/Leode/?center=54.25119%2C-6.12488&base=4&zoom=11

Is é athá i gceist le ‘leithead’ ná réimse talún méith sách réidh. Más rud é gurb é an focal ‘leithead’ athá mar bhunús de ‘Leode’ i ndáiríribh, luíonn sé le céill mar sin go mb’fhéidir gur chuimsigh an logainm ‘Leode’ an réimse talún sách mín ó bh.f. ‘Leode’ inniuimh fad bun Shliabh Crúibe go Droichead na Banna. Níl ‘Leode’ agus ‘Dree’ ach níosa lú ná cúig chiliméadar ar fhichid óna chéile agus más fíor gur chuimsigh ‘Leode’, .i. ‘Leithead’, an talamh mín ag bun Shliabh Crúibe leis, b’fhéidir gur fíor an tagairt do ‘Drong’ in *Ríg Uladh* in LL, ina dtugtar ‘cath Druing’ ar ‘cath Leithid Mhídheann’, agus an tagairt do ‘Drong’ in *ATig*.; cé gur mór an seans gur idirshliocht é ‘Drong’ i gcás *ATig*.

Mar aon lena ndeir an Murchadhach (1996, 18; 1997, [*ATigIndex*] 159), tugtar aird ar an dtuairim go síolraíonn ‘Leode’ ó ‘leithead’ in *PNNI* (Ó Mainnín, 1993, [3] 93) agus ar www.placenamesni.org (s.n. Leithead) chón maith, ach léirítear gur riocht ait leagan Gallda na hainme, .i. ‘Leode’, más ‘leithead’ athá mar bhunús de; go háirithe nuair ná fuil ainm Ghaelach na háite réitithe go fóill (www.logainm.ie, ‘Leode’). Deintear trácht in *PNNI* (Ó Mainnín, 1993, [3] 93) agus ar www.placenamesni.org go mb’fhéidir gurb é ‘leathfhód’ athá mar bhunús de i ndáiríribh bunaithe ar an *OSNB* inar mholag ‘leithead’ agus ‘leathfhód’ mar fhéidearthachtaí den ainm Ghaelach, ach scriosag ‘leithead’ amach óir: ‘presumably the fact that leathfhód rather than leathad / leithead agrees best with both the modern and the historical spellings’. Ach ba bheag cruinneas athá ins an ráiteachas so nuair a chaithtear súil ar na hainmneachaibh ‘stairiúla’ fhéinig athá i mBéarla amháin:[71]

[71] Léirigh Ken Nicholls in *CínCC* (2004, 225-33) gur iomdha iarracht in aisce é an bhun-ainm Ghaelach a dheimhniú bunaithe ar an ainm Ghallda pé scéal é.

> Balliloyd, Ballylehode, Ballilehoile, Ballylehod, Ballelehodd, Lehen, Leaode, Lood, Lorwood, Lawid (al. Lerwood), Lawid (al. Lerwood), Leoad, Leyod.

An t-aon rud go bhfuighfí a bheith cinnte de i ndáiríribh ná go bhfuil litriú Gallda na hainme ana-mhíshocair. Ní léir ach an oiread an guta fada nó gairid athá sna leaganachaibh ina bhfuil '–Lehod' / 'Leyod' ann, go háirithe nuair a chuirtear iad i gcomparáid le 'Lawid' agus 'Loyd' (cf. 'Layd', Leithead [1]). Ina theannta san, más 'leathfhód' athá mar bhunús de, níl teacht agam ar shampla eile de 'leathfhód / leathód' mar logainm in aon cheantar eile in Éirinn nó in Albain.

Do bhíodh sé mar sin fhéinig de nós aige muintir oirthear Uladh *-t-* séimhithe a dhíghlórú, mar a léiríonn an fhoirm Ghallda 'Layd' thuas, .i. 'Leithead 1':

> Outside Donegal the common usage in the greater part of Ulster seems to have been the dropping of intervocalic *th*, with the coalescence (partial or complete) of the vowels, e.g. *láthair* > *láir*, *athair* > *áir* … the *ái* of these syncopated forms a diphthong (Ó Rathile, 1932, 175) … After a stressed vowel intervocalic *h* (< *th*) is retained in part of the N. Ir. Area, but in many, perhaps most, districts it is dropped, usually with coalescence of the adjoining vowels … S. E. Ulster verse supplies many examples of the loss of *-h-*. Thus *Loch Neách* for *Loch Neathach* … Séamas Mac Cuarta (1691) has rimes like *cathair* (pron. *cáir*): *grádh*, and *fáthaigh* (pron. *fái*): *lá*; while Peadar Ó Doirnín pronounces *Cathal* as *Cál* (Ó Rathile, 1932, 208-9).

Níl mórán againn de Ghaoluinn dhúchasach Contae an Dúin. Ach do bhí an díghlórú so le haireachtaint i nGlinnte Aontroma pé scéal é. Bhreac Séamas Ó Duilearga na samplaí so ina bhfaightear an focal 'leithéid' ionta agus é ar thuras ann insna tríochaidíbh beaga: 'Duairt sé nach ndeana sé a léit; nach ndéanat [.i. déanadh] sé a léit' (Watson, 1984, 101). Agus is é adeir Holmer ná 'intervocalic h disappears … in Antrim' (Holmer, 1940, 71).[72] Do bhí a leithéid de dhíghlórú seanabhunaithe go luath i gContae an Lú pé scéal é: cf. an litriú 'laive' do 'laethaibh' ag an athair John

[72] Thá a leithéid de choimriú le haireachtaint i nGaoluinn Ard Mhacha agus Chontae an Lú leis: 'tréitheach', 'ceithirneach', 'sciathánaibh' insa dán / amhrán *Aige bruach Dhún Réimhe* i gcaint Mháire Uí Arbhasaigh as Ard Mhacha (s.n. https://doegen.ie/LA_1224d3). Agus i gcás an Lú, thá an díghlórú le clos in 'máthair', in *A Neilí bháin, is go mbeannaí Dia dhuid* le Cáit Ní Ghuibhirín (https://doegen.ie/LA_1223d2); is 'bóthar', in *Mícheál Ó Radhsa agus an gamhain* (https://doegen.ie/LA_1217d1) agus 'criathraithe', 'athair', 'máthair' is 'deartháir', in *Mo hathair agus an slat iascaireacht* le Brian Mac Cuarta araon (https://doegen.ie/LA_1219d1).

Heely a bhí ina shagart paróiste i gContae an Lú idir 1797-1822 (Ó Mainnín, 2007, 208). Mar sin gheobhaimíst a bheith cuíosach cinnte go raibh an díghlórú so i gcontae an Dúin leis. Más ea, oireann 'leathfhód' agus 'leithead' de réir fhuaimnithe dhe do 'Leode'.

I dtaobh fhoghrú an fhocail 'leithead' fhéinig i gcontae Aontroma, bhreac Holmer (1940, 19) é mar /l'ɛxəd/ agus adúirt:

> Strangely enough, *x* often appears instead of *h* in cases where this sound would regularly disappear, e.g. rothar *rəxər* ... go raibh maith agat *gə rə max agət* ... In all these words it is evidently a matter of imitating the distinct *h*-sound in Donegal pronunciation. This only corroborates the view that *x* is now merely felt to be a more careful (or emphastic) pronunciation of *h* (ibid., 24).

Thá an nós so níosa fhorleithne i gCúige Uladh dar le Hughes (1994, 624) go háirithe más rud é go bhfuil '-gh nó -th ag deireadh aonsiollaigh a bhfuil guta gairid ann agus é faoi bhéim'. Más ea, do bheithfí ag súil le *c* séimh caol i gcás 'leithead', .i. 'Leichid', .i. /x'/. Ach do bhí sé de nós aige muintir Aontroma *c* séimh caol a leathnú /x'/ = /x/:

> The original value of *x'* ... is as such still preserved by old people. Among the younger ones, however, a recent tendency to 'neutralize' the *x*' is strongly felt, whereby it becomes very like *x* (Holmer, 1940, 23).

Do bhí a leithéid de leathnú coitianta ar fud Chúige Uladh de réir Hughes (1994, 624) leis agus míníonn an leathnú so an chúis go bhfuil *c* séimh leathan i léiriú Holmer d'fhuaimniú an fhocail 'leitheid' thuas. Más rud é go raibh an ghné so ag muintir an Dúin chón maith, gheobhadh gur thuigeag an logainm 'Leithead' mar 'Lechead' agus dheineag an *c* séimh idirghutach a dhíghlórú mar a ráiníonn ó cheann ceann Uladh (Hughes, 1994, 624):

> That *ch* ('broad' or 'slender') almost regularly becomes an 'h' and then disappears ... Thus pronunciations such as dorcha *dər* 'dark' are very common, and even where *x* has been written in this discription it should be understood to be very faintly audible (Holmer, 1940, 34).

Mar sin, oireann ‘leithead’ agus ‘leathfhód’ mar Ghaelú na hainme Gallda ‘Leode’ ach glacaim go haireach gurb é ‘leithead’, siochas ‘leathfhód’, athá mar bhunús de toisc ná faightear ‘Leathfhód’ mar logainm in aon cheantar eile in Éirinn nú in Albain go bhfios dom agus glacaim go haireach leis, i dteannta an Mhurchadhaigh, gurbh é b.f. ‘Leode’ i bpar. Chluana Daimh i mbar. Uíbh Eachaigh Uachtaraigh / an Leath Íochtair i gcontae an Dúin suíomh Leithead (Mhídheann).

Leithead Lachtmhaighe

Brí

Féach *Leithead agus Lachtmhagh, .i. má thá ag cur thar fóir le bainne.

Leithead Lachtmhaighe (1) (*Breadth / expanse of plain of milk*) In *Dál gCais, CE; perh. encompassing the low-lying tract running through b. Moyarta to b. Ibrickan S.: compr. the terr. betw. tls Leadmore E. / W., p. Kilrush, in the S.; tl. Farrihy, p. Kilfearagh in the E.; tl. Cooraclare, p. Cilmacduane in the W. all in b. Moyarta; and as far N. as tls Doonbeg and Carrowmore North, p. Killard, b. Uí Bhreacáin. *Trí meicc déc Caiss … Cáirthenn a quo Dál Caiss Leithet Lachtmaige*, CGH 152a42-54 (= LGen. 37.3, 637.10, 1334.1; LM 295: v.l. *Leithe Lachtmhuighe*). Cf. CoC 13, 220; INP iii 464; LGen. iv, 461; LME viii, 275; OSNB CE, s.n. Kilrush, 25-6.

Suíomh

Moltar in *CoC* (Ó hÓgáin, 1938, 13, 220) go bhfuil an logainm so in Aontroim óir gheibhtear Leithead Lachtmhaighe eile ann (féach ar *Leithead Lachtmhaighe [2] agus Leithead [1]). Ach is léir ón dtagairt in *CGH* agus *LGen*. go bhfuil an Leithead Lachtmhaighe athá fé chaibideal againne i gcrích Dhál gCais, .i. críoch ar chomh-mhéid le Deoise Chill Dalua inniuimh (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Dál gCais; Byrne, 1973, 181). Deineann Nollaig Ó Muraíle (2003, [*LGen*. iv] s.n. Leithead Lachtmhaighe) iarracht suíomh Leithid Lachtmhaighe a chúngú níosa mhó nuair a mholann sé gurb amhlaidh é agus na blte f. Léid Mhóir Thoir agus Theas i bpar. Chill Rois i mbar. Mhaigh Fhearta i gContae an Chláir. Ní luann an Muraíleach aon chúis lena thuairim, ach thá ciall leis an moladh so ó thaobh na tírdhreacha dhe, agus gheobhfaí argóint réasúnta teoiriciúil a chruthú ar a ndéanfaí ‘Léid’ de




Fíor 115: Léarscáil OSi Discovery, Leadmore East agus West i bpar. Chill Rois: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

‘Leithead’ar bhonn athruithe fóneolaíochta agus truailliú focal. Gheobhadh gur bhág an -*t*- séimhithe i Leithead, gné do bheadh neamh-choitianta i gcás -*t*- séimhithe i nGaoluinn na Mumhan mar sin fhéinig, ach athá coitianta go maith i nGaoluinn oirdheisceart Uladh (Ó Rathile, 1932, 175; [cf. Holmer, 1940, 71] féach Leithead [2]). I ndiaidh an díghlóraithe so seans gur dheineag síneadh fada cúiteach don -*e*-, .i. Leithead > Léad. Do bhí Joyce (1913, [*INP* iii] 464) agus an Donnabhánach den dtuairim gurbh é ‘Leithead’ bunús an fhocail ‘Léid’ leis: ‘Léid mhuair recte Leid mhuar, great breadth’ (*OSNB* CE, s.n. Kilrush, 25-6).

Thá dhá fhéidearthacht ann don tséimhiú agus don chaolú ar ‘Léid’ agus ‘Mhóir’: .i. thá ‘Léid’ agus ‘Mhóir’ fé réim an ghinidigh fhirinscnigh ach gur bhág an t-ainmfhocal eile a tháinig roimhe ‘Léid’, m.sh. *síodh*, agus lean Léid Mhóir mar fhoirm ghinideach siocaithe ina dhiaidh san; nó b’ainmfhocal baininscneach í ‘Léid’ (< Leithead) i bhfo-chanúint an cheantair agus tháinig foirm an tabharthaigh bhaininscnigh salach ar an ainmneach. Is iomdha a gheibhtear foirm an tabharthaigh uatha siocaithe i gcás na logainmneacha mar is iomdha a luaitear réamhfhocal leo (cf. Cionn tSáile < Ceann Sáile). Mar thacaíocht don dtuairim go mb’fhéidir go raibh so-lúbthacht ann ó thaobh inscne an fhocail ‘leithead’, dob’fhiú a luagh gurbh ainmfhocal gas-t neodrach é ‘leithead’ le linn aimsir na Seana-Ghaoluinne de réir *eDIL* (s.n. leithet) agus Damian McManus (1984, 148 nó. 27). Cé gur ainmfhocal firinscneach é inniuimh agus is focal firinscneach é sna samplaí inarbh fhéidir a bheith cinnte fútha in *eDIL* agus in www.corpas.ria.ie, má thá an ceart ag McManus, gurbh ainmfhocal neodrach é, seans gur iompaigh sé ina ainmfhocal baininscneach agus firinscneach araon nuair a chuaigh an neodrach i léig ag deireadh na deichiú haoise mar a tharlaigh le roinnt mhaith focal neodracha eile [cf. sliabh, ainm, talamh] (Breatnach, 1994, 241 §5.4); nó gur athraigh inscne an fhocail ‘leithead’ ó fhirinscneach go baininscneach níba dheireannaí i bhfo-chanúintíbh áirithe.

Mar fhianaise air seo, b'fhéidir gurb é 'leithead' (baininscneach) athá mar bhunús na logainme Léide Mór i bpar. Chill Ala i mbar. Thír Amhlaidh leis (Mac Gabhann, 2014, 274-75); logainm athá corraitheach ó thaobh bhrí dhe. Is léir ón dtírdhreach go bhfuil Léide Mór lonnaithe ar mhachaire agus 'Great Leide, or meadow' athá i gceist de réir an Donnabhánaigh (*OSNB* MO v, 10).




Fíor 116: Léarscáil airde talún, Léide Mór i bpar. Chill Ala: https://en-ie.topographic-map.com/map-ffd3zs/Leadymore/

Ba dhiocair a bheith cinnte mar gheall ar an eilimint 'Léide' mar sin fhéinig. Thá logainm amháin eile ina bhfaightear an eilimint so, .i. Dunlady i bpar. Dhún Dhónaill i mbar. Chaisleán Riabhach Íochtarach i gcontae an Dúin. Níl an ainm Ghaoluinne dhe deimhnithe go fóill ag www.logainm.ie (s.n. Dunlady) ach tugtar 'Dún Léide' air ar www.placenamesni.org, agus moltar go síolraíonn an 'Léide' so ón ainm neamhchoitianta 'Lét': 'Léide is a rare Irish personal name, borne by the father of the legendary prehistoric king of Ulster, Fergus son of Léite [Modern Irish Léide]' (cf. O'Brien, 1962, [*CGH*] 157.5).

Do bheadh drogall orm cloí leis an dtuairim gur ainmfhocal baininscneach siocaithe sa tuiseal tabharthach uatha ab ea Léid Mhóir toisc ná faightear samplaí de 'leithead' mar ainmfhocal baininscneach. Mholfainnse go héiginnte mar sin gur ainmfhocal firinscneach siocaithe sa tuiseal ginideach uatha é Léid Mhóir (< Léithead Mór) agus ba dh'é Leithead Lachtmhaighe leagan níba shia agus níba ársa dhe.

Dá bhfillimíst ar thírdhreach Léid Mhóir aríst agus an réigiún i gcoitinne (*fíor* 117), chítear go leathnaíonn an talamh sár-réidh mín torthúil, athá níosa lú na 15 méadar os cionn leibhéal na farraige, i bhfad ó thuaidh ná na blte f. Léid Mhór Thoir agus Theas. Thá an talamh mín so ceapaithe ó thuaidh le blte f. an Dún Beag is an Cheathrú Mhór Thuaidh i bpar. Chill Ard i mbar. Uí Bhreacáin; agus thá sé ceapaithe ar an dtaobh iartharach le b.f. na Fairche i bpar. Chill Fhiarach agus ar an dtaobh oirthearach le b.f. Chuar an Chláir i bpar. Chill Mhic an Duáin i mbar. Maigh

Fhearta araon. Seans mar sin gur chuimsigh Leithead Lachtmhaighe an talamh mín go léir i mbar. Mhaigh Fhearta Fhearta a fhaid le bar. Ua mBreacháin nach mór.



Fíor 117: Léarscáil airde talún, na blte f. Léid Mhóir Thoir is Theas i bpar. Chill Rois agus suíomh Leithead Lachtmhaighe féinig: https://en-ie.topographic-map.com/map-dd7lkl/Leadmore-East/?zoom=11&center=52.68096%2C-9.50317

Leithead Lachtmhaighe 2 (Féach ar *Leithead 1)


Leithead Luisc

Leithead Luisc (*Breadth / expanse of Losc / scarcity?*) In *Déis Tuaiscirt; poss. in or nr tl. Lahid, p. Kilmore, b. Ormond Upr, TY, bordering *Éoghanacht Airthir Chliach. *Genelach Ciarraige Cuirche ... Tri meic hIrc: ... Losc. Is de atá Lethet Luisc i crích na Désі Tuaiscirt ... Óengus mac Nad-Fraích do-bert tír dóib* / *Genelach Éoganachta Caisil ... m. Cairpri Luisc Lethet dia tá Lethet Luisc*, CGH 327f25 / 320b46 (cf. 148b8; 154ac46; LGen. 608.1 / 1313.1: *Cairbre Luisgleathain*; LGen. 1314.1: *Cairbre Luisg*). **Inverted form:** *Cairpre Luisc Lethet lín nglór / co Carn Cairpri Luisc Lethet*, LG v, 474 / v, 476. See Ciarraighe Cuirche.

Brí

De réir na dtagairtí féin, d'ainmníog an logainm so as ainmneachaibh daoine a bhí losc (.i. bacach) nó caoch (*eDIL* sn. losc), .i. Losc, i gcás *CGH* (O'Brien, 1962, 327f25), nó Cairbre Losc in *CGH* (ibid., 320b46) is in *LG* (Macalister, 1938-56, [v] 476). Tugtar eolas sa bhreis dúinn mar gheall ar Chairbre Losc i g*Cóir Anmann* [*CAn.*^{2}] (Arbuthnot, 2005-7, [*ITS* 59-60] 7, 83) ina ndeirtear gur rí ar Mhumhain ab ea é nuair a tháinig Conghal Cláringneach, rí Éireann, ag lorg giall bhuaidh i ndiaidh do Chonghal a athairse, .i. Lughaidh Luaigne, a mharú. Bhris cath idir Chongal agus Chairbre mar sin agus ghoineag Cairbre insa chath. Do bhí sé ina bhacach ó shoin i leith agus thugag Cairbre Losc air mar sin. Adéarfainn ná fuil insna tagairtíbh so ach iarracht chun an tírdhreach a phearsanntú agus a cheangal le daoinibh stairiúla / miotasacha ón seana-shaol. Gheobhadh mar sin gurbh é úsáid substainteach an fhocail 'losc' athá i gceist i ndáiríribh: *(c) As subst. o, m. deficiency, scarcity* (*eDIL* sn. losc), .i. ag tagairt do neamhthorthúlacht na talún féin (?). Más fíor suíomh na logainme a chuirtear chun cinn thíos, .i. b.f. an Leithid i bpar. na Cille Móire i mbar. Urumhain Uachtarach i gcontae Thiobraid Árann, dh'oirfeadh an léamh so óir thá 'Leithead' suite ar thalamh sléibhtiúil neamhthorthúil (*fíor* 118). Is léir gur dheineadh praiseach d'ainm Chairbre Luisc Leitheid, b'fhéidir de bharr drochscaoileadh noid, fén am a bhí Dubhaltach mac Firbhisigh ag cur *LGen*. le

chéile, toisc ná maireann buafhocal Chairbre in aon chor: Cairbre Luisg (Leathain) a thugann na téacsanna in *LGen*. air. Is léir ná raibh cur amach ró-mhaith ag Dubhaltach ar Chairbre Luisc Leitheid chun ainm Chairbre a leasú ach an oiread. Ba dhiocair brí cheart na logainme a scaoileadh mar sin fhéinig.



Fíor 118: Léarscáil OSi Discovery, b.f. Lahid i bpar.na Cille Móire: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Suíomh

Gheibhtear an tagairt is suntasaí den logainm insna geinealaibh i Leabhar Laighin ach is ait amach is amach comhthéacs na tagartha féin. Luaitear an logainm i measc geinealach Chiarraighe Cuirche athá sáite idir gheinealaibh Chiarraí, Chorco Mruad, Chorco Oiche agus Chiarraí Maighe Glais:

> GENELACH CIARRAIGE ... CORCA M'DRUAD ... DE CHORCO [Ó]CHE ... GENELACH CIARRAIGE CUIRCHE ... Tri meic hIrc: Cóel, Lugach, Losc. Is de atá Lethet Luisc i crích na Désі Tuiscirt, de Athniu do-llotar. Óengus mac Nad-Fraích do-bert tír dóib... GENELACH CIARRAIGE MAIGE GLAIS ... NA DÉSSI (O'Brien, 1962, [*CGH*] 327c38-327g1).

Is léir ó ord na n-ainmneacha treabhchais go bhfuil údar an choda so ag druidiúint soir fad (Tuaisceart) na Mumhan (deiseal): CIARRAIGE, .i. Ciarraí Luachra i dTuaisceart Chiarraí féin is dócha; CORCA M'DRUAD, .i. bar. Chorca Mrua i dTuaisceart an Chláir; CORCA ÓCHE, .i. dream do chuir fútha in iarthar bhar. Ghleanna an Choim i gContae Luimní (Ó Riain et al., 2003, [*HDGP*] s.nn. Ciarraige, Corca Mrua, Corco Oiche); DÉSSI, .i. Tuaisceart Thiobraid Árann is Port Láirge (ibid., [*HDGP*] s.n. Déise [Mumhan]); agus i gcás CIARRAIGE MAIGE GLAIS, do

mholfainnse b.f. / ‘ionad daonra’ Mhaigh Ghlas i bpar. na Cuaillí / Chill Náile i mbar. an Treana Mheanaigh / Shliabh Ardach i gcontae Thiobraid Árann bunaithe ar chomhthéacs na tagartha siochas Maigh Glas i bpar. Chill Mhóir i mbar. Bhaile an Tobair Thuaidh i gcontae Ros Comáin mar a thugtar in *HDGP* (Ó Riain et al., 2003, s.n. Ciarraighe Maighe Glais).[73] Más fíor an pátrún deisealach so, caithfidh go bhfuil Leithead Luisc lonnaithe áit éigint insa Déis Tuaiscirt idir bhar. Ghleanna an Choim agus Maigh Ghlas Thiobraid Árann. Ba ainm ní ba luaithe í an Déis Tuaiscirt do Dhál gCais .i. dreamanna éagsúla gaolmhara a bhí i gceannas ar réimse talún ar chomh-mhéid le Deoise Chill Dalua inniuimh (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.nn. Déis Tuaiscirt; Dál gCais; Byrne, 1973, 181). Gheibhtear roinnt mhaith logainmneacha ina bhfuil ‘Leithead’ mar eilimint ionta insa réigiún so, cuir i gcás bh.f. Chnoc an Leithid i bpar. Chluana Dá Ghad i mbar. na nOileán i gcontae an Chláir; Léid Mhóir Thoir is Thiar i bpar. Chill Rois i mbar. Mhaigh Fhearta (*Leithead Lachtmhaighe [1]) i gcontae an Chláir; is an Leithead i bpar. na Cille Móire i mbar. Urumhain Uachtarach i gcontae Thiobraid Árann. Gheobhadh aon cheann aca nó Leithead nach iad a bheith i gceist agus mar sin ba dhiocair suíomh Leithid Luisc a chúngú níosa mhó.

Féachaimíst go géar ar na tagairtíbh ón *CGH* aríst féachaint an bhfuil aon treoir sa bhreis fé cheilt ionta. Ón méid athá ar eolas againn fés na Ciarraighe Cuirche féin is asta-san a fuair bar. Chiarraí Cuirche i gcontae Chorcaí a ainmse (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Ciarraighe Cuirche; Ó Muraíle, 2000, 165-6; Ó Donnabháin, 1848-51, [*AFM* ii] 568), ach de réir na tagartha so, más fíor é, is cosúil gur chuir dream dóibh fútha i gcrích na Déise Tuaiscirt leis. Ní haon ionadh dá mbíodh dream de chuid Chiarraí Cuirche lonnaithe insa taobh so tíre óir gheibhtear Ciarraí ar fuaid Chúige Mumhan is Cúige Connacht (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Ciarraige; Ó Muraíle, 2000, 165-74), pátrún scaiptheach athá ag teacht go ginearálta le dáileadh corraitheach agus míshocair na dtuath in Éirinn, go háirithe dáileadh na n-aitheachthuath (Mac Néill, 1911 / 1912, 62-3).

[73] B’fhéidir gurb é Maigh Ghlas i Ros Comáin an rogha is oiriúnaí óir gheibhtear dream de chuid Ciarraí ar a dtugtar Ciarraí (Maighe) Aoi i Ros Comáin (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Ciarraighe Aoi; Ó Muraíle, 2000, 166-7) agus mar adeir Mac Néill (1932, 15): ‘After a contest with druids in Mag Aí, Patrick went to Mag Glass ... in Mag Glass, Patrick founded a Church Cell Mór Maige Glaiss ... From this church is named the parish of Kilmore ... The name Mag Glass, “Moygloss”, is preserved by a townland and hamlet in the southern end of this parish ... Mag Glass must thus be regarded as part of Mag Aí’. Seans mar sin gur chomhainm Ciarraíghe Maighe Glais do Chiarraighe (Maighe) Aoi nú is fo-chraobh iad Ciarraighe Maighe Glais do Chiarraighe (Maighe) Aoi.


Chun an pátrún scaiptheach so a mhíniú is minic a luaitear *tír* (*/ ferann*) *claidib* (*/ gaiscid*), .i. coincheap ina bhfaigheann aitheachthuath talamh mar chúiteamh ó shaorthuaith toisc gur thug an aitheachthuath cabhair mhíleata don tsaorthuaith agus iad dh'iarraidh ceantar a chur fé réim na saorthuaithe. Do bheadh feidhm eile ag an talúin chúiteach so leis, .i. chun crios maolánach cosanta a chruthú idir an saorthuaith agus iarsheilbheoirí na talún sin (Mac Néill, 1911 / 1912, 93-4). Ag casadh ar an dtagairt thuas aríst is suantasach an rud é go ndeirtear gurbh é Óengas mac Nad-Fraích,[74] .i. rí Éoghanachta, a thug talamh sa Déis Tuaiscirt (Dál gCais) do Losc Chiarraí Cuirche. B'eisean an rí a bhronn Uíbh Eoghain agus Uíbh Fathaidh Thoir i dTiobraid Árann ar na Déisibh mar *tír claidib* agus ar mhaithe leis an gcleamhnas idir é féin agus Eithne Uathach tar éis dóibh na hOsraí a dhíbirt ón gceantar le cabhair Chorca Laoighde in *Tairired na nDéssi* (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139-40; Ó Cathasaigh, 2005, 13, 16-7; féach Caibideal a Ceathair). B'fhéidir mar sin gur chuaigh traidisiún *Tairired na nDéssi* i bhfeidhm ar sheanchaí an téacs so agus bhain sé úsáid as an dtraidisiún so chun an chúis go raibh Ciarraí ina gcónaí sa Déis Tuaiscirt a mhíniú (Byrne, 1973, 181). Ach gheobhadh go bhfuil dríodar den bhfírinne in *Tairired na nDéssi* mar sin fhéinig agus gur scéal fáthchiallach é a léiríonn mar a fuair Éoghanacht smacht ar Chaiseal (Mac Néill, 1911 / 1912, 63, 93-4; Ó Buachalla, 1951, 90; Ó Buachalla, 1954, 116; Ó Cathasaigh, 2005, 13, 19). B'fhéidir gur ghlac Ciarraí Cuirche páirt insa ghabháltas agus gurbh í an rannpháirtíocht so athá mar bhunús na líne 'de Athniu do-llotar' thuas. Is léir gur shíl O'Brien gurbh ainmfhocal dílis a bhí in 'Athniu', .i. áitainm is dócha, toisc gur thras-scríg sé é le ceannlitir, .i. 'is de Aithniu a thánadar'. Ach dob'fheárra liom *aithniu* a thuiscint mar 'aithne', .i. ainm bhriathartha *ad-noí*: *Act of depositing, handing over, entrusting ... act of commanding, enforcing; command, behest* (*eDIL* s.v. aithne), cf. *Of enforcing payment of debt*: 'rīg do aithne na fhīach' (ibid.). Is féidir an líne '[Is] de athniu do-llotar: Óengus mac Nad-Fraích do-bert tír dóib' a thuiscint mar 'Is de chúiteamh a thánadar: Aonghus mac Nad-Fraích do thug tír dóibh' mar sin.

Ach is suntasach i slí eile í an tagairt do Chormac mac Nad-Fraích, .i. dos na hÉoghanachtaibh, mar luaitear Leithead Luisc i measc geinealach a bhaineann le hÉoghanachtaibh Caisil leis: .i. 'GENELACH ÉOGANACHTA CAISIL ... m.

[74] Mar adeir Edel Bhreatnach (2014, 163) i dtaobh Nad-Fraích ba 'progenitor of many of the Éoganachta dynasties' é*: 'Nad-Fróech ... a quo Éoganachta Caissil 7 Éogacht Áine 7 Éoganacht Glendamnach et Éoganacht Daurluis Airthir Chliach'* (O'Brien, 1962, [*CGH*] 148a26-8).

Cairpri Luisc Lethet dia tá Lethet Luisc' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 320b46; cf. 148b2-3).[75] Tugtar le fios mar sin go raibh Leithead Luisc i gcrích Éoghanachta Caisil in ionad an Déis Tuaiscirt insa tagairt so.

Ach mar sin fhéinig, ní hamháin gur shinsear Cormaic mhic Nad-Fraích d'Éoghanachtaibh Caisil, ach ba shinsear Éoghanachta Gleanndamhnach agus Éoghanachta Airthir Chliach é chón maith (O'Brien, [*CGH*] 320c44-63, 150a4-5; féach fo-nóta 74)—agus mar sin, go teoiriciúil pé scéal é—ba shinsear é Cairbre Luisc Leithid dóibh-san leis. Thá críocha Éoghanachta Gleannamhnach agus Éoghanachta Caisil i bhfad ó chríoch na Déise Tuaiscirt gan amhras ach do bhí Éoghanacht Airthir Chliach díreach in aice leis an nDéis Tuaiscirt, áit ina bhfaightear b.f. an Leitheid i bpar. an Chill Mhóir i mbar. Urumhain Uachtarach i gcontae Thiobraid Árann ar an dteorainn eaturtha. Ba dhiocair a bheith cinnte an ionann an Leithead so agus Leithead Luisc ach sásaíonn an suíomh so na tagairtí contrártha go raibh Leithead Luisc i gcrích Éoghanachta agus i gcrích na Déise Tuaiscirt araon óir thá an Leithead athá roghnaithe laistigh de chríochaibh nDál gCais (cf. *fíor* 117 le *fíor* 118).



Fíor 119: Léarscáil na dtreabhchas c. 900, mar a mbíodh in Déis Tuaiscirt de réir IKHK 172-3.



Fíor 120: B.f. an Leitheid i bpar. na Cille Móire: https://www.logainm.ie/ga/46499

[75] Is léir go bhfuil traidisiún *LG* i ndiaidh dul i bhfeidhm ar na Geinealaibh so óir síolraítear Éoghanacht Chaisil ó Mhíleadh Espáine (O'Brien, 1962, [*CGH*] 148b28, 320c40). Ní hamháin é sin ach luaitear Cairbre Luisc Leithid in *LG* (Macalister, 1938-56, [v] 476) féin leis: 'co Carn Cairpri Luisc Lethet' (cf. *CAn.*[2] Arbuthnot, 2005-7, [*ITS* 59-60] 7, 83), féach ar a bhfuil fé bhrí Leitheid Luisc thuas).

Leithghleann

Brí

Comhfhocal is ea Leithghleann mar athá ‘leith’, a chiallíonn ‘side, half’ (*eDIL*, sn. leth), agus ‘gleann’, .i, ‘valley’ (eDIL, sn. glenn). Nuair athá ‘leith’ táite le foclaibh eile, bíonn an tuiscint ‘(f) ... names of things existing or thought of in pairs’ (*eDIL*, sn. leth) i gceist: e.g. leathshúil ‘one of two eyes’. Ciallaíonn leithghleann ‘taobh amháin den ghleann’ mar sin. Is iomdha dh’aistrítear Leithghleann mar *half valley* nó *grey valley* (www.logainm.ie: s.nn. Legland, Leithghleann, Leighlin; e.g. Contae an Chabháin, contae Thír Eoghain). Rud a chuireann leis an argóint so ná go bhfuil na Leithghleanna dh’aimsíos thíos lonnaithe láimh le nú ar shleasaibh cnoic.

Leithghleann (1) (*Side of valley?*) In DL; perh. tl. Lagland, p. Convoy, b. Raphoe

> S. Pln. denoting southernmost extent of Tiophraidh mac Tnuthaigh’s share of Tír Éanna. *Rudless Tipraide fein tair, o tha Dail co Finn formir, o Lec Tamlacha …, co Cruachan is co Lethglenn*, BFen. 342. Cf. BFen. 314, 342-3; MedI 222, 258-9. See Tír Éanna.


Suíomh

Is diocar suíomh ceart an Leithghleann so dh’aimsiú; ach mar sin fhéinig, is léir ós na logainmneachaibh eile a luaitear insa tagairt in *BFen*. gur i gContae Dhún na nGall athá sé (Hennessy, et al., 1875, [*BFen.*] 342):

> Brister tri catha … / ra Tipraiti mac Tnuthaigh / Sil Eogain ma meala … / Is Tír Énna ina duthaig … Rudless Tipraide fein tair / O thá Dail co Finn / O Lec Tamlacha … / Co Cruachan is go Lethglenn..
>
> Three battles were won … / by Tiophraidhe mac Tnuthaigh / Race of Eoghain were rightly shamed / And Tír Éanna became his (Tiophraidhe’s) territory … Tiophraidhe’s own property in the East / From the River Deele (?) to the River Finn / from Leck … / To Croaghan to Leithghleann.


De réir na tagartha so, thá Tiophraidhe dh'éis an bua dh'fháilt ar Shíol Eoghain agus do ghoibh sé an *trícha cét* Tír Éanna mar chreach dh'éis an chatha. Thá Tír Éanna ar aon dul go garbh le bar. Rátha Bhoth Thuaidh is bar. Rátha Bhoth Theas araon inniuimh dar le MacCotter (2008, 222, 258-9). Ina theannta san, léiríonn an tagairt réim chríocha Thiophraidhe fhéin, a chuimsíonn an chuid oirthear-thuaisceartach de Thír Éanna, a lean: 'O … Dail co Finn / o Lec Tamlacha … / Co Cruachan is go Lethglenn'.

Glacaim leis gur aibhneacha An Daoil—a shníonn soir agus a bhuaileann le cumar an Fheabhail gar do Leifear—agus An Fhinn—a shníonn fad teorann Tíre Conaill / Tíre Eoghain—athá i gceist leis na haibhneachaibh so (Cf. Hennessy et al., 1875, [*BFen.*] 242, nóta. 5 is 6).



Fíor 121: Léarscáil OSi Discovery, Abha na Daoile is Abha na Finne i mbar. Rátha Both Thuaidh: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Do lean réim thíre Thiophraidhe leis ó 'Lec Tamlacha', adeir Hogan (1910, [*OnomG.*] s.n. Lecc Tamlacha) ar a dtugtar an Leac inniuimh, paróiste ar an dtaobh theas de Leitir Ceanainn:



Fíor 122: par. na Leice i mbar. Rátha Both Thuaidh: https://www.logainm.ie/ga/822

Do lean críocha Thiophraidhe chón maith: ‘Co Cruachan is go Lethglenn’. Thá trí Cruachán i dTír Chonaill: dhá cheann ó thuaidh de Leitir Ceanainn, i mb. Cill Mhic Réanáin—.i.

Cruachán, i bpar, Cluain Dabhaodóg, agus Cruachán, i bpar. Eachinis—agus ceann eile ó dheas de i bpar. Rátha Bhoth Thuaidh.




Fíor 123: Blte f. go dtugtar Cruachán ortha i dTír Chonaill: https://www.logainm.ie/ga/s?txt=Croaghan&str=on&con=100013

I gcás Chruacháin i bpar. Eachinis, gheibhtear ‘Legland’ gar don gcnoc san.




Fíor 124: Léarscáil OSi Discovery, b.f. Legland is Croaghan Hill i bpar. Chill Gharbháin: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Ach., sílim gurb é Cruachán Rátha Both Thuaidh athá i gceist óir tugtar logainmneacha oirthear-dheisceart do Leitir Ceanainn insa rann in *BFen*. (Hennessy et al., 1875), .i. Tír Éanna, An Fhinn agus An Daoil.




Fíor 125: Léarscáil OSi Discovery, Cruachán, Abha na Daoile is Abha na Finne i mbar. Rátha Both Thuaidh: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Bhí Hennessy (et al., 1875, [*BFen*.] 343) agus Hogan (1910, [*OnomG*.] s.n. Leithghleann) den tuairim, bunaithe ar an dtagairt chéanna in *BFen*., go raibh an Leithghleann so lonnaithe láimh le Cruachán Rátha Both Thuaidh. Más fíor sin, níl teacht ar an logainm Leithghleann so a thuilleadh ar aon cheann dos na léarscáileannaibh *OSi*, *Discovery*, *Cassini 6-orlach*, nó sna *Historic 6-orlach* gar den Chruachán so. Ach thá 'Legland' ar an dtaobh thiar de Thír Éanna, i mb. Ráth Bhoth Theas, agus ar an dtaobh thuaidh den Daoil.



Fíor 126: Léarscáil OSi Discovery, b.f. Legland i bpar. Chonmhaí, ar an dtaobh ó thuaidh d'Abha na Daoile: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Más fíor gurb é seo an Leithghleann athá i gceist in *BFen*. (Hennessy et al., 1875), is léir gur bhain críocha Thiophraidh leis an dtaobh ó thuaidh den Daoil, chomh fada ó thuaidh leis an Leac, ar an dtaobh theas de Leitir Ceanainn, agus do ghoibh sé soir go dtí an Fhinn.



Fíor 127: Léarscáil airde talún, críocha Thiophraidh mic Tnúthaigh: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Má léiríonn an rann i *BFen*. (Hennessy et al., 1875) seilbh talún ar an dtaobh thuaidh den Daoil, cuireann an dá rann tar éis thagairt Leithghleanna i *BFen*. (Hennessy et al., 1875, 242) leis an dtuairim so chón maith, óir léiríd cé a bhí i gceannas ar an dtaobh ó theas den Daoil iontasan:

> Rudless Asla … / O Sruthail is o Bernus … Go Dail ro ar[-]d[-]gaib Assal. Gabsat don taeb oili im Dail / Ronan, Uargalach.
> The Patrimony of Asal … / From Sruthail and from Barnesmore … To Deele which Asal seized (it). Ronan and Uargalach seized the other side of Deele.

Thug Hennessy (1875, [*BFen*.] 314, 342) fé ndeara gur ‘Sruell’, i mbar. Báinig, i nDún na nGall, í an tSruthail so, agus gur ‘Barnesmore’, i mb. Tír Aodha, í Bernus; agus cuimsíd, mar adeir MacCotter (2008, 222), an chríoch is sia ó dheas de Thír Éanna: ‘Lying from the head of Loughswilly in the north to the Barnesmore Gap and Sruell in the south’.

Níl an leagan Gaelach den ‘Legland’, i mbar. Ráth Bhoth Theas, deimhnithe ag www.logainm.ie go fóill. Ach is é an tagairt is sine a bhaineann leis an logainm so, de réir www.logainm.ie, ná *Inquisitionum in Officio Rotulorum Cancellariae Hiberniae asservatarum Reperorium* (c. 1630) ina bhfaightear an fhoirm ‘Leighland’; agus is é ‘Leithghleann’ an leagan Gaelach is daithe den logainm de réir nótaí an Donnabhánaigh (c. 1835). Is fiú an logainm Ghaelach so a chur i gcomparáid le ‘Legland’, i mb. An Srath Bán Íochtarach, i dTír Eoghain, athá deimhnithe mar ‘Leithghleann’ ag www.logainm.ie.

Sílim mar sin gurb ionann ‘Legland’ i mbar. Rátha Bhoth Theas agus Leithghleann so athá luaite in *BFen*.


Leithghleann (2) Eccl. site in tl. / p. Oldleighlin (which later gave its name to dioc. Leighlin), b. Idrone W., CW. **Saints of:** *Barrfhind* (v.l. *mac Aedha i n-Achadh Chaillten in Úibh Dróna fri Berba aníar in Úibh Rethe fri Lethglinn andes*), MartG 214 (= MartD 298; cf. LGen 718.7). *Commán* (v.l. *o Ros Commáin for Magh Aói ⁊ o Leithglinn*), MartG 246 (= MartD 348 v.l. *atá Leithghlionn a Laighnibh*). *Do-Laissi* (v.l. *Molaissi*, ATig. 638) *moccu Imde, abbas Leithglinne, pausauit,* AU[2] 639.5. (= AI 641; CS 638; AFM 638 [i, 256]; AClon. 638; LG v, 376; cf. MartT 34; MartG 78; MartD 106). *Laserianus enim Lethglinne* / *Lasreanus autum abbas de Lecglinne,* VSHH 207 §29 / 254 §25. *Molasse Lethglinni m. Cairill Chruaid / Molaisi Leithglindi / mathair Molassi m. Cairill. Is é congab Lethglend,* CGSH §§143 (= LGen.722.7; cf. MartO 116, 206; MartD 106; SG i, 39) / 437 / 722.35. *Mogobbóc maccua Láimi is é congab Lethglend post,* CGSH §670.86. **Abbots / officials of:** *Airchinnech Lethglinne do marbad a ndorus na cille,* AU[2] 1045.3 (= ALC i, 46). *Colman m. Congaile comarba Molaisse … moriuntur,* AU[2] 957.2. *Connla H. Flainn comarba Molaise Lethglinne quieuit,* AU[2] 1113.1 (= AFM ii, 994). *Dungal, princeps Lethglinne, moritur,* AU[2] 879.12 (= AFM 876 [i, 522]). *Éirennach m. Eichin abbas Leithglinne … perierunt,* AU[2] 773 (= AClon. 767; AFM 769 [i, 373]; cf. MartT 18 [= MartD 56]; MartG 42; MartG 216 [= MartD 306]). *Bass Fir da crich, abadh Imleach ⁊ Leithglindi,* ATig. 741 (= AFM 737 [i, 339]). *Foghartach abb leithglinne … décc,* AFM 1004 (ii 752). *Muiredach m. Aimirgin abbas Lethglinne … moriuntur,* AU[2] 805.1. (= CS; AFM 800 [i, 411]). *Sloigeadhoch ua Raithnen, comharba Molaissi Leithghlinne,* FAI §365 (868?). *Uarghas, abb Leithghlinne … décc* / *hUarghas Ua Raithnéin, abb Leithghlinne … décc,* AFM 849 (i, 480) / 850 (i, 482). **Bishops of:** *Banban, .i. epscop Lethglindi,* MartO 248 (= MartG 226; MartD 318). *Cleirchén .h. Muineóc, tuir crabadh na hErenn, quieuit in Cristo,* ALC 1050 [i, 49] (= AFM ii, 856: *uasal epscop Leithghlinne*). *Condla, mac Dúnacáin, epscop ⁊ abb Leithghlinne, décc,* AFM 941 (ii 646). *Daniel epscop Leithghlinne … décc,* AFM 965 (ii 688). *Dunlaing .h. Caollaighi, espuc Leithglinne,* quieiut, ALC 1181 [i, 162] (= AFM iii, 56). *De asbocuibh Laighen faoi ardeasboc Atha Cliath ata … easboc Lethghlinne,* Éigse 17, 454. *Espuc Lethglinne do*

mharbadh a mebail lé mac an apad, mac Mic Murchadha, AU[1] 1525 [iii, 556-8] (= ALC ii, 250-2; ACon.1525.3; AFM v, 1377). *Mainchine, epscop Lethglinne, quieuit,* FAI §333 [865] (= AClon. 863; AFM 863 [i, 500]). *An tepscop O Maolaccain, .i. epscop Leithglinne do ecc,* AFM 1431 (iv 882). *Sluaighedach Ua Catháin, epscop ⁊ óg do mhuintir Lethghlinne, décc,* AFM 1145 (ii, 1076). **Scholars of:** *Cuillennán Claen, ferleighind Leithghlinne… dég,* AFM 1054 (ii, 864). *Duibhlitir Ua Bruadair, fer leigind Leithghlinne* [*do écc*], AFM 990 (ii, 726). *Maolmartain Ua Scealláin fear legind Leithghlinne, do écc,* AFM 938 [ii, 638] (= AClon. 933). *Mortlaith mór for feraib Herend … ro marb … Hua Rinnanag fer léginn Lethglinne,* AI 1095.13 (= AFM ii, 948-50). **Burnings / destructions of:** *Muinntir Roduilbh … creach Leithghlinne, ⁊ dna a braid ra bhoí aca ar marbadh dreime móir do muinntir Leithglinne dhóibh,* FAI §281 (861). *Orgain Leithglinne, la Gallaib, airm in ro marbhadh Maol Pátraicc, sacart ⁊ ancori, ⁊ Mongán, ancori ⁊ sochaidhe oile i maille friu,* AFM 916 (ii, 592). *Lethglind do indrudh do Osraigib,* ATig. 977. *Giolla Pátraicc do orgain Leithghlinne, co ttaratt mainchíne a dhá mac do Molaisi,* AFM 982 (ii, 714). **Annal refs:** *Quies Mancheine Lethglinne,* AU[2] 726.5 (= ATig. 725; AFM 725 [i, 323]: *.S. Mainchin*). *Maeltuile Leithghlinne …* [*décc*], AFM 839 (i, 460). *Flaitheamh mc. Faoilchair do bhadhadh do mhuinntir Lethghlinne,* FAI §397 [871] (= AFM 869 [i, 514]). *Donn Cuan m. Dunlaing. rí Laighen, Tadhg H. Rian, rí H. nDrona, do marbad la Donnchad m. Gilla Patraicc for lar Lethghlinne,* AU[2] 1016.6 (= CS 1014 [i, 17]; cf. LL 5475; LGen. 427.18). *Boethán mac Dúnlaing do marbad do ríg Osraige hi Lethglinn* / *Domnall Conailleach quieuit in Christo hi Lethglind* / *Mael Eoin, ardepscup Lagen ac ardecnaid, quieuit in Christo i Lethghlind,* AI 1016.5 / 1076.5 / 1125.5. *Slóicched la Ruaidhrí Ua cConchobair co ráinicc Léithghlinn, ⁊ ro ghabh braigde Osraighe ⁊ Laoighisi* / *Mainistir Laoighisi … i neaspuccóideacht Leithglinne do thóccbhail la hUa Morda i nonoir .S. Froinseis* / *Murchadh mac Muiris Caomhánach do bhásuccadh hi Leithghlionn la Gallaibh* / *O Mórdha Conall do ghabháil lá gallaibh, ⁊ a bhásucchadh leó hi Leithglinn* AFM 1158 (ii 1030) / 1447 (iii, 954) / 1557 (v, 1544) / 1557 (v, 1544). **Oratory of:** *Trí daurthige Hérenn: … daurthech Leithglinde,* Triads §108. *Leithgleann do loscadh do leir cenmota in dertach,* AU[2] 1060.3 (= ATig.; ALC i, 56; AFM

ii, 878; TT 633). **Dioc. of:** *Fairche Leithghlinne, ó Shliabh Bladhma go Sliabh Uidhe Laighean, is ó Shliabh Mairge go Bealach Carcrach, is ó Bhealach Mughna go Teach Moling go n-a thearmonn*, FFÉ iii, 304. **Other refs:** *deog liubair, amail at lebar fata lethglindi, a urglenn ar uisci*, CIH i, 238.18 (= ALI v, 472.23–4). *Fothaid … It é meic Óengusa: … Húi Dobágu* (v.l. *Uí Dobhagra*) *hic Lethglind*, CGH 122ab22-3 (= LGen. 465.6, 1215.5). *Flaithbheartach Ó Néill le Maolsheachlainn mac Domhnaill i Laighnibh, go ro airg siad an tír go Leithlinn … ro marbhadh rí na mBuidhe*, Ériu 1, 102. **Ext. form:** *Feidelma Foltchaíme; is de atá Lechlenn* (v.l. *Lethglend*, *Lecht Glind*) *Ircc*, CGH 156a3 (= LGen. 680.4). **Lat. forms:** *Incipit vitae Mollassi Lethglini … Sanctus Lasarianus apostolice sedis legatus et Lethglinnnensis ecclesie gloriosus antistes / Ad locum cui nomen Lethglenn, ubi nunc est civitas Lethglennensis / Completa sunt de illo loco Lethglennensi que fidelis Patricius veridico vatiinio predixit*, VSHH 340 §1 / 342 §8 / 342 §9. Cf. ABH i-xxiv / (+Index); DIS 428, 486-7.

Suíomh

Is léir gurb é Sean-Leithghlinn an Leithghleann athá i gceist anso, óir, ar an gcéad dul síos, baineann an chuid is mó leis na foinsíbh le cúrsaíbh creidimh; agus suíomh eaglasta cáiliúil is ea Sean-Leithghlinn. Ina theannta san, is leis an dtaobh so tíre iad na dronga a luaitear ionta, .i. Laoighis Uí Mhórdha (.i. Laoighis), Fothaidh (.i. bar. Fhothart, Co. Cheatharlach), Buidhe (Ó Murchadha, 1999, 50-52).



Fíor 128: Léarscáil OSi Discovery: B.f. is par. na Seanleithghlinne i mbar. Uí Dhrona Thiar: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

Leithghleann an Droichid

Leithghleann an Droichid (*Leithghleann of the bridge*). Tl. / tn. Leighlinbridge, pp. Wells / Agha, bb. Idrone E./W., CW. *Baiter Riabach mac Muiris … ocus clann Briain mac Cathaoir mic Airt … do dol ar creich ar bord Lethlinne in Droichid*, ALC 1587 (ii, 479). Poetic form?: *tangadar tar Sliabh Mairge iníar go Droichead Leithghlinne*, FAI 908 §423 (= FFÉ iii, 204) Alt. name: *Dun nua og Leithlinn la muintir ri Saxan*, MIA 1180.5. Cf. Ainm 4, 189; EH 191, 195; PGI, 602. See Óg-Leithghleann.

Brí

Leithghleann (*supra*); Droichead: 'bridge' (*eDIL*, sn. drochet), .i. 'Leithghleann of the bridge'. *Calque* is ea Leithghleann an Droichid / Leighlinbridge, ach ní fios an síolraíonn an logainm ón leagan Gaelach nú ón leagan Gallda? Is léir gur thugag Óg-Leithghleann ar an gceantar sarar thógag Leithghleann an Droichid.

Suíomh

Is léir gurb é Leithghleann an Droichid i gCo. Cheatharlach athá i gceist óir luaitear Sliabh Mairge, athá suite ar theorainn Cheatharlach / Laoighse, i gceann dos na foinsíbh: 'Tangadar tar Sliabh Mairge iníar go Droichead Leithghlinne' (Radner, 1978, [*FAI*] 908 §423). Thá Leithghleann an Droichid suite ar dhá bhruach na Bearú: thá an taobh thoir den bhaile lonnaithe i mb.f. Leithghlinn an Droichid i mbar. Uí Dhróna Thoir; agus an taobh thiar de b.f. Bhaile an Chnocáin, i mbar. Uí Dhróna Thiar.

I gcás na tagartha *MIA* (Ó hInnse, 1947, 1180.5), 'Dun nua og Leithlinn la muintir ri Saxan', is é Leithghleann an Droichid athá i gceist aríst. Mar adeir an Murchadhach (1989-90, 189), tagraíonn Leithghlinn do 'Old Leighlin' de ghnáth ach seans gurb ionann an 'Dun nua' so agus an caisleán gur thógag i Leithghleann an Droichid: 'Leithghleann ... usually means 'Old' Leighlin, but the 'new' castle was prob. at Leighlinbridge'.

Ach do Gheobhadh dhá dhún i Leithghleann an Droichid a bheith i gceist (Scott, 1978, [*EH*] 191, n. 349; agus 195, n. 364): The Black Castle, nú Ballyknockan / Burgage Mote:



Fíor 129: Léarscáil OSi, leithghlinn an Droichid, Motte is Castle, https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html

> Hugo de Laci … inter que super nobilem Berue fluvium a latere Ossirie trans Odronam in loco natura munito Lechlinie castrum erexit (Scott, 1978, [*EH*] 191).
>
> Hugh de Lacy … Among these he built the castle of Leighlin on that noble river, the Barrow, on the Osraige bank. It was situated beyond Uí Dróna in a naturally well-protected position (Scott, 1978, [*EH*] 192).
>
> Iohannes ... constabularius Cestrensis et Ricardusd de Pec, suscicipiendum ab Anglorum rege transmissi. Sed antequam Hugo discederet, communi consilio castra per Lageniam plurima construxerunt … quartum Iohanni de Clahullla super aquam Berue non procul a Lechlinia (Scott, 1978, [*EH*] 195).
>
> John … constable of Chester and Richard de Pec, had been sent by the English king. But before Hugh should leave, they joined with him in building a very large number of castles throughout Leinster … the fourth for John de Clahull on the river Barrow not far from Leighlin (Scott, 1978, [*EH*] 196).

Ag filleadh ar an dtagairt in *MIA* (Radner, 1978) aríst, .i. ‘Dun nua og Leithlinn’, sílim gur Óg-Leithlinn athá ann, .i. (‘Young / New Leithghleann’), .i. chun idir-dhealú a déanamh idir é féin agus Sean-Leithghlinn (Old-Leighlin):

> The Bridge which spans the Barrow at the town … occasioned a change of the name of the place from New Leighlin to Leighlin-Bridge … and was built about the year 1320 (anaithnid, 1846, [*PGI*] 602).

Is féidir linn a bheith cinnte mar sin maidir le suíomh na hainme so agus gur comhfhocail é Óg-Leithghleann do Leithghleann an Droichid féinig.

Leitir Luighne


Leitir Luighne (*Hillside of *Luighne*) A hillside of the Ox Mountains in b. Leyney, SO; perh. tl. Letterbrone, p. Kilmacteigue. *Co Letir Lugne ⁊ co slesaib Slebi Gam ⁊ co glend Fathraim do sondrad*, ACon. 1315.12 (= ALC i, 576). Cf. Ainm 6, 19-20.

Brí

Leitir: .i. 'slope of a hill' (eDIL, sn. Leittir). Luighne: .i. an ceinéal Luighne Connacht, forthuath cháiliúil, go mbíodh ag cur fútha thimpeall na bar. Luíne (< Luighne) ar an dtaobh theas de Shiabh Gamh i lár-thuaisceart Chonnacht (Byrne, 1973, 233), mar a bhfuil an teora idir Sligeach agus Maigh Eo inniuimh. Síolraíonn ainm na bar. ós na Luighnibh so.


Suíomh

Is léir ón logainm fhéinig go bhfuil Leitir Luighne suite i ndúthaigh Luighne, .i. bar. Luíne; agus léiríonn an tagairt in *ACon*. (Freeman, 1944, 1315.12)—'co Leitir Lugne ⁊ co slesaib Slebi Gam'—go bhfuil Leitir Luighne suite gar do Shliabh Gamh. Gheobhadh mar sin aon tslios sléibhe ar an dtaobh theas de Shliabh Gamh a bheith i gceist, .i. laistigh den chiorcal dearg thuas.



Fíor 130: Bar. Luíne, Sliabh Gamh is b.f. Leitreach Brón: https://www.logainm.ie/ga/231/

Is ar an mbonn sin a dhein Diarmuid Ó Murchadha (1994-5, 19-20) iarracht an suíomh a lonnú go beacht. Do mhol sé gurb ionann Leitir Luighne agus b.f. Leitir Brón inniuimh óir: ‘the only tl. beginning with ‘Letter–’ now in bar. Leyney is Letterbrone, par. Kilmacteigue, on E. slopes of Sl. Gamh’. Ní bhfuightheá a bheith deimhin de gurb ionann iad, gan amhras, mar logainm choitianta ghinearálta is ea ‘leitir’ chun learg nó taobh sléibhe nú cnoic a chur in úil.



Fíor 131: B.f. Leitreach Brón is Sliabh Gamh i mbar. Luíne: https://www.logainm.ie/ga/45535

Liathghort


Liathghort, an (*The grey pasture / arable field*) Tls Leaghort, Leaghort More and Leaghort Beg, in p. Feakle, b. Tulla Upr, CE. *Tiarnas Meic na Mara a tTuath Eachtaoi … 14 huinge a Liath-ghort*, TRIA 15, 45 §15 (= CoC 36). Cf. AH 71, 209; CoC 222.

Brí

Liath: .i. ‘grey’ (*eDIL*, sn. líath). Gort, .i. ‘(a) a field of arable or pasture land’ (eDIL, sn. gort 1.).

Suíomh

Luaitear go bhfuil an logainm so ‘a tTuath Eachtaoi’, .i. ceantar ar aon dul le par. na Fiacaile agus cuid de phar. Thuaim Gréine i mbar. na Tullaí Uachtaraí i gcontae an Chláir (McInerney, 2018, [*AH* 71] 208-9; Ó hÓgáin, 1938, [*CoC*] 257). Gheibhtear ‘Liathghort’ mar eilimint do thrí bh.f. i bpar. na Fiacaile agus do bheifeá cinnte mar sin gurb ionann a bheag ná a mhór na trí bh.f. so agus an ‘Liathghort’ athá fé chaibideal againne.



Fíor 132: na blte f. an Liathghort, is an Liathghort Mór is Beag i bpar. na Fiacaile: https://www.logainm.ie/ga/7647

Liathmhagh

Liathmhagh (*Grey plain*) Trad. said to be the name of the plain in S.W. KY from which the *Labhrann sprang forth. *Tomaidhm Labhrandi a l-Líathmaig*, MD iii, 462. See Labhrann, an.

Brí

Comhfhocal is ea Liathmhagh, .i. 'liath' (*supra*) agus 'magh', .i. '(a) a plain, an open stretch of land' (*eDIL*, sn. mag).

Suíomh

Ní mhaireann ach tagairt amháin don logainm so insa dán dinnsheanchais, *Loch nÉrne* (Gwynn, 1906-35, [*MD* iii] 462): 'Tomaidhm Labhrandi a l-Líathmaig'. De réir an traidisiúin, thuil an Labhrann as an má so agus do chlúdaigh sé an talamh a bhí ann cheana. Tagann an tuairim so leis an dtraidisiún seana-bhunaithe go mbíodh limistéir uisce ina bhfearann / m tráth, msh. *Immram Brain meic Febail* (Mac Mathúna, 1985, [*IB*^{2}] 35-6), na scéalta luatha a bhaineann le Loch Feabhail (Carey, 2002, [*Ériu* 52] 60) agus an téacs athá curtha i gcló ag John Carey (2004, [*CínCC*] 44-57). Má ghlacaimíd le traidisiún na hainme, gur mhaidhm an Labhrann as an má so agus chlúdaigh sé an talamh le huisce, is dócha gurb ionann suíomh na má agus suíomh na Labhrainne féin, .i. Loch na dTrí Caol agus b'fhéidir Bá an Daingin ina iomláine (féach ar *Labhrann, an).

Caibideal a Trí

Cás-Staidéar ar Mhórthreabhchas:

Laoighis

Anois agus cúrsaí logainmneacha pléite agam, díreod ar an gcúram eile go gcaithfear aird a thabhairt air mar chuid den bhfoclóir *HDGP*, .i. na treabhainmneacha. Is féidir na treabhainmneacha a rangú ina ndá chuid, .i. na mórthreabhchais agus na treabhchais bheaga. Tugtar aghaidh ar na Laoighsibh anso, ceann dos na mórthreabhchasaibh mar chás-staidéar. Ba dh'é Laoighis agus na fodhreamanna Laoighse eile an t-aon mhórthreabhchas a chuireas dhíom go críochnúil agus sin an chúis gur roghnaíos iad mar chaibideal don dtráchtas. Pléifear na treabhchais bheaga dar tús 'L' a thugtar in *Tairired na nDéssi* agus i roinnt liostaí aitheachthuath eile insa chaibideal deiridh.

Ba dh'é Laoighis an chéad iontráil gur dhíríos i gceart air don dtráchtas. Do bhíos ag bailiú tagairtí liom go fánach roimhe sin, mar a mhíníos sa réamhrá, bunaithe ar na logainmneachaibh agus ar na treabhainmneachaibh a luaitear in innéacsannaibh na 'mórshaothar': .i. na hannála, an corpas geinealaigh in *Corpus Genealogiarum Hiberniae* (O'Brien, 1962 [*CGH*]), *Lebor Gabála Érenn* (Macalister, 1938-56 [*LG*]) agus *Lebor na Cert* (Ó Donnabháin, 1847, [LC^1] agus Dillon, 1962, [LC^2]). Ach ba dh'í an ainm so an chéad ainm gur thugas aird ar gach tagairt gur bhain léithi ins an *Onomasticon Goedelicum* (Hogan, 1910, [*OnomG*]). Bhí orm dul i ngleic leis na nodaibh corraitheacha; agus ar an leagan den *OnomG* dh'ullmhaigh Donnchadh Ó Corráin agus a chuireag in airde ar líne: (https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/onomasticon-goedelicum/); agus na slipeanna, .i. nótaí le tagairtíbh athá breacaithe as eagránaibh a thug Hogan neamhaird ortha nú a dh'fhoilsíog i ndiaidh an *OnomG* féinig, mar a luag sa réamhrá. Do bhí líon ollmhór tagairtí bailithe agam mar sin.

De bharr go raibh an méid san tagairtí agam, do léirigh a leithéid difear mór idir an saghas taighde cuí i dtaobh threabhchais mhóir i gcomparáid leis an saghas is cuí i dtaobh threabhchais bhig. I gcás treabhchais bhig, bíonn ganntanas tagairtí ann a

chuireann inár gcoinnibh an treabhais bhig a thuiscint i gceart. Ach bíonn a mhalairt i gceist i gcás an treabhchais mhóir, .i. fuíollach tagairtí agus an t-uafás eolais (is frithráiteach é go minic). In ainneoin na ndifríochtaí so, bíonn an toradh nach mór mar an gcéanna i gceist: is é sin go mbíonn na treabhchais mhóra chomh doiléir le treabhchasaibh beaga.

Rud a chuir leis an gcastacht so ná ba dh'é Laoighis an chéad iontráil gur dheineas obair uirthi, is é sin: na tagairtí a chatagórú agus a leagan amach de réir téarmaí / fo-theideal fén iontráil féinig, agus mar a shamhlófaí, próiseas ana-dhian pointeáilthe ab ea é toisc go raibh líon mór tagairtí i gceist. Bhí orm oiliúint a chur orm féinig mar sin ar an gcúis go dtugtar tús áite d'achainníbh áirithe má luaitear an eachtra nach mór mar an gcéanna in achainníbh éagsúla de réir chur chuige an fhoclóra. Tugtar tús áite don achainn is seanda de ghnáth: m.sh. 'Ic Cathair … fodlaiter sáerchlanna 7 it fortuatha cóicid Cathair cach óen ná berar genelach cu Cathair amal atát Laísi, CGH 126b41 (= LGen. 556.8; Ogygia, 293)'. Cuirtear an tagairt mar a gheibhtear é in *Corpus Genealogiarum Hiberniae* (O'Brien, 1962, [*CGH*]) chun cinn óir tagann na tagairtí so go díreach as na foinsíbh meánaoiseacha geinealaigh is seanda, .i. ó Rawl. B 502, LL, Lec. agus BB. Saothair thiomsaitheacha is ea Leabhar Mór na nGenealach, le Dubhaltach Mac Fhirbhisigh (Ó Muraíle, 2003 [*LGen.*]), agus *Ogygia: seu, Rerum Hibernicarum Chronologia: ex Pervetustis Monumentis fideliter inter se Collatis*, le Ruaidhrí Ó Flaithbheartaigh (1685 [*Ogygia*]), atháid araon bunaithe ar na foinsíbh seanda céanna is athá in *CGH* thuas. Mar sin, de réir chur chuige an fhoclóra, ní chuirtear na tagairtí so leis an bhfoclóir mar thagairtí aonracha ach léirítear, leis an siombal 'cothram le' (.i. =), gurb ionann iad na tagairtí so i ndáiríribh agus an ceann a gheibhtear insa chorpas geinealaigh in *CGH*.

Is amhlaidh cás na n-annála chón maith ina dtugtar tús áite d'*Annála Uladh,* .i. *AU*[1] (Hennessy agus Mac Carthy, 1887-1901) agus *AU*[2] (Mac Airt agus Mac Niocaill, 1983) ar an gcuma gcéanna, .i. óir is iadsan na hannála is seanda agus is údarásaí. Bíonn *Annála Ríoghachta Éireann,* .i. *AFM* (Ó Donnabháin, 1841-51) chun deiridh ansan toisc gur saothar déanach tiomsaitheach é a tharraing ar annálaibh seanda eile, m.sh. 'Cath Cinn Ḟuait … condid ann do-cer … Augran m. Cennetigh, ri Laichse, AU[2] 917.3 (= CGG 34, v.l. Mugróin; AFM 915 [ii, 590], v.l. Mughron … tighearna na tTrí cComann 7 Laighisi)'. Ach mar a chítear, léiríonn na foinsí eile

leaganacha suntasacha ar uairibh, .i. Mug(h)rón (na dTrí gCumann) siochas Augran. Thug sé tamall orm dul i ngleic leis na tagairtíbh a chur de réir téarmaí / fo-theideal agus an tsraith ina dtugtar na tagairtí so fés na téarmaíbh / fo-theidealaibh féinig a thuiscint gan amhras.

Chun cur leis na príomhthagairtíbh, do thugas aird ar roinnt scoláireachta leis an *milieu* agus le comhthéacs na haimsire a thuiscint: cuir i gcás *Irish Kings and High-Kings* le Byrne (1973); *Early Irish and Welsh Kinship* agus *Early Christian Ireland* le Charles-Edwards (1993 agus 2000); *Early Medieval Ireland 400-1200* le Dáibhí Ó Cróinín (1995); *Medieval Ireland: Territorial, Political and Economic Divisions*, le Paul MacCotter (2008); agus an caibideal ag an gCorránach, 'The Book of Ballymote: a Genealogical Treasure' insa leabhar *Book of Ballymote* (Ó hUiginn, 2018). Ba mhór an mhionanailís a dhein an Murchadhach ar na Laoighsibh féinig ina chaibideal, 'Early history and settlements of the Laígis' sa leabhar *Laois History and Society* (Lane agus Nolan, 1999). Cé gur ghlacas leis na conclúidíbh a bhí aige Ó Murchadha de ghnáth, bhí corruair ann ina raibh tusicint eile agamsa nú inar threisíos argóintí a bhí aigesean. Mar shampla, i gcás Laoighse Raimhne, thá argóint Uí Mhurchadha maidir le suíomh an dreama sin bunaithe ar ghluais i sliocht geinealaigh in LL ina luaitear Fear(ann) na gCeinéal le fodhream dos na Laoighsibh. Cuimsíonn an fearann sin na barúntachtaí Síol Maoluír Thoir agus Thiar agus an Bhealaigh Chaoin i gcontae Loch Garman (Ó Donnabháin, 1862, [*TP*[1]] lvi-lvii, n. 471; Ó Crualaoich agus Mac Giolla Chomhghaill, 2016, [*TNWX* 2] 1552; MacCotter, 2008, 261). Ach ní fios go beacht an dream a bhí i gceist ag an ngluais bunaithe ar *mise-en-page* na lámhscríbhinne féinig. Mar sin fhéinig, bhíos in ann deimhniú go raibh an ghluais bainteach le Laoighsibh Raimhne bunaithe ar mhionanailís a dhéanamh ar gheinealach Laoighse Raimhne agus ar na logainmneachaibh a luaitear ann.

I ndiaidh na dtagairtí a bhailiú agus a leagan amach de réir téarmaí, gheibhtear soiléiriú gonta ach iomlánach agus uileghabhálach de thraidisiún na Laoighse. Má chaithimíd súil ar fho-thiodail na hiontrála ar na 'Laoighsibh' féinig, chífear láithreach a bhfuil i gceist agam. Deirtear gur dhream de Chruithnibh ab ea iad, mar aon le Dál nAraidhe, a shíolraigh de réir deabhraimh ó dhuine do laochraibh móra na Rúraíochta, .i. Conall Cearnach. Braitheann an chiall a bhaintear as an eolas so ar an bparaidím tuisceana a chuirfeadh duine i bhfeidhm: an baothiarracht nú iarracht in

aisce é an ceangal le Conall Cearnach—.i. pearsa cháiliúil laochúil ag aimsir bhreactha na ngeinealach—chun stádas dreamanna a bhí thíos leis dh'ardú fiú ar bhonn siombalach? Nú an léiriú é seo do dhia réigiúnach na *tuaithe* ó aimsir na Réamh-Chríostaíochta, .i. an dríodar é den 'dia áitiúil *tuaithe*' ón gcreideamh Ceilteach é? M.sh. *dea Brigantia* agus *dea Tricoria*, .i. bandéithe na Brigantes agus na Tricoria, agus an dia treibheach *Teutates* (Vendryès, 1948, 264-5; Mac Cana, 1970, 23; Koch, 2006, 1665-66)? B'fhéidir gurbh í an tuiscint seo, .i. dia na *tuaithe*, athá mar bhunús don nath cháiliúil a gheibhtear go forleathan sa Rúraíocht, .i. 'Tongu do dia toinges mo thuath' (*vel sim*), 'mionnaim do[n] Dia lena mionnann mo mhuintir-se' (Mac Niocaill, 1972, 3; Ó hUiginn, 1989, 338-9). Ach caithfear a bheith cáiréiseach leis an gcomparáid dhiachrónach so gan amhras óir thá achar mór millteanach ama idir aimsir na gCeilteach ar an Mór-Roinn agus foinsí na Seana- is na Meán-Ghaoluinne; caithfidh gur athraigh tuiscintí le himeacht aimsire agus de réir mar a tháinig an cultúr sin i dteangmháil le cultúraibh eile, go háirithe leis an gCríostaíocht i gcás na nGael. Ní leanúnachas cultúrtha neamhbhriste 'glan', nú 'timeless Celticity' mar adeir Webster (2015, 146-7), é an leanúnachas traidisiúin seo má thá aon rian den bhfírinne ann, pé scéal é. Is fíor an cás san fiú i dtaobh Cheilteach na Mór-Roinne leis óir, ar an gcéad dul síos, is iad na cuntais a scríg na húdair Chlasaiceacha a bhfuil againn d'fhianaise théacsúil do dhéithibh na gCeilteach agus do bhí sé de nós aiges na húdaraibh san déithe daoine eile a léiriú lena ndéithibh féinig, cur chuige a dtugtar an *Interpretatio Romana* air (Webster, 2015, 134-6; Mac Cana, 1970, 23). Ar an tara dul síos, ba léir gur chuaigh an cultúr Clasaiceach i bhfeidhm orthasan go raibh cónaí ortha i gcríochaibh Ceilteacha de réir a chéile i ndiaidh dos na Rómhánaibh na críocha so a chur fé smacht. Thá a leithéid de shincréatachas cultúrtha le feiscint, mar shampla, in íocónagrafaíocht dhealbha na ndéithe Ceilteacha go mbíonn móitífeanna Clasaiceacha ionta, m.sh. léirithe de Rosmerta agus a *cornucopia* (Mac Cana, 1970, 25; Webster, 2015, 139-140).

Ag casadh arís ar an iontráil, léirítear ar thuig na Gaeil féinig mar gheall ar shanasaíocht na hainme Laoighis chón maith, óir, mar a chífí ón iontráil, tugtar dhá mhíniú scéalaíochta mar chuid dá *Peritia* (O'Brien, 1962, [*CGH*] 126b17-39). Cé gur beag stair athá ins na scéaltaibh beaga so, seans go bhfuil pioc den bhfírinne insa tuiscint gur bhain an ainm Laoighis leis an bhfocal 'laogh' mar sin fhéinig, mar a thuigtear i gcás Corca Laoighde, leis (Charles-Edwards, 2000, 186; Ó Rathile, 1946,

3). Ní eile a thugtar le fios ins an iontráil ná go raibh na Laoighis roinnte ina seacht ranna de réir an traidisiúin féinig: ‘na vii Laíchse Laing CPS 321 … Secht Laígsi la Laignib, LG v, 96 … óna seacht Laígsib Laigin LC[2] 1617-9’. Cé go bhfuil an tusicint seo le fáil ins an corpas geinealaigh in *CGH* (O’Brien, 1962) leis—‘Hic Conall condrecat secht Laígsi Laigen CGH 140b23 (= GT 187)’ agus ‘secht Laíchsi hodie … Othá aimsir Beraich meic Meiscill aní-sin .i. it secht n-aicmi la Laíchis CGH 127b18-27’— ní léirítear na seacht Laoighis go beacht mar sin fhéinig insa chorpas san. Mar sin, ní fios an bunús stairiúil den dtuiscint seo. Is é a thugtar sa chorpas geinealaigh ná:

> Lugaid Loígsech Cennmár mac Conaill Cernaich ... is uad secht Loíchsi Lagen ... Lugaid [Láegsech] … a quo Milige mac Intait … dá mac leis .i. Ercc ⁊ Fachtna … Fachtna mac Milige a quo Baccán … Síl mBaccáin meic Lugdach Loíchsich a quo Síl Mescill ⁊ Húi Dochlú ⁊ **Laíches Réta** uile … Ercc mac Milige a quo Comgall … Síl Diarmata **Laíches Raimne** [v.l. Earc a quo **Laígis Húa Cuiliúin**] … Síl Senaich Bic **Dublaíches** ⁊ **Láechas Tualcha Breguin** … Síl Senaich Móir **Láeches Lethnada** [Leathanḟada] ⁊ **Láechḟes Cúile Buichle** (O’Brien, 1962. [*CGH*] 126b13-52).

Ach ní fios bunaithe ar an méid seo cioca dreamanna dóibh san ab ea na seacht Laoighis i ndáiríribh agus cioca dóibh ab ea fodhreamanna na seacht Laoighse féinig. Má chomhraítear iad de réir gach dreama a luaitear, gheibhtear naoi dtreabhainm ina n-iomláine. Má rangaítear iad de réir síolathóirí, ní thugtar ach cúig dhream. Agus mura gcuirtear ach na dreamanna go bhfuil an focal ‘Laoighis’ curtha leo, tugtar seacht n-ainm go deimhin (cló trom), ach cuimhnigh gur gluais é ‘Laígis Húa Cuiliúin’ a chuireag leis an dtagairt féin. Más fíor an liosta so, cad ba cheart a dhéanamh leis na Laoighsibh eile a luaitear ins an corpas geinealaigh céanna in *CGH* agus i gcomhthéacsannaibh eile (féach ar an iontráil do Laoighis mhic Fhinn thíos)? Cuir i gcás Laoighis Síl nAduair a luaitear níos déanaí ins an corpas in *CGH* (O’Brien, 1962, 127b3): ‘Fine Loíchsi Síl nAduair in Eittiuch’. Síolraíonn an dream so ó Aduair a shíolraíonn féinig ó Bharr: ‘Aire(na)nná(i)n ... m. Aduair ... m. Bairr’. Ach ba dh’é an Barr so síolathóir na seacht Laoighse mar adeirtear ins an corpas geinealaigh céanna: ‘Síl mBairr trá sáerchlanna na secht Laíchsi, ar is co Barr bertair a ngeneloige huile ut praediximus’ (O’Brien, 1962, [CGH] 127b13).

Ansan le linn chur síos ar gheinealach Chorca Laoighde níos déanaí ins an corpas geinealaigh céanna, ní hamháin go dtugtar oidhreacht eile dos na Laoighsibh, .i. ó Lughaidh mac Dáire Síorchréachtach, ach tugtar dream darbh ainm Laoighis Úa nEanach(gh)lais mar chomhainm do Laoighis Laighean i leaganachaibh áirithe den ngeinealach chéanna (O'Brien, 1962, [*CGH*] 155a10-11):

> cóic meic dano la Dáire Sírchréchtach: Lugaid Lóegdi a quo Corcco Lóegdi ... Lugaid ... Lugaid ... Lugaid Láechfes a quo Láechfes Laigen [Rawl. B 502] (v.l. Lugaid Laíges [LL]. Lugaid Laígis dia tá Laígis Húa nEnechlais [Lec agus BB]. Lugaid Laígis dia tá Laíges Laigen .i. Laígis Húa nEnechlais [BB]).

Ní fios an cóir dom an dream so a ríomh i measc na seacht Laoighse, nú an fodhream dóibhsan iad, nú comhainm ar cheann acusan? Is dócha gur bhain Laoighis Ua nEanach(gh)lais le ceantar Uí Eanach(gh)lais, muintir do shíol Laighean a lonnaigh i ndeisceart Chúige Laighean (O'Brien, 1962, [*CGH*] 123f36-124a14), mar a bhfuil barúntacht an Inbhir Mhóir i gCill Mhantáin inniuimh (Byrne, 1973, 132-33; Ó Murchadha, 1999, 36).[76] Más fíor san, is suimiúil an rud é ná luaitear Laoighis Ua nEanach(gh)lais leis an ainm sin i liosta fhorshloinnte Uí Eanach(gh)lais mar sin fhéinig (O'Brien, 1962, [*CGH*] 124a4-7).

Mar a chífear, thá iontrálacha agamsa d'ocht ranna: .i. Laoighis Chúile Buichle, Laoighis Mhic Fhinn, Laoighis Raimhne, Laoighis Réada, Laoighis Síl nAduair, Laoighis Tulcha Breagmhain, Laoighis Ua gCuilinn agus Laoighis Ua nEanach(gh)lais. Ní rabhas in ann teacht ar thagairt eile do Dhubh-Laoighis, .i. 'Dublaiches' (cló trom), mar sin fhéinig; an dream a luaitear insa chorpas geinealaigh do Laoighsibh thuas (O'Brien, 1962, [*CGH*] 51). Níl a fhios agam ach an oiread an fodhreamanna iad cuid acu do Laoighsibh eile mar a phléifear sa chaibideal thíos nú cioca des na seacht Laoighis iad. Cé ná féadfaí neamhaird a thabhairt ar an bhfadhb so, ceist dhiachrónach is ea í mar sin fhéinig óir scoilteann dreamanna go nádúrtha le himeacht aimsire de réir mar dh'fhásadar agus dh'atadar agus de réir mar a thagann fodhreamanna in uachtar agus in íochtar (Ó Corráin,

[76] Ach gheibhtear cloch oghaim gar do Bhaile Shláine i mbar. Dhamhliag Uachtaraigh, contae na Mí ar a bhfuil Uí Eanach(gh)lais greanta: .i. MAQI-CAIRATINI AVI INEQAGLAS (Macalister, 1945-9, [1] 45), seans mar sin go raibh Uí Eanach(gh)lais i gcontae na Mí ar dtúis sarar chuir Uí Néill an ruaig ortha soir ó dheas go contae Chill Mhantáin (Byrne, 1973, 137-38, 142; Ó Cróinín, 1995, 53).

2018, 24-30). Do bhíodh sé de nós aige dreamannaibh a bhí thuas leo, go háirithe ceinéal ‘ríoga’ an dreama, tír a gcéilí, a lucht leanúna agus fiú a gceinéalacha féinig a ghóilt chucha féinig (ibid.)—rud a chuireadh brú ar na dreamannaibh eile sa cheantar agus ar a bhfodhreamannaibh díshealbhaithe teacht ar thalamh eile (Ó Corráin, 2018, 28-30). Mar a léirigh Dubhaltach Mac Fhirbhisigh féinig fiú:

> Ar as gnáth dona hardfhlaithibh (an uair iomdhaighid a cclanna agus a ccinéula), fordhinge, feódhughadh, agus fásughad a ccéleadh agus a lucht lenamhana. Feuch Ére agus an doman uile, dia ttugrae fén, agus ní fhoil foircheann ar a ffuighe de esiomláiribh ann do sin as nach iognadh da madh go Milidh do-beurthaoi uiread genelach ’s atá in Erinn aniú (Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 26; cf. Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] i, 180-81; cf. Ó Corráin, 2018, 28).

Tugann ‘dlí Dhubhaltaigh’, más féidir é sin a thabhairt air, léargas dúinn mar sin maidir le dáileadh breactha na Laoighse a thuiscint. De réir deabhraimh, bhí na Laoighis scaipthe ar fuaid Chúige Laighean (thá an t-eolas so bainte ós na ceann-iontrálachaibh ar na Laoighsibh thíos):

> **Laoighis Chúile Buichle**: i mb.f. na Cúile i bpar. Chluana Caoin agus Cluana Eidhnigh i mbar. Phort Laoise Thiar, contae **Laoise**. **Laoighis mhic Fhinn**: i bpar. Mhaoin i mbar. Chill Chá agus Mhaoin, contae **Chill Dara**. **Laoighis Raimhne:** i bhfearann ar a dtugtaí Fear(ann) na gCeinéal, ar chomh-mhéid nach mór le bar. Shíl Mhaoluír Thoir i **Loch Garman** inniuimh. **Laoighis Réada**: i Magh Réada ar dtúis i mbar. oirthear Chlár Maí Locha agus i mbar. Chlann Donncha, contae **Laoise**. Ach lonnaíodar i gCúil agus Bearnas, i bpar. Bhaile Átha an Róine i mbar. Chuileannaí, i ndiaidh Rátha Bhreasail in 1111 AD. **Laoighis Shíol Aduair** i bparóiste Eiteach i mbar. Cluana Leisc agus Bhaile an Bhriotaigh i gcontae **Uíbh Fhailí**. **Laoighis Tulcha Breaghmhain**. **Laoighis Ua gCuillinn**, b’fhéidir gar do bh..f. Sheanchill i bpar. / bar. Chill Chuilinn i gcontae Chill Dara. **Laoighis Ua nEanach(gh)lais** i gCualainn (Cuala), logainm stairiúil a chuimsigh codanna de chontae **Chill Mhantáin** agus **Bhaile Átha Cliath**.

Má chaithfear súil ar an iontráil, chífear go bhfuil fianaise inmheánach againn dá ndíbirt agus dá scaipeadh leis gan amhras. Luaitear insa chorpas geinealaigh gurbh ‘ó Amalgaid Réta trá fodailte secht Laíchsi Lagen .i. o Licc Réta [7] lia ríg a cathróe [7]

a dúnad 7 a cáin 7 a ndliged' (O Brien, 1962, [*CGH*] 127a43), agus de réir scéilín in LL, adeirtear go fáthchiallach gur scar Meadhbh Leathdhearg na Laoighis i seacht ranna agus gur scaip sí iad go gach ionad ina bhfuilid inniuimh: 'Isi Medhbh Lethderg ... ro-fhodhail Laighis hi secht rannaib … Is aire ro-fodail Medhbh … Laighus in gach inad itat … na beitis d'aentaibh na (a) focus a cheile' (Ó Máille, 1928, [*ZCP* 17] 137; Byrne, 1973, 51). Mar a thuigtear leis agus mar a luag cheana, do chuir Osraighe an ruaig ar Laoighsibh Réada, ceinéal ríoga na Laoighse, ó Mhaigh Réada, athá i mbar. Chlár Maí Locha agus i mbar. Chlann Donncha, i ndiaidh shionad Rátha Bhreasail in 1111 nuair a ghabhadar an chríoch uathasan agus bhí ar Laoighsibh Réada teitheadh go Cúil, áit a raibh Laoighis Chúile Buichle cheana féinig, agus Bearnas i bpar. Bhaile Átha an Róine i mbar. Chuileannaí (Ó Murchadha, 1999, 53-54). Tagann an dáileadh scaiptheach so le dáileadh dreamanna ar fuaid na hÉireann uile, go háirithe dóibh súid a bhí thíos leis gan amhras, .i. na haitheachthuatha (Caibideal a Ceathair).

Ach i gcás na ceiste cad as a dtáinig na Laoighis ar dtúis, tuigtear de réir tagartha amháin gurbh as Teamhraigh dhóibh: 'Is ed do-s-gní forslointi dona clannaib sóeraib … má théis nech díb asa chrích fodeissin do chomaittreib i críchaib ailib … amal do-chuatar ó Temraich secht Laígsi 7 Fothairt do aittreib i crích Laigen 7 na Déissi hi crích Muman' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 140b30). Is dócha go bhfuil sé le tuiscint anso gur bhrúigh Uí Néill na Laoighis as Teamhraigh agus iad ag teacht chun barr a réime le linn na cúigiú agus na séú haoise. Bheadh deabhramh leis an dtuiscint seo gan amhras. Ar an gcéad dul síos, de réir an traidisiúin, ba dh'í Meadhbh Leathdhearg, .i. bandia flaithis Teamhrach (Ó Máille, 1928, [*ZCP* 17] 136-38; Byrne, 1973, 51), a scar agus a scaip na Laoighis agus na Fothairt / Fotharta ionas ná beidíst in ann teacht le chéile agus a bheith cumhachtach aríst mar a chonaiceamair. Mar sin b'fhéidir gurbh í an fháthchiall bholscaireachtúil a bhí mar bhunús an scéilín seo ná go raibh bandia flaithis Teamhrach ag diúltú d'iarmhuintir na háite. Tagann a leithéid de thuiscint lena dtuigtear i gcás Ua nEanach(gh)lais a luag thuas. Do dhíbríog iad aniar aduaidh ó Bhaile Shláine i mbar. Dhamhliag Uachtaraigh i gcontae na Mí—.i. áit ina bhfuil an chloch oghaim lena n-ainm greanta air—go hoirdheisceart Laighean um a bhfuil an tInbhear Mór i gcontae Chill Mhantáin (Byrne, 1973, 137-38, 142; Ó Cróinín, 1995, 53). Gheibhtear Laoighis Ua nEanach(gh)lais agus Fothairt / Fotharta sna dúthachaibh so chón maith.

Thá sé le tuiscint mar sin, bunaithe ar an ndearcadh so, gur ghlac na Laighnigh le Laoighsibh agus le Fothartaibh mar fhorshloinnte i ndiaidh a ndíbeartha: ‘Do Phrímforslointib Lagen inso .i. dá phrímforsloinniud Fothairtt $_7$ Laíchsi’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 125a51; Byrne, 1973, 131-32; Charles-Edwards, 1991, 121; Charles-Edwards, 2000, 531). Ach níor ar mhaithe leis na dreamannaibh féinig gur ghlac na Laighnigh lena gcomhluadar agus lena gcomhchumann is dócha, má fhéachtar ar dháileadh na Laoigheas, is léir go rabhadar lonnaithe ar imeall chríoch Laighean; rud a thabharfadh cosaint sa bhreis do Laighnibh ó Uíbh Néill. Do ghabhadar súid Teamhair ó Laighnibh roimhe sin gan amhras (Byrne, 1973, 142), agus bhíodar san ag bagairt aniar ó shoin amach, mar aon leis na Muimhnibh is na hOsraibh a bhí ag bagairt aneas (Byrne, 1973, 131-2; Ó Murchadha, 1999, 47-48).

Ach mar is gnáth, is féidir dearcadh eile a chur chun cinn bunaithe ar na hachainníbh céanna. Bhí a mhalairt de thuiscint aige Ó Murchadha (1999, 35) mar shampla:

> The people who gave their name to the present county of Laois were not in earlier times concentrated exclusively there. The Laígis, together with their neighbours, the Fothairt, are generally regarded as remnants in south Leinster of a race known as Cruithin ... The advent of the Laigin ... appears to have displaced and fragmented them.

Is é sin gur cheap an Murchadhach gur tháinig na Laoighis aneas ó dheisceart Chúige Laighean ar dtúis. Ach ag deireadh thiar thall ní féidir a bheith deimhin de bhunadh Laoigheas i ndáiríribh; thá an fhianaise fhéinig ró-fhrithráiteach toisc go bhfuil in iomarca lúbanna ar lár insa bhfianaise sin agus is diocar rian na staire a bhaint den scéalaíocht.

Thá súil agam go dtabharfaidh an measúnú so léargas ar na hargóintíbh athá le teacht insa chaibideal thíos agus thá súil agam leis gur léiriú é an méid seo ar a bhféadfaí a bhaint as tagairtíbh na n-iontrálacha nuair atháid curtha in eagar de réir téarmaí.

Laoighis (*Calf people*?) Tribal groups which app. previously held dominion in S.E. LEIN., but who were later forced into E. OY, parts of S. KE, and LS (to which they gave their name) by the expansion of the *Laighin. Some branches may have continued to occupy parts of S. WX. They are regarded in earlier sources as a Cruithne **forthuath*, desc. from Lughaidh Laoighseach, son of Conall Cearnach, and said to be a **príomhfhorshlonnadh* of the Laighin. Later accounts, however, attempt to associate Laoighis with the *Gaoidhil. They are trad. divided into seven septs; although, the historical basis for this is unclear. **Trad. deriv.:** *Laíchess … cenél Lugdach Laígsich meic Conall Cernaig* / *Lugaid Loígsech Cennmár mac Conaill Cernaich di Ultaib is uad secht Loíchsi Lagen* / *Láegsech Cendmór… m. Conall Cernaig, is uad atát Laígsi* / *Ic Cathair … fodlaiter sáerchlanna 7 it fortuatha cóicid Cathair cach óen ná berar genelach cu Cathair amal atát Laísi*, CGH 119a4 / 126b15 / 126b41 (= LGen. 556.8; Ogygia, 293) / 318c8. *Airech Feabruad mac Mílead is í in cland airmidther uad … Dál nAraide 7 secht Laígsi la Laignib … oir airmit craeba coibneasta 7 genelagi a mbeith do chlond hÍr meic Mílead* / *Éber mac Ír, is úad-side … Corco Duibhne … Laígse Lagen*, LG v, 96 / 42 (= LG v, 88 / 100: v.l. *Fir Laígsi Lagen*). **Pseudo-etymologies:** *Loíches … can as ro ainmniged? … .i. airm hi fárgbad iarna gein* [*Lugaid Lóegsech*] *fo chétóir is ann do-luid in lóeg allaid secha forsin trácht … co n-epirt in derccaid, "lóeg secha, lóeg secha", unde Lóegsech 7 Lóeches nominantur* / *Conid ann as-bert Eochaid: 'A meic, is láechfhes insin'. Conid de ro-llil-seom Lugaid Láechfhes 7 a quo Láechfhes 7 Láechfhessaich .i. Láechsich nominantur*, CGH 126b17 / 126b39. **Divisions of:** *Lugaid* [*Láegsech*] *… a quo Milige mac Intait … dá mac leis .i. Ercc 7 Fachtna … Fachtna mac Milige a quo Baccán … Síl mBaccáin meic Lugdach Loíchsich a quo Síl Mescill 7 Húi Dochlú 7 Laíches Réta uile … Ercc mac Milige a quo Comgall … Síl Diarmata Laíches Raimne* [v.l. *Earc a quo Laígis húa Cuiliúin*] *… Síl Senaich Bic Dublaíches 7 Láechas Tualcha Breguin … Síl Senaich Móir Láeches Lethnada* [*Leathanfada*] *7 Láechfes Cúile Buichle* (v.l. *Senach* [*Bec*] *a quo … Enna mc. Laisich 7 Brecan Cluana Cain 7 Baithin mac Findaich*, GT 141) / *Fachtna mac Beraich a quo Clann Beraich … Dunechaid mac Beraich, a quo Clann Duinechda … Carpre a quo Clann Charpri … Loichsi Síl nAduair i nEittiuch* / *Sóerchlanna Laíchsi trá Síl Bairr meic Cáirthind uile cip sí áitt i Loíchis do-s-fáil* / *Hic Conall condreccat*

secht Laígsi Laigen / *Conid airesin ní hóenrí fallnas na secht Laíchsi hodie … Othá aimsir Beraich meic Mescill aní-sin .i. it secht n-aicmi la Laíchis*, CGH 126b41-52 (= GT 141-2; LGen. 556.8-556.13) / 127a49-127b3 / 127a43 (= LGen 556.15 / 557.15 (v.l. *as go Barr bearer a ngenealach ut dixit*) / 140b23 (= GT 187) / 127b18-27. *Isi Medhbh Lethderg ... ro-fhodhail Laighis hi secht rannaib … Is aire ro-fodail Medhbh … Laighus in gach inad itat … na beitis d'aentaibh na (a) focus a cheile*, ZCP 17, 137 (= LL 6422; Ogygia, 293). *Do Chruitnib Erinn din di Dalnaraidhe, 7 na vii Laíchse Laing … 7 cach Conailli fil in Erind*, CPS 321 (= IVN lxxiii). *Secht Laígsi la Laignib*, LG v, 96. *Seacht cét bó 7 seacht céd torc 7 seacht céd molt 7 seacht céd mart, óna seacht Laígsib Laigin ind sin*, LC^2 1617-9. *Recline Domnal … na vii Leysi*, Celtica 8, 183. *Ríge o Fachtna Dál nAraide Ercda dogair secht Laigse Lagen co febail na secht Sogain*, IVN 264. ***Príomhfhorshlonnadh* of Laigin:** *Do Phrímforslointib Lagen inso .i. dá phrímforsloinniud Fothairtt 7 Laíchsi* / *Is ed do-s-gní forslointi dona clannaib sóeraib … má théis nech díb asa chrích fodessin do chomaittreib i críchaib ailib … amal do-chuatar ó Temraich secht Laígsi 7 Fothairt do aittreib i crích Laigen*, CGH 125a51 / CGH 140b30-35. **Geneal. ref.:** *Fachtna mac Milige a quo Baccán mac Brain m. Eircc hUbulchind … m. Fachtna m. Milige m. Intait m. Lugdach Loíchsi m. Conaill*, CGH 126b43. *Laiges im- Cenel Conaill Cernaig m. Amairgin*, LL 39715-6 (= BLec. 84vb41-2). *Cuic mac Lasech .i. Bacan 7 Diarmaid 7 Seanach Bec 7 Senach Mor 7 Earc*, LGen. 556.9. **Expulsion of:** *Ó Amalgaid Réta trá fodailte secht Laíchsi Lagen .i. o Licc Réta 7 lia ríg a cathróe 7 a dúnad 7 a cáin 7 a ndliged*, CGH 127a423 (= LGen. 556.13). **Annal refs.:** *Dunghal, mac Cerbhaill, do ghuin la Laoighis* / *Maidhm for Laighis* / *Giollacaoimhghin … rígdamhna Laighen do mharbhadh … do Laoighis* / *Creach la Diarmaid mac Murchadha i lLaighis, 7 maidhm ria Laigis fairriumh* / *Slóighead la Muircheartach, mac Néill Uí Lochlainn co ttuaisceart Ereann imme i Laignibh … O lóttar dna, Laighis … hi cConnachtaibh for teicheadh*, AFM 897 (i, 556) / 950 (ii, 666) / 1018 (ii, 794) / 1142 (ii, 1066) / 1157 (ii, 1124). *Maidm for Saxaibh Atha Cliath 7 Laigin … a Figh Mor a Laigis la Laignneachaibh fein*, MIA 1179.4. **Gentilic usage:** *Aennu mac húi Laigse, ab Cluana meic Nois quieuit*, ATig. 569 (= PRIA 29, 78-9). *Oenu ua Loigsi m. Beraig m. Domongairt … m. Lugdach Loigsi m. Loígsig Cendmóir*, CGSH §144. *Do chuaidh manuch … Colman Eala* (*recte Colman macua Laoighse*) *… on talumh danadh hainm Laighes a Laighnibh*

da oilithre mar a raibe C[*olam Cille*] *go hÍ a righocht na hAlpan*, BCC §249 (= PRIA 29, 78). **Ext. form:** *Laígsi Laigen*, CGH 140b23. *Óna … Laígsib Laigin*, LG v, 96. *Ot concatar cethrar laech-airech do Laignib … Cairpri Crom, rig Laigsi Laigen*, CMR 242. *D'éis Ó bhFailghe druideam re Laoighis Laighean*, TP[2] 1001-2. **Lat. forms:** *Lexia, Lesia, & Lisia secundum vocis sonum a modernis appellatur haec regio in Reginali*, Ogygia 293. Also Index AFM. Cf. ECI 236, 531; EIWK 121; IKHK 131-2; LHS 25-35, 213-57; MedI 33-35, 173, 252.

Brí

Rangaíonn Mac Néill (1911/ 12, 64) na Laoighis fén gcatagóir ainmníoch ar a dtugann sé na 'cnuasainmneacha' toisc go gcríochnaíonn an treabhainm leis an iarmhír chnuasaitheach *-is*. Ach mar sin fhéinig, is diocair fíor-bhrí na hainme dh'fhuascailt go deimhin. De réir na bréag-shanasaíochta fhéin de a gheibhtear ins an príomh-théacs bunaithe ar na Laoighsibh insa chorpas geinealaigh, *De Peritia et Genelogia Loíchsi* (*De Peritia*), thugag 'Loíches' agus Lughaidh Laoighseach, fear eapainmneach an treabhchais, ar Lughaidh agus ar a shíol mar thoradh ar eachtra a thuit amach nuair a tháinig Lughaidh tráth go tigh a *aiti* 'athair altrama', Eochaidh. Do bhí Conall Cearnach, athair Luighdheach, ann an oíche roimhe, agus thug Eochaidh flúirse bídh agus dí do Chonall mar gheall ar a cháil ghaiscígh. Dh'fhiafraigh Lughaidh a choimhéid bídh agus dí d'Eochaidh, agus dh'fhreagair sé dósan gur 'Láechḟes', .i.'feis laoich', a bheadh aige ansan, agus is ó 'Láechḟes' a shíolraíonn an ainm 'Laoighis' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 126b39). Ach sa tsliocht geinealaigh chéanna, tugtar sanasaíocht eile dhóibh. Deirtear gur thugag Laoighis ortha de dheascaibh gur tháinig laogh gar de láthair bhreithe Luighdheach agus scairt fear faire 'lóeg secha, lóeg secha', le linn a bhreithe agus mar sin 'Lóegsech ₇ Lóeches nominantur' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 126b17).

Níl anso, gan amhras, ach scéal aeiteolaíoch, ach seans go bhfuil dríodar den bhfírinne insa tara míniú mar sin fhéinig, go háirithe an tuiscint go bhfuil an ainm bunaithe ar an bhfocal *lóeg* 'laogh', ach é a bheith táite leis an bhfoircheann *-is*. Gheibhtear *laogh* féin mar bhunús ainmneacha eile chón maith, m.sh. Gamanraige, .i. gamhain, agus Corca Laoighde, a chiallaíonn '*gens* an bhandé laoigh' (Charles-Edwards, 2000, 186; Ó Rathille, 1946, 3). Is minic a gheibhtear ainmhithe mar

bhunús ainmneacha go ginearálta; go háirithe leis na haitheachthuathaibh dar deireadh *–raige*:[77] m.sh. Torcraige, .i. torc; Gabraige, .i. gabhar; Osraige, .i. os (Mac Néill, 1911 /12, 81).

Suíomh

Mar adeir Diarmuid Ó Murchadha (1999, 35):

> The people who gave their name to the present county of Laois were not in earlier times concentrated exclusively there. The Laígis, together with their neighbours, the Fothairt, are generally regarded as remanants in south Leinster of a race known as Cruithin ... The advent of the Laigin ... appears to have displaced and fragmented them.

Thá fianaise againn go raibh ranna Laoighse in oirdheisceart Chúige Laighean gan amhras. Do bhí Laoighis Ua nEanach(gh)lais ag cur fútha um an Inbhear Mór, in oirthear Chill Mhantáin (Ó Murchadha, 1999, 36; Byrne, 1973, 132), mar a raibh forthuatha eile Laighean lonnaithe chón maith (Byrne, 1973, 130). Ina theannta san, bhí Laoighis lonnaithe ar fuaid Loch Garman. Mar shampla, de réir tagartha áirithe ins na geinealaibh, deirtear go raibh Laoighis i nú gar de Bhar. Shíl Bhroin: 'Síl mBrain la Láechis' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 119bb11; féach: Byrne, 1973, 132; Ó Murchadha, 1999, 36; MacCotter, 2008, 252). Ina theannta san, do bhí Laoighis Raimhne nú Laoighis Fhear na gCeinéal lonnaithe insa *trícha cét*, Fir na gCeinéal, athá ar chomhréim le bar. Shíl Mhaoluír Thoir inniuimh (MacCotter, 2008, 261; Orpen, 1892 [*SDE*] 304). Agus is léir leis go raibh fodhreamanna eile do Laoighsibh Raimhne i mbar. Ua mBairrche athá in aice le bar. Shíl Mhaoluír. Mar aon leis na Laoighsibh i Loch Garman, do bhí na Beanntraighe agus na Fothairt ag cur fútha i dtuaisceart Loch Garman leis, láimh le Síol Maoluír Thoir, agus thá ceangail áirithe aiges na dreamannaibh so le Laoighsibh go ginearálta. Tháid na Beanntraighe curtha, nú sáite isteach, le geinealaibh Laoighse (O'Brien, 1962, [*CGH*] 127a36), rud a léiríonn gur thuigeag go raibh dlúthchaidreamh eatartha cé ná rabhadar gaolta. Thá

[77]Thá sé dodhéanta a bheith lánchinnte de fhíorbhunús na hainme. Thá sé diocair le bheith cinnte ar shíolraigh ainm na *túaithe* ó ainmhí nú ó ainm dhuine fé leith? Nós coitianta is ea é ainmhithe agus na tréithe a bhaineann leobhtha a phearsanú, m.sh. Art agus Mathghamhain ('Mathúin'/ 'béar').

dlúthchaidreamh idir na Laoighsibh agus na Fothartaibh chón maith mar *cliathaire Laigen* (O'Brien, 1962, [*CGH*] 119a5) nú mar phríomhfhorshloinnte Laighean: 'Do phrímforslointib Lagen inso .i. ... Fothairtt ⁊ Laíchsi'; agus mar adeirtear de réir scéil eile in LL: 'gach inadh i fil Laighus hi nErinn go fuil Fotharta i comocus di' (Ó Máille, 1928, [*ZCP* 17] 137). Thá an chuma ar an scéal gur fhíor-ráiteachas é seo toisc go raibh dream dos na Fothartaibh lonnaithe i mbar. Fhotharta i gcontae Cheatharlach (gar do chontae Laoighse) mar a ráiníonn sé; agus de réir *LG* (Macalister, 1938-56), bhí dream eile acu in aice le Maigh Réada (Laoighis Réada) leis: 'Mag Riata re Fothartaib' (Ó Murchadha, 1999, [*LHS*] 39).

De réir tagartha eile ins na geinealaibh, ina gcuirtear síos ar a ndeintí forshlonnadh do shaorshlonnadh, adeirtear gur tháinig na Fothairt agus na Laoighis as Teamhraigh ar dtúis: 'Is ed do-s-gní forslointi dona clannaib sóeraib … má théis nech díb asa chrích fodessin do chomaittreib i críchaib ailib … amal do-chuatar ó Temraich secht Laígsi ⁊ Fothairt do aittreib i crích Laigen ⁊ na Déissi hi crích Mumhan' (O'Brien, 1962 [*CGH*] 140b30). Ach is í seo an t-aon fhoinse ina gcuirtear a leithéid de thuairim chun cinn. Seans gur dheineag iarracht mar sin na Laoighis a shá isteach i dtraidisiún na nDéise, dreamanna a luaitear díreach ina ndiaidh ins an tagairt féinig. Do bhí dlúthbhaint ag Dál bhFiachach Suidhghe (.i. dream ríoga na nDéise) féinig le Midhe, mar aon le roinnt mhaith fodhreamanna eile de chuid na nDéise agus aitheachthuatha eile na Mumhan de réir an traidisiúin mar a gheibhtear é in *Tairired na nDéssi* agus ins na geinealaibh féinig (féach ar na hiontrálacha: 'Ladraighe' agus 'Lu(i)dhr(a)ighe' do chur síos cuimsitheach). Ach do bhí Byrne (1973, 181) den dtuiscint ná raibh aon fhírinne insa traidisiún so i ndáiríribh, .i. do bhí Déise Teamhrach agus Déise Mumhan neamhspleách ar a chéile dar leis: 'the Déisi Mumhan ... were probably indigenous to Munster and had no real connection with the Déisi Temro'.

Síolraíonn an t-uafás aitheachthuath ó chontae na Mí / Bhreagha sarar scaipeag ar fuaid na hÉireann iad: cuir i gcás Corca Uais, Corca / Dál Luighne, Dál Meas Corp, Breacraighe, na Déise / Dál bhFiachach Suidhghe, Baraighe / Bladhraighe (féach ar an iontráil ar 'Lu(i)dhr(a)ighe' do chur síos níosa chuimsithí). Dh'fheidhmeodh Midhe mar *fons gentium* tairbheach dos na dreamannaibh do bhí thíos leis gan amhras. Thugag ceangal le Midhe—ní hamháin croílár na hÉireann de réir na tuisceana ag an am, ach croílár na cumhachta polaitíochta féinig—ardú stádais, ní ar

bhonn dáiríre ach ar bhonn siombalach, do dhreamannaibh mar iad; agus mar a chítear, thá an sliocht so thuasluaite dírithe go hiomlán ar ísliú stádais, .i. mar a dhéantar forshlonnadh do shaorshlonnadh. Ach is diocair neamhaird a thabhairt ar an dtuairim so mar sin fhéinig.

Ar an gcéad dul síos, mar a dúrag ní ba luaithe, adeirtear gurbh í Meadhbh Leathdhearg, .i. bandia flaithis Teamhrach féinig de réir na cosúlachta, a thug nimh do Lughaidh Laoighseach agus a dhealaigh na Laoighis agus na Fothairt i seacht ranna agus a scaip ar fuaid Chúige Laighean iad ionas ná beidíst i réim a thuilleadh (Ó Máille, 1928, [*ZCP* 17] 137; Byrne, 1973, 51). Is féidir a leithéid a thuiscint mar scéal fáthchiallach, .i. Meadhbh, pearsanú Teamhrach féinig, agus í ag séanadh a hiarmhuintire. Ina theannta san, thá fianaise sheandálaíoch againne do dhream a bhí i gcontae na Mí ar dtúis agus a bhog soir ó dheas, .i. Uí Eanach(gh)lais. Dream Laighean ab ea iadsan a chuireadh fútha mar a bhfuil an tInbhear Mór i gcontae Chill Mhantáin inniuimh ach thángthas ar chloich oghaim gar do Bhaile Shláine i mbar. Dhamhliag Uachtaraigh i gcontae na Mí ar a bhfuil Uí Eanach(gh)lais greanta: .i. MAQI-CAIRATINI AVI INEQAGLAS (Macalister, 1945-9, [1] 45). Más rud é go bhfuil an chloch so *in situ*, léiríonn sé go raibh Uí Eanach(gh)lais i gcontae na Mí ar dtúis sarar chuir Uí Néill an ruaig ortha (Byrne, 1973, 137-8, 142; Ó Cróinín, 1995, 53). Gheibhtear Laoighis mar a bhfuil an tInbhear Mór leis mar a thuigtear, .i. Laoighis Ua nEanach(gh)lais agus Laoighis eile, dar thugag Laoighis Raimhne, a bhí gar dóibh i bhFearann na gCeinéal mar a bhfuil Síol Maoluír i Loch Garman inniuimh.

Laoighis Chúile Buichle

Laoighis Chúile Buichle %(*Laoighis of Cúil Buichle*) %People in terr. of *Cúil (3), tl. Coole, p. Clonagheen, b. Maryborough W., LS. Laoighis Leathanfhada were perh. an offshoot of Laoighis Chúile Buichle as both desc. from Seanach Mór. %**Trad. deriv.:** *Síl Senaich Móir Láeches Leathanada* [*Leathanfhada*] *7 Láechfhes Cúile Buichle*, CGH 126b52 [v.l. *Senach Mór a quo Laígis Chúili Buichle*] (= GT 141; LGen. 556.13). **Short form:** *De Genealogia Loíchse Cúile 7 Réta* (v.l. *Genelach Laíchsi Réta .i. Cúili Réta* / *Nunc Laígis Réta .i. Réta .i. Cúili*

Réta so), CGH 127a31. *Síol Seanaigh .i. Laoighis Cuile*, LGen. 557.3. *Bran Ardchend mac Muridaig .ix. a loscad ⁊ a ben i Cill Cule Drumai i lLaígis Chuile la Finacta Cetharderc mac Cellaig / Augaire mac Dunlaing .uii Dond Slebi mac Mael ra loisc tech fair ac Dubloch i lLaigis Chule*, LL 5438 / 5480.
Leathanfhada geneal.: *Áeducán m. Snédgusa m. Rudgusa m. Snédgaile m. Déichsenaich*, CGH 127a1. %Cf. LHS 36-7.

Brí

Thá dhá mhíniú ag an bhfocal Cúl / Cúil, .i. 'droim' agus 'cuas'; is dócha gur cúil é aon áit ina bhfuil foscadh ann. Is diocair idirdhealú a dhéanamh eatartha, mar aon áit a mbíonn droim nú iomaire bíonn foscadh taobh leis: 'there are very few unambiguous examples of *cúl* 'back' in place-names among our early Irish sources' (Toner, 1996, 7, 115). Thá sé mar riail, mar sin, gan idirdhealú a dhéanamh eatartha ag eagathóiríbh an Tionscnaimh *Locus* (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Cúil). Is diocair Buichle a scaoileadh leis.

Suíomh

Tl. Coole, p. Clonenagh and Clonagheen, b. Maryborough W., LS (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Cúil [3]). Do scríg Ó Murchadha (1999, 37):

> The *Cúl* or *cúil* which gave its name to Laígis Chúile (Buichle) is perhaps the same as that which is found in '*Colmán Cúili .i. Colam Cúili .i. Cluain Caín i samad Finntain*' ... In later centuries it became 'Siffynton', a church and ville at or close to Maryborough/ Port Laoise. The *samad* may have extended for some distance; Cluain Chaín may have been in the tl of Clonkeen ... also in this area ... were 'Cell Cule Dumai i Laígis Chuile' and 'Dubloch i Laígis Chule'.

Thá Ó Murchadha den tuairim chón maith gur theith Laoighis Réada go cuid de chrích Laoighse Cúile Buichle nuair a ghoibh na hOsraighe iarcheantar Laoighse Réada sa tara leath den 10ú haois, agus go háirithe i ndiaidh shionaid Rátha Bhreasail in 1111 AD (féach Laoighis Réada; Ó Murchadha, 1999, 53): 'In moving eastwards, Laígis Réta must have impinged on Laígis Chúile (Ó Murchadha, 1999, 54) ... It [*samad*] later became the heart of the Laígis Uí Mhórdha territory' (ibid., 37). Dob'fhéidir gurb í sin an chúis go bhfuil cuid do Gheinealaibh Laoighse Cúile

Buichle curtha le Laoighsibh Réada i gcorpas na ngeinealach (O'Brien, 1962, 127a31): 'De Genealogia Loíchse Cúile ₇ Réta (v.l. Lec.: Genelach Laíchsi Réta .i. Cúili Réta)'.

Laoighis mhic Fhinn

Laoighis Mhic Fhinn (*Laoighis of the son of Fionn*). People in p. *Maoin, b. Kilkea and Moone, KE (Perh. an alt. name for / subset of *Laoighis Tulcha Breaghmhain). **Location** *Oc dul do Pátraic i n-íarthar Liphi, dorónsat maicc Laígse cuitnecha uisci forsin sétt fora chind … ocus dobert* [*Pátraic*] *mallachtain for Laigis* (*.i. for Laígis maic Find, dú itá Móin Choluim indíu*) *… na bíath rí na epscop úadib, ₇ is flaith echtrann bías forrú co bráth*, BP 2195-201 (= VT i, 187-8). Cf. BAd. 18; LHS 36.

Brí

Laoighis mac le Fionn. Ach ní fios cérbh é an Fionn so.

Suíomh

Ní mhaireann ach foinse amháin fútha in *Bethu Pátraic* go bhfios dom agus is léir ón bhfoinse féin, 'Laígis maic Find, dú itá Móin Choluim indíu' (Mulchrone, 1939, [*BP*] 2195-2201), gur bhaineadar le par. Mhaoine i mbar. Chill Chá agus Mhaoine, contae Chill Dara (Ó Murchadha, 1999, 36). Mar sin fhéinig, is diocair a rá, óir thá na hachainní chón gann sin, an dream de Laoighsibh fé leith iad nú an rabhadar mar chuid des na seacht Laoighsibh traidisiúnta?

Laoighis Raimhne


Laoighis Raimhne (*Laoighis of Raimhne?*). People in terr. Fernagenal / Farnygeneale (*Fear(ann) na gCeinéal), located in *Uí Bhairrche, poss. in or nr tls Ballyhealy N. / S. and Ballyhealy Castle, p. Kilturk, b. Bargy, WX. **Trad. Deriv.:** *Síl Diarmata Laíches Raimne* (v.l. .i. *nomen collis*, **[alt. Name:]** *Laiges Fer na Cenél*), CGH 126b51 (= LGen. 141-2: v.l. *Laigis Naimne* [*sic.*]). **Geneal. refs:** *Genelach Loíchse Raimne: Rónán m. Snédgusa … Carpri m. Bairr m. Cáirthind*, CGH 127a26 (= LGen. 557.6). **Location:** Genelach Loíchse Raimne … Flannacán i mBairrchiu, Forannán a quo Clann Elge, CGH 127a28-30. Cf. LHS 36; SDE 304; MedI 261; TNWX ii, 1552; TP[1] lvi-lvii, n. 471. See Uí Bhairrche, Clann Éilghe.

Brí

Deirtear i ngluais áirithe i leagan LL don gcorpas geinealaigh gur ainmníog an ceinéal as cnoc: ‘Laiges Rámne .i. nomen collis’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 126b51). Ní mhaireann ainm an chnoic inniuimh áfaigh agus ní fios brí an fhocail *raimhne* / *raimhin* ach an oiread. Mar sin, is diocair suíomh an dreama a lonnú.


Suíomh

Do bhí Diarmuid Ó Murchadha (1999, 36) den dtuairim go raibh Laoighis Raimhne lonnaithe i bhFear(ann) na gCeinéal, ceantar athá ar aon dul le Bar. Shíl Mhaoluír Thoir inniuimh (Ó Donnabháin, 1862, [*TP[1]*] lvi-lvii, n. 471; Orpen, 1892 [*SDE*] 304; Ó Crualaoich agus Mac Giolla Chomhghaill, 2016, [*TNWX* 2] 1552; MacCotter, 2008, 261). Is é an ghluais ina luaitear Fearann na gCeinéal ar imeall leathanaigh 318 de



Fíor 133: Comthéacs na gluaise LL lch 318a34-5: https://www.isos.dias.ie/TCD/TCD_MS_1339.html

Leabhar na Nuachongbhála (LL) a bhaineann le geinealaibh na Laoighse bunús a argóna. Do léirigh O'Brien (1962, 126b51) an ghluais seo in *CGH* mar a leanas: 'Laíches Raimne (v.l. Laíges Fer na Cenél, LL)'. Ach cheap eagarthóirí leagan foilsithe na lámhscríbhinne féinig go raibh an ghluais chéanna ag tagairt do Dhubh-Laoighsibh agus do Laoighsibh Tulcha Breag(h)mhain a luaitear díreach i ndiaidh Laoighse Raimhne: 'Sil Senaig Bic .i. Laiges Fer na Cenel dano Dublaiches 7 Laiges Bregmon nomen collis' (Best et al., 1954-83, [*LL*] 40925). Léiríonn an t-easaontas so fadhb mhór: ní fios an dream athá i gceist ag an ngluais seo go beacht agus is dócha gur ghlac an Murchadhach lena bhfuil in *CGH* i nganfhios na faidhbe so. Má fhéachaimíd, ar chomthéacs na gluaise ar leathanach na lámhscríbhinne féinig (*Fíor* 133 agus 134), chífear an diocracht so láithreach mar aon le faidhb thromchúisigh eile. Is é sin go bhfuil an ghluais féinig millte agus caithte a mhóire san ná fuil le feiscint ach 'Laiges ...r na ...l-' (tugtar 'Laiges Fer na cenl-' insa *facsimile*). Mar sin arbh é 'Laiges Fer na Ceinéal' a bhí ann an chéad lá?




Fíor 134: Gluais 'Laoighis Fhear na gCeinéal' (doiléir), LL lch 318.35-6: https://www.isos.dias.ie/TCD/TCD_MS_1339.html

Ag casadh ar chomhthéacs na gluaise fhéinig aríst, chífí dhá shiombail ar aon dul le *signes-de-renvoi* nú *carets*, ceann amháin buailte os cionn na gluaise agus ceann eile fé bhun na gluaise (*fíor* 135). Thá an tsiombail chéanna buailte os cionn 'Síl [Diar]mada Laiges Raimhne' (féach thíos) agus b'fhéidir mar sin gur cheap O'Brien gur bhain an ghluais leobhthasan. Ach má fhéacaimíd ar mhacasamhail den leathanach ón *facsimile* thíos (Atkinson, 1880, 318), chífear ná fuil an tsiombail curtha le 'Síl Diarmada' amháin ach thá a leithéid curtha le roinnt mhaith tráchtaireachtaí eile ar fuaid an leathanaigh sin (*fíor* 136).



Fíor 135: siombailí (signes-de-renvoi): ISOS (ibid.)



Fíor 136: signes-de-renvoi ar fuaid na lámhscríbhinne


An é mar sin go bhfuil na siombailí so:

> (a) neamhspleách ar an ngluais féinig?
> (b) an siombailí, *carets* nú *signes-de-renvoi* iad le gluaiseannaibh eile a léiriú ach níor chuireag na gluaiseanna leobhtha aige deireadh?
> (c) an mbaineann an ghluais, 'Laiges Fer na Ceinéal' (más é sin athá ann), le gach tráchtaireacht go bhfuil an tsiombail so buailte léithi?

Tháid na siombailí so ar aon dul leobhthasan go dtugann Christina Cleary (2020, 108) *paragraph marks* ortha: 'another attention sign used to highlight two passages of rhetoric in the LL version of *TBC* is a character that consists of one curved verticle line, akin to a long *s*, with two strokes through it'. Tagann a leithéid d'fheidhm leis na siombailíbh athá buailte in aice le LL 318b27, ina dtosnaíonn sliocht ar Niall Naoighiallach, agus LL 318c19, ina bhfuil cuntas ar 'Conaille Murthemne' (*fíor* 136). Bíodh is gur fíor san, do thugas stracfhéachaint ar roinnt leathanach mórthimpeall an leathanaigh chuí (318) agus is léir go n-úsáidtear iad go forleathan ins na geinealaibh ach thá an chuma air go bhfuil feidhmeanna difriúla ag an siombail ins na leathanaigh so. Cuir i gcás lch 317, is suntasach an rud é go bhfuil gluais curtha le gach ceann acu insa tslí go bhfeidhmíd mar *signes-de-renvoi* nú *carets* agus b'fhéidir mar sin nár chuireag na gluaiseanna cuí leis na siombailíbh eile ar lch 318 aige deireadh mar a bhí beartaithe.

Más siombailí ailt nú *signes-de-renvoi* iad, an é mar sin go bhfuil an ghluais 'Laiges Fer na gCeinéal' go hiomlán neamhspleách ar na siombailíbh eile a luann na Laoighis? Más ea is ait ná tugtar eadhón i lár an téacsa féin lena léiriú go mbaineann an ghluais leis an gcuid chuí den dtráchtaireacht. Thá eadhón buailte os cionn Laoighse Raimhne go soiléir agus b'fhéidir os cionn Laoighse Tulcha Breaghmhain, ach tugtar gluaiseanna idirlíneacha leobhthasan, '.i. nomen collis'. Mar sin fhéinig, seans gur chuireag na gluaiseanna idirlíneacha so leis an dtéacs ní ba dhéanaí i ndiaidh an eadhóin a bheith os cionn Laoighse Raimhne cheana féin; ach ní fios. Diocracht eile is ea go bhfuil an meamram féin caithte um a bhfuil na tagairtí de Laoighsibh Raimhne agus de Laoighsibh Tulcha Breaghmhain.

Ach dá mba rud é gur ghluais neamhspleách é a thagraíonn do Laoighsibh Raimhne amháin, bheinn ag súil, ó thaobh *mise-en-page* de, go mbeadh an ghluais buailte ní b'airde mar a mbeadh sé comhthreomhar le Síol Diarmada agus Laoighis Raimhne. Mar sin ó thaobh *mise-en-page* de, seans go mbaineann an ghluais le Síol Seanaigh Bhig, .i. Dubh-Laoighis agus Laoighis Tulcha Breaghmhain. B'fhéidir mar sin gurbh í seo an chúis gur chuir eagarthóirí tras-scríbhinn LL an ghluais le Seanach Beag: 'Sil Senaig Bic .i. Laiges Fer na Cenel dano Dublaiches ⁊ Laiges Bregmon nomen collis' (Best et al., 1954-83, [*LL*] 40925).



Fíor 137: mise-en-page na gluaise in LL 318a: ISOS (ibid.)

Ach i gcás na siombaile, sílim go bhfuil fírinne ins an tuiscint go bhfuil sí ag tagairt do gach cuntas ar Laoighsibh a bhfuil an tsiombail leis. Ar an gcéad dul síos, léiríonn Cleary (2020, 108-9) go n-úsáidtear na siombailí so ar fho-uair chun píosaí eolais gaolmhara a léiriú: 'the paragraph mark is used once beside *co hEtatchar* on p. 94c, which marks the last four names containing the second element *-car* "loving", showing that they belong together as a set'. Ar an tara dul síos, má thugaimíd aird ar ábhar na gcuntas féin, chífí go mbaineann na siombailí leis na dreamannaibh a shíolraíonn ó **Earc mac Milighe**, go háirithe ó **Chomhghall** nú mic eile a athar, **Domhonghart**. Chun é seo a léiriú, tras-scríobhaim na tráchtaireachtaí cuí ó LL 318; thá an chuid so curtha in eagar aige O'Brien cheana mar chuid den *CGH* (1962, 126b41-127a30) gan amhras, ach sílim go mba chóra anailís a dhéanamh ortha ó thaobh comhthéacsa LL féinig. Seasann > in áit na siombaile agus seasann '|' do thús na líne, m.sh. ciallaíonn > | go bhfuil an tsiombail ar imeall na líne / lámhscríbhinne:

> [318a16] Gen*elach* Laigsi. Laegsech cendmor mac *con*aill c*er*naigh is uad atat Laigsi a quo Milige … [318a19] da mac leis. **erc** ⁊ **factna** ... [318a31] > | ... > **Erc**

mac Milge a quo co*m*gall m. Do*m*ong*air*t m. B*air*r m. sa*r*bile m. cor*m*a*ic* ... m. Gua*ir*e **m. eirc m. milige** [318a34] m. i*n*tait. > Sil [Diar]mata. [318a35] > | Laiges Raimne[i. no*m* collis]. > | Sil senaig [b]ic da*no* [318a36] Dublaiches 7 Laiges Bregmon[nom. collis(?)]. [318a37] Sil senaig moir Laiges Lethnada [318a38] 7 Laiges cuile buichle**:**

> [318a39] Cumascach m. Cathniad m. Dung*u*sa m. n*ar*chon m. decsen*a*ig m. cuilini **m. brocain** m. senaig m. **comgaill** (fágtha ar lár i lámhscríbhinníbh eile) m. **Do*m*ong*air*t**.
>
> Cf.
>
> [318b21] G*enelach* Laigsi cúile.. Cathnia m. dung*u*sa m. n*ar*chon m. decsen*a*ig m. cuileni [**m. Brocain**] m. senaig m. **co*m*gaill m. domong*air*t m. bairr**.

> | [318a59] **Comgall** [mac Lugnai meic Éoghain] **a quo Broccan**. Is e a fe[rann] [318a60] **fan lethan 7 ind nuachongbail** ...

> | [318b1] **Berach fi*n*d m. do*m*ong*air*t m. b*air*r m. s*ar*bile** …

Ruitheann sé liom go mb'fhéidir gurb ionann Fán Leathan thuas agus Leathan fhada i gcás Laoighse Lethnada agus mar sin seans go raibh an dream so lonnaithe um a bhfuil Nuachongbháil, .i. b.f. na Nuachabhála i bpar. / mbar. an tSráidbhaile i gcontae Laoise. Léiríonn, pé scéal é, an tagairt do Nuachongbháil anso nárbh féidir an ghluais 'Laiges Fer na Cenél' a bheith ag tagairt do gach tráchtaireacht ina bhfuil an tsiombail curtha léithi. An t-aon tráchtaireacht go bhfuil siombail léithi agus go bhfuil baint dhíreach aici le Síol Maoluír is le Fearann na gCeinéal ná an ceann deireannach ina luaitear Easbog / Naomh Iobhar a bhunaigh mainistir cháiliúil insa dúthaigh sin. De réir na tráchtaireachta so, bhaist an naomh dhá mhac déag Bhairr mhic Cáirthinn agus is anso leis a thugtar geinealach Laoighse Raimhne a shíolraíonn ó Chairbre mac Fhearghasa mhic Bhairr i gcás LL agus Lec. [+ mic Cáirthinn] ach ó Chairbre mac Bairr mhic Cáirthinn i leagan Rawl. B. 502 den ngeinealach chéanna:

> | [318b7] Eps*cop* ib*ar* t*rá* ro baiste da m*ac* dec b*ai*rr [318b8] meic c*air*thind. A cethir lia m*áthai*r *con*a fod [318b9] laib .i. i feru*n*d a *m*m*áthar* ro gabsat ferand: [318b10] .i. ferg*us*. enna. nathi. aed. A coic dib [318b11] i *m*maig reta.[i. Ferchuir.

bresal. enna. [318b12] dubbronach. Fi*n*dech. Luchtig*er*n. A trí [318b13] dib i feib[.i. i*n* .h. bresail]. Eoghan. Lugaid. Di*arm*ait. [318b14] Ad-róp*ar*t co brath e a mbiu ₇ a m*ar*bu [318b15] a úi do eps*cup* ib*ar*.

> [**318b15**] gen*elach* laigsi ra*m*ne. Ronan m. sneds*gu*sa m. Duib-tiprat… m. senaig m. aeda m. cor*pri* m. fer*gu*sa [***fágtha ar lár in Rawl. B 502***] m. b*air*r [m. Cáirthind, ***fágtha ar lár in LL***]

Ar an gcéad dul síos, deabhraíonn sé gur shíolraitheoir comónta Laoighse é Barr mac Cáirthinn agus nár shíolrathóir Laoighse Raimhne amháin é toisc go raibh clanna le Barr mac Cáirthinn, de réir an traidisiúin so, ‘Ferchuir. bresal. enna. dubbronach. Fi*n*dech. Luchtig*er*n’, ina gcónaí i Maigh Réada: .i. críoch ríoga na Laoighse a bhain le Laoighsibh Réada go traidisiúnta (cé ná luaitear na hainmneacha san leo ina gcuid geinealach).

Bunaithe ar an méid thuas, chítear dom mar sin go bhfuil dhá thraidisiún sáithte le chéile anso: ceann inar shíolraíog na Laoighis neamhríoga ó Earc mac Milighe, ‘a quo **co*m*gall m. Do*m*ong*air*t m. B*air*r m. sa*r*bile**’, agus ceann eile a shíolraíog ó **Bharr mac Cáirthinn**. Is léir gur dhein scríobhaí(ithe) LL iarracht an fhadhb so a sheachaint toisc go bhfágtar an tagairt do Cháirtheann ar lár i ngeinealach Laoighse Raimhne, agus mar sin, do gheobhfaí geinealach Laoighse Raimhne a chríochnú go teoiriciúil le **Barr mac Sairbhile**. Ní nach ionadh mar sin gur chuireag an tsiombail le Laoighsibh Raimhne in LL lena léiriú gur bhaineadar le hEarc mac Milighe. Ach dhein fir léinn Lec. cleas eile chun a leithéid de dhiocracht a sheachaint: .i. chuireag **Mac-Cáirthind** le **Sarbhile** i ngeinealach dóibh súid a shíolraíonn ó Earc mac Milighe: co*m*gall m. Do*m*ong*air*t m. B*air*r m. **sa*r*bile [Lec.** qui ₇ **Mac-Cáirthind** dicitur (O’Brien, 1962 [*CGH*] 126b49, 127a32)**]** m. cor*m*a*ic* ... m. Gua*ir*e **m. eirc m. milige**’.

Thá dul amú nú easontas soiléir insa chuntas seo cheana féin toisc go dtugtar ainmneacha do thrí mhac dhéag Bhairr mhic Cáirthinn cé go ndeirtear ná raibh ach dáréag aige. Ina theannta san, thá dul amú i ngeinealach Laoighse Raimhne féin fiú, bunaithe ar an loighic idirmheánach gur de shíol shíol Bhairr mhic Cáirthinn iad, óir adeirtear ins an geinealach de réir Rawl. B 502 go síolraíonn Laoighis Raimhne ó Chairbre mac Bairr mhic Cáirthinn ach ní luaitear Cairbre i measc dhá (.i. trí) mhac

dhéag Bhairr mhic Cáirthinn. Thá Fearghas curtha le geinealach Raimhne in LL agus Lec. mar sin fhéinig, .i. ‘co*rpri* m. fergusa m. b*air*r’. Is dócha de réir deabhraimh gurb ionann an Fearghas so agus an Fearghas i gcuntas ar naomh Iobhar thuas: ‘a cethir lia m*áthai*r *con*a fodlaib .i. i fer*u*nd a *m*m*átha*r ro gabsat ferand: .i. ferg*us*. enna. nathi. aed’. Thá ceist le freagairt anso mar sin, .i. ar fhágag ‘Fearghas’ ar lár tré thimpiste in Rawl. B 502 nú ar athchóiríog an téacs in LL agus Lec. bunaithe ar chuntas Naoimh Iobhair? Má thá fírinne insa tuiscint gur shíolraigh Laoighis Raimhne ó Fhearghas, tugtar leid dá chríochaibh i gcuntas Naomh Iobhair thuas:

> Epscop ibar trá ro baiste da mac dec bairr meic cairthind. A cethir lia máthair cona fodlaib .i. i ferund a mmáthar ro gabsat ferand: .i. fergus. enna. nathi. aed.

De réir an chuntais seo, adeirtear go raibh Fearghas, Éanna, Nath Uí agus Aodh lena rannaibh ar fhearann a máthar; fearann a ghabhadar de réir LL amháin. Ní fios máthair na gceathrar so mar sin fhéinig agus mar sin tháimid i bponc aríst. Tugtar cur síos éagsúil in Rawl. B 502 agus in Lec. ina ndeirtear go rabhadar lena n-athair siochas lena máthair: ‘cethir lia n-athair cona fodlaib’. Ach ní fíos suíomh an Bhairr mhic Cáirthinn so ach an oiread. B’fhéidir ná fuil de dhifear eaturtha ach míthuiscint ar *m*- nú *n*- uas-scripteach i gcás ‘lia máthair / lia nathair’ mar sin fhéinig. I gcás na tuisceana thuas go síolraíonn Laoighis Raimhne ó Dhiarmuid, .i. ‘Sil [Diar]mata Laiges Raimne’, ní luaitear aon Diarmuid i ngeinealach Laoighse Raimhne thuas nú i ngeinealaibh Laoighse eile athá ar marthain. An t-aon Diarmuid a thugtar is ea Diarmuid mac Bairr mhic Cáirthinn i gcuntas naoimh Iobhair: ‘A trí dib i feib[.i. i*n* .h. bresail]. Eoghan. Lugaid. Di*arm*ait’. Léiríonn LL i ngluais idirlíneach gur bhain Diarmuid le hUíbh mBreasail. Thá Breasal mar eilimint in Ráith Bhreasail, áit a raibh sionód Rátha Bhreasail in 1111 AD agus ceann des na féidearthachtaíbh do shuíomh Rátha Bhreasail is ea b.f. Mhaighean Rátha i bpar. Ua bhFaircheallain i gcontae Laoise (Ó Murchadha, 1999a, 154). Ach thá suíomh an tsionaid so conspóideach; mholag suíomhanna eile don tsionad i gCorcaigh agus in Ard Mhacha agus mhol Diarmuid Ó Murchadha (1999a,




Fíor 138: Par. Bhaile Uí Bhreasail i mbar. Shíl Mhaoluír i gco. Loch Garman: https://www.logainm.ie/ga/2522/

158) féinig b.f. Chluana Breasail i mbar. Éile Uí Fhógarta. Mar sin fhéinig, thá Uí Bhreasail eile i mbar. Shíl Mhaoluír / i bhFearann na gCeinéal, .i. b.f. agus par. Bhaile Uí Bhreasail; suíomh a bheadh oiriúnach d'oidhreacht Dhiarmuda (*Fíor* 138). Ceangal cuíosach lag is ea é ach treisíonn na leideanna eile i ngeinealaibh Laoighse Raimhne an nasc idir Laoighsibh Raimhne agus Loch Garman mar sin fhéinig. Díreach i ndiaidh geinealaigh Laoighse Raimhne a thabhairt, tugtar oidhreachtaí dhúthaí fodhreamanna don mhuintir a shíolraíonn ó Dhubh-thiobraid, .i. Clann Fhlannagáin, a shíolraíonn ó Shnéadghus nú Aonghas mac Dubh-thiobrad, agus Clann Éilge a shíolraíonn ó Fhorannán mac Dubh-thiobrad.

> [LL 318b15] gen*elach* laigsi ra*m*ne. Ronan m. **snedg*usa* m. Duib-tiprat**… m. senaig m. aeda m. cor*pri* m. ḟerg*usa* m. b*air*r.
>
> [318b16] **Fla*n*nacan** m. ruidgi*us*a m. ruadg*us*a m. **Snedg*usa***.
>
> [318b16] Tri m*ac* duib-thiprat .i. snedg*us*a ₇ oeng*us* a quo c*lann* **ḟla*n*nacai*n* i mbairrchiu**. **Fo*r*annan** a quo **cl*ann* Elge**.

Tugtar an cur síos nach mór mar an gcéanna in Rawl. B 502 agus Lec. (O'Brien, 1962, [*CGH*] 127a28-30). I gcás Clainne Flannagáin, adeirtear go rabhadarsan 'i mBairrchiu' agus do bhí fodhream Fhorannáin i gClainn Éilghe (Clann Éilí). Bheinn den dtuairim gur rian de 'i mBairrchiu' é Uí Bhairrche, .i. bar. i Loch Garman an lae inniuimh. Agus mar a ráiníonn sé, thá rianta den eilimint Éilghe (Éilí), .i. 'Clann Elge', le fáil i dtrí bh.f. in oirdheisceart na barúntachta so: .i. Baile Uí Éilí Thuaidh is Theas i bpar. Tí Mhoshagard agus Caisleán Bhaile Uí Éilí i bpar. Chill Toirc.



Fíor 139: Bar. Ua mBairrche: https://www.logainm.ie/ga/276/



Fíor 140: Baile Uí Éilí Thuaidh is Theas agus Caisleán Bhaile Uí Éilí: https://www.logainm.ie/ga/54094

Bunaithe ar an méid so, bheinn cuíosach cinnte go bhfuil an ghluais neamhspleách ar na siombailíbh agus go mbaineann an ghluais, Fear(ann) na gCeinéal, le Laoighsibh Raimhne.

Laoighis Réada

Laoighis Réada (*Laoighis of (*Magh) Réada*) Primary sept from whom the kings of *Laoighis were drawn. They occupied the terr. of Magh Réada (lying partly W. of b. Clarmallagh, but mainly in b. Clandonagh, LS) with their royal fort at *Ráith Bhacáin, perh. later known as *Ráith Dhomhnaigh. Following the synod of *Ráith Bhreasail in 1111, the *Osraighe annexed the terr., displacing Laoighis Réada to terr. encompassing *Cúil (3), which was already home to *Laoighis Chúile Buichle, and *Bearnas (2). From the eleventh century onwards, the line of succession within Laoighis Réada shifted, whereby the dynasty of Mórdha henceforth provided the kings of the Laoighis. *Uí Mhórdha may have resided at *Dún Náir, Rossadown (*Ros an Dúin), in p. Offerlane, nr *Sliabh Bladhma, and perh. later at *Dún Másc (tl. Dunamase), LS. **Early ref.:** *Is la ríg Laíchsi Réta trá a fecht ⁊ a slógad, a cáin ⁊ a cobach, a cís ⁊ a mbés na secht Laíches*, CGH 127b12 (= LGen. 556.13). **Later location:** *Cath Bernais* (*.i. ubi Laoiges Reta nunc*) *rabert in Cú*, LL 6410 (= MM 481) **Geneal. refs:** *Fachtna mac Milige a quo Baccán … Síl mBaccáin meic Lugdach loíchsich a quo Síl Mescill ⁊ Húi Dochlú ⁊ Laíches Réta huile* / *De Genealogia Loíchse Cúile ⁊ Réta* (v.l. *Genelach Laíchsi Réta .i. Cúili Réta … Nunc Laígis Réta .i. Réta .i. Cúili Réta so*) / *Ladrann Lergnaid* (v.l. *Leargnad dia tád Húi Leargnaid la Laígis Ráeda*), CGH 126b42-48 (= LGen. 556.10: v.l. *Bacan mac Laoisigh, a quo Laoighis Reda uile*) / 127a33 (= LGen. 556.14) / 118a39. **Kings of:** *Enda mac Eogain do Laigis Ráeda, tenens principam annis .xxuí.*, ATig. 569 (= VT ii, 514). *Ferghal, mac Augráin, tighearna Laoighisi Rétae, dég. Faolán, mac Ferghaile, tanaisi Laoighisi Retae, do mharbhadh*, AFM 958 (ii, 678). **[Short form:]** *Ad-raegaid trá Bran Úa Fáelain … rátha i n-óg na saíre-seo. Ad-raegatar na flaithi olchena arriu fadeisne … It é na rátha ad-rogesa sund … Lapán ocus Mescall do Loígis*, Celtica 18, 44. *Mors Mescill, rí Laíchse*, AI 799 [sic.]. *Land ingean Dunlaing … Ba hí máthair Cennedigh mc. Gaithine í, .i. ri Laoighsi* / *Ár for Gallaibh oc Mindroichit*

la Cennedig mc. Gaithine, rí Laoighsi, 7 la tuaisgirt nOsraighe / *Tainig Cinnetigh mc. Gaithin, rí Laoighsi, … 7 Laoigheas go ndreim do Osraigibh … go Longport na Lochlannach* / *Tainig dno Cearbhall mc Dunlaing 7 Cennétig mc. Gaithin, ri Laoighsi, … go rangattar Dún mBolg, 7 ro gabsat longport ann sain* / *Ugran mc. Cennedig, rí Laoighsi*, FAI § 227 (866) / § 329 (866) / § 338 (866) / §387 (870) / §423 (900). *Cennetigh m. Gaithini rex Laichise …* [*7*] *rex Turbi mortui sunt,* AU[2] 903.3. *Gáithin mc. Ugrain, righdamhna Laoighisi, moritur*, FAI § 439 [912] (= AFM 906 [iii, 576]: v.l. *Gaíthine … táinisi Laighisi*). *Cath Cinn Ḟuait … condid ann do-cer … Augran m. Cennetigh, ri Laichse*, AU[2] 917.3 (= CGG 34: v.l. *Mugróin*; AFM 915 [ii, 590], v.l. *Mughron … tighearna na tTrí cComann 7 Laighisi*). *Cathal mac Odhráin, tighearna Laoighisi, 7 Cuilen, mac Ceallaigh, tighearna Osraighe, décc* / *Maelmuire mac Cenndubháin, tanaisi Laoighisi, décc* / *Cindetigh mac Fergail, tigherna Laighisi, dég*, AFM 931 (ii, 626) / 933 (ii, 630) / 1014 (ii, 784). ***Uí Mhórdha kings:** *Lachtnán mc. Cernaigh, rí Duin Nair Laoighsi*, FAI §454 (913). *Aimhirgin H. Mordha, ri Loigsi, interfectus est*, AU[2] 1026.6 (= ATig.; AFM ii, 810). *Faelan Hua Morda, rí Laigsi, do dallad la Murchad mac nDunlaing* / *Cu Críche Hua Dunlaing, ri Laighsi … do marbad*, ATig. 1041 / 1041. *Cuchogrithi nadegig degmeic* [i.e. *Domnall*] *leygsid … Mac conchogrithi crod den omorda*, Celtica 8, 183. *Amairgen O Morda, rí Laigsi quieuit* / *Mac maic Aigenain, rí Láigse, subita morte periit*, ATig. 1097 / 1108. *Domhnall hUa Gilla Patraic … 7 Concobur hUa Broigthe … 7 Paitin hUa hAedha … do mharbadh do Mac Craith hUa Mordhai 7 do Laichis* / *Ruaidhri hUa Mordha, rí Laigheis, do marbadh d'a braithribh fein 7 d'a lucht tighi*, AU[1] 1165.2 [ii, 147] (= ATig.) / 1354 [ii, 497] (= ACon. 1354.3; ALC ii, 11). *Fachtna mac Dauid h. Morda adbar rig Laigsi quieuit* / *Maelechlainn h. Morda ri Laigsi mortuus est* / *Maidm Atha duib la Gilla Patraic h Morda ri Laigse for Gallaib* / *Cedach h. Morda ri Laigsi mortuus est don tregait*, ACon. 1377.13 (= ALC ii, 54) / 1398.17 (= ALC ii, 82) / 1404.13 (= ALC ii, 108) / 1464.11. *Domhnull O Mórdha, rígh Láoidhisi, mórtuus est*, ALC 1476 (ii, 168). **Ext. form:** *Techt in Erinn … Loard Furnamal ... Laighis h. Morda do milled do 7 caislen na Culenntraigi* / *Caislen na Cuilentraighe do brisedh … d'argoin d'Iarla Cille Dara .i. Geroid mac Geroitt ar Laíghis hI Mordho* / *Mac Toirrdelbaig Oic Meic Domnaill Consapla galloclaech an Iarla do marbad le Láighis* [*Uí Mhórdha*], ACon. 1415.2 / 1514.4 (= ALC ii, 218) / 1514.5 (= ALC ii, 218). **Lat. source:**

Leix … comiratu fita cujus priscus dominus O Morra a primo conditore genus ducens, Ogygia 293-4. Also Index AFM. Cf. ECI 531; LHS 36-54; MedI 173, 183.

Brí

Ní fios brí na tara heiliminte. Ach ainmnítear iad as ceantar Réada / Maigh Réada: 'so-called from their tenure of Réta or Mag Réta' (Ó Murchadha, 1999, 37). Ach ba léir gur phríomhcheinéal nú ceinéal ríoga na Laoighse iad toisc gur chaith na seacht ranna eile Laoighse cíos a dhíol dóibh: 'Is la ríg Laíchsi Réta trá a fecht $_7$ a slógad, a cáin $_7$ a cobach, a cís $_7$ a mbés na secht Laíches' (O'Brien, 1962, CGH 127b814). De réir na n-annála féinig, tagann rite an treabhchais go léir bhuatha nach mór.[78] Toisc go raibh stádas mar phríomhfhorshlonnadh Laighean acu, bhí neamhspleáchas fé leith aige Laoighsibh Réada an cíos a choimeád dóibh féin, de réir deabhraimh; níor ghá dóibh ach giollaí a thabhairt do Laighnibh, agus roinnt bídh le linn aimsir chogaidh: 'Ní-s-toirchet gilla ríg aile do rígaib Lagen acht gilla ríg Laíchsi Réta ... ní dlig dano rí Lagen braich ná biad do ríg Laíchsi Réta acht aige slige nammá .i. ag cacha haiccmi la Loíchis Réta in tan téite rí Lagen for crích Mumhan' (O'Brien, 1962 [*CGH*] 127b15-21). Mar adeir Charles-Edwards (2000, 531):

> The overking of the Loígsi, namely the king of the Loígse Réta, had in the past received the principal royal dues of 'the seven Loígsi'; the Loígse Réta, on the other hand, owed nothing to the king of Leinster beyond limited military service and provision of food in time of war. The ambition of the king of the Loígse Réta, therefore, was to ensure that as much as possible of the flow of renders and services upwards, from the minor kingdoms to the king of Leinster, remained in his hands rather than going onwards to the king of Leinster, or, even worse, bypassing him entirely and going straight to the king of Leinster.

[78] Fíric fhánach, ach suntasach mar sin fhéinig, go dtagann sraith rite na Laoighse Réada ins na geinealaibh nach mór leis an tsraith ina luaitear na rite ins na hannálaibh. Ní fios mar sin fhéinig a mhór de thionchar a bhí aiges na foinsíbh seo ar a chéile, nú an rabhadar neamhspleách ar a chéile i ndáiríribh?

Suíomh Laoighis Réada: Maigh Réada, Domhnach Mór, Ros an Dúin, Dún Másc

Éiginnte. Do ghlac scoláirí gurbh ionann Maigh Réada agus Maigh Reichead i mbar. Phort na hInse i gcontae Laoise. Is léir chón maith go raibh Hogan ina measc (Hogan, 1910, [*OnomG*] s.nn. Lecc Reda agus Mag Reto). Ach mar adeir Ó Murchadha (1999, 38): 'The confusion arose when John O'Donovan decided that Mag Réta (Magh Riada) was equivalent to Morret'. Do bhunaigh an Donnabhánach an tuairim sin ar bhéarlú Maigh Reichead mar 'Moyrettie', le guta táite ag an deireadh. Ach mar a thugann an Murchadhach fé ndeara (1999, 38):

> Whatever about the (unspecified) Irish pronunciation, O'Donovan was very selective in his anglicised examples ... which he took from a single inquisition ... where the name now spelled Morret is variously rendered Moyrettie, Moyrattie, Moyritty, Morrit. Rarely elsewhere does a vowel ending appear in anglicised renderings of Magh Reichead and there are dozens of examples from as early as 1297 (Mayreyth, Mayreght...) ... [and] though the forms Morette/ Morret appear as early as 1537 ... the medial '-ch-' is noticeable in ... Morrehitt in 1600 ... [and] Moyrched in 1627.

Thá tuairim eile do shuíomh Mhaigh Réada ag an Murchadhach, bunaithe ar leideannaibh athá le feiscint insan *De Peritia*, ina luaitear logainmneacha inar throid Lughaidh Laoighseach trí chath in aghaidh na Muimhneach. Deirtear gur thug Lughaidh féin 'tres cath i Maigh Réta ó Chorthíne co Slige nDala $_7$ co Áth Lagen' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 127b53). Is í Slí Dála an bealach traidisiúnta ó Theamhraigh go tuaisceart Chúige Mumhan, a bhain go háirithe, dar leis an Murchadhach (1999, 39), le hAchadh Bhó—i mbar. Clainne Donncha agus Chláir Mhaí Locha, i ndeisceart chontae Laoise—agus Ros Cré—i mbar. Ua gCairín, i ndeisceart chontae Thiobraid Árann. Ina theannta san, le linn Rátha Breasail in 1111 AD, nuair a shocraíog teorainneacha na ndeoisí go beacht, do ríomhag méid deoise Chill Dua ó Shlí Dála go Léim Chon Culainn, .i. Ceann Léime i gcontae an Chláir. I ruith an tsionoid chéanna, do ghoibh Muircheartach Ua Briain (Ó Murchadha, 1999, 39-40) an chuid is mó de thuaisceart Thiobraid Árann, Éile, i gcontae Uíbh Fhailí agus Cluain Fearta Molua, Tiobraid Árann (a bhí i Laois ar dtúis), fé réim dheoise Cill Dua. Agus is í an tuairim athá ag an Murchadhach go mbaineann Slí Dála go háirithe le par. Chluain Fhearta Molua, ar a dtugtar an Choill anois, ar chrích Thiobraid

Árann, agus mar a luann sé, tugann Céitinn féin ‘Bealach Mór Osraighe’ mar chomhainm ar Shlí Dála i bpar. Coille, áit ina síneann an príomhbhóthar ó Bhaile Átha Cliath go Ros Cré agus Luimneach inniuimh (Ó Murchadha, 1999, 40).

Ach i dtaobh Choirthíne, mar adeir an Murchadhach, níl aoinne tar éis suíomh suntasach dh’aimsiú dhe (Ó Riain, 2003-, [*HDGP*] s.n. Coirthíne). Ach luann Ó Murchadha (1999, 40) go dtugtar Áth Coirthíne mar chomhainm ar Choirthíne i leagan Lec. don *De Peritia*: ‘a Muig Reta o Ath Coirthine co Sligi nDala’. Is as Áth Choirthíne / Chairthíne a gheibheann Ó Murchadha Áth Charna, agus deireann sé gurb ionann Áth Charna agus Áth Charna i mbar. Chláir Mhaí Locha i gcontae Laoise (1999, 40). Thá má fhairsing idir an Choill so agus Áth Charna ina bhfuil an chuid is mó de lonnaithe i mbar. Chlainne Donncha, contae Laoise, agus cuid bheag eile de i mbar. Chláir Mhaí Locha, contae Laoise. Aimsíonn Ó Murchadha an mhá so mar shuíomh Mhaigh Réada (1999, 40), agus chun cur leis an argóint so, deineann sé (ibid., 40-41) tagairt de *Notulae* i Leabhar Ard Mhacha ina luaitear an ainm Domnach Mór Maige Réto. An t-aon cheantar i gcontae Laoise ina bhfuil séipéal / paróiste ar a bhfuil an ainm Domhnach Mór is ea an ceann i mbar. Chlainne Donncha, i lár na má céanna idir an Choill agus Áth Carna.

Ina theannta san, thá seans ann go bhfuil tagairt d’ainm dhún Laoighse Réada i scéal fáthchiallach athá curtha leis an leagan anaithnid de *Bethu Phátraic* —athá bunaithe ar chuntas macasamhlaithe fé mar athá i leagan Mhuirchú. Insan scéal sin, tagann Pádraig ar fhearaibh i nDomhnach Mór Maighe Réada athá ag tógaint dún na *túaithe* aitiúla, ar ar thugag Ráith Bhacáin.[79] Iarrann Pádraig ortha go stopfaidíst de bheith ag tógaint an dúin, ach dhiúltaíodar dó, agus cuireann Pádraig a mhallacht ortha go mbeidh mí-ádh ar an ndún go deo, agus ní bheidh aoinne ina chónaí ann go dtiocfadh *gáeth* as ifreann (Ó Murchadha, 1999, 41). Ghoibh muintir Osraighe an ceantar sa tseachtú haois, agus seans go bhfuil mallachtaí Phádraig ag tagairt don ndíshealbhú so (Ó Murchadha, 1999, 41). Thá an Murchadhach (1999, 41) den dtuairim gur Gaoithíne mac Ceannéid, rí Laoighse Réada, an *gáeth* as ifreann so, mar ba dh’é a dh’athghoibh agus a dh’ath-thóg an dún sa tara leath don tseachtú haois ‘i flaith Feidlimid $_{7}$ Conchubair hi Teamhair’, nuair a bhí Laoighis Réada i mbarr a gcumhachta (Ó Murchadha, 1999, 49). Níor aimsíog an Ráith Bhacáin so cheana,

[79] Ina theannta san, tagann duine darbh ainm do Bhac(c)án anuas go minic i ngeinealaibh Laoighse Réada: ‘Síl mBaccáin meic Lugdach Loíchsich a quo … Laíches Réta uile’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 126b41).

ach ceapann Ó Murchadha (1999, 42) gur thugag ainm eile ar an ndún i ndiaidh a ath-thógála ag an nGaoithíneach, .i. 'Ráith Dhomhnaigh' athá lonnaithe dhá mhíle ó dheas de Dhomhnach Mór.

Ní raibh aimsir ró-shíochánach i ndán dos na Laoighsibh i ndiaidh na haimsire so pé scéal é, do chreach agus do réab muintir Ua Néill, 'who were renewing their claim to the Bórama from their old enemies' (Ó Murchadha, 1999, 47), an chríoch cúig bhabhta in 719 AD, agus lean tréimhse chorraitheach pholaitíochta agus áir idir mhuintir Ua Néill, Osraíbh agus Laighnibh ina dhiaidh sin. Sa mbliain 738 AD, mar shampla, tar éis chath Sheanaigh, nuair a dhein muintir Ua Néill léirscrios ar sna Laighnibh, dh'ionsaigh fir Mhumhan Cúige Laighean ag lorg ghiall bhuatha chón maith. In 742 AD, thug na hOsraí fé chrích Laighean agus chuadar chomh fada leis an Iarmhí fiú (Ó Murchadha, 1999, 48). Agus lean a leithéid de chreich ar aghaidh idir mhuintir Ua Néill, na Laighnibh, Laoighsibh agus na hOsraíbh go dtí gur bhagair na Lochlannaigh iad, agus mar sin do bhí ortha teacht le chéile chun an bua dh'fháilt ar a gcomhnamhaid Lochlannach. Léiríonn an tagairt a leanas, as *FAI* (Radner, 1978, §327), na comhaontais agus an t-imeartas polaitíochta a bhí eatartha sa mbliain 866:

> Deargár na Lochlannach ... la hAodh mc. Néill, rígh Éireann ... gurob í a bhean as móo ro greis Aod i cceann na Lochlannach .i. Land ingean Dúnlaing: as i-side ba bean do Maoilsheachloinn reimhe ... Ba hí máthair Cennedigh mc. Gaithine í, .i. rí Laoighsi.

Is léir go raibh a leithéid de thionchar agus de chumhacht aiges na Laoighsibh Réada gur chleamhnaíog le muintir Ua nDúnlaing, síol ríoga na Laighean. Ach is amhlaidh chón maith ná raibh Laoighis Réada thuas leis ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin:

> The second half of the tenth century saw the weakened Laígis Réda again pushed out of western Co. Laois by the resurgent Osraige ... so that the area ... of Clarmallagh, Clandonagh and Upperwoods became a fixed part of Osraige. According to the Synod of Ráith Bhreasail (1111 AD), 'Fairche Chille Cainnigh (i.e. Ossary diocese) was deliminated ... from Slieve Bloom southwards to Waterford harbour ... The Laígis were now confined to a small section of the present county, comprising mainly the barony of Cullenagh with parts of Maryborough East and West (Ó Murchadha, 1999, 53-4).

Is dócha, mar sin, go raibh ar na Laoighsibh Réada bogadh, go háirithe go Bearnas i mbar. Chuileannaí i gcontae Laoise (Ó Murchadha, 1999, 54): 'Cath Bernais [.i. ubi Laoiges Reta nunc]' (Best, 1954-83, [*LL*] 6410). De bharr na deoraíochta siar so seans ana-mhór chón maith go raibh ar chuid acu cur fútha i gceantar Chúile i measc Laoighse Cúile Buichle: 'nunc Laígis Réta .i. Réta .i. Cúili Réta so' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 127a33; féach ar Laoighis Chúile Buichle).

Ina theannta san, dheineag léirscrios ar shíol ríoga Laoighse Réada idir 917 is 1015 AD. Thosnaigh meath na muintire in 917 AD nuair a chailleag Augrán / Mugrán mac Ceannéidigh mhic Ghaoithíne[80] le Sitruic mac Íomhar le linn chath Chinn Fhuaid, gar do chontae Cheatharlach. Do chailleag mic Augrán thar thréimhse ghairid ina dhiaidh sin, fuair Gaoithíne bás roimhe in 911 AD, Ceannéadach in 928 AD, Cathal in 933 AD agus Fearghal in 960 AD (Ó Murchadha, 1999, 52); agus dob'fhéidir go raibh cogadh muintire ann leis óir sa mbliain gur chailleag Fearghal do mhairíog a mhac-san Faolán leis. Ansan in 1015 AD, chuaigh rí deireannach an bhrainse so de Laoighsibh Réada, Ceannéadach mac Fearghail, ar shlí na fírinne (Ó Murchadha, 1999, 53).

I ndiaidh bháis an Cheannéadaigh so, tháinig muintir Uí Mhórdha chun cinn mar shliocht ríoga Laoighse Réada. Ba dh'é an Mórdha so mac le Ceannéad mac Cearnaigh, agus ba dh'é an Cearnach so deartháir le hAugrán / Mugrán thuasluaite gur chailleag in 917 AD é (Ó Murchadha, 1999, 44, 53).

Dh'ainmníóg Dún Náir / nÁir mar áitreabh Ua Mórdha de réir iontrála annála ina ndeirtear gur chailleag, c. 913, Lachtnán: 'rí Dúin Nar Laoighsi' (Radner, 1978, [*FAI*] §454; Ó Murchadha, 1999, 53) mac leis an gCearnach thuasluaite dob ea é. Lonnaíonn Ó Murchadha an dún so i Ros an Dúin, in Uíbh bhFaircheallán, insan Choill Uachtaraigh, gar do Shliabh Bladhma, Agus ní ba dhéanaí ansan, seans gur bhog Uí Mhórdha a n-áras go Dún Másc i mbar. Phort Laoise Thoir i gcontae Laoise.

[80] Ní mhór bheith aireach gan an Gaoithíneach seo a mheascadh le Gaoithíne, an rí dh'ath-thóg Ráith Bhacáin / Dhomhnaigh.

Laoighis Síl nAduair

Laoighis Síl nAduair (*Laoighis of the progeny of Aduar*). Prob. people in terr. encompassing *Eiteach (p. Ettagh, bb. Clonlisk and Ballybritt) in *Éile, OY. **Trad. deriv.:** *Fine Loíchsi Síl nAduair i nEittiuch*, CGH 127b3. **Geneal. refs:** *Loíchsi Síl nAduair … a quo Airennáin m. Báeth m. Beláin m. Máel-Pátric m. Fer-dá-Chrích … m. Aduair … Mac Lugdach m. Bairr*, CGH 127b3-6 (= LGen. 557.9). Cf. LHS 36.

Brí

Soiléir. Ach ní fios an Aduar so. Luaitear an ainm dhá bhabhta i measc a ngeinealaigh (O'Brien, 1962, [*CGH*] 127b3). Ní fios ach an oiread, óir nín ach tagairt amháin ann dóibh, an rabhadar ina cheinéal fé leith nú an rabhadar mar chuid do cheann dos na seacht mórshíolaibh eile?

Suíomh

Ní mhaireann ach tagairt amháin dóibh go bhfios dom: 'Fine Loíchsi Síl nAduair i nEittiuch' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 127b3). Ach is léir ón dtagairt sin go rabhadar lonnaithe i bpar. Eitigh i mbar. Cluana Leisc agus bar. Bhaile an Bhriotaigh i gcontae Uíbh Fhailí (Ó Murchadha, 1999, 36).

Laoighis Tulcha Breag(h)mhain

Laoighis Tulcha Breag(h)mhain (*Laoighis of the mound of *Breagmhan*?). Perh. a people related to *Laoighis Mhic Fhinn in or nr p. *Maoin, b. Kilkea and Moone, KE. *Síl Senaich Bic dano Dublaíches ⁊ Láeches Taulcha Breguin*, CGH 126b51 (v.l. *Laiges Bregmon nomen collis, Tulcha Breogain*; GT 142: *Tulcha Breogaind*). **Other ref.:** *Fecht ele do-luidh Adamnán i crích Laigen do chosnum Laíghsi Telchae Bregmann fri muinntir Glinne Dá Lacha*, BAd. 52, §10. Cf. BAd. 18; LHS 36; MedI 261.

Brí

Is fuirist *tulach* a thuiscint gan amhras. De réir ghluais idirlíneach Laidne ins na geinealaibh in LL, adeirtear gur ainmníog an ceinéal as cnoc áirithe: .i. 'Bregmon nomen collis' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 126b51). Ach thá sé diocair brí an fhocail 'Breaghmhan' féin a scaoileadh; ní mhaireann ainm an chnoic sin inniuimh go bhfios dom. Thá foirm na heiliminte so ana-chosúil leis an bhfocal 'breagha', uimhir iolra do *brí* 'cnoc' (*eDIL* s.n. Brega). Dá bhrí sin, ciallaíonn Breagha féin áit athá cnocach (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Breagha). N'fheadar ar chuaigh a leithéid de thuiscint i bhfeidhm ar an bhfear léinn a bhreac an ghluais thuasluaite sin in LL, .i. 'Bregmon nomen collis' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 126b51), agus é dh'iarraidh ciall a bhaint as an ainm? Cuimhnigh go bhfuil an eilimint 'Tulach' ar lár i leagan LL den gheinealach ina bhfaightear an ghluais idirlíneach so, .i. 'nomen collis'.

Tugtar Breogan / Bregman mar ainm fhir go fánach mar sin fhéinig. Mar shampla, an fear darbh ainm Breogan mac Brátha in *LG* (Macalister, 1938-56,VI, 11). Do chuireag iontráil dar ceannteideal 'Breaghmhann' le *n*-dúbailte, cé ná fuil ach -*n* amháin ins na tagairtíbh so, leis an *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.n. Breaghmhann); agus is é athá ins na tagairtíbh so ná leaganacha den abairt chéanna nach mór: 'Scéala Bresail Bregamain / Breogamain' (Dobbs, 1954, [*ZCP* 24] 142, 144). Baineann an tagairt so le fearaibh Laighean 'On the Graves of Leinster Men'. Ach ní mholtar aon tsuíomh don logainm so in *HDGP* pé scéal é, is é sin dá mba logainm é ar an gcéad dul síos.

B'fhéidir go bhfuil baint ag an eilimint Breag(h)mhan le Breagha na Mí mar sin fhéinig, toisc go bhfuil ceangal idir Laoighsibh agus Teamhraigh, .i. Breagha, de réir an traidisiúin mar a chonaiceamair. Agus tugtar Breaghmhaine mar ainm ar threabhchas a bhain le hiarthar Bhreagha insa bhfoclóir leis (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Breaghmhaine). Thá tagairt eile in *LG* (Macalister, 1938-56, v 160, 170) ina ndeintear trácht ar 'Cath Breogain hi Femen'. Is é sin Breogan le Maigh bhFeimhin i mBreagha (Ó Corráin, 1971, 98), ceantar a bhain le tuaisceart Bhaile Átha Cliath agus iarthar na Mí. Thiocfadh sé seo leis an dtuiscint gurbh as Teamhraigh na Laoighis ar dtúis. Ach aríst, is diocair a rá an ionann Breaghmhan i dTulaigh Bhreaghmhain agus Breagmhan i Maigh bhFeimhin? Níl fuascailt na gceisteanna so agamsa mar sin fhéinig.

Suíomh

Mar a chonaiceamair ní ba luaithe, do bhí eagarthóirí tras-scríbhinn LL den dtuiscint gur bhain an ghluais, ‘Laiges Fer na gCenél’, leis an ndream so, .i. le Laoighsibh Tulcha Breaghmhain: .i. ‘Sil Senaig Bic .i. Laiges Fer na Cenel dano Dublaiches 7 Laiges Bregmon nomen collis’ (Best et al., 1954-83, [*LL*] 40925). Ach do chuir O’Brien (1962, 126b51) an ghluais chéanna le Laoighsibh Raimhne in *CGH*: ‘Laíches Raimne (v.l. Laíges Fer na Cenél, LL)’. Ghlac Ó Murchadha (1999, 36) lena raibh aige O’Brien, ach ní dóigh liom gur thuig Ó Murchadha go raibh easaontas ann. Mar sin fhéinig, do bheinnse ar aon tuairim le O’Brien i ndiaidh dom na logaimneacha a luaitear le fodhreamannaibh áirithe de chuid Laoighse Raimhne ina ngeinealach dh’athscrúdú. Bhíos in ann na logainmneacha so a lonnú i mbar. Ua mBairrche i ndeisceart Locha Garman in aice le dúthaigh Fhear na gCeinéal athá ar chomhréim nach mór le bar. Shíl Mhaoluír inniuimh.

Mar sin fhéinig, do bhí an Murchadhach den dtuairim gurbh ionann Laoighis Tulcha Breag(h)mhain agus Laoighis mhic Fhinn—a bhí lonnaithe i bpar. Mhaoine i mbar. Chill Chá agus Mhaoine i gcontae Chill Dara (Ó Murchadha, 1999, 36):

> The tripartite Life of Patrick, compiled c. 900 A.D., refers to Laígis maic Fhind at Móin Choluim (now Moone, Co. Kildare). Similarly, the Life of Adamnán (c. 960) recounts a visit to Laígis Telchae Bregmann, probably in the same area—perhaps identical with Laígis maic Fhind.

Agus mar a chímíd, mar thacaíocht dá thuairim anso, luann Ó Murchadha turas Adhamhnáin in *Betha Adamnáin* go ceantar mar a raibh Laoighis Tulcha Breag(h)mhain chun iad a chosaint ó mhuintir Ghleanna Dá Locha (Ó Riain agus Herbert, 1988, [*BAd.*] 52, §10):

> Fecht ele do-luidh Adamnán i crích Laigen do chosnum Laíghsi Telchae Bregmann fri muinntir Glinne Dá Lacha

Is dócha gurb í an ghiorracht idir Ghleann Dá Locha agus par. Mhaoine bunús a argóna. Ach mar a chífí ón léarscáil thíos, níorbh iad Laoighis mhic Fhinn an t-aon dream dos na Laoighsibh go raibh cónaí ortha um Ghleann Dá Locha. Do bhí

Laoighis Ua nEanach(gh)lais (féach thíos) ar an dtaobh oirdheisceartach de shléibhtibh Chill Mhantáin leis. Do bhí fodhream eile do Laoighsibh ar a dtugtaí Uí Bhrócáin (fodhream Laoighis Cúile Buichle de réir deabhraimh) ag cur fútha i mb.f. na Nuachabhála, i bpar. / mbar. an tSráidbhaile i gcontae Laoise athá díreach in aice le par. Mhaoine fhéinig (O'Brien, 1962, [*CGH*] 127a14-15): 'Húi Bróccáin is ed a ferann Fán Lethan [7] ind Nuachongbháil'.



Fíor 141: Laoighis mhic Fhinn, Ua nEanach(gh)lais agus Gleann Dá Locha: https://www.logainm.ie/ga/113206


Ní fios mar sin fhéinig suíomh Laoighse Tulcha Breaghmhain, ach is fiú tuairim Uí Mhurchadha a lua mar mholadh.

Laoighis Ua gCuiliúin

Laoighis Ua gCuiliúin (*Laoighis of *Uí Chuiliúin / Chuilinn*). Per. People in or nr tl. Hollymount, pp. Killabban and Shrule, b. Slievemargy, LS. **Trad. deriv.:** *Earc a quo Laígis Húa Cuiliúin*, CGH 126b51 (= GT 142, Cuiline [*sic.*]). Cf. BAd. 18; LHS 36; MedI 183, 261. See Béal Átha an Chuilinn.

Suíomh

Is mór an éiginnteacht athá ann i dtaobh an tsleachta so. Ní thagaid anuas sa traidisiún ach amháin i ngluaiseannaibh i ngeinealach Laoighse in Lec: ‘Earc a quo Laígis Húa Cuiliūin’ / ‘Earc a quo laígis Húa Cuiliuin’ (O’Brien, 1972, [*CGH*] 126b51 / 52) [= ‘Earc a quo Laigis H. Cuiline’ (Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 142)]. Ar an gcéad dul síos, is léir gur chuaigh Ó Raithbheartaigh amú lena thras-scríbhinn féin, toisc gur *n*- uas-scripteach athá sa lámhscríbhinn féinig. Is dócha gur chuaigh an ainm ‘m. Cuiléne’ a luaitear i ngeinealach Laoighse Cúile Buichle díreach ina dhiaidh i bhfeidhm air (cf. O’Brien, 1962, [*CGH* 126b55].



Fíor 142: Laigis .h. Cuiliuin, mc Cuilene, Lec 126v37-9: https://www.isos.dias.ie/RIA/RIA_MS_23_P_2.html

Thá fadhb ann leis insa tslí go mb’fhéidir gur chumaisc na foirmeacha Uí Chuiliúin agus Uí Chuilinn. De réir Paul MacCotter, bhí Laoighis Ua gCuilinn lonnaithe insa *trícha cét*, ‘na Clandaib’: ‘the *trícha cét* is referred to as “na Clandaib” in the *Topographical Poems* … some Loigis segments are found in the area, such as Uí Chuilín [*sic*.], whose king is recorded in 1033 [*léigh* 1032]’ (MacCotter, 2008, 183). Lonnaíonn MacCotter (2008, 183, 259) an *trícha cét* so in Osraíbh. Ach mar sin fhéinig, is beag an míniú a chuireann sé lena argóint; de réir na tagartha in *AFM* don bhliain 1032 athá aige mar fhianaise (Ó Donnabháin, 1848-51), ní luaitear ann ach: ‘Tadhg Ua Guaire, tigherna Ua Cuilinn, do mharbhadh la mac Maoil na mBó’. Ní luaitear gur bhain an Tadhg so le Laoighsibh Ua gCuilinn, nú ní luaitear an ceantar gur bhain sé leis fiú. Do gheobhadh, gan amhras, Uí Chuilinn eile a bheith i gceist. Mar sin fhéinig, tugtar Guaire mar ainm ar mhac Eirc mhic Milighe: ‘Guaire m. Eircc m. Milige’, b’fhéidir gurb amhlaidh an Guaire so agus an Guaire a luaitear insa tsloinne ‘Ua Guaire’—ach ní fios.

Ina theannta san, thá tráchtaireacht truaillithe eile ar dhream gur thugag Uí Chuilinn ortha agus go raibh baint acu le Laoighsibh de réir na tagartha féinig i

ngeinealaibh Laighean (O'Brien, 1962, [*CGH*] 119bb11):[81]

> Rawl. B. 502: Nia Cuilind mac Labrada dia tát Húi Chuilinn. Is í a forbba Mag nAbna .i. Síl mBrain la Láechis.
>
> LL: ... Húi Chuilind. Is sí a foirb Mag nAbna .i. Síl mBrain.
>
> Lec.: ... Húi Chuilind, is ed a ḟorba .i. Mag nAebna la Laígis .i. Síl mBrain in chinead ⁊ is riu adearar Síl mBriúin Húa Cuillind ⁊ is a Laígis Síl mBrain atáit aniug.[82]

Thá Paul MacCotter agus Francis J. Byrne den dtuairim gur do shíol Laoigheas iad an Síol Bhroin le Laoighis so (MacCotter, 2008, 252):

> The origin of the cantred of Shirebyrne is ... a mystery ... This is certainly derived from Síl mBriain ... but who these were is not clear. [Francis] Byrne identifies them with a branch of the Loígis of the same name [i.e. Síl mBrain].

Mar adeir Byrne (1973, 132; féach ar Ó Murchadha, 1999, 36 leis):

> The barony of Shelbourne in south-west Wexford may be named from the Síl mBrain of Loígis.

Thá deabhramh leis an dtuiscint go mbaineann an tagairt so le Laoighsibh i mbar. Shíl Bhroin i Loch Garman de réir na tagartha féinig, go háirithe leagan Lec.: 'is a Laígis Síl mBrain atáit aniug'. Ina theannta san, luaitear gur thug Uí Cheinnsealaigh an dúthaigh d'Uíbh gCuilinn níos déanaí sa tráchtaireacht chéanna: 'Do-breth iarum Énna Ceinselach ferand do Chuiliund'. Ba dh'é Uí Cheinnsealaigh an dream ba chumhachtaí i ndeisceart Laighean gan amhras.

Is léir nár Laoighis iad an mhuintir Ua gCuilinn so mar sin fhéinig. Adeirtear gur mhac le Labhraidh Loinghseach é Nia Cuilinn, .i. fear eapainmneach na tuaithe. Ach

---

[81] Féach *OnomG* (Hogan, 1910, s.n. Laigis Melg mic Cuilinn) don dtagairt chéanna.

[82] Thá an cur síos de Síol mBriúin insan tagairt deireannach ana-shuimiúil, do gheobhadh gnás ortagrafaíochta 'Broin' a litriú mar 'Briúin', ach seans gur cumasc é le muintir Ua mBriúin (O'Byrnes) i gCualainn, contae Chill Mhantáin: 'Dá mac trá le hÉnna Nia: Brian senathair Húa mBriúin Cualand' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 124b15).

ar chuireag an ainm Laoighis Ua gCuilinn / Ua gCuiliúin ar na Laoighsibh a bhí ag cur fútha i gceantar Ua gCuilinn mar sin? Thá a leithéid ar aon dul leis an méid a ráinig le Laoighsibh Ua nEanach(gh)lais. Dream Laighean ab ea Uí Eanach(gh)lais ach chuireag an ainm sin ar Laoighsibh toisc go rabhadar ina gcónaí ar aon talamh leobhthasan (féach thíos).

Ag deireadh thiar thall, ní dóigh liom go raibh aon bhaint ag Laoighsibh Ua gCuiliúin le hUíbh gCuilinn, mar a luaitear le Síol Bhroin. Gheibhtear b.f. ar a dtugtar Baile Uí Chuilinn i bpar. Chill Abáin agus Shruthla i mbar. Shliabh Mairge i gcontae Laoise, lastuaidh de bhaile Cheatharlach, agus ag bun na má um Baile Átha Í, mar a raibh Laoighis eile ina gcónaí: .i. Laoighis mhic Fhinn i Maoin, Uí Bhrócáin i Nuachabháil agus b'fhéidir Laoighis Leathan Fhada i lár na má féinig. Mar a deirtear ar shuíomh logainm (https://www.logainm.ie/ga/28875):

> Measaimid gur dócha gur saobhaistriúchán ar an logainm Gaeilge seo is bun leis an ainm Béarla *Hollymount* (faoi mar a thuigtí Baile an Chuilinn "the town of the holly"). Tugann *Census* 1659 "Cullen", "Cullin" mar phríomhshloinnte Gael i mBaile Adaim, an bharúntacht teorantach leis seo lastuaidh.

Thá an *HDGP* den dtuairim gurb ionann Baile Uí Chuilinn agus Béal (Átha) an Chuilinn mar sin fhéinig (Ó Riain et al., 2003-, s.nn. Baile Uí Chuilinn / Béal (Átha) an Chuilinn). Bheinn den dtuairim gur rian d'Uíbh gCuiliúin é an eilimint Cuilinn ins an ainm Baile Uí Chuilinn. Is é sin athá molta agam don bhfoclóir.

Laoighis Ua nEanach(gh)lais

Laoighis Ua nEanach(gh)lais (*Laoighis of *Uí Eanachlais*) A sept of *Laoighis in S. LEIN., at or nr *Cuala (1), b. Arklow, WW. **Trad. deriv.:** *Lugaid Láechfes a quo Láechfes Laigen* (v.l. *Lugaid Laíges dia tá Laígis Húa nEnechlais* (= GCL 30); *Lugaid Laígis dia tá laíges Laigen .i. Laígis Húa nEnechlais*), CGH 155a11. **Location:** *Laighis hUa nEnechlais i Cualaind … i Llaighnibh beos*, GCL 8. **Lat. form:** *Darius Praedabundus ex Ithi … focerum prosapia sex filios genuit viz … Lugadium Laighis ex quo Lagisii Nenachlais in Cualann agro Wickloensi*,

Ogygia 329. Cf. IKHK 132; LHS 36.

Brí

Soiléir. Laoighis cheantar Eanach(gh)lais. Gheibhtear *-g séimh-* lárnach go minic i litriú Eanach[gh]lais (i gcás Uí Eanachghlais Laighean [Byrne, 1973. 132]). Bhíos idir dhá chomhairle, mar sin, mar gheall ar litriú na hainme so i dtaobh an fhoclóra. Is é an tuairim athá ag McManus (1991, 106) gurb é *enech glas*, .i. 'aghaidh ghlas / liath', athá mar bhunús de. Ach bhí drogall orm cloí leis an *-g séimh-* lárnach toisc ná fuil aon tagairt agam de ach an oiread; bheartaíos mar sin é a chur ann as le lúibíní in iontráil an fhoclóra féinig.

Suíomh

Is léir ó ainm an tsleachta agus ós na foinsíbh fhéinig go rabhadar lonnaithe i gCualainn (Cuala), .i. fearann stairiúil i gcontae Bhaile Átha Cliath is i gcontae Cill Mhantáin: 'Laighis hUa nEnechlais i Cualaind' (Ó Donnabháin, 1849, [*GCL*] 8); 'Lugadium Laighis ex quo Lagisii Nenachlais in Cualann agro Wickloensi' (Ó Flaithbheartaigh, 1685, [*Ogygia*] 329). B'shin í an tuiscint a bhí aige Byrne (1973, 132) agus Ó Murchadha (1999, 36) leis.

Caibideal a Ceathair

Cás-staidéir ar Mhiontreabhchasaibh:

Ladhg(h)mainn, Ladraighe, Liobha(r)traighe, Lu(i)dhr(a)ighe, Lu(i)sr(a)ighe

Tugtar aghaidh insa chaibideal so ar roinnt treabhchaisí beaga dar tús 'L' a luaitear i liosta treabhchais i Leagan A de *Tairired na nDéssi* (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 122-24; Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139-41; Pender, 1947, [*FTorna*] 214); agus ins na liostaíbh treabhchais dar teideal: *Forṡluinte Dal Fiachach Suidge* (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 134), *De Forslointib hErend*(,) *De Prim-forslointib Dal bhFiachach* [*vel. sim*] (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 309; Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 779.7 / 1021.4), agus *Aitheachthuatha hEirend* (*vel. sim*), .i. liosta a gheibhtear mar chuid den scéal *Bruiden Meic Da Reo* nú *Orgain Chairpre Chindchait* (Ó Corráin, 1982-~~8~~3 [*Éigse* 19] 159-60; Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 107, 109; Craigie, 1899, [*RC* 20] 336).[83] Roghnaíog na hainmneacha athá curtha san áireamh anso toisc go rabhas ag bailiú na n-ainmneacha de réir ord aibítre an *OnomG*, ar an gcéad dul síos: .i. tugtar 'Ladraige' chun tosaigh sa leagan digiteach den *OnomG* a chuir Donnchadh Ó Corráin le chéile (https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/onomasticon-goedelicum/ , sn Ladraige). Thá an ainm chéanna curtha fén gceann-iontráil 'Lathraighi' san *OnomG* féinig (Hogan, 1910, sn. lathraighi). Agus ar an tara dul síos, nuair a thosnaíos ag cíoradh na dtagairtí fén gceann-iontráil 'Ladraige' féinig, do ruith sé liom go raibh aitheachthuatha eile dar tús 'L' luaite sna téacsannaibh céanna agus shocraíos ar iad a bhailiú agus anailís a dhéanamh ortha. Chuireag an cheann-iontráil 'Ladhg(h)mhainn' san áireamh ar an mbonn gcéanna sa tslí ina dtugtar é i dtosach an *OnomG* (Hogan, 1910, sn. Ladgmainn).

[83] Baineann an iontráil Ladhg(h)mainn—ainm iasachta ón Lochlannais—leis na hannálaibh don chuid is mó, ach thá sé curtha leis an gcaibideal so toisc gur chuireag i bhfeidhm é mar ainm chlainne aige deireadh.

Do bhí na scoláirí a thug aird ar na liostaíbh agus ar na tráchtaireachtaí treabhchais a luag thuas den dtuairim go raibh coibhneas láidir eaturtha (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 308; Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 131-2; Mac Néill, 1911 / 1912, 29, 63; Ó Corráin, 1982-83, [*Éigse* 19] 159; Ó Corráin, 2018, 23, 28; Ó Riain, 1997, 701). An chéad chéim a bhí romham amach mar sin ná na hachainní so a rangú de réir a gcosúlachtaí ionas go bhfuighinn, ar an gcéad dul síos, an coibhneas a bhí eaturtha a scrúdú, agus, ar an tara dul síos, tuiscint dh'fháilt arar tháinig leaganacha éagsúla na n-ainmneacha chun solais. Is fuirist do scríobhaithibh dul amú agus liostaí á macasamhlú, gan amhras, go háirithe nuair athá foirmeacha na n-ainmneacha nach mór mar an gcéanna insa mhéid is go gcríochnaíd leis an bhfoirceann *–r(a)ighe*. Dá bhrí sin, bhí orm idirdhealú a dhéanamh idir na foirmeachaibh gur foirmeacha cearta iad agus na cinn gur dearúidtí macasamhla iad. Bhíos in ann na liostaí a rangú i gceithre rannóga bunaithe ar shraith agus ar fhoirmeachaibh na n-ainmneacha a luaitear ionta; agus níos tabhachtaí fós, do léirigh an rangú so go raibh na liostaí nach mór neamhspleách ar a chéile. Seod iad na cheithre rannóga:

(i) *Tairired na nDéssi*: An liosta treabhchais mar a thugtar i Leagan A den scéal é. Cé go bhfuil difríochtaí suntasacha eaturtha, thá sraith na n-ainmneacha nach mór mar an gcéanna (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 122-24; Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139-41; Pender, 1947 [*FTorna*] 214)

(ii) Traidisiún (A): liosta dar teideal *Forṡluinte Dal Fiachach Suidge* in Rawl. B 502; liosta a thagann díreach i ndiaidh *Tairired na nDéssi* féinig (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 134).

(iii) Traidisiún (B): liosta laistigh des na geinealaibh dar teideal *De Forslointib hErend*(,) *De Prim-forslointib Dal bhFiachach* (*vel sim*.) a gheibhtear in TCD MS H.2.7 [1298] (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 309) agus in *LGen.* fé dhó (Ó Muraíle, 2003, 779.7 / 1021.4).

(iv) Traidisiún (C) liosta na nAitheachthuath mar a thugtar ins an scéal dar teideal *Bruiden Meic Da Reo* nú *Orgain Chairpre Chindchait* (Ó Corráin, [*Éigse* 19] 159-60; 2018, 26) agus a gheibhtear in BB (Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 107), in TCD MS H.3.17 [1336] (Ó Raithbheartaigh, [*GT*] 119), in BLec. (Ó Corráin, 1982-83, *Éigse* 19, 160) agus in Edinburgh MS 28 (Craigie, 1899, [*RC* 20] 336).

Lu(i)sraighe

Cuirimse cás Lu(i)sr(a)ighe a thugtar i dtraidisiún (C) chun cinn anois mar eiseamláir, ar an gcéad dul síos, don mhearbhall a thuiteann amach agus liostaí mar iad á bplé, agus ar an tara dul síos, chun an tábhacht a bhaineann leis na hachainníbh a rangú mar réiteach don mhearbhall so a thaispeáint. Is iad Luffraighe, Luisrighi, Luffraidi, Lusfraighe na leaganacha den ainm mar a thugtar í i dtraidisún (C). Do bhíos den dtuairim ar dtúis gur leaganacha lochtacha d'fhoirmeachaibh Liobha(r)traighe iad, go háirithe na leaganacha do Liobha(r)traighe ina bhfuil an *–r–* meánach fágtha ar lár—.i. 'Lubutrige' (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 138-9) agus 'Lubetrige' (Dobbs [*ZCP* 21] 309)—nú leagan Rawl. B 502 ina bhfuil an *–th–* lárnach fágtha ar lár: 'Luthraige' (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 122-6). Bhí an tuiscint sin agamsa óir bhíos den dtuairim, mar aon leis na scoláiríbh eile thuasluaite, go raibh coibhneas láidir idir na liostaíbh go dtugaimse traidisiún (A), (B) agus (C) ortha. Bhíos cinnte mar sin go raibh an *f*–dúbailte ann in áit an *b* séimh, agus dearúid mhacasamhla ar fad ab ea na leaganacha le –(*s*)*s*– in ionad –*ff*–. Ach do léirigh rangú na n-achainní—.i. traidisiúin (A), (B) agus (C)—ná raibh an coibhneas idir na foinsíbh chón láidir san in aon chor. Do chuir a leithéid de léiriú ag machtnamh mé maidir lena raibh ann ar dtúis, .i. arbh -*s*- nú -*f*- é? Do shocraíos ansan go raibh seans ní ba mhó ann gur –*ss*– a bhí ann ar dtúis agus gurbh amhlaidh an dream so, Luffraighe / Luiraighe / Lusfraighe, i dtraidisiún (C), agus Lusraighe, forshlonnadh nú aitheachthuath de chuid Ua nEachach Cobha (O'Brien, 1962, [*CGH*] 157.18; Meyer, 1912, [*ZCP* 8] 331).

Is dócha gur chuaigh Hogan amú ar bhonn na tuisceana céanna liomsa go raibh dlúthbhaint aiges na liostaíbh treabhchais so le chéile, nuair a mhol sé gurbh ionann Lu(i)dhr(a)ighe is Luffraighe (1910, [*OnomG*] s.n. Ludraighi), cé nár luaigh sé an argóint a bhí aige go beacht. Lean Donnchadh Ó Corráin a raibh aige Hogan dá leagan digiteach den bhfoclóir, ach do chuir sé Luffraighe féinig leis mar iontráil ina ndeir sé gur 'daerthuath of Cashel' iad de réir 'Stowe C i 2, 40r' (https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/onomasticon-goedelicum/, s.n, Luffraighe). Ach ní luaitear Luffraighe nú Luidhraighe insa liosta sin, dar teideal *Do Daertuaithaib Caisil*, in aon chor.[84] Ach mar sin fhéinig, is léir go raibh an

[84] Thá an téacs so tras-scrite thíos fé 'Ladraighe: suíomh'.

Corránach féin ar an eolas maidir leis na diocrachtaíbh a bhaineann leis na liostaíbh so ón méid seo a leanas (1982-83, [*Éigse* 19] 159):

> Since all the tracts on the *aithechthúatha* proper occur in late and often corrupt transcripts it is very desirable that all the texts of these lists should be made available with a view to establishing the correct forms of the tribal names for historical and etymological purposes.

Do bhí an *desideratum* so ró-mhór dom thráchtas gan amhras, ach thá súil agam gur thug an modh comparáideach athá curtha i bhfeidhm agam léargas dúinn insa mhéid is go mbeifear in ann na liostaí seo a mheas i slí níosa chruinne. Is mór an obair athá le déanamh ortha go fóill.

I dtéannta na n-achainní a rangú, obair eile a bhí le déanamh agam ná an comhthéacs téacsúil ina luaitear na hainmneacha so dh'iniúchadh go mion chun leideanna maidir le suíomhannaibh na ndrong dh'fhuascailt. Chuireas an cur chuige céanna i bhfeidhm tríd síos sa tráchtas so. I gcás *Tairired na nDéssi* féinig, adeirtear go raibh caoga dream ann, cé ná luaitear ach seacht ndream ar dhá fhichead, a chabhraigh le Dál bhFiachach Suidhghe chun an bua dh'fháilt ar Osraíbh. De réir an chuntais chéanna, mar sin fhéinig, níor dháileag talamh ach ar chúig dhream fichead dóibhsan, agus bhí an chúig dhream fichead eile, nár thugag talamh dóibh, fé chíos agus fé bhothachas Dál bhFiachach Suidhghe agus gur Dhéise iadsan dá bharr (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 120-6; 121-127):

> Coeca toirgi lasna Dessib, a .xxu. dib tarthatar raind ⁊ a .xxu. aile na tarthatar ⁊ is dona toirgib sin is ainm Dessi, ar it e fil fo chis ⁊ dligud ⁊ bothachas na nDeisse dona flaithib .i. do Dail Fiachach Suidge ⁊ ni hainm doib-side Deisse

An t-aon tuiscint a bhíos in ann a bhaint as an gcuntas so is ea go raibh ar na chúig dhream fichead nár thugag talamh dóibh lonnú ar thalúin Dál bhFiachach Suidhghe féinig, agus mar sin, bhíodarsan fé chíos Dál bhFiachach. Deirtear i gcomhthéacs eile sa traidisiún go ndéantaí forshlonnadh do shaorshlonnadh má bhog dream as crích a dhúchais le cur fútha i gcrích dreama eile, .i. comhchónaí (O'Brien, 1962, [*CGH*] 140b27):

> Is ed do-s-gní forslointi dona clannaib sóeraib as-rubramar má théis nech díb asa chrích fodessin do chomaittreib i críchaib ailib … amal do-chuatar ó Temraich secht Laígsi ⁊ Fothairt do aittreib i crích Laigen ⁊ na Déssi [.i. Dál bhFiachach Suidhghe] hi crích Muman.

B'fhéidir gurbh iad na haicmí ar a dtugtaí *bothach* 'cottier', a bhíodh fé *bhothachas*, '*bothach*-ship / hut-tax', agus an *fuidir* a bhíodh fé *fuidrius*, '*fuidir*-ship' léiriú dlithiúil den chaidreamh comhchónaithe so a bhí idir an bhforshlonnadh agus an tuaith gur léithisi an talamh (Gerriets, 1987, 66; Charles-Edwards, 1993, 324).

Más fíor san, thá dhá iarmhairt thábhachtacha dúinne anso. Ar an gcéad dul síos, ní féidir Déise a thabhairt i gceart ach ar leath dos na hainmneachaibh ar an liosta (cúig dhream fichead) toisc ná raibh ach an méid san ag cur fútha ar thalúin Dál bhFiachach Suidhghe agus gurbh fhorshloinnte Dhál bhFiachach iad dá bharr. Mar sin, ní féidir ach leath an liosta a lonnú sna Déisibh. Ar an tara dul síos, tugann an léiriú so léargas dúinn, dar liom, maidir leis na liostaíbh treabhchais a mheas dar teideal: *Forśluinte Dal Fiachach Suidge*—.i. traidisiún [A] ó Rawl. B 502 (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 134)—agus *De Forslointib hErend*(,) *De Prim-forslointib Dal bhFiachach* (*vel sim*.), .i. traidisiún [B] (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 309; Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 779.7 / 1021.4).

Cé go léiríonn rangú na liostaí go rabhadar nach mór neamhspleách ar a chéile, is é an tuairim athá agamsa gur chuireag an teideal *Forśluinte Dal Fiachach Suidge* leis na liostaíbh go raibh *De Forslointib hÉrend* (*vel sim.*) ortha ar dtúis bunaithe ar mhíthuiscint i gcás an fhocail *déis* insa scéal *Tairired na nDéssi*; go háirithe leagan Rawl. B 502 ina dtugtar an fo-theideal idirshliochtach lochtach, dar liom, 'Do thoirgib na nDessi inso sis', ar liosta na n-aitheachthuath. Thá tuiscint an fhocail *déis* rud beag corraitheach i gcás na dtéacsanna a bhaineann leo gan amhras, mar a thug Mac Néill (1932, 38-9) fé ndeara agus mar adúirt an Cathasach féinig (1984, 4):

> We must be careful in drawing inferences from any statement made about the Déisi in the texts: are they referring to the people and territories of … Waterford and south Tipperary? Or to the genealogical entity known as Dál bhFiachach Suidge? Or more generally to the vassal or rent-paying tribes?

Do bheinn den dtuiscint mar sin gurbh é an mearbhall so a bhí fé ndear an fo-theideal, ‘Do thoirgib na nDessi inso sis’, agus do chuir scríobhaithe an fo-theideal *Forṡluinte Dal Fiachach Suidge* leis na liostaíbh go raibh *Forshluinte Érenn* (*vel sim.*) ortha ar dtúis bunaithe ar an bhfo-theideal lochtach, ‘Do thoirgib na nDessi inso sis’, i leagan Rawl. B 502, nú leagan mar é ná maireann. Is léir san, dar liom, toisc go luaitear dreamanna sa liosta ná féadfadh a bheith fé chíos Dál bhFiachach Suidhghe, m.sh. Corca Laoighde; agus, ina theannta san, is é leagan Rawl. B 502 an t-aon leagan ina bhfaightear an fo-theideal ‘Do thoirgib na nDessi inso sis’ ar an liosta insa scéal, *Tairired na nDéssi*, cé ná fuil ach trí chóip againn de mar sin fhéinig.

Ach an bhfuil aon fhírinne insa tuiscint gur tháinig Dál bhFiachach Suidhghe agus na dronga eile a bhí féna chíos, de réir an scéil féinig, ón dtaobh amuigh? Ar an gcéad dul síos, gheobhaimíst a bheith cuíosach cinnte gur bhain roinnt dos na haitheachthuathaibh a luaitear leis na Déisibh toisc go raibh Mac Néill in ann dornán ainmneacha céanna ós na liostaíbh so dh’aimsiú ar chlochaibh oghaim insa dúthaigh sin (1910, 44-51, 81-7, 151-7; 1911 / 1912, 73-4; 1929-31, 42; cf. Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 307; Charles-Edwards, 1993, 152-4). Ach i gcás na nDéise agus Dál bhFiachach Suidhghe ag teacht ón dtaobh amuigh, is diocair a bheith cinnte. Tugann an institiúid sochúil don bhforshloinnteachas is don aitheachthuathachas le fios go raibh a leithéid sodhéanta ar a laghad. Is é athá i gceist agam leis na téarmaíbh so is ea de réir mar a ghoibh treabhchas mór talamh treabhchais bhig nú de réir mar a ghoibh dreamanna ríoga talamh a gcomhdhreamanna, bhí slí ní ba lú aiges na treabhchasaibh a bhí thíos leis. Mar sin, bhí ar na fodhreamannaibh díshealbhaithe so fanacht mar a rabhadar ach cíos a dhíol don ndream gur ghoibh an talamh sin bhuatha nú bogadh go ceantar eile agus cíos a dhíol don ndream gur leis-sean an talamh. Mar a mhíníonn an Corránach é (2018, 27):

> Powerful royal lineages and great aristocrats gradually seized the lands of the weaker kingdoms, pushed them off their estates over time, forced them downwards in society, and eventually left them to perish.

Cé gur diocair neamhaird a thabhairt ar an bhféideartheacht so, thá léamh eile ar an bhfianaise. Is é sin gur bhain scríobhaithe an scéil feidhm as an institiúid shochúil so, .i. forshlonnachas / bothachas, a lua mar chur i gcéill nú an chúis go raibh daoine leis

an ainm Déise ortha i bPort Láirge agus Tiobraid Árann a mhíniú, cé ná rabhadar gaolta in aon chor. Is léir gurbh í an tuiscint seo a bhí aige Byrne (1973, 181) pé scéal é: ‘the Déisi Mumhan ... were probably indigenous to Munster and had no real connection with the Déisi Temro’.

Tabharfad achoimre ghonta ar na miontreabhchasaibh fhéinig anois ionas go gcuirtear an léitheoir ar an eolas fútha.

Ladraighe

Dh’aimsíos sinsear an dreama so, .i. ‘Latfh[e]r diatat Lattrige .i. maic Fhir Ceoch’ (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139-41), i leagan LL de gheinealach Thoecraighe a shíolraigh ó mhac ‘Laid(fh)ir ind Arad’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 326g26-30): ‘Thóeca m. Laidir m. Cathnill m. Imrosnada m. Ḟir Thlachtgai. Trí meic Rosa Róig Rodani: Fergus, Fer Ceug, Fer Tlachtga’. Lonnaigh Toecraighe, mar aon leis na trí fordhreamanna eile ó shíol an Laid(fh)ir so, .i. Dulraige, Nenraige, Artraige, mórthimpeall Imligh i dTiobraid Árann (Ó Riain, 1997, 702-3). Más fíor an ceangal idir Ladraíbh agus Laid(fh)ear an Aradh is a chlanna eile, dob’fhéidir gur mhair Ladraighe mórthimpeall Imligh leis, ach is diocair a bheith cinnte toisc ná luaitear Ladraighe in aon chomhthéacs eile go bhfios dom.

Lu(i)dhr(a)ighe

Tháim fós idir dhá chomhairle arbh ionann an treabhchas, Lu(i)dhr(a)ighe, a luaitear sna liostaíbh treabhchais thuasluaite agus Lughraighe, ó liosta fhorsloinnte Ua nEachach Cobha. Do choinnibh iad fén iontráil amháin aige deireadh, ar an gcéad dul síos, toisc gur nós é *d* séimh agus *g* séimh a mhalartú ó aimsir na Meán-Ghaoluinne ar aghaidh (Breatnach, 1994, 234-5, §3.18), agus, ar an tara dul síos, tugtar le fios i leagan Laud 610 agus na foinsí eile a tharraing air is dócha gur bhain an dream so le hUltaibh: .i. ‘Nonbur do Fhir Luide his-Sid ar Femon di hUltaib nadaicidacht diata Luidrige’ (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 138-9; cf. Pender, 1947, [*FTorna*] 215; Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 157: ‘do Ulltaib ita Luigridi la hUltu’; O’Brien, 1925, 234-5). Thá diocracht ann leis i dtaobh shanasaíocht an dreama so. D’fhéadfadh ceachtar de dhá rud a bheith i gceist: (1) bhunaíog an ainm ar ainm

duine, .i. Fear Luide, nú (2) gheobhadh léamh eile a dhéanamh ar Fear Luide, mar atá: ‘fear luide’, .i. ‘fear a chuaigh i Sí ar bhFeimhean’.

Liobha(r)traighe

Thá cás Liobha(r)traighe agus Lusraighe pléite cheana i dtosach an réamhrá ach mar a chífear, thá foirmeacha na hainme so corraitheach go maith. Mar a chífear thíos (fé ‘Liobha(r)traighe’), chuireag Lusraighe ins an Aird Íochtarach agus Uachtarach, .i. dhá bharúntacht i gcontae an Dúin, óir b’fhorshlonnadh Ua nEachach Cobha iad.

Ladhg(h)mainn

Ainm shuimiúil is ea Ladhg(h)mainn, an iontráil deiridh sa chaibideal seo. Focal iasachta ón Lochlainnis ab ea é, ó *Lǫgmenn*, a mhair sa teangain ar feadh tréimhse gairide ach a chuireag i bhfeidhm mar ainm chlainne: .i. ‘Mac Laghmann / Mac Ladhmann’, .i. MacClement (Éire) agus Mac Lamond / Mac Lamont [Alba] (Ó Murchadha, 1987, 136). Ba chléireach nú duine do lucht breithiúna é an *Lǫgmenn* sa Lochlannais a mbíodh d’fhreagracht aige díoltas dh’imirt ar dhuine le héagóir a chur ina cheart. Ach chuir na Gaeil an téarma súid ar an *Lǫgmenn* féinig agus ar an slua a tháinig ina theannta leis an ndíoltas a bhaint amach (Ó Murchadha, 1987, 136).

Ladhg(h)mainn

Ladhg(h)mainn (*Lǫgmenn and their retinue*) A Norse loanword, from *Lǫgmenn* or *Laugmen*, clerical members of the judiciary. Used in the Irish-language context as a collective noun to refer to the *Lǫgmenn* and their expeditionary force who assisted in exacting restitution for wrongdoing. *Loinges meic Amhlaiph ⁊ na Ladgmainn do theacht i nÉirinn, co ro ortatar Conaille ⁊ Ettar co hInis mic Nessáin, co ndeachatar na Ladgmainn iarttain co fioraibh Mumhain, do dhíoghail a mbráthar .i. Oin, co ro ortatar Insi Doimhle ⁊ Uí Liatháin, co ro loitsiot Liss mór ⁊ Corcach*, AFM 960 (ii, 680). *Ro ghabh, tráth, Mathghamhain mac Cinnéidigh ríghe Tuadhmhumhan … brisidh secht gcatha for gallaibh, .i. Cath Sulchóide … agus for Iomhar Luimnigh agus for na Ladhmannaibh*, LM 127 (v.l. *Ladhmanaoibh, láighneachaibh*) [= AI 967: *maidhm for Gullu Luimnich re Mathgamain m. Cennetich*]. *Orgain Inse Cáthaigh do Mhaghnus mac Arailt co Llagmannaibh na ninnsedh imbi, ⁊ Iomar ticchearna Gall Luimnigh do brith esti*, AFM 972 (ii, 698) [= AI 974.2]. **As a surname:** *Genealach ... Mhec Ladhmainn in Albain. Donnchadh mac Eóin ... m. Ladhmuinn*, LGen. 125.2. Cf. AFM ii, 698, n. *w*; Ainm 2, 136-140; Peritia 12, 309-10.

Brí

Ar an gcéad dul síos, is léir ós na tagartaíbh fhéinig go mbaineann an ainm so leis na Lochlannaibh. Mhol an Donnabhánach gur dhream Lochlannach fé leith a bhí ionta a bhí ag cur fútha ar Innse Gall (Ó Donnabháin, 1848-51, [*AFM* ii] 698). Mhínigh Hogan (1910, [*OnomG*] s.n. Lagmainn) an focal, bunaithe ar a raibh ag an nDonnabhánach is dócha, mar ‘the Norse or their allies’; agus thug an Duinníneach ‘the Norsemen’ ortha, bunaithe ar an nDonnabhánach leis (Ó Duinnín, 1927, [*FGB*] s.n. Ladhgmhainn [*sic*]). I gcás tuiscint an Donnabhánaigh gur bhain an ainm le Gallaibh fé leith ar na hInnsibh Gall, síolraíonn an tuiscint seo ón dtagairt inar thugag ‘Lagmannaibh na nInnsedh’ ortha; ach is é seo an t-aon tagairt amháin ina

luaitear na hInnse Gall. Is léir go raibh tuiscint ní ba ghinearáltha i gceist leis an bhfocal Ladhg(h)mainn sa Ghaoluinn.

Léirigh an Murchadhach (1987, 136-40) go háititheach mar sin fhéinig, agus é dulta i muinín taighde eile (m.sh. Halliday, Hibbert, Foote agus Wilson), gur fhocal iasachta ón Lochlannais féin é 'Ladhg(h)mainn', .i. *Laugman* nó *Lǫgmenn* 'fir dhlite' (Ó Murchadha, 1987, 138). Is é a bhíodh insa *Lǫgmenn* ná cléirigh, .i. *Godordsman* nó *Gode*, go mbíodh cearta an bhreithimh acu. Théadh na *Lǫgmenn* so ar cuairt ar thionólaibh fé leith go dtugtaí *hof* ortha ina mbíodh cúirt acu (ibid.). Institúid reachtach agus bhreithiúnach a bhíodh iontasan i ndáiríribh mar sin.

Tagann an tuiscint i dtaobh an díoltais nó cúrsaí reachtacha lena bhfuil le feiscint ins na tagartaíbh Gaelacha fhéinig óir ba léir go ndéantaí idirdhealú idir ghnáthghallaibh—.i. Íomhar agus Gaill Luimní—agus 'Ladhgmannaibh', .i. drong Lochlannach a tháinig i dteannta ceannaire fé leith—.i. Maghnas mac Arailt nó mac d'Amhlaoibh—chun díoltas a bhaint amach nó chun an dlí a chur i bhfeidhm: .i. 'co ndearchatar na Ladgmainn iarttain co fioraibh Mumhain, do dhíoghail a mbráthar .i. Oin agus Orgain Inse Cáthaigh do Mhaghnus mac Arailt co Llagmannaibh na ninnsedh imbi, ⁊ Iomar ticchearna Gall Luimní do brith esti' (Ó Donnabháin, 1848-51, [*AFM*] 960), nó mar adeirtear in *AI* (Mac Airt, 1951, 974.2): 'Macc Arailt co mmórthinól mór timchell Herend coro ort Inis Cathaig ⁊ co ruc Ímar lais i mbrait esse'.

Ach is dócha go raibh tuiscint ní ba leithne ar an gcnuasainm 'Ladhg(h)mainn' aiges na Gaelaibh a thug an focal iasachta leobhtha. Thagadh drong nó bruíon Lochlannach, .i. *raadmen*, i dteannta na *Lǫgmenn* agus iad ar a gcuairt reachtach ar mhaithe le héagóir a chur ina cheart (Ó Murchadha, 1987, 136-40). Thá sé le tuiscint ós na tagartaíbh gur shlua mór a bhí i gceist leis na 'Ladhgmannaibh' so, .i. 'mórthinól mór'. Is dócha mar sin gur chuimsigh réimse tuisceana an fhocail 'Ladhgmainn', de réir na nGael féineach, an bhruíon a thagadh i dteannta na mbreitheamh so chón maith (ibid.).

Cé go bhfuil an chuma ar an scéal ná raibh an focal 'Ladhgmainn' i mbéalaibh na ndaoine ar feadh i bhfad, geall le cúig bliana dhéag idir 960-975 (Ó Murchadha, 1987, 136), gheibhtear an focal mar ainm bhaiste agus mar shloinne ón 10ú haois ar aghaidh i measc dóibhsan gur de shíol Lochlannaigh dóibh (ibid., 139). Cuir i gcás

cabhlach ‘Laghmainn’ do thug fén Mumhain i dteannta iarlaí Lochlannacha eile de réir *CGG* (Todd, 1867, 40): ‘Tainicc ann amh Loinges Oiberd ... L. Oduind... L. Griffin ... ocus Loinges Laghmuind ... ocus L. Sitrucha’. Tugann foirmeacha mar seo leideanna dúinn maidir le litriú agus fuaimniú ceart an fhocail so. Thá an fuaimniú ceart de rud beag corraitheach dh’fhuascailt nó a scaoileadh. Mar a luag thuas, tugtar ‘Ladhgmhainn’ ortha in *FGB* an Duinnínigh (1927, s.n.), ach is léir ós na foinsíbh gur *-m-* srónach déliopach lánghlórach /m/ a bhí ann i gcónaí.

Níl fuascailt na faidhbe chón soiléir san i leith na chéad eiliminte mar sin fhéinig: *Ladg-, Lag-, Lagh-, Ladh-*. I gcás na foirme *Ladg,* mhol an Murchadhach gurbh imeartas focail é an litriú so ionas go mbeadh sé ag teacht leis an bhfocal ‘ladg’ (*eDIL* s.v.), .i. ‘laog(h) / ladhg’ (Ó Duinnín, 1927, [*FGB*] s.n.), .i. ‘sneachta’ (Ó Murchadha, 1987, 137): focal a bheadh oiriúnach do dhaoinibh a tháinig aduaidh. Ach ní fheadarsa ar chóir an focal a litriú le consan cruaidh glórach (pléascach neamhghlórach) *-g-* nó le consan éadrom séimhithe (pléascach leanúnach glórach) *-gh-* / *-dh-* sa bhfoclóir féin? B’fhéidir go raibh *-g-* lánghlórach ann ar dtúis, cf. ‘Ladgmainn’ agus ‘Lagmainn’; ach ba léir gur dheineag é a dhíghlórú de réir a chéile, .i. ‘Laghmainn / Ladhmainn’—thuit *-g-* agus *-d-* séimh le chéile le linn ré na Meán-Ghaoluinne gan amhras (Breatnach, 1994, 234, §3.18)—mar a thagann le litriú na sloinne i nGaoluinn na hÉireann agus na hAlban sa ló athá inniuimh ann, .i. ‘Mac Laghmann / Mac Ladhmann’. Agus mar a léiríonn na foirmeacha Gallda *vel sim.* MacClement (Éire) agus Mac Lamond / Mac Lamont (Alba)—nó de réir na logainme ‘Baly Lamin’, .i. Baile Laghmainn, ar Oileán Mhanann (Ó Murchadha, 1987, 139-140)—dheineag an consan éadrom ‘*-dh-* / *-gh-*’ a dhíghlórú ar fad ionas gur dheineag fadú cúitimh nó défhoghair as an nguta roimhe.

Ladraighe

Ladraighe (*Lad(fh)ear's people?*) Trad. listed as one of fifty *loingeasa* / *aitheachthuatha*, or migratory / vassal-people, of Ireland who assisted *Dál bhFiachach (Suidhghe) in their defeat of the *Osraighe. Half of these app. came under the dominion of Dál bhFiachach Suidhghe and were considered *Déise. The fifty *loingesa* are later reckoned as subdivisions of Dál bhFiachach (Suidhghe). The quality of the medial dental is unclear. **Trad. deriv.:** *Nach loinges rofitir Eithne hUathach la Heirind dosfuide cosna Deise fobith arcrunad Dal Fiachach isnaib cathaib mencib. Tobeir cucu … Nonbur do maccaib Latfhir diatat Lattrige .i. maic Fhir Ceoch ... Coica toirgi laisna Déisi. A cuic fichet dib tarthatar raind, a cuic fichet aile nach tarthatar 7 is dona toirgib [sin] is ainm Déisi. Ar itt e fil fo deisis 7 dligud 7 bodagas ... do Dail Fiachach*, Ériu 3, 138-41 (= FTorna 214: *nonmar da macaib Laidir a quo Lathraige .i. mic Fir Ceoch*; Cymmrod. 14, 122-24: *Cach longas ... rofitir Eithne Huathach la Herind dosreclam cosna Deisse, fobith nodigbaitis Dal Fiachach Suidge isna cathaib mencib. Do thoirgib na nDessi inso sis. Dobert … .ix. do maccaib Laidir maic Firchi do Ladraige*). ***Aitheachthuath* of Ireland:** *Anmand na nAthachthuath … dia rer Libuir Glinne Da Locha … Aithechthuatha em fodailset for Erinn iar ndibed a saerchlann ocus a saerfer .i. … Lathraige*, GT 107 (= GT 119; Éigse 19, 160). ***Forshlonnadh* of Dál bhFiachach (Suidhghe):** *Forshluinte Dal Fiachach Suidge … Latraige*, Cymmrod. 14, 134 §27 (= ZCP 21, 309: *De Forslointib hErend. Prim-forslointib Dal Fiachach: … Latrige*). **Subdivision of Dál bhFiachach (Suidhghe):** *Do Fhorshloinntibh Ereann, do phriomhshloinntibh Dal Fiatach* [*recte* Fiachach] ... *Lathraighe*, LGen. 779.7 (= 1021.4: *Lathraighe*). Cf. Éigse 20, 3-18; Ériu 11, 38; PRIA 29C, 62; ZCP 15, 233; ZCP 24, 267-8.

Lat(h)raighe See Ladraighe.

Brí

Ar an gcéad dul síos, thá macasamhlú na dtreabhainmneacha so—.i. ‘Ladraige (Lat(h)raige)’, ‘Lu(i)dhr(a)ige’ (*vel sim.*), ‘Liobha(r)traighe’ (*vel sim.*)[85]—truaillithe insa mhéid is gur diocair a mbunfhoirm a scaoileadh (má thá aon rian den bhfírinne iontasan ar aon nós).[86]

I gcás ‘Ladraige / Lat(h)raige’, adeirtear go síolraíonn ainm an treabhchais ó fhear darbh ainm Laid(fh)ear, ach thá amhras ann ó thaobh shinsear an fhir so. Ba mhac le ‘Firchi’ é de réir leagan Rawl. B 502 (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 124): ‘.ix. do maccaib Laidir maic Firchi do Ladraige’; ach is é adeirtear i leaganachaibh Laud 610 agus LUM ná ‘nonbur do maccaib Latḟir diatat Lattraige .i. maic Ḋir Ceoch’ (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139).[87] Arbh é a bhí i gceist i ndáiríribh leis an dtagairt súid ná gur mhac le Fear Ceoch é Laid(fh)ear, *recte*: ‘nonbur do maccaib Latḟir maic Ḋir Ceoch diatat Lattraige’? Nú an raibh ‘maic Ḋir Ceoch’ ag tagairt do ‘Ladraighe’ féinig: .i. ar chomhainm é ‘maic Ḋir Ceoch’, .i. ‘the sons of Fear Ceoch’, do ‘Ladraighe’ féinig? Nú ar ghluais é ‘.i. maic Ḋir Ceoch’ ar dtúis a chuireag leis an dtéacs féin agus é á mhacasamhlú? Ruitheann sé liom gurbh é an chéad rogha é, .i. ba ainm athar Laid(fh)ir é, toisc go bhfaightear drong eile dá dtugtar an síolraitheoir céanna de réir *Tairired na nDéssi* féinig, .i. ‘Nothraighe / Nathraighe’; agus chítear an t-easaontas céanna chón maith i gcás foirmeacha ainm an tsíolraitheora anso: ‘ix. do Naithir mac Fircheich do Nathraige’ de réir Rawl. B 502 (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 126), ach ‘nonbur do Nothir mac Firceoch diatá Nothrige’ de réir Laud 610 (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139). Bunaithe air sin, féadtar foirm Rawl. B 502 a leasú anois, .i. ‘.ix. do maccaib Laidir maic Fircheich’.

Ach mar sin fhéinig, níl teacht agam ar ‘Laid(fh)ear mac Firchich / Fir Ceoch’ in aon gheinealach nú tráchtaireacht treabhchais eile in *CGH, GT, LGen*. Ainm neamhchoitianta go maith is ea Laid(fh)ear ach tugtar ainm mar é, .i. Laider / Laidir / Loider, ar *ara(e)* ‘carbadóir’ Chon Chorb a luaitear i dtráchtaireacht ghonta ghiorraisc dar teideal, *De Genelogia Dáil Cairpri Arad*, a mhaireann mar chuntais difriúla in Rawl. B 502, LL, BLec. agus BB (O’Brien, 1962, [*CGH*] 119a8-119ab30;

[85] Cuirtear síos ar fhoirmeacha difriúla agus suíomhanna na n-ainmneacha féna gceannteideal féin sa tráchtas thíos, .i. ‘Lu(i)dhr(a)ighe’ agus ‘Liobha(r)traighe’.
[86] Tugtar cur síos níosa chuimsithí ar na foinsíbh fén bhfo-theideal ‘comhthéacs na bhfoinsí’ thíos.
[87] Is é a thugtar in LUM go cruinn ná ‘nonmar da macaibh Laidir a quo Lathraighi .i. mic Fir Ceoch’ (Pender, 1947, [*FTorna*] 214).

cf. Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 440.1-441.3). Mínítear ins na cuntasaibh súid gur de shíolrach Ultach don Laid(fh)ear so is gur *ara(e)* Dhál nAraidhe é ar dtúis. An ní is suimiúla fén dtráchtaireacht is ea go ndeirtear gur theith Laid(fh)ear go Cúige Mumhan le clannaibh agus le mnaoi Chon Chorb, .i. Eithne—.i. iníon Aonghasa / Cairbre Músc—i ndiaidh mharú Chon Chorb lena bhráithribh (O'Rahilly, 1946, 20-21). Ba léir gur thug Laid(fh)ear grá d'Eithne agus iad sa Mhumhain toisc gur rugag ceathrar mac dóibh ann: Teacca (*vel. sim*), Éanna, Di(o)la agus Art(t)a. Léirítear ansan gur thug Aonghas / Cairbre Músc de Mhúscraighe fearann dá mhac iníne, Cairbre (mac Eithne agus Chon Chorb), nú do mhacaibh Eithne agus Chon Chorb go léir, in iarthar Mumhan, .i. i dTír nDuais; agus ina theannta san, do thugag talamh chón maith do mhacaibh 'ind Arad', .i. Laid(fh)ear:

> No-s-bert iarum Laider ara do Ultaib a quo Dál nAraidi, is é ba hara Con-Corb. Iar n-écaib Con-Corb ros-fucad-se siar i mMumain ⁊ bert ceithri macco dó i suidiu. It é a n-anmann-side: Tecca a quo Ailbe Imblecha ⁊ Énna ⁊ Dila ⁊ Artta. Luid iarum in Cairpre siar iar tain do chuingid chobrad coa senathair Cairpre Músc, ar ní-mbae ferann iar n-écaib a atha(i)r .i. Con Corb lia bráithriu. Ní tárlaic iarum Óengus aniar ach do-bert ferann dó lais tiar .i. Tír nDuais (O'Brien, 1962, [*CGH*] 119a11-17) … Do-bert iarum Óengus [Músc] ferann do mac [.i. Cairbre] / maccaib [LL / BLec.] a ingine ⁊ do-breth leth do Chairpriu a óenur fri cethri macco ind arad [.i. mic Laid(fh)ir] (O'Brien, 1962, [*CGH*] 119ab29-30).[88]

Ní fios suíomh Thír Duais ach mar adeir Pádraig Ó Riain (1997, 702-3) 'Laider's four sons were regarded as eponymous ancestors of the Dulraige, Taícraige, Nenraige and the Artraige, a cluster of related families known from other sources to have had a hereditary vested interest in the church of Emly'. Luaitear i gcuntas Rawl.

[88] Do thángthas ar chloich Oghaim in iarthar Mhúscraí ar a raibh 'CORIBIRI' greanta agus mhol Eoin Mac Néill (1911 / 1912, 72 nó. 3) gurbh é Dál Cairbre a bhí mar bhunús de ach bhí drogall air féin glacadh leis toisc gur bhain an dream Laighneach so le hiarthar na Mumhan agus níor le hiarthar Mhúscraí: 'Dál Coirpri, one of the four primary divisions (cethri príṁsloinnte) of the Lagin. They seem to have been situated in East Munster, of which a large part had once, it was believed, belonged to Leinster … The inscription, however, belongs to East Muskerry barony, Co. Cork'. Do luaigh McManus (1991, 111; 180 nó. 58) an fhadhb chéanna. Ach más fíor tuairim Mhic Néill ó thús gur Dhál Cairbre a bhí mar bhunús don ainm Oghaim so, cuireann a leithéid go mór lena dtugtar le fios in *De Genelogia Dáil Cairpri Arad* óir deintear iarracht anso an chúis go raibh Dál Cairbre i gcrích Mhúscraighe a mhíniú, is cuma má thá aon rian den bhfírinne mar a ráinig sé de réir an scéil féin: .i. thug Cairbre / Aonghas Músc, asar shíolraigh Múscraighe, fearann dá mhac iníne, Cairbre mac Con Chorb na Laighean, in iarthar a chríche. Féach chón mhaith ar alt an Chorránaigh (2018, 13-24) dá argóint go mbíonn fíricí ársa 'siocaithe' i measc na scéalaíochta ins na geinealaibh go minic.

B 502 den dtráchtaireacht thuas gur shíolraigh Ailbhe Imleacha, bunaitheoir Imligh, ó Teacca féin. Ina theannta san tugtar le fios gur bhain ‘Artraighe’ le ceantar máguaird Chaisil (Eoghnacht Chaisil), .i. leis an dtaobh san tíre ina bhfuil Imleach, óir liostáiltear ‘Artraighe’ insa liosta treabhchais dar teideal *Do Daertuaithaib Caisil* ó RIA MS C.i.2, 40a17-27 (féach thíos do thras-scríbhinn de) agus adeirtear in *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Artraighe) gur chónaigh ‘Art(t)raighe’ ‘App. in W. of b. Clanwilliam, incl. p. Clonbeg, TY’.

B’fhéidir mar sin gurb é an traidisiún a bhaineann le Laid(fh)ear ind Arad athá mar bhunús na tuisceana gurbh é Laid(fh)ear mac Firchich / Fir Cheoch síolraitheoir ‘Ladraighe’. I gcás Laid(fh)ir ind Arad féinig, tugtar roinnt mhaith ainmneacha difriúla ar a athair. Luaitear, mar shampla, gurbh é Fear Tlachtga ainm athar Laid(fh)ir i ngeinealach ‘Taícraighe’ (*vel. sim.*) amháin, dar teideal *Do forsloindtib Dál Cairpri nó Tácraige*, in Rawl. B 502, a thagann níos déanaí i ndiaidh an chuntais, *De Genelogia Dáil Cairpri Arad* (thuas):

> Do forsloindtib Dál Cairpri nó Tácraige … Tóeccae m. Loidir Arad Imros(n)ada [v.l. m. Imrosada BLec.] m. Fir-Thlachtga m. Rossa m. Rudraigi ⁊ Fergus m. Róich ⁊ Fer Cécht mac Róich ⁊ Fer Tlachtga mac Róich’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 128a36-39).

Is dócha go dtagann a leithéid de thuiscint lena ndeirtear i ngeinealaibh Chonmhaicne ó Rawl. B 502, leis: ‘Is é seo in senchas coitch<enn>. Sé meic Fergusa [meic Róich] .i. … Fer Tlachtga … Fer Tlachtga a quo sunt na cethri Araid .i. Tácraige ⁊ Arttraige ⁊ Húi Ibdana’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 161b23-27). Ach adeirtear gurbh é Imrosa ainm a athar i ngeinealach Ailbhe Imleacha in *CGSH* (Ó Riain, 1985, 135): ‘Ailbe Imlecha Ibair m. Olcain … m. Dala m. Laidḟir m. Imrosa (Nithai) m. Ḟir Thlachtga m. Celtchair m. Cuitechair [v.l. m. Ḟir Thlachtga m. Fergusa m. Roig LB] ut ante [v.l. m. Fothaid m. Fir Filed m. Glais m. Rossa [m.] Rudraige BLec.]’; mar aon le leagan BLec. de *Do forsloindtib Dál Cairpri nó Tácraige* thuas (O’Brien, 1962, [*CGH*] 128a36-39) agus i roinnt mhaith foinsí eile (cf. Ó Muraíle, 2003, [*LGen.*] 731.6, 7(e); 736.4; 1189.1, 3 (2); 1200.1). Cuimhnigh gur buafhocal é Imros(n)a(da) do Laid(fh)ear féin i gcás *Do forsloindtib Dál Cairpri nó Tácraige* ó Rawl. B 502 thuas. Ach ansan, tugtar ‘Cathnill’ mar athair do Laid(fh)ear agus Imrosnada mar sheanathair dhó i leagan geinealaigh *Do Thaícraige Arad* in LL

(O'Brien, 1962, [*CGH*] 326g26-30): 'm. Thóecca m. Laidir m. Cathnill m. Imrosnada m. Ḟir Thlachtgai'. Éiríonn an scéal níosa chasta de réir mar a fhorbraíonn an traidisiún agus tugtar ainmneacha difriúla ar athair Laid(fh)ir de réir a chéile; is léir gur míthuiscintí macasamhla iad cuid acu: .i. Laid(fh)ear mac Aithmhillte / Caithmheall / Cathall / Catoll (Ó Muraíle, 2003, [*LGen*.] 440.2; 441.3; 449.2, 4, 6, 8, 10). Is frithráiteach corraitheach casta é sinsear Laid(fh)ir mar sin.

Má fhéachaimíd ar gheinealach 'Taícraighe' ó Rawl. B 502 athuair, chítear dom go bhfuiltear dh'iarraidh traidisiúin / tuiscintí eile a chur in úil i gcás sinsir Laid(fh)ir féinig toisc go dtugtar trí mhac Róich mar roghanna eile in ionad Rossa mic Rudhraighe do sheanathair Laid(fh)ir: .i. 'Loidir Arad Imros(n)ada m. Fir-Thlachtga m. Rossa m. Rudraigi ⁊ Fergus m. Róich ⁊ Fer Cécht mac Róich ⁊ Fer Tlachtga mac Róich' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 128a37-39). Is léir go bhfuil dul amú anso. Tugann geinealach 'Taícraige', mar a gheibhtear in LL é dar teideal *Do Thaícraige Arad*, comhthéacs sa bhreis dúinn leis an ngeinealach céanna ó Rawl. B 502 thuas a thuiscint (O'Brien, 1962, [*CGH*] 326g26-30):

> Do Thaícraige Arad … Thóeca m. Laidir m. Cathnill m. Imrosnada m. Ḟir Thlachtgai. Trí meic Rosa Róig Rodani: Fergus, Fer Ceug, Fer Tlachtga.[89]

Is amhlaidh nach mór na hainmneacha a luaitear insa dá chuntas ach thá difríochtaí suntasacha eaturtha leis. I dtaobh leagan Rawl. B 502, is dócha go mbaineann Ros(s) mac Rudhraighe agus mic Róich (Fearghas, Fear Céacht agus Fear Tlachtga) leis an nglúin chéanna. Ach b'athair é Ros(s) Róig Rodani d'Fhearghas is d'Fhear Ceoch (siochas Fear Céacht) agus do Fhear Tlachtga i leagan LL.[90] Chífear anso chón maith go bhfuil na pearsana difriúla ón ngeinealach in Rawl. B 502, .i. Ros(s), Ró(i)ch agus Rudraighe, súite in aon duine amháin i leagan LL: .i. Ros(s) Róig (Róich) Rothana (Rudhraighe), agus ina theannta san, bíonn Ros(s) Róig Rothana, Ros(s) mac

[89] Cf. 'Fomuir mac Argatmáir is uad Rudraige [v.l. ríge Rughraidi LL] cona clainn. Rudraige trá it iat so a meic .i. Congal Cláringnech … Bresal Bódibad … Ross … Fergus' [v.l. At é andso clanda (meic) Rudraidi .i. Bresal Bódíbad ⁊ Niall Niamglondach ⁊ Congal Cláiringneach … ⁊ Rossa ⁊ Leidi ⁊ Cass ⁊ Áengus ⁊ Ginga ⁊ Fer Filead ⁊ Ailill Cestach ⁊ Fachtna … trí meic nó ceathra meic la Rosa mac Rudraidi .i. Fergus Mór ⁊ Niall ⁊ Glas ⁊ Fer Tlachtga Laud 610] (O'Brien, 1962, [*CGH*] 156a54-156b1).

[90] B'athair é Ros(s) Róig Rodani d'Fhearghas agus do Thlachtga de ghnáth fiú má thá Ros(s) mac Rudraighe tugtha ina ionad: 'trí meic nó ceathra meic la Rosa mac Rudraidi .i. Fergus Mór ⁊ Niall ⁊ Glas ⁊ Fer Tlachtga [Laud 610]' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 156a54-156b1). Féach ar an bhfo-nóta díreach i ndiaidh an fho-nóta so le haghaidh chomhthéacs sa bhreis.

Rudhraighe agus Fearghas mac Róich féin fite fuaite ina chéile go minic i gcomhthéacsannaibh eile.[91] Mar a chímíd chón maith i gcás geinealaigh Chonmhaicne thuas ina dtugtar Fearghas mac Róich mar athair Thlachtga in ionad Ros(s) Róig Rothana / Ros(s) mac Rudhraighe: 'Sé meic Fergusa [meic Róich] .i. … Fer Tlachtga … Fer Tlachtga a quo sunt na cethri Araid .i. Tácraige ₇ Arttraige ₇ Húi Ibdana' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 161b23-27)'. I dtaobh na bhfoirmeacha Rodanai agus Rudraighe, chítear dom gur comhfhocail dreama iad—.i. focail lena bhfuil na hiarmhíreanna dreama, *-r(a)ighe* agus *-ne*, m.sh. 'Cruithne', 'Luighne' srl., táite leo (Mac Néill, 1911/ 1912, 64, 67-70).[92]

Is é an difear is suntasaí dúinne ná an tagairt do 'Fer Ceug' in ionad Fear Céacht mar mhac do Ros(s) Róich Rothana / Ros m. Rudhraighe / Fearghas m. Róich. Caithfidh gurb ionann 'Fer Ceug' anso agus an Fear Ceoch / Firchich mar a thugtar in *Tairired na nDéssi* é. Is léir mar sin gur dhein scríobhaí / scéalaí *Tairired na nDéssi* iarracht Laid(fh)ear, óna síolraíonn 'Ladraighe' de réir deabhraimh, a cheangal le traidisiún Chon Chorb agus an Laid(fh)ear so a shíolrú ó *'Fhear Ceoch mac Ros(s)a Róich Rothana / Ros(s)a mic Rudhraighe / Fearghasa mic Róich', .i. deartháir Fhir Thlachtga mic Rossa Róich Rothana / Rossa mic Rudhraighe / Fearghasa mic Róich, as a síolraíonn Laid(fh)ear ind Arad agus as a síolraíonn 'na cethri Araid .i. Tácraige ₇ Arttraige ₇ Húi Ibdana' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 161b27): .i. forshloinnte tábhachtacha i gCúige Mumhan ab ea iadsan a bhí ag cur fútha mórthimpeall ar Imleach i gcontae Thiobrad Árann mar a phléamair cheana. Ach an

[91] Cf. 'id est Flann Feórna [v.l. Genelach Ciarraige Luachra annso BLec., BB] … nó ita Ambrit … m. Moga Tuath m. Fergusa m. Roaich [v.l. m. Rosa Roig Rodána LL, BLec., BB]' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 158.43-47). Cf. 'Genelach Ciarraige. Mac Raith … m. Ambrit … m. Moga Tuath m. Fergusa m. Rosa m. Rudraige' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 154d24-43); 'Genelach Corco M'Druad. Conchobor … m. Me druad … m. Cuircc m. Fergusa m. Rossa m. Rudraigi [v.l. m. Cuirc m. Feargusa m. Rosa Róich m. Rudraidi LL]' (O'Brien, 1962, [*CGH*] 154d44-155a).

[92] Tugtar bunaitheoirí eile do 'Ro(i)thr(a)ighe agus 'Rothana / Rothanraighe' in BLec. (218vc14-219ra4) agus BB (179a25–39). De réir an traidisiúin seo, ba dh'é Eochaidh Rothan mac Mogha Nuadhad bunaitheoir 'Rothraighe'; ach ba dh'é mac mic Mhogha Nuadhad, .i. Fiacha(ch) mac Mogha Neid mic Mhogha Nuadhad, síolraitheoir 'Rothanraighe': 'Coic meic forfacaib Mog Nuadat .i. Aengus Cata ₇ Eochaid Rothan … a quo Rothraidi … Fiachach meic Moga Neid a quo Rothanraidi ₇ Lugaid Laga ₇ Ailill Ulum' (BLec. 218vc14-219ra4); féach thíos fén iontráil 'Luidhrighe'. Fiú sa leagan so, is ait an rud é ná fuil a mhalairt i gceist toisc go mbeifí ag súil go mbeadh Eochaidh Rothan ina bhunaitheoir ar Rothanraighe i ndáiríribh de bharr buafhocail Eochaidh féin, .i. Rothan. Luaitear 'Rothraighe / Rudraighe' insa liosta treabhchais in *Tairired na nDéssi* chón maith ach tugtar síolraitheoir eile dóibh: '.ix. do mac (sic.) Glasschaich maic Moga Ruith do Rodraige' in Rawl. B 502 (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 126) agus 'nonbur do maccaib Glaiscaich maic Moga Roith diata Roithrige' in Laud 610 (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139). Féach ar Mac Néill (1911 / 1912, 74) agus McManus (1991, 111, 180 nó. 60) don leagan Oghaim, .i. 'ROTTAIS', agus don leagan le 'corca', .i. 'Corca Roíde'.

cheist athá le freagairt mar sin is ea an bhfuil aon rian den bhfírinne ann? Más fíor é, ní thugann an corpas ina luaitear Laid(fh)ear aon aird ar ‘Ladraighe’. Is mó seans mar sin go bhfuil bréagsheanachas i gceist; ní foláir dúinn a bheith cáiréiseach áfaigh mar gheall ar shanasaíocht an treabhchais so.

Thá diocracht ann leis ó thaobh fuaimniú an déid lárnaigh i gcás ‘Latraighe / Ladraighe / Lattraighe / Lathraighe’: .i. an déad lánghlórach é, .i. *t* /d/? An déad neamhghlórach é /t/? Nú an *t* séimh é, .i. /ð/? Tugtar le fios gur déad lánghlórach é i leagan A de *Tairired na nDéssi* in Rawl. B 502 (Meyer, 1901, [*Cymmrod.* 14] 124), ‘Laidir maic Firchi do Ladraige’; agus in Laud 610 (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139), ‘Latfir diatat Lattrige .i. maic Fhir Ceoch’; agus i liosta eile dar teideal *Forṡluinte Dal Fiachach Suidge* in Rawl. B 502 (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 134), ‘Latraige’; agus i liosta dar teideal *Prim-forṡlointib Dal Fiachach* in H.2.7 [TCD MS 1298] (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 309), ‘Latrige’ (féach ‘comhthéacs na bhfoinsí’ thíos).

Ach i gcás litriú an fhocail, ‘Lattraige’, seans gur *t*-neamhghlórach é—cf. ‘Cattraige’ do ‘Catraige’ thíos fé thraidisiún (C). Ach ní dóigh liom gur *t*-neamhghlórach é ‘Lattraige’ i ndáiríribh, mar a chonaiceamair, tugtar ‘Laid(fh)ear’ mar bhunús ‘Ladraighe’ agus is é ‘Laider’, .i. le *d* /d/, an litriú a gheibhtear don ainm seo go neamhspleách. Cé go mb’fhéidir go bhfuil bréagshanasaíocht i gceist i gcás ‘Laid(fh)ir’, do bheithfeá ag súil fós go mbeadh fuaimniú, ‘Laid(fh)ear’, ag teacht le fuaimniú an treabhchais ionas go bhfuighfí an bhréagshanasaíocht seo a chur chun cinn ar an gcéad dul síos. Ach mar sin fhéinig, gheibhtear a mhalairt den bhfadhb chéanna i gcás ‘Cat(t)/raighe’ féin thíos fé thraidisiún (B): .i. in ionad *t* do *d*, .i. ‘Lattraighe’ do ‘Latraige / Ladraighe’, gheibhtear *d* do *t*, .i. ‘Cadraighe’ do ‘Cat(t)raighe’. D’fhéadfá a rá gur dearúd macasamhla é seo toisc ná raibh an *t*-lárnach san i gcás ‘Cat(t)raighe’ séimhithe nó lánghlórach riamh. Sin más fíor tuairim Mhic Néill go mb’fhéidir gur ainmníog an treabhchas ‘Cat(t)raighe’ as an ‘gcat’ nó as ainm a raibh ‘cat’ mar chroí-eilimint inti (Mac Néill, 1911/ 1912, 81); is é adeirtear in *Tairired na nDéssi* féinig ná go síolraíonn ainm an treabhchais ó fhear darbh ainm dó Glaschat(t) mac Ailealla Auluim (Meyer, 1901, [*Cymmrod*.] 14, 128; Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139) ach mínítear gurbh é Aonghas Cata ‘Oengus Catta’ síolraitheoir an dreama in *De Forslointib hErend* in H.2.7 (Dobbs, 1938-40, [*ZCP*] 21, 312). Ach mar sin fhéinig, thá Pádraig Ó Riain tar éis an argóint a chur chun cinn gurb ionann ‘Cat(t)raighe / Cathraighe’ agus ‘Co(i)thr(a)ighe / Ca(i)thr(a)ighe’ toisc

go raibh baint aiges na dreamannaibh so le Caiseal (1997, 700-1; cf. *Do Daertuaithaib Caisil* thíos). Más fíor san, seans go seasann an *-d-* lárnach i ‘Cadraighe’ do *d* séimh i ndáiríribh, .i. do dhéad séimh. Ach is diocair a bheith cinnte as ar tháinig an séimhiú / díshéimhiú lárnach i gcás ‘Cat(t)raighe / Cathraighe’, .i. ar bhotún macasamhla é seo athá bunaithe ar mhíthuiscint scríobhaí éigint ach a normálaíog de réir a chéile tar éis an bhotúin a chóipeáil agus a athchóipeáil; nú, arbh é go raibh solúbthacht i gceist maidir le fúaimniú roinnt déad lárnach, idir lánghutach agus séimh, sa tseana-aimsir?

Tugtar ‘Lathraighe’, .i. le *t* séimh, ar ‘Ladraighe’ i Leagan A de *Tairired na nDéssi* in LUM (Pender, 1947, [*FTorna*] 214): ‘Laidir a quo Lathraighi, .i. mic Fir Coech’; agus i leaganachaibh *LGen.* (Ó Muraíle, 2003, 779.7 / 1021.4) dos na tráchtaireachtaíbh treabhchais ina liostáiltear aitheachthuatha na hÉireann (traidisiún [B] thíos), cf. le ‘Latraige’ in H.2.7 sa traidisiún céanna. Gheibhtear *t* séimh chón maith i gcás na dtráchtaireachtaí i dtraidisiún (C) thíos *GT* (Ó Raithbheartaigh, 1932, 107 = BB, 119 = H.3.17). Thá samplaí eile den tráchtaireacht treabhchais so, .i. traidisiún (C), in BLec. (Ó Corráin, 1982-83, [*Éigse* 19] 160) agus in Edinburgh MS 28 (Craigie, 1899, [*RC* 20] 336); ach fágag an tagairt dos na ‘Ladraighe / Lathraighe’ ar lár iontasan óir thá an chuid den dtráchtaireacht ina bhfaightear ‘Ladraighe’ truaillithe amach is amach sna samplaíbh so—is léir san ós na *homoioteleuta* agus na dittografanna go léir.

Ag casadh aríst ar fhadhb na ndéad, cé go bhfaightear ‘Lathraighe’ i leagan LUM de *Tairired na nDéssi*, is léir go bhfuil ortagrafaíocht an téacsa sa leagan so i bhfad níosa nua-aimseartha ná mar a gheibhtear in Laud 610 agus in Rawl. B 502 (féach fé ‘comhthéacs na bhfoinsí’ thíos)—ach amháin gurb ionann an friotal ionta nach mór. I gcás na dtagairtí eile ina bhfaightear *t* séimh, .i. na tráchtaireachtaí treabhchais, ní thagann na foirmeacha Seana-Ghaoluinne slán iontasan in aon chor, cé gur léir gur macasamhla d’fhoinsíbh luatha iad (Dobbs, 1938-40, [*ZCP*] 21, 308; féach thíos fé ‘comhthéacs na bhfoinsí’). Ba léir leis gur chuaigh na scríobhaithe amú agus iad ag cóipeáil na n-ainmneacha go minic: cf. an mhíthuiscint ‘Brumu’ do ‘Bruinu’ de bharr tranglam minimí i dtraidisiún (B) agus ‘S’ in ionad ‘R’ i ‘Sa(i)thraighe’ do

‘Rathraige’ i gcás traidisiúin (C) thíos.[93] Ina theannta san, dhein na scríobhaithe iarracht na focail a léiriú le litriú a linne fhéin ar uairibh. Thá a leithéid de nua-chóiriú le feiscint, mar shampla, ón litriú ‘Lugraidi’ don dtreabhchas ‘Ludraige’ i liosta na n-aitheachthuath ó BLec. (Ó Corráin, 1982-83, [*Éigse* 19] 160) agus TCD H.3.17 (Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 119) [féach traidisiún [C] thíos]. Thuit fuaimniú *d* séimh, /ð/, le *g* séimh, /ɣ/; is *d* séimh caol, / ð’/, le *g* séimh caol, /g’/, le linn ré na Meán-Ghaoluinne gan amhras (Breatnach, 1994, 234 §3.18); rud a léiríonn ná raibh difear idir ‘Lu(i)dhr(a)ige’ agus ‘Lu(i)ghr(a)ige’ don té a bhreac an ainm sin.

Thá sé sothuigthe chón maith go gcuirfí séimhiú le *t*-lárnach i gcás focail ar nós ‘Latraige’. Go háirithe má thá scríobhaí ag tabhairt neamhairde ar a bhfuil á mhacasamhlú aige nú má thá sé á mhacasamhlú agus é ag baint feidhme as ortagrafaíocht a linne féin ach gan aon tuiscint a bheith aige ar an mbunfhoirm cheart mar a chonaiceamair i gcás ‘Lu(i)d(h)r(a)ighe’.

B’fhéidir gurbh fhearr mar sin a bheith dílis dona bhfuil sna foinsíbh is luaithe agus an *t*-lánghuthach, .i. /d/, a choimeád mar cheann na hiontrála: .i. ‘Ladraighe’. Bhí O’Brien (1925, 233).

Comhthéacs na bhfoinsí

Síolraíonn na treabhainmneacha so—.i. ‘Ladraige (Lat(h)raige)’, ‘Lu(i)dhr(a)ige’ (*vel sim.*), ‘Liobha(r)traighe’ (*vel sim.*)[94]—ó Leagan A de *Tairired na nDéssi* a gheibhtear in Rawl. B 502 (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 122-130), in Laud 610 (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 138-40) agus insa tsampla ciorraithe den scéal in LUM (Pender, 1947, [*FTorna*] 214-15).[95] Tráchtaireachtaí nó liostaí treabhainmneacha is

[93] Is léir gur ‘R’ in ionad ‘S’ athá ann toisc ná faightear ‘Sa(i)thr(a)ige’ in aon traidisiún eile ach gheibhtear ‘Rothraighe / Rudraighe’ i ngach leagan den dtráchtaireacht treabhchais agus in *Tairired na nDéssi* féinig.

[94] Cé go dtugtar ‘Luthraige’ ar an ndream so i leagan Rawl. B 502 de *Tairired na nDéssi*, tugtar ‘Lubentraige’ ortha in ‘aguisín’ athá díreach i ndiaidh an scéil, dar teideal *Forśluinte Dal Fiachach Suidge*, insa lámhscríbhinn chéanna (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14], 134); agus gheibhtear ‘Lubutrige’ i leagan Laud 610 (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139) agus ‘Lubartraighi’ in LUM (Pender, 1947, [*FTorna*] 215).

[95] Thá sampla ciorraithe eile de Leagan A in *Liber Flavus Fergusiorum* (Pender, 1947, [*FTorna*] 216-17), ach thá an chuid den scéal ina dtugtar na hainmneacha ar lár ins an leagan san.

ea na tagairtí eile fén iontráil so ar a dtugtar *Forshluinte Dal Fiachach Suidge*, nú mar é, nú *Aithechthúatha* / *Do Fhorshluintib Érenn* insna lámhscríbhinníbh fhéinig.

Tairired na nDéssi

I gcás *Tairired na nDéssi*, cé go dtagann sraith na n-ainmneacha mar a luaitear iad lena chéile ins na trí téacsanna (féach thíos), thá difríochtaí tábhachtacha suntasacha eaturtha. Seasann leagan Rawl. B 502 leis féin don chuid is mó, ach thá níosa mhó cosúlachtaí idir an leagan in Laud 610 agus LUM insa mhéid is go mb'fhéidir gur macasamhail é LUM do Laud 610 féin, nó leagan mar é ná maireann, ach le hortagrafaíocht níosa nua-aimseartha curtha air d'aon ghnó: cf. Laud 610: 'Dosfuide cosna Deise fobith arcrunad Dal Fiachach isnaib cathaib mencaib', le LUM: 'Dosfaidh gusna Deisibh fobith arcruindiughudh Dal Fiatach isna cathaibh meinci'. Ní hamháin é sin ach tagann sraith na n-imeachtaí / n-eachtraí agus an cur síos ortha i leagan LUM lena bhfuil in Laud 610 (Hull, 1954, 267-8; Ó Cathasaigh, 1984, 7-18). Ba léir leis gur scéalta cnuasacha iad an dá leagan a mhaireann (Hull, 1954, 268; Ó Cathasaigh, 1984, 10), .i. d'fhigh na scéalaithe a chum na leaganacha athá againn de *Tairired na nDéssi* foinsí eile leobhtha chun scéal iomlán ciotach a dhéanamh dóibh. Thá eagrán nua den scéal so a dhíríonn ar na fadhbannaibh so de dhíth go géar.

Tugaim na sleachta ina bhfaightear sraith na n-ainmneacha ós na trí cóipeanna de leagan A de *Tairired na nDéssi* thíos. Deinimse a leithéid ar mhaithe le trí aidhm: .i. (1) chun an coibhneas idir na lámhscríbhinníbh a léiriú; (2) chun na difríochtaí idir foirmeacha na n-ainmneacha mar a gheibhtear iad in *Tairired na Désí* a thaispeáint; agus (3) chun na foirmeacha ó *Tairired na nDéssi* a chur in iomaíocht lena bhfuil sna tagairtíbh eile thíos, .i. na tráchtaireachtaí treabhchais, ionas go mbeimíst inniúil ar bhunfhoirm na n-ainmneacha a scaoileadh. Tugaimse an chéad dá ainm déag i ngach sliocht den scéal so mar aon leis na treabhainmneachaibh athá idir lámhaibh againne. Cuirimse na difríochtaí athá eaturtha agus na treabhainmneacha cuí i gcló trom. Ciallaíonn an t-aibhsiú gorm go bhfuil Rawl. B 502 ag teacht le Laud 610 agus is é is brí leis na fo-línte ná go bhfuil Laud 610 ag teacht le LUM.

Rawl. B 502 (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 122-126)

Dosreclam cosna Deisse, fobith nodigbaitis **Dal Fiachach Suidge** isna cathaib mencib. Do thoirgib na nDessi inso sis.

Dobeir ... Semuine, Nechtarge, **Corco Laigdi, Mechain**, Bruirige, Odraige, **Corco Dítha**, Bentraige, Condrige, Sordraige, Duibrige, **Cairige**, **.ix. do maccaib Laidir maic Firchi do Ladraige**, Gabraige … **.ix. do ḞiurLuide ar Sid ar Femen do Ludraige** … **.ix. do Luthor mac Arda do Luthraige**.

Laud 610 (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 138-39)

Dosfuide cosna Deise fobith arcrunad **Dal Fiachach** isnaib cathaib mencaib.

Tobeir … Semoni, Nechtarge, maccu Luigdech … .i. Coscae brithem Caisil [.i. Corca Laoighde][96] … maccaib Oengusa Darcon maic Cormaicc Aulḟata [.i. Mechain], Bruirige, Odrige, **Corco Dítha**, Bentraige, Conrige, Sorthrige, Dubrige, **Ciarraige**, **nonbur do maccaib Latḟir diatat Lattrige .i. maic Ḟir Ceoch**, Gabrige, … **Nonbur do Ḟir Luide his-Sid ar Femon di hUltaib nadaicidacht diata Luidrige** … **Nonbur [di] Libur mac Arta diata Lubutrige**.

LUM (Pender, 1947, [*FTorna*] 214-15):

Dosfaidh gusna Deisibh fobith arcruindiughudh **Dal Fiatach** isna cathaibh meinci.

Doberar chucu Semhuini, Neachtraighi, macu Luidheach ... .i. Coscae breitheamh Caisil [.i. Corca Laoighde] … macaib Aengusa Macon mic Cormaic Ulata diada Dal MicCon [.i. Mechain], Bruraighi, Odhraighi, **Corco Itha**, **Beanraighi**, Conraighi, Sortraighi, Dubraigi, **Ciarraighi**, **nonmar da macaib Laidir a quo Lathraighi .i. mic Fir Ceoch**, Gabraigi … **nonmar da Fhir Ludhair da Ultaib anaicidacht a quo Ludraighi** … **nonmar da Libur mac Arta a quo Lubartraighi.**

[96] ‘Ar robae imthus do Chorccu Laigdi ₇ do Eoganacht hi Caissiul .i. intan nobid ri do Chorccu Laigdi, nobid brithem do Eoganacht. Oengus mac Nadfraich ba ri in tan sin ₇ Lugaid Laigdi Cosc ba brithem’: *For there had been an interchange between the Corco Laigdi and the Eoganacht in Cashel, to wit, whenever there was a king of the Corco Laigdi, there was a judge of the Eoganacht. Oengus, son of Nadfraich, was king at that time, and Lugaid Laigde Cosc was judge* (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 116, 117). Ach ba iad na Déise *brithemain* Caisil i gcás *Frithfolaid ríg Caisil fri túatha Muman* (Byrne, 1973, 196).

Tráchtaireachtaí / Liostaí na nAitheachthuath

Níl macasamhail d'aon cheann dos na tráchtaireachtaíbh nú liostaí treabhainmneacha díreach mar an gcéanna le haon mhacasamhail eile i gcás sraith nú foirm na n-ainmneacha a luaitear. Rud a léiríonn go mb'fhéidir go raibh solúbthacht i gceist maidir leis an ord inar bhreacag na liostaí; nú mar a léiríonn na dittografanna agus na *homoioitelueta*, bhí sé diocair go maith ar na scríobhaithibh na hainmneacha so a chóipeáil go dílis toisc go bhfuil foirmeacha na n-ainmneacha ana-chosúil lena chéile agus thá an foirceann céanna acu tríd síos nach mór, .i. *-r(a)ige*. Mar adeir an Corránach (1982-83, [*Éigse* 19] 159):

> Since all the tracts on the *aithechthúatha* proper occur in late and often corrupt transcripts it is very desirable that all the texts of these lists should be made available with a view to establishing the correct forms of the tribal names for historical and etymological purposes.

Thá a leithéid de *desideratum* thar chuimse an tráchtais seo gan amhras. Ach, thá macasamhlú na bhfoinsí chón corraitheach san go bhfuil sé fíorthábhachtach go mbeadh tuiscint againn ar chomhthéacs mhacasamhail na bhfoinsí agus go mbeimíst in ann na foirmeacha difriúla a gheibhtear ionta a chur in iomaíocht lena chéile is lena bhfuil in *Tairired na nDéssi* ionas go bhféadfaimíst bunfhoirm na n-ainmneacha dh'fhuascailt. Thá sé seo tábhachtach i gcás an tráchtais agus i gcás an fhoclóra *HDGP*, mar chaifear an bhunfhoirm cheart a scaoileadh le ceann-iontrálachaibh a chruthú gan amhras. Ina theannta san, caithfear iarracht idirdhealú glan a dhéanamh idir na hainmneacha gur leaganacha difriúla den ainm gcéanna iad, .i. comhainmneacha, agus na hainmneacha gur ainmneacha difriúla iad amach is amach. Beidh na hainmneacha gur comhainmneacha iad curtha fén gceann-iontráil gcéanna ach beidh a gceann-iontrálacha féinig aiges na hainmneachaibh gur ainmneacha éagsúla iad gan amhras. Mar sin, dheineas comparáid idir na chéad naoi n-ainm a thugtar i ngach aon liosta / tráchtaireacht treabhchais mar aon leis na treabhainmneachaibh dar tús 'L' athá idir lámhaibh againn sa tráchtas so.

Is féidir na liostaí / tráchtaireachtaí treabhchais so a rangú de réir trí thraidsiún athá bunaithe ar na teidil a thugtar ar na tráchtaireachtaíbh ins na lámhscríbhinníbh agus ar shraith na n-ainmneacha athá ionta.

I gcás an chéad traidisiúin, cuirtear an liosta so le clabhsúr *Tairired na nDéssi* in Rawl. B 502, mar a bheadh aguisín (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 134). Seasann an tráchtaireacht leis féin don chuid is mó, ach is suntasach an rud é go dtagann na gluaiseanna athá curtha le 'Bruirighe' agus le 'Luidhrighe' lena bhfuil curtha leis na hainmneachaibh céanna i dtraidisiún (B). Gan amhras gheibhtear an ghluais chéanna nach mór do 'Luidhrighe' i leaganachaibh Rawl. agus Laud de *Tairired na nDéssi*, ach is do shíol 'Feideilmid Bruḟir' (Rawl.: Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 124) nú 'Bruirir' (Laud: Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 138) na 'Bruirighe' de réir na dtéacsanna san.

Traidisiún (A)

Rawl. B502 (Meyer, 1901,
[*Cymmrod*. 14] 134)
Forśluinte Dal Fiachach Suidge

Semuinrige

Nechtraige

Bentraige

Odraige

Osraige

Bruirige o Bruru mac Artharu
rig Cruthni

Sordraige

Latraige

Carraige

...

Luidrige .i. fer luid hi sid

…

Lubentraige

I dtaobh traidisiúin (B), is léir go mbaineann TCD MS H.2.7 [1298] (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 309) lena bhfaightear insan dá chóip in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003, 779.7 / 1021.4). Mar aon leis na naoi n-ainm athá chun tosaigh a thabhairt, .i. le sraith na n-ainmneacha a léiriú, cuirimse na difríochtaí athá eaturtha agus na tagairtí cuí dos na treabhainmneachaibh athá idir lámhaibh againn i gcló trom:

Traidisiún (B)

H.2.7 (*ZCP* 21, 309)	*LGen*. (779.7)	*LGen*. (1021.4)
De Forslointib hErend, De Prim-**for**slointib **Dal bhFiachach**	Do Fhorshloinntibh Ereann, do phriomhshloinntibh **Dal Fiatach**	Do Fhorshloinntibh Ereann, do phriomhshloinntibh **Dal Fiatach**
Semonrige	Seamonraighe	Seamonraighe
hOrdorrige	hOdorrighe	hOdorrighe
Coscraige	Coscraighe	Coscraighe
Catraige	Cadraighe	Cadraighe
Cocrige	**Corc**raighe	**Cor**craighe
Brurige .i. **Bruinu** mac Partharo regis Pictorum mane inuenit eum	Bruraighe .i. **Brumu** mac Partharo regis Pictorum mane invenit eum	Bruraighe .i. **Brúmu** mac **Path**aro, **righ Cruithneach** ⁊c
Sordraige	Sordraighe	Sordraighe
Latraige	**Lathraighe**	**Lathraighe**
Cearaige	Cearaighe	Cearaighe
…	...	...
Luidrige ut est Fer Luide **.vii.** annos i sith	**Luidrighe**, **Namdrighe, Blairighe, Luidrighe** id est Fear Luide **.iiii.** annos i sith	**Luidrighe**, **Namdrighe, Blairighe, Luidrighe** [id est Fear Luide **.iiii.** annos i sith]
…	...	...
Lubetrige	**Lubetrighe**	***Fágtha ar lár***

I gcás traidisúin (C), bainid na liostaí treabhchais anso leis an scéal *Bruiden Meic Da Reo* nú *Orgain Chairpre Chindchait* (Ó Corráin, 1982-83, [*Éigse* 19] 159-160; 2018, 26). Is léir go dtagann mar athá in BB (Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 107) lena bhfuil in TCD MS H.3.17 [1336] (Ó Raithbheartaigh, [*GT*] 119) agus BLec. (Ó Corráin, 1982-83, *Éigse* 19, 160) agus Edinburgh MS 28 (Craigie, 1899, [*RC 20*] 336). Thá leagan H.3.17 rud beag difriúil ná na leaganacha eile mar sin fhéinig. Ar an gcéad dul síos, tosnaíonn liosta na n-aitheachthuath anso leobhthasan dar tús ‘Dál’; bíonn na ‘Dála’ curtha ag deireadh gach aon tráchtaireachta eile. Ina theannta san, thá na ‘Lughraighe’, .i. ‘Ludhraighe’, curtha i ndiaidh na ‘Liobha(r)traighe’; agus chuaigh scríobhaí / eiseamláir H.3.17 amú nuair a bhreac sé ‘Luffraighe’ in ionad ‘Luisrighi’,

.i. *-ff-* a mheascadh le *-is-* (Féach fé bhun na hiontrála ‘Liobha(r)traighe’ don argóint so). Thá foirm idir eaturtha don bhotún chéanna, .i. *-sf-*, tugtha in Edinburgh MS 28, .i. ‘Lusfraighe’. I leagan BLec. agus Edinburgh MS 28, thá ‘Ladraighe’ fágtha ar lár toisc go bhfuil an chuid seo den liosta truaillithe mar a léiríonn na dittografanna agus na *homoiotelueta*: .i. ‘Beandtraighe, Beandtraighe’; ‘Meanntraighe, Meanntraighe’; ‘Uraidi, Urraidi’; ‘Greagraighe, Gregraighe’.

Traidisiún (C)

BB (*GT* 107)	H.3.17 (*GT* 119)	BLec. (*Éigse* 19, 160)	Edinburgh MS 28 [Kilbride 24] (*RC* 20, 336)
Anmand na nAthachthúath ocus a fodla dia rer Libuir Glinne Da Locha inso.	Aithech Tuatha imorro foidailsit fo Érind iar marbad a saercland	Aitheachthuatha hEirend andso .i.	Athach Tuatha Eirend [7] is iad a [n-]anma .i.
Aithechthuatha em fodailset for Erinn iar ndibed a saerchlann	Corbrige, Dal Meachan, Dal Ingal ...		
Semrige	Semrige	Sem**and**raid	Seinraighe
Saithrige	**S**athraige	Rathraidi	**R**athraighe
Benntraige	Beanntraighi	Beandtraidi	Bendtraighe
Catraige	Cattrraige	Cat**h**raidi	Tradraighe
Crothraig	Crothraighe	Crothraide	Crotraighe
Brugraide	Br**a**igraige	Brugraidi	Brudhraighe
S**co**traig	S**co**traige	**Soth**raidi	So**dh**raighe
Lathraige	Lathraige	Carraidi [***Latraige fágtha ar lár***]	Rochraighe [***Latraige fágtha ar lár***]
Carraige	Carraige	Garbraidi	Caraighe
Gabraig, Huraige, Menraige, Teocraige, Rathraighe, Nudhraige	Gabraighe, Urraige, Meanntraige, Teascraige, Nathraighi, Hudraigi	Uraidi. Beandtraidi, Cathurraidi, Urraidi, Beandtraidi, Bondraidi ...	Gabraighe, Uaraighe, Mendtraighe, Greagraighe (?) Gregraighe, Mendraighe
Ludraige	…	**Lugraidi**	**Lughraighe**
Luffraighe	**Luisrighi**	**Luffraidi**	Corcaighe
	…		**Lusfraighe**

An coibhneas idir *Tairired na nDéssi* agus na liostaí treabhchais

Bhí roinnt des na scoláiríbh dh'fhoilsigh eagrán des na tráchtaireachtaíbh treabhchais so nú do dhein machtnamh ar cheist na nDéise den dtuiscint go raibh baint éigint idir na tráchtaireachtaíbh agus liostaí na nDéise mar a gheibhtear iad in *Tairired na nDéssi* (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 308; Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 131-2; Mac Néill, 1911 / 1912, 29, 63; Ó Corráin, 1982-83, [*Éigse* 19] 159; Ó Corráin, 2018, 23, 28; Ó Riain, 1997, 701). Cé go mbeitheá ag súil le méid áirithe idirshleachta agus dearúidtí macasamhla, go háirithe i gcás liostaí, is suntasach an rud é mar sin fhéinig ná tagann aon tráchtaireacht le hord na n-ainmneacha mar a luaitear iad sa scéal *Tairired na nDéssi* féinig, cé gurb ionann sraith na n-ainmneacha (nach mór) ins na trí chóip den scéal sin a mhaireann. Thá sé seo níos suntasaí fós toisc go mbaineann an leagan de *Tairired na nDéssi* in Rawl. B 502 le fréimh mhacasamhla athá difriúil leis na leaganachaibh in Laud 610 agus in LUM agus thá an coibhneas eaturthasan soiléir fós. Ach caithfidh go raibh idirthéacsúlacht de shaghas éigint i gceist mar sin fhéinig.

Tugtar le fios go raibh a leithéid d'idirthéacsúlacht ann i dtagairt BB (140ra110), .i. *GT* (Ó Raithbheartaigh, 1932, 107) [traidisiún C], óir adeirtear gur chóipeálag an tráchtaireacht treabhchais *dia rer Libuir Glinne Da Locha*. Is ionann *Lebhar Glinne Dá Locha* féin agus Rawl. B 502 dar le Pádraig Ó Riain (1981, 1999, 2008; Caoimhín Breatnach, 1997, 2003): .i. an lámhscríbhinn ina bhfaightear cóip de *Tairired na nDéssi* agus an tráchtaireacht treabhchais dar teideal *Forśluinte Dal Fiachach Suidge*, .i. traidisiún (A). Má thá an ceart ag an Rianach, do bheitheá ag súil go mbeidíst san, .i. na tráchtaireachtaí sin agus leagan Rawl. den scéal, ag teacht le chéile. Ach má chuirtear an tráchtaireacht mar athá in BB in iomaíocht *vis-à-vis* lena bhfuil den dtráchtaireacht agus den gcuid chuí den scéal *Tairired na nDéssi* in Rawl., is léir ná hionann sraith nú foirmeacha in aon cheann acu. Cé go bhfuil níosa mhó cosúlachtaí idir na foinsíbh in Rawl., ní bhfuighfí talamh slán a dhéanamh de mar sin fhéinig gur cóip dá chéile iad aon cheann aca. De bharr an easaontais seo agus na bhfadhbanna maidir le macasamhlú na n-ainmneacha athá pléite againn cheana, chítear domhsa gur mhair na tráchtaireachtaí agus an scéal *Tairired na*

nDéssi go neamhspleách ar a chéile, go háirithe traidisiún (C). Ach b'fhéidir gurbh é an liosta mar athá in *Tairired na nDéssi* féin bunús na tuisceana, i gcás traidisiún (A) agus (B), gurbh *Fhorsluinte* Dhál bhFiachach Suidhghe iad na dreamanna a luaitear sna liostaí treabhchais; is é sin gur chuireag an teideal *Forshloinnte Dhál bhFiachach Suidhghe* ar na liostaíbh so go héarráideach bunaithe ar mhíléamh den liosta dar teideal 'Do thoirgib na nDessi inso sis' in leagan Rawl. B 502 de *Tairired na nDéssi* (féach fé 'suíomh' thíos). Thá a leithéid do léiriú tábhachtach óir thá Tionscnamh *Locus* tar éis roinnt dos na haitheachthuathaibh so a rangú mar 'Subdivision[s] of Dál bhFiachach (Suidhghe)' cheana féinig bunaithe ar an míléamh so (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] m.sh. s.nn. Dál Loiscin, Dál Luighne); ach déanaimse amach nach fíor an rangú so in aon chor.

Comparáid idir a bhfuil in Rawl. agus BB.

Rawl. B502 (*Cymmrod*. 14, 134)	Rawl. B 502 (ibid. 122-26)	*BB* (*GT* 107)
Forṡluinte Dal Fiachach Suidge	Do thoirgib na nDeisse	Anmand na nAthachthúath ... dia rer Libuir Glinne Da Locha inso
Semuinrige	Semuine	Semrige
Nechtraige	Nechtarge	Saithrige
Bentraige	**Bruirige, maccu Feideilmid Bruḟir**	**Benntraige**
Odraige	Odraige	Catraige
Osraige	**Bentraige,**	Crothraig
Bruirige o Bruru mac Artharu rig Cruthni	Condrige,	Brugraide
Sordraige	Sordraige,	Scotraig
Latraige	**Duibrige**	**Lathraige**
Carraige	Cairige	Carraige
...	**Ladraige** ...	…
Luidrige .i. fer luid hi sid	***Ludraige***	**Ludraige**
…	...	**Luffraighe**

Lubentraige **Luthraige**

Suíomh

Ní fios go beacht. Thá sé diocair suíomh, brí agus oidhreacht na ndrong so (.i. ‘Ladraighe, Lu(i)dr(a)ighe [*vel sim.*], Liobha(r)traighe [*vel sim.*]’) a scaoileadh toisc gur beag an t-eolas a thugtar mar gheall ortha in *Tairired na nDéssi* nú sna tráchtaireachtaíbh treabhchais. Agus is breac é an t-eolas chón maith a thugtar ortha ins na foinsíbh eile stairiúla agus geinealach a tháinig slán chughainn. Mar sin fhéinig, is suntasach an rud é go raibh Eoin Mac Néill in ann roinnt dos na treabhainmneachaibh céanna is a luaitear insa liosta treabhchais in *Tairired na nDéssi* dh’aimsiú ar na clochaibh Oghaim, go háirithe iad súid i mbar. na nDéise lasmuigh den nDrom, mórthimpeall Dhún Garbhán i gcontae Phort Láirge (1910, [*JWAS* 13] 44-51, 81-7, 151-7; 1911 / 1912, 73-4; 1929-31, 42; cf, Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 307; Charles-Edwards, 1993, 152-4). Dheineag iarracht fothreabhainm dóibh súid a chur as an áireamh le déanaí, .i. ‘Dál Mo / Mic Coirb’ (Mac Néill, 1911 / 1912, 73; 1929-31, 42), a luaitear in *Tairired na nDéssi* (Meyer, 1901, [*Cymmrod* 14] 128), ar bhonn teangeolaíochta (McManus, 1991, 111, 180, n. 59). Cheistíog fothreabhainmeacha eile ar bhonn tíreolaíochta leis, .i. toisc go bhfaightear an treabhainm ar chloich Oghaim in áit nár bhain leis an ndream sin le linn aimsir na scríbhneoireachta, m.sh. ‘Dál Luighne’ a luag in *Tairired na nDéssi* (Meyer, 1901, [*Cymmrod* 14] 130; Mac Néill, 1911 / 1912, 73) agus ‘Dál Cairbre (Aradh)’. Drong cháiliúil i gConnachtaibh agus i gcontae na Mí ab ea na ‘Luighni’ gan amhras agus bhain Dál Cairbre le Laighnibh agus iarthar na Mumhan de ghnáth: ‘The Luigni are associated with Connacht and Meath while inscription 307 is in the barony of Middle Third in Co. Waterford ... and Dál Coirpri were one of the primary divisions of the Laigin whereas stone 106 is in east Muskerry’ (McManus, 1991, 111-12, 180 nó. 58; Byrne, 1973, 181, 235). Bheinn mall dreamanna a chur as an áireamh ar bhonn tíreolaíochta dhe. Mar a chonaiceamair ní ba luaithe ins an tráchtaireacht ghonta, *De Genelogia Dáil Cairpri Arad*, tugtar cúis, is cuma más stairiúil nú neamhstairiúil na sonraí féinig, go raibh ‘Dál Cairbre Aradh’ i measc na Múscraí: ‘... Luid iarum in Cairpre [mac Con Chorb] … coa senathair Cairpre [v.l. hÁengus Blec.] Músc [.i. ‘Múscraighe’] … do-bert ferann dó lais tiar .i. Tír nDuais (O’Brien, 1962, [*CGH*] 119a11-17; cf. Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Dál Cairbre Aradh). Ina theannta

san, gheibhtear cloch Oghaim ag tagairt do ‘Chorca Laoidhghe’ i gcrích Osraighe a léiríonn go raibh fodhream do ‘Chorca Laoidhghe’ ag cur fútha ins an dúthaigh san, sin más rud é go bhfuil an chloch fós *in situ* (Byrne, 1973, 180; McManus, 1991, 111-12; Charles-Edwards, 2000, 489). Mar sin fhéinig, in ainneoin na híomhá scapach athá againn de dháileadh na dtuath, na n-aitheachthuath go háirithe, bhí F. J. Byrne (1973, 181) den dtuairim: ‘the Déisi Mumhan ... were probably indigenous to Munster and had no real connection with the Déisi Temro’.

Ag filleadh arís ar na treabhainmneachaibh fhéinig mar a gheibhtear iad in *Tairired na nDéssi* agus ins na liostaíbh treabhchais, thá an *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] m.sh. s.nn. Dál Loiscin, Dál Luighne) tar éis cuid dos na hainmneachaibh so a scrúdú cheana agus cé ná rabhthas inniúil ar fhadhb a suíomh nó a n-oidhreacht a fhuascailt go minic, chuireag síos ortha mar ‘Subdivision[s] of Dál bhFiachach (Suidhghe)’. Mar sin fhéinig, adéarfainn go bhfuil níosa mhó le plé i dtaobh an chur síos so. Thá na teidil *Forshluinte Dal Fiachach Suidge* (*vel. sim*) agus *Do Phríomhforshloinntibh Dal Fiachach* (*vel. sim*) mar chroílár an áitimh. Tuigtear dom gur iarracht é an focal *forslondud* a dh’aistriú is ea ‘subdivision’. Ach ní dóigh liom gur *subdivisions* nú foshleachta Dhál bhFiachach Suidhghe athá i gceist leis an dtéarma *forslondud* i gcás na bhfoinsí cuí fhéinig—go háirithe na cinn is sine. Is iad na bríonna athá ag *forslondud* in *eDIL* ná:

> Additional name (cognomen); a clan belonging formally but not by blood-relationship to the dominant kindred in the territory it inhabits is called ‘forslondud’.

D’fhéadfadh *cognomen* nó ‘ainm eile’, nó ‘subdivision’ a bheith i gceist bunaithe ar an sainmhíniú lom so gan amhras. Ach má fhéachaimíd ar an gcomhthéacs ina luaitear na dronganna so in *Tairired na nDéssi* féin chítear dom go mbeadh an tara sainmhíniú ní b’oiriúnaí, .i. ‘a clan belonging formally but not by blood-relationship to the dominant kindred’. Mar adeirtear i leagan Rawl. B 502 den scéal (Meyer, 1901, [*Cymmrod.* 14] 120-6; 121-127):

> Maitte for Ossairgib sair co Handobru (*sic*) ... Maidte foraib atherruch o Andobur co Lainnen ... Rannait iarum na Dessi i cetraib rannaib na tiri sin ... Coeca toirgi lasna Dessib, a .xxu. dib tarthatar raind ⁊ a .xxu. aile na tarthatar ⁊ is dona toirgib sin is ainm Dessi, ar it e fil fo chis ⁊ dligud ⁊ bothachas na nDeisse dona flaithib .i. do Dail

> Fiachach Suidge ⁊ **ni hainm doib-side Deisse**. Cach longas tra rofitir Eithne Huathach la Herind dosreclam cosna Deisse, fobith nodigbaitis Dal Fiachach Suidge isna cathaib mencib. Do thoirgib na nDessi inso sis. Dobert [.i. Eithne] ... Ladraige ... Ludraige ... Luthraige [.i. 'Liobha(r)traighe'].
>
> The men of Ossary were routed eastward as far as the Andobur ... Again they were routed from the Andobur to the Lainnen ... Thereupon the Déssi divide those lands into four parts ... There are fifty septs among the Dessi, of whom twenty-five got a share, while the other twenty-five did not; and the former are called Dessi, for it is they who are under rent (*fo chís*) and law and hut-tax (*bothachas*) to the princes, viz. To the Division of Fiachu Suidge, **and the latter are not called Dessi**. Every exiled band, however, of which Eithne the Dread knew in Ireland, she gathered to the Déssi, because the Division of Fiachu Suidge had been diminished in so many battles. Of the septs of the Dessi [below]. She brought [.i. Eithne] ... Ladraige ... Ludraige [.i. Lubrige].

I gcás leagan Laud 610 (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 141), thá sraith na n-imeachtaí rud beag difriúil insa mhéid is go dtagann liosta na nDéise roimh an gcur síos ina léirítear nár de Dhéisibh iad Dál bhFiachach Suidhghe (Hull, 1954, 267-8; Ó Cathasaigh, 1984, 7-10). Ach thá an cur síos ó thaobh friotail de in Laud nach mór mar an gcéanna le Rawl. ach amháin go bhfuil an téarma *déisius* ann in ionad *cís*:

> Tobeir cucu … Lattraige … Luidrige … Lubutrige … Coica toirgi laisna Déisi. A cuic fichet dib tarthatar raind, a cuic fichet aile nach tarthatar ⁊ is dona toirgib [sin] is ainm Déisi. Ar itt e fil fo deisis ⁊ dligud ⁊ bodagas dona flathaib .i. do Dail Fiachach Suigde ⁊ **ni hainm doib-side** Déisi.

Ar an gcéad dul síos, caithfear bheith cáiréiseach i gcás *déis* agus na bríonna difriúla athá ag an bhfocal so ag codannaibh fé leith sa téacs *Tairired na nDéssi* féinig. Mar adúirt an Cathasach (1984, 4):

> We must be careful in drawing inferences from any statement made about the Déisi in the texts: are they referring to the people and territories of what we know today as Waterford and south Tipperary? Or to the genealogical entity known as Dál bhFiachach Suidge? Or more generally to the vassal or rent-paying tribes [*.i. an bhunbhrí athá ag an bhfocal*]?

Ach is léir ón ndá chuntas thuasluaite go bhfuiltear dh'iarraidh idirdhealú beacht a dhéanamh idir Dál bhFiachach Suidhghe, .i. *ni hainm doib-side Deisse*, agus na Déise, .i. na haitheachthuatha a bhí féna thiarnas. B'shin é an tuiscint a bhí aige Mac Néill leis (1910, [*JWAS* 13] 45; 1911 / 1912, 62):

> In the story of the migration of the Dési, the narrator is at pains to explain that the derogatory term *dési* is not applicable properly to Dál Fiachach, the dominant people of Dési Muman.

Do bhí an Cathasach den dtuairim chéanna (1984, 5):

> The relationship between the tribes in question and Dál Fiachach Suidge is vassals (*dési*) to lords (*flathi*).

D'fhéadfadh an cur síos so, .i. 'Dál bhFiachach Suidhghe, .i. ni hainm doib-side Deisse', a bheith ina idirshliocht nó gluais dh'fhígheag leis an scéal agus é á mhacasamhlú gan amhras. Ach más ea, gluais / idirshliocht ana-luath is ea é toisc go bhfaightear an cur síos céanna in Rawl. B 502 agus in Laud 610 araon; agus baineann na leaganacha so le fréamhachaibh difriúla de mhacasamhlú an scéil (Hull, 1954, 267-8; féach fé 'chomhthéacs na bhfoinsí' thuas). Ach dá mbaintí an cur síos so den scéal go hiomlán fiú, is léir ón ndá leagan fós gurbh ionann iad na dronga so agus na 'coica toirgi' d'aitheachthuathaibh Éireann go raibh aithne ag Eithne ortha agus a thug sí chuig Dál bhFiachach Suidhghe ionas go bhfuighidís súid an lámh in uachtar ar Osraíbh: 'cach longas ... rofitir Eithne ... dosreclam cosna Deisse ... dobert …Ladraige ... Ludraige ... Luthraige' (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 120-6); 'Nach loinges rofitir Eithne .. dosfuide cosna Deise fobith arcrunad Dal Fiachach' (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 138).[97]

Gheobhaimíd a bheith cuíosach cinnte mar sin ná raibh gaol fola idir na drongannaibh so agus Dál bhFiachach Suidhghe, .i. ba 'clan belonging formally but not by blood-relationship to the dominant kindred in the territory it inhabits' iad. Tháinig an tuiscint gurbh fhoshleachta nú *subdivisions* do chuid Dál bhFiachach

[97] Ní luaitear ach seacht ndrong déag is dhá fhichead sa téacs féin (Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 131-2).

Suidhghe iad chun cinn de réir a chéile toisc gur leathnaigh réimse tuisceana an fhocail *déis* agus toisc gur thuit na tuiscintí difriúla so le chéile. Mar adúirt Mac Néill (1932, 38-9):

> The original significance of this term [*.i. déis*], so used, was forgotten [.i. *aitheachthuath*], and Désі was thought of merely as the proper name of certain septs and the population subject to them, and so induced a notion of consanguinity.

Chítear a leithéid ag tuitim amach i gcás na dtráchtaireachtaí agus an tslí ina n-athraíonn brí a dteideal de réir a chéile. I gcás traidisiúin (C), tugtar aitheachthuath ‘rent-paying people’ ortha tríd síos. Tagann a leithéid de thuiscint le traidisiún (A) ina dtugtar ***For**shluinte Dal Fiachach* ‘additional kindreds’ ortha agus le leagan H.2.7 de thraidisiún (B) ina ndeirtear gur *De <u>Prim</u>-**for**slointib **Dal bhFiachach*** ‘chief additional kindreds’ iad.[98] Ach sáraítear an tuiscint so i leaganachaibh *LGen.* de thraidisiún (B) nuair a chuirtear an teideal *Do **phríomh**shloinntibh **Dal Fiatach*** (*sic*.) ‘chief kindred’ ar an liosta.[99] Ach níor fhéad dream eachtrannach, .i. (príomh)**f(h)or**shlonnadh, a bheith ina phríomhshlonnadh choíchint, mar adeir Charles-Edwards (1993, 121): ‘however distinguished their ancestors, … no[n] natives … were not therefore *prímṡluinte*, “chief kindreds”, only at best *prímḟorṡluinte*, “chief additional kindreds”’. Seans gur fhágag ‘for-’ ar lár tré thimpiste i gcás na leaganacha in *LGen.*, ach má dheineag a leithéid d’aon ghnó, iarracht dob ea é ar stádas na dtreabhchas seo dh’ardú ó aitheachthuaith ‘rent-paying people’ / (príomh)forshlonnadh ‘(chief) additional kindred’ go príomhshlonnadh ‘chief kindred’.

Is féidir linn a rá anois ná raibh gaol fola idir Dál bhFiachach Suidhghe agus na dreamanna a luaitear in *Tairired na nDéssi*, .i. níor ‘subdivisions’ iad, thá fadhb

[98] Mínítear i dtráchtaireacht ar ‘forslointi … la Húibh Néill ₇ Connachto ₇ Ultu ₇ Laigniu ₇ Mumain’ in Rawl. B 502 (O’Brien, 1962, [*CGH*] 140b27) gur dheineag forshlonnadh do threibh dá mbogadh an treabh so as crích a dhúchais le comh-mhaireachtaint i gcrích dreama eile: ‘Is ed do-s-gní forslointi dona clannaib sóeraib … má théis nech díb asa chrích fodessin do chomaittreib i críchaib ailib’. Do ráinig a leithéid dos na treabhchaisí a tháinig i gcabhair ar Dhál bhFiachach Suidhghe in *Tairired na nDéssi* gan amhras. Ina theannta san, do bhí an forshlonnadh so, .i. an drong eachtrannach so, *fo chís* ag an ndream gur leosan an talamh (1993, 335-6); mar a bhíodh na Déise in *Tairired na nDéssi* ‘fo chis ... do Dail Fiachach Suidge’ (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 122). Mar sin, bhí an forshlonnadh ar aon dul le haitheachthuaith insa mhéid sin.

[99] Ba mhinic a chumasc litriú Dhál bhFiachach agus Dál bhFiadach i dtaobh Dhál bhFiachach Suidhghe, go háirithe sna foinsíbh déanacha (cf. leagan LUM de *Tairired na nDéssi* thuas; Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Dál bhFiachach [Suidhghe]).

amháin eile ann anois de réir an scéil féin: .i. cioca dóibh (na dreamanna) a bhaineann leis na chúig dhrong ar fhichid gur thugag talamh dóibh agus cioca dóibh nár thugag talamh dóibh? Thá a leithéid tábhachtach mar deintear idirdhealú idir na daoinibh a bhí fé thiarnas Dál bhFiachach Suidhghe, .i. ba Dhéise cearta iadsan, agus na gnáthdhéisigh eile, .i. na haitheachthuatha eile, .i. níor Dhéise cearta iad.

> Rawl. B 502
>
> **Rannait iarum na Dessi i cetraib rannaib** na tiri sin. Cach clann tarraid in cethramaid sin, ata a chuit isin tír. Coeca toirgi lasna Dessib [.i. aitheachthuatha], a .**xxu. dib tarthatar raind** 7 a .**xxu. aile na tarthatar** 7 **is dona toirgib sin is ainm Dessi**, ar **it e fil fo chis** 7 **dligud** 7 **bothachas na nDeisse** [*recte* ndéisse, .i. n-aitheachthuath, nú Dál bhFiachach Suidhghe][100] dona flaithib .i. do **Dail Fiachach Suidge** (Meyer, 1901, [*Cymmrod.* 14] 122).

> Laud 610
>
> Coica toirge lasna Déisi. A **cuic fichet díb tarthatar raind**, inna **cuic fichet aile ni tharthatar raind** (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 140, 155-56) ... Is de ata Osseirgi foraib 7 rofaithaigset na Desi inna tir co brath … Ronnit a cetraind tire hísein. Nach tarnaid in cetraind sin ata chuit ar a raind sin … Coica toirge laisna Déisi. **A cuic fichet dib tarthatar raind**, **inna cuic fichet aile ni tharthatar** 7 **is dona toirgib [sin][101] is ainm Déisi.** Ar **itt e fil fo deisis** 7 **dligud** 7 **bodagas** dona flathaib **.i.** do **Dail Fiachach Suigde** (ibid. 141, 211-18).[102]

Thá easaontas ann maidir leis an slí gur aistrigh scoláirí an cur síos so cheana, .i. cioca díobh gurbh ionann na Déise i gceart agus cioca díobh nárbh ionann Déise. Dh'aistrigh Meyer (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 123) leagan Rawl. B 502 mar:

[100] Féach Ó Cathasaigh (1984, 5).
[101] An focal 'sin' curtha leis an dtéacs aige Meyer.
[102] Leagan LUM nach mór mar an gcéanna le Laud: '.L. toirgi lasna Deisibh. **U .xx.it dib tarthadair raind**. **Na u.xx.it eile** imorro **ni tharthadar raind** (Pender, 1947, [*FTorna*] 215) … Roindid a cedroind tiri andsin. Gach duini tarraid a cedroind ata a cuid ar a roind sin ohain alle … Coiga toirgi lasna Deisib. **U .xx.it tarrthadair** (… MS illegible) ri Desi. **U .xx.it eile na tartadair** roind ocus **dona toighib is ainm Deisi. Ar at e fil fo dheissis dlighidh ocus bodagas** dana flathaibh .i. da **Dail Fhiacha Suigi**' (Pender, 1947, [*FTorna*] 216).

> There are fifty septs among the Dessi, of whom twenty-five got a share, while the other twenty-five did not; and the **former are called Dessi**, for it is they who are under rent and law and hut-tax to the princes, viz. to the Divisions of Fiachu Suidge.

Ach dh'aistrigh Mac Néill (1911 / 1912, 29, 63) an chuid seo ó Laud 610 mar:

> The Dési had fifty migrations (i.e. consisted of fifty migratory peoples). Twenty-five got a share (of the conquered land), another twenty-five got no share, **and to these migratory peoples the name Dési belongs**. For it is they who are under (*deisis*) vassal-tribute and law and *bodagas* to the rulers, i.e. to Dál Fiachach Suigdi.

B'iad na dreamanna *a ghlac*, nó *rofaithaigset*, .i. d'fhothaigh, talamh iad na Déise dar mar sin le haistriúchán Meyer de leagan Rawl.; ach ba iad na dronganna *nár ghlac* talamh iad na Déise de réir aistriúcháin Mhic Néill de leagan Laud. Bheinn ar aon tuairim le Mac Néill, .i. baineann na Déise cearta leis na dreamannaibh *nár* ghlac talamh, bunaithe ar a bhfuil sa téacs féinig—bíodh is go mb'fhéidir go bhfuil truailliú i gceist, .i. bríonna difriúla an fhocail *déis* á measc adh is ag teacht salach ar a chéile in aon chuid den tsliocht céanna.

Is dócha go raibh Meyer den dtuiscint gurbh é a mhalairt é toisc go mbeadh ortha, .i. na Déise, talamh dh'fháilt ó Dhál bhFiachach Suidhghe chun a bheith féna thiarnas ar an gcéad dul síos. Ach b'fhéidir gurbh é a bhí i gceist i ndáiríribh ná go raibh ar an ndream nár thugag talamh dóibh, *cís* / *déisius* agus *bothachas* a dhíol do Dhál bhFiachach Suidhghe toisc go rabhadar ina gcónaí ar chrích Dhál bhFiachach Suidhghe féinig ('comháitreabh'); agus bhí na *déisigh* eile, .i. na haitheachthuatha eile go ginearálta, gur thugag talamh dóibh ag cur fútha go neamhspleách ar iarthalamh na nOsraí / áiteacha eile. B'shin é an t-aon fhuascailt go bhfuighinnse a chur chun cinn. Seans go gcuirtear síos go fánach ar a leithéid de shocrú comhchónaithe, .i. 'comháitreabhachas', i dtráchtaireacht ar 'forslointi … la Húibh Néill ⁊ Connachto ⁊ Ultu ⁊ Laigniu ⁊ Mumain' in Rawl. B 502 (O'Brien, 1962, [*CGH*] 140b27), a luag cheana, ina ndeirtear:

> Is ed do-s-gní forslointi dona clannaib sóeraib as-rubramar **má théis nech díb asa chrích fodessin do <u>chomaittreib</u> i críchaib ailib** … amal do-chuatar ó Temraich

> secht Laígsi ⁊ Fothairt do aittreib i crích Laigen ⁊ na Déssi [.i. Dál bhFiachach Suidhghe] hi crích Muman.

Dh'aistrigh Charles-Edwards an chuid seo den dtráchtaireacht in *Early Irish and Welsh Kinship* (1993, 121):

> It is this which makes the noble lineages which we have mentioned into 'additional-kindreds': **if any one of them should leave its own territory <u>to dwell</u> in other territories** … as the seven Laíchsi and the seven Fothairt left Tara to live in the land of the Leinstermen, and the Déissi to go to Munster.

An t-aon locht ar aistriúchán Charles-Edwards, dar liom, ná níor thug sé a cheart don bhfocal 'comaittreib', .i. *comattrab*, .i. comháitreabh, rud a chiallaíonn go bhfuil an tábhacht a bhaineann leis an bhfocal so fé cheilt. An t-aistriúchán a bheadh agamsa mar sin is ea 'It is this which makes the noble lineages … into 'additional kindreds': if any one them were to go from its own territory to *cohabit* in other territories …'. Is léir, de réir an chuntais seo, gur dheineag forshlonnadh do dhruing a dhruid as ceantar a dhúchais agus a bhí ina comháitreabh le dream / tuaith eile. Thá a fhios againn ón scéal *Tairired na nDéssi* go raibh ar an ndruing eachtrannaigh so, .i. an (príomh)f(h)orshlonnadh, *cís* / *déisius* agus *bothachas* a dhíol don dtuaith gur léithise an talamh.

B'fhéidir go bhfuil léiriú den chaidreamh comhchónaithe so idir an forshlonnadh agus an tuaith gur léithisi an talamh ins na dlitibh féinig, .i. i gcás na haicme ar a dtugtaí *bothach* 'cottier' a bhíodh fé *bhothachas*, '*bothach*-ship / hut-tax', agus an *fuidir* a bhíodh fé *fuidrius*, '*fuidir*-ship' (Gerriets, 1987, 66). Is léir gurb é an focal *both*, .i. 'both / bothán', athá mar bhunús don bhfocal *bothach* mar aon leis an bhfocal *bothachas*; ach ní fios go beacht a mbíodh i gceist leis nú an difear athá idir é agus an *fuidir*, cé go luaitear na téarmaí seo i dteannta a chéile go minic (Charles-Edwards, 1993, 309):

> The *bothach* 'cottier' is often coupled with the *fuidir*. On the basis of Frankish and English parallels one might expect his most salient characteristic to be his position as a smallholder, and probably a person without access to a share in a plough-team, but the Irish evidence is too slight for any secure conclusion to be possible.

Maireann téacs doiléir fén aicme so, .i. an *fuidir* agus *fuidrius*, mar chuid den *Senchas Már*, mar aon le tagairtíbh fánacha i dtéacsannaibh dlí eile (Charles-Edwards, 1993, 308). Téarma dlí amháin ab ea é (ibid., 307). Ní fios bunús an fhocail mar sin fhéinig. Mhol Thurneysen (1931, 61-2; Charles-Edwards, 1993, 308) gurbh é *fo* 'fé' agus *dír* 'dír', nú 'belonging to', a bhí mar bhunús de agus ba dh'é 'fo-cheangailte / fo-iata', nú 'subordinately attached', an tuiscint a bhí i gceist leis. An chiall athá leis an dtuiscint seo mar sin ná go raibh an *fuidir* fo-iata lena thiarna. Bhíodh stádas leathshaor agus leathneamhspleách aiges na daoinibh san aicme so sa mhéid is go rabhadar in ann scarúint lena dtiarnaibh, go háirithe an *sóerfuidir* agus an *sóerbothach*, ach bhíodar san fé smacht a dtiarnaí insa mhéid is gur leis an tiarna *lóg n-enech* an *bhothaigh* / *fuidir* dá ndéantaí *enech* an duine súid a shárú (Kelly, 1988, 33-5). Aicme uileghabhálach ab ea an *fuidrius* leis a raibh líon mór daoine éagsúla nú catagóirí éagsúla inti (Charles-Edwards, 1993, 308-336): 'the picture to which the evidence brings us is, therefore, of a *fuidir* class embracing a wide variety of persons with very different economic relationships to their lords' (ibid. 324). Ach an tréith choiteann a bhí idir na daoinibh ins an aicme so de réir deabhraimh ná gur dhaoine 'tairseachúla' iad a bhí ag ardú nú ag ísliú a stádais (Charles-Edwards, 1993, 317; Ó Corráin, 2018, 30), nú daoine eachtrannacha ab ea iad, .i. nár den dtuaith dóibh ar dtúis, ach a mhair mar chuid den dtuaith agus go raibh baint acu léithi, .i. 'fialas uchtaithe / fialas lochtach', nú 'adopted kinship / defective kinship' (Charles-Edwards, 1993, 308-16). Cuimhnigh go raibh dlite agus stádas an ghnáthdhuine bailí amháin agus é laistigh dá thuaith féin (Kelly, 1988, 4-5). Mar adeir Charles-Edwards (1993, 307): '[The *fuidir*] stands inside two principal frontier zones of early Irish society, the zone of the half-free lying between the free and the unfree and the zone of subordinate kin between full kin and non-kin'.

Catagóirí áirithe den *fuidrius* athá tábhachtach dúinne anso is ea 'fuidir of land' agus 'fuidir of perpetual recognition of tribute', .i. dóibh súid a bhí *sub censu* nú *fo chís* (Charles-Edwards, 1993, 324; Gerriets, 1987, 66): 'the person subject to tribute is in possession of land and presumably pays an annual render' (Charles-Edwards, 1993, 324-5). Ní hamháin go raibh daoine aonracha *fo chís* ach d'fhéadfadh dreamanna a bheith *fo chís* leis (ibid. 335). Luaitear in *Tairired na nDéssi* féin gan

amhras go raibh na Déise ‘fo chis … 7 bothachas do Dail Fiachach Suidge’ (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 122) agus mar adeir Charles-Edwards (1993, 335-6):

> Yet another possible category of person subject to *census* … is that of the exile who took land from the king rather than acquiring the use of the land by marriage to a native. This possibility would help to explain the association in some non-legal texts between the alien origin of a kindred and subjection to royal tribute.

B’fhéidir mar sin go raibh rian den bhfírinne / réalachas insa tuiscint ná raibh ach cúig dhream ar fhichid as an ndeich ndream ar dhá fhichead (ach 47 a liostáiltear i ndáiríribh) a thionóil Eithne ina bhforshloinntibh do Dhál bhFiachach Suidhghe: ‘Coeca toirgi lasna Dessib, a .xxu. dib tarthatar raind 7 a .xxu. aile na tarthatar 7 is dona toirgib sin is ainm Dessi’ (Meyer, 1901, [*Cymmrod.* 14] 122). Ach sáraíonn na liostaí treabhchais dar teidil *Forṡluinte Dal Fiachach Suidhge* (traidisiún A) agus *De Prímforslointib Dal Fiachach* / *Do phriomhshloinntibh Dal Fiatach* [*sic*.] (traidisiún B) an tuiscint seo. Tugtar 33 ainmneacha ina n-iomláine agus 21 ainmneacha leis an bhfoirceann *–raig(h)e* i dtraidisiún A, .i. an liosta mar a gheibhtear in Rawl. B 502. I gcás traidisiúin B, liostáiltear 41 ainmneacha ina n-iomláine agus 27 ainmneacha dar deireadh *–rai*(gh)e i leagan H.2.7; ansan i leagan amháin den dtraidisiún chéanna in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003, 779.7), tugtar 41 ainmneacha ina n-iomláine agus 28 le *–raig(h)e* agus insa leagan eile in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003, 1021.4), gheibhtear 39 ainmneacha ina n-iomlan agus 26 le *–raig(h)e*.

Ach adéarfainn go bhfuil míthuiscint i gcás an chur síos den tsliocht so a leanas as *Tairired na nDéssi*, mar a léirítear é in Rawl. B 502, mar chúis leis an (bhfo-)t(h)iodal *De Prímforslointib Dal Fiachach* do chuireag leis na liostaíbh d’aitheachthuathaibh Éireann (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 122):

> Coeca toirgi lasna Dessib, a .xxu. dib tarthatar raind 7 a .xxu. aile na tarthatar 7 is dona toirgib sin is ainm Dessi, ar it e fil fo chis … do Dail Fiachach Suidge 7 ni hainm dóib-side Deisse. Cach longas … rofitir Eithne … la Herind dosreclam cosna Deisse, fobith nodigbaitis Dal Fiachach Suide isna cathaib mencaib. **Do thoirgib na nDessi inso sis**. Dobert [Eithne] … Ladraige … Ludraige ... Luthraige.

De réir leagan Rawl. B 502, deirtear go raibh caoga dreamanna leis na déisibh, .i. aitheachthuatha (ní thugtar ach seacht ndream is dhá fhichead mar sin fhéinig). Ghlac chúig dhream fichead talamh, níor ghlac na chúig dhream fichead eile talamh. Thugag Déise orthasan óir bhí an lucht súid fé thiarnas Dál bhFiachach Suidhghe toisc go raibh ortha cíosanna fé leith a dhíol dóibh. Deirtear, ansan, gur thug Eithne gach *loingeas*, .i. gach deoraí, go raibh aithne aici ortha chuig na Déisibh, .i. *léigh* Dál bhFiachach Suidhghe (?), toisc go raibh líon Dál bhFiachach Suidhghe ídithe ins na cathaibh a thuit amach go minic roimhe sin. Tugtar liosta ainmneacha na nDéise [*léigh* ndéiseach], .i. na n-aitheachthuath / na loingeas, a thug Eithne chuig Dál bhFiachach Suidhghe ina dhiaidh san.

Is léir go gcruthaíonn focal *déis(e)* insa tsliocht so as Rawl. B 502 thuas roinnt mhaith fadhbanna: óir chítear dom go gciallaíonn *déise* na déisigh / aitheachthuatha, na Déise (cearta) a bhí fé thiarnas Dál bhFiachach Suidhghe, agus Dál bhFiachach Suighdhe fhéinig laistigh don tsliocht chéanna. Ina theannta san, tugann sraith na n-abairtí mar a léirítear iad in Rawl. B 502 le fios gurb ionann na hainmneacha a thugtar sa liosta (‘Ladraighe, Luidhrighe, Lubhetrighe’) agus na Déise cearta, .i. na chúig dhream fichead nár thugag talamh dóibh agus a bhí fé thiarnas / chíos Dál bhFiachach Suidhghe. Cuireann a leithéid de léiriú leis an dtuiscint seo toisc go luaitear liosta na nDéise [*léigh* ndéiseach], .i. na loingeas / na n-aitheachthuath, .i. ‘Ladraighe’, ‘Luidhrighe’ srl. gur thionóil Eithne chun cabhrú le Dál bhFiachach Suidhghe i ndiaidh an idirdhealaithe idir na déisigh, .i. aitheachtuatha, agus na Déise cearta a léiriú agus i ndiaidh an idirdhealaithe idir na Déisibh cearta san agus Dál bhFiachach Suidhghe a léiriú. Ina theannta san, tugtar an fothiodal ‘Do thoirgib na nDessi [*léigh* ndéiseach .i. n-aitheachthuath, nú Dál bhFiachach Suidhghe] inso sis’ **ar an liosta féin**. Ní nach ionadh mar sin go raghadh léitheoir amú agus do thuigfeadh sé gurbh é a bhí i gceist leis an bhfocal ‘Déise’ sa bhfo-theideal agus na dreamanna sa liosta ná na Déise cearta a bhí fé thiarnas / chíos Dál bhFiachach Suidhghe féinig.

Níl an fhadhb chéanna i gcás mhalartú bríonna an fhocail *déis* a láidre san i leagan Laud 610 óir thá sraith na n-imeachtaí rud beag difriúil ansan:

> Nach loinges rofitir Eithne hUathach la Heirind dosfuide cosna Déise fobith arcrunud Dal Fiachach isnaib cathaib mencib. Tobeir cucu … Lattrige … Luidrige

> … Lubutrige (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 138-9) … Coica toirge lasna Déisi. A cuic fichet díb tarthatar raind, inna cuic fichet aile ni tharthatar raind (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 140, 155-56)[103] ... Is de ata Osseirgi foraib ₇ rofaithaigset na Desi inna tir co brath … Ronnit a cetraind tire hísein. Nach tarnaid in cetraind sin ata chuit ar a raind sin … Coica toirge laisna Déisi. A cuic fichet dib tarthatar raind, inna cuic fichet aile ni tharthatar ₇ is dona toirgib [sin] is ainm Déisi. Ar itt e fil fo deisis ₇ dligud ₇ bodagas dona flathaib .i. do Dail Fiachach Suigde (ibid. 141, 211-18).

Ar an gcéad dul síos, bailíonn Eithne na dronganna aitheachthuath / loingeas chuig Dál bhFiachach sara bhfaigheann Dál bhFiachach buachaint ar Osraíbh; ráiníonn an bailiú / cruinniú so i ndiaidh do Dhál bhFiachach Suidhghe an lámh in uachtar dh'fháilt ar Osraíbh i leagan Rawl. B 502. Ach níos tábhachtaí fós, tugtar an liosta loingeas a thugann Eithne chuig Dál bhFiachach Suidhghe *sara ndeintear* idirdhéalú idir na chúig dhream fichead a ghlac talamh agus dóibhsan nár ghlac talamh, .i. *sara ndeintear* idirdhealú idir na déisigh (aitheachthuatha / loingis eile) agus *sara ndeintear* idirdhealú idir na Déise cearta a bhí fé chíosannas Dál bhFiachach Suidhghe agus Dál bhFiachach Suidhghe féinig. Ina theannta san, ní thugtar an fothiodal 'Déise' ar liosta na loingeas ach an oiread mar a dheintear in Rawl B 502. .i. 'Do thoirgib na nDessi inso sis'. Mar sin, bheinn den dtuiscint gur idirshliocht é an fothiodal so.

Thá eagrán agus aistriúchán nua de *Tairired na nDéssi* de dhíth go géar a chíorann na diocrachtaí so idir leagan Laud 610 agus leagan Rawl. B 502 go mion gan amhras. Ach chítear dom, bunaithe ar an réamhobair thuas, gur mhíthuiscint i gcás an fhocail *déis*, mar a léirítear é insa chuntas thuasluaite ó leagan Rawl. B 502, nú leagan mar é ná maireann, bunús teideal na dtráchtaireachtaí treabhchais adeir gur de *F(h)orśluinte Dal Fiachach Suidge* nú *De Prim-(for)slointib Dal bhFiachach Suidge* iad na treabhainmneacha a luaitear ionta (.i. traidisiúin A agus B). Is fíor san

[103] Thá sé suimiúil go luaitear an cur síos ná fuair ach cúig dhream ar fichid dos na déisibh, .i. aitheachthuatha, talamh fé dhó in Laud 610 (féach Hull, 1954, 268). Bhí Hull (ibid.) den dtuairim gur cnuasach de dhá leagan de *Tairired na nDéssi* ab ea leaganacha LUM agus Laud toisc go luaitear an sliocht so fé dhó: 'the repetition of a passage [in Laud 610] which occurs once in R [.i. Rawl. B 502] suggests that the common exemplar from which L [.i. Laud 610] and UM [.i. LUM] stem already consisted of a blend of two older accounts that have been unskillfully fused together'. Ach mar do léirigh an Cathasach (1984, 10), bhí an leagan in Rawl. cnuasachúil chón maith: 'the main body of R [Rawl. B 502] is compilatory'.

go háirithe nuair a mhaireann liostaí athá nach mór mar an gcéanna ar a dtugtar an teideal *Aithechthúatha Érenn* (*vel. sim*) ortha (traidisiún C). Tuigim mar sin fhéinig go mbaineann na geinealaigh mar a gheibhtear iad in H.2.7 (traidisiún B) le fréimh fhíor-ársa, mar adeir an Corránach (2018, 23; cf. 28) féinig: 'Prímforslointe na nDéssi, a list that goes back to the seventh century'. Ach fiú i gcás an liosta so, thá easaontas insa tslí ina leagtar amach an téacs: .i. tugtar an príomhthiodal *De Forslointib hErend* ar dtúis, ansan tugtar an fothiodal *De Prim-forslointib Dal bhFiachach* díreach i ndiaidh an cheannteidil, ansan liostáiltear na treabhainmneacha a bhaineann leis an bhfo-theideal sara liostáiltear na treabhainmneacha a bhaineann leis an bpríomhthiodal. Ina theannta san, thá roinnt mhaith dos na hainmneachaibh a luaitear fén bhfo-theideal, luaite arís fén bpríomhthiodal. Do bheinn den dtuairim mar sin gur idirshliocht é an bhfo-theideal *De Prim-forslointib Dal bhFiachach* athá ins na geinealaibh in H.2.7.

Is é athá i gceist agam go beacht mar sin ná gur cheap scríobhaithe / fir léinn áirithe gur Dhál bhFiachach Suidhghe nó gur 'Dhéise cearta' a bhí i gceist nuair do thugag an fothiodal 'Do thoirgib na nDéisi' ar an liosta i leagan Rawl. B 502 de *Tairired na nDéssi* agus chuaigh an botún so i bhfeidhm ar na liostaíbh treabhchais dar teideal *De Fhorśluinte Dal Fiachach Suidge* nú *De Prim-(for)slointib Dal bhFiachach Suidge*. Mar a chonaiceamair ní ba luaithe, níor de Dhál bhFiachach nú Déise iad cuid des na haitheachthuathaibh / déisibh / loingeasaibh a luaitear sna tráchtaireachtaíbh treabhchais nú sna liostaíbh treabhchais in *Tairired na nDéssi* féinig ar an gcéad dul síos: m.sh. 'Creac(h)raighe' a luaitear i liosta na n-aitheachthuath (traidisiún A), *Tairired na nDéssi* féinig agus *Do Daertuaithaib Caisil* (thíos) ach do bhíodar san ag cur fútha i gCorca Mrua agus ar Oileán Béarra / ar an Oileán Mór (Byrne, 1973, 67). Adeirtear chón maith in *Tairired na nDéssi* féin ná raibh ach cúig dhream ar fhichid den gcaoga dream go hiomlán (47 i ndáiríribh) a liostáiltear fé thiarnas Dál bhFiachach Suidhghe i ndiaidh dhóibhsean an bua dh'fháilt ar Osraíbh, .i. ba Dhéise cearta iad na cúig dhream fichead amháin pé scéal é.

Ag casadh ar an gcúig dhream fichead dóibhsean arís, is suntasach an rud é go maireann liostaí treabhchais eile dar teideal *Do Daertuaithaib Caisil* agus *Do tSaertuathaib Caissil* in RIA MS C.i.2, 40a17-27.[104] Cé gur lámhscríbhinn cuíosach

[104] Ní luaitear Dál bhFiachach Suidhghe in aon cheann dos na liostaíbh so.

déanach é, adeir an Corránach (1979, 179): ‘there is no reason to doubt that the tract *Do daertuaithaibh Caisil* preserves a genuine historical memory of them [.i. ‘Cnámhraighe’] as it does of other early peoples’. Más fíor san, agus más fíor an ráiteachas in *Tairired na nDéssi* gur thugag Déise ar an gcúig dhream fichead do loingeasaibh nár thugag talamh dóibh, do bheitheá ag súil go mbeadh cosúlachtaí idir na treabhainmneachaibh i liosta *Tairired na nDéssi* agus *Do Daerthuaithaib Caisil*. Thug an Corránach tras-scríbhinn den liosta súid mar dáileog nú *handout* dá chur i láthair, *The Book of Ballymote: A Genealogical Treasure Trove: Range and Purpose* le linn chomhdhála an RIA ar BB, ach is trua nár fhoilsíog an liosta mar chuid den leabhar *Book of Ballymote* (Ó hUiginn, 2018). Níor fhoilsíog na liostaí ó shoin ach an oiread de réir mar a thuigimse; mar sin, soláthraím tras-scríbhinn dioplómáideach do *Do Daertuaithaib Caisil* féinig, mar aon le fo-nótaíbh ina dtugtar moltaí Uí Chorráin. Cuirimse na hainmneacha a thagann le traidisiún (A) i gcló throm; na hainmneacha athá aibhsithe le *Tairired na nDéssi* féinig; na hainmneacha le ** le traidisiún (B); agus na hainmneacha le fo-línibh le traidisiún (C).

Do Daertuaithaib Caisil

Do daertuaithaib caisil an*nso* si*os* .i. corca deala ⁊ corca rinn ⁊ cnamruighi ⁊ artt*ro*ighi,[105] *ua segha*i*n**, .h. laega*i*re, .h. trena iarlifi[106]—i *n*deis bic s*in* tucsat dail cais .h. t*re*na airsleibhe do s*in*—aes cuilsi, aes istt*ir*i,[107] aes ealla, *orbraighi*, corca uais, **beann*n*traighi**, **bidbraidhi**, caenraidhe, G*ar*fiminraigi (?)[108], eogan*acht* in innais[109] [*recte* Ninais] .i. eog*anacht* aran*n*, corca mruagh allta, **creaccraighi**, *lamraighi*, ***corc luighne***, *corca birn*, dal meas corp uile cilli […téacs in easnamh …], dal ngabla, brog[r]aidhi, breaccraidhe, **bon*n*raidhe**, ***corca maighne***, corca dalan*n*, corca sodhain, dal muaigh .i. ua bruicc, **dal (M? [Mo(d)?]) corp**, ***dal mat*r*ach***, **dal titil**, .i. gossa titil,[110] ***cattraidhe***.

[105] D’fhéadfadh ‘Artúraigh(e)’ (Ó Donnchadha, 1940, 236; Ó Riain et al., 2003- [*HDGP*] s.n. Artúraigh) a bheith i gceist leis mar léamh eile don nod forscriptiúil ‘*r*’; ach adéarfainn gurb iad ‘Art(t)raighe’ athá ann de bharr an *t*-dúbailte agus bhí an dream so cáiliúil go maith mar ghrúpa des na ceithribh *Araid*: ‘Fer Tlachtga a quo sunt na cethri Araid .i. Tácraige ⁊ Arttraige ⁊ Húi Ibdana’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 161b26-7).

[106] Thá ‘iarlifi’ sa téacs féinig, ach molann an Corránach ‘Airsleibe’ mar leasú, bunaithe ar an dtagairt do Dhál Chais Uí Thréana Airshléibhe i nóta a thagann díreach ina dhiaidh sa téacs féinig.

[107] ‘Aes Iste’ ag an gCorránach.

[108] ‘Guriminraigi’ ag an gCorránach, ach le comhartha ceiste. ‘Gamhanraighe’—ach baineann an dream so le Cúige Chonnacht (Byrne, 1973, 231; Ó hUiginn, 2013, 93-94).

[109] ’Ninais’ ag an gCorránach.

[110] ‘Ui Titill’ ag an gCorránach.

Is léir ná luaitear ‘Ladraighe’, ‘Lu(i)dhrighe’ nú ‘Lubu(n)trighe’ mar chuid de *Do Daertuaithaib Caisil* in aon chor. Ach tagann roinnt mhaith dos na hainmneachaibh ón liosta so leis na liostaíbh treabhchais eile—.i. traidisiún (A), (B) agus (C)—agus *Tairired na nDéssi* mar sin fhéinig, cé go bhfuil foirm na dtreabhainmneacha mar a luaitear i liosta Chaisil rud beag difriúil. Mar shampla, thá Corca in ionad Dál go minic, cf. ‘Corc[a] Luighne’ i gcomparáid le ‘Dál Luighne’. Cuireann Mac Néill (1911 / 1912, 29, 64) síos ar an solúbthacht so mar a leanas:

> Until the eighth century, this class of people-names, which I would call the second order, though long established, had not become stereotyped as in later usage. They were to some extent interchangeable. Korku Eeti (Adamnán) = Dál Eiatai. Corcu Sai (L. Arm.) = Sairige. Dál Musca = Muscraige ... This interchangeable character shows that the different forms were felt to belong to one order or system of nomenclature, which is also proved by the applicability to all of the personal name-formula in moccu (Ogham mucoi, maqi mucoi), which becomes obsolete in the eighth century.

I gcás traidisiúin (B)—m.sh. an liosta mar athá in H.2.7—ag teacht lena bhfuil in *Do Daerthuaithaib Caissil*, is suntasach an rud é go luaitear roinnt mhaith dos na hainmneachaibh in (B) fén bpríomhthiodal *De Forslointib hErend* amháin—.i. ní luaitear iad mar chuid de *De Prim-forslointib Dal bhFiachach* iad. Baineann na treabhainmneacha so le Cúige Mumhan de réir tradisiúin (B) féin: ‘Corca Birn’, ‘.111. naue mBirnn hi Femun oc ind einderc. .111. naue mBirn oc Tig Gaillcni for Luaisc hi chlas a Sid Nesain anair’ (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 311; cf. ‘longis Dál Birn’, ibid., 310); nú bhí Ó Corráin agus Dobbs den dtuairim go mbaineann na hainmneacha ó H.2.7, .i. traidisiún (B), le Cúige Mumhan: ‘Lamhraighe’ (1979, 179-80; *op. cit.*); ‘Orbhraighe’, ‘Coel, ingen Maini de Orbraigiu’ (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 311), ‘Orrery in north Co. Cork’ (ibid., 316); ‘Ua Seaghain’, .i. ‘Segon Mangairt’ [?] (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 314), ‘Mungret in Co. Limerick’ (ibid., 318).

Sa deireadh, caithfimíd a bheith cáiréiseach i gcás rangú na dtreabhainmneacha so, .i. ‘Ladraighe’, Lu(i)dr(a)ighe’ agus ‘Liobha(r)traighe’, óir is diocair rian na

staire a bhaint den scéalaíocht, go háirithe, nuair ná fuil mórán eolais sa bhreis againn.

I gcás an fhoclóra mar sin, b'fhéidir gurbh fhearr cur síos a dhéanamh ar na drongannaibh a liostáiltear in *Tairired na nDéssi* agus sna tráchtaireachtaíbh treabhchais mar: 'Trad. listed as one of fifty *loingeasa* / *aitheachthuatha*, or migratory / vassal-people, of Ireland who assisted *Dál bhFiachach (Suidhghe) in their defeat of the *Osraighe. Half of these app. came under the dominion of Dál bhFiachach (Suidhghe) and were considered *Déise. The fifty *loingesa* listed are later thought of as subdivisions of Dál bhFiachach (Suidhghe)' siochas s*ubdivision[s] of Dál bhFiachach (Suidhghe)* mar a thugtar ortha in *HDGP* (Ó Riain et al., 2003-, s.n.).

Liobha(r)traighe agus Lu(i)sr(a)ige

Liobha(r)traighe (*People of Liobhar / Liobhairt / Liobhairne*) Trad. listed as one of fifty *loingesa* / **aitheachthuatha*, or migratory / vassal-people, of Ireland who assisted *Dál bhFiachach (Suidhghe) in their defeat of the *Osraighe. Half of these app. came under the dominion of Dál bhFiachach (Suidhghe) and were considered *Déise. The fifty *loingesa* are later reckoned as subdivisions of Dál bhFiachach (Suidhghe). **Trad. deriv.:** *De Forslointib hErend ... Lubetrige .i. Lugith Crechan mac hIrc Cendmair*, ZCP 21, 313 (= LGen. 782.3 / 1023.13). *Nach loinges rofitir Eithne hUathach la Heirind dosfuide cosna Deise fobith arcrunad Dal Fiachach isnaib cathaib mencib. Tobeir cucu ... Nonbur [di] Libur mac Arta diata Lubutrige ... Coica toirgi laisna Déisi. A cuic fichet dib tarthatar raind, a cuic fichet aile nach tarthatar ₇ is dona toirgib [sin] is ainm Déisi. Ar itt e fil fo deisis ₇ dligud ₇ bodagas ... do Dail Fiachach*, Ériu 3, 138-41 (= FTorna 215: *nonmar da Libur mac Arta a quo Lubartraighi*; Cymmrod. 14, 122-6: *Cach longas ... rofitir Eithne Huathach la Herind dosreclam cosna Deisse, fobith nodigbaitis Dal Fiachach Suidge isna cathaib mencib. Do thoirgib na nDessi inso sis. Dobert ... .ix. do Luthor mac Arda do Luthraige*). **Mistaken location / deriv.:** *Luthraighe .i. Fear Luide i sid mac Cen mc Feargusa Neith mc Fiachach mc Mogha Nuadhad*, LGen. 1023.10 (= 781.12; cf. GT 155: *Luidridi*). ***Forslonnadh* of Dál bhFiachach (Suidhghe):** *Forshluinte Dal Fiachach Suidge ... Lubentraige*, Cymmrod. 14, 134 §27 (= ZCP 21, 309: *De Forslointib hErend. Prim-forslointib Dal Fiachach: ... Lubetrige*). **Subdivision of Dál bhFiachach (Suidhghe):** *Do Fhorshloinntibh Ereann, do phriomhshloinntibh Dal Fiatach ... Lubetrige*, LGen. 779.7. Cf. Éigse 20, 3-18; Ériu 11, 38; PRIA 29C, 62; ZCP 15, 233-4; ZCP 21, 313 n.73 / 24, 267-8. See Ladraighe, Lu(i)d(h)r(a)ige, Lusraighe.

Lu(i)sr(a)ighe (*Herb people / promontory people?*) A vassal people orig. in *Uí Eachach Cobha; perh. in bb. Ards Upr and Lr, DN. *Senchas Síl ÍR ... DE*

FORSLOINTIB HÚA nEACHACH … secht n-aithechaiccmi in tíre ria tíchtain do Húibh Echach id est: Lusraige, Dubraige, Lugraige, CGH 157.18 (= ZCP 8, 331; ZCP 14, 44: *Lusraidi a quibus hUi Conarda*; LUM 14ra29-37: *Daorslointib .h. nEach andseo. Seacht n-athachaicmi san tir re tiachtain d'Íbh Eachach … Lusraigi a quibus .h. Conarda*). ***Aitheachthuath* of Ireland:** *Aitheach tuatha imorro foidailsit fo Érind iar marbad a saercland … Luisrighi*, GT 119. **Mistaken forms:** *Anmand na nAthachthuath … dia rer Libuir Glinne Da Locha … Aithechthuatha em fodailset for Erinn iar ndibed a saerchlann ocus a saerfer .i. … Luffraighe*, GT 107 (= Éigse 19, 160: *Luffraighe*; RC 20, 336: *Lusfraighe*). See Luthraighe / Liobha(r)traighe. Cf ZCP 15, 234-5.

Brí

Thá an treabhainm so ana-chorraitheach ó thaobh a foirme de agus adéarfainn go bhfuil dul amú, cumasc agus athchóiriú i gceist chón maith. D'fhéadfaí na foirmeacha a rangú i gceithre slite:[111]

a) Foirm le guta agus déad lárnach: 'Lub**ut**rige', ó leagan Laud 610 de *Tairired na nDéssi* (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139-41) agus sna liostaíbh treabhchais ó TCD MS 1298, .i. H.2.7, agus *LGen*. dar thugag traidisiún (B) fén iontráil 'Ladraighe: comhthéacs na bhfoinsí thuas, .i. 'Lubetrige' (Dobbs, 1938-40 [*ZCP* 21] 309) agus 'Luibetrighe' (Ó Murraíle, 2003, [*LGen*.] 782.3 / 1023.13).

b) Foirm le guta, consan leachtach (*r*) nú srónach (*n*) agus déad, 'Lub**art**raighi' (*FTorna* 215) agus 'Lub**ent**raige' (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 134).

c) Foirm le *t* séimh leathan lárnach, .i. 'Luthraige' mar a gheibhtear i leagan Rawl. B 502 de *Tairired na nDéssi* A.

d) Foirm ina bhfaightear *f*-dúbailte ach an guta fágtha ar lár, nú mar é, 'Luffraige' [< Lubraige?] (féach traidisiún C, fé bhun 'Ladraighe').

[111] Féach O'Brien (1925, 233-234) do thuairim eile.

Is í foirm (a) an leagan is coitianta dhe, cé gur léir gur cóipeanna iad *LGen.* (Ó Muraíle, 2003) dá bhfuil in H.2.7 (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 309), .i. traidisiún (B), fé bhun na hiontrála ‘Ladraighe’).

I gcás (b), ní bhfaightear ach dhá shampla de: .i. an liosta treabhchais dar teideal *Forṡluinte Dal Fiachach Suidge* athá curtha le clabhsúr leagan Rawl. B 502 de *Tairired na nDéssi*, mar a bheadh ‘aguisín’—cé gurb é ‘Luthraige’ a thugtar ar an ndream so sa liosta treabhchais i leagan Rawl. de *Tairired na nDéssi* féinig—agus gheibhtear foirm chatagóra (b) chón maith i leagan LUM de *Tairired na nDéssi*. Is ait go scarann leagan LUM, .i. ‘Lubartraighi’, lena bhfuil i leagan Laud 610, .i. ‘Lubutraige’ (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 139), toisc go mbainid san leis an dtraidisiún macasamhla céanna (féach ar an iontráil ‘Ladraighe’, fén bhfo-theideal ‘comhthéacs na bhfoinsí’). Mar sin, chítear dom gur foirm níos deireannaí í an fhoirm so agus gur hipirleasú nú *backformation* é i ndáiríribh athá bunaithe ar an dté a bhí in ainm is a bheith ina bhunaitheoir ar an dtreibh de réir traidisiúin *Tairired na nDéssi*, .i. ‘Libur’, .i. ainm ina bhfaightear an foirceann *-ur*. Is dócha gur dearúd macasamhla í an fhoirm ‘Lubentraige’ inar mheascag ‘n’ agus ‘r’ mar sin. Ach léirítear i gcomhthéacs eile gur chomhainmneacha iad nú gur thuit na hainmneacha Li(o)bh**ar**, Liobhai**rt** agus Liobhai**rn**e le chéile, cf. geinealach Phádraig naobhtha (Ó Muraíle, 2003, [*LGen.*] 696.2): ‘Padraig, apstal Ereann mac Calphuirnn … m. Leobairt, no Libir, no Liobuirne <nó Liberius>’.

Seans gur dearúd cóipeála nú *homoioteleuton* í an fhoirm ‘Luthraighe’ (catagóir c) bunaithe ar an dtreabhainm ‘Lu(i)d(h)r(a)ige’ a gheibhtear sa liosta céanna; féach go háirithe ar litriú H.2.7 don ainm súid, .i. ‘Luithrige’. Ach más fíor san, bheadh ar an scríobhaí an botún so a dhéanamh fé dhó sa líne chéanna óir tugann sé ‘Luthor mac Arta’ ar ainm an bhunaitheora in ionad ‘Libor mac Arta’, .i. an ghnáthfhoirm de réir *Tairired na nDéssi*. Seans mar sin gur sampla é seo de chumasc *d*-séimh le *b*-séimh a bhfaightear fo-shamplaí de i dtéacsannaibh eile Meán-Ghaoluinne (Breatnach, 1994, 235, §3.19): ‘caithfidh gur tréith chanúnach é *b* séimhithe a theacht in áit *d* séimhithe … A mhalairt atá i gceist in *thúathaid* ‘pobail’ (tabh.), SR 5035 (LS)’. Ach ní bhfaightear an tréith chanúna so, más tréith í, go forleathan i leagan Rawl. B 502 den scéal mar sin fhéinig. Ina theannta san, thá na *-t-* lárnach, mar a gheibhtear é sna samplaíbh eile, .i. Liobha(r)**t**raighe, fágtha ar lár anso.

Is í foirm (d) an chatagóir is conspóidí. Gheibhtear na foirmeacha so sna liostaíbh treabhchais (*Aithechthúatha Érenn*) gur thugag an teideal ‘traidisiúin (C)’ ortha fé bhun na hiontrála ‘Ladraighe’. Mar a chífí, tugtar na foirmeacha ‘Luffraighe’ (fé dhó), ‘Luisraighe’ agus ‘Lusfraighe’ sna liostaíbh seo. Is léir go bhfuil dul amú i gceist, .i. is fuirist *f*-dúbaltha agus *s*-dúbailthe a mheascadh gan amhras, ach ní fios treo an dul amú i gceart. D’fhéadfadh ‘Luffraighe’ a sheasamh do ‘Liobha(r)**t**raighe’ ach an guta agus an déad lárnach, *-t-*, a bheith meánchoimrithe. Cé go mbeifí ag súil leis an meánchoimriú seo i gcás an ghuta, bheadh sé neamhchoitianta consan neamhshéimhithe, .i. an *-t-* lárnach i ‘Liobha(r)**t**raighe’, a choimriú insa tslí sin. Ach más fíorfhoirm chanúnach í ‘Luthraighe’, .i. ina bhfuil *-th-* in ionad *-bh-* (Breatnach, 1994, 235, §3.19), b’fhéidir go dtagann ‘Luffraighe’ ó ‘Lubhraighe’, .i. foirm inar tháinig an *b* séimh slán ach ina raibh an *-t-* lárnach fágtha ar lár.

Toisc go raibh na scoláirí a dhein eagrán des na liostaíbh aitheachthuath so den dtuairim go raibh baint aiges na liostaíbh so le liostaíbh na n-aitheachthuath in *Tairired na nDéssi* (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 308; Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 131-2; Meyer, 1911 / 1912, 63; Ó Corráin, 1982-83, [*Éigse* 19] 159), bhíos féin den dtuiscint gurbh *f*-dúbailte a bhí ann ón dtús agus gurb ionann an treabhainm so i dtraidisiún (C) agus na ‘Liobha(r)traighe / Liobhraighe’, agus gur botún macasamhla é na foirmeacha le *s*. Ach nílim ró-chinnte anois. Go háirithe nuair a gheibhtear treabhainm eile ar a dtugtar ‘Lusraighe’ i liosta aitheachthuath Ua nEachach Cobha: ‘DE FORSLOINTIB HÚA nEACHACH … Lusraige, Dubraige, Lugraige’ (*inter alia*: O’Brien, 1962, [*CGH*] 157.18; Meyer, 1912, [*ZCP* 8] 331). Bheinn den dtuairim mar sin gur dhream eile ar fad ab ea Lu(i)sr(a)ighe, agus cuirimse féna iontráil féinig iad insa bhfoclóir ar an mbonn sin. Cheap O’Brien (1925, 234) amhlaidh leis.

I gcás fhorsloinnte Ua nEachach Cobha, cé go bhfaightear na liostaí so go forleathan, is ionann an liosta sna foinsíbh seo nach mór siochas dul amú macasamhla thall is abhus. Mar sin, dá mba rud é gur bhailigh scoláire(í) ainmneacha aitheachthuath ó liostaíbh aitheachthuath áitiúla chun an liosta des na hAitheachthuathaibh *Érenn* (traidisiún C) a chruthú, is ait an rud é go bhfuil roinnt dos na hainmneachaibh a luaitear sna liostaíbh áitiúla, ar nós *FORSLOINTIB HÚA nEACHACH* nú *Do Daertuaithaib Caisil*, fágtha ar lár sna liostaíbh dar teideal *Aithechthúatha Érenn*, .i. dtraidisiún (C).

Tugann roinnt mhaith des na liostaíbh ar aitheachthuathaibh Ua nEachach Cobha an t-eolas sa bhreis gur bhain na Lusraighe (*vel. sim*) le ‘ota Ua Chonall taid no Arda’ [H.1.15], ‘Ui Chon Alltae no Ardae [BB]’ nú ‘.h. Conarda / a quibus hUi Conarda’ (Dobbs, 1923, [*ZCP* 14] 46). Ní dóigh liom go bhfuil aon cheangal ag an bhfoirm so le ‘Libur (/ Luthor) mac Arta (/ mac Arda)’? .i. bunaitheoir na ‘Liobha(r)traighe’, cé go bhfuil baint ag roinnt dos na haitheachthuathaibh i liosta Fhorshloinnte Ua nEachach Cobha le Cúige Mumhan, .i. na Du(i)bhr(a)ighe agus na ‘Gáelraigi / Gallraige’ (féach fé bhun na ‘Lu(i)dhr(a)ighe’).

Ní fios brí an fhocail Liobhar / Liobhairt / Liobhairne i ndáiríribh ach amháin gurbh ainm duine é. I gcás Lu(i)sr(a)ighe ansan, is é *lus*, .i. ‘lus’, féideartheacht amháin do bheadh oiriúnach. Ach seans go mbaineann ainm an treabhchais so le *los*, .i. ‘los’ nú ‘rinn’ nú ‘aird’ (féach thíos fé suíomh).

Suíomh

Adeirtear i liosta *De Forslointib hErend* ó H.2.7 agus na foinsí eile a shíolraíonn ón bhfoinse seo (traidisiún B) gurb é ‘Lugith Crechan mac hIrc Cendmair’ bunaitheoir an treabhchais (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 313 = *LGen*. [Ó Muraíle, 2003, 782.3 / 1023.13]). Tugtar ainm mar é i measc geinealaigh Dhéise in H.2.7 (82^{d} agus 83^{d}) dar le Dobbs (1938-40, [*ZCP* 21] 313 n.73). Mar sin dob’fhéidir gur lonnaigh na ‘Liobha(r)traighe’ áit éigint sna Déisibh.

I dtaobh shuímh Lusraighe, thá a fhios againn go rabhadar in Uíbh nEachach (Cobha), .i. contae an Dúin, toisc gur fhorshlonnadh Ua nEachach iad. Ach b’fhéidir go bhfuil leid éigint dá suíomh ins an eolas breise a thugtar i roinnt dos na geinealaibh: ‘ota Ua Chonall taid no Arda’ [H.1.15] / Ui Chon Alltae no Ardae [BB] / .h. Conarda / a quibus hUi Conarda’ (Dobbs, 1923, [*ZCP* 14] 46). Is léir go bhfuil truailliú nú dul amú anso, gheobhadh míléamh ar ‘Ua Chonaill -ta’ a bheith mar bhunús den bhfoirm ‘Uí Chon Alltae’ nú a mhalairt. Ach mar sin fhéinig, seans gurb amhlaidh an eilimint ‘arda’ agus ‘aird’, .i. ‘rinn / ros’, .i. tírghné athá ag gobadh amach sa



Fíor 143: An Aird Uachtarach is Íochtarach, co. an Dúin, https://www.logainm.ie/en/65424

bhfarraige is ea é. Is é ‘arda’ gin. ‘aird’ gan amhras. Más fíor san, seans gurb é Aird Uladh / Aird Ua nEachach athá i gceist, .i. an Aird Íochtarach agus Uachtarach, barúntachtaí i gcontae an Dúin (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.nn). Más fíor sin, gheobhadh go mbaineann an eilimint *lus* i Lu(i)r(a)ighe leis an bhfocal *los* / *lus*, .i. ‘los’ nú ‘rinn’.

Lu(i)d(h)r(a)ighe / Luthr(a)ighe / Lu(i)ghr(a)ighe

Lu(i)dhr(a)ighe / Lu(i)thr(a)ighe / Lu(i)ghr(a)ighe (*Lu(i)d's people?*)

Trad. listed as one of fifty *loingeasa* / **aitheachthuatha*, or migratory / vassal-people, of Ireland who assisted *Dál bhFiachach (Suidhghe) in their defeat of the *Osraighe. Half of these app. came under the dominion of Dál bhFiachach (Suidhghe) and were considered *Déise. The fifty *loingeasa* are later reckoned as subdivisions of Dál bhFiachach (Suidhghe). The quality of the medial dental is unclear. Perh. the same *aitheachthuath* as *Lu(i)ghr(a)ighe, supp. orig. inhab(s) of *Uí Eachach (Cobha). **Trad. deriv. / location:** *De Forslointib hErend … Luithrige .l. Fer Luide i sid mac Céin m. Fergusa Neit m. Fiachach m. Moga Nuadat,* ZCP 21, 313 (= LGen. 781.12; 1023.10: *Luthraighe*; GT 155: *Luidridi*). *Nach loinges rofitir Eithne hUathach la Heirind dosfuide cosna Deise fobith arcrunad Dal Fiachach isnaib cathaib mencib. Tobeir cucu ... Nonbur do Fhir Luide his-Sid ar Femon di hUltaib nadaicidacht diata Luidrige ... Coica toirgi laisna Déisi. A cuic fichet dib tarthatar raind, a cuic fichet aile nach tarthatar ⁊ is dona toirgib [sin] is ainm Déisi. Ar itt e fil fo deisis ⁊ dligud ⁊ bodagas ... do Dail Fiachach,* Ériu 3, 138-41 (= FTorna 215: *nonmar da Fhir Ludhair da Ultaib anaicidacht a quo Ludraighi*; Cymmrod. 14, 122-26: *Cach longas ... rofitir Eithne Huathach la Herind dosreclam cosna Deisse, fobith nodigbaitis Dal Fiachach Suidge isna cathaib mencib. Do thoirgib na nDessi inso sis. Dobert ... .ix. Do FhiurLuide ar Sid ar Femen do Ludraige*). *Ar slicht Fhir Luid i Sidaib Fear Femen do Ulltaib ita Luigridi la hUltu,* GT 157. *Cland Nuadat … Coic meic forfacaib Mog Nuadat .i. Aengus Cata … is uada ita Catraidi ⁊ Eochaid Rothan … a quo Rothraidi. Luidridi .i. Fear Luigi a Sid meic Feargusa Neid .i. Neid mac Fiachach meic Moga Neid a quo Rothanraidi ⁊ Lugaid Laga a quo Cland Chonaidi ⁊ Cland Lugdach ⁊ Ailill Ulum,* BLec. 218rc14-vd46 (= BB 179a25–39: *Luige righe .i. Fer Luigh a Sidh meic Fergusa Neid*). ***Aitheachthuath* of Ireland:** *Anmand na nAthachthuath … dia rer Libuir Glinne Da Locha … Aithechthuatha em fodailset for Erinn iar ndibed a saerchlann ocus a saerfer .i. … Ludraige,* GT 107. **Variants with**

velar: *Lugraighe*, GT 119 (= Éigse 19, 160: *Lugraidi*; RC 20, 336: *Lughraighe*). ****Forslonnadh* of *Uí Eachach (Cobha):** *Senchas Síl ÍR … DE FORSLOINTIB HÚA nEACHACH … secht n-aithechaiccmi in tíre ria tíchtain do Húibh Echach id est: … Lusraige, Dubraige, Lugraige*, CGH 157.18 (= ZCP 8, 331; ZCP 14, 44: *Lugraidi*, v.l. *Lugraiti*; LUM 14ra29-38: *Daorslointib .h. nEach andseo. Seacht n-athachaicmi san tir re tiachtain d'Íbh Eachach … Lughraigi*; BB 169a20-30: *Seacht n-aicheachaicme robadar isin tir sin re tiachtain do Uib Eachach … Lugraide*). ***Forslonnadh* of Dál bhFiachach (Suidhghe):** *Forshluinte Dal Fiachach Suidge … Luidrige .i. fer luid hi sid*, Cymmrod. 14, 134 §27 (= ZCP 21, 309: *De Forslointib hErend. Prim-forslointib Dal Fiachach … Luidrige ut est Fer Luide .vii. annos i sith*). **Subdivision of Dál bhFiachach (Suidhghe):** *Do Fhorshloinntibh Ereann, do phriomhshloinntibh Dal Fiatach* [*recte* Fiachach] *... Luidrighe, Namdrighe, Blairighe, Luidrighe id est Fear Luide .iiii. annos i sith*, LGen. 779.7 (= 1021.4). Cf. Éigse 20, 3-18; Ériu 11, 38; PRIA 29C, 62; ZCP 15, 234-5; ZCP 24, 267-8. See Lu(i)ghr(a)ighe; Liobhartraighe.

Lu(i)g(h)r(a)ighe Perh. the same people as the *Lu(i)dhr(a)ighe.

Brí

Tugtur cur síos cuimsitheach ar na foinsíbh a bhaineann leis an dtreabhainm so fé bhun na hiontrála 'Ladraighe', go háirithe fén bhfo-theideal 'comhthéacs na bhfoinsí'. I gcás na treabhainme 'Lu(i)d(h)raighe' féin, thá dhá shlí leis an gcur síos sanasaíoch a thuiscint: .i. d'ainmníog an dream so as fear darbh ainm d'Fer Luid(e); nú d'ainmníog an dream as fear a chuaigh nú *luid(e)* (.i. an fhoirm choibhneasta) i sí. Ba dh'é an tara tuiscint a bhí i gceist, de réir na bhfoinsí, a thugann an tréimhse ama do chaith an fear so sa tsí féinig, .i. '.vi. annos i síth' i gcás an liosta in H.2.7 [TCD MS 1298] (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 309) agus '.iiii. (*recte* .iv.) annos i síth' i gcóipeannaibh den liosta treabhchais chéanna in *LGen*. (Ó Muraíle, 2003, 779.7 / 1021.4) [féach traidisiún B]. Ach i gcás an liosta *De Prim-forslointib Dal*

bhFiachach in H.2.7, chuireag an argóint chun cinn ní ba luaithe, fén iontráil ‘Ladraighe: suíomh’, gur idirshliocht é an teideal so a dh’fhídheag leis an mbuntéacs dar teideal *De Forslointib hErend*.

Tugann LUM (Pender, 1947, [*FTorna*] 215) ‘Ludhair’ mar bhunús na treabhainmne. Ach bheinn go mór in amhrás fén bhfoirm so toisc gurb é leagan LUM de *Tairired na nDéssi* an t-aon fhoinse ina bhfaightear an fhoirm sin agus is léir chón maith gur chuireag ortagrafaíocht ní ba nua-aimseartha ar théacs an scéil in LUM; nú chuireag ortagrafaíocht níba nua-aimseartha ar an eiseamláir ónar chóipeálag leagan LUM (féach fé ‘Ladraighe’: ‘comhthéacs na bhfoinsí’). Ina theannta san, ana-sheans gur hipirleasú nú *backformation* bunaithe ar ainm an treabhchais féinig, .i. Luidrighe, é Ludhair.

I gcás na leaganacha a bhfuil consan coguasach ionta, .i. *g* séimh, féach fé bhun na hiontrála ‘Ladraighe’, fén bhfo-theideal ‘brí’, don athrú fóineolaíochta Meán-Ghaoluinne so. Gheibhtear idir chonsan caol agus chonsan leathan i gcás an chonsain lárnaigh, chón maith, ach deabhraíonn sé go bhfuil claontachas ann do dhéad caol sna foinsíbh is luaithe; b’shin í an chúis go bhfuil tús áite tugtha do ‘Lu(i)dhr(a)ighe’ mar cheann na hiontrála den logainm chorraitheach so.

Ach ag deireadh thiar thall, ní fios brí an fhocail seo.

Suíomh

Bhí an treabhainm ‘Lu(i)dhr(a)ighe’ ar cheann dos na treabhainmneachaibh ar a dtugtar eolas sa bhreis mar gheall ar a suíomh. Síolraíonn an t-eolas sa bhreis so ó dhá shraith dhifriúla, .i. (i) ceann acu a bhaineann leis na tráchtaireachtaíbh treabhchais a thagann ón dtraidisiún chéanna as a síolraíonn an liosta *De Forslointib hErend* in H.2.7 (.i. traidisiún [B], féach fé bhun ‘Ladraighe: comhthéacs na bhfoinsí’); agus ceann eile (ii) le macasamhlú *Tairired na nDéssi*. Is léir go mbaineann an suíomh so le sí éigint ach ní fíos gurb ionann an dá shuíomh a thugtar ionta mar sin fhéinig.

I gcás traidisiúin (i), adeirtear linn i liosta *De Forslointib hErend* in H.2.7 gur bhain an tsí le macaibh Chéin: ‘Luithrige .l. [*sic*.] Fer Luide i sid mac Céin m. Fergusa Neit m. Fiachach m. Moga Nuadat’. Ar an gcéad dul síos, chítear dom go

mb'fhéidir go bhfuil fadhb ann i dtaobh 'mac Céin', .i. arbh é an ginideach iolra a bhí i gceist an chéad lá, .i. *a man who went into the sí of the **sons** of Cian mac Fearghasa*, nú an bhfuil dearúd macasamhla i gceist? Agus arbh é 'Fear Luide .i. (…) mac Céin m. Fergusa' a bhí i gceist i ndáiríribh? Pé scéal é, gheibhtear an t-eolas nach mór mar an gcéanna i gcur síos dar teideal *Cland Nuadat* in BB agus in BLec., ach amháin go ndeirtear gur bhain an tsí le mac Fhearghasa; ní le macaibh Chéin mhic Fhearghasa:

> Cland Nuadat … Coic meic forfacaib Mog Nuadat .i. **Aengus Cata** … is uada ita Catraidi [Catraige] ⁊ **Eochaid Rothan** … a quo Rothraidi. Luidridi.i. Fear Luigi a Sid meic Feargusa Neid .i. Neid mac **Fiachach meic Moga Neid** a quo Rothanraidi ⁊ **Lugaid Laga** a quo Cland Chonaidi ⁊ Cland Lugdach ⁊ **Ailill Ulum**.

Ach i gcás na foinse súid, bheinnse den dtuairim gur sliocht cnuasaigh é, .i. d'fhígheag foinsí difriúla (frithráiteacha) le chéile lena bhfuil anso a chruthú. Ba ghnás seanabhunaithe é d'fhearaibh léinn na nGael foinsí a fhí le chéile chun téacs a chruthú gan amhras. Thá dhá ní a léiríonn gur téacs cnuasaigh é dar liom. Ar an gcéad dul síos, thá struchtúr na n-abairtí ait insa tslí go dtosnaítear le hainmneachaibh mac Mogha Nuadhad sara dtugtar na treabhchaisí a bhain lena mhacaibh. I gcás 'Lu(i)dhr(a)ighe' ansan, tugtar a mhalairt: .i. ainm an treabhchais ar dtúis, ansan ainm an duine ónar shíolraigh an treabhchas, .i. mac mic Mhogha Nuadhad. Castar ansan ar an gcur i láthair céanna is athá ag tosach an tsleachta: .i. ainm mhic Mhoga Nuadhad agus an treabhchas / na treabhchaisí a bhain leo. Ina theannta san, ní hamháin go bhfuil an t-eolas maidir le 'Lu(i)dhr(a)ighe' mar a bheadh fo-nóta insa mhéid is nár bhain an tsí nú 'Lu(i)dhr(a)ighe' le mac Mhogha Nuadhad féin—ach mac mic leis .i. Fiacha—is ionann leagan amach na habairte anso agus mar athá in H.2.7 (*op. supra*) agus in áit eile in BLec. féinig (an lámhscríbhinn chéanna ina bhfaightear an cur síos úd ar 'Cland Nuadat'): 'Luidridi .i. Fear Luid i side mc. Cein mc. Fergusa Neit mc. Fhiachach mc Logha Nuadad' (Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 155). Léiríonn a leithéid gur chóipeáil scríobhaí an abairt so ó fhoinse ina raibh an traidisiún céanna is athá in H.2.7, b'fhéidir ó BLec. féinig. I dtaobh na tara cúise a léiríonn gur sliocht cnuasaigh é an tagairt seo, tugtar míniú ar bhunaitheoir na 'Roth(an)raighe' fé dhó agus is mínithe frithráiteacha iad:

.i. ‘Eochaid **Rothan** … a quo Rothraidi’ agus ‘Fiachach mac Moga Neid a quo **Rothan**raidi’.

Ach in ainneoin na bhfadhbanna so, tugann an tsraith thraidisiúin so, .i. (i), nod dúinn maidir le suíomh na ‘Lu(i)dhr(a)ighe’. Cé ná luaitear logainm bheacht, tugann an ceangal le Mogh Nuadhad le tusicint gur bhain na ‘Lu(i)dhr(a)ighe’ le Cúige Mumhan, .i. Leath Mhogha, óir thá dlúthbhaint ag Mogh Nuadhad le Cúige Mumhan gan amhras. Cuirtear traidisiúin difriúla do ‘Lu(i)dhr(a)ighe’ chun cinn sa tara sraith (ii) a bhaineann le *Tairired na nDéssi* agus ní hionann na suíomhanna a thugtar sa tsraith so féinig ach an oiread.

Is é adeirtear linn i leagan Rawl. B 502 de *Tairired na nDéssi* ná go raibh an tsí, ina raibh an fear ann ar feadh tréimhse ama nú um a raibh Fear Luid(e) ina chónaí, os comhair Feimhin: ‘ar Síd ar Femen’. B’fhéidir go dtagann a leithéid le traidisiún (i) insa mhéid is go mb’fhéidir gurb ionann Sí ar Feimhean agus ‘Sí mac Céin’. Ach ansan, cuirtear suíomh an fhir / an dreama in Ultaibh de réir leagain LUM. I gcás leagan Laud 610, tugtar eolas idir eaturtha, .i. gur bhain an fear le ‘Sid ar Femon di hUltaib’.


Thá sé ait go maith go scarann leagan LUM lena bhfuil in Laud óir bainid san leis an dtraidisiún macasamhla céanna (féach ar an iontráil ‘Ladraighe’, fén bhfo-theideal ‘comhthéacs na bhfoinsí’). Mar sin, thá dhá rogha ann: .i. (a) gur chuir scríobhaí an scéil in Laud, nú eiseamláir Laud, Feimhean leis an gcur síos athá bunaithe ar leagan den scéal ina bhfaightear a leithéid d’eolas, .i. ar aon dul le leagan Rawl. B 502 féinig; nú (b) gur fhág scríobhaí an scéil in LUM an tagairt do Fheimhean ar lár d’aon ghnó toisc nár thuig an scríobhaí go raibh Feimhean eile i gContae na Mí (féach thíos).

I gcás rogha a haon (a) thuas, bhí Hull (1954, 268) den dtuiscint gur chnuasach de dhá leagan éagsúla de *Tairired na nDéssi* é leagan Laud:

> The repetition of a passage [in Laud] which occurs once in R [.i. Rawl.] suggests that the common exemplar from which L [.i. Laud] and UM [.i. LUM] stem already consisted of a blend of two older accounts that have been unskillfully fused together.

B'fhéidir mar sin gur fhigh scríobhaí an tagairt úd do 'Feimhean', mar a gheibhtear é in Rawl., leis an leagan de *Tairired na nDéssi* in Laud. Ach is diocair a bheith deimhin de toisc ná maireann ach cóip amháin eile den dtraidisiún macasamhla chéanna is athá in Laud, .i. LUM, cé go bhfuil an tagairt sin do 'Feimhean' fágtha ar lár ann. Ach mar sin fhéinig, do léirigh an Cathasach (Ó Cathasaigh, 1984, 10) go raibh leagan Rawl. cnuasachúil chón maith: 'the main body of R [Rawl.] is compilatory'. Ní féidir talamh slán a dhéanamh, mar sin, de threo an tionchair go dtí go bhfuil eagrán criticiúil den scéal againn.

Mar aon leis an bhFeimhean cáiliúil i dTiobraid Árann, thá Feimhean eile i mBreaghaibh na Mí gan amhras (Ó Corráin, 1971, 97-99). Mar sin, is diocair neamhaird a thabhairt ar an dtuiscint gur bhain 'Lu(i)dhr(a)ighe' le 'Sid ar Femon di hUltaib'. Do chuir muintir Ua Néill (Theas) Breagha féna smacht go luath (*ibid*., 99) agus bhí muintir Ua Néill agus Cúige Uladh fite fuaite ina chéile go háirithe fén am gur bhreacag an scéal in Laud. Ba mhinic leis mar a mheasctaí Feimhean Tiobraid Árann agus Feimhean Breagh, go háirithe ní ba dhéanaí sa traidisiún; ach mar sin fhéinig, baineann an nath 'Síd ar Femun' le Feimhean Tiobraid Árann de ghnáth. Ach ní nach ionadh dá mba rud é go raibh 'Lu(i)dhr(a)ighe', nú fodhream dóibh, lonnaithe i suíomhannaibh difriúla i ndáirírbh, i gcontae na Mí san áireamh. Bhíodh brainsí aitheachthuath scaipthe ar fuaid na tíre i bhfad i gcéin óna chéile gan amhras. I gcás aitheachthuath na Mumhan féinig, thá an tuiscint ann gurbh as Breagha roinnt brainsí de threabhchasaibh Muimhneach: cf. 'Dál Meisin Corb, Luigni, Uí Mhic Uais (Bhreagh)' ón léarscáil thíos leis na 'Corca Uais, Corca / Dál Luighne, Dál Meas Corp uile Cilli …' i liosta *Do Daertuaithaib Caisil* (féach fén bhfo-theideal céanna san iontáil 'Ladraighe: suíomh'). Ina theannta san, gheibhtear treabhainmneacha ná fuil sa liosta san nú ar an léarscáil araon ach thá a fhios againn gur bhaineadar le Cúige Mumhan agus 'Midhe', .i. na Breacraighe (athá sa liosta), Ciannachta (athá sa léarscáil) agus fiú i dtaobh Dál bhFiachach (Suidghe) féinig, .i. Déise Midhe [athá sa léarscáil] (Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.nn.).



Fíor 144: Treabhchaisí i gContae na Mí c. 800 AD: http://sites.rootsweb.com/~irlkik/ihm/suineill.htm#map

Agus sinn ag díriú ar an dtuiscint go mb'fhéidir gur bhain 'Lu(i)dhr(a)ighe' le hUltaibh, mar a gheibhtear i leagan Laud 610 agus leagan LUM de *Tairired na nDéssi*, .i. le seana-Ultaibh (.i. Dál bhFiadach agus Uí Eachach Cobha), .i. iarthar na contae féin, is tábhachtach an rud é go bhfaightear dream darb ainm dóibh 'Lughraighe' insna geinealaibh ina ndeirtear gur de *fhorslonnadh* Ua nEachach Cobha iad: 'DE FORSLOINTIB HÚA nEACHACH … Lusraige, Dubraige, Lugraige' (*inter alia*: O'Brien, 1962, [*CGH*] 157.18; Meyer, 1912, [*ZCP* 8] 331). Ní fheadar an ionann an dream so agus 'Lu(i)dhr(a)ighe', ach murab ionann, ar mheascag iad le chéile le linn mhacasamhlú na n-ainmneacha insa mhéid is gur chuaigh an ceangal idir 'Lughraighe agus Uladh, .i. Uí Eachach Cobha .i. 'Ulaidh', i bhfeidhm ar an dtuiscint in *Tairired na nDéssi* gur bhain na 'Lu(i)dhr(a)ighe' le hUltaibh? Rud a chuirfeadh leis an gcumasc seo, más fíor é, ná ní raibh aon deifear idir *g* séimh agus *d* séimh nú idir *g* séimh caol agus *d* séimh caol insa teangain labhartha ón tara haois déag ar aghaidh (Breatnach, 1994, 234-5, §3.18). Ciallaíonn a leithéid ná raibh deifear idir 'Lughraighe' nú 'Ludhraighe' is 'Luighrighe' nú 'Luidhrighe' dos na scríobhaithibh a bhreac na hainmneacha so. Ach mar sin fhéinig, i gcás na bhfoirmeacha sna liostaíbh féinig, maireann consan coguasach go láidir iontasan dar

teideal *DE FORSLOINTIB HÚA nEACHACH*. I dtaobh díobhsan dar teideal *Aithechthúatha Érenn* (*vel. sim*)—.i. traidisiún (B), féach fé bhun 'Ladraighe'—gheibhtear sampla amháin ina bhfuil *d* séimh, siochas *g* séimh. I gcás an liosta in *Tairired na nDéssi* agus in H.2.7 agus na bhfoinsí a shíolraíonn ón ndá thraidisiún sin, tugtar consan déadach séimh caol den chuid is mó. I leagan Rawl. B 502 de *Tairired na nDéssi*, mar sin fhéinig, tugtar déad (séimh) leathan, .i. 'Ludraighe'. I liosta geinealaigh in BLec. (Ó Raithbheartaigh, 1932, [*GT*] 157 = *Tairired na nDéssi*) ansan, tugtar consan coguasach (séimh) caol, .i. 'Luigridi'. Agus fé dheireadh, tugtar foirm lochtach i dtráchtaireacht a bhaineann le *Cland Nuadat* in BB (179a25–39), .i. 'Luighe righe'. Síolraíonn tráchtaireacht *Cland Nuadat* in BB (ibid.) agus in BLec. (218rc14-vd46) ón dtraidisiún chéanna is athá in H.2.7 mar a chonaiceamair ní ba luaithe.

Cé go mb'fhéidir go bhfuil malartú consan lárnach i gceist, thá na foirmeacha rialta go leor go dtugaid le fios nár mheascag nú nárbh ionann na 'Lu(i)dhr(a)ighe' agus na 'Lughraighe'. Ach mar sin fhéinig, tuigtear dom go bhfuightheá roinnt dos na treabhainmneachaibh eile a luaitear insa liosta treabhchais sin dar teideal *DE FORSLOINTIB HÚA nEACHACH*—an liosta céanna is a luaitear na 'Lughraighe'—a lonnú i gCúige Mumhan agus i gcontae na Mí chón maith. Níl sé dodhéanta mar sin nárbh ionann na 'Lu(i)dhr(a)ighe' agus na 'Lughraighe' an chéad lá nú ná raibh fobhrainse dóibh ag cur fútha in Ultaibh chón maith.

Cuir 'Du(i)bhr(a)ighe' i gcás: is suimiúil an rud é go luaitear treabhainm mar é insa liosta treabhchais in *Tairired na nDéssi* féinig (féach fén bhfo-theideal 'Tairired na nDéssi' fé 'Ladraighe'): 'Duibrige' (Rawl.), 'Dubrige' (Laud) agus 'Dubraigi' (LUM). Baineann an dream so le Muinech Blaí mac Mugdornae Duib[112] de réir leagan

[112] Leasaíonn Edel Bhreathnach (1998, 17) an chuid seo den dtéacs in *Tairired na nDéssi* bunaithe ar chomparáid le geinealaibh na nDéise (O'Brien, 1962, [*CGH*] 327h25-45, féach thíos): 'Given that the genealogical tract … preserves the older version of the place-name Loch Dé Mundech, "The lake of the two Mundechs" ... Mundech Blaí and Mundech Dub, perhaps "The Expulsion of the Déise" text originally read as follows: Nonbur do maccaib Muindig Blae maic Maugdornae [diata Blairige. Nonbur di maccaib Muindig Duib maic Maugdornae] diata Dubrige maic ingine Briuin. Leasú anachiallmhar is ea é, dh'fhéadfadh *homioitelueton* a bheith mar bhunús de gan amhras, go háirithe nuair is léir go raibh dul amú i macasamhlú na líne roimhe seo bunaithe ar a bhfuil in *Tairired na nDéssi* féinig: cf. 'nonbur do maccaib **Suird maic Mugdornae Duib**, de quo Sordraige' i leagan Rawl. B 502 (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 124) le 'nonbur do maccaib **Soirt maic Dorna** diata Sorthrige' i leagan Laud (Meyer, 1907, [*Ériu* 3] 138). An t-aon fhadhb a bhaineann le tuairim Bhreathnach a ruitheann liomsa ná más ionann na 'Blairige', mar a chuireann sí leis an dtéacs bunaithe ar Mundech Blaí, agus na 'Blaeraige' ó liosta *De Forslointib hErend* in H.2.7, deirtear gur de shíolrach eile dóibh

Rawl. (Meyer, 1901, [*Cymmrod*. 14] 124) agus míníonn leagan Laud agus LUM (*vel. sim*) gur bhaineadar le ‘Loch Muindig hi tirib Maugdornae diata Dubrige’ (Meyer, 1907, [*Ériu* 3], 138-9; Pender, 1947, *FTorna* 214). Luaitear neacha darbh ainm Muindech Dub agus Muindech Blaí ó Loch Dé Muindech i gcríochaibh Mughdhorna i measc Ua mBriúin i ngeinealaibh na nDéise agus léirítear ann gur de bhunaitheoirí tábhachtacha dhá fho-chraobh den mhuintir chéana iad (O’Brien, 1962, [*CGH*] 327h25-45):

> Genelach na nDéssi … Gér mac Gubbi … m. Mundig Blaí m. Intait m. Brioin. Dub-dromma m. Manchín … m. Mundig Duib m. Intait m. Brioin. Hinc Loch Dé Mundech hi tírib Mugdorne.

Thá Edel Bhreathnach (1998, 18) tar éis an Loch Dé Mundech so dh’aimsiú cheana agus adeir sí gurb ionann é agus Moynagh Lough gar do bhaile / b.f. / par. na hOibre i gcontae na Mí. Chímid aríst go bhfuil ceangal idir contae na Mí, Déise / Cúige Mumhan agus Ulaidh.

Luaitear nasc eile idir na suíomhannaibh so nuair a thugtar síolrach eile do ‘Gáelraigi / Gallraige’ de réir an liosta *De forslointib hÚa nEachach* féinig: ‘Gáelraigi de quibus Cainnech Dromma Fata; alii dicunt [eum] esse de genere Feidelmedo Gáel de Mumae’ (O’Brien, 1962, [*CGH*] 157.16; Meyer, 1912, [*ZCP* 8] 331; Dobbs, 1923, [*ZCP* 14] 44). Ní fheadar ach an oiread an ionann ‘Lusraighe’ ón liosta a bhaineann le hUíbh Eachach Cobha agus ‘Luffraighe / Luisrighe / Lusfraighe’ ós na liostaíbh dar teideal *Aithechthúatha Érenn* (féach traidisiún [C] fé bhun ‘Ladraighe’), agus an amhlaidh iadsan agus ‘Liobha(r)traighe’ ó *Tairired na nDéssi* agus ón dtraidisiún a gheibhtear in H.2.7 (féach traidisiún [B] fé ‘Ladraighe’)?

Is diocair talamh slán a dhéanamh den cheist arbh ionann ‘Lughraighe’ agus ‘Lu(i)dhr(a)ighe’ i ndáiríribh? Cuirimse le chéile iad i ndáiríribh óir tugtar le fios i leaganachaibh áirithe de *Tairired na nDéssi* gurbh as Ultaibh do Lu(i)dhr(a)ighe. Bhí O’Brien (1925, 234-5) den dtuiscint chéanna chón maith.

---

sa téacs súid: .i. Blaerige .i. Cenel Blae Briugach de hUltaib’ (Dobbs, 1938-40, [*ZCP* 21] 313; cf. Ó Riain et al., 2003-, [*HDGP*] s.n. Bladhraighe).

Ach b'fhéidir gurbh fhearr iontráil neamhspleách a thabhairt do 'Lughraighe' i ndáiríribh? Go háirithe nuair a thagann an g-*séimh* slán den chuid is mó agus nuair athá Uí Eachach Cobha in aice le contae Lú, a dh'ainmníog, de réir deabhraimh, ón nDia Lugh. Agus b'fhéidir gurbh é ainm Lugh féinig bunús ainm na 'Lughraighe' mar sin. Ach is diocair a bheith cinnte.

Is diocair a scaoileadh arbh é Feimhean Breagh, Feimhean Tiobraid Árann nú sean-'Ulaidh' féin a bhí i gceist mar shuíomh an dreama so? Nú ar bhain oidhreacht an dreama le suíomh amháin ach bhí ar a chlanna bogadh go suíomhanna eile de réir a chéile nuair a tháinig brú ortha go hinmheánach, .i. ón dtaobh istigh dá muintir féin, nú ón dtaobh amuigh?

Conclúid

Ba bheag an cur amach a bhí agam ar *onomastics* nuair a chromas ar an dtráchtas so an chéad lá agus mar sin níor thuigeas a raibh romham amach i ndáiríribh. Bhíos den dtuairim ar dtúis go mbeinn in ann aghaidh a thabhairt ar gach iontráil fé 'L' sa bhfoclóir. Níorbh fhada mar sin fhéinig go raibh an t-ainbhfios san orm. Thuigeas sar i bhfad an chastacht agus an mearbhall a bhaineann le staidéar ar logainmneachaibh i ndiaidh dom roinnt díobh dh'iniúchadh i gceart agus do ruith sé liom leis gur cás-stáidéar ar leith é gach *onoma* i ndáiríribh.

Bhí dhá phríomh-aidhm agam le comhlíonadh le linn an tráchtais: .i. ceann-iontrálacha a sholáthair ar bhonn críochnúil don Tionscnamh *Locus* féineach, ar an gcéad dul síos, agus ar an tara dul síos, tráchtaireacht a scrí maidir leis an *rationale* do bhrí is do shuíomh na n-ainmneacha féinig. I dtaobh na gceann-iontrálacha ansan, do bhí orm iad a chaighdeánú de réir na Gaolaoinne Clasaicí agus tagairtí na gceann-iontrálacha a chnuasach mar a gheibhtear iad fé bhun na gceann-iontrálacha athá aige Hogan cheana féinig. Ina theannta san, níor mhór dom ainmneacha is tagairtí nár chuir Hogan san áireamh a chur leis an bhfoclóir, e.g. ainmneacha ósna *Hardiman Legal Deeds*. Do dheineas amhlaidh tré innéacsannaibh foinsí stairiúla a chuardach go ginearálta, nuair a bhíos i mbun ainmneacha eile a mheas, agus a bhfuil d'eolas sna slipeannaibh a chur san áireamh chón maith. Ní chuirtear, de réir polasaí Thionscnaimh *Locus*, ach tagairtí Gaoluinne agus Laidin na hÉireann ó fhoinsíbh a bhaineann leis an dtréimhse 400-1800 AD san áireamh, mar sin fágtar foirmeacha Gallda na n-ainmneacha ar lár i bhfoclóir *HDGP* féinig. Cé go mbíonn na hainmneacha Gallda lochtach go maith ar uairibh, ba mhór an chabhair na foirmeacha Gallda so le suíomh ainmneacha Gaelacha a mheas mar sin fhéinig, go háirithe más ainmneacha cuíosach déanacha iad a bhaineann leis an dtréimhse 1500-1800.

Nuair a bhí tagairtí ceann-iontrála bailithe agam ansan, chaitheas na tagairtí so a rangú de réir téamaí / fo-theideal: 'Traditional derivation', 'Early references', 'Genealogical references', 'Short form' srl. Liostáileas na tagairtí go croineolaíoch fés na fo-theidealaibh ansan, mar a thagann le polasaí Thionscnaimh *Locus* agus mar a léirios i réamhrá an tráchtais.

Mar a mhíníos cheana, nuair a thugas fén dtráchtas ar dtúis, bhínn ag bailiu na dtagairtí de réir ord abítre na n-ainmneacha mar atháid san *OnomG* go ginearálta mar aon leis na tagairtí a bhailiú de réir innéacsanna téacsanna. Cuir i gcás go rabhas ag góilt d'ainm fé leith agus bhí tagairt ann ó *CGH,* bhaíleoinn an tagairt féin ó *CGH* ach chíoród innéacs *CGH* féinig dos na hainmneachaibh eile dar tús 'L' chón maith agus iad a bhaint in aon turas amháin. Bailíonn scoláirí *Locus* tagairtí amhlaidh toisc go sábhálann a leithéid do chur chuige roinnt mhaith ama óir ní gá filleadh ar an dtéacs arís. I ndiaidh tamaill de bheith ag bailiú tagairtí mar a leithéid, ruith sé liom ná beadh agam mar thráchtas sa deireadh ach liosta ainmneacha agus tagairtí. Shocraíos mar sin ar dhíriú ar na ceann-iontrálachaibh féinig go mion, ceann sa turas, agus béim a leagadh chón maith ar an dtráchtaireacht maidir le brí is suíomh na n-ainmneacha dh'fhuascailt.

Maidir le suíomh na n-ainmneacha a mheas ansan, chuireas an mhodheolaíocht *a posteriori* nú réasúnaíocht ionduchtach i bhfeidhm tríd síos, mar a phléas i réamhrá an tráchtais. Dheineas iarracht sa chur chuige seo comhthéacs na tagartha dh'iniúchadh go mion chun na leideanna athá ann a dh'aithint agus a leanúint. Is é athá i gceist agam le comhthéacs is ea comhthéacs an téacsa agus comhthéacs na lámhscríbhinne féinig. Mar shampla, i gcás 'Lagán (4)', gheibhtear tagairt dó i ndán fada topagrafaíoch; bhíos in ann na logainmneacha eile a luaitear insa dán seo a leanúint chun tuiscint dh'fháilt ar an dtreo ina raibh an file ag góilt an tírdhreacha ina cheann. Bunaithe ar an gcoincheap sin, thuigeas go raibh an Lagán so i Loch Garman, mar a bhfuil an Logán Uachtarach is an Logán Íochtarach i mbar. Ghuaire.

I gcás 'Laoighis Raimhne' ansan, tugtar gluais i leagan LL de gheinealaibh na Laoighse ina luaitear dream díobh le Fearann na gCeinéal: .i. fearann athá ar aon dul le deisceart Loch Garman inniuimh. Ach bhí easaontas ann i dtaobh cioca dream go raibh an ghluais so ag tagairt dó, mar a chonaiceamair sa phlé thuas. Ina theannta san, bhí comhartha fé leith, .i. *paratextual sign,* ar fuaid an leathanaigh lámhscríbhinne. Ar an gcéad amharc, ní raibh sé soiléir a bhí i gceist leis an bpíosa nodaireachta seo. Ach i ndiaidh dom iniúchadh a dhéanamh ar na siombailíbh so agus comhthéacs an ghinealaigh a scrúdú go mion, bhíos in ann fo-dhreamanna Laoighse Raimhne a lonnú go beacht i ndeisceart Loch Garman. Do léirigh a leithéid ansin gur bhain an ghluais le Laoighsibh Raimhne amháin.

Cé go maireann eilimintí logainmneacha fíor-ársa sa ló athá inniuimh ann, do nochtaigh an iontráil do ‘Lagán (3)’ go n-athraíonn tuiscintí maidir le réimse limistéirí le himeacht aimsire agus ó cheantar go ceantar. Ní raibh muintir an Lagáin féinig ar aon tuairim maidir le réimse an limistéir sin le linn aimsir Uí Dhonnabháin fiú, nuair a thug sé féin turas ar an gceantar agus é ag obair don tSuirbhéireacht Ordanáis. Léiríonn an diocracht diacrónach agus sioncrónach so go mb’fhéidir nach ionann an limistéar mar a thuigtear inniuimh é agus tuiscintí maidir le réimse an limistéir sin sa tsean-aimsir.

Agus mé dh’iarraidh réasúnaíocht ionduchtach a chur i bhfeidhm agus comhthéacs gach logainme a scrúdú go mion, do bhí orm tarraint ar roinnt mhaith *hermeneutics* chun anailís a dhéanamh ar na logainmneachaibh agus a suíomhanna a dh’fhuascailt. Mar léiriú ar an idirdhisciplíneachas so, cuirim an iontráil i gcomhair ‘Leithead (2)’, ina bhfuil tagairt do ‘chath Leithid (Mhidheann)’ ann, i gcás.

I dtosach báire, do bhí orm dul i muinín na ngeinealach agus oiliúint a chur orm féinig i dtaobh na ndreamanna a ghlac páirt ann. Bhíos inniúil ar shuíomh ármhá oiriúnach a thriantánú ansan bunaithe ar imeallachaibh críoch na ndreamanna san, .i. suíomh go mbeadh slí ag gach dream gur ghlac páirt sa chath a shroisint. Mar a chonaiceamair, tháinig an suíomh seo lena raibh molta ag roinnt scoláirí roimhe seo: .i. ‘Leode’ i bpar. Chluana Daimh in Uíbh Eachach Cobha i gcontae an Dúin. Do threisigh léarscáil thopagrafaíoch, ceann a léiríonn codarsnachtaí airde talún, an argóint gurb é ‘leithead’ bunús na logainme Gallda ‘Leode’ chón maith toisc go bhfuil ‘Leode’ féinig suite mar a bhfuil réimse fairising talún mín, .i. ‘leithead’.

Mar a ráiníonn sé, is é ‘Dree’ i bpar. Dhroim Bearach in Uíbh Eachach Uachtarach an suíomh athá beartaithe do ‘Drong’ i gcás na tagartha do ‘bellum Druing’ ag Diarmuid Ó Murchadha, ag an *HDGP*, agus an *PNNI*. Thá an b.f. so ar an dtaobh thuaidh den réimse mín talún céanna ar a bhfuil ‘Leode’. Thá ‘Leode’ féin suite ar an dtaobh theas de. Shocraíos mar sin—bunaithe ar thírdhreach an cheantair féin agus ar an dtagairt fhirinscneach do ‘drong’ in LL—nár dhul amú é an tagairt do ‘Drong’ i ndáiríribh agus gur fhíor-chomhainm ar ‘chath Leithid (Mhidheann)’ é ‘cath Druing’.

Mar a chítear anso, bhí tuiscint ar roinnt *hermeneutics* in aoinfheacht bhuaim chun dul i ngleic le ‘Leithead (2); mar athá tuiscint ar stair is ar gheinealaibh, is ar an

nGaoluinn féinig i gcás chanúint oirthear Uladh sa bhfichiú haois luaith is an tSeana-Ghaoluinn, is ar lámhscríbhinníbh is ar thíreolaíocht / léarscáileannaibh.

Ní raibh aimsiú gach logainme chón diocair céanna le ‘Leithead (2)’ gan amhras. Bíonn sé i bhfad níosa fhusa de ghnáth teacht ar shuíomh logainme a thagann as foinsíbh cuíosach déanacha óir is mór an seans go bhfuil na hainmneacha so i mbéal an phobail go fóill. De ghnáth bíonn sé níosa fhusa suíomh ainmneacha a ríomh chón maith má thugtar fuíollach logainmneacha eile i dteannta na logainme athá fé chaibideal; rud a thugann comhthéacs sa bhreis duit chun an logainm cuí a mheas. Tháid na logainmneacha so le feiscint go mórmhór i gcás na gcáipéisí dlithiúla a bhailibh Hardiman: athá pléite go mion i gCaibideal a hAon. Tuiscint suntasach a thuit amach le linn an chaibidil so ná deabhraíonn sé gurb ionann líon na Leathcheathramhan agus líon an bh.f. mar a thuigtear inniuimh é; thá taighde sa bhreis ag teastáilt amach anso lena leithéid a dheimhniú.

Ar uairibh eile, do bhí orm dul i muinín na scoláireachta chun suíomh logainme dh’fhuascailt. Mar shampla, do scrúdaigh Diarmuid Ó Murchadha (1999) Laoighis go mion agus do nochtaigh sé formhór a suíomhanna, go háirithe Laoighis Réada. Bhaineas-sa feidhm mhór chón maith as léarscáileannaibh—cinn stairiúla, *OSi* agus léarscáileanna topagrafaíocha—go minic chun suíomh logainme eile a scaoileadh, go háirithe i gCaibideal a Dó inar chabhraigh na léarscáileanna topagrafaíocha ildaite go mór liom. Mar shampla, i dtaobh ‘Leithghleann (1)’, bhíos in ann an logainm féin dh’aimsiú agus críocha dúthaí Tiobhraidh mhic Tnuthaigh a léiriú nuair a leagas na logainmneacha a luaitear i dteannta na logainme cuí in *BFen*. ar léarscáil. Ina theannta san, do léirigh na léarscáileanna topagrafaíocha ildaite so na féidearthachtaí go léir do réimse ‘Lagán (3)’ go héifeachtach, dar liom.

Ach fiú i ndiaidh dom gach iarracht a dhéanamh suíomh na n-ainmneacha a mheas, mar a léirítear thuas, is iomda ná raibh ann ach iarracht in aisce. Ní féidir de ghnáth ach suíomhanna a mholadh agus ráiníonn sé ar uairibh eile go dteipeann orm glan suíomh a mholadh fiú. Is fíor mar adeir Price (1938, [*PRIA* 44] 144): ‘The placenames that are recorded in Old Irish documents, numerous as they are, are mostly, or certainly very frequently, obsolete; and their locality can only be determined by most careful historical investigation: indeed often it cannot be determined at all’.

Is diocair an méid athá foghlamtha agam le linn mo thráchtais a ríomh. Do chuir bailiú na n-achainní oiliúint orm maidir le corpas na Gaoluinne agus a fhairsinge. Ba mhór, chón maith, a threisigh an anailís a dheineas ar na logainmneachaibh mo chuid scileanna scoláireachta agus ríomhaireachta, agus do chuir Caibideal a Trí agus a Ceathair go mór lem thuiscint i dtaobh na ngeinealach a láimhseáil. Mar sin, thá mo thréimhse dochtúireachta, agus an méid dh'fhoghlaimíos lena linn, tar éis misneach a thabhairt dom chun staidéar breise a dhéanamh go neamhspleách amach anso.

Leabharliosta

Arbuthnot, S. (eag. 7 aist.), *Cóir Anmann: A Late Middle Irish Treatise on Personal Names*, 2 iml., Cumann na Scríbheann nGaedhilge 59-60 (Londain, 2005-7).

Atkinson, R., *The Book of Leinster, sometime called the Book of Glendalough*, Autotype Facsimile with Introduction, Analysis of Contents, and Index le R. Atkinson (Baile Átha Cliath, 1880).

—— (eag. 7 aist.], *The Passions and the Homilies from Leabhar Breac: Text, Translation and Glossary* (Baile Átha Cliath, 1887).

Bergin, O., 'Varia. II', *Ériu* 11 (1932) 136, 138-49.

Best, R. I., Bergin, O., O'Brien, M. A., O'Sullivan, A. (eag.), *The Book of Leinster formerly Lebar na Núachongbála*, 6 iml. (Baile Átha Cliath, 1954-83).

Best, R. I. (eag.), 'The Leabhar Oiris', *Ériu* 1 (1904) 74-112.

—— (eag. 7 aist.), 'The Settling of the Manor of Tara', *Ériu* 4 (1910) 121-72.

—— 'The Yellow Book of Lecan', *Journal of Celtic Studies* 1 (1949-50) 190-92.

Bhreatnach, E., 'Topographical Note: Moynagh Lough, Nobber, Co. Meath', *Ríocht na Midhe: Records of the Meath Archaeological and Historical Society* 9/4 (1998) 16-19.

——, *Ireland in the Medieval World AD 400-1000* (Baile Átha Cliath, 2014).

Binchy, D.A. (eag.), *Críth Gablach*, (Baile Átha Cliath, 1941; athfh. 1979).

Breatnach C., 'Rawlinson B 502, Lebar Glinne Dá Locha and Saltair na Rann', *Éigse* 30 (1997) 109–132.

——, 'Manuscript Sources and Methodology: Rawlinson B 502 and Lebar Glinne Dá Locha', *Celtica* 24 (2003), 40–54.

Breatnach, L., ‘An Mheán-Ghaeilge’, in K. McCone, D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams, L. Breatnach (eag.), *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994) 221-334.

Byrne, F. J., *Irish Kings and High-Kings* (Londain, 1973; athfh. le nótaíbh sa bhreis agus corrigenda, Baile Átha Cliath, 2001).

Campbell, C.S., *The Laggan and its People* (Dún na nGall, ní fios): http://www.stjohnstonandcarrigans.com/laggan.pdf .

Carey, J., (eag. 7 aist.), ‘The Lough Foyle Colloquy Texts: *Immacaldam Choluim Chille 7 ind Óclaig oc Carraic Eolairg and Immacaldam in Druad Brain 7 inna Banḟátho Febuil ós Loch Ḋebuil*’, *Ériu* 52 (2002) 53-87.

——, ‘The Names of the Plains Beneath the Lakes of Ireland’, in J. Carey, M. Herbert agus K. Murray (eag.), *Cín Chille Cúile* (Aberystwyth, 2004) 44-57.

Carney, J., ‘The Dating of Early Irish Verse Texts, 500-1100’, *Éigse* 19/2 (1983) 177-216.

Charles-Edwards, T., *Early Irish and Welsh Kinship* (Oxford, 1993).

——, *Early Christian Ireland* (Cambridge, 2000; athfh. 2005).

——, (aist.): *The Chronicle of Ireland: Translated with an Introduction and Notes*, 2 iml. (Learpholl, 2006).

Cleary, C., ‘Critical Notes and Signs from the Book of Leinster *Táin Bó Cúailnge*’, in J. Carey (eag.), *Táin Bó Cúailnge from the Book of Leinster: Reassessments*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge, Foshraith 32 (Londain, 2020) 90-121.

Colgan, J., *Triadis Thaumaturgae seu Divorum Patricii, Columbae et Brigidae* (Lováin 1647; athfh. Baile Átha Cliath, 1997).

Connellan, M. J., ‘Additions to the Commentary on the Poem on the Shannon (Éigse VI, 193)’, *Éigse* 7.4 (1953-55) 271-274.

Craigie, W. A. (eag.), ‘Cairpre Cindchait and the Athach Tuatha’, *Revue Celtique* 20 (1899) 335-9.

Cunningham, B., *The Annals of the Four Masters: Irish History, Kingship and Society in the Early Seventeenth Century* (Baile Átha Cliath, 2010).

Devlin, B., *Mid-Ulster Placenames: Townland Names in Selected Parishes in South Derry and North Tyrone* (Tráchtas PhD, 2021, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste).

Dillon, M. (eag. 7 aist.), *Lebor na Cert: The Book of Rights*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge 46 (Londain, 1962).

Dobbs, M. E. (eag. 7 aist.), 'The History of the Descendants of Ir (cuid a haon)', *Zeitschrift für celtische Philologie* 13 (1921) 308-59.

—— (eag. 7 aist.), Dobbs, Margaret E., 'The History of the Descendants of Ír (cuid a dó)', *Zeitschrift für celtische Philologie* 14 (1923) 44-144.

—— (eag.) 'Miscellany from H.2.7 (T.C.D.)', *Zeitschrift für celtische Philologie* 21 (1938-40) 307-18.

—— (eag. 7 aist.), 'On the Graves of Leinster Men', *Zeitschrift für celtische Philologie* 24 (1954) 139-53.

Duffy, P., (2004) 'Townlands: Territorial Signatures of Landholding and Identity', *The Heart's Townland: Marking Boundaries in Ulster*. *The Ulster Local History Trust in association with The Cavan-Monaghan Rural Development Co-operative Society* (2004) 18-38.

Finnegan, A., *Logainmneacha Chill Chainnigh Thiar agus Chluain Lonáin: Ainmneacha na mBailte Fearainn* (Tráchtas PhD, 2012, Ollscoil na Gaillimhe).

Flanagan, D., 'Common Elements in Irish Placenames: Dún Ráth, Lios', *Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 3, sraith 2 (1980-81) 16-29.

Freeman, A. M. (eag.), *The Compossicion Booke of Conought* (Baile Átha Cliath, 1936).

—— (eag. 7 aist.), *Annála Connacht, A.D. 1224-1544: The Annals of Connacht, A.D. 1224-1544* (Baile Átha Cliath, 1944; athfh. 1996).

Frost, J., *The County of Clare: from the Earliest of Times to the Beginning of the 18th Century, with Map and Illustrations* (Baile Átha Cliath, 1893).

Gerriets, M., ‘Kingship and Exchange in Pre-Viking Ireland’, *Cambridge Medieval Celtic Studies* 13 (1987) 39-72.

Gibson D. B., *From Chiefdom to State in Early Ireland* (Cambridge, 2012).

Gwynn, E. J., *The Metrical Dindshenchas*, 5 iml. (*TLS* 7-12, 1906-35; athfh. Baile Átha Cliath, 1991).

Hardiman, J., Thomond, C., Grace, E., O’Daly, D., O’Davoren, H., O’Finne, H., O’Davoren, N., agus Mac Gernasdir, D. (eag. 7 aist.), ‘Ancient Irish Deeds and Writing, chiefly relating to Landed Property, from the Twelfth to the Seventeenth Century, with Translations, Notes and a Preliminary Essay’, *The Transactions of the Royal Irish Academy* 15 (1828) 3-96.

Hennessy, W. M. agus Mac Carthy B. (eag. 7 aist.), *Annála Uladh: Annals of Ulster*, 4 iml. (Baile Átha Cliath, 1887-1901; athfh. le réamhrá nua le N. Ó Muraíle, Baile Átha Cliath, 1998).

Hennessy, W. M. (eag.), agus Kelly, D. H. (aist.), *The Book of Fenagh* (Baile Átha Cliath, 1875; athfh., 1939).

Hennessy, W. M. (eag. and aist.), *Chronicum Scotorum: A Chronicle of Irish Affairs from the Earliest Times to A.D. 1135-with a Supplement Containing the Events from 1141 to 1150* (Londain, 1866).

Hill, G., *A Historical Account of the Plantation in Ulster at the Commencement of the Seventeenth Century, 1608-1620* (Béal Feirste, 1877).

Hogan, E. (eag.), *Onomasticon Goedelicum Locorum et Tribuum Hiberniae et Scotiae: An Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes* (Baile Átha Cliath / Londain, 1910).

Holder, A. (eag.), *Alt-celtischer Sprachschatz*, 3 iml. (Leipzig, 1896-1913).

Holmer, N. M., *On Some Relics of the Irish Dialect spoken in the Glens of Antrim (with an Attempt towards the Reconstruction of Northeastern Irish). Being a Report of a Visit to the Glens of Antrim in 1937, under the Sponsorship of the Royal Irish Academy* (Uppsala, 1940).

Hughes, A., *Gaeilge Uladh*, in K. McCone, D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams, L. Breatnach (eag.), *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994) 611-60.

Hull, V., 'The Book Of Uí Maine Version of the Expulsion of the Déssi', *Zeitschrift für celtische Philologie* 24 (1954) 266-71.

Hull, E., 'The Hawk of Achill or the Legend of the Oldest Animals', *Folklore* 43/4 (1932) 376-409.

Jennings, J. (eag.), 'Brussels MS. 3947: Donatus Moneyus, De Provincia Hiberniae S. Francisci', *Analecta Hibernica* 6 (1934) 12-138.

Joyce, P. W., *The Origin and History of the Irish Names of Places*, iml. 3, (Baile Átha Cliath, 1913).

Jubainville de, H. A., *Le Cycle Mythologique Irlandais et la Mythologie Celtique* (Páras, 1884).

Kelly, F., *A Guide to Early Irish Law* (Baile Átha Cliath, 1988; athfh. 2005).

——, *Early Irish Farming* (Baile Átha Cliath, 1997; athfh. 2000).

Lane, P. G. agus Nolan, W. (eag.), *Laois History and Society* (Baile Átha Cliath, 1999).

Latimer, W. T., 'The Minutes of the Presbytery of Laggan', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 9/5 (1899) 407-12.

Lawlor, U., *Logainmneacha na mBailte Fearainn i nDamh Liag Íochtarach* (tráchtas PhD, 2014, Ollscoil Mhá Nuad: https://mural.maynoothuniversity.ie/9128/).

Lecky, Rev. A.G., *The Laggan and its Presbyterianism* (Béal Feirste, 1905).

Lewis, S. (eag.), *Topographical Dictionary of Ireland*, 3 iml. (Londain, 1837; athfh. Nua-Eabhrac, 1970).

Mac Airt, S. (eag. 7 aist.), *The Annals of Inisfallen* [*MS Rawlinson B.503*] (Baile Átha Cliath, 1951; athfh. 1988).

Mac Airt, S. agus Mac Niocaill, G. (eag. 7 aist.), *The Annals of Ulster* [*to A.D. 1131*] (Baile Átha Cliath, 1983).

Macalister, R.A.S. (eag. 7 aist.), *Lebor Gabála Érenn: The Book of the Taking of Ireland*, 5 iml., Cumann na Scríbheann nGaedhilge 34-5, 39, 41, 44 (Baile Átha Cliath agus Londain, 1938-56).

—— (eag.), *Corpus Inscriptionum Insularum Celticarum*, 2 iml. (Baile Átha Cliath, 1945-9; iml. 1 athfh., Baile Átha Cliath, 1996).

Mac Cana, P., *Celtic Mythology* (Verona, 1970).

MacCotter, P., *Medieval Ireland: Territorial, Political and Economic Divisions* (Baile Átha Cliath, 2008).

Mac Eoin, G. S. 'The Date and Authorship of *Saltair na Rann*', *Zeitschrift für celtische Philologie* 28 (1960-61) 51-67.

——, (eag. 7 aist.), 'A Poem by Airbertach Mac Cosse', *Ériu* 20 (1966) 112-39.

Mac Gabhann, F., *Logainmneacha Mhaigh Eo*, 10 iml. (Baile Átha Cliath, 2014).

Mac Giolla Easpaig, D., 'Placenames Policy and its Implementation', in C. Nic Pháidín agus S. Ó Cearnaigh (eag.), *A New View of the Irish Language* (Baile Átha Cliath, 2008) 164-177.

——, 'Ireland's Heritage of Geographical Names', *Wiener Schriftten zur Geographie und Kartographie* 18 (2009) 79-85.

——, 'The Onomasticon Goedelicum and the Work of the Place-Name Branch', in K. Murray is P. Ó Riain (eag.), *Edmund Hogan's Onomasticon Goedelicum: Reconsiderations*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge, Foshraith 23 (Baile Átha Cliath, 2011) 22-46.

Mac Mathúna, S. (eag. 7 aist.), *Immram Brain: Bran's Journey to the Land of the Women* (Tübingen, 1985).

Mac Néill [MacNeill], E. [J.] (eag.), 'Désí Genealogies', *Journal of the Waterford and South-East of Ireland Archaeological Society* 13 (1910) 44-51, 81-7, 151-7.

——, ‘Early Irish Population-Groups: Their Nomenclature, Classification, and Chronology’, *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature* 29C (1911 / 1912) 59-114.

——, ‘The Authorship and Structure of the “Annals of Tigernach”’, *Ériu* 7 (1914) 30-113.

—— (aist.), ‘Ancient Irish law. The law of status or franchise [*Críth Gablach*]’, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 36C (1921-24) 265-316.

——, ‘Archaisms in the Ogham Inscriptions’, *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature* 39C (1929-31) 33-53.

——, ‘Contribution by Prof. Mac Neill’, in Fathers of the Society of Jesus (tiom.), *A Page of Irish History: Story of University College, Dublin* (BÁC, 1930).

——, ‘The Vita Tripartita of St. Patrick’, *Ériu* 11 (1932) 1-41.

Mac Niocaill, G., *Ireland before the Vikings* (Baile Átha Cliath, 1972).

Mc Carthy, D.P., *The Irish Annals* (Baile Átha Cliath, 2008).

McCone, K., McManus, D., Ó Háinle, C., Williams, N., Breatnach, L. (eag.), *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994).

McErlean, T., ‘The Irish Townland System of Landscape Organisation’, in T. Reeves-Smyth agus F. Hamond (eag.), *Landscape Archaeology in Ireland* (Oxford, 1983) 315–339.

McInerney, L., (aist.), ‘Medieval Irish Deeds of Thomond (1379-1600), from the Twigge Collection in the British Library’, *Archivium Hibernicum* 71 (2018) 175-243.

McKay, P. (eag.), *Dictionary of Ulster Place-Names* (Béal Feirste, 1999).

McManus, D., ‘On Final Syllables in the Latin Loan-Words in Early Irish’, *Ériu* 35 (1984) 137-62.

——, *A Guide to Ogam* (Maigh Nuad, 1991).

Meyer, K. (eag. 7 aist.), *Cath Finntrága* (Anecdota Oxoniensia, *MMS*, I.4, Oxford, 1885).

—— (eag. 7 aist.), *The Voyage of Bran Son of Febal to the Land of the Living* (Londain, 1895; athfh. Felinfach, 1994).

—— (eag. 7 aist.), 'The Expulsion of the Déssi', *Y Cymmrodor* 14 (1901) 101-35.

—— (eag.), 'The Expulsion of the Déssi', *Ériu* 3 (1907) 135-42.

—— (eag.), 'The Laud Genealogies and Tribal Histories', *Zeitschrift für celtische Philologie* 8 (1912) 291-338.

——, 'Der irische Totengott und die Toteninsel', *Sitzungsberichte der Königlich Preussischen Akademie der Wissenschaften* 23 (1919) 537-46.

Mulchrone, K., (eag. 7 aist.), *Bethu Phátraic. The Tripartite Life of Patrick* (Baile Átha Cliath agus Londain, 1939).

Murray, K., 'Fr Edmund Hogan's *Onomasticon Goedelicum*, Ninety Years On: Reviewers and Users', in *Ainm* 8 (1998-2000) 65-75.

——, 'Dialect in Medieval Irish? Evidence from Placenames', *Studia Celtica Fennica* 2 — *Essays in Honour of Anders Ahlqvist* (2005) 97-109.

Ní Dhomhnaill, A. (eag.), *Mairfidh na Filí má Mhaireann ár gCuimhne* (Gaillimh, 1999).

Nic Cárthaigh, E., Staidéar Stairiúil ar Áitainmneacha na Gaeilge dar Tosach 'D', Bunaithe ar Fhoinsí Sean-Ghaeilge, Meán-Ghaeilge, Nua-Ghaeilge Moiche agus ar Fhoinsí Laidin na hÉireann: Dá Ailt Déag—Doirín Crannchа (Tráchtas PhD, 2009, Ollscoil Chorcaí).

——, 'Updating the Onomasticon: Challenges', in K. Murray and P. Ó Riain (eag.), *Edmund Hogan's Onomasticon Goedelicum: Reconsiderations*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge, Foshraith 23 (Baile Átha Cliath, 2011).

Nicholls, K., 'The Protean Placename', in J. Carey, M. Herbert and K. Murray (eag.), *Cín Chille Cúile* (Aberystwyth, 2004).

Ní Ghabhláin, S., 'The Origin of Medieval Parishes in Gaelic Ireland: The Evidence from Kilfenora', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 126 (1996) 37-61.

Ní Shéaghdha, N. (eag.) *Agallamh na Seanórach*, 3 iml. (Baile Átha Cliath, 1942-5).

Ó Baoill, D., 'The Historical Development of <ng> in an Ulster-Irish / Scottish Gaelic Continuum' in J. Kirk and D. Ó Baoill (eag.), *Language links: the languages of Scotland and Ireland* (Béal Feirste, 2001).

O'Brien [Ó Briain], M. A., 'Studien zu irischen Völkernamen [1. Die Stammesnamen auf *–rige*]', *Zeitschrift für celtische Philologie* 15 (1925) 222-37.

—— (eag.), *Corpus Genealogiarum Hiberniae* I (Baile Átha Cliath, 1962).

Ó Buachalla, 'Contributions Towards the Political History of Munster, 450-800 A.D.', *Journal of the Cork Historical & Archaeological Society* 56 (1951) 87-90.

——, 'Contributions Towards the Political History of Munster, 450-800 A.D. (Contd)' *Journal of the Cork Historical & Archaeological Society* 59 (1954) 111-26.

Ó Cathasaigh, T., 'The Déisi and Dyfed', *Éigse* 20 (1984) 1-33.

——, 'The Expulsion of the Déisi', *Journal of the Cork Historical & Archaeological Society* 110 (2005) 13-20.

Ó Cearbhaill**,** P., **'**Researching the placenames of Co. Clare: methodology, sources, restoration', in L. d'Auria is E. O'Flaherty (eag.), *Changing Names: the Dynamic World of Irish Placenames and their Meanings* (An Clár, 2005) 53-74.

——, *Cill i Logainmneacha Co. Tiobraid Árann*, Logainmneacha na hÉireann II (Baile Átha Cliath, 2007).

——, *Cluain i Logainmneacha Co. Thiobraid Árann*, Logainmneacha na hÉireann III (Baile Átha Cliath, 2010).

Ó Conluain, P. (eag.), *Rotha Mór an tSaoil* (Baile Átha Cliath, 1959; athfh. 1997).

O'Connell, J., 'Two Co. Kerry Placenames', *Dinnseanchas* 1 (1964 / 65) 25-6.

Ó Corráin, D., 'Topographical Notes: II. Mag Femin, Femen, and Some Early Annals', *Ériu* 22 (1971) 97-9.

——, ‘Onomata’, *Ériu* 30 (1979) 165-80.

—— (eag.), ‘On the “Aithechthúatha” Tracts’, *Éigse* 19/1 (1982-83) 159-65.

——, ‘The Vikings in Scotland and Ireland in the ninth century’, *Peritia* 12 (1998) 296–339.

——, ‘To Chellóc mac Oíbléni: Saint and Places’, in J. Carey, M. Herbert agus K. Murray (eag.), *Cín Chille Cúile* (Aberystwyth, 2004) 258-67.

——, ‘The Book of Ballymote: A Genealogical Treasure’, in R. Ó hUiginn (eag.), *Book of Ballymote*, Codices Hibernenses Eximii 2 (Baile Átha Cliath, 2018) 1-32.

Ó Cróinín, D., *Early Medieval Ireland 400-1200* (Londain agus Nua Eabhrach, 1995).

Ó Crualaoich, C., ‘The Identification of Leac Mhic Eochaidh in North Wexford as a Possible Site for Inauguration of the Lord of Uí Chinnsealaigh, and Some Evidence for its Use as an Assembly Site in 1592’, *The Past: The Organ of the Uí Cinsealaigh Historical Society* 32 (2016) 52- 72.

Ó Crualaoich, C. agus Mac Giolla Chomhghaill, A., *Townland Names of Co. Wexford / Ainmneacha na mBailte Fearainn, Co. Loch Garman*, Logainmneacha na hÉireann iv, 2 iml. (Baile Átha Cliath, 2016).

Ó Cuív, B., *Irish Dialects and Irish-Speaking Districts* (Baile Átha Cliath, 1951; athfh. 1993).

——, *Catalogue of Irish Language Manuscripts in the Bodleian Library at Oxford and Oxford College Libraries*, 2 iml. (Baile Átha Cliath, 2001-3).

Ó Dónaill, N. (eag.), *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath, 1977; athfh. 2007).

Ó Donnabháin [O’Donovan] S. [J.] (eag. 7 aist.), *The Genealogies, Tribes, and Customs of Hy-Fiachrach, commonly called O’Dowda’s Country* (Baile Átha Cliath, 1844).

—— (eag. 7 aist.), *Leabhar na gCeart or The Book of Rights* (Baile Átha Cliath, 1847).

—— (eag. 7 aist.), *Annála Ríoghachta Éireann*: *Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters*, 7 iml. (Baile Átha Cliath, 1848-51; tara eag. 1856; athfh. le réamhrá agus aguisín le K. W. Nicholls, Baile Átha Cliath, 1990).

—— (eag.), 'Geinealach Chorca Laidhe', *Miscellany of the Celtic Society* (Baile Átha Cliath, 1849).

—— (eag. 7 aist.), *The Topographical Poems of John O'Dubhagain and Giolla na Naomh O'Huidhrin* (Baile Átha Cliath, 1862).

Ó Donnchadha, T. [Torna] (eag.), *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* (Baile Átha Cliath, 1931).

—— (eag.), *An Leabhar Muimhneach maraon le Suim Aguisíní* (Baile Átha Cliath, 1940).

Ó Duilearga, S., *Leabhhar Stiofáin Uí Ealaoire* (Baile Átha Cliath, 1981).

Ó Duinnín [Dinneen], P. S. (eag.), *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English Dictionary, being a Thesaurus of the Words, Phrases and Idioms of the Modern Irish Language* (Baile Átha Cliath, 1927; athfh. 1996).

Ó Duinnín [Dinneen], P. S. agus D. Comyn (eag.), *Foras Feasa ar Éirinn: The History of Ireland by Geoffrey Keating D. D.*, 4 iml., Cumann na Scríbheann nGaedhilge 4, 8, 9, 15 (Londain, 1902-14).

Ó Flaithbheartaigh, R., *Ogygia: seu, Rerum Hibernicarum Chronologia: ex Pervetustis Monumentis fideliter inter se Collatis* (Londain, 1685).

Ó Gliasáin, J., *Mionlogainmneacha i mBarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar, Contae Chill Dara* (Tráchtas PhD, 2022, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath).

O'Grady S. H. (eag. 7 aist.), *Silva Gadelica (I-XXXI)*, 2 iml. (Londain, 1892).

Ó hAisibéil, L., *Logainmneacha Mhagh Loirg agus Uachtar Thíre, Contae Ros Comáin: Anailís ar Ainmneacha Bhailte Fearainn na Seandúichí sin* (tráchtas PhD, 2013, Ollscoil na Gaillimhe).

O'Keefe, J. G. (eag.), 'Four Saints', in J. Fraser, P. Grosjean and J. G. O'Keefe, *Irish Texts*, iml. 3 (Londain, 1931) 1-8.

—— (eag. 7 aist.), *Buile Shuibhne* (Baile Átha Cliath, 1952).

Ó Murchú [Murphy], G. (eag. 7 aist.), *Early Irish Lyrics*: *Eighth to Twelfth Century* (Oxford, 1956).

O'Nowlan, T. P. (eag.), 'Imchlód aingel', in O. Bergin, and C. Marstrander (eag.), *Miscellany Presented to Kuno Meyer by Some of His Friends and Pupils on the Occasion of His Appointment to the Chair of Celtic philology in the University of Berlin* (Halle, 1912) 253-57.

Ó hÓgáin, S. (eag.), *Conntae an Chláir: A Tríocha agus a Tuatha* (Baile Átha Cliath, 1938).

Ó hÚrdail, R., 'Some Traces of the Name and a Particular Case in the Béarra Peninsula', in J. Carey, M. Herbert agus K. Murray (eag.), *Cín Chille Cúile* (Aberystwyth, 2004) 302-08.

Ó hUiginn, R., 'Tongu do Dia Toinges mo Thuath and Related Expressions', in D. Ó Corráin, L. Breatnach agus K. McCone (eag.), *Sages, Saints and Storytellers*: *Celtic Studies in Honour of James Carney* (Cill Dara, 1989) 332-41.

——, 'The Gamhanradh', *Celtica* 27 (2013) 79–94.

—— (eag.), *Book of Ballymote*, Codices Hibernenses Eximii 2 (Baile Átha Cliath, 2018).

Ó hInnse, S. (eag. 7 aist.), *Miscellaneous Irish Annals* [*A.D. 1114-1437*] (Baile Átha Cliath, 1947).

Ó Máille, T., 'Medb Chruachna', *Zeitschrift für celtische Philologie* 17 (1928) 129-46.

Ó Mainnín, M. B., *Place-Names of Northern Ireland. County Down III: The Mournes*, iml. 3 (Béal Feirste, 1993).

——, '"Goidé mar 's tá na fearaibh?"': Gnéithe de Leathnú agus de Fhuaimniú Fhoirceann an Tabharthaigh Iolra sa Nua-Ghaeilge', *Celtica* 25 (2007) 195-224.

Ó Maolchathaigh, S., *An Gleann agus A Raibh Ann* (Baile Átha Cliath, 1963; athfh. 1974).

Ó Maolfabhail, A., *Contae Luimnigh*, Logainmneacha na hÉireann 1 (Baile Átha Cliath, 1990).

Muhr, K., ‘Hogan’s Onomasticon and the Work of the Northern Ireland Place-Name Project’, in K. Murray and P. Ó Riain (eag.), *Edmund Hogan’s Onomasticon Goedelicum: Reconsiderations*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge, Foshraith 23 (Baile Átha Cliath, 2011) 47-80.

Ó Muraíle, N., *Mayo places: their Names and Origins* (Baile Átha Cliath, 1985).

—— ‘Some Early Connacht Population-Groups’, in A. P. Smyth (eag.), *Seanchas: Studies in Early and Medieval Irish Archaeology, History, and Literature in Honour of Francis J. Byrne* (Baile Átha Cliath, 2000) 161-77.

——, (eag. 7 aist.), *Leabhar Mór na nGenealach: The Great Book of Irish Genealogies, compiled by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh*, 5 iml. (Baile Átha Cliath, 2003).

——, *Uí Ainlí, Taoisigh Chineál dofa, sna Ginealach agus sna hAnnála*, in E. Mac Cárthaigh agus J. Uhlich (eag.), *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle* (2012), 807–862.

Ó Muraíle, N. (príomheag.) agus Stockman, G. (príomheag.) et al., *Place-Names of Northern Ireland*, 8 n-iml. (Béal Feirste, 1992-2004).

Ó Murchadha, D., ‘Lagmainn, Lǫgmenn’, *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 2 (1987) 136-40.

——, ‘A Reconsideration of Some Place-Names from Miscellaneous Irish Annals’, *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 4 (1989-90) 180-93.

——, ‘A Reconsideration of Some Place-Names from *The Annals of Connacht*’, *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 6 (1994) 1-31.

—— ‘A Reconsideration of Some Place-Names from *The Annals of Tigernach*’, *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 7 (1996) 1-27.

——, *The Annals of Tigernach: Index of Names*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge, Foshraith 6 (Londain, 1997).

——, ‘Early History and Settlements of the Laígis’, in P. G. Lane agus W. Nolan (eag.), *Laois History and Society* (Baile Átha Cliath, 1999) 35–62.

——, ‘Where was Ráith Breasail?’, *Tipperary Historical Journal* 2 (1999a) 151-61.

Ó Murchú, [Murphy], G. (eag. 7 aist.), *Early Irish Lyrics: Eighth to Twelfth Century* (Oxford, 1956).

Ó Néill, P. (eag. 7 aist.), ‘Airbertach mac Cosse’s Poem on the Psalter’, *Éigse* 17/1 (1977) 19-46.

Ó Rathile [O’Rahilly] T. F., *Irish Dialects Past and Present: with Chapters on Scottish and Manx* (Baile Átha Cliath, 1932).

——, Notes on Irish Place-Names, *Hermathena* 23 uimh. 48 (1933) 196-220.

——, *Early Irish History and Mythology* (Baile Átha Cliath, 1946).

O’Rahilly, C., *Cath Finntrágha* (Baile Átha Cliath, 1962).

—— (eag. 7 aist.), *Táin Bó Cúailnge, Recension 1* (Baile Átha Cliath, 1976).

Ó Raithbheartaigh, T. (eag. 7 aist.), *Genealogical Tracts I* (Baile Átha Cliath, 1932).

Ó Riain, P. agus Herbert, M. (eag. 7 aist.), *Betha Adamnáin*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge 54 (Londain, 1988).

Ó Riain, P., Ó Murchadha, D, Murray, K. agus Nic Cárthaigh, E., *Historical Dictionary of Gaelic Placenames / Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge*, 8 n-iml. (Baile Átha Cliath, 2003-).

Ó Riain, P., The Book of Glendalough or Rawlinson B 502’, *Éigse* 18.2 (1981) 161–176

—— (eag.), *Corpus Genealogiarum Sanctorum Hiberniae* (Baile Átha Cliath, 1985).

——, ‘When and Why Cothraige was First Equated with Patricius’, *Zeitschrift für celtische Philologie* 49-50 (1997) 698-711.

——, ‘Rawlinson B 502 alias Lebar Glinne Dá Locha: a Restatement of the Case’, *ZCP* 51 (1999) 130–147.

—— ‘The Book of Glendalough: A Continuing Investigation’, *Zeitschrift für celtische Philologie* 56 (2008) 71-88.

—— (tiom.), *Lebor Gabála Érenn: The Book of the Taking of Ireland*, vol. 6: *Index of names*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge 63 (Londain, 2009).

Orpen, G. H. (eag.), *The Song of Dermot and the Earl: An Old French Poem* (Oxford, 1892).

Ó Siochfhradha P., (eag.), *Tríocha-chéad Chorca Dhuibhne* (Baile Átha Cliath, 1939).

Oskamp, H. P. A., 'The Yellow Book of Lecan Proper', *Ériu* 26 (1975) 102-21.

O'Sullivan, W., 'Ciothruadh's Yellow Book of Lecan', *Éigse* 18/2 (1981) 177-81.

Ó Tuathail, É., 'Notes on Some Irish Place Names', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 7 (1937) 77-88.

Pender, S. (eag.), 'Two Unpublished Versions of the Expulsion of the Déssi', in idem (eag.), *Féilscríbhinn Torna: Essays and Studies Presented to Professor Tadhg Ua Donnchadha (Torna) on the Occasion of his Seventieth Birthday, September 4th, 1944* (Corcaigh, 1947) 209-17.

Price, L. (eag.), *The Place-Names of County Wicklow*, 7 iml. (Baile Átha Cliath, 1945-67).

——, 'The Place-Names of the Barony of Newcastle, County of Wicklow: Their Early Forms Collected, *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature* 44, (1938) 139-179.

Plummer C. (eag. 7 aist.), *Bethada Náem nÉrenn. Lives of Irish Saints*, 2 iml. (Oxford, 1922).

Radner, J. A. (eag. 7 aist.), *Fragmentary Annals of Ireland* (Baile Átha Cliath, 1978).

Reeves, W. (eag.), *Ecclesiastical Antiquities of Down, Connor and Dromore, consisting of a Taxation of those Dioceses, compiled in the Year MCCCVI* (Baile Átha Cliath, 1847).

Rutherford, J. H., *The Laggan: A Study of its Settlement and Economy from the Plantation until the Establishment of the Tenant Ownership of the Land at the Beginning of the Twentieth Century*, tráchtas BA neamhfh. (Béal Feirste, 1958).

Scott, A. B. agus Martin, F. X. (eag. 7 aist.), *Expugnatio Hibernica: The Conquest of Ireland by Giraldus Cambrensis* (Baile Átha Cliath, 1978).

Skene, W. F. (eag.), *Chronicles of the Picts, Chronicles of the Scots, and Other Early Memorials of Scottish History* (Dún Éideann, 1867).

Simington, R. C. agus Mac Giolla Choille, B. (eag.), *Books of Survey and Distribution: Being Abstracts of Various Surveys and Instruments of Title, 1636-1703, vol. IV County of Clare* (Baile Átha Cliath, 1967).

Simms, K., 'The Donegal Poems in the Book of Fenagh', *Ériu* 58 (2008) 37-53.

Stokes, G.T. (eag.), *Pococke's Tour in Ireland in 1752* (Baile Átha Cliath, 1891).

Stokes, W. (eag. 7 aist.), 'Cóir Anmann: "Fitness of Names"', in W. Stokes and E. Windisch, *Irische Texte mit Übersetzungen und Wörterbuch*, 4 iml. (Leipzig / Berlin, 1880-1909) [iml. 3.2] 285-444.

—— (eag. 7 aist.), 'Acallamh na Senórach', in W. Stokes and E. Windisch, *Irische Texte mit Übersetzungen und Wörterbuch*, 4 iml. (Leipzig / Berlin, 1880-1909) [iml. 4.1] 14-438.

—— (eag.), *Saltair na Rann: A Collection of Early Middle Irish Poems*, (Clarendon, 1883).

—— (eag. 7 aist.), *The Tripartite Life of St. Patrick with Other Documents Relating to that Saint*, 2 iml. (Rolls Ser. 89, Londain, 1887).

——, (eag. 7 aist.), 'The Edinburgh Dindshenchas', *FolkLore* 4 (1893) 471-97.

—— (eag. 7 aist.) *The Annals of Tigernach*, 2 iml. (Felinfach, 1993; iarfh. in *Revue Celtique* 16 (1895) 374-419; 17 (1896) 6-33, 119-263, 337-420; 18 (1897) 9-59, 150-97, 267-303.

Swift, C., 'John O'Donovan and the Framing of Early Medieval Ireland in the Nineteenth Century', *Bullán* 1.1 (1994) 91-103.

Todd, J. H. (eag. 7 aist.), *Cogadh Gaedhel re Gallaibh: The War of the Gaedhil with the Gaill* (Londain, 1867).

Toner, G. agus Ó Mainnín, M. B., *Place-Names of Northern Ireland*: *County Down I. Newry and South-West Down*, iml. 1 (Béal Feirste, 1992).

Toner, G., 'A Reassessment of the Element *Cuilleann*', in *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 7 (1996) 94-101.

——, 'The Backward Nook: *Cúil* and *Cúl* in Irish Place-Names', in *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 7 (1996) 113-17.

——, 'Settlement and Settlement Terms in Medieval Ireland: *Ráth* and *Lios*', *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 8 (1998) 1-40.

—— '*Baile*: Settlement and Landholding in Medieval Ireland', *Éigse* 34 (2004) 25-43.

Thurneysen, R., 'Irisches Recht. II Zu den uteren Ständen in Irland', *Abhandlungen der preussischen Akademie der Wissenschaften, Philosophisch-historische Klasse*, Jahrgang 1931, Nr 2 (Beirlín, 1931).

Ua Súilleabháin, S., 'Gaeilge na Mumhan', in K. McCone, D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams, L. Breatnach (eag.), *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994) 479-538.

Vendryès, J., Grenier, A., Tonnelat, E., agus Unbegaun, B. O., *Les religions des Celtes, des Germains et des ancien Slaves* (Páras, 1984; athfh. mar *La religion des Celtes* (Breizh, 1997).

Vries de, R. (eag. 7 aist.), *Two Texts on Loch nEchach: De Causis Torchi Corc' Óche and Aided Echach maic Maireda*, Cumann na Scríbheann nGaedhilge 65 (Londain, 2012).

Wagner, H., *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects: Vol. II. The Dialects of Munster* (Baile Átha Cliath, 1964; athfh. 1982).

Walsh, P., 'The Annals Attributed to Tigernach Author(s)' *Irish Historical Studies* 2 [6] (1940) 154-59.

Watson, S., 'Séamus Ó Duilearga's Antrim notebooks. I: Texts', *Zeitschrift für celtische Philologie* 40 (1984) 74-117.

Webster, J., ‘A Dirty Window on the Iron Age? Recent Developments in the Archaeology of Pre-Roman Celtic Religion’, in A. Bergholm agus K. Ritari (eag.), *Understanding Celtic Religion: Revisiting the Pagan Past* (Caerdydd, 2015) 121-54.

Westropp T. J., ‘The Cahers of County Clare: Their Names, Features, and Bibliography’, Proceedings of the Royal Irish Academy 6C (1900-02) 415-49.

Williams N., ‘Na Canúintí a Theacht Chun Solais’, in K. McCone, D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams, L. Breatnach (eag.), *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994) 447-78.